


Ceannoifig ESB
Two Gateway
Bóthar an Phoirt Thoir
Baile Átha Cliath 3
D03 A995
Éire
T: +353 1 676 5831
R: info@esb.ie
www.esb.ie
Twitter: @ESBGroup
LinkedIn: https://www.linkedin.com/company/esb
YouTube: https://www.youtube.com/user/ESBVideo


TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS ESB 2019

Energy for generations

# AN T-AISTRIÚ CHUIG FUINNEAMH GLAN SA TODHCHAÍ A CHUMHACHTÚ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS
RÁITIS AIRGEADAIS ESB 2019



## EOLAS FAOIN ESB


Bunaíodh ESB i 1927 mar chomhlacht reachtúil faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927. Le sealúchas 95.7%, tá ESB faoi úinéireacht thromlaigh Rialtas na hÉireann. Tá an 4.3% eile i seilbh iontaobhaithe an Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe. Is fóntas láidir éagsúlaithe é ESB, agus é comhtháite go hingearach. Tá sé gníomhach i ngach réimse den mhargadh leictreachais, ó tharchur agus dáileadh go soláthar custaiméirí, agus tá méadú leanúnach ag teacht ar a láithreacht i margaí giniúna agus soláthair na Breataine Móire. Lena hais sin, bainimid tairbhe as luach breise a chruthú ag pointí áirithe feadh an tslabhra seo trí ghás a sholáthar agus úsáid a bhaint as ár líonraí féin chun snáithín optúil a iompar le haghaidh teileachumarsáid. Is fóntas ceannródaíoch Éireannach é ESB, a bhfuil bonn sócmhainne rialaithe (RAB) tuairim is €10 billiún aige, (a chuimsíonn €8.1 billiún de chuid ESB Networks agus €1.9 billiún de chuid NIE Networks), sciar 30% den ghiniúint leictreachais sa mhargadh uile-oileáin, chomh maith le gnó soláthair suntasach a sholáthraíonn leictreachas agus gás do thart ar 1.5 milliún custaiméir ar fud oileán na hÉireann agus na Breataine Móire. Leanfaidh ESB de mhéadú a dhéanamh ar scála a ghnó giniúna, trádála agus soláthair ionas gur féidir leis leanúint de bheith san iomaíocht sa timpeallacht iomaíoch uile-oileáin. Tá ESB dírithe ar sheirbhís den scoth a chur ar fáil do chustaiméirí agus a neart airgeadais a chaomhnú. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí os cionn 7,900 fostaí i nGrúpa ESB.

## AN T-AISTRIÚ CHUIG FUINNEAMH GLAN SA TODHCHAÍ A CHUMHACHTÚ

Tá seasamh docht á ghlacadh ag ESB chun todhchaí Éireann a chosaint, todhchaí a mbeidh leictreachas glan inbhuanaithe mar bhonn aici. Táimid tiomanta do bheith inár gceannródaithe san aistriú i dtreo todhchaí iontaofa inacmhainne ísealcharbóin, todhchaí ina gcosnófar ár gcustaiméirí agus an geilleagar trí shlándáil agus inacmhainneacht an fhuinnimh a chaomhnú. Táimid i mbun infheistíochta agus nuálaíochta ar feadh ár ngnó chun é sin a bhaint amach; tá foinsí nua inathnuaite giniúna agus cúltaca solúbtha ísealcharbóin á bhforbairt againn. Tá ár líonra á neartú agus á fheabhsú againn chun freastal ar mhéid gan fasach d'acmhainní fuinnimh dáilte agus tá réitigh faoi threoir chustaiméirí á bhforbairt againn a chuirfidh ar chumas gach duine sa tsochaí saol níos glaine agus níos inbhuanaithe a bheith acu, saol atá á chumhachtú ag an leictreachas.

# PRÍOMHFHÍRICÍ AGUS FIGIÚIRÍ


BRABÚS OIBRIÚCHÁIN* €'M'




**€227 milliún**


* Roimh mhíreanna eisceachtúla. Féach an t-Athbhreithniú Airgeadais ar leathanach 50.

TRÚCDA* €'M'





**€197 milliún**

IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ €'M





**€855 milliún**

GLANFHIACHAS €'M





**€474 milliún**

GINIÚINT SCIAR MARGAIDH UILE OILEÁIN




SOLÁTHRAITHE CUMHACHTA EILE
ESB

SOLÁTHAR SCIAR MARGAIDH UILE OILEÁIN




TÁIRGEOIRÍ CUMHACHTA EILE
ESB





# CLÁR


## CAIBIDIL 1
### STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT

**FORBHREATHNÚ GNÓ** 9
Ráiteas an Chathaoirligh 10
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 12
Sracfhéachaint ar ESB 14
Buaicphointí 15

**STRAITÉIS, MÚNLA GNÓ, TUAIRISC RIOSCA AGUS PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (KPIANNA)** 16
Straitéis 17
Múnla Gnó 22
Tuairisc Riosca 24
Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPIanna) 38

**ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS** 41
Foireann Feidhmiúcháin 42
Struchtúr an Mhargaidh agus an Timpeallacht Oibriúcháin 2019 44
Athbhreithniú Airgeadais 48
Giniúint agus Trádáil (GT) 54
ESB Networks 56
Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) 58
Réitigh do Chustaiméirí 60
Tionscadail Innealtóireachta agus Mórthionscadail 62
Seirbhísí Fiontair 63

**TUARASCÁIL AR GHNÓ FREAGRACH** 65
Forbhreathnú 66
Daoine 66
Sábháilteacht 68
Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) 70
Comhshaol agus Inbhuanaitheacht 73
Ár mBrabús a Úsáid ar Bhealach Inbhuanaithe 76

## CAIBIDIL 2
### RIALACHAS CORPARÁIDEACH 78

An Bord in 2019 80
Ráiteas an Chathaoirligh maidir le Rialachas Corparáideach 84
Tuarascáil Rialachais an Bhoird 86
Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca 95
Coistí an Bhoird in 2019 101
Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 104

## CAIBIDIL 3
### NA RÁITIS AIRGEADAIS 106

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird 109
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) 110
Na Ráitis Airgeadais 117
An tAcht um Íoc Pras 211
Gluais 212



# CAIBIDIL 1

## STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT

**9** Forbhreathnú Gnó

**16** Straitéis, Múnla Gnó, Tuairisc Riosca agus Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPIanna)

**41** Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais

**65** Tuarascáil ar Ghnó Freagrach

# FORLÉARGAS GNÓ

10 Ráiteas an Chathaoirligh
12 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
14 Sracfhéachaint ar ESB
15 Buaicphointí

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Ellvena Graham OBE
Cathaoirleach

## Tá lúchair orm mar Chathaoirleach Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais ESB a chur i láthair don bhliain 2019.

### FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS AGUS DÍBHINNÍ

Bhain ESB torthaí feabhsaithe airgeadais amach in 2019 le brabús oibriúcháin agus brabús i ndiaidh cánach (an dá cheann acu roimh mhíreanna eisceachtúla) de €682 milliún agus €419 milliún faoi seach, agus muid ag aistriú i dtreo todhchaí fuinnimh ísealcharbóin. D'éirigh le ESB a chéad Bhanna Glas a eisiúint i mí an Mheithimh 2019 – an chéad bhanna glas corparáideach poiblí in Éirinn. Choimeádamar ár Rátálacha Creidmheasa ag A-/A3 (BBB+ saorsheasaimh) – rud atá ríthábhachtach dár gclár uaillmhianach infheistíochta don deich mbliana atá amach romhainn.

De réir bheartas díbhinne ESB, tá an Bord ag moladh anois go n-íocfaí díbhinn deiridh de €49.8 milliún don bhliain 2019. Dá bharr sin, is ionann na díbhinní ar fad do 2019 agus €88 milliún agus is ionann na díbhinní ar fad don deich mbliana a chuaigh thart agus breis is €1.2 billiún. Tá beartas díbhinne againn a dhéanann soláthar do sprioc díbhinne ag 40% de bhrabús coigeartaithe iarchánach gach bliain.

### TIMPEALLACHT STRAITÉISE AGUS GNÓ ESB

In 2019, tháinig an t-athrú aeráide agus an dícharbónú chun tosaigh. Sa Straitéis Todhchaí Níos Gile, leag an Bord amach a fhís fhadtéarmach i ndáil leis an gclaochlú a bheidh de dhíth chun tabhairt faoi dhúshláin an athraithe aeráide agus an dícharbónaithe. Tá ár gCuspóir soiléir - todhchaí níos gile a chruthú do na custaiméirí agus na pobail a mbíonn muid ag freastal orthu, trí bheith i gceannas ar an aistriú i dtreo fuinneamh ísealcharbóin iontaofa inacmhainne. Faoi cheannaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh, tá cumas láidir ag an eagraíocht an straitéis a chur i gcrích agus tá na hacmhainní, na scileanna agus an cumas aici leas a bhaint as na deiseanna a chuireann an t-aistriú ar fáil. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2019.

Tugann an uaillmhian agus na spriocanna a leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais an-spreagadh dúinn. Ta an Bord tiomanta dá pháirt a ghlacadh trí infheistiú i mbonneagar criticiúil náisiúnta agus in inathnuaiteáin a fhorbairt.

### LÍONRAÍ

Chuir ESB Networks a aighneacht maidir le hAthbhreithniú Praghsanna 5 (PR5) faoi bhráid an Choimisiúin um Rialú Fónta i mí na Samhna. Próiseas an-tábhachtach is ea é seo don chuideachta, próiseas a leagfaidh amach an leibhéal infheistíochta agus an caiteachas oibriúcháin a dhéanfaidh ESB Networks sna cúig bliana atá amach romhainn. Fáiltíonn an Bord roimh thogra an Rialtóra gur cheart go ndéanfadh an aighneacht foráil do na hacmhainní agus don chumas a bheidh de dhíth chun an Plean Náisiúnta um Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur i gcrích agus táimid ag súil le bheith ag obair go tairbheach leis an Rialtóir chun an togra a thabhairt chun críche le linn 2020.

Le linn 2019, cheangail ESB Networks 550 MW eile d'fhuinnimh inathnuaite leis an líonra, a fhágann gurb ionann méid an fhuinnimh inathnuaite atá ceangailte anois agus níos mó ná 4,600 MW. Tá an fuinneamh inathnuaite sin ríthábhachtach do dhíláithriú carbóin i dteas, in iompar agus i dtionscal.

Is féidir an t-aistriú i dtreo fuinneamh ísealcharbóin iontaofa inacmhainne a fheiceáil sna roghanna atá á ndéanamh ag daoine. Tá teaschaidéil nó grianphainéil feistithe ag beagnach gach áit nua chónaithe atá á gceangal leis an líonra agus tá siad sreangaithe chun go mbeifear in ann feithiclí leictreacha a luchtú ag an mbaile. Rinne ár ngnóthaí Networks níos mó ná 34,000 nasc custaiméara nua in 2019. San am céanna, thosaigh ESB Networks ag suiteáil méadair chliste - suiteáladh 15,000 in 2019 agus tá sé i gceist na 2.3 milliún méadar baile ar fad a athrú faoi 2025. Is é croílár ár straitéise cabhrú le custaiméirí bheith i gceannas agus bheith níos inbhuanaithe sa chaoi ina n-úsáideann siad leictreachas.

### MIONDÍOL

Ba bhliain an-mhaith 2019 maidir le Réitigh do Chustaiméirí. Chuir Electric Ireland lena sciar den mhargadh i bPoblacht na hÉireann in 2019 trí phraghsáil iomaíoch agus lascainí fadtéarmacha a chur ar fáil. Rinneamar ár suíomh sa mhargadh miondíola a threisiú i dTuaisceart Éireann agus ESB Energy sa Bhreatain Mhór, áit a bhfuil ár mbranda ESB Energy ag mealladh custaiméirí nua. In 2019, ghnóthaigh ár ngnó Smart Energy Services conarthaí suntasacha le réitigh nuálaíocha chun cabhrú le custaiméirí a lorg carbóin a laghdú. Beidh leictriú an chórais iompair ina phríomhchumasóir den aistriú i dtreo todhchaí ísealcharbóin. I gcomparáid le 2018, mhéadaigh líon na bhfeithiclí nua cadhnra leictreach a díoladh faoi thrí in 2019, agus thugamar isteach praghsáil don Mhearluchtú le linn 2019 agus muid ag cur leis an mbonneagar luchtaithe ar mhótarbhealaigh ar fud na tíre. Tríd ár n-eispéireas seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú go leanúnach agus táirgí agus seirbhísí iomaíocha a tháirgeadh, cinntítear go bhfuil an custaiméir i gcroílár gach rud a dhéanaimid.

### GINIÚINT

Tá ár ngnó Giniúna agus Trádála ag athrú go tapa. Choimisiúnaíomar 89 MW d'fhuinneamh inathnuaite agus tá 338 MW eile á dtógáil (lena n-áirítear ár leas 50% i bhfeirm ghaoithe easchósta 448 MW Neart na Gaoithe). Chuamar i mbun comhpháirtíochtaí tábhachtacha nua in 2019 agus táimid ag súil le bheith ag obair go dlúth leo ar phíblíne a bheidh deiseanna forbartha ar talamh agus easchósta ag gabháil léi.

Cé go ndearnadh ár bpunann inathnuaiteán fás leanúnach, ba bhliain dheacair í dár móinstáisiúin agus dár ngualstáisiúin chumhachta. D'fhógraíomar go mbeidh deireadh le móinghiniúint leictreachais faoi dheireadh 2020 agus tá cuíchóiriú suntasach déanta againn ar stáisiún Ghob na Muine mar gheall ar oibríocht ghuail a laghdófar go suntasach agus muid ag druidim i dtreo dheireadh na giniúna gualadhainte faoi 2025.

Tá an Bord aireach ar an tionchar a bheidh ag na hathruithe seo ar ár bhfoirne, ar ár soláthraithe agus ar na pobail ina raibh oibríochtaí ar siúl againn le fada. Tá an Bord sásta go bhfuil próiseas chun teagmháil a dhéanamh le foirne agus le páirtithe leasmhara ar bun chun ullmhú do dhúnadh eagraithe na stáisiún. Tá ESB tiomanta do Lár na Tíre fós, áit a mbeimid inár bhfostóir suntasach i gcónaí.

### RIALACHAS AGUS LUACHANNA

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh agus eitice. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag ESB chun cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Ar a bharr sin, cloíonn ESB (ar bhonn deonach nuair is infheidhme go réasúnach é maidir le ESB mar chorparáid reachtúil) le Cód Rialachais Chorparáidigh athbhreithnithe na RA 2018 (le héifeacht ón 1 Eanáir 2019) agus le hAguisín Rialachais Chorparáidigh na hÉireann.

(Féach freisin le do thoil mo Thuarascáil ar Rialachas Corparáideach ar leathanach 84).

Is é ceann de na cúig sprioc straitéiseacha atá ag ESB ná cultúr ardfheidhmíochta a sheachadadh. Bíonn an Bord i gcónaí ag déanamh monatóireacht ar an gcultúr seo mar gur mhaith linn go mbeadh ESB ina áit oibre atá bríomhar, nua-aimseartha agus mealltach. Agus muid ag aistriú i dtreo todhchaí ísealcharbóin, tá sé tábhachtach go leanaimid de bheith á stiúradh ag Ár Luachanna, luachanna a thugann spreagadh dúinn a bheith cróga, comhbhách, treallúsach agus dílis.

### ATHFHORBAIRT NA PRÍOMHOIFIGE

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir leis an dearadh agus an obair foirgníochta atá ar siúl ag Fitzwilliam 27, ár bPríomhoifig nua. Níos tábhachtaí fós, beidh an foirgneamh an-tíosach ar fhuinneamh, rud a chabhróidh le ESB a spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus feabhsaithe carbóin a bhaint amach faoi 2030.

### FOIREANN ESB

Tá ról ríthábhachtach ag ár bhfoirne agus muid ag aistriú i dtreo fuinneamh glan sa todhchaí. Leanaimid orainn ag forbairt ceannairí don todhchaí agus infheistiú á dhéanamh i bhforbairt na gcumas a bheidh ag teastáil don saol an-difriúil atá romhainn. Tá an tsábháilteacht ina príomhchúram ag an mBord i gcónaí agus tá ár bhfoirne an-rannpháirteach i *Slán agus Sábháilte*, mórthionscnamh i dtaobh chultúr na sábháilteachta.

Bhí ríméad ar an mBord cuairt a thabhairt ar stáisiún giniúna Eas Chaitlín agus ar stáisiún giniúna Áth Fhada in 2019 chun fáil amach dó féin faoi thiomantas ár bhfoirne don fheidhmíocht sábháilteachta a fheabhsú agus a dtiomantas don athrú iompraíochta.

Tugadh an t-eolas is déanaí don Bord freisin faoin dtionscnamh "Ár nGuth", Suirbhé 2019 d'Fhostaithe, agus b'ábhar spreagtha dó na leibhéil rannpháirtíochta a bhí aige. Coinneoidh an Bord súil ar na léargais a thiocfaidh chun cinn ón suirbhé arís le linn 2020.

### COMHSHAOL

Cé go raibh rath mór ar an gcuideachta in 2019, bhí roinnt dúshlán ann freisin, go háirithe ó thaobh cúrsaí comhshaoil de, agus tá an Bord agus an Bhainistíocht ag obair go dian chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Glacaimid go mbíonn tionchar ag ár ngníomhaíochtaí ar an gcomhshaol agus táimid tiomanta d'oibriú leis na páirtithe leasmhara uile le cinntiú go mbeidh tionchar ESB ar an gcomhshaol chomh híseal agus is féidir agus go mbainimid an caighdeán is airde maoirseachta comhshaoil amach.

### AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH AGUS AN BHAINISTÍOCHT

Is mian liom buíochas a ghabháil le Pat O'Doherty, an Príomhfheidhmeannach, agus le gach ball dá Fhoireann Feidhmiúcháin, as a n-obair chrua agus a ndúthracht le linn 2019, agus is mian liom fáilte a chur roimh Marie Sinnott, a ceapadh i ról Rúnaí na Cuideachta i mí Iúil nuair a chuaigh John Redmond ar scor. Is mian leis an mBord buíochas a ghabháil le John as an tseirbhís den scoth a thug sé do ESB.

### TÁTAL


Bliain athraitheach eile don Ghrúpa ba ea 2019. Táimid ag cur tús le tréimhse deich mbliana eile agus muid lán le muinín agus le neart, ag cur lena bhfuil bainte amach againn san am atá thart agus ag neartú ár suíomh don am atá romhainn - beidh Todhchaí Níos Gile ann do chách.

De réir fhorálacha na nAchtanna ESB 1927–2014, cuireann an Bord an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 i láthair.



Ellvena Graham OBE Cathaoirleach
27 Feabhra 2020

### ÍOCAÍOCHTAÍ DÍBHINNÍ Ó 2010 GO 2019




01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT

02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH

03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



Pat O'Doherty
Príomhfheidh-
meannach

Pléann Pat O'Doherty an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an Straitéis Todhchaí Níos Gile in 2019 agus caitheann sé súil chun tosaigh ar an mbliain atá romhainn.

### Ceist: Cérbh iad na forbairtí is mó a raibh tionchar acu ar ESB in 2019?

Bliain chiniúnach ba ea 2019 don fhuinneamh agus don athrú aeráide, in Éirinn go háirithe, áit ar tháinig beartas an rialtais agus dearcadh an phobail le chéile chun dlús suntasach a chur le luas agus práinn an aistrithe i dtreo fuinneamh glan sa todhchaí. Glactar go coitianta leis ag leibhéal an bheartais go mbeidh ról ríthábhachtach ag leictreachas i gcóras fuinnimh ísealcharbóin na todhchaí. Tá impleachtaí móra aige sin ar gach cuid de ESB, ó thaobh dúshlán agus deiseanna de.

### Ceist: Cén tionchar a bhí aige sin ar sheachadadh straitéis ESB?

Tagann ár straitéis ina hiomláine le beartais atá ag teacht chun cinn maidir le fuinneamh ísealcharbóin agus tá sí fréamhaithe go daingean inár gcuspóir go gcruthófar todhchaí níos gile do na custaiméirí agus na pobail a mbímid ag freastal orthu, trí bheith i gceannas ar an aistriú i dtreo fuinneamh ísealcharbóin iontaofa inacmhainne. Cruthaíonn sin deis iontach don earnáil leictreachais chun fás a dhéanamh chomh maith le ról lárnach a ghlacadh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tá ról uathúil, ach ról idirghaolmhar, ag gach ceann dár n-aonaid ghnó maidir leis an gcuspóir sin a bhaint amach.

### Ceist: Cén dul chun cinn atá déanta agat le linn na bliana?

In 2019, dhírigh struchtúr nua eagrúcháin ESB ar an athrú ó bhonn a spreagadh ar feadh gach réimse dár ngnó. D'éirigh linn an chéad Bhanna Glas corparáideach in Éirinn a sheoladh agus tá infheistíocht suntasach déanta againn i dteicneolaíochtaí agus i réitigh ísealcharbóin, lena n-áirítear fuinnimh nua ísealcharbóin agus fuinnimh nua inathnuaite, líonraí atá níos cliste agus níos athléimní, agus táirgí agus seirbhísí nua chun tacú lenár gcustaiméirí.

### Ceist: Conas a bhfuil ag éirí le ESB an t-aistriú ó ghual agus móin a bhainistiú?

In 2019, leanamar orainn ag méadú an méid leictreachais a ghintear ó fhoinsí ísealcharbóin agus ó fhoinsí inathnuaite, agus ag laghdú ár spleáchas ar stáisiúin ghiniúna teirmí ardcharbóin ag an am céanna. Cuirfidh comhpháirtíochtaí nua le Coillte, Parkwind, EDF agus Equinor ar ár gcumas ár bpunann gaoithe ar talamh agus easchósta a mhéadú go suntasach chun cur le tuilleamh ó hinathnuiteáin agus spriocanna maidir le carbón a laghdú a bhaint amach ag an am céanna. Tá punann de shócmhainní in earnáil na gaoithe ón talamh á chruthú againn. In 2019, cheannaíomar leas 50% in Neart na Gaoithe sa Mhuir Thuaidh. Cheannaíomar leas i dtionscadal Oriel amach ó chósta Dhún Dealgan lenár gcomhpháirtithe Parkwind agus tá tuilleadh tionscadal ar talamh á bhforbairt againn i bPoblacht na hÉireann, ag Ceann Chlochair, agus ag Rinn Chill Mhichíl, agus cuireann an dá cheann acu sin lenár n-infheistíocht i bhfeirm ghaoithe easchósta Galloper (Ríocht Aontaithe) in 2018. Rinneamar infheistiú suntasach i bhfeirmeacha gaoithe ar talamh i bPoblacht na hÉireann; ag Oweninny i gContae Mhaigh Eo, a chríochnaíomar in 2019, agus ag Cnocán an Phóna i gCo.Chiarraí, a chríochnófar faoi thús R2 2020.

In 2019, d'fhógraíomar go ndúnfar an dá mhóinstáisiún cumhachta atá fágtha againn faoi dheireadh 2020, rud a laghdóidh ár n-astaíochtaí carbóin tuilleadh. Le seachtó bliain anuas, tá Móin mar chuid dár meascán breoslaí giniúna agus beidh impleachtaí suntasach ag deireadh na giniúna ar phobail áitiúla. Anuas air sin, rinneamar feidhmiú stáisiún guail Ghob na Muine a athchumrú le linn na bliana le cinntiú go mbeidh sé inmharthana ó thaobh na tráchtála de sa ghearrthéarma i gcomhthéacs an fheidhmithe laghdaithe mar gheall ar an tionchar a bheidh ag tuilleadh inathnuaiteán agus ag praghsáil charbóin. I gcomhréir le beartas an Rialtais, ní ghinfimid leictreachas ó ghual a thuilleadh i ndiaidh 2025.

### Ceist: Céard atá á dhéanamh ag ESB chun na líonraí leictreachais a ullmhú chun freastal ar riachtanais custaiméirí amach anseo?

Leanaimid den infheistíocht agus den nuáil inár ngnóthaí líonraí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann chun an leibhéal uathoibrithe agus acmhainneachta a mhéadú, chun freastal ar an éileamh méadaithe agus chun freastal ar mhéaduithe suntasacha i sócmhainní dáilte na gcustaiméirí féin. Tá ESB Networks ag obair le trí phobal – Luimneach, Daingean Uí Chúis agus na hOileáin Árann – chun triail a bhaint as teicneolaíochtaí nua líonra agus custaiméirí ar bhonn piolótach d'fhonn léargais nua luachmhara a fháil ar an líonra a bheidh de dhíth chun freastal ar riachtanais custaiméirí amach anseo agus chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil líonra amach anseo agus faoi chinntí infheistíochta. Le linn na bliana, chuir ESB Networks a aighneacht maidir le hAthbhreithniú Praghsanna 5 faoi bhráid an Rialtóra, agus rinneadh foráil inti do thacú le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtas a chur i gcrích.

### Ceist: Cén chaoi a bhfuil ESB ag cur a thairiscintí do chustaiméirí in oiriúint mar fhreagra ar riachtanais fuinnimh atá ag athrú?

Beidh ról ríthábhachtach ag custaiméirí i gcóras leictreachais na todhchaí agus tá struchtúir nua curtha i bhfeidhm againn dá bhrí sin chun tacú le forbairt táirgí atá dírithe ar chustaiméirí don mhargadh gnó agus don mhargadh cónaithe araon. Le linn na bliana, leanamar ag déanamh forbartha ar ár bpunann agus ar ár bpíblíne de tháirgí agus de sheirbhísí chun cabhrú le custaiméirí a n-úsáid fuinnimh a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla agus a lorg carbóin a laghdú. Chuimsigh siad sin taraifí glasa, seirbhís suiteála luchtaithe sa bhaile agus tacaíochtaí aisfheistithe baile. I mí na Nollag, cuireadh tús leis an bhfeachtas fógraíochta Brighter Together chun an tsraith sin de tháirgí a chur chun cinn. Le tacaíocht €10 milliún ó Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais, chuir ár rannán eCars tús le huasghrádú €20 milliún ar an mbonneagar náisiúnta luchtaithe d'fheithiclí leictreacha (EV). Sa Bhreatain Mhór, d'osclaíomar oifig nua i Manchain chun freastal ar ár mbonn custaiméirí atá ag fás ann agus chríochnaíomar cur i bhfeidhm an bhonneagair d'fheithiclí leictreacha (EV) do Fhlít Tacsaithe Londain ar bhonn céimneach. Dhaingnigh ár ngnó Smart Energy Services a shuíomh mar cheann de na príomhsholáthraithe seirbhísí fuinnimh do ghnólachtaí agus bhain sé conradh chun fearais theaschaidéil agus fearais chumhachta agus teasa in éineacht (CTÉ) a dhearadh agus a chur ar fáil do na tithe gloine a bheidh ar na tithe gloine tráchtála is mó agus is inbhuanaithe sa Bhreatain Mhór.

Lean ESB Networks d'fheabhas a chur ar sheirbhísí digiteacha do chustaiméirí agus cuireadh tús leis an gclár Náisiúnta um Méadrú Cliste a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach. Is clár é seo trína n-uasghrádófar níos mó ná 2 mhilliún méadar go teicneolaíocht chliste dhigiteach mar chuid de chlár ilbhliana. Fágfaidh sé seo go mbeidh soláthraithe in ann táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt a chabhróidh le custaiméirí níos mó smachta a bheith acu ar an bhfuinneamh a n-úsáideann siad.

### Ceist: Ar éirigh le ESB coinneáil suas le hionchais chustaiméirí trí leas a bhaint as poitéinseal teicneolaíochtaí nua?

Bíonn ESB ag comhoibriú le lucht tionscail, le scoláirí agus le gnólachtaí nuathionscanta chun teicneolaíochtaí nua a aithint agus a úsáid chun an éifeachtúlacht a fheabhsú agus riachtanais custaiméirí a chomhlíonadh. Le linn na bliana, thugamar faoi thionscadail phíolótacha le cúig de na gnólachtaí a bhí i mbabhta ceannais Free Electrons, clár luathaithe a chomhbhunaigh ESB in éineacht le cuideachtaí eile fuinnimh - clár a dhíríonn ar gnólachtaí nuathionscanta san earnáil fuinnimh. Bímid ag goradh tograí nua tráchtála inár Mol Nuála seachtrach freisin, áit a dtugaimid smaointe nua chun tosaigh go mear i dtimpeallacht gnólachtaí nuathionscanta.

### Ceist: Cén dul chun cinn atá á dhéanamh ag ESB maidir le dul i ngleic le hábhair imní a bhaineann le cúrsaí comhshaoil agus sábháilteachta a tháinig chun cinn le linn na bliana maidir le bonneagar leagáide?

Tá clár leanúnach cothabhála agus infheistíochta ag ESB le cinntiú go gcomhlíonann a bhonneagar leagáide na caighdeáin sábháilteachta agus chomhshaoil is infheidhme. Le blianta beaga anuas, tá infheistíocht nach beag déanta againn chun lascghiaranna agus cáblaí líonta le leacht a athsholáthar agus cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta againn, aithnímid go bhfuil tuilleadh feabhsaithe de dhíth fós. Beidh sin ina chuid lárnach dár gclár athraithe in 2020. Tugtar tús áite don fhreagracht i leith na sábháilteachta agus an chomhshaoil ag gach leibhéal den eagraíocht agus leanaimid de chultúr oscailte tuairiscithe a spreagadh chun go ndéanfar fadhbanna a aithint agus chun go dtabharfar aghaidh orthu ar bhealach cuí de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn.

### Ceist: Conas mar a bhí feidhmíocht airgeadais ESB in 2019?


I ndiaidh cúpla bliain dúshlánach, d'éirí níos fearr le ESB in 2019 le brabús TRÚCDA de €1,372 milliún agus Brabús Oibriúcháin (roimh mhíreanna eisceachtúla) de €682 milliún. Táimid ag díriú ar neart airgeadais ESB a choinneáil le cinntiú gur féidir linn ár Straitéis Todhchaí Níos Gile a chur i bhfeidhm. D'infheistigh ESB €1,242 milliún, lena n-áirítear €340 milliún in inathnuaiteáin, in 2019 agus muid ag leanúint de cheannas a thabhairt don aistriú i dtreo giniúint ísealcharbóin. B'ionann an díbhinn in 2019 agus €88 milliún, rud a chiallaíonn gur íocadh iomlán díbhinní de níos mó ná €1.2 billiún thar na deich mbliana seo caite.

### Ceist: An bhfuil ESB ag infheistiú san fhoireann chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht?

Aithnímid go mbíonn lucht saothair atá rannpháirteach agus sofhreagrúil agus timpeallacht oibre ina mbíonn tacaíocht ar fáil agus inar mór an éagsúlacht agus an ionchuimsiú ag teastáil chun cultúr ardfheidhmíochta a chruthú. I mbliana, d'earcaíomar 77 céimí agus 86 printíseach as réimse disciplíní agus cúlraí, agus chuireamar an-chuid deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil do na fostaithe a bhí againn cheana féin. D'fhorbraíomar deiseanna nua dár bhfostaithe maidir le hobair dheonach freisin, lenár gclár urraithe Generation Tomorrow, a chumasaíonn daoine óga trí oideachas agus foghlaim STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic).

### Ceist: Cad iad na dúshláin is mó atá roimh ESB sa bhliain atá le teacht?

Beidh níos mó gá ná riamh ann gníomhú ar son na haeráide, agus cuireann sé sin deiseanna ar fáil don ESB ó thaobh cur lena phríomhréimsí saineolais i réimsí an fhuinnimh inathnuaite, na líonraí cliste, an teasa leictrigh, an iompair agus na dtairiscintí nuálaíocha do chustaiméirí. É sin ráite, cuireann sé dúshláin roimh an eagraíocht freisin maidir le bonneagar leagáide a bhainistiú, tacaíocht an phobail a fháil do bhonneagar nua agus dul i dteagmháil le saoránaigh le cinntiú go dtógfaí an córas leictreachais de réir riachtanais fuinnimh ísealcharbóin ár gcustaiméirí go léir amach anseo, agus a chinntiú ag an am céanna go mbeidh an fhoireann agus an cumas airgeadais ag ESB ár n-uaillmhianta fáis a fhíorú. Cé go bhfuil dúshlán ag baint leis, tá an t-athrú atá ag teacht ar an earnáil fuinnimh faoi láthair an-chorraitheach agus creidim go bhfuil ESB suite go han-mhaith ar fad chun leas a bhaint as an iliomad deiseanna a bheidh romhainn.



Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach
27 Feabhra 2020

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

# SRACFHÉACHAINT AR ESB



| DEIGHLEOG GHNÓ | GINIÚINT AGUS TRÁDÁIL (GT) | ESB NETWORKS | NORTHERN IRELAND ELECTRICITY NETWORKS (NIE NETWORKS) | RÉITIGH DO CHUSTAIMÉIRÍ | DEIGHLEOGA EILE |
|---|---|---|---|---|---|
| IONCAM | €1,518m | €1,156m | €303m | €2,069m | €326m |
| BRABÚS OIBRIÚCHÁIN* | €198m | €344m | €61m | €59m | €20m |
| CAITEACHAS CAIPITIÚIL | €424m | €581m | €154m | €28m | €55m |
| MEÁNLÍON FOSTAITHE | 914 | 3,490 | 1,208 | 551 | 1,811 |
| NASC LE RANNÁIN EILE SA TUARASCÁIL | Féach leathanach 54 Athbhreithniú Oibriúcháin GT | Féach leathanach 56 ESB Networks Athbhreithniú Oibriúcháin | Féach leathanach 58 Athbhreithniú Oibriúcháin NIE Networks | Féach leathanach 60 Athbhreithniú Oibriúcháin Réitigh do Chustaiméirí | Féach leathanaigh 62 agus 63 I gComhair Athbhreithnithe Oibriúcháin ar Innealtóireacht agus Mhórthionscadal agus ar Sheirbhísí Fiontraíochta |


FÉACH NÓTA 2 (TUAIRISCIÚ DEIGHLEOG) SNA RÁITIS AIRGEADAIS CHUN TUILLEADH SONRAÍ A FHÁIL.
* ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA (FÉACH NÓTA 5 SNA RÁITIS AIRGEADAIS CHUN TUILLEADH SONRAÍ A FHÁIL).



# BUAICPHOINTÍ


## SCAIRSHEALBHÓIRÍ

DÍBHINN €88 MILLIÚN DO 2019





RÁTÁIL CHREIDMHEASA ATHDHEARBHAITHE A-



FÁLTAS 5.9% AR CHAIPITEAL IN ÚSÁID

## CUSTAIMÉIRÍ



SÁBHÁIL LEANÚNACH SUAS LE 8.5% DO CHUSTAIMÉIRÍ CÓNAITHE I bPOBLACHT NA hÉIREANN



SÁSTACHT CUSTAIMÉARA 84%



IONAD TEAGMHÁLA CUSTAIMÉIRÍ NÁISIÚNTA CREIDIÚNAITHE AG AN gCAIGHDEÁN DOMHANDA TEAGMHÁLA CUSTAIMÉIRÍ

VÓTÁLADH ELECTRIC IRELAND ARÍS MAR CHURADH DO CHUSTAIMÉIRÍ SAN EARNÁIL FÓNTAS




BREIS IS 15,000 MÉADAR CLISTE SUITEÁILTE



BREIS IS 34,000 CUSTAIMÉIR NUA NASCTHA

## GEILLEAGAR NA hÉIREANN



INFHEISTÍOCHT BREIS IS €1 BHILLIÚN I mBONNEAGAR



BREIS IS €2 MHILLIÚN CAITE THAR RÉIMSE TIONSCNAMH POBAIL



BREIS IS 7,900 FOSTAÍ



IONCHUR BEAGNACH €2 BHILLIÚN I nGEILLEAGAR NA hÉIREANN

# STRAITÉIS, MÚNLA GNÓ, TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ, PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (KPIANNA)

17 Straitéis
22 Múnla Gnó
24 Tuairisciú ar Rioscaí
38 Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPlanna)



# STRAITÉIS

I gcaitheamh 2017, thug an Bord faoi athbhreithniú ar straitéis ESB chun na boinn tuisceana a thástáil agus a bhailíochtú, treo straitéiseach foriomlán an Ghrúpa a athdhearbhú agus an t-ionchas pleanála a shíneadh amach chuig 2030. D'fhaomh an Bord creat straitéiseach ilbhliantúil nua, bunaithe ar an anailís sin, i mí na Samhna 2017. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an mBord ó shin ar na príomhspreagthaí seachtracha a chuireann bonn eolais faoin Straitéis, lena n-áirítear laethanta ar a ndéantar Athbhreithniú ar Straitéis an Bhoird a reáchtáladh i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna 2019 – chomh maith le sraith de nuashonraithe i rith na bliana maidir le príomhcheisteanna a tháinig chun cinn.

## STRAITÉIS 2030

Tá Straitéis ESB go dtí 2030 (Straitéis 2030) daingnithe mar chuid dár n-uaillmhian le todhchaí níos fearr a chruthú trí bheith i gceannas ar an aistriú i dtreo fuinneamh ísealcharbóin atá iontaofa agus inacmhainne. Leagtar amach inti treochlár chun an uaillmhian sin a bhaint amach sa chaoi go gcinnteofar go leanfaidh ESB air ag fás mar ghnó rathúil agus go gcoinneoidh sé láidreacht airgeadais leordhóthanach chun infheistiú sa saol ísealcharbóin amach anseo ag an luas agus ar an scála is gá chun é sin a dhéanamh. Aithnítear an Straitéis freisin an poitéinseal atá ann d'fhás nua gnó de bharr an athraithe.

Cuireann an Straitéis béim ar an tábhacht atá le bheith inoiriúnaithe, freagrach agus a bheith in ann an deis a thapú i ré neamhchinnteachta gan fasach, chomh maith le láithreacht scála a bheith ag an eagraíocht ar feadh an tslabhra luacha fóntais, le meascán de ghnóthaí rialaithe agus neamhrialaithe, agus rátáil chreidmheasa láidir de ghrád infheistíochta a choinneáil ag an am céanna.

Ó bunaíodh é in 1927, tá sé ina chomhartha sóirt ag ESB go bhfuil sé tiomanta don tsochaí a spreagadh ar aghaidh agus do dheiseanna a chruthú do na pobail a fhreastalaíonn sé orthu. Is é an dúshlán atá roimh ESB inniu ná bheith ina cheannródaí san aistriú i dtreo fuinneamh ísealcharbóin, inacmhainne, iontaofa agus freastal níos fearr a dhéanamh, dá bharr sin, ar a chuid custaiméirí agus fás inbhuanaithe a bhaint amach.

## LUACHANNA ESB

Tá luachanna ESB – bheith misniúil, comhbhách, díocasach agus iontaofa – fréamhaithe go domhain san eagraíocht agus cuimsíonn siad an t-ionracas agus an uaillmhian is dual do ESB. Is dlúthchuid iad d'fhorbairt agus de chur i bhfeidhm Straitéis 2030 – cuireann siad bonn eolais faoi iompraíocht agus cinntí ESB ó lá go lá, agus tá siad mar bhonn agus mar thaca ag an tiomantas atá againn d'iontaoibh chustaiméirí agus an phobail a ghnóthú.

## CREAT STRAITÉISEACH

Cinnteoidh an creat straitéiseach do Straitéis 2030 (féach leathanach 20) go mbeidh spriocanna straitéiseacha ESB, a bhfuil breac-chuntas tugtha orthu thíos, a dtreorú ar bhonn tráchtála agus go dtiocfaidh siad le cuspóir agus luachanna uileghabhálacha ESB, a dhéantar cur síos orthu thuas.

## RÁITEAS STRAITÉISE

Trínár ngnóthaí ilghnéitheacha ar fud Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire, tá beartaithe againn riachtanais fuinnimh ár gcustaiméirí a shásamh, agus chuige sin, na hacmhainní is fearr dá bhfuil againn a thabhairt le chéile chun réitigh nuálacha a sholáthar a bheidh bunaithe ar luachanna an tsaoil ísealcharbóin

## TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

Leagann Straitéis 2030 amach na cúig chuspóir straitéiseacha seo a leanas, a bhfuil tuilleadh eolais tugtha fúthu ar leathanach 21:

1. Tús áite a thabhairt inár ngníomhaíochtaí uile do riachtanais na gcustaiméirí, anois agus sa todhchaí
2. Fuinneamh glan slán inacmhainne a tháirgeadh, a nascadh agus a sholáthar
3. Seirbhísí fuinnimh a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais margaidh atá ag teacht chun cinn
4. An gnóthas a fhás agus láidreacht airgeadais ESB a chothú san am céanna
5. Cultúr ardfheidhmíochta a chinntiú ina dtacaítear le nuáil agus le comhoibriú.

## TIMPEALLACHT GHNÓ ESB

Tá achoimre ar na príomhthosca timpeallachta gnó a bhfuil tionchar suntasach acu ar Straitéis ESB leagtha amach thíos.

1. Beartas aeráide agus fuinnimh
2. Gluaiseachtaí chun cinn sa teicneolaíocht
3. Riachtanais custaiméirí a bhíonn ag síorathrú
4. Teacht chun cinn múnlaí nua gnó
5. Forbairtí níos leithne geilleagracha agus polaitiúla (e.g. Brexit).

## 1 BEARTAS AERÁIDE AGUS FUINNIMH

Tá an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó dá bhfuil roimh an gcine daonna agus tá riachtanas práinneach ann astuithe gáis ceaptha teasa domhanda (GHG) a laghdú chun na glúine reatha agus na glúine amach anseo a chosaint. Admhaítear é seo i raon de chomhaontuithe idirnáisiúnta agus i mbeartais náisiúnta ina leagtar amach spriocanna uaillmhianacha chun an téamh domhanda a chiorrú. Sa ghearrthéarma, faoi chreat 2020 an AE, tá spriocanna ann atá ina gceangal dlí ag an leibhéal náisiúnta chun astaíochtaí carbóin a laghdú in earnálacha amhail an iompair, talmhaíocht agus foirgneamh. Tá spriocanna leagtha amach freisin ag Poblacht na hÉireann agus ag an Ríocht Aontaithe don chion leictreachais atá le táirgeadh ó fhoinsí inathnuaite: 40% agus 30% faoi seach.

Tá sé ina bheartas reatha ag an AE na hastaíochtaí iomlána GCT a tháirgtear a laghdú faoi 80–95% faoi 2050.


Mar sin féin, táthar ag súil leis go meidh uaillmhian níos mó ann sa tréimhse 2030 go 2050 ag leibhéal an AE mar gheall ar an gComhaontú Glas don Eoraip a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach le déanaí. Meastar go dtabharfaidh an Eoraip reachtaíocht isteach maidir le sprioc neodrachta ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050, agus mar chuid de sin, meastar go mbeidh méadú ar an mbuiséad eatramhach i gcomhair laghdú astaíochtaí faoi 2030. Beidh soiléireacht níos fearr ann maidir leis sin i rith 2020.

Le bliain anuas, tháinig borradh i méid na mbeartas i ngach ceann de mhargaí ESB a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an téamh domhanda. I bPoblacht na hÉireann, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann a Phlean um Ghníomhaithe ar son na hAeráide – plean a bheidh ríthábhachtach maidir le treo fadtéarmach bheartas fuinnimh na hÉireann a shocrú sna deich mbliana atá romhainn. Tá príomhghnéithe an phlean sin leagtha amach go hachomair i Léaráid 1, plean atá ailínithe go dlúth le Straitéis Todhchaí Níos Gile ESB – agus is cuid den uaillmhian iad an bealach a réiteach d'Éire córas fuinnimh astaíochtaí GCT glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Feictear an treocht chéanna sa Ríocht Aontaithe freisin, áit ar ritheadh reachtaíocht i mí an Mheithimh 2019 a éilíonn astaíochtaí GCT glan-nialasacha faoi 2050.

Faoin Scéim Uile-Eorpach um Thrádáil Astaíochtaí (ETS), leagtar cuótaí ar an méid na n-astaíochtaí a cheadaítear ó shuiteálacha móra, stáisiúin giniúna leictreachais san áireamh. Táthar ag laghdú na gcuótaí seo gach bliain céim ar chéim chun dlús a chur leis an nuáil teicneolaíochta is gá chun dícharbónú iomlán a bhaint amach faoi 2050. Faoi struchtúir dhlíthiúla agus struchtúir mhargaidh an ETS, is iad na cuideachtaí aonair, seachas na rialtais, atá faoi dhliteanas astaíochtaí a laghdú. Tá earnáil an leictreachais, a bhí freagrach as 15% de na hastaíochtaí in Éirinn in 2018, ag dul ar aghaidh de réir sceidil chun na spriocanna atá socraithe a bhaint amach. Léirítear é seo i Léaráid 3 ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta cheana i bPoblacht na hÉireann chun inneachar carbóin na hearnála leictreachais a laghdú mar aon leis an dul chun cinn eile a bhfuiltear ag súil leis.

Murab ionann is an ETS, is é cúram gach rialtas náisiúnta aonair na hastaíochtaí ón talmhaíocht, ón iompar agus ó fhoirgnimh a laghdú agus na costais chomhlíonta a ghabhann leis sin a íoc. Le chéile, tá na hearnálacha sin freagrach as nach mór 75% de na hastaíochtaí náisiúnta, méid atá i bhfad níos mó ná na hastaíochtaí ó earnáil an leictreachais de réir mar a léirítear

## LÉARÁID 1: PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE



**LEICTRIÚ**

- **Líon na EVanna a mhéadú go 936,000** (EVanna do phaisinéirí, veaineanna, leoraithe agus busanna san áireamh) faoi 2030
- Foinsí inathnuaite teasa a bheidh i **600,000** foirgneamh cónaithe & i **25,000** foirgneamh tráchtála faoi 2030
- **Cosc a chur ar choirí ola agus gáis** faoi 2025 agus cosc a chur ar charranna peitril/díosail faoi 2030

**SEIRBHÍSÍ/SMARTGRID**

- **Gach méadar meicniúil a athsholáthar faoi 2024**
- "Seachadadh an-ard de leictreachas ilchineálach inathnuaite a éascú le seirbhísí córais agus socruithe margaidh"
- Tacú le **micreaghiniúint**, a fhágann gur féidir leictreachas breise a dhíol leis an eangach arís
- **Freastalóidh Comhaontuithe Corparáideacha Ceannacháin Cumhachta** ar 15% den éileamh






**INATHNUAITEÁIN**


- **Leictreachas inathnuaite a bheidh in 70% den leictreachas faoi 2030 (méadú ó 55%)**
  > 3.5 GW easchósta
  > 8.3 GW ar talamh
  > 1.5 GW gréine

**GINIÚINT THEIRMEACH**

- "Deireadh a chur le giniúint leictreachais ghualbhreoslaithe & mhóinbhreoslaithe de réir a chéile go luath agus go hiomlán"
- Praghas carbóin de **€80 an tona faoi 2030**




## LÉARÁID 2: CÁSANNA EIRGRID MAIDIR LE HÉILEAMH FUINNIMH AMACH ANSEO




Foinse: Eirgrid 'Tomorrow Energy Scenarios'. (Deireadh Fómhair 2019)

i Léaráid 4. Aithnítear go follasach anois faoi bheartas an Rialtais i bPoblacht na hÉireann agus sa RA araon go bhfuil sé riachtanach an carbón ón iompar agus ón téamh a laghdú chun spriocanna astaíochta náisiúnta a bhaint amach agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Mar chuid den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, tá Éire tiomanta don cháin charbóin a ghearrfar ar an earnáil neamh-ETS a mhéadú go leanúnach, agus socrófar í ag €30/tona in 2030. Táthar ag plé freisin an bealach is cothroime is féidir ioncam ó cháin charbóin a athdháileadh a bhaint amach.

## 2 DUL CHUN CINN SA TEICNEOLAÍOCHT

Bhí tionchar mór ag dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht ar chostas agus luas an athraithe in earnáil na bhfóntas ar fud an tslabhra luacha. Luaitear i bPacáiste Fuinnimh Ghlan an AE 2017 laghdú 80% ar chostais fhótavoltacha gréine idir 2009 agus 2015 agus laghdú 30–40% ar chostais ghiniúna gaoithe (ar talamh agus easchósta araon) le linn na tréimhse chéanna. Lean na treochtaí céanna sin ar aghaidh i rith na bliana seo caite de réir mar a tháinig tuilleadh feabhais ar chostas agus ar iomaíochas teicneolaíochtaí giniúna cumhachta ísealcharbóin (agus ar na teicneolaíochtaí cadhnra agus na teicneolaíochtaí stórála eile a bhfuil gá leo chun tacú lena n-úsáid). Mar shampla, mheas Bloomberg New Energy Finance (BNEF) le linn an dara leath de 2019 gur tháinig laghdú 11%, 12% agus 6% faoi seach ar fud an domhain ar chostas cumhachta a gineadh le teicneolaíochtaí gréine, gaoithe ar talamh agus easchósta, i gcomparáid le tús na bliana. Go meántéarmach nó go fadtéarmach, tá roghanna ann a chaithfear a dhéanamh chun na foinsí eadrannacha giniúna leictreachais a chlúdach agus ní léir go fóill céard iad na teicneolaíochtaí is fearr chun an toradh deiridh a sholáthar – tá raon roghanna ann ach níl aon réiteach aonair ann.

Tá réitigh ann a bhfuil an poitéinseal acu go léir athrú suntasach a spreagadh i ndearadh agus oibriú líonraí leictreachais - feidhmiú teicneolaíochtaí cumarsáide agus digiteacha ar nós anailísíocht shonraí, comhtháthú córas gnó TF le córais teicneolaíochta oibriúcháin, néalríomhaireacht agus intleacht shaorga. Le gluaiseachtaí chun cinn sa teicneolaíocht cumasófar leibhéal níos airde táirgthe, stórála agus rialaithe leictreachais, ag custaiméirí go díreach, nó ag soláthraithe seirbhíse a bheidh ag rialú agus ag bainistiú an éilimh ar fhuinneamh thar a gceann.

## 3 RIACHTANAIS CUSTAIMÉIRÍ A BHÍONN AG SÍORATHRÚ

Tá teicneolaíochtaí ag teacht chun cinn a chuireann ar fáil raon roghanna nua do chustaiméirí an córas leictreachais a úsáid ar bhealaí éagsúla. Tá athrú ag teacht sa tírdhreach fuinnimh dá bharr seo agus beidh toilteanas agus cumas daoine a stíleanna maireachtála a chur in oiriúint agus teicneolaíochtaí nua a ghlacadh chucu féin ag croílár an aistrithe seo i dtreo todhchaí ísealcharbóin. Is minice anois ná riamh a bhíonn ionchais chustaiméirí faoi thionchar an taithí a bhíonn acu lasmuigh d'earnáil an fhuinnimh – amhail tairiscintí seirbhíse bunaithe go digiteach, lena n-áirítear freagairtí fíor-ama. Caithfear na céadroghanna athraitheacha sin go léir a chur sa bhreis ar ionchais leanúnacha chustaiméirí maidir le fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin, ní ina n-ionad. Anuas air sin, tá an teicneolaíocht ag cruthú cineálacha nua deiseanna don ESB ó thaobh custaiméirí agus gnó. Mar shampla, tá méadú ag teacht ar an éileamh ar leictreachas agus ar sheirbhísí gaolmhara fuinnimh in Éirinn mar gheall ar theacht na néalríomhaireachta agus ar theacht chun cinn mhórionaid sonraí 'hipearscála'. Tugann na '*Tomorrow's Energy Scenarios*' is déanaí de chuid Eirgrid le fios go bhféadfadh an-fhás teacht ar an éileamh ar fhuinneamh ó ionaid den chineál sin sna deich mbliana atá romhainn. Sampla eile is ea an leictriú iompair agus teasa, a chruthóidh grúpaí nua custaiméirí (e.g. tiománaithe EV, úinéirí flíteanna agus teaschaidéil chónaithe) a d'fhéadfaí freastal orthu le seirbhísí agus le táirgí ESB. I dteanna a chéile, léiríonn cásanna a d'fhoilsigh Eirgrid le déanaí go dtiocfaidh méadú idir 40% agus 61% ar an éileamh comhiomlán ar leictreachas in Éirinn idir 2020 agus 2040 (féach Léaráid 2)


## 4 TEACHT CHUN CINN MHÚNLAÍ NUA GNÓ

Tá sé tuartha ag ESB go mbeidh raon de mhúnlaí nua gnó ann de bharr an dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht, san fhuinneamh agus sa bheartas rialaithe, agus de bharr athruithe i gcéadroghanna custaiméirí. Cruthaíonn na samhlacha gnó timpeallacht ghnó atá ag éirí níos iomaíche, rud a chruthaíonn dúshláin agus deiseanna araon d'fhóntais thraidisiúnta. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaidh na fóntais sin aghaidh ar na dúshláin agus deiseanna sin gan mhoill. Tá ESB ag súil leis, sa timpeallacht nua seo, go ndíreofar isteach níos mó ar sheirbhísí ag leibhéal an chustaiméara - "fuinneamh mar sheirbhís" - agus ar leibhéal an mhórdhíola chomh maith, chun go mbeidh an córas ag comhlánú an tsoláthair fuinnimh. Tá ESB ag súil leis freisin gur laghdóidh an t-idirdhealú traidisiúnta a dhéantar idir sócmhainní giniúna, soláthair agus líonra de réir mar a ndéanann múnlá gnó iarracht luach a bhaint as teicneolaíochtaí amhail stóráil nó freagra de réir éilimh. Chun aghaidh a thabhairt ar an treocht sin, agus ar na hathruithe móra eile atá i ndán don timpeallacht ghnó, rinne ESB athbhreithniú mór ar éifeachtúlacht na heagraíochta in 2018 agus chuir sé struchtúr nua tuairiscithe agus príomhphróisis ghnó i bhfeidhm chun feabhas a chur ar sholúbthacht agus chun díriú ar riachtanais custaiméirí atá ag teacht chun cinn. Leanadh ar aghaidh leis an bpróiseas chun iad sin a dhaingniú le linn 2019.

## 5 FHORBAIRT GHEILLEAGRACHA AGUS PHOLAITIÚLA NÍOS LEITHNE


Anuas air sin, cuirtear Straitéis ESB in oiriúint go leanúnach chun freagairt d'fhorbairtí i gcomhthéacs níos leithne na sochaí taobh amuigh den earnáil fuinnimh. Ó bhí 2017 ann, cuireadh gnéithe amhail na rudaí seo a leanas san áireamh:

## LÉARÁID 3: DÉINE CARBÓIN AN LEICTREACHAIS I BPOBLACHT NA HÉIREANN - STAIRIÚIL AGUS RÉAMH-MHEASTA




Foinse: SEAI, UCC

## LÉARÁID 4: ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA PHOBLACHT NA HÉIREANN IN 2018




Foinse: Anailís ESB bunaithe ar Thuarascálacha GCC 2018

**BREXIT:**

I ndiaidh reifreann 2016 ar chomhaltas na Ríochta Aontaithe san Aontas Eorpach, tá an-chuid éiginnteachta ann maidir leis na socruithe trádála amach anseo idir an Bhreatain agus Éire agus idir an Bhreatain agus margaí eile san Eoraip. Le linn 2019, chuir impleachtaí féideartha maicreacnamaíocha, polaitiúla agus rialála don ESB sna margaí éagsúla ina bhfeidhmíonn sé leis an éiginnteacht sin. Ar an 31 Eanáir 2020, d'fhág an Ríocht Aontaithe an Aontas Eorpach. Tá comhaontú idirthréimhse i bhfeidhm ach tá sé le dul in éag ar an 31 Nollaig 2020, seachas má chuirtear síneadh ama leis an gcomhaontú.

**BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA DOMHANDA AGUS EORPACH:**

Sainchomhartha den tréimhse ó bhí 2017 ann ná gur lean an Banc Ceannais Eorpach agus bainc cheannais eile ar fud an domhain leis an Éascú Cainníochtúil. Mar thoradh air sin cuireadh brú suntasach anuas ar Thorthaí Bannaí agus tháinig méadú ar sholáthar an chaipitil ísealchostais atá ar fáil do rannpháirtithe i dtionscal na bhfóntas fuinnimh. Cé go bhfeabhsaíonn na tosca sin an rochtain ar mhaoiniú, cuireann siad brú iomaíoch breise ar an mbrabús is féidir a dhéanamh ar thionscadail mhórscála infheistíochta sa tionscal – agus tá siad mar bhonn le gluaiseacht ghníomhaithe neamhthraidisiúnta, amhail cistí pinsin agus cistí bonneagair, isteach in earnáil an fhuinnimh.

# CREAT STRAITÉISEACH

## ÁR GCUSPÓIR

**Tá sé mar chuspóir ag ESB todhchaí níos gile a chruthú do na custaiméirí agus do na pobail a bhfreastalaímid orthu, agus chun é sin a dhéanamh, beimid ar thús cadhnaíochta san aistriú chuig fuinneamh iontaofa inacmhainne ísealcharbóin**

## ÁR LUACHANNA

**TÁIMID MISNIÚIL**

Tá freagracht ar gach duine dínn agus deis againn chun ESB a mhúnlú ina ghnó a mbeidh gach duine bródúil as

**TÁIMID BÁÚIL**

Is mian linn a bheith in ann a rá leis an nglúin a thiocfaidh inár ndiaidh go bhfuil ár ndícheall déanta againn oidhreacht dhearfach a fhágáil agus go bhfuil todhchaí níos gile tógtha againn do chách

**TÁIMID TIOMANTA**

Déanaimid ár seacht ndícheall fíor-dhifríocht a dhéanamh dár gcustaiméirí, dár gcomhghleacaithe agus dár bpobail, agus sinn ag lorg i gcónaí bealach chun feabhas a chur ar ár seirbhísí dóibh

**TÁIMID IONTAOFA**

Tá an iontaoibh luachmhar. Caithimid í a thuilleamh

## RÁITEAS STRAITÉISE

**Trínár ngnóthaí ilghnéitheacha ar fud Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire, tá beartaithe againn riachtanais fuinnimh ár gcustaiméirí a shásamh, agus chuige sin, na hacmhainní is fearr dá bhfuil againn a thabhairt le chéile chun réitigh nuálacha a sholáthar a bheidh bunaithe ar luachanna an tsaoil ísealcharbóin**

## TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA


TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓTHAS A FHÁS AGUS LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ SAN AM CÉANNA


CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ



# TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

## TIMPEALLACHT GHNÓ 2019

- Beartas Aeráide agus Fuinnimh
- Dul Chun Cinn sa Teicneolaíocht
- Riachtanais Custaiméirí a Bhíonn ag Síorathrú
- Teacht Chun Cinn Mhúnlaí Nua Gnó
- Forbairtí Geilleagracha agus Polaitiúla Níos Leithne



| Tús áite a thabhairt inár ngníomhaíochtaí uile do riachtanais na gcustaiméirí, anois agus sa todhchaí | Fuinneamh glan slán inacmhainne a tháirgeadh, a nascadh agus a sholáthar | Seirbhísí fuinnimh a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais margaidh atá ag teacht chun cinn | An gnóthas a fhás agus láidreacht airgeadais ESB a chothú san am céanna | Cultúr ardfheidhmíochta a chur ar fáil ina dtacaítear le nuáil agus comhoibriú |
|---|---|---|---|---|
| ■ Glacfaidh ESB chuige féin cultúr atá dírithe ar chustaiméirí ar feadh a ghníomhaíochtaí gnó go léir. Tógfaimid ar an dea-cháil atá orainn maidir le seirbhísí a chur ar fáil do chustaiméirí agus maidir le hiontaoibh, agus breathnóimid go réamhghníomhach níos faide ná na seirbhísí traidisiúnta le réitigh nua nuálacha a fhorbairt agus riachtanais ilghnéitheacha custaiméirí a shásamh | ■ Leis an staid uathúil ina bhfuil sé mar imreoir ar scála mór i Margaí Líonraí agus Giniúna araon tá ESB in ann ról ceannais a ghlacadh i ndícharbónú na sochaí<br>■ Neartóimid ár samhlacha traidisiúnta gnó agus oiriúnóimid iad, agus spreagfaimid agus glacfaimid chugainn samhlacha nua gnó a dhéanann sócmhainní giniúna agus líonra nua, mar aon leo siúd atá ann cheana, a ghiaráil chun táirgí agus seirbhísí eile a fhorbairt | ■ Leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise, mar aon le forbairt teicneolaíochtaí nua, tá éileamh á chruthú ar sheirbhísí nua chun an eangach a chothromú agus breis smachta a thabhairt do chustaiméirí ar a n-úsáid fuinnimh féin<br>■ Deis é seo don ESB luach a cheapadh sa mhargadh mearfháis seo – ó thaobh seirbhísí córais don eangach agus, ina theannta sin, ó thaobh seirbhísí fuinnimh do chustaiméirí soláthair | ■ Cuid lárnach do straitéis ESB ná feidhmíocht láidir airgeadais a choimeád. Is é sin a chinnfidh ár gcumas caipiteal a thiomsú chun infheistiú san aistriú i dtreo todhchaí ísealcharbóin<br>■ Leanfaidh ESB air i gcónaí ag déanamh cinnte de go mbeidh a gníomhaíochtaí dírithe ar rátáil chreidmheasa láidir de ghrád infheistíochta (BBB+ ar bhonn saorsheasaimh) a choinneáil<br>■ Déanfaidh sé iarracht luach a shócmhainní reatha a uasmhéadú d'fhonn leibhéil inghlactha spáis airgeadais a choimeád | ■ Braithfidh ár n-uaillmhian dul i gceannas ar an aistriú i dtreo todhchaí ísealcharbóin ar ár gcumas chun buanna, cruthaitheacht agus inspreagadh dúchasach na ndaoine againn a chur chun tairbhe d'fhonn ár straitéis a sholáthar<br>■ Saothróidh ESB cultúr ardfheidhmíochta, nuálach, custaiméir-dhírithe a spreagfaidh an comhoibriú chun eolas agus léargais ar fhorbairtí sa tionscal a chomhroinnt |

STRAITÉIS I NGNÍOMH - FÉACH LEATHANAIGH 54 GO 63 CHUN MIONSONRAÍ A FHÁIL AR DHUL CHUN CINN AN AONAID GHNÓ LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

**TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA STRAITÉISÍ (SPlanna)**

| TÁSCAIRE | MÉADRACH | 2019 | 2030 SPRIOC |
|---|---|---|---|
| Scála thar an Slabhra Luacha | TRÚCDA* €Bn | €1.37 billiún | >€1.9 billiún |
| Sciartha den Mhargadh | % | 30% de Ghiniúint SEM<br>34% de Sholáthar SEM<br>42% de Sheirbhísí Córais SEM | >30% Giniúint SEM<br>c.40% Soláthar SEM<br>≥40% SEM Seirbhísí Córais |
| Déine Carbóin an Leictreachais a Tháirgeann ESB | $gCO_2$/kWh | 406g $CO_2$/kWh | ≤200g $CO_2$/kWh |
| Scála an Fhuinnimh Ísealcharbóin arna Nascadh lenár Líonraí | GW Inathnuaiteán Nasctha | 4.6 GW i bPoblacht na hÉireann<br>1.6 GW i TE | 5GW i bPoblacht na hÉireann<br>2GW i TE |
| Rátáil Chreidmheasa Láidir de Ghrád Infheistíochta | Coibhéisí Rátála | Rátálacha Creidmheasa de A - nó a choibhéis agus BBB+ ar bhonn saorsheasaimh | BBB+ ar bhonn saorsheasaimh |
| Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear | ROCE (%) | 5.9% | ROCE >WACC |
| Rannpháirtíocht Foirne^ | Ráta Freagartha ar Shuirbhé Foirne | 6.9 | 7.3 |
| Cultúr Sábháilteachta | Teagmhais Ama Caillte (LTIanna) | 43 LTIanna fostaithe | 0 LTIanna |

Féach leathanach 54 go 63 maidir le tosaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha sna rannóga aonad gnó.

*Tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas, bearnúchán, amúchadh (lena n-áirítear ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair)

^In 2019, thug ESB isteach cur chuige nua digiteach chun rannpháirtíocht foirne a mheas. Mar chud den athrú sin, d'fhorbair an chuideachta an chaoi a ndéantar an rannpháirtíocht a mheas, agus ghlac sí le cur chuige caighdeánach bunaithe ar an dílseacht, an sásamh agus an gcreideamh. Mar mheánscór ar scála 0 go 10 a léirítear an scór.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

# MÚNLA GNÓ

Ár gCuspóir "Todhchaí níos Gile a Chruthú do na custaiméirí agus na pobail a mbíonn muid ag freastal orthu, trí bheith i gceannas ar an aistriú i dtreo fuinneamh ísealcharbóin iontaofa, inacmhainne."

## IONCHUIR CHAIPITIL

**Caipiteal Monaraithe**
- 5,520 MW den chumas giniúna
- Níos mó ná 229,000 km de líonra ar fud Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann

**Caipiteal Airgeadais**
- A-rátáil chreidmheasa
- Glansócmhainní €3.9 billiún
- Leachtacht de €1.5 billiún

**Caipiteal Intleachtúil**
- Nuáil a chur chun cinn
- Struchtúr an rialachais chorparáidigh

**Caipiteal Daonna**
- 7,974 fostaí
- Cláir forbartha d'fhostaithe
- Clár aistrithe sábháilteachta

**Caipiteal Sóisialta agus Freagrach**
- Os cionn 1.5 milliún custaiméir

**Caipiteal Nádúrtha**
- 884 MW d'fhuinneamh inathnuaite

## GINIÚINT

Déanann ESB aschur shócmhainní giniúna leictreachais ESB a fhorbairt, a fheidhmiú agus a thrádáil. Cuimsíonn an phunann 5,520 MW de shócmhainní fuinnimh theirmigh agus de shócmhainní fuinnimh inathnuaite ar fud Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire, agus tá 338 MW sa bhreis á tógáil faoi láthair

Féach nóta 54 le haghaidh tuilleadh sonraí

## TARCHUIR

Tógann, bainistíonn agus cothabhálann ESB an líonra tarchurtha agus dáileacháin i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann – breis is 229,000 km de Líonra.

Féach ar leathanaigh 56 agus 58 le haghaidh tuilleadh eolais

## SOLÁTHAIR

Ag soláthar sheirbhísí leictreachais, gáis agus fuinnimh do chustaiméirí i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

Féach leathanach 60 le haghaidh tuilleadh eolais

## ASCHUR

**Custaiméirí**
- Sásamh custaiméirí 84%
- Sciar den mhargadh 34%
- Coigilteas seasmhach suas le 8.5% do chustaiméirí cónaitheacha
- 30% de sciar an mhargaidh ghiniúna

**Scairshealbhóirí**
- Díbhinn de níos mó ná €1.2 billiún le deich mbliana anuas
- Cóimheas toradh ar chaipiteal a úsáidtear 5.9%
- TRÚCDA €1.4 billiún

**Geilleagar na hÉireann**
- €1 billiún infheistithe
- Cuirimid €1.8 billiún le geilleagar na hÉireann
- Caiteachas de bhreis is €2 milliún thar réimse tionscnamh pobail




TÁIMID MISNIÚIL

TÁIMID BÁÚIL

TÁIMID TIOMANTA

TÁIMID IONTAOFA

TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓTHAS A FHÁS AGUS LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ SAN AM CÉANNA

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

# TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ

## CUR CHUIGE I LEITH BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tacaíonn bainistíocht éifeachtach rioscaí agus tabhairt faoi dheiseanna le forbairt straitéis ESB, agus déantar leasanna a chuid pháirtithe leasmhara agus geallsealbhóirí a chosaint ag an am céanna. Nochtar ESB do roinnt rioscaí agus deiseanna a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt fhadtéarmach. Gné lárnach a chuireann ESB Group béim uirthi ná na rioscaí sin a aithint, a bhainistiú agus a mhaolú agus na deiseanna sin a thapú.

## AN CHAOI A NDÉANANN ESB RIOSCA A BHAINISTIÚ

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord maidir le bainistíocht riosca agus rialú inmheánach. Leagann Cód reatha na Ríochta Aontaithe maidir le Rialachas Corparáideach 2018 (Cód an RA) (Clásail 28, 29 agus 31) agus sraitheanna treorach ghaomhara amach freagracht an Bhoird maidir le nádúr agus méid na bpríomhrioscaí a bhfuil sé sásta glacadh leo chun a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach a dheimhniú. Déanann an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Alt 7.2) tagairt freisin do mhaoirseacht an Bhoird ar bhainistíocht riosca, lena n-áirítear an riachtanas "plean bainistíochta riosca agus clár riosca a fhaomhadh uair sa bhliain ar a laghad".

Déanann an Bord cinnte go mbíonn nochtadh an Ghrúpa do riosca i gcomhréir le comhlíonadh a chuspóirí straitéiseacha agus le luach fadtéarmach scairshealbhóirí. Tá Beartas Bainistíochta Riosca agus Creat Rialachais glactha aige chun tacú lena mhaoirseacht ar riosca ar fud an Ghrúpa.

Fágann an Bord an fhreagracht maidir le maoirseacht rioscaí sainiúla faoi na Coistí Boird de réir Théarmaí Tagartha na gCoistí agus a réimsí saineolas ar leith. Tugann Cathaoirligh na gCoistí tuairisc don Bhord iomlán faoi na príomhfhorbairtí agus na ceisteanna a bhfuil tuilleadh plé agus machnaimh ag teastáil uathu. Tá freagracht fhoriomlán ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi chinntiú go ndéantar rioscaí agus deiseanna fiontraíochta a aithint, a mheasúnú, a thuairisciú agus a smachtú thar ceann an Bhoird agus tugann sé comhairle don Bhord maidir lena bhreithiúnas faoi ghlacadh rioscaí, lamháltas riosca agus straitéis riosca an Ghrúpa.

Tá mionsonraí faoin méid a rinne an Bord agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca in 2019 i dtaca lena gcuid freagrachtaí riosca leagtha amach ar leathanach 93.

Baineann ESB úsáid as measúnú straitéiseach ón mbarr anuas ar riosca agus ar inghlacthacht riosca, measúnú a chuireann an timpeallacht sheachtrach ghnó agus aon athrú ar an múnla gnó san áireamh, chomh maith le próiseas aitheantais agus tuairiscithe oibriúcháin ón mbun aníos, a eascraíonn as athbhreithniú agus as measúnú ar na cláir riosca um aonaid ghnó.

Rinneadh Beartas Bainistíochta Riosca agus Creat Rialachais ESB a athbhreithniú i rith 2019, lena chinntiú go mbeadh comhsheasmhacht sa chur chuige maidir le bainistíocht riosca ar fud an Ghrúpa.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOIRSEACHTA RIOSCA LE LINN 2019

Go luath in 2019, rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú ar Phlean Riosca an Ghrúpa do 2019, inar leagadh amach na Príomhrioscaí agus na Rioscaí a bhí ag Teacht Chun Cinn don Ghrúpa, lena n-áirítear na rialaithe agus na gníomhaíochtaí maolaithe a moladh chun rioscaí a bhainistiú le linn 2019, agus mhol an Coiste an Plean don Bhord. Cuireadh tuarascálacha ráithiúla faoi bhráid an Choiste inar breithníodh stádas agus tionchar chur i bhfeidhm na rialaithe agus na ngníomhaíochtaí maolaithe a aithníodh, agus inar tugadh dearbhú go raibh an próiseas bainistíochta riosca láidir.

Chuimsigh Plean Riosca an Ghrúpa Plean Oibre cuimsitheach don Choiste, inar tugadh mionsonrú ar a chuid gníomhaíochtaí maoirseachta don bhliain. D'aithin an Coiste roinnt ábhar ar leith gur mhian leo díriú orthu i rith na bliana, lena n-áirítear:

- Monatóireacht a dhéanamh ar phríomhfhorbairtí rialála
- Aird a choinneáil ar chibear-rioscaí agus ar thionchar teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn
- An ullmhacht a thuiscint maidir le rioscaí a bhaineann le Brexit
- Monatóireacht a dhéanamh ar neamhchosantaí reachtacha agus dlíthiúla eile a thiocfaidh chun cinn, Cód Cleachtais nua um Rialachas de chuid na Ríochta Aontaithe go háirithe

D'eagraigh an Coiste ceardlann lae iomláin lasmuigh den láthair, agus tugadh cuireadh do chomhaltaí uile an Bhoird freastail uirthi, chun scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar na hábhair sin agus ar ábhair eile a tháinig chun cinn le linn 2019. Thug cainteoirí seachtracha léargas breise do chomhaltaí an Bhoird.

Anuas air sin, chun go mbeadh an Coiste cothrom le dáta le gluaiseachtaí riosca atá ábhartha don ESB, cuireadh réimse de pháipéir bhreise maidir le príomhábhair a bhaineann le riosca ar fáil don Choiste le linn na bliana. Pléadh iontu ábhair amhail tuarascáil an Mheasúnaithe Náisiúnta Riosca 2018 agus Athbhreithniú Riosca Domhanda 2019 an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda, chomh maith le hathbhreithnithe ar theagmhais sheachtracha a bhí ábhartha don Ghrúpa.

Le linn 2019, rinne ESB iarracht réimse de phríomhtháscairí feidhmíochta a aithint agus tuairisc a thabhairt orthu don Choiste chun cabhrú leis monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht a ghníomhaíochtaí maoirseachta riosca. Ina theannta sin, aithníonn ESB réimse de rioscaí Tionchar Ard Dóchúlacht Íseal (HILP) atá ábhartha don Ghrúpa agus féachann sé len iad a mhaolú. Is aicme rioscaí iad HILPanna a d'fhéadfadh damáiste tubaisteach fadtéarmach a dhéanamh don ghnó. Déantar athbhreithniú iomlán ar HILPanna gach dara bliain. Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach in 2018, agus measadh go raibh toradh an athbhreithnithe sin ábhartha fós in 2019. Bíonn cruinnithe ráithiúla ag feidhmeanna Riosca Grúpa, Iniúchóireacht Inmheánach agus Airgeadais an Ghrúpa chun rialú inmheánach agus tuairisciú ar riosca a athbhreithniú. Leis sin déantar cinnte go bhfuil ailíniú idir na feidhmeanna, go rointear níos mó faisnéise agus go mbíonn níos mó deiseanna chun réimsí inar féidir feabhas a dhéanamh a aithint sa chreat smachta inmheánaí foriomlán.

## CULTÚR AN RIOSCA


Cinneann cultúr ESB an bealach a n-aithníonn, a dtuigeann, a bpléann agus á ngníomhaíonn ár bhfostaithe i leith na rioscaí a ghlacann siad agus a thagann rompu ar bhonn laethúil. (Féach Ár Luachanna ar leathanach 20).

Chur cur le feasacht maidir le riosca, tá luachanna ESB ag croílár na cainte le fostaithe fós, le cinntiú go gcruthaimid tuiscint shoiléir sheasmhach ar an mbealach a mbeimid ag obair. Tá glactha ag ESB le beartais a éascaíonn agus a spreagann timpeallacht ina n-aireoidh daoine ar a suaimhneas ag labhairt faoi shaincheisteanna agus ina dtabharfaidh an bhainistíocht aird ar chúiseanna imní agus go ndéilealfaidh siad leo go gairmiúil agus de réir na n-oibleagáidí dlíthiúla atá i bhfeidhm faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, rud a thacóidh le fréamhú an chultúir riosca san eagraíocht. Rinneadh athbhreithniú ar Pholasaí Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta ESB in 2019 le cinntiú go bhfuil an creat maidir le hábhair imní sásúil agus soiléir go leor.

Tacaítear le cinnteoireacht trí leibhéil shoiléire údaráis a bheith i bhfeidhm, anailís dhian a dhéanamh ar riosca mar chuid de phleanáil ghnó/tionscadail agus an t-ailíniú idir infheistíocht agus ár n-inghlacthacht riosca arna sonrú do gach aighneacht ceadaithe ag an mBord a mheas. Cuirtear oiliúint sonrach ar fáil maidir le gníomhaíochtaí ardriosca, lena n-áirítear riosca cibear-fheasacht oibriúcháin líonra, priobháideachas sonraí agus gníomhaíochtaí trádála fuinnimh. Leis an gcur chuige sin déantar cinnte go dtarraingítear aird go luath ar rioscaí agus éiginnteachtaí ionas gur féidir gníomh pras a ghlacadh chun aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann d'fhostaithe agus do pháirtithe leasmhara eile a mhaolú.

Is é an Bord atá freagrach sa deireadh as an timpeallacht a shocrú ag barr na heagraíochta. Tugann an cur chuige a bhfuil cuntas gearr tugtha dó cheana dearbhú don Bhord go dtacaíonn an cultúr riosca le bainistíocht éifeachtach ar riosca fiontraíochta. Soláthraíonn an Deais Chultúir, a tugadh isteach le linn 2019, dearbhú don Bhord ar an leibhéal éifeachtúlachta a bhaineann le fréamhú an chultúir a dteastaíonn, ag teacht le luachanna ESB, ar fud na heagraíochta.

## INGHLACTHACHT RIOSCA REATHA




## INGHLACTHACHT RIOSCA

Tá Creat ESB um Inghlacthacht Riosca dírithe ar an inghlacthacht riosca a shocrú ag leibhéal an Ghrúpa ar feadh toisí éagsúla riosca agus cuireann sé bunús ar fáil chun cumarsáid a dhéanamh tríd an eagraíocht maidir le hinghlacthacht riosca. Déantar breithniú ar a láithreacht ar feadh gach gné de shlabhra luacha an tionscail, dá thiomantas do bhainistíocht stuama airgeadais agus don cur chuige láidir eiticiúil a bhíonn ag an ESB agus é i mbun gnó.

Tugann inghlacthacht riosca treoir don phróiseas bliantúil pleanála gnó trí shainmhíniú a thabhairt ar an bpróifíl riosca réamhbhreathnaitheach atá ag an ngrúpa chun gur féidir leis spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Tá sé seo fréamhaithe i gcinntí bainistíochta riosca ó lá go lá trí lamháltas riosca agus teorainneacha ar chineálacha rioscaí ábhartha (e.g. trádáil fuinnimh agus oibriúcháin cisteáin) a úsáid. Cinntíonn sé sin go mbíonn an phróifíl riosca ag teacht fós leis an inghlacthacht riosca, rud a chothromaíonn rioscaí agus torthaí.

Déanann an Bord Ráiteas Inghlacthachta Riosca an Ghrúpa a fhaomhadh ar chomhairle an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca. Tá an Straitéis Todhchaí Níos Gile comhsheasmhach leis an Ráiteas Inghlacthachta Riosca a shínigh an Bord in 2017 ó thaobh díriú ar infheistíocht, geografaíochtaí, ar theicneolaíocht agus ar chustaiméirí. Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrioscaí le linn 2019 ag déanamh tagairte don Ráiteas Inghlacthachta Riosca a bhí faofa.

Déanfaidh an Bord athbhreithniú iomlán ar an Inghlacthacht Riosca in 2020.

## PRÍOMHRIOSCAÍ an GHRÚPA 2019

Glacann Plean Riosca an Ghrúpa 2019 straitéis fhaofa an Bhoird, "Straitéis Todhchaí Níos Gile – ESB 2030" (Straitéis 2030), mar phointe tosaigh. San áireamh sna breithiúnais bhreise sheachtracha, bhí an 'Measúnú Riosca Náisiúnta 2018'[1] agus 'Tuarascáil Riosca Domhanda 2019'[2], forbairtí seachtracha margaidh agus breithiúnais eile dlí agus rialála a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an múnla gnó. Déantar Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn a chur san áireamh, chomh fada agus is féidir, don tréimhse 2020 go 2023, chun cabhrú le neamhchosaintí a aithint a luaithe agus is féidir.

Tá na Príomhrioscaí do 2019 leagtha amach ar leathanach 28. Meastar go bhfuil tábhacht ag baint leis na rioscaí sin chun tuiscint a fháil ar an mbealach a gcruthaíonn ESB luach. Lean roinnt de na príomhrioscaí de bheith seasta le linn 2019, lena n-áirítear an riosca sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil, an cibear-riosca/an riosca sceite sonraí, an riosca seachadta bonneagair, an riosca feidhmíochta airgeadais agus an riosca polaitiúil/geilleagrach. Meastar gur mhéadaigh rioscaí eile, mar a shonraítear thíos, le himeacht na bliana.

Tá Plean Riosca an Ghrúpa do 2019 deartha chun dóthain dearbhaithe a thabhairt:

- gur tugadh aird ar leith do na rioscaí a bhaineann lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach
- go ndearna na gnóthaí rioscaí a aithint agus a thomhas i gceart ón mbun aníos agus go ndearna an Grúpa Riosca, an Coiste Bainistíochta Riosca agus Fóram Riosca Fhoireann an Stiúrthóra Feidhmiúcháin athbhreithniú ón mbarr anuas orthu agus gur thug siad aghaidh orthu go leordhóthanach
- go ndearnadh rioscaí agus inghlacthacht riosca a ailíniú
- go bhfuil rialaithe agus maoluithe riosca cuí i bhfeidhm chun dóchúlacht theacht chun cinn rioscaí a laghdú agus go bhfuil sásraí aisghabhála chun tionchar theagmhais a laghdú i bhfeidhm
- go bhfuiltear ag rianú forbairtí riosca a thagann chun cinn thar am
- go dtuigtear an t-ullmhúchán bainistíochta is gá chun rioscaí a bhainistiú
- go ndéantar freagracht maidir le riosca a leithdháileadh chun cuntasacht a chinntiú
- go bhfuil Plean Cumarsáide i bhfeidhm chun an Bord agus na fochoistí cuí a chur ar an eolas faoi phríomhábhair riosca le linn na bliana.

## RIOSCAÍ AIRGEADAIS

Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa le leachtacht, malairt eachtrach, rátaí úis agus athruithe ar phraghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla). Athbhreithníonn, leasaíonn agus faomhann an Bord beartais go rialta a thugann cosaint don Ghrúpa ar na rioscaí seo agus in aghaidh rioscaí eile, amhail rioscaí creidmheasa (tugtar tuilleadh eolais faoi seo i nóta 28 de na ráitis airgeadais).

## RIOSCAÍ ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

Cuireann an creat bainistíochta riosca ar chumas an Ghrúpa rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint, a mhionscrúdú agus a bhainistiú chun cabhrú le nochtuithe do riosca a aithint a luaithe agus is féidir. Déantar é seo a bhainistiú mar chuid den phróiseas céanna trína n-aithnítear na príomhrioscaí. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú orthu seo i bpáirt leis na príomhrioscaí. Cé gur phríomhghné de straitéis ESB é aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide, aithnítear mar chuid den riosca atá ag teacht chun cinn go bhfuil dlús faoin athrú, go háirithe i gcomhthéacs líon agus réimse méadaithe na n-oibleagáidí.

## LEANÚNACHAS GNÓ

Tá freagracht ar ESB bonneagar chriticiúil a sholáthar agus d'fhéadfadh cur isteach ar sheirbhísí agus oibríochtaí dochar a dhéanamh don gheilleagar, don tsochaí agus do ghnó ESB. Mar sin féin, tá sraith de phleananna agus phróisis dhaingne um leanúnachas gnó i bhfeidhm ag ESB chun déanamh go éifeachtach dea-bhainistiú ar ár gcuid freagairtí agus go gcuirtear i bhfeidhm go maith iad. Tá cleachtadh agus tástáil na bpleananna sin ríthábhachtach d'ullmhacht ESB.

[1] Foilsithe ag Roinn an Taoisigh
[2] Foilsithe ag Fóram Eacnamaíochta Domhanda

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

# CREAT UM BAINISTIÚ RIOSCA

**ÓN MBARR ANUAS**

RIALÚCHÁIN

**RÓL AN BHOIRD**

Faomhann sé Straitéis ESB Group

Faomhann sé an Beartas Riosca, an Creat Bainistithe Riosca iomlán, Inghlacthacht Riosca, Pleananna Riosca agus Spriocanna Feidhmíochta

**AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ RIOSCA**
Tugann sé comhairle maidir le hinghlacthacht riosca, rialachas riosca agus ceisteanna eile a bhaineann le riosca ardleibhéil

**AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA**
Tugann sé comhairle faoi thrádáil fuinnimh, cistíocht agus riosca infheistíochta / tionscadail

**AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL**
Tugann sé comhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta chun a chinntiú go gcomhlíonann ESB a chuid oibleagáidí sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil

**AN COISTE UM LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BAINISTEOIREACHTA**
Cinntíonn sé go bhfuil an inghlacthacht riosca faofa, an cúiteamh, an roghnú agus na próisis chinnteoireachta bhainteacha i gcomhréir lena chéile

**AN COISTE MARGAÍOCHTA AGUS CUSTAIMÉIRÍ**
Cinntíonn sé go bhfuil tionscnaimh agus cláir chustaiméirí ar aon dul le cuspóirí straitéiseacha ESB

**RÓL NA BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ**

Freagrach as straitéis a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm laistigh de theorainneacha na hinghlacthachta riosca

Freagrach as rialachas agus rialúcháin riosca

PRÓISIS

**INGHLACTHACHT RIOSCA**

Déantar cur síos anseo ar na rioscaí a bhfuil an Grúpa toilteanach glacadh leo bunaithe ar straitéis fhadtéarmach, ar bhunphrionsabail riosca, ar luachanna agus ar inniúlachtaí bainistithe riosca

**BEARTAIS BHAINISTITHE RIOSCA AGUS AN CREAT RIALACHAIS**
Cinntíonn go ndéantar maoirseacht chuí ar chuntasacht maidir le bainistiú riosca

**SAMHAIL NA TRÍ LÍNE COSANTA**
Sainíonn róil agus freagrachtaí don bhainistiú riosca

**CULTÚR AN RIOSCA**
Cumasaíonn sé daoine chun an rud ceart a dhéanamh ar son pháirtithe leasmhara, custaiméirí agus fostaithe

**FEIDHM RIOSCA NEAMHSPLEÁCH**
Cinntíonn go ndéantar an t-athbhreithniú agus an mhonatóireacht riachtanach ar riosca

**PRÓISIS AGUS NÓSANNA IMEACHTA UM BAINISTIÚ RIOSCA**

- PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS RIOSCAÍ ATÁ AG TEACHT CHUN CINN
- TEASLÉARÁID DÉINE RIOSCA AGUS RIALAITHE
- TÁSTÁIL LEANÚNACHAIS GNÓ
- PRÓISIS CHUN RIOSCAÍ A THÉANN THAR THEORAINNEACHA NA HINGHLACTHACHTA RIOSCA A AITHINT, A MHONATÓIRIÚ AGUS A MHAOLÚ

**RIOSCAÍ AN PHRÍOMHAONAID GHNÓ**


Rioscaí a eascraíonn ó ghníomhaíochtaí gnó atá tomhaiste, agus a ndéantar monatóireacht agus bainistiú orthu

**BUNAITHE AR LUACHANNA ESB**

**ÓN MBUN ANUAS**



## TEASLÉARÁID DÉINE RIOSCA AGUS RIALAITHE




**OIBRIÚCHÁN:**
A Sláinte, Sábháilteacht agus Comhshaol
B Cibear-chúrsaí agus Infhaighteacht Córas
C Cur i bhfeidhm Tionscadal / Bonneagar

**RIALÁLA:**
E Branda / Dea-cháil
F Rialáil / Forbairt Margaidh
G Polaitiúil / Neamhchinnteacht Geilleagrach
H Rialachas / Comhlíonadh

**AIRGEADAS:**
D Feidhmíocht Airgeadais

**STRAITÉISEACH:**
I Claochlú Eagraíochtúil

**Timpeallacht Riosca**

▲ MÉADÚ – GAN ATHRÚ ▼ LAGHDÚ

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

# PRÍOMHRIOSCAÍ

Tá na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa leagtha amach thíos. Sonraítear freisin an cuspóir straitéiseach lena mbaineann siad, chomh maith le haon athrú ar an timpeallacht riosca a tharla le linn na bliana. Ar a bharr sin, sonraítear an té atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an riosca, na príomhbhealaí maolaithe atá ann, na forbairtí maidir leis an riosca le linn 2019, agus na réimsí fócais i rith 2020.

## OIBRIÚCHÁIN

### A. SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHT AGUS COMHSHAOL

Timpeallacht Riosca

Maoirseacht: An Coiste Sláinte, Sábháilteachta & Comhshaoil

#### Cén riosca atá i gceist?

Riosca go dtarlódh díobháil thromchúiseach nó bás dár bhfostaithe, dár gconraitheoirí, do mhuintir an phobail, nó go ndéanfaí damáiste don chomhshaol de bharr oibríochtaí ESB

#### Tiomántóirí Riosca

- Beartais agus nósanna imeachta neamhdhóthanacha
- Iniúlacht easnamhach (oiliúint, saineolas & taithí)
- Neamhchomhlíonadh caighdeán agus nósanna imeachta
- Teip sócmhainní a cothabháil
- Rannpháirtíocht in earnálacha nua, m.sh. grianchumhacht, fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, sábháilteacht ar muir
- Bonneagar lochtach/contúirteach tríú páirtí
- Rioscaí slándála sa bhaile agus thar lear
- Moill ar bhearta chun na rioscaí comhshaoil is práinní a mhaolú

#### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Caighdeáin a leagan síos don Ghrúpa
- Nósanna imeachta mionsonraithe maidir le hoiliúint, forbairt agus faomhadh
- Clár um Bunathrú a dhéanamh ar an gCultúr Sábháilteachta
- Cláir rannpháirtíochta le haghaidh fostaithe, conraitheoirí agus an phobail
- Éascú nochtuithe rúnda trí líne chabhrach rúnda (arna bainistiú ag Iniúchóireacht Inmheánach an Ghrúpa)
- Córais bhainistithe chothabhála, cigireacht agus deimhniú trealaimh, cigireachtaí reachtúla
- Nósanna imeachta maidir le dearbhú agus iniúchadh (seachtrach agus inmheánach)
- Deimhniú seachtrach, m.sh. ISO
- Tagarmharcáil sheachtrach den leibhéil feidhmíochta maidir leis an gcomhshaol agus an inbhuanaitheacht
- Measúnuithe riosca a chur i gcrích roimh thaisteal fostaithe chun críche gnó nó roimh aistriú fostaithe thar lear
- Comhdhlúthú na bhfreagrachtaí slándála ar fud an Ghrúpa i ról lárnach nua - Bainisteoir Slándála Fiontair
- Tuairisciú ar tháscairí feidhmíochta maidir leis an gcomhshaol agus leis an inbhuanaitheacht
- Cláir sábháilteachta poiblí

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Nósanna imeachta maidir le bainistiú agus freagairt teagmhas
- Tástáil cásanna
- Nósanna imeachta i dtaca le bainistiú géarchéime/leanúnachas gnó
- Feidhm a bhaint as Seirbhísí Sláinte & Folláine ceirde chun tacú le fostaithe
- Buan-nósanna imeachta i dtaca le hiniúchadh teagmhas
- Monatóiriú, rianú agus tuairisciú maidir le bearta a tugadh chun críche chun déileáil le teagmhais thromchúiseacha

#### Forbairtí in 2019

- Feabhsúcháin tugtha faoi deara ar líon na dteagmhas sábháilteachta tromchúiseach
- Feabhsúcháin tugtha faoi deara sna táscairí feidhmíochta, lena n-áirítear bearta a tugadh chun críche mar thoradh ar iniúchtaí dáiríre, mar aon le breitheanna maithe
- Cinntiú go bhfuil aird an phobail á ndíriú ar na contúirtí a bhaineann leis an leictreachas, i bhfianaise gur tharla bás amháin sa phobal
- Aird leanúnach á ndíriú fós ar bhearta maolaithe chun dul i ngleic le cur isteach tríú páirtí agus goid sócmhainní leictreachais
- Cur i bhfeidhm an phrótacail tuairiscithe i ndáil le ligean leachta cábla
- Athbhreithniú iomlán ar na coinníollacha ceadúnais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) ar fad agus na rioscaí gnó gaolmhara i ngach ionad Giniúna agus Trádála, agus rinneadh pleananna feabhsúcháin a fhorbairt mar is gá
- Foireann ceannaireachta Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta a bhunú
- Monatóireacht leanúnach ar liostaí iarrthóra Suíomh Tosaíochta Náisiúnta GCC

#### Réimse Fócais in 2020

- Leanann an Grúpa de bhéim lárnach a leagan in 2020 ar an tsláinte, an tsábháilteacht agus an comhshaol, agus beimid ar ár ndícheall chun cultúr ardfheidhmíochta a chur i bhfeidhm go forleathan mar chuid dár Straitéis Todhchaí Níos Gile
- Fócas ar leith ar an riosca Comhshaoil agus Aeráide faoin gclár riosca 2020

## STRAITÉISEACH

MAOIRSEACHT

### B. CIBEAR-CHÚRSAÍ AGUS INFHAIGHTEACHT CÓRAS

Timpeallacht Riosca

Maoirseacht: An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

#### Cén riosca atá i gceist?

An riosca go mbeadh teip mhór ar chórais chriticiúla Teicneolaíocht Faisnéise (TF) / Teicneolaíocht Oibríochtúla (TO) mar thoradh ar theipeanna bonneagair TF mailíseacha ná neamh-mhailíseacha nó mar thoradh ar chibear-ionsaí a n-éiríonn leis agus/ná sceitheadh sonraí suntasach

#### Tiomántóirí Riosca

- Cibear-ionsaí a n-éiríonn leis, lena n-áirítear ionsaí bogearraí éirice nó fioscaireachta ar chórais ESB/comhpháirtithe seachfhoinsithe ESB
- Fadhb shuntasach i dtaca le crua-earraí, earráid bogearraí, nó teip líonraithe a bhfuil teip córas/bonneagair TF mar thoradh air
- Infhaighteacht saineolais
- A bheith ag brath níos mó ar an teicneolaíocht/ar chórais chun nósanna imeachta gnó a chur i bhfeidhm
- Ionsaithe ag éirí níos sofaisticiúla agus ag tarlú níos minice
- Teip i dtaca le líonra móibíleach/teilechumarsáide tríú páirtí
- Earráid dhaonna
- Nósanna imeachta bainistithe sonraí faoi bhun an chaighdeáin is fearr
- Easpa rialúchán leordhóthanach maidir le "scáth-réitigh" TF tríú páirtí
- Easpa socruithe leanúnachais gnó maidir le córais lárnacha TF/TO
- Líon suntasach tionscadal ar mhórscála a bheidh beo den chéad uair ag deireadh 2020 - uasghrádú SAP, Méadrú Cliste srl.

#### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chibear-thimpeallacht ESB
- Athbhreithniú rialta ar na córais TF agus an teacht aniar a bhaineann leo
- Sraith beartas/nósanna imeachta TF, de réir na gcaighdeán is fearr sa tionscal
- Feasacht faoi shlándáil TF ar fud na heagraíochta
- Uasghrádú tráthúil ar chórais agus feidhmchláir lárnacha TF
- Athshlánú ó thubaiste agus socruithe teipaistrithe
- Measúnuithe aibíochta seachtraí, agus cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Cyber 2020 i rith 2019/2020 chun rátálacha aibíochta a fheabhsú
- Obair i gcomhar leis na saineolaithe slándála náisiúnta ábhartha agus le príomhsholáthraithe bonneagair
- Measúnuithe riosca le haghaidh córais nua nó córais uasghrádaithe
- Cur i bhfeidhm tionscadail scriosta sonraí

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Pleananna bainistithe géarchéime a chur i ngníomh
- An balla dóiteáin a dhianghlasáil, más cuí
- Pleananna a chur i bhfeidhm chun freagairt do chibear-theagmhais agus athshlánú ó theagmhais
- Leanúint de chumas freagartha agus athshlánaithe na feidhme slándála TF a threisiú
- Cumarsáid chruinn thráthúil a dhéanamh le Rialtóirí, páirtithe leasmhara, fostaithe agus custaiméirí de réir luachanna ESB
- Tabhairt faoi athbhreithniú láithreach ar phróisis ghnó chun bunchúis an tsáraithe a aimsiú agus chun é a réiteach
- I gcás teagmhas a bhaineann le sceitheadh sonraí, an Plean/Próiseas Gníomhaíochta um Sceitheadh Sonraí a chur i bhfeidhm agus a thabhairt le fios, más cuí, d'Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

#### Forbairtí in 2019

- Tá Clár Cibearshlándála ESB á chur i bhfeidhm faoi láthair (le bheith tugtha chun críche faoi dheireadh L1 2020)
- Infheistíocht shuntasach leanúnach in acmhainní coisc agus brathadóireachta
- Ullmhúcháin idir lámha le haghaidh chur i bhfeidhm na Treorach maidir le Slándáil an Líonra agus na gCóras Faisnéise (NIS)
- Cur i bhfeidhm córas SIEM (Teagmhas Slándála & Monatóireacht Teagmhas) 24 X 7
- Róil nua Chibearshlándála TO (Teicneolaíocht Oibríochtúil) arna sainaitheant
- Róil nua éifeachtachtúlacht chibear-chúrsaí a fréamhú san éagraíocht
- Dhá chleachtadh bhainistithe chibir-ghéarchéime curtha i bhfeidhm ag leibhéal Seirbhísí Fiontair agus na Foirne Stiúrthóra Feidhmiúcháin
- Ról tiomnaithe don phleanáil comhcheangail tugtha isteach ó thaobh cur i bhfeidhm tionscadal de, lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le pleanáil láidir do na dátaí ar a mbeidh il-tionscadail ag tosú

#### Réimsí Fócais in 2020

- Ós rud é gur príomhsholáthraí bonneagair é ESB, is tosaíocht don Bhord é an cibear-riosca. Is é an aidhm atá leis seo ná cloí le haibíocht ceathairíle ardleibhéil.
- Cur i bhfeidhm rathúil an tionscadail nuashonraithe SAP 4 Hana agus na ngnéithe TF agus sonraí a bhaineann leis an gclár um Méadrú CLISTE

TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓTHAS A FHÁS AGUS LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ SAN AM CÉANNA

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

## C. CUR I bhFEIDHM TIONSCADAIL / BONNEAGAIR

**Timpeallacht Riosca** ↔

**Maoirseacht: An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca**

### Cén riosca atá i gceist?

Dúshláin ó thaobh síneadh amach an bhonneagair leictreachais de

### Tiomántóirí Riosca

- Athrú suntasach ar fhás éilimh thar thréimhse ama ghearr, i dtaca le cúrsaí tráchtála (m.sh. ionad sonraí) agus teaghlaigh araon
- Dúshláin ó thaobh soláthar ná slabhraí soláthair
- Ceisteanna príobháideachais maidir le seoladh an Mhéadraithe Chliste
- Fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr úsáid na dteicneolaíochtaí nua
- Spleáchas méadaithe ar phríomhpháirtithe seachfhoinsithe/tríú páirtí
- Dúshláin maidir leis an leithdháileadh costas agus ama a bhainistiú i gcomhthéacs an dúshláin a bhaineann leis an scála cur i bhfeidhm
- Diúltú an phobail do bhonneagar
- Tráthúlacht chur i bhfeidhm na n-athruithe reachtúla a theastaíonn chun tacú le forbairt fuinnimh gaoithe amach ón gcósta
- Cur isteach a d'fhéadfadh eascairt ón aistriú chuig an aonad gnó nua Innealtóireachta & Mórthionscadal
- Brú a bhaineann le giniúint inathnuaite a nascadh laistigh de na sprioc-amanna a bhfuiltear ag súil leo de réir na Scéime um Thacú le Leictreachas Inathnuaite (RESS) agus an Bheartais um Nascadh Leictreachais (ECP)

### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Creata, córais agus nósanna imeachta láidre bainistithe tionscadail a chur i bhfeidhm
- Forbairt chomhoibríoch de phlean 10 mbliana chun riachtanais bhonneagair agus atreisithe Bhaile Átha Cliath a chinneadh idir ESB Networks agus EirGrid
- Plean aistrithe mionsonraithe le forbairt agus le cur i bhfeidhm chun Innealtóireacht & Mórthionscadail a chur ar bonn, ionas go mbeifear in ann mórthionscadail bhonneagair a thabhairt chun críche
- Sceideal maidir le soláthar athnuaiteán a fhorbairt
- An straitéis maidir le conraitheoireacht / ceapadh féideartha conraitheoirí a athbhreithniú
- Tionscadal um Méadrú Cliste a bheidh sonraithe go soiléir a chur ar bun, faoi réir na struchtúr agus rialúchán rialachais cuí
- Plean Acmhainní Straitéiseacha a ullmhú lena chinntiú go bhfuil samhail acmhainní optamach á húsáid

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Cuir chuige úra nuálacha a phlé i leith nasc
- An tsamhail acmhainne optamach a athbhreithniú d'fhonn cláir oibre a chur i bhfeidhm
- Comhairliúcháin níos leithne le páirtithe leasmhara mar chuid dár straitéis Todhchaí Níos Gile chun tacaíocht a fháil le haghaidh forbairt bonneagair
- Cumas lándéanta a fhorbairt in ESB ionas gur féidir mórthionscadail nascadh le custaiméirí a chur i bhfeidhm.
- Naisc shealadacha a chur i bhfeidhm fad agus a bhíonn obair atreisithe níos doimhne idir lámha
- Machnamh a dhéanamh ar roghanna reachtacha i leith Méadrú Cliste

### Forbairtí in 2019

- Leanadh d'obair a aistriú chuig Innealtóireacht agus Mórthionscadail i rith 2019
- Tá an fás éilimh ar ionaid sonraí (go háirithe i mBaile Átha Cliath) fós ard
- D'ainneoin na ndúshlán suntasach a tháinig chun cinn i rith a cláir céime tógála, d'éirigh le feirm ghaoithe Oweninny (89 MW) (Céim 1) i dTuaisceart Mhaigh Eo dul i ngníomh ar bhonn tráchtála roimh an sprioc
- Tá dul chun cinn suntasach déanta le feirm ghaoithe Chnocán an Phóna (114 MW) i gCo. Ciarraí, agus rinne an fheirm ghaoithe sin 50 MW de chumhacht choimisiúnaithe a easpórtáil i R4 2019
- Diúltaíodh d'iarratas ESB chuig An Bord Pleanála ag lorg cead chun Cumhachtstáisiún Uíbh Fhailí a aistriú ó mhóin go dtí bithmhais

### Réimsí Fócais in 2020

Leanfaidh ESB den nuáil agus den chomhoibriú le gach páirtí leasmhar d'fhonn freastal ar a riachtanais bhonneagair chun leasa an gheilleagair, na sochaí agus an chomhshaoil

## AIRGEADAS

## D. FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

**Timpeallacht Riosca** ↑

**Maoirseacht: An Coiste Airgeadais & Infheistíochta**

### Cén riosca atá i gceist?

Teip an láidreacht airgeadais a choinneáil a theastaíonn chun bonn a chur faoi inmharthanacht fhadtéarmach ESB

### Tiomántóirí Riosca

- Riosca liúntais rialála a shárú
- Gan a bheith in ann idirbheartaíocht rathúil a dhéanamh maidir le conradh inmhaoinithe rialaithe praghsanna nua
- Ísliú maidir le hioncam margaidh agus an raon difríochta praghsanna margaidh in 2019 mar thoradh ar ghluaiseachtaí sa mhargadh tráchtearraí agus / nó athruithe rialála
- Gan fáil a bheith ag ESB ar an soláthar tionscadal a theastaíonn chun an phunann Ghiniúna a athnuachan agus a fhás, go háirithe maidir le hathnuaiteáin; é sin, nó gan a bheith ar a gcumas tionscadail dá leithéid a chur i bhfeidhm
- An baol nach gcomhlíonfadh an phunann giniúna reatha na spriocanna feidhmíochta
- Teip na tionscnaimh riachtanacha maidir le feabhsú feidhmíochta a chur i gcrích
- Gníomhaíocht mhéadaithe ár n-iomaitheoirí

### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Nósanna imeachta maidir le pleanáil agus buiséadú gnó a chur i bhfeidhm, a bheidh dírithe ar chur i ngníomh Straitéis Todhchaí Níos Gile ESB agus ar láidreacht airgeadais na cuideachta a chosaint
- Íosrátaí toraidh cuí a shocrú le haghaidh cinnteoireacht infheistíochta
- Leanúint de chost-éifeachtúlachtaí a lorg
- Leanúint d'aird a dhíriú ar ghnóthais/teicneolaíochtaí nua a shainaithint chun deiseanna fáis sa todhchaí a spreagadh
- Leithdháileadh caipitil a choinneáil faoi athbhreithniú ar fud Ghrúpa ESB
- Béim leanúnach ar chonarthaí rialála a chur i bhfeidhm
- Leanúint d'iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil ann de dheiseanna chun soláthar roghanna a fhorbairt, d'fhonn cinntiú gur féidir na spriocanna fáis maidir le sócmhainní giniúna a bhaint amach
- An Straitéis Trádála Giniúna a optamú d'fhonn tairbhe a bhaint as na deiseanna margaidh uile
- Monatóireacht réamhghníomhach a dhéanamh ar iompar iomaitheoirí agus straitéisí custaiméara a athrú mar is cuí

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Straitéis ESB Group a leasú chun a neart airgeadais a atógáil
- Déileáil le dúshláin rialála trí chumarsáid dhíreach a dhéanamh leis na húdaráis rialála
- Plé a dhéanamh ar an gcur chuige i leith pleananna infheistíochta sa todhchaí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar réimse roghanna i dtaca le bainistiú airgeadais

### Forbairtí in 2019

- D'eisigh ESB an chéad Bhanna Glas corparáideach poiblí in Éirinn i Meitheamh 2019, nuair a d'éirigh leo banna glas €500 milliún ar ráta seasta 1.125% a shocrú; banna a thiocfaidh in aibíocht i Meitheamh 2030
- Rinneadh aighneachtaí i leith Thréimhse Rialála 5 ESB Networks (2020 – 2024) (Athbhreithniú Praghsanna - PR5), agus táthar ag súil le cinneadh dréachta faoi R2 2020
- Fógraíodh comhpháirtíocht idir ESB agus Equinor chun tionscadail ghaoithe fhéideartha amach ón gcósta a chur i ngníomh
- Rinne ESB infheistíocht chun bun 50% a ghnóthú sa tionscadal feirme gaoithe 448 MW amach ón gcósta, Neart na Gaoithe (NnG) sa Ríocht Aontaithe
- Bainistiú réamhghníomhach de na spriocanna feabhsaithe feidhmíochta dúshlánacha atá leagtha amach ag an mBord le haghaidh gach gnóthas

### Réimsí Fócais in 2020

- Rannpháirtíocht leanúnach rialála agus teagmháil le páirtithe leasmhara i ndáil le haighneacht PR5 ESB Networks
- Leanúint d'aird a dhíriú ar ghnóthais / teicneolaíochtaí nua a shainaithint, agus ar sholáthar roghanna maidir le sócmhainní giniúna a fhorbairt, chun deiseanna fáis sa todhchaí a spreagadh
- Pleananna gnó a chur i bhfeidhm
- Cultúr ardfheidhmíochta a chur ar fáil ina dtacaítear le nuáil agus le comhoibriú

TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓTHAS A FHÁS AGUS LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ SAN AM CÉANNA

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

## RIALÁLA

### E. BRANDA / DEA-CHÁIL

Timpeallacht Riosca ↑

Maoirseacht: An Coiste Margaíochta & Custaiméirí

#### Cén riosca atá i gceist?

An riosca damáiste don bhranda ná do chlú na cuideachta

#### Tiomántóirí Riosca

- An baol go dtarlódh aon cheann dár bPríomhrioscaí, Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn, nó Rioscaí Ardtionchair nach Dealraitheach go dtarlóidís
- An baol go mbeadh custaiméirí ag éirí tuirseach de stoirmeacha agus d'éaradh seirbhíse de bharr stoirmeacha
- An riosca go n-iompródh soláthraithe nó comhpháirtithe ESB iad féin ar bhealach míchuí nó ar bhealach nach bhfuil ag teacht le luachanna ESB
- Torthaí rialála diúltacha
- Teip freagairt do ghéarchéim nó d'fheachtas diúltach sna meáin/meáin shóisialta go tráthúil agus ar bhealach atá bunaithe ar fhaisnéis chruinn
- An pobal a bheith ag cur i gcoinne, ar bhonn leanúnach, ghníomhaíochtaí ESB a chuireann leis an athrú aeráide nó a d'fhéadfadh a bheith contúirteach don chomhshaol

#### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Foireann Cumarsáide Chorparáide a bheith curtha i bhfeidhm
- Tacaíocht sheachtrach ar fáil maidir le branda, caidreamh poiblí agus na meáin
- Straitéis maidir leis na Meáin Shóisialta agus an Chumarsáid Dhigití
- Monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar na meáin shóisialta
- Clár comhtháite cumarsáide agus dea-cháil páirtithe leasmhara
- Athbhreithniú, nuashonrú agus tástáil rialta ar phleananna bainistithe géarchéime agus páirtithe leasmhara
- Próiseas docht maidir le roghnú comhpháirtithe agus soláthraithe, agus soiléire ó thaobh ionchais/luachanna de
- Monatóireacht leanúnach ar shástacht custaiméirí agus ar mhéadracht dea-cháile
- Straitéis/Beartas maidir le Cumarsáid Sheachtrach a bheith i bhfeidhm.
- Rannpháirtíocht leanúnach leis na meáin chun cumarsáid oscailte shoiléir a éascú
- Athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar phríomhghníomhaíochtaí bunaithe ar dhea-cháil, cuspóir agus luachanna corparáideacha
- Comhar gníomhach le haonaid ghnó chun deiseanna agus fadhbanna a aithint, a d'fhéadfadh a bheith ag teacht chun cinn

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Na pleananna ábhartha a chur i ngníomh, mar shampla, pleananna éigeandála, bearta i gcás stoirme, pleananna bainistithe/cumarsáide géarchéime agus páirtithe leasmhara, mar is cuí
- Ba chóir don aonad Cumarsáide Corparáide na socruithe maidir le caidreamh poiblí seachtrach a chur i bhfeidhm, mar is cuí
- Cur le hacmhainní na Foirne Cumarsáide Corparáide i gcás géarchéime
- Freagairt chruinn thráthúil ar fhadhbanna, agus a oiread faisnéise agus is féidir a chur ar fáil
- A chinntiú go bhfuil aon fhreagairt ar ghéarchéim ag teacht lenár gcuspóir agus luachanna

#### Forbairtí in 2019

- Rinneadh nochtadh cosanta in 2019, inar maíodh go ndearna ESB Networks roinnt mhaith gníomhartha sáraithe. Cé go rabhthas ag dul i ngleic cheana le han-chuid de na ceisteanna a ardaíodh sna nochtuithe, tugadh faoi iniúchadh iomlán lena chinntiú go bhféadfaí iad uile a aithint agus déileáil leo
- Tá luachanna ESB sonraithe agus curtha in iúl go soiléir do na fostaithe uile
- Clár iomlan gníomhaíochtaí branda, cumarsáide agus urraíochta curtha i bhfeidhm chun feasacht a ardú maidir le Straitéis Todhchaí Níos Gile ESB
- Leanúint de bheith ag plé le gach páirtí leasmhar ábhartha maidir leis na príomhrioscaí uile agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn

#### Réimsí Fócais in 2020

- Déanfaidh ESB a dhícheall in 2020 ár ndea-cháil a fheabhsú tuilleadh trí infheistíocht leantach a dhéanamh inár mbrandaí, an comhrá faoi aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin a threorú, agus barr feabhais a bhaint amach ó thaobh comhar le páirtithe leasmhara de
- Taighde cuimsitheach i gcomhar le páirtithe leasmhara tosaíochta pleanáilte le haghaidh 2020
- Ceardlanna dea-cháile sceidealaithe le haghaidh na n-aonad gnó d'fhonn deiseanna a aithint chun dea-cháil na cuideachta a fheabhsú i measc páirtithe leasmhara tosaíochta

### F. FORBAIRT RIALÁLA / MARGAIDH

Timpeallacht Riosca ↑

Maoirseacht: An Coiste Airgeadais & Infheistíochta

#### Cén riosca atá i gceist?

Teip freagairt d'fhorbairtí rialála nó margaidh, nó teip iad a thuar

#### Tiomántóirí Riosca

- Easpa sásra tacaíochta airgeadais chun aistriú chuig an mbithmhais
- Níl ann do na hathruithe reachtúla a theastaíonn chun tacú le forbairt fuinnimh gaoithe amach ón gcósta, nó níl siad tráthúil
- Easpa soiléireacht maidir leis an mbeartas a bhaineann le húsáid leantach guail
- Easpa tacaíochta chun an chreatlach tógála i dtithe a uasghrádú, agus chun aistriú chuig téamh agus iompar leictreach
- Níl chúititear an tsolúbthacht (seirbhísí coimhdeacha) a dhóthain sa mhargadh I-SEM
- Níl ioncam inmharthana seasta ag baint leis an margadh I-SEM
- Fuarthas go bhfuil an sásra um luach saothair don toilleadh atá i bhfeidhm in Éirinn neamhdhleathach (amhail an Ríocht Aontaithe)
- Athshonrú agus cur i bhfeidhm diúltach an Phacáiste Fuinnimh Ghlain (CEP)
- An riosca go ndéanfaí cinnteoireacht rialála dhiúltach i gcoinne ESB
- An riosca nach gcloífí leis na sprioc-amanna riachtanacha le haghaidh tuairisciú rialála

#### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Foireann tionscadail a bhfuil taithí mhaith acu a bhunú in ESB Networks chun tacú le PR5 agus idirbheartaíocht a dhéanamh ina leith
- Leanúint den chomhar leis an lucht déanta beartas i dtaca lena moltaí agus tacaíocht maidir le:
    - caighdeáin chuí nua le haghaidh tógála agus aisfheistithe
    - soiléire i ndáil leis an réimeas atá i bhfeidhm chun fuinneamh gaoithe amach ón gcósta a éascú
    - socruithe tacaíochta airgeadais don bhithmhais
    - socruithe i gcomhair athshonrú agus cur i bhfeidhm an Phacáiste Fuinnimh Ghlain
- Páirt a ghlacadh i bpróisis chomhairliúcháin faoi threoir rialálaithe
- Monatóireacht a dhéanamh ar cheadúnais agus é sin a thuairisciú do na Rialtóirí chun comhlíonadh leanúnach a léiriú

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Pleananna infheistíochta agus Straitéis ESB a mhodhnú dá réir
- Plé leantach a dhéanamh leis na húdaráis rialála agus leis an lucht déanta beartas, mar is cuí, agus i gcás an lucht déanta beartas, cuimhneamh ar na hoibleagáidí faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

#### Forbairtí in 2019

- Sheol Rialtas na hÉireann Ráiteas maidir le Beartas Pleanála Muirí i Meitheamh 2019, agus tá Bille um Pleanáil agus Forbairt Muirí a Bhainistiú idir lámha, a bheidh ina chumasóir lárnach d'fhorbairt an fhuinnimh ghaoithe amach ón gcósta
- Tar éis dhiúltú iarratas ESB chun stáisiún cumhachta Uíbh Fhailí Thiar a aistriú ón mhóin go dtí an bhithmhais, thug ESB faoi athbhreithniú de na roghanna atá ann do stáisiúin mhóna i ndiaidh 2020. Tar éis dóibh machnamh a dhéanamh ar na príomhcheisteanna a bhaineann le móin agus bithmhais ó thaobh na pleanála, an chomhshaoil agus na tráchtála de, is é an tátal a bhain siad ná nach bhfuil aon mhúnla gnó inmharthana ann ó 2020 ar aghaidh, ar an drochuair.
- Breithniú leanúnach ar na roghanna le haghaidh stáisiún cumhachta Ghob na Muine
- Beagnach bliain tar éis don Choimisiún Eorpach margadh toillte cumhachta na Ríochta Aontaithe a chur ar fionraí, rinne an rialálaí an clár a ath-thosú i nDeireadh Fómhair 2019, gníomh a scaoil thart ar £1 bhilliún d'íocaíochtaí iarchurtha le soláthraithe fuinnimh
- D'fhógair eCars ESB go mbeadh praghsáil ar bhonn céimnithe á tabhairt isteach acu i gcomhair an líonra luchtaithe phoiblí d'fheithiclí leictreacha i Samhain 2019
- Tá ESB Networks ag obair i gcomhpháirt i gcónaí leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le cur i bhfeidhm CEP

#### Réimsí Fócais in 2020

Leanfaidh ESB d'fhorbairtí rialála agus margaidh a mhonatóiriú go cúramach lena chinntiú go gcomhlíonann ESB a oibleagáidí reachtúla; beidh siad ag faire amach freisin le haghaidh aon athruithe ábhartha a d'fhéadfadh dul i gcion orthu, agus ag déileáil go cuí leis na hÚdaráis Rialála agus an lucht déanta beartas i gcomhthéacs an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015, agus tá siad sásta freagairt mar is cuí d'aon fhorbairtí

TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓTHAS A FHÁS AGUS LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ SAN AM CÉANNA

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

## G. NEAMHCHINNTEACHT PHOLAITIÚIL NÓ GHEILLEAGRACH

**Timpeallacht Riosca** ↑

**AN COISTE um INIÚCHÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ RIOSCA**

### Cén riosca atá i gceist?

Bíonn luaineacht sa mhargadh mar thoradh ar neamhchinnteacht pholaitiúil agus eacnamaíoch

### Tiomántóirí Riosca

- An riosca go mbeadh Brexit mí-ordúil ann, lena n-áirítear an riosca go mbeadh corraíl pholaitiúil thromchúiseach sa Bhreatain Mhór, a mbeadh tionchar aici ar phrionsabail an mhargaidh
- An riosca go dtiocfadh géarchéim airgeadais eile chun cinn, nó mar thoradh air sin, nach dtarlódh an mhaolú ar fhás na holltáirgeachta intíre (OTI) nó nach dtarlódh an boilsciú atáthar ag súil leis
- Neamhchinnteacht dhomhanda agus mishástacht le cúrsaí reatha polaitiúla agus eacnamaíocha ag dul i méid i measc an phobail
- Suaitheadh trom de bharr praghsanna fuinnimh
- Brostú an chláir oibre um Athrú Aeráide nó an éagothroime a mheastar a bheith ag baint leis an ualach comhroinnte costas i dtaca leis an athrú aeráide
- Gan dóthain aitheantais á thabhairt do thionchar na meán sóisialta/an róil atá ag gníomhaithe i dtaca leis an gcaoi a dtéann sin i bhfeidhm ar an gclár oibre polaitiúil

### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Pleananna teagmhais le haghaidh Brexit a ullmhú, lena n-áirítear comhar leanúnach le contrapháirtithe lárnacha lena chinntiú go leanfar den trádáil tar éis Brexit
- Monatóireacht ghéar a dhéanamh ar athruithe geopholaitiúla agus eacnamaíocha ar fud an domhain
- Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar inchairde contrapháirtithe agus so-ionramháilteacht le bainc a bhfuil saoráidí creidmheasa á soláthar acu, chun aon mhéadú ar neamhchosaint a shainaithint
- Leanúint dár bpleananna maidir le hinathuaiteáin agus an bonneagar d'Fheithiclí Leictreacha a chur i ngníomh

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Pleananna infheistíochta agus straitéis ESB a athrú dá réir d'fhonn aghaidh a thabhairt ar luaineacht gheopholaitiúil/eacnamaíoch
- An straitéis trádála a athbhreithniú agus a leasú

### Forbairtí in 2019

- Tá an Bhreatain Mhór ar tí imeacht ón Aontas Eorpach ar an 31 Eanáir 2020 - an ceathrú sprioc-am ó bhí reifreann 2016 ann. D'ainneoin na neamhchinnteachta a bhí ann fós, lean ESB de chinntiú i rith 2019 go raibh socruithe láidre i bhfeidhm chun déileáil le Brexit mí-ordúil nó crua. Cuireadh eolas nuashonraithe faoi na hullmhúcháin le haghaidh Brexit ar fáil trí huaire don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca i rith 2019, agus cuireadh eolas nuashonraithe ar fáil don Bhord aon uair amháin sa tréimhse chéanna
- Lean ESB de mhonatóireacht réamhghníomhach a dhéanamh ar fhorbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha i rith 2019, agus chuir siad eolas nuashonraithe ar fáil don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ón Measúnú Riosca Náisiúnta 2018 agus ó Athbhreithniú Riosca Domhanda an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda
- Tá ESB Networks ag obair i gcomhpháirt i gcónaí leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le cur i bhfeidhm CEP

### Réimsí Fócais in 2020

Leanfaidh ESB de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha i rith 2020 lena chinntiú go bhfuil ESB réidh le haon riosca a thagann chun cinn a mhaolú agus le tairbhe a bhaint as aon deiseanna gaolmhara

## H. RIALACHAS / COMHLÍONADH

**Timpeallacht Riosca** ↑

**AN COISTE um INIÚCHÓIREACHT agus MEASÚNÚ RIOSCA**

### Cén riosca atá i gceist?

Teip i dtaca le rialachas nó comhlíonadh mar thoradh ar oibleagáidí méadaithe agus grinnscrúdú ón taobh amuigh

### Tiomántóirí Riosca

- Leibhéil mhéadaithe oibleagáidí dlíthiúla i dtéarmaí méideanna, castachta agus idirnascachta, nach bhfuil ag éirí le creat beartais ná comhlíonta ESB coinneáil suas leis
- Bíonn riosca níos airde go dtarlóidh teip rialachais nuair a bhfuiltear ag éirí tuirseach den chomhlíonadh
- Leibhéil mhéadaithe grinnscrúdaithe ón taobh amuigh
- Teip ar na rialúcháin a baineann le rialachas agus chomhlíonadh i gcás oibleagáidí reatha reachtúla nó dlíthiúla, lena n-áirítear freagrachtaí comhshaoil nó ceadúnais
- Níltear ag dul i ngleic mar is cuí le cúiseanna imní, agus ábhar leo, a bhíonn á n-ardú ag fostaithe

### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Monatóireacht leanúnach ar riachtanais dhlíthiúla agus chomhlíonta
- Creata oiriúnacha chun dlíthe agus rialacháin a chomhlíonadh a chur ar bun agus acmhainní a chur i leataobh dóibh
- Feabhsú leanúnach a dhéanamh ar chreat beartais an Ghrúpa, lena n-áirítear cumarsáid agus oiliúint lena chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí
- Creata rialaithe inmheánaigh a mhionchoigeartú ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear próisis aontaithe fhianaisebhunaithe
- Maoirseacht leantach ar an socrú comhlíonta maidir le ceadúnais rialála
- Obair i gcomhpháirt leis na hÚdaráis Rialála chun athbhreithniú mion a dhéanamh ar gach gearán agus gach dúshlán a ardaítear maidir le ceadúnais
- Más féidir agus más cuí sin, tuairimí ESB a chur faoi bhráid comhairliúcháin a bhaineann le hathruithe rialála ná reachtaíochta
- Sásraí agus nósanna imeachta iniúchta cuí a bheith i bhfeidhm agus á n-oibriú maidir le tuairisciú rúnda

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Teagmhais nó sárú a iniúchadh agus a chinntiú go gcuirtear na bearta a sainaithníodh i bhfeidhm
- Pleananna cumarsáide a chur i ngníomh chun na príomhpháirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas
- Athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na mbeartas agus na nósanna imeachta reatha
- Athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na socruithe monatóireachta reatha
- Oiliúint bhreise faoi fheasacht a chur i bhfeidhm más gá
- An fhoghlaim a roinnt ar fud na heagraíochta
- Monatóireacht leanúnach ar theagmhais ar chóir iad a thuairisciú, chun gur féidir pátrúin a shainaithint a thabharfadh le fios gur fadhb nó nochtadh is cúis leis an teagmhas
- Comhar leanúnach leis na páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha, lena n-áirítear údaráis rialála (CRU, NIAUR, Banc Ceannais na hÉireann), OCEI, ODPC, SIPO, DCCAE
- Lámhleabhar na gCigireachtaí Rialála a thabhairt isteach agus a chur in iúl

### Forbairtí in 2019

- Lean ESB de na hoibleagáidí comhlíonta agus reachtacha a mhonatóiriú i rith 2019. Déileáladh le roinnt mhaith ceisteanna maidir le comhlíonadh comhshaoil i rith na bliana, amhail ligean leachta cábla, gás SF6 a bhainistiú agus doirteadh uisce fuaruchäin. Is i gcomhthéacs dul i ngleic leis na fadhbanna thuas a mheastar go raibh méadú ar an riosca i rith 2019
- I rith na bliana, tugadh Feidhm Chomhlíonta ar leith isteach chun creata comhlíonta ESB a fheabhsú tuilleadh, agus í bunaithe ar an dea-chleachtas seachtrach agus ar riachtanais ESB

### Réimsí Fócais in 2020

Déanfaidh ESB a dhícheall socruithe comhlíonta a fhás agus a threisiú lena chinntiú go bhfuil siad láidir go leor chun freastal ar na hoibleagáidí reatha agus iad siúd atá ag teacht chun cinn

TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓTHAS A FHÁS AGUS LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ SAN AM CÉANNA

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

## STRAITÉISEACH

### I. CLAOCHLÚ EAGRAÍOCHTÚIL

**Timpeallacht Riosca** ↑

**BORD ESB**

#### Cén riosca atá i gceist?

Teip dearadh eagraíochtúil ESB a chur i bhfeidhm agus an claochlú riachtanach a bhaint amach

#### Tiomántóirí Riosca

- Teip a bheith ar chur i bhfeidhm na straitéisí agus teip tairbhí ionchasacha athdhearadh eagraíochtúil ESB a bhaint amach mar thoradh ar ghlacadh rómhall nó úsáid neamhéifeachtach teicneolaíochtaí nua agus / nó feabhsuithe ar nósanna imeachta
- Teip freagairt go leordhóthanach d'fhoirmeacha nua iomaíochta agus nuála a bhfuil múnlaí agus cumais ghnó sheanbhunaithe á gcur i mbaol mar gheall orthu
- Teip brandaí ESB a fhás agus a chomhcheangal i gceart
- Teip fostaithe a earcú nó a choinneáil, go háirithe i gcás sainscileanna speisialaithe, sa chaoi go dteipeann orainn ár gcumas eagraíochtúil a fhorbairt agus a chothú

#### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Iarrachtaí leantacha ar fud an Ghrúpa chun éifeachtúlacht eagraíochtúil a dhaingniú tuilleadh, lena n-áirítear iarracht a dhéanamh chun cultúr ESB a fhorbairt
- An t-ionad barr feabhais nuabhunaithe a úsáid chun ár gclár Luasaire Dhigitigh agus na feabhsuithe gaolmhara ar phróisis a spreagadh go héifeachtach
- An plean acmhainní straitéiseacha a chríochnú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh tacair sainscileanna tábhachtacha, agus béim á leagan ar riachtanais acmhainní sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma
- Pleanáil comharbais a chur i bhfeidhm
- Ceardlanna a reáchtáil le haghaidh Bainisteoirí Sinsearacha dar teideal "Ag Treorú an Bhealaigh a nOibrimid in ESB", ina ndíreofar ar an gcaoi a mbíonn an iompraíocht á treorú ag luachanna, ionas gur féidir le bainisteoirí dul i gcion ar fhostaithe d'fhonn cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach, rud a thacóidh dá réir le cur i bhfeidhm na Straitéise Todhchaí Níos Gile

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Todhchaí Níos Gile i gcomhthéacs an riosca atá tagtha chun cinn
- Na roghanna a bhreithniú chun acmhainní gearrthéarma a chur i leataobh ar mhaithe le cumais nó tacair sainscileanna chriticiúla a fhorbairt, lena n-áirítear daoine atá ann cheana a cheapadh d'fholúntais i bpoist thábhachtacha bunaithe ar na heochair-scileanna atá gnóthaithe acu i bpoist a bhí acu roimhe seo, agus ag an am céanna, daoine a chur faoi oiliúint ghasta lena gceapadh i bpoist chriticiúla sna gnóthais

#### Forbairtí in 2019

- Tá socruithe á gcur ar bun chun athruithe cultúrtha a mhonatóiriú, agus cuimsíonn sé sin raon táscairí cultúir a thabhairt isteach.
- Béim leanúnach ar neartú próiseas agus creataí rialachais straitéiseacha um pleanáil acmhainní chun a bheith cinnte de go n-aithnítear na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhfuil gá leo agus go n-aimsítear go tráthúil iad

#### Réimsí Fócais in 2020

- Leanfaidh ESB dá ndearadh eagraíochtúil a mhonatóiriú i rith 2020 lena chinntiú go bhfuilimid eagraithe mar is cuí chun an Straitéis Todhchaí Níos Gile a chur i bhfeidhm go héifeachtach
- Seolfaidh ESB tuilleadh clár ceannaireachta agus cumarsáide le haghaidh a bhfoirne bainistíochta
- Leanfaidh ESB dá gcuir chuige maidir le pleanáil acmhainní straitéiseacha a mhionchoigeartú


TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ | FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR | SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN | AN GNÓTHAS A FHÁS AGUS LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ SAN AM CÉANNA | CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

# PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (KPInna)


Úsáideann ESB eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) airgeadais agus neamhairgeadais, agus is léiriú iad na táscairí sin ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh Straitéis ESB go dtí 2030 (Straitéis 2030) a bhaint amach. Tá a KPInna féin ag gach aonad gnó, agus tá siad seo ailínithe go cruinn le KPInna an Ghrúpa.

## AIRGEADAS


### TRÚCDA €'m




### Glanfhiachas €'m'





### Caiteachas Caipitiúil €'m'





| EOCHAIRTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SAINMHÍNIÚ | ÁBHARTHACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **EBITDA** | Brabús oibriúcháin roimh ús, cánachas, dímheas, bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais), amúchadh agus ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair. | Is príomhthomhas é TRÚCDA (tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh) den airgead tirim a gineadh sa Ghrúpa le linn na bliana, atá ar fáil ansin le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha, aisíocaíocht fiachais agus íocaíochtaí díbhinní. | Tosca a mbíonn tionchar acu ar an mbrabús oibriúcháin is cúis leis an méadú ar EBITDA. Féach an t-athbhreithniú airgeadais ar leathanach 48 chun tuilleadh eolais a fháil. | |
| **Glanfhiachas** | Iasachtaíochtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid eile. San áireamh in 2019, tá tionchar IFRS 16 Léasanna, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2019. | Is táscaire é an glanfhiachas de leibhéal giarála an Ghrúpa, agus tugann sé le fios cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Grúpa ag comhlíonadh a phríomhchúnant. Beidh méadú ar an nglanfhiachas de réir a chéile, ós rud é go maoiníonn ESB a chuid clár caipitil infheistíochta, go pointe áirithe, le hiasachtaíochtaí. | Tá méadú tagtha ar an nglanfhiachas, rud a léiríonn infheistíocht chaipitiúil, láidriú Phunt na Breataine Móire (GBP), costais airgeadais, tionchar IFRS 16 Léasanna ar dhíbhinní, agus íocaíochtaí cánach arna bhfritháireamh ag TRÚCDA. Féach an t-athbhreithniú airgeadais ar leathanach 48 chun tuilleadh eolais a fháil. | |
| **Caiteachas Caipitiúil** | Méideanna breise do mhaoin, gléasra agus trealamh, mar aon le sócmhainní doláimhsithe agus infheistíochtaí sócmhainní airgeadais. Tá na figiúirí a bhaineann le 2015 go dtí 2017 glan ó ranníocaíochtaí caipitiúla; ó 2018 i leith, léirítear an caiteachas caipitiúil comhlán de na ranníocaíochtaí caipitiúla, de réir IFRS 15 "Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí". | Tá infheistíochtaí caipitiúla suntasacha idir lámha ag ESB faoi láthair i gcás a ghnóthais líonraí agus Giniúna agus Trádála GT) araon. Tá sin amhlaidh ionas gur féidir le ESB an líonra leictreachais a fhorbairt agus a bheith san iomaíocht sa timpeallacht uile-oileáin. | Féach an t-athbhreithniú airgeadais ar leathanach 48 chun tuilleadh eolais a fháil. Is é infheistíocht ESB i bhfeirm ghaoithe 448 MW Neart na Gaoithe is cúis go príomha leis an méadú ar an gcaiteachas caipitiúil. | |

## OIBRIÚCHÁIN

### % Infhaighteacht Stáisiún Cumhachta





### MW Inathnuaite Infheidhme*




*cumhacht ghaoithe, ghréine agus hidreachumhacht

### Nóiméid Chustaiméara Caillte (CMLanna)*





*ESB Networks


| EOCHAIRTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SAINMHÍNIÚ | ÁBHARTHACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **Infhaighteacht Stáisiún Cumhachta** | Céatadán den am sa bhliain a raibh na stáisiúin ghiniúna cumhachta sin ar fáil chun leictreachas a dhéanamh, cibé acu ar ghin siad nó nár ghin. | Is gné ríthábhachtach d'fheidhmíocht tráchtála ESB é cumas oibriúcháin láidir a sholáthar i stáisiúin chumhachta uile ESB mar thoradh ar ardchaighdeáin i dtaca le feidhmíocht agus cothabháil, mar aon le cur i gcrích tráthúil oibreacha ollchóirithe. | Bhí laghdú ar infhaighteacht stáisiún cumhachta in 2019 mar thoradh ar roinnt mhaith fadhbanna teicniúla i nGob na Muine. Féach an chuid faoi aonad gnó GT ar leathanach 54 chun tuilleadh eolais a fháil. | |
| **MW Inathnuaite Infheidhme** | Iomlán na meigeavatanna giniúna inathnuaite, áit a bhfuil na sócmhainní tar éis a ndáta feidhmíochta tráchtála a bhaint amach, fuinneamh gaoithe agus gréine, agus fuinneamh hidrileictreach. | Is í an ghiniúint inathnuaite an ghné is tábhachtaí de chuspóir ESB i dtaca le déine carbóin a fhlít giniúna a laghdú. | Baineann an méadú sin den chuid is mó le sciar 50% ESB i bhfeirm ghaoithe Ghob na Muine (89 MW) agus a sciar 47% i stáisiún bithmhaise Tilbury (40%), a ndearnadh an dá cheann a choimisiúnú in 2019. Féach an chuid faoi aonad gnó GT ar leathanach 54 chun tuilleadh eolais a fháil. | |
| **Nóiméid Chustaiméirí a Cailleadh (CMLanna)** | Meánfhad an chur isteach neamhphleanáilte do na custaiméirí uile i rith na bliana. | Is ardtosaíocht do ESB é iontaofacht an eangaigh agus cur isteach ar sholáthar leictreachais na gcustaiméirí a laghdú. | Cúis amháin leis an laghdú ar CMLanna in 2019 ná líon laghdaithe na stoirmeacha a bhí ann in 2019 i gcomparáid le 2018, mar aon le fócas géar agus idirghabhálacha ESB Networks. Féach an chuid faoi aonad gnó ESB Networks ar leathanach 56 chun tuilleadh eolais a fháil. | |

## AN CUSTAIMÉIR AGUS AN MARGADH


### % Sciar an Mhargaidh Mhiondíola




### % Sástacht Custaiméirí Cónaithe





### % Feasacht Branda





| EOCHAIRTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SAINMHÍNIÚ | ÁBHARTHACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **Sciar an Mhargaidh Mhiondíola** | Sciar margaidh uile-oileáin iomlán den Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM). | Is gnéithe ríthábhachtacha do ESB iad coimeád agus fás an sciar margaidh atá aige ionas gur féidir leis iomaíochas a bhaint amach sa timpeallacht iomaíoch uile-oileáin. | Bhí méadú 1% ar an sciar margaidh iomlán i rith 2019 mar thoradh go príomha gur gnóthaíodh custaiméirí nua in earnálacha margaidh an tionscail agus an ghnó. Féach an chuid faoin aonad gnó Réitigh do Chustaiméirí ar leathanach 60 chun tuilleadh eolais a fháil. | |
| **Sástacht Custaiméirí Cónaithe** | Cuireann seo tomhas i dtaca le sástacht na gcustaiméirí ar fáil (Foinse: Torthaí Suirbhéanna Míosúla ó Research Perspective). | Bíonn ESB agus Electric Ireland ag déanamh a ndíchill ag iarraidh sársheirbhísí do chustaiméirí a chur ar fáil agus eispéireas na gcustaiméirí a fheabhsú chun an sciar atá acu den mhargadh a choinneáil. | Baineadh torthaí maithe amach ó thaobh Sástacht Custaiméirí Cónaithe de in 2019 d'ainneoin brú suntasach ó iomaitheoirí. Tá Electric Ireland ar thosach ag cruthú níos fearr ná a iomaitheoirí i réimsí amhail branda, fócas ar chustaiméirí agus réitigh chliste nua. Dealraíonn sé go bhfuil dílseacht na gcustaiméirí á treisiú de bharr an fheachtais maidir le luach fadtéarmach ar airgead, agus san am céanna, táthar tar éis raon tionscnamh a sheoladh atá ceaptha chun eispéireas na gcustaiméirí a fheabhsú. | |
| **Feasacht Branda** | Feasacht ar Electric Ireland mar Sholáthraí Fuinnimh (Foinse: Torthaí Shuirbhé Custaiméara IPSOS mrbi agus Amárach). | Branda Electric Ireland a choinneáil mar an soláthraí fuinnimh atá chun tosaigh in Éirinn. | Bhí an fheidhmíocht maidir le feasacht branda láidir fós in 2019, agus tá beagnach gach duine ar an eolas faoi Electric Ireland. Is í an ghníomhaíocht urraíochta go háirithe a spreag an fhéiniúlacht branda, agus táthar ag súil, tar éis sheoladh an fheachtais nua Níos Gile le Chéile i dtreo dheireadh na bliana, go gcoinneoidh agus go bhforbróidh Electric Ireland an stádas sin in 2020. | |

## DAOINE

### Líon Fostaithe.




### Líon Ama Caillte (LTInna) de bharr Ghortú Fostaithe.




| EOCHAIRTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SAINMHÍNIÚ | ÁBHARTHACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **Líon Fostaithe** | Meánlíon na bhfostaithe an bhliain sin, lena n-áirítear fostaithe sealadacha. | Chun Straitéis ESB Group a chur i bhfeidhm, beidh ar an eagraíocht a bheith solúbtha fíorspreagtha inoiriúnaithe, agus beidh scála áirithe i gceist léi freisin. | Bhí níos mó daoine sa chuideachta in 2019 de bharr earcaíochta i dtaca le réimeanna nua gnó, mar aon le hearcú printíseach agus céimithe. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar nóta 9 de na ráitis airgeadais. | |
| **Am Caillte (LTInna) de bharr Ghortú Fostaithe** | Is é atá i gceist le LTInna fostaithe ná gortuithe a tharlaíonn dóibh agus a gcailleann siad ar a laghad lá amháin oibre mar thoradh orthu (agus ní áirítear leis sin an lá ar tharla an gortú). | Bíonn an tsábháilteacht i gcroílár gach rud a ndéanaimid. Cuireann ESB béim i gcónaí ar rioscaí a laghdú sna réimsí den ghnó ina dtarlaíonn gortuithe tromchúiseacha. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach ar an gcuid faoi shábháilteacht ar leathanach 68. | Tá an laghdú ar LTInna nasctha le pleananna feabhsúcháin, tionscadail, agus cláir oiliúna agus iniúchóireachta, áit a gcuirtear an bhéim ar dhíobhálacha a chosc. | |

TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓTHAS A FHÁS AGUS LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ SAN AM CÉANNA

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

# ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS


42 Foireann Feidhmiúcháin
44 Struchtúr agus Timpeallacht Oibriúcháin an Mhargaidh 2019
48 Athbhreithniú Airgeadais
54 Giniúint agus Trádáil (GT)
56 ESB Networks
58 Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)
60 Réitigh do Chustaiméirí
62 Innealtóireacht agus Mórthionscadail
63 Seirbhísí Fiontair

# FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN

Tá an Fhoireann Feidhmiúcháin dírithe ar Straitéis ESB go dtí 2030 (Straitéis 2030), lena n-áirítear forbairtí teicneolaíochta agus tráchtála, cláir a chur i bhfeidhm, feidhmíocht airgeadais agus iomaíoch, forbairt daoine, rialachas, forbairt eagraíochtúil, agus beartais don Ghrúpa ar fad.



**Pat O'Doherty**
Príomhfheidhmeannach

**Ceaptha:** Nollaig 2011, téarma sínte de thrí bliana eile, éifeachtach ón 1 Nollaig 2018.
**Taithí Ghairme:** Thosaigh Pat in ESB in 1981. Sular thosaigh sé sa ról atá aige anois, bhí Pat i gceannas ar na gnóthais is mó atá ag ESB, mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB International, Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks DAC (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB Power Generation. Bhain Pat bunchéim agus máistreacht san Innealtóireacht amach ón Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Rinne sé an Clár Ardbhainistíochta in Harvard Business School. Tá sé ina Leas-Uachtarán ar Eurelectric, ina Stiúrthóir ar Energy UK, ina Chathaoirleach ar Chomhairle Printíseachta Éireann agus ina iar-iontaobhaí de Bhord Comhdhála na Stát Aontaithe.



**Jerry O'Sullivan**
Leas-Phríomhfheidhmeannach

**Ceaptha:** Deireadh Fómhair 2014
**Taithí Ghairme**: Sular ceapadh é sa ról atá aige faoi láthair, bhí Jerry ina Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks DAC. Thosaigh sé in ESB in 1981 agus ghlac sé róil eagsúla sna réimsí Tógála Stáisiún Cumhachta, Dáileacháin agus Tarchurtha, Miondíola, Comhairleoireachta, Margaíochta agus Seirbhísí do Chustaiméirí. Ceapadh é ina Cheann ar Sheirbhísí Líonra in 2002 agus ina Cheann ar Inbhuanaitheacht agus Chórais Líonra in 2008. Tá céim san innealtóireacht shibhialta aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus tá sé ina Chomhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann.



**Pat Fenlon**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa

**Ceaptha:** Iúil 2016
**Taithí Ghairme:** Sular ghlac sé an ról atá aige faoi láthair, bhí róil sinsearacha éagsúla airgeadais, tráchtála agus ginearálta ag Pat ar fud ESB, lena n-áirítear Bainisteoir Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa, Cisteoir an Ghrúpa, Bainisteoir Ginearálta Electric Ireland agus Bainisteoir Athruithe Corparáideacha. Is Comhalta é de Chuntasóirí Cairte Éireann agus d'oibrigh sé le PwC i mBaile Átha Cliath sular thosaigh sé ag obair le ESB in 1993.



**Paddy Hayes**
Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks DAC

**Ceaptha:** Meitheamh 2012
**Taithí Ghairme:** Sular thosaigh sé sa ról atá aige faoi láthair, bhí Paddy ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Ghiniúint agus ar Mhargaí Mórdhíola, agus bhí róil éagsúla aige in ESB, lena n-áirítear Ceann ar Ghiniúint Neamhspleách. Sular thosaigh sé ag obair in ESB in 1999, d'oibrigh Paddy le British Steel. Is Innealtóir cairte é agus tá máistreacht aige ó Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus MBA ó Ollscoil Warwick sa Ríocht Aontaithe.



**Marguerite Sayers**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Réitigh do Chustaiméirí

**Ceaptha:** Samhain 2014
**Taithí Ghairme:** Sular thosaigh sí ina ról reatha, bhí Marguerite ina Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks DAC. Thosaigh Marguerite ag obair le ESB in 1991 agus tá bunchéim aici san Innealtóireacht Leictreonach ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh. Roimhe sin, bhí sí ina Ceann Bainistíochta Sócmhainní ar ESB Networks agus ina Bainisteoir ar Sheirbhísí Custaiméirí do Bhaile Átha Cliath Theas, agus d'oibrigh sí freisin in Acmhainní Daonna agus i bPleanáil, Oibriúcháin agus Tógáil Líonraí. Ba Bhainisteoir í Marguerite freisin ar ESB Generation, áit a raibh sí freagrach as punann giniúna ESB in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is innealtóir cairte í agus tá sí faoi láthair ina hUachtarán ar Innealtóirí Éireann.



**Jim Dollard**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Ghiniúint agus Trádáil

**Ceaptha:** Iúil 2013
**Taithí Ghairme:** Ceapadh Jim Dollard ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Ghiniúint agus Trádáil i mBealtaine 2018. Roimhe sin, ba Stiúrthóir Feidhmiúcháin é san Ionad Seirbhísí Gnó agus in Electric Ireland. Is cuntasóir bainistíochta cairte é Jim, agus thosaigh sé ina ghairmréim in ESB in 1992, agus ghlac sé poist éagsúla ardbhainistíochta sa Ghrúpa. Tá céim bhaitsiléara ag Jim sa tráchtáil agus máistreacht aige sa staidéar gnó ón Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Rinne sé an tArdchúrsa Bainistíochta i Scoil Ghnó Harvard in 2017.



**Geraldine Heavey**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin Seirbhísí Fiontair

**Ceaptha:** Meitheamh 2018
**Taithí Ghairme:** Ceapadh Geraldine Heavey sa ról mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Sheirbhísí Fiontair i Meitheamh 2018. Roimhe seo, ghlac sí róil sinsearacha éagsúla airgeadais agus bainistíochta ginearálta ar fud ESB Group, lena n-áirítear Rialtóir Airgeadais, Ionad Seirbhíse Gnó (BSC) agus Electric Ireland, Bainisteoir, ESB Trading, agus le déanaí, Bainisteoir Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa. Is cuntasóir í agus tá máistreacht aici sa riarachán gnó (MBA) ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



**Nicholas Tarrant**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Innealtóireacht agus Mórthionscadail

**Ceaptha**: Meitheamh 2018
**Taithí Ghairme:** Ceapadh Nicholas Tarrant ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Innealtóireacht agus Mhórthionscadail i Meitheamh 2018. Roimhe sin, ghlac sé ról mar Stiúrthóir Bainistíochta in Northern Ireland Electricity Networks. Thosaigh Nicholas in ESB in 1993, áit a ghlac sé róil sinsearacha éagsúla bainistíochta, lena n-áirítear Bainisteoir Giniúna, agus é freagrach as punann giniúna ESB. Is innealtóir cairte é in Institiúid Innealtóirí Éireann; tá MSc aige sa bhainistíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; rinne sé Clár Feidhmiúcháin Stanford in 2014.



**Paul Mulvaney**
Stiúrthóir Feidhmiúchán ar Sheachadadh do Chustaiméirí ESB Networks

**Ceaptha:** Deireadh Fómhair 2014
**Taithí Ghairme:** Ceapadh Paul Mulvaney ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Sheachadadh do Chustaiméirí ESB Networks i mBealtaine 2018. Roimhe sin, bhí ról aige mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin don Nuálaíocht. Thosaigh Paul in ESB in 1985 agus ghlac sé poist éagsúla sa bhainistíocht shinsearach; mar Bhainisteoir Stáisiúin Ghiniúna an Oileáin Mhóir agus Ghob na Muine, mar Bhainisteoir Grúpa ar Stáisiúin Ghuail / Ola / Gháis, mar Bhainisteoir Sócmhainní i nGiniúint Cumhachta agus mar Chlárbhainisteoir in Athruithe Corparáideacha. Ceapadh é ina Stiúrthóir Bainistíochta ar eCars in 2009 agus ina Cheann ar Dháileachán & Seirbhís do Chustaiméirí, ESB Networks in 2012. Tá céim san Innealtóireacht Mheicniúil ag Paul agus bhain sé Clár Ardbhainistíochta amach ó Scoil Ghnó Ollscoil Navarra sa Spáinn. Is Stiúrthóir Cairte agus Comhalta é freisin in Institiúid Stiúrthóirí na Ríochta Aontaithe.



**Marie Sinnott**
Rúnaí na Cuideachta

**Ceaptha:** Lúnasa 2019
**Taithí Ghairme:** Ceapadh Marie Sinnott mar Rúnaí na Cuideachta i Lúnasa 2019. Roimhe sin, bhí ról aici mar Cheann Grúpa ar Chomhlíonadh agus Bainistiú Riosca Fiontair. Thosaigh Marie in ESB in 1989 mar chuid den Chlár Forbartha Céimithe Gnó agus ghlac sí neart ról bainistíochta sinsearaí a bheith aici sa Chuideachta ó shin. Is céimí tráchtála de chuid UCD í Marie, a bhfuil máistreacht sa staidéar beartais eacnamaíoch ó Choláiste na Tríonóide aici, agus dioplóma iarchéime sa rialachas corporáideach ó UCD. Tá teastas sa chleachtas cosanta sonraí aici freisin ó Dhlí-Chumann na hÉireann. Is comhalta seachtrach í Marie de Choiste Bainistíochta Riosca Údarás Rialála DCU.



**Pat Naughton**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Fhorbairt Daoine agus Eagraíochta

**Ceaptha:** Meitheamh 2012
**Taithí Ghairme:** Is innealtóir meicniúil é Pat agus d'oibrigh sé i róil éagsúla ó thosaigh sé ag obair sa Ghrúpa i 1978. Bhí poist shinsearacha aige roimhe seo mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna in ESB Energy International, Bainisteoir ar Fhorbairt Straitéise agus Punainne in ESB Energy International agus Bainisteoir ar Hidrea-Stáisiúin in ESB Power Generation.

# STRUCHTÚR AGUS TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN AN MHARGAIDH 2019

## 1. ACHOIMRE AR STRUCHTÚR NA MARGAÍ LEICTREACHAIS I bPOBLACHT NA hÉIREANN, TUAISCEART ÉIREANN AGUS SA BHREATAIN MHÓR

Is féidir struchtúr an mhargaidh leictreachais i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór a bhriseadh síos i gceithre dheighleog: giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar. Tá iomaíocht iomlán i réim i ngach cuid de ghiniúint agus de sholáthar an leictreachais ar fud Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire. Is monaplachtaí rialaithe iad tarchur agus dáileachán an leictreachais i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór agus socraíonn an rialaitheoir ábhartha i ngach áit díobh an t-ioncam atá ceadaithe don tréimhse athbhreithnithe praghsanna.

## BEARTAS AGUS RIALÁIL FUINNIMH

Bíonn beartais fuinnimh á leagan síos ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i bPoblacht na hÉireann, ag an Roinn Geilleagair i dTuaisceart Éireann agus ag an Rúnaí Stáit Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionscail sa Bhreatain Mhór. Tá beartais agus rialáil fuinnimh go mór faoi thionchar dhlí an Aontais Eorpaigh (AE).

Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) an rialtóir neamhspleách don mhargadh fuinnimh i bPoblacht na hÉireann. Is é an Rialtóir Fóntas rialtóir neamhspleách an mhargaidh fuinnimh i dTuaisceart Éireann. Is í Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (OFGEM) rialtóir an mhargaidh fuinnimh sa Bhreatain Mhór.

## AN MARGADH LEICTREACHAIS AONAIR (SEM/I-SEM)

D'aistrigh an Margadh Leictreachais Aonair (SEM), a tháinig i bhfeidhm in 2007, chuig sraith nua socruithe trádála ar a nglaoitear an Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM) ar an 1 Deireadh Fómhair 2018.

Tugadh na socruithe margaidh nua I-SEM isteach in ionad an chomhthiomsaithe láraithe SEM, ag baint leas as Margaí Lá Roimh Ré, Ionlae agus Cothromúcháin, agus tugadh sásra iomaíoch um luach saothair don toilleadh isteach in áit réimeas íocaíochta toillte SEM. Is é a spreag na hathruithe sin go príomha ná an gá cloí le socruithe comhchuibhithe an AE maidir le trádáil trasteorann, seirbhísí fuinnimh agus cothromúcháin mórdhíola ar fud na hEorpa, chomh maith le treoirlínte cúnaimh Stáit an AE maidir le luach saothair don toilleadh. Bhí sraith clár I-SEM curtha ar bun ag ESB lena chinntiú go mbeadh an gnóthas ullamh do na socruithe margaidh nua.

Mar thoradh ar an bpróiseas I-SEM maidir le sásra um luach saothair don toilleadh, tá iomaíocht éigin i gceist i gcomhair conarthaí toillte trí phróiseas an cheant. Anuas ar sin, áfach, gearrtar pionóis iontaofachta ar shealbhóirí na gconarthaí sin (má iarrtar orthu toilleadh a sholáthar agus nach féidir leo amhlaidh a dhéanamh). Ó bhí an chéad cheant toillte I-SEM ann i Nollaig 2017, eagraíodh trí cheant eile, a chuir ar chumas gineadóirí dul san iomaíocht i gcomhair Roghanna Iontaofachta ar bhonn bliain roimh ré aon bhliain amháin (T-1) agus dhá bhliain (T-2), chomh maith le tréimhse ama 4 bliana (T-4) ar aghaidh.

Fógraíodh torthaí deiridh cheant T-1 2019/20 i bhFeabhra 2019. Gnóthaigh gach ceann d'aonaid ghiniúna ESB, seachas stáisiún gáis an Phoirt Thuaidh (sa Phort Thuaidh), conarthaí toillte. Lean an Port Thuaidh ag oibriú go dtí deireadh Mheán Fómhair 2019 faoina chonradh reatha, agus rinneadh é a dhíchoimisiúnú ina dhiaidh sin. Bhain an ceant T-1 praghas imréitigh de €40.65/kW amach, arbh ionann é agus laghdú €1.15/kW ar phraghas ceant na bliana seo caite. An chuid is mó díobh siúd ar bronnadh conarthaí toillte orthu, ba shócmhainní seanbhunaithe iad, cé gur cuireadh 130 MW de thoilleadh nua leis an stór.

Reáchtáladh an chéad cheant T-4 le haghaidh seachadadh sa tréimhse 2022–2023 i Márta 2019, agus baineadh praghas imréitigh de €46.15/kW amach, rud a chiallaigh go raibh iomlán rathúil de 710 MW de thoilleadh nua ann, a chuimsigh giniúint gáis, fuinneamh gaoithe, aonaid éilimh, agus taisc-cheallra. Cé gur éirigh le formhór thoilleadh reatha ESB, bhí 335 MW de thoilleadh (dírátaithe) ann nár éirigh leis. Áirítear leis sin Gob na Muine Aonad 2 (229 MW), stáisiún móna Loch Rí (78 MW) agus aon ghástuirbín amháin ag Cúil Chaorach (48 MW). Ach bhí 489 MW de thoilleadh nua ann a rinne cúiteamh iomlán (nó níos mó) ar an toilleadh nár éirigh leis, agus chuimsigh an toilleadh nua sin 75% do ghiniúint sholúbtha (gástuirbíní ardmhinicíochta) agus 25% do thaisc-cheallra. Bronnadh conarthaí 10 mbliana ar an dá cheann díobh sin, rud a chlúdaíonn an tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2022 to dtí Meán Fómhair 2032.

Anuas air sin, eagraíodh ceantanna incriminteacha T-1 agus T-2 i Samhain agus Nollaig 2019, agus foilsíodh na torthaí in Eanáir 2020. Baineadh praghas imréitigh de €45.95/kW amach ag an gceant T-2 agus sholáthair sin 183 MW de thoilleadh nua. Baineadh praghas imréitigh de €46.15/kW amach ag an gceant T-1 agus sholáthair sin 156 MW de thoilleadh nua. Tríd an gceant T-1, fuair stáisiún Áth Fhada conradh 10 mbliana le haghaidh 11 MW tar éis uasghrádú níos luaithe an bhliain seo chun a thoilleadh a mhéadú. D'éirigh le mórchuid thoilleadh ESB sa dá cheant, ach níor bhain gástuirbín Chúil Chaorach (48 MW) aon phraghas imréitigh amach in aon cheann de na ceantanna. Ní bhfuair Gob na Muine Aonad 2 aon chonradh sa cheant T-2, agus níor éirigh le haonad buaice Áth Fhada (81 MW) i gceant T-1.

Tá roghanna á bplé ag ESB faoi láthair maidir leis na haonaid Ghob na Muine agus Chúil Chaorach, nár éirigh leo conarthaí toillte a bhaint amach sna ceantanna T-4, T-2 agus T-1. Tar éis gur dhiúltaigh an Bord Pleanála don iarratas pleanála chun stáisiún cumhachta Loch Rí a aistriú ó mhóin go dtí bithmhais, áfach, rinneadh athbhreithniú ar na hoibríochtaí ag stáisiúin mhóna Loch Rí agus Uíbh Fhailí Thiar, agus mar thoradh air sin, cuirfear stop leis an nginiúint iontu ag deireadh Nollaig 2020.

## SOCRUITHE TRÁDÁLA AGUS TARCHURTHA LEICTREACHAIS NA BREATAINE (BETTA)

Is ionann BETTA agus an margadh mórdhíola leictreachais atá i bhfeidhm sa Bhreatain Mhór. Murab ionann agus I-SEM, is féidir le gineadóirí agus soláthraithe trádáil a dhéanamh lena chéile ar bhonn déthaobhach nó malairtí, agus is féidir leo conarthaí fisiciúla agus airgeadais araon a dhéanamh chun luaineacht praghsanna a bhainistiú, i gcomhair tréimhsí ama éagsúla, mar shampla, roinnt mhaith blianta amach anseo nó margaí trádála ionlae. Mar chuid dá thionscnamh Electricity Market Reform (EMR) chun infheistíocht a spreagadh i leictreachas ísealcharbóin agus chun sláine agus inacmhainneacht an tsoláthair a fheabhsú, tá Rialtas na Breataine tar éis scéim um luach saothair don toilleadh a thabhairt isteach, agus dá réir sin, bronntar conarthaí toillte ar ghineadóirí (ar bhunús torthaí ceant), rud a chuirfidh ar a gcumas íocaíochtaí a fháil as toilleadh giniúna a sholáthar, ach a ngearrfar pionóis má theipeann ar an soláthar le linn teagmhas ganntanais.

Go déanach in 2018, rialaigh Cúirt Ghinearálta na Cúirte Breithiúnais san Aontas Eorpach i bhfabhar dúshlán a thug oibreoir freagartha don éileamh in aghaidh chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh chun cúnamh stáit a cheadú le haghaidh margadh toillte sa Ríocht Aontaithe. Mar thoradh air sin, cuireadh ar neamhní an cead a thug an Coimisiún Eorpach i gcomhair cúnamh stáit do scéim margaidh toillte na Ríochta Aontaithe, agus ansin tharla tréimhse neamhghníomhaíochta ar cuireadh íocaíochtaí margaidh toillte na Ríochta Aontaithe ar fionraí dá bharr, ar feitheamh iarratas nua ar imréiteach cúnaimh stáit. Chuir an Coimisiún Eorpach tús lena iniúchadh foirmiúil i bhFeabhra 2019, agus de réir an chinnidh a rinneadh ansin ar an 24 Deireadh Fómhair 2019, dhearbhaigh an Coimisiún Eorpach go raibh scéim margaidh toillte na Ríochta Aontaithe ag teacht le rialacha an AE maidir le cúnamh stáit. Mar thoradh ar an gcinneadh sin, bhíothas in ann íocaíochtaí margaidh toillte na Ríochta Aontaithe a ath-thosú. Rinneadh soláthraithe a shonrascadh don mhuirear soláthraí i dtaca leis an tréimhse bailithe neamhghníomhaíochta i Samhain 2019 agus dúirt Rialtas na Ríochta Aontaithe i dtaobh na n-íocaíochtaí margaidh toillte a cuireadh ar fionraí mar thoradh ar chinneadh na Cúirte Ginearálta go mbeidís ag soláthraithe toillte i R1 2020.

## LÍONRAÍ LEICTREACHAIS

Is éard atá sa chóras tarchurtha leictreachais ná líonra ardvoltais chun soláthar leictreachais builc a tharchur. Seachadann an córas dáileacháin leictreachas do chustaiméirí aonair thar na líonraí 38kV / meánvoltais / ísealvoltais. I bPoblacht na hÉireann, is le ESB an líonra córais tarchurtha agus dáileacháin agus oibríonn sé an líonra córais dáileacháin leictreachais, agus oibríonn EirGrid an líonra córais tarchurtha. I dTuaisceart Éireann, is le NIE Networks (ar le ESB é) líonra an chórais tarchurtha agus dáileacháin leictreachais, agus is é a oibríonn líonra an chórais dáileacháin leictreachais. Oibríonn Oibreoir Córas Thuaisceart Éireann (SONI) an líonra córais tarchurtha.

## IDIRNASCADH

Ar chúiseanna tíreolaíochta, tá na córais tarchurtha leictreachais ar oileán na hÉireann réasúnta scoite i gcomparáid le córais mhór-roinn na hEorpa agus na Breataine Mhór (GB). Nascann Idirnascaire na Maoile eangacha leictreachais Thuaisceart Éireann agus na hAlban trí cháblaí faoi uisce a ritheann idir stáisiúin tiontaire i dTuaisceart Éireann agus in Albain; 500 MW an toilleadh atá sa nasc sin. Ón 10 Samhain 2017, áfach, cuireadh srian docht de 80 MW ar onnmhairí (sreabhadh ón Iarthar chuig an Oirthear). Ardaíodh an srian sin go dtí 307 MW ón 1 Nollaig 2019.

Nascann an tIdirnascaire Soir-Siar an córas tarchurtha leictreachais i bPoblacht na hÉireann leis an gcóras tarchurtha leictreachais sa Bhreatain Bheag, ionas gur féidir leictreachas a tharchur san dá threo. Ritheann an tIdirnascaire Soir-Siar idir Deeside i dtuaisceart na Breataine Bige agus Fearann na Coille, Contae na Mí i bPoblacht na hÉireann. Tá na naisc faoi thalamh agus faoi uisce tuairim is 260 ciliméadar ar fad agus is féidir leo 530 MW a iompar.

In 2019, bhí glansreabhadh allmhaire ar an dá idirnascaire, ach de bharr I-SEM, bhí tréimhsí suntasacha onnmhairí chuig an mBreatain Mhór i dtréimhsí gaoithe mhóir agus le linn tréimhsí lae. Is athrú mór é sin i gcomparáid leis na socruithe SEM, nuair ba ghnách allmhairí a bheith ann i rith an lae agus onnmhairí istoíche, agus is é is cúis leis an athrú sin ná socruithe trádála comhchuibhithe, ina mbíonn sreafaí idirnascaire éifeachtúla spreagtha ag an bpraghas sna margaí idirnasctha ábhartha.

## GINIÚINT LEICTREACHAIS

Thart ar 15,887 MW de thoilleadh, nó geall leis, atá in earnáil giniúna an Mhargaidh Leictreachais Aonair, agus é nasctha leis an gcóras ar bhonn uile-oileáin. San áireamh sa toilleadh atá nasctha leis an gcóras tá meascán de sheanstáisiúin ghiniúna, gástuirbíní timthrialla comhcheangailte nua-aimseartha agus foinsí fuinnimh inathnuaite amhail fuinneamh gaoithe. Gineann na stáisiúin sin leictreachas ó bhreoslaí amhail gás, gual agus ola chomh maith le breoslaí dúchasacha, lena n-áirítear hidreachumhacht, gaoth, móin agus bithmhais.

Tá 5,283 MW den fhuinneamh gaoithe suiteáilte in I-SEM, agus is cuid ríthábhachtach é sin de sprioc an rialtais go mbeadh 40% den leictreachas ginte ó fhoinsí inathnuaite faoi 2020, chomh maith leis an sprioc 40% i dtaca le giniúint inathnuaite atá ag Tuaisceart Éireann (sprioc a d'fhógair an Roinn Geilleagair i Meán Fómhair 2019 a bheith bainte amach). Gaoth a ghin 29% den leictreachas in 2019, méadú ó 25% in 2018, agus taifeadadh aschur uasta gaoithe de 3,991 MW ar an 18 Nollaig 2019. Bhí sciar margaidh 30% den ghiniúint ag ESB in I-SEM in 2019, laghdú 8% ón mbliain seo caite toisc nach raibh aon fhiúntas fágtha ag Gob na Muine agus nach raibh Loch Rí ar fáil i rith mhíonna an tsamhraidh.

Bhí 78% de ghiniúint theirmeach bhonnualaigh ar fáil in I-SEM in 2019, agus ba é an gás an breosla is mó a bhí chun tosaigh sa mhargadh, ós rud é go raibh an gual gan fhiúntas ó Eanáir i leith, mar thoradh ar phraghsanna ísle gáis agus phraghsanna arda carbóin.

## TRÁDÁIL FUINNIMH

Tá na margaí leictreachais agus gáis in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór nasctha le chéile ar dhá bhealach, mar thoradh ar úsáid gáis le haghaidh giniúint leictreachais, agus lena chois sin, trí idirnascadh fisiciúil na líonraí leictreachais agus gáis. Dála an-chuid cuideachtaí i margadh na hÉireann, tá ESB gníomhach sna margaí gáis agus leictreachais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon.

Anuas ar na leasanna giniúna atá aige, bíonn ESB gníomhach i ngach earnáil den mhargadh gáis, idir chustaiméirí cónaithe agus chustaiméirí móra tráchtála, agus tá sé ar na seoltóirí gáis is mó i bPoblacht na hÉireann.

## 2. TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN NA MARGAÍ FUINNIMH DOMHANDA

## PRAGHSANNA GÁIS

Bhí laghdú ar phraghsanna gáis i rith 2019, agus ba é 34.77 p/teirm meánphraghas an gháis don bhliain, laghdú ó 58.81 p/teirm in 2018. An phríomhchúis leis an laghdú sin ná an soláthar saor Gáis Nádúrtha Leachtaithe (LNG) ón Áise. Bhí laghdú ar éileamh freisin de bharr na haimsire cineálta, agus an toradh a bhí air sin ná méideanna móra gáis stóráilte, a choinnigh na praghsanna íseal. Ba é an meánphraghas gáis míosúil in Eanáir 2019 ná 58.01 p/teirm; thit an praghas go seasta i rith na bliana go dtí 25.67 p/teirm i Meán Fómhair agus d'ardaigh sé arís i Samhain go dtí 37.48 p/teirm.


## PRAGHSANNA GUAIL

Shroich praghsanna guail buaicphointe ag tús na bliana, ag c. $81/tona, agus thit siad sa chéad leath ansin go dtí c. $49/tona i Meitheamh. Thit an t-éileamh domhanda ar ghual in 2019. Mar thoradh ar imní faoi dhrochthionchar an ghuail ar an gcomhshaol, tá an t-éileamh laghdaithe sna Stáit Aontaithe agus san Eoraip, agus tá an-chuid gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe tar éis dúnadh. Toisc go bhfuil praghsanna gáis ísle ann, tá sé níos saoire gléasraí gáis a oibriú ná gléasraí guail, agus mar sin níl an oiread sin uaireanta oibre ag gléasraí guail. Bhí an t-éileamh comhréidh sa tSín ach bhí méadú air san Áise Thoir Theas, mar go mbíonn na tíortha sin ag brath fós ar ghual le haghaidh formhór a nginiúna cumhachta. Bhí ardú ar phraghsanna guail sa dara leath den bhliain go dtí thart ar $60/tona. Ba é an meánphraghas ar ghual in 2019 ná $60.69/tona, laghdú ó $91.65/tona.

## PRAGHSANNA CARBÓIN


Laistigh de Chóras Trádála Astaíochtaí an AE, is gá do ghineadóirí lamháltais charbóin a cheannach don charbón a astaíonn siad fad a bhíonn leictreachas á ghiniúint acu. Bhí luaineacht ar phraghsanna carbóin i rith 2019, ach ba é c. €25/tona an meánphraghas. Tá an praghas sin éagsúil ó phraghas 2018, mar a raibh praghas c. €8/tona ar charbón ag tús na bliana agus praghas c. €20/tona air ag deireadh an

## LÉARÁID 1: PRAGHSANNA GÁIS, GUAIL AGUS CARBÓIN




bliana. D'ardaigh na praghsanna carbóin in 2018 mar gur tugadh leasuithe margaidh isteach a bhí dírithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a ísliú faoi 40% ar a laghad faoi 2030. Ba é €23.58/tona an meánphraghas míosúil ar charbón in Eanáir 2019, agus d'ardaigh sin go dtí €28/tona faoi Iúil. Bhí laghdú ar phraghsanna i dtreo dheireadh 2019 mar gheall ar imní faoi Brexit gan mhargadh, agus imní go bhfágfadh an Ríocht Aontaithe córas trádála carbóin an AE dá bharr. Faoi Nollaig na bliana sin, bhí meánphraghas míosúil €24.64/tona ar an gcarbón. Ba é an meánphraghas ar charbón in 2019 ná $24.93/tona, méadú ó €14.84/tona in 2018. Bhí an praghas ardaithe seo ar charbón ina chúis shuntasach don laghdú ar ghiniúint guail.


LÉARÁID 2 GINIÚINT LEICTREACHAIS IN I-SEM DE RÉIR CINEÁL BREOSLA




LÉARÁID 4: DAM (€/MWH)




LÉARÁID 3: DAM I GCOMPARÁID LE PRAGHAS GÁIS, 2019




## PRAGHSANNA LEICTREACHAIS MHÓRDHÍOLA I-SEM

Ba é 2019 an chéad bhliain féilire a raibh an margadh á fheidhmiú de réir rialacha I-SEM amháin. Tugadh I-SEM isteach i nDeireadh Fómhair 2018 agus áirítear ann Margaí Lá Roimh Ré, Ionlae agus Cothromúcháin. Is é an ceann is leachtaí díobh sin ná an Margadh Lá Roimh Ré (DAM), ina ndearnadh breis is 95% de na hidirbhearta margaidh. Leanadh den treocht sin in 2019, agus aon chuideachtaí soláthair a bhí ag féachaint lena riachtanais chumhachta a cheannach, mar aon le gineadóirí, dhíol siad mórchuid a nginiúna sa DAM.

In 2019, d'fhreastail breoslaí iontaise ar 64% den ghiniúint mhéadraithe in I-SEM (féach Léaráid 2); gás a bhí sa chuid is mó den ghiniúint, mar go raibh giniúint ghualbhreoslaithe gan fhiúntas don chuid is mó den bhliain mar thoradh ar phraghsanna gáis ísle agus praghsanna carbóin arda. Ós rud é gurb iad aonaid chumhachta gháisbhreoslaithe na haonaid is éifeachtúla ar an gcóras, bhíodh praghas an leictreachais nasctha go dlúth go dtí seo le praghas an gháis mórdhíola. Sa chóras I-SEM, níl aon athrú suntasach le sonrú maidir leis an staid sin ar an bpraghas Margadh Lá Roimh Ré (DAM) ar an meán, agus tá an praghas sin fós spreagtha go príomha ag an bpraghas gáis, mar atá taispeánta i Léaráid 3, ina léirítear an chaoi a bhfuil na praghsanna gáis rianaithe ag DAM i rith na bliana. Ar bhonn lá i ndiaidh lae, áfach, táthar tar éis roinnt mhaith tréimhsí praghais nialasaigh a fheiceáil, a mhair cuid mhaith uaireanta agus a tharla ag an am céanna le tréimhsí gaoithe aird/éilimh ísil (istoíche).


Bliain i ndiaidh bliana, tá DAM 2019 (féach Léaráid 4) tar éis laghdú faoi 21% go dtí meánluach bliantúil náisiúnta de €50.26/MWh, ó €63.39/MWh, agus is iad praghsanna laghdaithe gáis an phríomhchúis leis sin. Ba é €79/MWh an meánphraghas míosúil DAM a bhí ann ag tús na bliana, go dtí gur thit sin diaidh ar ndiaidh tar éis R1 de réir thitim an phraghais gáis go dtí c. €43/MWh. Faoi dheireadh na bliana, i Nollaig, bhí meánphraghas míosúil de €45.44/MWh ann, i gcomparáid le €75.50/MWh i Nollaig 2018.

## MARGADH COTHROMÚCHÁIN I-SEM


Ceann de na hathruithe is suntasaí a tugadh isteach i dteannta na rialacha trádála I-SEM ná an Margadh Cothromúcháin. Is é an margadh seo a thugann an tsolúbthacht don Oibreoir Córais Tarchurtha (TSO) chun an córas a dhaingniú. Faoin mhargadh cothromúcháin, glacann an TSO ceannas (tar éis do ghineadóirí agus soláthraithe idirbheartaíocht a dhéanamh) lena chinntiú go bhfuil an t-éileamh á chomhlíonadh ag an soláthar i gcás go bhfuil athrú ar an aschur gineadóra. Is gá do gach gineadóir a bheith rannpháirteach sa sásra cothromúcháin, agus ní mór dóibh tairiscintí a chur isteach ionas gur féidir leis an TSO iad a aistriú ó róil chonarthacha, más gá sin chun sláine an chórais a chosaint.

Ba ghné de phraghsáil an mhargaidh cothromúcháin fós in 2019 é an luaineacht, agus taispeánann Léaráid 5 gur bhain praghsanna pointe íseal de -€200/MWh amach, chomh maith le buaicphointe de níos mó ná €500/MWh, agus uaireanta níos mó ná €3,000/MWh. Meastar gur teagmhais ghanntanais iad tréimhsí trádála ina n-ardaíonn an praghas os cionn €500/MWh, agus tionscnaíonn siad íocaíochtaí ó na gineadóirí uile a bhfuil conarthaí Rogha Iontaofachta acu. Tharla teagmhais mar sin i rith an chéad chúpla mí d'oibriú an mhargaidh in 2018 agus arís ar an 24 Eanáir 2019, nuair a d'ardaigh an praghas go tobann go dtí os cionn €3,000 MWH. Tharla sin mar thoradh go príomha ar na rialacha a bhaineann leis an margadh uile-oileáin a oibriú laistigh de shrianta an líonra idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann, agus ní de bharr aon ghanntanais shuntasaigh giniúna ar an oileán. Dá bharr sin, tugadh athrú rialach isteach chun cosc a chur ar arduithe praghais tobanna den chineál sin amach anseo. Ar an iomlán, bhí ganntanas cumhachta sa Mhargadh Cothromúcháin (is é sin, bhí an t-éileamh ar an gcóras níos airde ná an méid giniúna a raibh conarthaí ina leith sna Margaí Lá Roimh Ré agus Ionlae, rud a chuir iallach ar an TSO gléasra giniúna breise a sceidealú). Ar na meán, áfach, tá na meánphraghsanna tar éis trádáil ar lascaine don Phraghas an Mhargaidh Lá Roimh Ré. D'fhéadfadh gur léiriú é sin go gcuirtear mórchuid de na bearta cothromúcháin sa mhargadh cothromúcháin i bhfeidhm mar thoradh ar bhearta slándála córais a dhéanann an TSO, agus ní bhíonn aon bhaint acu sin i gcoitinne le socrú phraghas an mhargaidh chothromúcháin.

LÉARÁID 5: MARGADH COTHROMÚCHÁIN




LÉARÁID 6: PRAGHSANNA BUNUALAIGH NA BREATAINE MÓIRE




## MARGADH AGUS PRAGHSANNA LEICTREACHAIS SA BHREATAIN MHÓR

Tá na méideanna foriomlána giniúna leictreachais sa Bhreatain Mhór seasta i gcoitinne le ceithre bliana anuas, agus tá ról na n-athnuaiteán sa chóras leictreachais go ginearálta ag méadú an t-am ar fad. An t-aschur athnuaiteán a bhí ann le haghaidh R3, shroich sé 24TWh, figiúr atá díreach faoi bhun an 25TWh de chumhacht a gineadh ó ghléasraí breosla iontaise don tréimhse chéanna. An méadú mear ar an toilleadh giniúna fótavoltaí gréine a bhí follasach idir 2011 agus 2017, tá maolú tagtha air le 2 bhliain anuas, agus suiteáladh toilleadh iomlán breis is 13 GW sa chóras do shéasúr giniúna samhradh 2019. Taifeadadh buaicphointe nua giniúna gréine de 9.55 GW ar an 14 Bealtaine 2019. Lena hais sin, baineadh curiarracht amach sa Ríocht Aontaithe ag 05:00 ar an 9 Lúnasa 2019 ó thaobh giniúint gaoithe de, nuair a tháinig breis is leath (51.48%) de sholáthar leictreachais na Ríochta Aontaithe as cumhacht ghaoithe den chéad uair. Thacaigh an fheirm ghaoithe amach ón gcósta Hornsea One (1,200 MW), a thosaigh ag soláthar cumhachta d'eangach leictreachais náisiúnta na Ríochta Aontaithe i bhFeabhra 2019, leis an gcuriarracht thuas.

Tá na méideanna giniúna guail fós ag laghdú sa Ríocht Aontaithe bliain i ndiaidh bliana, agus bhí méideanna níos ísle giniúna san fhlít guail in 2019 i gcomparáid le 2018. Is é ba chúis leis an treocht sin go príomha ná cinneadh Rialtas na Ríochta Aontaithe na gléasraí giniúna guail uile a dhúnadh faoi 2025 agus an Tacaíocht don Phraghas Carbóin sa Ríocht Aontaithe, agus is é is toradh air sin ná praghas éifeachtach carbóin atá i bhfad níos airde le hais an phraghais i dtíortha eile san Eoraip. Dhún gléasra guail 2 GW Cottam i Meán Fómhair 2019, agus dhún gléasra guail 1.66 GW Aberthaw i Nollaig 2019; tá gléasra guail Fiddlers Ferry (1.4 GW) chun dúnadh i Ráithe 1 2020.

Leanadh de cheantanna iomaíocha a chur ar siúl sa Ríocht Aontaithe chun toilleadh a fháil tríd an Margadh Toillte, d'ainneoin gur cuireadh an córas Margaidh Toillte ar fionraí i gcomhair mhórchuid 2019. Bhíodh ró-éileamh suntasach ar na ceantanna sin, agus bhrúigh sin na praghsanna síos. Tugadh an ceant toillte T-1 is déanaí don seachadadh in 2019–2020 chun críche ar an 12 Meitheamh 2019, agus ba é an toradh air ná bronnadh 3,626 MW de thoilleadh ar phraghas £0.77/kW, an praghas is ísle a bhí ann riamh. Níor éirigh le haon ghiniúint ghualbhreoslaithe sa cheant sin; bhí 2,030 MW ag an toilleadh gásbhreoslaithe, 1,025 MW ag idirnascairí, 195 MW ag freagairt ar an éileamh, 264 MW ag aisghabháil fuinnimh, 76 MW ag bithbhreoslaí agus 8 MW ag taisc-chealltra.

Ar an 9 Lúnasa 2019, bhí éaradh cumhachta mór sa Ríocht Aontaithe, agus dá bharr sin, fágadh breis is milliún custaiméir gan chumhacht agus cuireadh isteach go mór ar sheirbhísí iarnróid thráthnóna Aoine. Meascán teagmhas go gairid i ndiaidh a chéile ba chúis leis an éaradh; bhí splanc thintrí ann i dtús báire, agus ansin thit dhá ghineadóir mhóra den chóras agus níor leor an toilleadh cúltaca leis an eangach a chobhsú. D'fhógair an National Grid Electricity System Operator (ESO) in Aibreán 2019 go mbeadh ar a chumas córas leictreachais na Ríochta Aontaithe a oibriú go hiomlán saor ó charbón faoi 2025. De bharr an fhógra sin, mar aon le húsáid ghaolmhar giniúna eadrannaí, beidh níos mó deiseanna ann chun seirbhísí córais a chur ar fáil. Chun tús a chur le hiniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun luach a bpunainne giniúna sa Ríocht Aontaithe a optamú trí chonarthaí seirbhísí coimhdeacha, rinne ESB tionscadal ceallra 7 MW Millfarm a choimisiúnú in 2018, agus tá siad tar éis leanúint dá rannpháirtíocht sa mhargadh um Fhreagairt Minicíochta Láidre agus sa Sásra Cothromúcháin in 2019.

# ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS



Pat Fenlon
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa**

**Ceist: Conas a chuirfeá síos ar an bhfeidhmíocht airgeadais in 2019?**

Tá próifíl ghnó sheasta ag ESB, an fóntas fuinnimh is mó in Éirinn, agus tá cuntas tugtha i leith breis is dhá thrian dá thuilleamh, dá shócmhainní agus dá infheistíocht chaipitiúil ag líonraí leictreachais rialáilte in Éirinn faoi chreataí rialála seanbhunaithe trédhearcacha. In 2019, bhaineamar feidhmíocht airgeadais fheabhsaithe amach tar éis laghduithe ar bhrabús in 2017 agus 2018, blianta a bhí dúshlánach dúinn. De réir mar a leanaimid den aistriú i dtreo todhchaí ísealcharbóin, tá ESB tar éis Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh (TRÚCDA) de €1,372 milliún a bhaint amach, chomh maith le Brabús Oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla de €682 milliún agus infheistíocht chaipitiúil de €1,242 milliún. B'ionann ár ngiaráil ag deireadh 2019 agus leibhéal measartha de 57% agus i rith 2019, d'éirigh le ESB an chéad Bhanna Glas corparáideach poiblí in Éirinn a eisiúint.

Léiríonn ár bhfeidhmíocht in 2019 an méid seo a leanas:

- Lean ESB Networks agus NIE Networks de sholáthar líonraí sábháilte iontaofa le cabhair ó chláir shuntasacha chaipitiúla agus chothabhála i gcomhréir lena gcuid conarthaí rialála;
- D'oibrigh Giniúint agus Trádáil (GT) go rathúil sa chéad bhliain iomlán den Mhargadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM) agus bhain siad fás leantach amach inár bpunann inathnuaiteán (lena n-áirítear tuilleadh infheistíochta i ngaoth amach ón gcósta) mar thoradh ar éadáil 50% an tionscadail 448MW, Neart na Gaoithe, sa Ríocht Aontaithe;
- Lean Réitigh do Chustaiméirí den nuáil agus de chruthú luacha ar mhaithe le custaiméirí, lenar áiríodh sábháil airgid leanúnach fhadtéarmach a chur ar aghaidh chuig beagnach milliún dá gcustaiméirí cónaithe leictreachais agus gáis.

Tá ardú 50% ar Bhrabús Oibriúcháin 2019 (roimh mhíreanna eisceachtúla) i gcomparáid le 2018, mar thoradh go príomha ar chorrlaigh fuinnimh feabhsaithe ónár ngléasra gáis theirmigh, costais oibriúcháin níos ísle de bharr caiteachas níos ísle ar ollchóirú, agus ioncam níos airde inár ngnó Réitigh do Chustaiméirí agus san airgeadra eachtrach.

Mar thoradh ar ár bhfógra go ndúnfaí na stáisiúin mhóna i lár na tíre ag deireadh 2020, go mbeadh atheagrú ar Ghob na Muine de bharr oibriú laghdaithe guail, agus go ndúnfaí stáisiún cumhachta an Phoirt Thuaidh, gearradh muirear eisceachtúil €60 milliún le haghaidh costais scarúna agus costais ghaolmhara maidir leis na gléasraí sin. Anuas air sin, gearradh muirear bearnúcháin breise de €34 milliún in aghaidh na n-iasachtaí scairshealbhóra a tugadh do Tilbury Green Power Holdings Limited (comhfhiontar fuíolladhmaid go fuinneamh sa Ríocht Aontaithe).

Ba é méid iomlán chaiteachas caipitiúil ESB in 2019 ná €1,242 milliún. Rinneadh beagnach 60% de sin a infheistiú inár ndá ghnóthas líonra de réir clár caipitil rialaithe comhaontaithe, lena n-áirítear €64 mhilliún ar sheoladh an mhéadraithe chliste i bPoblacht na hÉireann. Mar chuid den aistriú chuig giniúint ísealcharbóin, rinne ESB €340 milliún a infheistiú i dtionscadail ghiniúna inathnuaite.

D'ainneoin an mhuirir eisceachtúil thuasluaite, bhain ESB torthaí láidre airgeadais amach in 2019; bhí luach €1,372 milliún ag TRÚCDA an Ghrúpa, chomh maith le seasamh láidir leachtachta de €1.5 bhilliún agus rátálacha creidmheasa de A- nó a chomhionann le Standard & Poor agus Moody (BBB+ saorsheasaimh).

## BUAICPHOINTÍ

**TRÚCDA**
€1,372 MILLIÚN

**BRABÚS I NDIAIDH CÁNACH ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA**
€419 MILLIÚN

**BRABÚS OIBRIÚCHÁIN ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA**
€682 MILLIÚN

**DÍBHINNÍ 2019**
€88 MILLIÚN


**CAITEACHAS CAIPITIÚIL**
€1,242 MILLIÚN

**TORADH AR CHAIPITEAL A ÚSÁIDTEAR**
5.9%


**GIARÁIL**
Glanfhiachas roinnte faoi shuim na nglansócmhainní agus nglanfhiachas (gan chomhfhiontair san áireamh)
57%

## LÉARÁID 1: ACHOIMRE CÚIG BLIANA


### IONCAM OIBRIÚCHÁIN ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA[1] € MILLIÚN





### CAITEACHAS CAIPITIÚIL[2] € MILLIÚN




### TRÚCDA € MILLIÚN




### GLANFHIACHAS[3] € MILLIÚN




1. Roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2019: Costais scarúna agus bhainteacha (€60 mhilliún) agus muirear Bearnúcháin (€34 mhilliún) 2018: muirear bearnúcháin (€140 milliún) 2017: muirear bearnúcháin (€276 milliún) 2015: muirear bearnúcháin (€104 milliún)
2. Tá Capex 2019 agus 2018 comhlán de na ranníocaíochtaí custaiméirí le haghaidh naisc líonra
3. Áirítear in 2019 dliteanais léasa (€132 milliún)

## LÉARÁID 2: RÁITEAS IONCAIM ACHOIMRITHE

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| Ioncam agus ioncam oibriúcháin de gach saghas | 3,718 | 3,433 |
| Costais oibriúcháin* | (3,036) | (2,978) |
| **Brabús oibriúcháin** | **682** | **455** |
| Míreanna eisceachtúla | (94) | (140) |
| **Brabús oibriúcháin tar éis míreanna eisceachtúla a áireamh** | **588** | **315** |
| Glanchostais airgeadais | (167) | (193) |
| Gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais | (16) | (30) |
| Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | (8) | (14) |
| **Brabús roimh cháin** | **397** | **78** |
| Muirear cánach | (59) | (18) |
| **Brabús i ndiaidh cánach** | **338** | **60** |

*Bearnúcháin neamheisceachtúla san áireamh (féach nóta 17)

### IONCAM

Is ionann ioncam agus ioncam oibriúcháin eile roimh mhíreanna eisceachtúla agus €3,718 milliún agus is méadú €285 milliún é sin i gcomparáid le 2018 (€3,433 milliún). Is é is cúis leis an méadú go príomha ná ioncam níos airde i Réitigh do Chustaiméirí mar thoradh ar mhéideanna ardaithe agus rátaí aonaid méadaithe arna n-eascairt ó phraghsanna ardaithe ar fhuinneamh mórdhíola in 2018.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

## LÉARÁID 3: COSTAIS OIBRIÚCHÁIN (GAN MHÍREANNA EISCEACHTÚLA SAN ÁIREAMH)

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| Costais bhreosla agus costais fuinnimh eile | 1,287 | 1,141 |
| Dímheas agus amúchadh | 806 | 779 |
| Costais fostaí | 490 | 493 |
| Costais oibriúcháin agus chothabhála* | 441 | 560 |
| Bearnúcháin (gan mhíreanna eisceachtúla a áireamh) | 12 | 5 |
| | **3,036** | **2,978** |

*Bearnúchán neamheisceachtúil sócmhainní airgeadais san áireamh (nóta 17)

## COSTAIS OIBRIÚCHÁIN

Tá luach €3,036 milliún ar chostais oibriúcháin fhoriomlána roimh mhíreanna eisceachtúla, arb ionann é sin agus méadú €58 milliún.

- Tá méadú €146 milliún tagtha ar chostais bhreosla agus ar chostais fuinnimh eile mar thoradh ar mhéideanna ardaithe i Réitigh do Chustaiméirí.
- Tá méadú €27 ar an dímheas i gcomparáid le 2018, rud a léiríonn bonn sócmhainní níos airde sna gnóthais líonra agus tionchar IFRS 16 "Léasanna", arna fhritháireamh ag dímheas níos ísle sa ghnó GT tar éis bearnúcháin eisceachtúla 2018
- Tá laghdú €3 mhilliún ar chostais fostaithe mar go raibh costais scarúna neamheisceachtúla 2018 fritháirithe ag tionchar líon méadaithe fostaithe
- Bhí laghdú €119 milliún ar chostais oibriúcháin agus chothabhála mar thoradh go príomha ar chostais níos ísle ollchóirithe gléasra, tionchar IFRS 16 "Léasanna" (arna fhritháireamh ag dímheas) agus an gnóthachan aistrithe maidir le hairgeadra eachtrach neamhairgid ar staideanna idir cuideachtaí a bhí ainmnithe i steirling.

Tá miondealú ar na costais oibriúcháin de réir deighleog gnó ar fáil i nóta 2 leis na ráitis airgeadais.

## MÍREANNA EISCEACHTÚLA

Le blianta beaga anuas, tá meath tagtha ar chorrlaigh san fhlít teirmeach mar thoradh ar thabhairt isteach an mhargaidh I-SEM, chomh maith leis an méid inathnuaiteán ar an gcóras, atá ag síorfhás. In 2018, bhí muirear bearnúcháin eisceachtúil de €122 milliún i dtaca le sócmhainní giniúna ag Aonad 2 Áth Fhada (€87 milliún), Synergen (€33 milliún) agus (€2 mhilliún) ar fheirmeacha gaoithe áirithe. In 2019, dhún ESB an Port Thuaidh, dhearbhaigh siad go stopfaí de leictreachas a ghiniúint as móin i Stáisiúin Chumhachta Loch Rí agus Uíbh Fhailí Thiar faoi dheireadh 2020, agus rinne siad oibríochtaí a chuíchóiriú go suntasach ag Gob na Muine, i bhfianaise leibhéil oibriúcháin laghdaithe.

Mar thoradh ar na cinntí athstruchtúraithe thuas, tá ESB tar éis foráil scarúna eisceachtúil de €55 mhilliún a aithint i ndáil leis na costais ionchasacha a bhaineann le himeacht fostaithe ó na láithreacha sin. Mar thoradh ar dhúnadh pleanáilte na stáisiún cumhachta móna i lár na tíre, tá muirear de €5 mhilliún cuimsithe sna costais oibriúcháin agus chothabhála, atá ina léiriú ar an ranníocaíocht a gheall ESB le haghaidh "Ciste Aistrithe Chóir" do Lár na Tíre.

Aithníodh muirear bearnúcháin de €34 mhilliún (2018: €17.5 million) freisin i ndáil le hiasachtaí a tugadh do Tilbury Green Power Holdings Limited (comhfhiontar fuíolladhmaid go fuinneamh sa Ríocht Aontaithe) mar thoradh go príomha ar fhadhbanna teicniúla maidir le hinfhaighteacht an ghléasra agus raonta difríochta praghsanna níos ísle sa Bhreatain Mhór. Tá foráil iomlán déanta anois le haghaidh na n-iasachtaí scairshealbhóra a cuireadh ar fáil.

## BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

Tá méadú €227 milliún tagtha ar bhrabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla. Tá an ghluaiseacht sa bhrabús oibriúcháin idir na blianta 2018 agus 2019 sonraithe i réiteach an bhrabúis oibriúcháin i Léaráid 4.

## TRÚCDA

Tuilleamh roimh ús, cánachas, dímheas, bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais), amúchadh agus ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair.

| TRÚCDA | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Brabús Oibriúcháin | 588 | 315 |
| Míreanna eisceachtúla: bearnúcháin | 34 | 140 |
| Dímheas | 806 | 779 |
| Bearnúchán (eile) | 12 | 5 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair | (68) | (64) |
| TRÚCDA | **1,372** | **1,175** |


## BRABÚS COIGEARTAITHE ROIMH CHÁNACHAS

An brabús coigeartaithe roimh chánachas don bhliain 2019 ná €514 milliún (2018: €224 milliún). Baineann an éagsúlacht le brabús oibriúcháin níos airde agus costais airgeadais níos ísle mar atá sonraithe thuas, agus le glanchostais airgeadais níos ísle (féach Léaráid 5).

## COSTAIS AIRGEADAIS IOMLÁNA

Tá na costais airgeadais le haghaidh 2019 €41 mhilliún níos ísle ná in 2018. An laghdú ar ghlanús, léiríonn sin an meánchostas níos ísle a bhí ar fhiachas tar éis athmhaoiniú fiachais, go háirithe athmhaoiniú fhiachais chun tionscadail Carrington CCGT a mhaoiniú in 2018.
An méadú príomha ar chaillteanas an luacha chóir i ndáil le hionstraimí airgeadais, baineann sé le socraíocht na mbabhtálacha ráta úis "as an airgead" do Carrington, a criostalaíodh in 2018 nuair a cuireadh fiachas Grúpa ar chostas níos ísle ón margadh bannaí in áit an mhaoinithe tionscadail. Déantar cur síos ar leathanach 176 ar ghluaiseachtaí na mbabhtálacha rátaí úis atá nasctha le boilsciú. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 22 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## LÉARÁID 4: RÉITEACH AN BHRABÚIS OIBRIÚCHÁIN 2018 - 2019




## CÁNACHAS

Go príomha, léiríonn an muirear cánach níos airde de €59 mhilliún an brabús níos airde roimh cháin a gcuirtear síos air thuas. Tá laghdú tagtha ar ráta cánach éifeachtach ESB ar bhrabúis roimh mhíreanna eisceachtúla de bharr sciar níos airde brabús in Éirinn agus sciar níos ísle brabús thar lear. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 20 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## FEIDHMÍOCHT NA NDEIGHLEOG

Tá an Grúpa eagraithe ina chúig phríomhdheighleog intuairiscithe nó rannán straitéiseach, a bhainistítear ar leithligh. Gheofar mionsonraí breise ar fheidhmíocht airgeadais na ndeighleog gnó sna ranna athbhreithnithe ar leathanaigh 54 go 63 agus i nóta 2 leis na ráitis airgeadais.

## GLANFHIACHAS AGUS GIARÁIL

Léiríonn an méadú ar an nglanfhiachas go dtí €5.2 billiún in 2019 ó €4.9 billiún in 2018, infheistíocht leanúnach chaipitiúil, láidriú Phunt na Breataine Móire (GBP) ar fhiachas arna ainmniú i steirling, áireamh dliteanas léasa arna n-eascairt as tabhairt isteach IFRS 16 "Léasanna" in 2019, costais airgeadais, agus íocaíochtaí cánach is díbhinní in 2019 arna bhfritháireamh ag TRÚCDA dearfach.

Bhí méadú ar an leibhéal giarála ó 56% go dtí 57%, a léiríonn an glanfhiachas ardaithe.

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

Bhí caiteachas caipitiúil iomlán de €1,242 milliún ann in 2019, arb ionann é agus méadú de €77 milliún ar chaiteachas caipitiúil 2018. Leanadh den infheistíocht chaipitiúil sna gnóthais líonraí in 2019, agus infheistíodh €735 milliún (59% d'iomlán na hinfheistíochta caipitiúla) sa bhonneagar líonraí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann de réir cláir rialála chomhaontaithe.

B'ionann is €424 milliún an caiteachas a rinneadh i nGiniúint & Trádála in 2019 (2018: €299 milliún). Bhain an caiteachas sin go príomha le hinfheistíocht leanúnach i nginiúint inathnuaite, lenar áiríodh €243 milliún san fheirm ghaoithe 448 MW amach ón gcósta, Neart na Gaoithe sa Bhreatain Mhór, agus €97 milliún san fheirm ghaoithe 114 MW, Cnocán an Phóna i gCo. Ciarraí, a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh sí i bhfeidhm go hiomlán ag tús R2 2020. Áirítear leis an infheistíocht chaipitiúil de €83 milliún a rinneadh i ndeighleoga eile, tionscadail Ghrúpa éagsúla amhail athfhorbairt na Ceannoifige ar Shráid Mhic Liam agus córais TF.

## LÉARÁID 5: RÉITEACH AN BHRABÚIS CHOIGEARTAITHE ROIMH CHÁNACHAS

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| Brabús roimh chánachas | 397 | 78 |
| Míreanna eisceachtúla | 94 | 140 |
| Gluaiseacht luacha chóir ar bhabhtálacha rátaí úis nasctha | 23 | 6 |
| **Brabús coigeartaithe roimh chánachas** | **514** | **224** |


## LÉARÁID 6: COSTAIS AIRGEADAIS IOMLÁNA

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| **Glan-ús ar iasachtaíochtaí** | 152 | 177 |
| Muirir mhaoinithe | 17 | 19 |
| Ioncam airgeadais | (2) | (3) |
| **Glanchostais airgeadais** | **167** | **193** |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | 23 | 6 |
| Caillteanais / (gnóthachain) luacha chóir ar ionstraimí airgeadais | (8) | 24 |
| **Costais airgeadais iomlána** | **182** | **223** |

## LÉARÁID 7: RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID ACHOIMRITHE

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| TRÚCDA (gan mhíreanna eisceachtúla san áireamh) | 1,372 | 1,175 |
| Úsáid forálacha agus gluaiseachtaí eile | (91) | (70) |
| Ús agus cáin | (209) | (264) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **1,072** | **841** |
| Fáltais díolacháin | 9 | 18 |
| Caiteachas caipitiúil agus iasachtaí chuig institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | (1,157) | (1,120) |
| Eile | 2 | 4 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | **(1,146)** | **(1,098)** |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | **(34)** | **(106)** |
| **Glanmhéadú / (laghdú) ar airgead tirim** | **(108)** | **(151)** |

## LÉARÁID 8: CAITEACHAS CAIPITIÚIL



## CREAT BAINISTÍOCHTA CISTÍOCHTA MAIDIR LE HOIBRIÚCHÁIN CHISTÍOCHTA AGUS TRÁDÁLA

Baineann na príomhrioscaí airgeadais atá roimh an Ghrúpa leis an méid seo a leanas:

- Infhaighteacht leachtachta agus rochtain a choinneáil ar na margaí fiachais chaipitiúil
- Luaineacht maidir le malairt eachtrach
- Neamhchosaint i ndáil le costais úis maidir le riachtanais mheasta fiachais an Ghrúpa amach anseo
- Gluaiseachtaí maidir le boilsciú, a d'fhéadfadh baint den fheidhmíocht airgeadais le himeacht ama
- Gluaiseachtaí i bpraghsanna tráchtearraí
- Neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtithe, agus an riosca contrapháirtí i gcoitinne
- Riosca oibriúcháin, lena n-áirítear neamhchosaint ar an riosca go ndéanfaí mí-leithghabháil ar chistí, trí chalaois nó trí earráid
- Rialacháin airgeadais a chomhlíonadh

Tá Aonad Cistíochta an Ghrúpa freagrach as gníomhaíochtaí cistíochta an Ghrúpa ó lá go lá, agus dá bhrí sin, tá sé freagrach, go hiomlán nó suas go pointe, as gach ceann de na rioscaí airgeadais sin. Is féidir cuid de na rioscaí sin a mhaolú trí leas a bhaint as díorthaigh. Nuair a úsáidtear iad, cuirtear i bhfeidhm ionstraimí den sórt sin de réir Shonraíochtaí an Aire Airgeadais a eisíodh faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Faoin Acht sin, cuirtear ar chumas ESB conarthaí díorthacha a dhéanamh chun deireadh a chur leis an riosca a eascraíonn ó athruithe ar rátaí úis, airgeadra, praghsanna tráchtearraí, nó fachtóirí eile den chineál céanna, nó chun na rioscaí sin a mhaolú. Go dtí an 31 Nollaig 2019, dá mba ghá leis, úsáideadh cur chuige cuntasaíochta an fhálaithe ar an sreabhadh airgid faoi IFRS 9 ar staideanna díorthaigh an Ghrúpa. Fiú i gcás nár úsáideadh an cur chuige sin, rinneadh na díorthaigh sin a bhreith mar fháluithe eacnamaíocha bailí.

Coinnítear Coiste Infheistíochta an Bhoird ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le ceisteanna móra cistíochta. Tá cur chuige Chiste an Ghrúpa i leith phríomhrioscaí airgeadais ESB a bhainistiú leagtha amach i nóta 28 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, is é sin, Bainistiú Riosca Airgeadais agus Luacha Chóir.


## LEACHTACHT AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE

Tá tábhacht straitéiseach don Ghrúpa ag baint le hoibriúcháin mhaoinithe Chiste an Ghrúpa agus tacaíonn siad le cláir chaiteachais chaipitiúil ESB, le hathmhaoiniú fiachais atá ag dul in aibíocht agus le maolán dóthanach leachtachta a choimeád chun cosaint ar shuaitheadh eacnamaíoch sa todhchaí.

Bhí staid láidir leachtachta ag ESB amhail ar an 31 Nollaig 2019, agus bhí beagnach €1.5 billiún in airgead tirim agus saoráidí geallta infhaighte aige. Ba é an phríomhfhoinse leachtachta theannta a bhí ag an nGrúpa amhail ar an 31 Nollaig 2019 ná a Shaoráid Chreidmheasa Imrothlaigh ar luach €1.44 billiún, arna cur ar fáil ag 14 banc caidrimh, agus í sínte anois go dtí Eanáir 2022. Amhail ag deireadh na bliana, bhí idirbheartaíocht beagnach tugtha chun críche maidir le saoráid nua a chur i bhfeidhm a thiocfadh in aibíocht in 2025.

I rith 2019, d'ainneoin dálaí margaidh a bhí luaineach uaireanta, thiomsaigh ESB breis is €600 milliún d'iasachtaíochtaí nua. In Eanáir 2019, d'eisigh ESB banna 25 bhliain de EUR €100 milliún, a raibh cúpón de 2% ag baint leis, agus shínigh sin próifíl aibíochta phunann fiachais ESB. I Meitheamh 2019, tar éis sheoladh Chreat Bhanna Glas ESB an mhí roimhe sin, d'eisigh an Grúpa Banna Glas 11 bhliain de EUR €500 milliún, a raibh cúpón seasta 1.125% ag baint leis. Ba é sin an chéad Bhanna Glas corparáideach poiblí a eisíodh riamh in Éirinn. Cuireadh an t-idirbheart i gcrích tar éis taispeántas taistil Eorpach suntasach, a raibh breis is 100 infheisteoir tábhachtacha páirteach ann, agus is é an toradh a bhí air ná an cúpón is ísle a bhí ag ESB riamh i gcomhair banna sinsearach. Bhí neart infheisteoirí rannpháirteach ann ó thíortha éagsúla, agus suim acu uile i bhfreagracht shóisialta, agus léirigh sin go bhfuil muinín i Straitéis Todhchaí Níos Gile ESB agus an clár infheistíochta a bhaineann leis. Tá Coiste Airgeadais Ghlais tiomnaithe curtha ar bun lena chinntiú go bhfuil an Creat Banna Ghlais á chomhlíonadh agus chun maoirseacht a dhéanamh ar leithdháileadh ghlan-fháltais an Bhanna Ghlais sin do thionscadail incháilithe atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta, i réimsí amhail fuinneamh inathnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, foirgnimh ghlasa agus iompar glan.

### LÉARÁID 9: LEACHTACHT




Leachtacht ar fáil amhail ar an 31 Nollaig 2019 (€1.5 bhilliún)

D'éascaigh na hidirbhearta banna poiblí thuas fás phunann sócmhainní inathnuaite ESB agus aisíoc luath cuid d'fhiachas airgeadais tionscadail reatha ESB. I Samhain 2019, ghnóthaigh ESB bun cothromais 50% sa tionscadal gaoithe 448 MW amach ón gcósta, Neart na Gaoithe (NNG). Nuair a tharla cur i gcrích airgeadais an tionscadail, d'fheidhmigh NNG babhtálacha a bhí nasctha le hús agus le boilsciú, agus bhain sin an riosca den tionscadal a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar ghluaiseachtaí i mbunrátaí.

Faoi dheireadh na bliana, bhí an meánráta úis ualaithe ar iasachtaíochtaí an Ghrúpa tar éis titim go dtí 3.0% (Nollaig 2018: 3.4%). Le blianta beaga anuas, tá an Grúpa in ann bannaí a eisiúint a bhfuil dátaí níos faide ag baint leo (10 go 20 bliain), rud a laghdaíonn an riosca athmhaoinithe sa mheántéarma. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí thart ar cheathrú d'iasachtaíochtaí an Ghrúpa inaisíoctha laistigh de 5 bliana, i gcomparáid le 42% ag deireadh 2016. Tá an méadú seo ar mheánfhad phunann fiachais an Ghrúpa (8.4 mbliana amhail ar an 31 Nollaig 2019) ag teacht le cineál fadtéarmach shócmhainní an Ghrúpa. Ar an 21 Eanáir 2020, d'éirigh leis an ESB nóta de €325 milliún steirling ar ráta seasta 1.875% a thiomsú, a thiocfaidh in aibíocht ar an 21 Iúil 2035. Rinne an t-idirbheart sin an banna STG£275 milliún ar ráta 6.5% a athmhaoiniú, a tháinig in aibíocht i Márta 2020, agus b'ionann sin agus tromlach na n-iasachtaíochtaí reatha amhail ar an 31 Nollaig 2019.

## AIRGEADRA EACHTRACH AGUS BAINISTIÚ RIOSCA AN RÁTA ÚIS

Tá an chuid is mó de ghnóthas an Ghrúpa suite i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Dá réir sin, is in euro nó steirling go príomha a bhíonn sreafaí airgid oibriúcháin agus infheistíochta ainmnithe. An eisceacht mhór air sin ná ceannacháin ghuail, a ainmnítear i ndollair na Stát Aontaithe de ghnáth, ach is gné de mheascán breoslaí ESB iad atá ag dul i léig. Is é beartas ESB ná aon nochtadh ábhartha d'airgeadra eachtrach a fhálú de réir mar a thagann sé chun cinn agus chuige sin, úsáid a bhaint as díorthaigh airgeadra amhail idirbhearta malairte eachtraí réamhcheaptha, ag rátaí iomaíocha ar an margadh. Tá cur i bhfeidhm an bheartais sin bunriachtanach le go gcoimeádfadh Ciste an Ghrúpa línte creidmheasa le réimse leathan contrapháirtithe a bhfuil rátáil mhaith chreidmheasa acu.

Is é beartas an Ghrúpa a ghnó atá ainmnithe in euro a mhaoiniú trí iasachtaí díreacha in euro nó iasachtaí in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro trí bhíthin ionstraimí díorthacha, mar shampla, babhtálacha tras-airgeadra. Is gnách go mbíonn infheistíochtaí sa Ríocht Aontaithe (NIE Networks san áireamh) maoinithe ag fiachas a eisíodh i steirling nó a malartaíodh go steirling. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, tá tuairim is 72% de bhunfhiachas ESB ainmnithe in euro, agus an 28% eile i steirling.

Márta 2019 an uair dheireanach a rinne an Bord beartas ráta úis an Ghrúpa a athbhreithniú agus a nuashonrú. Faoin mbeartas sin, is fearr le ESB fiachas ráta úis sheasta a roghnú, agus beidh siad ag dréim le mórchuid shuntasach dá bhfiachas a bheith ar ráta úis sheasta go dtí go dtiocfaidh sé in aibíocht, agus íosmhéid de 60% den ráta a bheith seasta i gcónaí. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, socraíodh thart ar 95% d'iasachtaíochtaí an Ghrúpa go dtí go mbeidís aibí, nó rinneadh iad a nascadh le boilsciú. Tá an Grúpa neamhchosanta, áfach, ar ghluaiseachtaí ráta úis sa todhchaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chostas na riachtanas iasachta amach anseo, go háirithe de réir mar a théann aon fhiachas reatha ar ráta seasta in aibíocht, agus go ndéantar é a athmhaoiniú. Déanann Ciste an Ghrúpa monatóireacht mhion ar dhálaí margaidh maidir leis an méid thuas, agus d'fhéadfadh go bhféachfaidís le riachtanais iasachta amach anseo a réamh-mhaoiniú nó a réamhfhálú más cuí, faoi réir cead a bheith faighte chuige sin ón mBord agus ó na Scairshealbhóirí.

## AN RIOSCA MAIDIR LE PRAGHSANNA TRÁCHTEARRAÍ

Praghsanna a íocann ESB ar bhreosla agus carbón i dtaca lena ghníomhaíochtaí giniúna leictreachais, léiríonn siad luaineacht uaireanta, ag brath ar dhálaí an mhargaidh. In 2019, bhí úsáid an ghuail níos ísle ar fud na hEorpa ná mar a bhí riamh. Tá na praghsanna guail bliana roimh ré san Eoraip díbhoilscithe mar go bhfuil ardú tagtha ar an bpionós (is é sin, an praghas carbóin) a ghearrtar as an mbreosla sin a úsáid, agus tá ceadúnais astaíochta carbóin cúig huaire níos daoire in Éirinn ná mar a bhí in 2017. Cúiseanna eile leis an laghdú ar úsáid guail ná beartais níos déine maidir le fuinneamh glan agus an fhlúirse gáis nádúrtha atá ar fáil. Tá aschur stáisiún cumhachta ghualbhreoslaithe ESB féin i nGob na Muine tar éis laghdú le bliain anuas, agus dealraíonn sé go leanfar den oibriú íslithe sin amach anseo agus go gcuirfear deireadh go hiomlán leis an nginiúint ghualbhreoslaithe faoi lár na deich mbliana reatha.

An neamhchosaint atá ann dá bharr ar ghluaiseachtaí i bpraghsanna breosla ar thuilleamh todhchaí, bainistíonn ESB í ar bhonn fálú roghnaitheach. Tá conarthaí réamhcheaptha praghsanna tráchtearraí déanta ag ESB maidir le liúntais gháis, ghuail agus astaíochtaí carbóin go ceann trí bliana amach anseo chun laghdú a dhéanamh ar nochtadh an Ghrúpa ar ghluaiseachtaí i bpraghsanna leictreachais mórdhíola a eascraíonn as luaineachtaí den chineál sin i bpraghsanna tráchtearraí. Cuireann gnóthais soláthair an Ghrúpa in Éirinn agus, de réir a chéile, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór, fálú nádúrtha ar fáil i dtaca leis sin.

## AN RIOSCA CONTRAPHÁIRTÍ

Tá an Grúpa neamhchosanta ar rioscaí creidmheasa ó na contrapháirtithe a bhfuil cuntais bainc aige i bpáirt leo agus lena mbíonn sé i mbun gnó ar na margaí airgeadais agus tráchtearraí. Is é beartas ESB teorainn a chur leis an neamhchosaint ar chontrapháirtithe, bunaithe ar mheasúnuithe ar an riosca creidmheasa. Tá an neamhchosaint agus na teorainneacha gaolmhara faoi réir athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach i ngach aonad gnó, agus ar leibhéal an Ghrúpa, is é Coiste Trádála an Ghrúpa (GTC) a dhéanann é sin. Déantar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí shainorduithe déileála a bhunú le contrapháirtithe.

De ghnáth, bíonn dlúthnasc idir teorainneacha creidmheasa contrapháirtí a shocraíonn an GTC agus rátáil chreidmheasa gach contrapháirtí faoi mar a chinneann na príomhghníomhaireachtaí rátála creidmheasa é, cé gur féidir tosca eile a chur san áireamh freisin, lena gcuimsítear an tslándáil a chuirtear ar fáil agus struchtúr dlíthiúil an idirbhirt. Is é an teorainn a shocraítear do chontrapháirtí an méid nach ceadmhach a shárú i dtaca le suim iomlán an ghlanta, luach na marcála de réir margaidh, agus aon neamhchosaint a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí. Déantar athbhreithniú ar na staideanna sin ar bhonn rialta (suas le gach lá). Le linn 2019, rinneadh idirbhearta maidir le mórchuid de thrádáil tráchtearraí breosla an Ghrúpa de réir luacha ar mhalartáin margaidh fuinnimh seachas go déthaobhach. I gcoitinne, maolaíonn an trádáil ar mhalartáin an riosca contrapháirtí, cé nach gcoisceann sé go hiomlán é, agus freisin, cinntíonn trádáil den chineál sin leachtacht trádála agus trédhearcacht praghsanna. Tá fálú Chiste an Ghrúpa (maidir le malartán eachtrach, ráta úis agus an riosca boilscithe) fós á chur i bhfeidhm go déthaobhach le bainc caidrimh rátaithe, trí chonarthaí déthaobhacha thar an gcuntar (OTC).


## RIALÚ AIRGEADAIS

Tá an timpeallacht rialála don trádáil i margaí airgeadais agus fuinnimh tar éis éirí níos casta le blianta beaga anuas, agus tá feabhas tagtha dá réir ar an gcumas atá ag an nGrúpa dul i ngleic leis sin. Mhéadaigh minicíocht agus scóip na bhfiosrúchán rialála i rith 2019. Leanfar d'aird faoi leith a dhíriú in 2020 ar fhiosrúcháin ó údaráis rialála a fhreagairt agus chomhlíonadh leantach an rialaithe airgeadais a chinntiú.

## IONCHAS

Tá ESB fós ar thús cadhnaíochta mar fhóntas fuinnimh in Éirinn, agus cinnteoidh sin, chomh maith lena phróifíl ghnó sheasta agus a staid láidir airgeadais, nach mbeidh aon fhadhb aige déileáil leis na dúshláin atá roimhe agus a straitéis Todhchaí Níos Gile a bhaint amach.

### LÉARÁID 10: PRÓIFÍL AIBÍOCHTA FIACHAIS * ESB AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2019




*Léiríonn na sreafaí airgid a bhaineann le haisíocaíochtaí láithrithe príobháideacha na socruithe fálaithe atá i bhfeidhm

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

# GINIÚINT AGUS TRÁDÁIL (GT)



Jim Dollard
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Giniúint agus Trádáil**

**Ceist: Cérbh iad na gnóthachtálacha móra do Ghiniúint agus Trádáil (GT) in 2019?**

Baineadh dhá phríomh-ghnóthachtáil amach don bhliain;

**1. Dul chun cinn suntasach maidir le cur i bhfeidhm straitéis inathnuaiteán GT.** Tá rún ag ESB 3.5GW de shócmhainní inathnuaite a bheith aige faoi 2030 agus ba bhliain an-rathúil ar fad í 2019 ó thaobh an sprioc sin a bhaint amach.

- Cur i bhfeidhm 2 mhórthionscadal gaoithe - Tá dul chun cinn maith déanta maidir le tógáil Chnocán an Phóna, an fheirm ghaoithe is mó atá ag ESB go dtí seo; tá an tionscadal 114 MW sin lonnaithe ar theorainn Chorcaí / Chiarraí agus de réir an sceidil, déanfar é a choimisiúnú faoi thús R2 2020. Thosaigh feirm ghaoithe 89 MW Oweninny i gCo. Mhaigh Eo ag feidhmiú ar bhonn tráchtála go déanach in 2019 agus is eiseamláir iontach í de chomhar éifeachtach lenár gcomhpháirtí comhfhiontair Bord na Móna.
- Forbairt soláthar suntasaí todhchaí de shócmhainní gaoithe ar talamh - tá ESB tar éis a fhógairt go bhfuil rún aige obair i gcomhpháirt le Coillte chun comhfhiontar a chruthú a fhorbróidh sócmhainní gaoithe ar talamh in Éirinn ar thalamh atá faoi úinéireacht Coillte. Ina theannta sin, tá soláthar c. 1 GW de shócmhainní gaoithe ar talamh fós á fhás ag ESB in Albain agus sa Bhreatain Bheag.
- Fás suntasach ar lorg ESB sa réimse gaoithe amach ón gcósta. Chun cur le héadáil buin san fheirm ghaoithe Galloper in 2018, d'éadáil ESB scairshealbhú 50% sa tionscadal feirme gaoithe 448 MW amach ón gcósta, Neart na Gaoithe, atá suite amach ó chósta thoir na hAlban. Tá tús curtha le céim tógála an tionscadail agus tá ESB ag súil le hobair i gcomhpháirt le EDF ar an tionscadal sin. Is tosaíocht de chuid ESB é cumhacht ghaoithe amach ón gcósta. Tá ESB ag obair i gcomhpháirt le Parkwind ar fhorbairt na bhfeirmeacha gaoithe Oiriall agus Cheann Chlochair, agus ar na mallaibh, tá GT tar éis eochair-chomhaontuithe comhpháirtíochta straitéiseacha a dhéanamh le Equinor chun sócmhainní gaoithe amach ón gcósta a chomhfhorbairt in Éirinn.

**2. Aistriú an ghnóthais oibriúcháin a bhainistiú go héifeachtach de réir mar a bhíonn sé ag dícharbónú** - ba bhliain dhúshlánach don ghnóthas é 2019, agus cé go raibh cinntí deacra le déanamh, mar shampla, an cinneadh na stáisiúin chumhachta mhóna a dhúnadh in 2020, d'éirigh leis an gnóthas an t-aistriú sin a bhainistiú go héifeachtach. Ba iad seo a leanas na príomhspriocanna a baineadh amach;

- Feabhsú ár gcur chuige i leith na sábháilteachta tríd an gclár Slán Sábháilte
- Na spriocanna airgeadais don bhliain a bhaint amach
- Feidhmíocht láidir maidir le hiontaofacht ghléasra ar feadh na punainne agus a bheith rathúil sa chéad bhliain iomlán d'oibriú sa mhargadh I-SEM
- Oiriúnú leanúnach ár bpunanna i dtéarmaí dhúnadh an Phoirt Thuaidh, cuíchóiriú ár n-oibríochtaí in Corby agus go háirithe an comhaontú a rinneamar lenár bhfoireann i nGob na Muine chun oibriú an ghléasra a chuíchóiriú, i bhfianaise go bhfuiltear ag súil anois le hoibriú sa mhargadh atá íslithe go mór
- Rannpháirtíocht rathúil i gceantanna toillte I-SEM, go háirithe bronnadh conarthaí toillte le haghaidh 600 MW de thoilleadh nua

**Ceist: Conas a chabhraíonn an gnóthas le ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?**

Tá sprioc straitéiseach ag ESB tacú le dícharbónú na hearnála leictreachais. Chun freastal ar an sprioc sin, tá infheistíochtaí á ndéanamh ag GT i sócmhainní fuinnimh i réimse leathan teicneolaíochtaí, lena n-áirítear gaoth ar talamh agus amach ón gcósta agus grianfhuinneamh. Tá sócmhainní á bhforbairt freisin ag GT a thacóidh leis an eangach maidir le haistriú chuig todhchaí ísealcharbóin, mar shampla, sócmhainní ceallra agus taiscthe, agus aonaid ghásbhreoslaithe a freagróidh go mear don éileamh córais, agus beidh na rudaí sin uile ina ngnéithe lárnacha d'athnuaiteáin ar mhórscála a éascú amach anseo.

## FORLÉARGAS

BRABÚS OIBRIÚCHÁIN*

2019 **€198 milliún**

2018 €37 milliún*

€161 milliún

CAITEACHAS CAIPITIÚIL

2019 **€424 milliún**

2018 €299 milliún

€125 milliún

*roimh mhíreanna eisceachtúla de €94 milliún (2018: 140 milliún)

Déanann an gnóthas GT aschur shócmhainní giniúna leictreachais ESB a fhorbairt, a fheidhmiú agus a thrádáil. Cuimsíonn an phunann 5,520 MW de shócmhainní giniúna ar fud I-SEM agus na Breataine Móire, agus tá 338 MW sa bhreis á thógáil faoi láthair. Agus é ag díriú go mór ar shábháilteacht, cruthaíonn GT luach ar airgead mar seo a leanas:

- Táirgí mórdhíola agus trádáilte a chur ar fáil chun riachtanais na gcustaiméirí a shásamh
- Seirbhísí córais a thairiscint chun tacú le heangach láidir leictreachais agus chun comhtháthú foinsí fuinnimh inathnuaite a éascú
- Oibriúchán phunann ghiniúna ESB a optamú
- Sócmhainní fuinnimh nua a sheachadadh chun tacú leis an aistriú go fuinneamh ísealcharbóin agus
- Gníomhú go dearfach i bpobail sna ceantair ina bhfuil tionscadail tógála agus sócmhainní oibriúcháin.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Tá brabús oibriúcháin GT roimh mhíreanna eisceachtúla de €198 milliún méadaithe faoi €161 milliún i gcomparáid le 2018. Léiríonn sin corrlaigh níos mó i ngléasraí gáis I-SEM go príomha, chomh maith le caiteachas oibriúcháin laghdaithe (ollchóiriú den chuid is mó), agus déanann sé an t-oibriú íslithe i nGob na Muine a fhritháireamh. B'ionann agus 84.1% an infhaighteacht gléasra don bhliain, agus tugadh faoi líon suntasach tionscnamh ollchóirithe i stáisiúin chumhachta Áth Fhada, Bhá Bhaile Átha Cliath agus Chnoc an Turlaigh i rith na bliana. Thabhaigh GT muirear eisceachtúil de €94m don bhliain. Baineann an muirear eisceachtúil le costais na scéimeanna scarúna i dtaca le hathstruchtúrú ghléasra Ghob na Muine, dúnadh an Phoirt Thuaidh agus dúnadh pleanáilte dhá stáisiún mhóinbhreoslaithe freisin, Cumhacht Uíbh Fhailí Thiar agus Cumhacht Loch Rí i lár na tíre ag deireadh 2020. Anuas air sin, bhearnaigh ESB iasachtaí (€34 mhilliún) a tugadh do Tilbury Green Power Holdings Limited (gléasra dramhaíl go fuinneamh ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm air atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe) mar gheall, go príomha, ar mhoilleanna maidir le garspriocanna oibrithe tráchtála a bhaint amach agus raon difríochta praghsanna measta níos ísle sa Bhreatain Mhór. B'ionann an caiteachas caipitiúil de €424 milliún agus ardú €125 milliún ó 2018, mar gheall, go príomha, ar infheistíocht ESB sa tionscadal gaoithe 448 MW amach ón gcósta, Neart na Gaoithe, sa Ríocht Aontaithe, agus sa tionscadal chun feirm ghaoithe Chnocán an Phóna (114 MW) a thógáil.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Tá fás mear tagtha ar an ngnóthas Giniúna le 20 bliain anuas. Is mór an t-athrú atá ar an tírdhreach mar thoradh ar iomaíocht, rialú agus dícharbónú, agus is timpeallacht oibriúcháin dhúshlánach atá inti anois, go háirithe do ghléasraí teirmeacha sa mhargadh. Cé go bhfuil praghsanna tráchtearraí tite go ginearálta in 2019, tá méadú suntasach tagtha ar phraghsanna carbóin. Tá sin tar éis tionchar a bheith aige ar eacnamaíocht na giniúna gualbhreoslaithe, agus dá bharr sin, bhí oibriú an-íseal ann in 2019. An toradh airgeadais ar an laghdú sin ar ghiniúint guail, maolaíodh é den chuid is mó de bharr na fálaithe agus na giniúna méadaithe ó eilimintí eile i bpunann ghiniúna GT. I bhfianaise na ndúshlán leantach sa mhargadh don phunann ghiniúna, tá GT ag dréim lena chinntiú go bhfreagraíonn an bonn costas don ghnóthas, agus é sin ar bhonn inbhuanaithe.

Lena hais sin, cuirfear deireadh leis an gcead pleanála do stáisiúin chumhachta ghásbhreoslaithe ESB, Cumhacht Loch Rí agus Cumhacht Uíbh Fhailí Thiar, in 2020. Bhí ESB i mbun oibre chun shaolré na stáisiún sin a shíneadh níos faide ná 2020, agus chuige sin, bhí aistriú céimnithe ó mhóin go dtí bithmhais á phleanáil. In Iúil 2019, áfach, dhiúltaigh An Bord Pleanála d'iarratas pleanála le haghaidh Cumhacht Uíbh Fhailí Thiar. Mar thoradh ar an gcinneadh sin, rinneadh athbhreithniú ar na roghanna maidir le stáisiúin chumhachta Cumhacht Loch Rí agus Cumhacht Uíbh Fhailí Thiar i ndiaidh 2020. Tar éis machnamh a dhéanamh ar na príomhcheisteanna a bhaineann le móin agus bithmhais ó thaobh na pleanála, an chomhshaoil agus na tráchtála de, fuarthas gurb amhlaidh nach bhfuil aon mhúnla gnó inmharthana ann ó 2020 ar aghaidh. Dá bharr sin, dúnfar an dá stáisiún ag deireadh Nollaig 2020.

## CUSTAIMÉIRÍ GT

Tá conarthaí éagsúla a thrádáiltear ar an malartán á dtairiscint ag GT do na cuideachtaí soláthair ar fad in I-SEM ar bhonn neamh-idirdhealaitheach trí ardán trádála thar an gcuntar i bhfuinneoga trádála seachtanúla. Tugann na fuinneoga trádála sin deis do sholáthraithe a neamhchosaintí cumhachta a fhálú chun maolú in aghaidh an riosca luaineachta sa mhargadh a dhéanamh dá gcustaiméirí.

## DAOINE

Tá 914 fostaí in GT, líon níos lú ná in 2018, i gcomhréir le hiarrachtaí an ghnóthais é féin a chur in oiriúint don timpeallacht oibriúcháin athraitheach atá ann mar thoradh ar láithreacht níos airde inathnuaiteán agus oibriú laghdaithe i stáisiúin ghiniúna áirithe. Tá GT fós dírithe ar fheidhmíocht shlán éifeachtúil a bhoinn sócmhainní a choinneáil, chomh maith lena spriocanna straitéiseacha a chur i bhfeidhm. Tá sláinte, sábháilteacht agus folláine ríthábhachtach, agus i rith 2019, díríodh clár feabhsaithe sábháilteachta GT ar an gclár um shábháilteacht próiseas a dhaingniú níos mó, ar bhéim mhéadaithe a chur ar shábháilteacht iompraíochta trí bhíthin an chláir Slán Sábháilte, agus ar chur chun cinn na sláinte agus na folláine. Tá an clár Slán Sábháilte faoi lánseol anois in 14 láthair ar fud GT. Tá gach láthair laistigh de GT clúdaithe ag córais bhainistithe sábháilteachta atá creidiúnaithe ag OHSAS agus a ndéantar iniúchadh seachtrach orthu; coinníodh an creidiúnú sin in 2019, agus anuas air sin, d'éirigh le cúig láthair a gcreidiúnú a aistriú ón gcaighdeán sin go dtí an caighdeán nua a cuireadh ina ionad, mar atá, Caighdeán ISO450001. Is gné lárnach d'fheidhmíocht rathúil an ghnóthais GT í rannpháirtíocht na bhfostaithe. I rith 2019, ghnóthaigh línte gnó agus stáisiúin éagsúla an caighdeán cáilíochta creidiúnaithe Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe (Poblacht na hÉireann) agus Investors in People (Ríocht Aontaithe). Mar chuid dá n-obair chun an éagsúlacht agus an t-ionchuimsiú a mhéadú, earcaíodh triúr fostaithe breise in 2019 trí chlár GT d'oiliúnaithe faoi mhíchumas.

## INBHUANAITHEACHT

Agus é i mbun a ghnó, is tosaíocht de chuid GT é an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, agus tá sé mar aidhm aige méadú suntasach a dhéanamh ar ghiniúint inathnuaite agus déine charbóin na giniúna sin a laghdú i gcoitinne. Tá ESB tiomanta d'aistriú slán inacmhainne a stiúradh in aghaidh usáid guail agus móna don ghiniúint chumhachta. Tá an t-aschur $CO_2$ ó stáisiúin ghiniúna GT tuairim is 59% níos ísle ná mar a bhí in 2005 (dáta tagartha) agus bhí laghdú 39% ar dhéine carbóin na giniúna go dtí 406 g/kWh.

**EOLAS NUASHONRAITHE FAOI THOSAÍOCHTAÍ 2019 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2020**

| Tosaíocht 2019 | Dul chun cinn 2019 | Tosaíocht 2020 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Leanúint d'ionad oibre sláintiúil, saor ó ghortuithe a sholáthar.<br>Leanúint de dhearbhú sábháilteachta a fheabhsú.<br>An clár sábháilteachta maidir le próiseas a fhréamhú sa ghnóthas.<br>Leanúint de ghrúpaí feidhmiúcháin breise a chur ar bun mar chuid den Chlár Slán Sábháilte. | ▪Tús curtha le Céim 1 den chóras Sábháilte oibre.<br>▪Sábháilteacht próiseas a dhaingniú níos mó.<br>▪Cur i bhfeidhm leantach an tionscadail um athrú an chultúir sábháilteachta (Slán Sábháilte). | ▪Leanúint d'ionad oibre sláintiúil, saor ó ghortuithe a sholáthar.<br>▪Tús curtha le Céim 2 den Chóras Sábháilte Oibre.<br>▪Leanúint de dhearbhú sábháilteachta a fheabhsú.<br>▪An fheidmíocht maidir le Sábháilteacht Próiseas a fheabhsú sa ghnóthas.<br>▪Leanúint de ghrúpaí feidhmiúcháin breise a chur ar bun mar chuid den Chlár Slán Sábháilte. |
| Na tionscadail ghaoithe i gCnocán an Phóna agus Oweninny a thógáil go sábháilte. | ▪Críochnaíodh tógáil na feirme gaoithe (89 MW) Oweninny in 2019, agus cuireadh tús leis an oibriú tráchtála i Samhain 2019; bhí feirm ghaoithe (114) MW Chnocán an Phóna beagnach críochnaithe in 2019, agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an oibriú tráchtála faoi thús R2 2020. | ▪Na céimeanna deiridh de thógáil an tionscadail gaoithe i gCnocán an Phóna a thabhairt chun críche go sábháilte.<br>▪Céimeanna tosaigh thógáil na feirme gaoithe amach ón gcósta, Neart na Gaoithe (NNG), a mhaoirsiú. |
| Ardleibhéal feidhmíochta a choinneáil i ndáil le giniúint agus trádáil araon<br>Oibríochtaí in I-SEM a chomhdhlúthú | ▪Bhí infhaighteacht bhliantúil an fhlít ghiniúna níos ísle ná in 2018 de bharr roinnt mhaith fadhbanna teicniúla i nGob na Muine.<br>▪Feidhmíocht trádála fheabhsaithe sa chéad bhliain iomlán d'oibriú sa mhargadh I-SEM i gcomparáid le 2018. | ▪Ardleibhéal feidhmíochta a choinneáil ó thaobh giniúint agus trádáil araon.<br>▪An phunann theirmeach a fhás agus a chur in oiriúint ar bhonn leanúnach le go láidreofaí a feidhmíocht tráchtála a oiread agus is féidir. |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| An líon deiseanna chun infheistíocht a dhéanamh i nginiúint ísealcharbóin a mhéadú, lena n-áirítear grianfhuinneamh agus fuinneamh gaoithe amach ón gcósta. | ▪Dul chun cinn suntasach in 2019 ó thaobh na n-infheistíochtaí i bhfeirmeacha gaoithe NNG agus Oiriall. Cuirfidh an comhfhiontar le Coillte agus an chomhpháirtíocht le Equinor tuilleadh deiseanna ar fáil ar féidir tairbhe a bhaint astu sa todhchaí. Comhpháirtíocht déanta le Parkwind maidir le forbairt feirmeacha gaoithe amach ón gcósta Oiriall agus Cheann Chlochair.<br>▪Forbairt leanúnach suas le 850 MW de ghiniúint gaoithe in Albain agus 110 MW de ghiniúint gaoithe sa Bhreatain Bheag, i gcomhar le Coriolis agus REG Holdings, a bhfuil toiliú iomlán faighte do 150 MW.<br>▪Leanúint de thionscadail ghrianfhuinnimh fhéideartha a fhorbairt i gcomhpháirt le Terra Solar agus trí bhíthin comhfhiontair le Bord na Móna<br>▪ Forbairt gléasraí gáis agus ceallraí féideartha sa Bhreatain Mhór agus i bPoblacht na hÉireann. Tá conarthaí toillte 10 mbliana bainte amach le haghaidh roinnt mhaith forbairtí i bPoblacht na hÉireann. | ▪An líon deiseanna chun infheistíocht a dhéanamh i nginiúint ísealcharbóin a mhéadú, lena n-áirítear grianfhuinneamh agus fuinneamh gaoithe amach ón gcósta. |
| Bailchríoch a chur ar phleananna chun stáisiúin Lár na Tíre a aistriú go bithmhais | ▪Mar gheall gur diúltaíodh cead pleanála do na stáisiúin sin in 2019, dúnfar an dá stáisiún ag deireadh 2020. | ▪Dúnadh éifeachtúil eagraithe na stáisiún sin a bhainistiú. |

## AN TAISTRIÚ CHUIG FUINNEAMH GLAN SA TODHCHAÍ A CHUMHACHTÚ

**Neart na Gaoithe (NNG)**

Beidh feirm ghaoithe amach ón gcósta NNG suite amach ó chósta thoir na hAlban agus beidh 54 tuirbín inti, a mbeidh toilleadh iomlán c. 448 MW acu. Is comhfhiontar é seo le EDF Renewables UK (EDF), agus is le EDF agus ESB sciar 50% araon. Tá Conradh Difríochta 15 bliana faighte ag an tionscadal, agus táthar ag súil go gcuirfear tús le hoibriú tráchtála ann faoi dheireadh 2022.

**Cén fáth ar infheistigh ESB in NNG?**

Is cuid lárnach de straitéis Inathnuaiteán ESB fuinneamh gaoithe amach ón gcósta. Mar bhealach le cur leis an infheistíocht ar na mallaibh i bhfeirm ghaoithe amach ón gcósta Galloper in 2018, láidreoidh an infheistíocht seo tiomantas ESB do phunann ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt i margaí lárnacha ESB in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, agus is ábhar infheistíochta láidir é NNG ann féin. Mar thoradh ar NNG, beidh sé de chumas ag ESB scála na huaillmhéine atá sonraithe i Straitéis Todhchaí Níos Gile ESB a chur i bhfeidhm chun na méideanna teicneolaíochtaí gan charbón i bpunann ghiniúna GT a mhéadú go suntasach.

# ESB NETWORKS



Paddy Hayes
**Stiúrthóir Bainistíochta**
**ESB Networks DAC**



Paul Mulvaney
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**Seachadadh do Chustaiméirí, ESB Networks**

BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

**2019** €344 milliún

2018 €355 milliún

(€11 mhilliún)

CAITEACHAS CAIPITIÚIL

**2019** €581 milliún

2018 €590 milliún

(€9 milliún)

BONN SÓCMHAINNÍ RIALAITHE (BSR)

**2019** €8.1 billiún

2018 €7.9 billiún

€0.2 billiún

**C eist: Cérbh iad príomhghnóthachtálacha ESB NETWORKS in 2019?**

**Níos mó giniúna inathnuaite a nascadh**

Rinne ESB Networks 550 MW de ghiniúint inathnuaite a nascadh leis an líonra, arbh í giniúint gaoithe 542 MW de. San iomlán, rinne ESB Networks 31 tionscadal giniúna ar leith a nascadh leis an líonra in 2019; mar sin, is é an méid iomlán inathnuaiteán atá nasctha ná 4.6 GW, agus is cumhacht ghaoithe breis is 4 GW de.

**Níos mó áiteanna cónaithe agus gnóthas á nascadh**

Rinne ESB Networks breis is 30,206 áit chónaithe agus gnóthas a nascadh i mbliana, méadú beagnach 12% i gcomparáid le 2018, agus méadú 24% i gcomparáid le 2017.

**Tacú le leictriú fairsing an iompair agus an teasa:**

Mhéadaigh ESB Networks na caighdeáin dearaidh le haghaidh naisc nua ar Ísealvoltas chun cur leis an gcumas tacú le leictriú an iompair agus an teasa ag leibhéal an teaghlaigh.

**Ag freagairt do chustaiméirí:**

In 2019, bhain ESB Networks Caighdeán Domhanda um Fheidhmíocht Ionaid Teagmhála an Chumainn Teagmhála Custaiméara (CCA) amach.

**Dul i gcomhairle le custaiméirí agus páirtithe leasmhara:**

In 2019, mhéadaigh ESB Networks an leibhéal rannpháirtíochta agus comhairliúcháin le custaiméirí agus páirtithe leasmhara, go háirithe maidir lenár dtograí i ndáil le hAthbhreithniú Praghsanna 5 (PR5).

**Nuáil don todhchaí:**

Is é dúshlán ESB Networks ná nuáil níos mó agus níos tapúla a dhéanamh. I rith 2019, bhí ESB Networks i mbun nuála i gcomhar le pobail atá gafa leis an trial leictreachais chliste i nDaingean Uí Chúis, an tionscadal cathrach cliste i gCathair Luimnigh agus an pobal oileáin inbhuanaithe sna hOileáin Árann. Ghnóthaigh an nuáil atá i dTionscadal um Méadrú Cliste ESB Networks an gradam i gcomhair "Intelligent Automation – Best Use of RPA & Cognitive" ag Gradaim Intleachta Saorga 2019.

**An líonra a threisiú:**

Cuireadh tionscadail thábhachtacha i gcrích in 2019 maidir le teacht aniar a fheabhsú, toilleadh a mhéadú agus an líonra a láidriú, lena n-áirítear Stáisiúin 110kV nua mar chuid de Thionscadal Atreisithe Lúb Dhún na nGall, fuinnmhiú Stáisiún 220kV Chaisleán an Bhagóidigh i mBaile Átha Cliath, an atógáil mhór ar Stáisiún Drybridge i gCo. Lú a chríochnú, agus 27km de líne 110kV Bhéal Átha Chomhraic/na Muaidhe i Maigh Eo a uasrátú.

**Ag freagairt d'adhaimsir:**

Tharla cuid mhaith stoirmeacha móra in 2019, a d'éiligh freagairtí ollchóirithe ó gach foireann in ESB Networks. Is mian le ESB Networks buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí as a gcuid foighne agus tacaíochta le linn na n-imeachtaí sin.

**Tús a chur le seoladh na méadar cliste:** Beidh méadair chliste ríthábhachtach ó thaobh custaiméirí a chur i gcroílár thodhchaí an fhuinnimh inbhuanaithe de. D'éirigh le ESB Networks an chéad Mhéadar Chliste a shuiteáil i Meán Fómhair 2019 agus lean siad den phróiseas sin go sábháilte go dtí go raibh breis is 15,000 méadar suiteáilte faoi dheireadh na bliana.

**C eist: Conas a chuireann ESB Networks a spriocanna straitéiseacha agus airgeadais i gcrích?**

Agus é ag stiúradh an aistrithe chuig todhchaí ísealcharbóin, arna cumhachtú ag leictreachas glan slán inacmhainne, tá na bearta seo a leanas á gcur i bhfeidhm i gcónaí ag ESB Networks;

- Méideanna níos mó giniúna inathnuaite a nascadh chun an leictreachas a dhícharbónú;
- An líonra a fhorbairt chun tacú le leictriú fairsing, ionas go spreagfaidh an leictreachas glan dícharbónú an iompair, an teasa agus an gheilleagair;
- Nascadh le riachtanais athraitheacha custaiméirí agus freagairt dóibh;
- Seasmhacht, feidhmíocht agus sábháilteacht an líonra a fheabhsú; agus
- An úsáid a bhaintear as líonraí agus luach ar airgead a uasmhéadú do chustaiméirí

## FORLÉARGAS

Is é ESB Networks an oibreoir ceadúnaithe sa chóras dáileacháin leictreachais i bPoblacht na hÉireann. Tá sé freagrach as an líonra a thógáil, a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt, agus as freastal ar na custaiméirí leictreachais uile ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, is le ESB Networks an Líonra Tarchurtha Leictreachais i bPoblacht na hÉireann, agus bíonn sé ag obair go dlúth leis an Oibreoir Córais Tarchurtha, Eirgrid. Rinne ESB Networks infheistíocht €248 milliún in atreisiú, in athsholáthar sócmhainní agus i líonraí nua a thógáil in 2019, agus caitheadh €118 milliún ar an líonra a bhí ann cheana a chothabháil. Ba í 2019 an ceathrú bliain den tréimhse athbhreithnithe praghsanna rialála PR4 agus tá dul chun maith á dhéanamh i gcónaí ag ESB Networkscar na cláir cheadaithe maidir le hinfheistíocht agus cothabháil.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Ba é €344 milliún brabús oibriúcháin ESB Networks in 2019, laghdú €11 mhilliún ó 2018. Is é ba chúis leis an laghdú sin ná méideanna íslithe leictreachais ar an líonra dáileacháin. Tá an caiteachas caipitiúil €581 milliún ag teacht le caiteachas 2018, agus rinneadh infheistíocht shuntasach i nascairí nua a sheachadadh chuig áiteanna cónaithe, gnóthais agus inathnuaiteáin, cur i bhfeidhm an chláir um Méadrú Cliste, agus athchóiriú an líonra reatha.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Mar thoradh ar chlár REFIT an rialtais, cuireadh dreasacht ar fáil chun líon suntasach tionscadal giniúna inathnuaite a chur i bhfeidhm in 2019. Rinne ESB Networks 550 MW de ghiniúint inathnuaite a nascadh san iomlán, arbh í giniúint gaoithe 542 MW de.

## CUSTAIMÉIRÍ ESB NETWORKS

Tá na custaiméirí leictreachais i gcroílár do gach gníomhaíocht a dhéanann ESB Networks: lena n-áirítear custaiméirí a úsáideann leictreachas, custaiméirí a sholáthraíonn nó a ghineann leictreachas agus custaiméirí a bhaineann leas as ár líonra chun seirbhísí a sholáthar.

## Idirghníomhú le Custaiméirí

Is iomaí pointe idirghníomhaithe atá ag custaiméirí le ESB Networks, lena n-áirítear:

- An tIonad Cúraim do Chustaiméirí: bíonn an t-ionad ag déileáil le breis is 1.5 milliún glao in aghaidh na bliana; tá rátálacha sástachta custaiméirí 90% nó níos mó bainte amach aige, agus in 2019, bronnadh gradam ballraíocht óir an Chumainn Teagmhála Custaiméara (CCA) air as an gCaighdeán Domhanda a ghnóthú le breis is 10 mbliana.
- Na Meáin Shóisialta: tá +48,000 lucht leanúna Twitter agus +30,000 lucht leanúna Facebook ag ESB Networks anois; rinneadh +19 milliún lorg ar na meáin sin le chéile, agus seoladh cainéal LinkedIn ESB Networks ag deireadh 2019.

## Rannpháirtíocht Leathan in 2019

- Agus iad ag ullmhú don tréimhse rialála maidir le rialú praghsanna, a chlúdaíonn 2021–2025 (PR5), d'oibrigh ESB Networks i gcomhar le réimse leathan custaiméirí agus páirtithe leasmhara trí shuirbhéanna, ghrúpaí fócais agus ceardlanna ar fud na tíre. Ba chuidiú tábhachtach maidir le pleanáil PR5 iad na cainteanna faoi phleananna infheistíochta ESB Networks, mar aon le tuairimí agus tosaíochtaí na gcustaiméirí.
- I rith 2019, d'ullmhaigh ESB Networks Creat Straitéiseach um Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus d'fhoilsigh siad é faoi choinne comhairliúcháin. Sa chreat sin, leagadh amach a gcur chuige i leith déileáil le custaiméirí agus páirtithe leasmhara, chomh maith le Plean Straitéiseach um Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara inar sonraíodh sainréimsí gníomhaíochta i dtaca le rannpháirtíocht don tréimhse atá le teacht.
- Sa chéad sraith d'imeachtaí nuála, d'óstáil ESB Networks Fóram Nuála 2019 chun straitéisí a phlé, agus lena linn sin, labhair siad le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear saineolaithe tionscail, gníomhaireachtaí rialtais agus acadúlaithe, agus fuair siad aiseolas uathu.

## SÁBHÁILTEACHT

Tá ESB Networks tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus folláine fostaithe, conraitheoirí ceadaithe, agus an phobail a chosaint, chomh maith le sábháilteacht, sláinte agus folláine daoine eile a bhféadfadh a ghníomhaíochtaí dul i gcion orthu. Cuireadh Straitéis Sábháilteachta ESB Networks 2013-2019 i bhfeidhm go rathúil agus cuireadh tús le seoladh an chláir um an gcultúr sábháilteachta a athrú, Slán Sábháilte, i ngach láthair de chuid ESB Networks. Ba théamaí tábhachtacha iad an rannpháirtíocht sábháilteachta agus an chumarsáid, agus bhí laghdú i gcomparáid le 2018 ar an líon teagmhas tromchúiseach (P1) agus ar an méid neamhláithreachta mar thoradh ar ghortuithe. Cuireadh clár iomlán iniúchta inniúlachta agus dearbhaithe i bhfeidhm, agus mar thoradh ar iniúchadh seachtrach, moladh go ndéanfaí ESB Networks a athdheimhniú go dtí an gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta OHSAS 18001.

## Sábháilteacht Phoiblí

- Maidir le bainistiú slán an líonra agus cur i bhfeidhm sábháilte chláir oibre, bhí ról lárnach fós ag gníomhaíochtaí um shábháilteacht phoiblí. Chuimsigh na gníomhaíochtaí sin patrólú le haghaidh guaiseacha agus feachtais sna meáin (teilifís, raidió, na meáin chlóite agus na meáin dhigiteacha) chun feasacht an phobail faoin leictreachas a ardú, chomh maith le tionscnaimh um rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.

## DAOINE

Tá ról ríthábhachtach ag an 3,490 ball foirne atá ag ESB Networks i ndáil le straitéis ESB Networks a chur i bhfeidhm agus freastal ar riachtanais na gcustaiméirí. Ba chúis áthais é gur aithin an tionscal daoine ó ESB Networks i rith 2019:

- Tugadh aitheantas do Pat Horgan, Ionad Teagmhála Custaiméirí ESB Networks, sna Gradaim um Barr Feabhais maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí.
- Thug Gradaim Ghnó Shligigh aitheantas d'Fhoireann Inathnuaite ó Thuaidh ESB Networks as inathnuaiteáin a nascadh.

Leanadh d'earcaíocht láidir a dhéanamh in 2019, agus earcaíodh 121 Teicneoir Líonra, ar tháinig 90 díobh díreach ó Chlár Printíseachta ESB. Bliain rathúil eile a bhí ag feachtas Earcaithe Printíseachta ESB Networks; roghnaíodh 83 printíseach as breis is 6,800 iarrthóir agus bhí méadú láidir ar líon na mban a glac páirt ann. Bhuaigh Caolán Carty Buanchorn Shane Conlan i gcomórtas Phrintíseach Theicneoir Líonra na Bliana ESB Networks.

## INBHUANAITHEACHT

Tá ESB Networks tiomanta do thacú le sprioc Rialtas na hÉireann go dtiocfaidh 40% den idiú fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite faoi 2020. Nascadh 550 MW de ghiniúint inathnuaite in 2019, rud a fhágann gur breis is 4.6 GW an méid iomlán giniúna inathnuaite atá nasctha leis an líonra. I rith 2019, d'fhorbair ESB Networks prótacail leasaithe i ndáil leis na húdaráis reachtúla ábhartha a chur ar an eolas faoi ligean ó chábhlaí lán leachta; anuas air sin, rinne siad dul chun cinn suntasach maidir leis an tionchar ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith ag ligean stairiúil a athbhreithniú, agus bhunaigh siad leathanach gréasáin ar www.esbnetworks.ie chun faisnéis a sholáthar go poiblí faoi chábhlaí lán leachta. Leanfar den leathanach gréasáin sin a nuashonrú de réir mar a gcuirtear tuilleadh athbhreithnithe i gcrích. Úsáideann ESB Networks heicseafluairíd sulfair ($SF_6$) mar ábhar inslithe sábháilte i lascthrealamh. I rith 2019, rinne ESB Networks sean-lascthrealamh a dhífhuinnmhiú a raibh ligean ag tarlú ann, agus lean siad dá n-iarrachtaí chun úsáid $SF_6$ a theorannú, a laghdú agus a mhaolú. I rith 2019, d'aontaigh ESB Networks a bheith páirteach i gCairt Eangaí Inbhuanaithe Oibreoirí Chóras Dáileacháin na hEorpa.

## AN TAISTRIÚ CHUIG FUINNEAMH GLAN SA TODHCHAÍ A CHUMHACHTÚ

Mar chuid den Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide, suiteáladh an chéad 15,000 méadar den Chlár Náisiúnta um Méadrú Cliste i lár na tíre (timpeall Phort Laoise) agus in iarthar Chorcaí (timpeall Dhroichead na Bandan). Cuirfidh méadair chliste ar chumas custaiméirí a gcion féin a dhéanamh ar mhaithe le todhchaí fuinnimh ísealcharbóin, rud a thacóidh le leictriú an teasa agus an iompair, le giniúint agus micrighiniúint dháilte, agus le tairbhí a bhaint amach do chustaiméirí agus don chomhshaol araon.

**EOLAS NUASHONRAITHE FAOI THOSAÍOCHTAÍ 2019 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2020**

| Tosaíocht 2019 | Dul chun cinn 2019 | Tosaíocht 2020 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Áirítear le Stráitéis Sábháilteachta ESB Networks 2019–2023 clár um chultúr sábháilteachta ar fud na heagraíochta: Slán Sábháilte. | ▪ Tá an Tionscadal um an gCultúr Sábháilteachta a Athrú, Slán Sábháilte, curtha ar bun, agus tá 31 foireann ceannaireachta cumasaithe ar fud ESB Networks freagrach as a chur i bhfeidhm. | ▪ Cur le feidhmiú tosaigh an Tionscadail um an gCultúr Sábháilteachta a Athrú, Slán Sábháilte, d'fhonn táscairí tosaíochta a fheabhsú dár bhfostaithe, dár gcomhpháirtithe conartha agus don phobal. |
| Tuilleadh nasctha giniúna leictreachais ísealcharbóin a éascú. | ▪ 31 tionscadal ar leith nasctha, rud atá tar éis 550 MW de ghiniúint ísealcharbóin a chur i ngníomh. | ▪ An cumas a fhás chun níos mó athnuaiteán fós a nascadh agus freastal orthu, de réir spriocanna an Phlean Ghníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide. |
| I gcomhréir leis an gconradh PR4, tionscadail chothabhála agus caipitil tarchurtha agus dáileacháin a sholáthar go héifeachtach chun teacht aniar, feidhmíocht agus sábháilteacht an líonra a threisiú: agus an úsáid a bhaintear as líonraí agus an luach ar airgead a uasmhéadú. | ▪ I rith 2019, chuir ESB Networks €581 milliún de thionscadail chaipitil tarchurtha agus dáileacháin i bhfeidhm go héifeachtúil. | ▪ I gcomhréir leis an gconradh PR4, tionscadail chothabhála agus caipitil tarchurtha agus dáileacháin a sholáthar go héifeachtach chun teacht aniar, feidhmíocht agus sábháilteacht an líonra a threisiú. |
| Leictriú fairsing chórais iompair agus teasa a éascú, chomh maith le glacadh leis an bPacáiste um Fhuinneamh Glan. | ▪ Mhéadaigh ESB Networks na caighdeáin dearaidh le haghaidh naisc nua ar Ísealvoltas chun cur leis an gcumas tacú le leictriú an iompair agus an teasa ag leibhéal an teaghlaigh. | ▪ Próisis a fhorbairt chun an líonra ísealvoltais a fheabhsú ionas gur féidir an t-iompar intíre a leictriú go leanúnach agus, san am céanna, leanúnachas a chinntiú do chustaiméirí. |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Na pleananna infheistíochta 2021–2025 (PR5) a chur ar aghaidh chuig an CRU, agus mionsonraí a thabhairt ar an gcaiteachas agus na gníomhaíochtaí infheistíochta caipitiúla agus oibriúcháin i rith na tréimhse ríthábhachtaí seo den aistriú fuinnimh. | ▪ Tar éis comhairliúchán agus rannpháirtíocht leathan a dhéanamh, seoladh pleananna infheistíochta 2021–2025 (PR5), agus tugadh sonraí iontu faoi thograí a d'éascódh todhchaí shlán ísealcharbóin, a thabharfadh cosaint do chustaiméirí, agus a d'athródh ó bhonn ról an Oibreora Córais Dáileacháin, de réir an Phlean Náisiúnta Aeráide. | ▪ Sraith pleananna infheistíochta inmhaoinithe don tréimhse 2021–2025 (PR5) a thabhairt chun críche, de réir an Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide, lena gcinnteofar todhchaí shlán ísealcharbóin, lena gcosnófaí custaiméirí, agus lena n-athrófar ó bhonn ról an Oibreora Córais Dáileacháin. |
| An tionscadal um Méadrú Cliste a sholáthar ionas go bhféadfaidh custaiméirí ról lárnach a bheith acu i dtodhchaí fuinnimh ísealcharbóin. | ▪ Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2019 leis an tionscadal um Méadrú Cliste maidir le gach beart a bhí le cur i bhfeidhm, lena n-áirítear suiteáil an chéad 15,000 méadar, a baineadh amach de réir sprioc-amanna an tionscadail. | ▪ Céim II den tionscadal um Méadrú Cliste a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear suiteáil 250,000 méadar agus cur i bhfeidhm an chórais seirbhísí margaidh miondíola atá riachtanach le gur féidir le cuideachtaí soláthair leictreachais seirbhísí cliste a thairiscint in 2021. |
| | | ▪ Leanúint d'athrú ó bhonn a dhéanamh ar fheidhmíocht comhshaoil ESB Networks, go háirithe lorg carbóin na n-oibríochtaí a laghdú agus an chairt eangaí inbhuanaithe a chur i ngníomh. |

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

# NORTHERN IRELAND ELECTRICITY NETWORKS (NIE NETWORKS)



Jerry O'Sullivan
**Leas-Phríomhfheidhmeannach**

**Ceist: Cérbh iad príomhghnóthachtálacha NIE Networks in 2019?**

De réir Chreat Fuinnimh Straitéiseach Thuaisceart Éireann 2010–2020, socraíodh sprioc uaillmhianach le haghaidh Foinsí Inathnuaite Fuinnimh don Leictreachas (RES-E) agus baineadh 40% de sin amach in 2019. Is léir ó na figiúirí is déanaí gur gineadh 45% den idiú iomlán bliantúil leictreachais i dTuaisceart Éireann don 12 mhí dar críoch Meán Fómhair 2019 ó fhoinsí inathnuaite áitiúla. Bhí ról lárnach ag NIE Networks maidir leis an sprioc RES-E a bhaint amach, mar gur sholáthair siad na naisc líonra le haghaidh gineadóirí inathnuaite, agus rinneadh infheistíocht breis is £365 milliún sa líonra chun na naisc sin a chur ar fáil.

Tá NIE Networks tar éis leanúint dá bhfeidhmíocht líonra agus dá seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú, agus mar chuid de sin, bhí laghdú suntasach breise ar Nóiméid Chustaiméara Caillte (CMLanna) i gcomparáid le 2018; ba é an CML iomlán a baineadh amach in 2019 an ceann is ísle a taifeadadh riamh. Gnóthaíodh sin san am céanna le cur i bhfeidhm ghealltanais RP6 NIE Networks, agus rinne siad infheistíocht breis is €100m sa líonra in 2019.

Tá NIE Networks ag infheistiú ina ndaoine i gcónaí, agus bronnadh teideal orthu don Scéim Printíseachta is Fearr 2019 ag Gradaim Náisiúnta Bhainistithe Daoine na hInstitiúide Cairte Pearsanra agus Forbartha sa Ríocht Aontaithe.

**Ceist: Conas a chabhraíonn an gnóthas le ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?**

Is le NIE Networks na líonraí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais i dTuaisceart Éireann, agus díorthaítear a ioncam go príomha óna ghnóthais rialaithe, rud a chuireann méadú suntasach ar an sciar ioncaim a fhaigheann ESB ó ghnóthais rialaithe.

Tá NIE Networks ag tabhairt faoi aistear chun é féin a iompú ina Oibreoir Córais Dáileacháin (DSO), rud a chiallaíonn go mbeidh an chuideachta suite níos fearr chun an líonra a bhainistiú agus a optamú le haghaidh mhargadh fuinnimh na todhchaí i dTuaisceart Éireann.

Sheol NIE Networks a chomhairliúchán ar an ábhar 'Rochtain Mhéadaithe ar an Líonra Dáileacháin' in 2019, d'fhonn tuairimí a lorg ó pháirtithe leasmhara agus chustaiméirí faoin mbealach a d'fhéadfadh a shamhail agus a struchtúir oibriúcháin forbairt amach anseo. Bhí glacadh maith leis an gcomhairliúchan sin agus tá NIE Networks anois tar éis a pháipéar moltaí maidir leis an mbealach i dtreo DSO a fhoilsiú. Tá NIE Networks ag obair go gníomhach i gcomhar leis an Roinn Geilleagair agus le páirtithe leasmhara eile i dTuaisceart Éireann ar fhorbairt creata fuinnimh don todhchaí le haghaidh Thuaisceart Éireann, agus tá Straitéis Nuála á cur i bhfeidhm acu freisin, ina bhfuil siad ag féachaint le haghaidh dhíreach a thabhairt ar dhúshlán na todhchaí ísealcharbóin ar bhonn obair i gcomhar le custaiméirí chun réitigh nasctha níos tapúla, níos saoire agus níos cliste a sholáthar.

Beidh trialacha á gcur i bhfeidhm ag NIE Networks ar shé thionscadal nuála líonra atá ceaptha toilleadh breise a chruthú ar an líonra dáileacháin ar chostas níos ísle ná na réitigh atreisithe thraidisiúnta, agus a mbeifear in ann feidhm a bhaint astu i bhfad níos tapúla chun freagairt d'athruithe tuartha ar an éileamh. Tacóidh sin le héascú an ardráta fáis atá tuartha maidir le nascadh teicneolaíochtaí ísealcharbóin amhail feithiclí leictreacha, cealla fótavoltacha, stóráil fuinnimh agus teaschaidéil.

## BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

**2019 €61 mhilliún**

2018 €62 mhilliún

(€1 mhilliún)

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

**2019 €154 milliún**

2018 €171 milliún

(€17 milliún)

## BONN SÓCMHAINNÍ RIALAITHE (BSR)

**2019 £1.6 bhilliún**

2018 £1.5 billiún

£0.1 billiún

## FORLÉARGAS

Is le NIE Networks na líonraí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais i dTuaisceart Éireann, agus soláthraíonn siad leictreachas do bhreis is 880,000 custaiméir, lena n-áirítear áiteanna cónaithe, gnóthais agus feirmeacha. Déanann fostaithe NIE Networks an bonneagar leictreachais a chothabháil agus a shíneadh ar fud Thuaisceart Éireann, nascann siad custaiméirí leis an líonra agus cinntíonn siad go bhfuil trealamh na cuideachta sábháilte agus iontaofa. Ina theannta sin, cuireann NIE Networks méadair leictreachais agus sonraí faoin méadrú ar fáil do sholáthraithe agus oibreoirí margaidh. Forbraíonn agus athchumraíonn NIE Networks an líonra leictreachais chun giniúint foinsí inathnuaite eile a nascadh.

Mar a éilítear faoina cheadúnais rialála, is gnó neamhspleách é NIE Networks de chuid ESB, a bhfuil Bord Stiúrthóirí, bainisteoirí agus fostaithe dá chuid féin aige.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Is ionann brabús oibriúcháin NIE Networks do 2019 agus €61 mhilliún, agus tá sin ag teacht go ginearálta le figiúr 2018. Is é €154 milliún an caiteachas caipitiúil, agus is laghdú €17 milliún é sin, mar thoradh go príomha ar leibhéal níos ísle éilimh sa mhargadh nasc. Bhí an infheistíocht sa líonra i gcomhréir leis an leibhéal caiteachais a theastaíonn chun na haschuir fhisiciúla arna sonrú sa rialú praghsanna reatha a bhaint amach go rathúil. Bhain caiteachas caipitiúil 2019 go príomha le hathchóiriú agus le hathsholáthar sócmhainní tarchurtha agus dáileacháin a bhí caite, chun iontaofacht an tsoláthair a choimeád agus chun sábháilteacht an líonra a chinntiú.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

In 2019, bhí NIE Networks dírithe ar a phlean RP6 a chur i bhfeidhm, agus tá 40% de na haschuir ón bPlean Infheistíochta Líonra curtha i bhfeidhm go dtí seo. De réir na spriocanna a socraíodh sa rialú praghsanna reatha, laghdaigh NIE Networks an líon gearán ó chustaiméirí agus na nóiméid chustaiméirí iomlána a cailleadh bliain ar bhliain.

## CUSTAIMÉIRÍ NIE NETWORKS

Tá NIE Networks tar éis leanúint d'éarthaí seirbhíse a bhainistiú d'fhonn teorainn a chur leis an fad ama nach mbíonn soláthar leictreachais ag custaiméirí. Ba é 45 nóiméad meánlíon na nóiméad custaiméara a cailleadh de bharr éarthaí seirbhíse pleanáilte (2018: 41). Ba é 38 nóiméad meánlíon na nóiméad custaiméara a cailleadh de bharr fabhtanna sa líonra dáileacháin (2018: 53). Dhéileáil Comhairle Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann (CCNI) le dhá ghearán thar ceann custaiméirí le linn na bliana (2018:1). Má tharlaíonn gearradh cumhachta nó briseadh soláthair pleanáilte, tairgeann NIE Networks seirbhís tacaíochta eolais gutháin do chustaiméirí atá ag brath ar fhearas míochaine tacaí beatha. Tá breis is 10,000 duine cláraithe faoi láthair ar Chlár Cúraim Míochaine do Chustaiméirí na cuideachta.

Tá gach custaiméir tábhachtach do NIE Networks, agus in 2019, bhain an chuideachta creidiúnú amach mar eagraíocht a thacaíonn le sealbhóirí an Chárta JAM ('Just A Minute'). Tá breis is 90% de na fostaithe oilte chun an caighdeán is airde seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí a bhfuil deacracht foghlama acu, a bhfuil uathachas orthu nó atá srianta ó thaobh na cumarsáide de.

## SÁBHÁILTEACHT

Is é an príomhluach atá ina bhonn le hoibriochtaí uile NIE Networks ná sábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus an phobail a chinntiú. Tharla 3 theagmhas ama caillte ag NIE Networks i rith na bliana (2018: 2). An aidhm atá leis sin ná timpeallacht oibre de dhochar nialasach a chur ar fáil, timpeallacht ina ndéantar rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht a mheasúnú agus a rialú.

## DAOINE

Fostaíonn NIE Networks fórsa saothair ardoilte de 1,208 duine, lena n-áirítear daoine atá i gceannas ar línte agus ar léamh méadar, altairí, innealtóirí leictreacha, gairmithe airgeadais agus saineolaithe acmhainní daonna. Is cuideachta chreidiúnaithe órga é NIE Networks de chuid 'Investors in People'. Bíonn NIE Networks ag plé le 18,000 duine óga i dTuaisceart Éireann trí thionscnaimh fhor-rochtana agus oideachais na cuideachta, agus is é freisin urraitheoir príomha Skills NI.

Tá NIE Networks ag déanamh a dhícheall le feasacht a ardú ar na gairmeacha atá á dtairiscint sa tionscal fuinnimh, agus ba mhian leo tuilleadh fostaithe mná a mhealladh trí aird a dhíriú ar ábhair STEM, chomh maith le comhpháirtíochtaí láidre le Mná i mbun Gnó agus an Institiúid Stiúrthóirí. Ó bhí 2015 ann, is mná iad breis is aon thrian de na daoine atá tugtha isteach ag an gcuideachta ó phrintíseachtaí agus mar chéimithe.

Bronnadh Marc Cré-umha na Cairte Éagsúlachta ar NIE Networks le déanaí as a obair chun éagsúlacht inscne a chur chun cinn. Tá NIE Networks ag infheistiú ina dhaoine i gcónaí, agus bronnadh teideal air do Scéim Printíseachta is Fearr 2019 ag Gradaim Náisiúnta Bhainistithe Daoine na hInstitiúide Cairte Pearsanra agus Forbartha sa Ríocht Aontaithe.

## INBHUANAITHEACHT

Faoi láthair, tá NIE Networks ag pleanáil agus ag obair ar níos mó ná 50 tionscadal giniúna nua, agus mar thoradh orthu sin, beidh thart ar 1,900 MW d'fhuinneamh inathnuaite nasctha faoi dheireadh 2020, rud a mhéadóidh láithreacht an fhuinnimh inathnuaithe tuilleadh.

Tá éirithe le NIE Networks breis is 20,000 custaiméir san iomlán a nascadh, a sholáthraíonn toilleadh giniúna inathnuaite don líonra, rud a chuireann go mór lena bhfuil ar fáil de thoilleadh margaidh. Bronnadh an leibhéal Platanaim ar NIE Networks as Suirbhé Tagarmharcála Comhshaoil Thuaisceart Éireann don tríú bliain as a chéile in 2019. Tugann an Suirbhé aitheantas agus duaiseanna d'eagraíochtaí a chomhlíonann a riachtanais dhlíthiúla, agus a dhéanann níos mó ná sin fós, chun a dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun a n-acmhainní a bhainistiú níos fearr. Tá NIE Networks fós mar cheannaire sa tionscal, agus is iad an t-aon fhóntas ar bronnadh an gradam Platanaim orthu.

**EOLAS NUASHONRAITHE FAOI THOSAÍOCHTAÍ 2019 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2020**

| Tosaíocht 2019 | Dul chun cinn 2019 | Tosaíocht 2020 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Sábháilteacht fostaithe, conraitheoirí agus an phobail i gcoitinne a chinntiú agus timpeallacht oibre a chothú nach ndéanfar aon díobháil inti, le cabhair ó chur i bhfeidhm tionscnamh atá dírithe ar ghortuithe agus timpistí a chosc. | ▪ 3 theagmhas ama caillte.<br>▪ An dá chreidiúnú ISO coimeádta<br>▪ Plean Sláinte agus Sábháilteachta agus Plean Bainistithe Comhshaoil curtha i bhfeidhm le haghaidh 2019. | ▪ Sábháilteacht fostaithe, conraitheoirí agus an phobail i gcoitinne a chinntiú agus timpeallacht oibre a chothú nach ndéanfar aon díobháil inti, le cabhair ó chur i bhfeidhm tionscnamh atá dírithe ar ghortuithe agus timpistí a chosc.<br>▪ Laghdú ar lorg carbóin inmheánach NIE Networks a bhaint amach. |
| Ardchaighdeáin á soláthar go seasta i ndáil le feidhmíocht líonra agus seirbhísí do chustaiméirí, agus clár infheistíochta RP6 á chur ar fáil, mar aon le leibhéal ard nasc giniúna. | ▪ Ardscór i suirbhé maidir le sástacht custaiméirí tar éis sheoladh an tionscnaimh Think Customer.<br>▪ Bainistiú leanúnach éarthaí chun an líon nóiméad caillte a bhíonn ag custaiméirí a laghdú. | ▪ Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a chur i bhfeidhm in 2020, a mbeidh tuilleadh feabhsaithe ar sheirbhís do chustaiméirí mar thoradh air, chomh maith le forbairt cultúir atá dírithe go mór ar chustaiméirí. |
| Oibriú go rathúil i margadh nasc inchoimhlinte. | ▪ Sciar suntasach den mhargadh a choimeád, agus san am céanna, iomaíocht ghníomhach agus roghanna do chustaiméirí a éascú. | ▪ Leanúint d'oibriú go rathúil i margadh nasc inchoimhlinte. |
| Clár RP6 a sheachadadh agus ag an am céanna líonra slán sábháilte a choinneáil Caiteachas iomlán a sheachadadh i gcomhréir le liúntais RP6. | ▪ Infheistíocht chaipitiúil shubstaintiúil (€154 milliún) i rith 2019 agus an caiteachas tabhaithe i gcomhréir le liúntais. | ▪ Pleananna gnó go dtí 2024 agus na duillíní riachtanacha a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil NIE Networks ar an mbóthar ceart fós chun RP6 a chur i ngníomh go rathúil. |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Forbairt éifeachtúil fostaithe agus rannpháirtíocht mhéadaithe fostaithe a bhaint amach, agus chuige sin, leanúint d'infheistiú i bhfostaithe agus de dhíriú ar fheabhas leanúnach a spreagadh. | ▪ Caidreamh le fostaithe trí bhíthin fóraim éagsúla i rith na bliana.<br>▪ An cumas ceannaireachta a fheabshú ag gach leibhéal trí réimse leathan tionscnamh éagsúla oiliúna agus forbartha.<br>▪ Bronnadh teideal orthu don Scéim Printíseachta is Fearr 2019 ag Gradaim Náisiúnta Bhainistithe Daoine an CIPD sa Ríocht Aontaithe. | ▪ Ceannaireacht agus cumarsáid éifeachtach a chur chun tosaigh chun rannpháirtíocht láidir fostaithe ar fud an ghnóthais a chinntiú.<br>▪ Leanúint den infheistíocht i bhfostaithe trí oiliúint éifeachtach agus forbairt fostaithe. |
| Leanúint de rannpháirtíocht éifeachtach leis na príomhpháirtithe leasmhara. | ▪ Rannpháirtíocht shuntasach le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara eile in 2019.<br>▪ Straitéis um rannpháirtíocht páirtithe leasmhara curtha i bhfeidhm. | ▪ Leanúint d'obair i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an painéal comhairleach um rannpháirtíocht tomhaltóirí agus ionadaithe custaiméara eile. |
| Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar choinníollacha maoinithe an mhargaidh chun measúnú a dhéanamh ar an uainiú is fearr don chéad bhailiú airgid eile. | ▪ Athbhreithniú rialta ar riachtanais mhaoinithe. | ▪ Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar choinníollacha maoinithe an mhargaidh chun measúnú a dhéanamh ar an uainiú is fearr don chéad bhailiú airgid eile. |
| An líonra a ullmhú don aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin. | ▪ Páirt ghníomhach a ghlacadh i múnlú bheartas fuinnimh Thuaisceart Éireann.<br>▪ Tástáil sé thionscadal nuála, a dearadh chun toilleadh líonra dáileacháin a sholáthar ar chostais i bhfad níos lú ná na costais thraidisiúnta. | ▪ Páirt a ghlacadh i bhforbairt beartais fuinnimh nua le haghaidh Thuaisceart Éireann, a chabhróidh maidir léi neodracht ó thaobh an charbóin de a bhaint amach faoi 2050. |
| | | ▪ Tuiscint a fháil ar na hiarmhairtí agus na hathruithe a bheidh gá leo amach anseo i ndomhan dícharbónaithe díláraithe digitithe, domhan atá ag aistriú ó DNO go dtí DSO. |

## AN TAISTRIÚ CHUIG FUINNEAMH GLAN SA TODHCHAÍ A CHUMHACHTÚ

Tá NIE Networks ag cur le forbairt thodhchaí fuinnimh Thuaisceart Éireann mar bhall den Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Leictreachais maidir le Straitéis Fuinnimh, arna stiúradh ag an Roinn Geilleagair. Is é tasc an ghrúpa ná cur go gníomhach le 'Creat Fuinnimh Straitéisigh Thuaisceart Éireann go dtí 2030', a dhéanfaidh cur chuige an rialtais i leith fhorbairt na hearnála fuinnimh áitiúla a shonrú san deich mbliana atá romhainn amach, agus muid ag obair i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh an charbóin de in 2050.

Tá NIE Networks ag obair i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara eile chun réimse conairí difriúla a forbairt i dtreo neodracht ó thaobh an charbóin de a bhaint amach faoi 2050, agus chuige sin, tá leas á bhaint acu as teicneolaíochtaí difriúla amhail inathnuaiteáin, feithiclí leictreacha, cealla fótavaltacha, stóráil fuinnimh agus bainistiú éilimh.

# RÉITIGH DO CHUSTAIMÉIRÍ



Marguerite Sayers
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**Réitigh do Chustaiméirí**

### Ceist: Cérbh iad na gnóthachtálacha móra do Réitigh do Chustaiméirí in 2019?

I rith 2019, lean Réitigh do Chustaiméirí de luach iontach a sholáthar dá gcustaiméirí tríd a bhrandaí Electric Ireland, ESB Energy, ESB Smart Energy Services, eCars agus ESB Telecoms. Lean Electric Ireland go háirithe dá ghealltanas do chustaiméirí cónaithe maidir le luach ar airgead; chúitigh sé iontaofacht na gcustaiméirí sin trí bhíthin praghsanna iomaíocha, agus anois tá beagnach milliún custaiméir aige ar lascainí a chuirtear i bhfeidhm go huathoibríoch, agus a bheidh i bhfeidhm i bhfad níos faide ná an teorainn bliana is gnách sa tionscal bliain ar bhliain.

Táthar tar éis réimse táirgí agus seirbhísí thar a bheith iomaíoch a thairiscint do chustaiméirí gnó chun a riachtanais fuinnimh a bhainistiú agus chun an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

Sa Bhreatain Mhór, tá an gnóthas ESB Energy tar éis fás go dtí breis is 110,000 custaiméir, agus ar na rudaí ba chúis leis sin, tá táirgí digiteacha feabhsaithe, úsáid mhéadaithe róbataice agus úsáid méadar cliste gáis agus leictreachais den chéad uair in 2019.

D'éirigh le ESB Smart Energy Services níos mó ná 145 uair gigeavata de shábháil fuinnimh a sholáthar do bhreis is 250 custaiméir tionscail agus tráchtála sa Bhreatain Mhór agus in Éirinn.

Bhronn an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil €10 milliún ar ESB eCars, agus tá tús curtha acu le huasghrádú a líonra poiblí chun luchtú mear iontaofa carranna leictreacha a éascú mar chéim shuntasach i dtreo leictriú an iompair i bPoblacht na hÉireann.

### Ceist: Conas a chabhraíonn an gnóthas le ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?

Is é a bhí i gcroílár rath airgeadais agus straitéiseach ESB riamh ná seirbhísí agus táirgí den chéad scoth a sholáthar do chustaiméirí. Tá ról ríthábhachtach ag Réitigh do Custaiméirí maidir leis an dícharbónú náisiúnta a bhrú ar aghaidh trí thograí nuálacha a chruthú do chustaiméirí, réitigh teicneolaíochta a chur ar fáil agus infheistiú i mbonneagar a chuirfidh ar chumas na sochaí aistriú chuig roghanna níos éifeachtúla, a bheidh neamhdhíobhálach ó thaobh an chomhshaoil de.

IONCAM

| | |
|---|---|
| **2019** | **€2.1 billiún** |
| 2018 | €1.8 billiún |
| | €0.3 billiún |

BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| **2019** | **€59 mhilliún** |
| 2018 | €43 mhilliún |
| | €16 mhilliún |

## FORLÉARGAS

Is é a dhéanann Réitigh do Chustaiméirí ná tairiscintí miondíola agus gnó uile ESB a thabhairt le chéile in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór, lena n-áirítear Electric Ireland, ESB Energy, ESB Smart Energy Services, ESB eCars agus ESB Telecoms.

Is é Electric Ireland géag mhiondíola fuinnimh ESB i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, agus soláthraíonn siad seirbhísí leictreachais agus fuinnimh do chustaiméirí ar fud an oileáin, mar aon le gás i bPoblacht na hÉireann. Tá breis is 1.4 milliún custaiméir ag Electric Ireland, chomh maith le sciar 34% den mhargadh cónaithe uile-oileáin, agus freastalaíonn sé ar gach deighleog den mhargadh, idir theaghlaigh agus ghnóthais mhóra tionscail agus tráchtála, i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Anuas air sin, tá sciar 21% den mhargadh gáis acu i bPoblacht na hÉireann.

Is é ESB Energy gnóthas miondíola leictreachais agus gáis ESB sa Bhreatain Mhór. Seoladh an gnóthas sin i margadh cónaithe na Breataine Móire in 2017 agus soláthraíonn sé leictreachas agus gás do níos mó ná 110,000 custaiméir cónaithe.

Tógann, sealbhaíonn agus oibríonn ESB eCars líonraí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha lena n-úsáid ag an bpobal ar fud Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire. Áirítear sa líonra sin breis is 1,100 luchtaire ar oileán na hÉireann, chomh maith le 110 luchtaire sa Bhreatain Mhór.

Tá ESB Telecoms gníomhach laistigh de mhargadh teileachumarsáide mórdhíola Phoblacht na hÉireann, agus déanann siad thart ar 370 túr tarchurtha teileachumarsáide agus breis is 1,800 km de líonra snáthoptaice a chothabháil agus a oibriú.

Forbraíonn agus soláthraíonn ESB Smart Energy Services (SES) réitigh bhainistíochta chomhcheangailte d'úsáideoirí móra fuinnimh sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Agus iad ag obair i gcomhar le custaiméirí, déanann SES réitigh shaincheaptha a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus éascaíonn na réitigh sin éifeachtúlacht fuinnimh, giniúint ar an láthair, agus teicneolaíochtaí bainistithe éileamh.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

€2.1 billiún a bhí in ioncam Electric Ireland in 2019, ardú 11% i gcomparáid le 2018. Is é ba chúis leis an ardú sin go príomha ná méideanna ardaithe sna deighleoga soláthair uile, chomh maith le rátaí aonaid ardaithe le haghaidh custaiméirí cónaithe leictreachais agus gáis de bharr ardú ar na praghsanna fuinnimh mhórdhíola. Bhí méadú 1% go dtí 34% ar sciar margaidh iomlán Electric Ireland i rith 2019 mar gheall, go príomha, ar chustaiméirí nua a ghnóthú sna hearnálacha tionscail agus tráchtála.

Thuairiscigh Réitigh do Chustaiméirí brabús oibriúcháin de €59 milliún, arb ionann é agus méadú €16 mhilliún i gcomparáid le feidhmíocht airgeadais 2018. An chúis leis an méadú sin ná corrlach fuinnimh ardaithe de bharr méideanna níos airde ná in 2018, agus freisin go raibh brabús níos íseal ann in 2018 mar gur iompar an gnóthas an costas a bhain le praghsanna fuinnimh arda i rith mhíonna an gheimhreadh, 2018.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Is fuinniúil agus iomaíoch é an margadh fuinnimh mhiondíola i bPoblacht na hÉireann, agus is minic a bhíonn custaiméirí ag aistriú ó sholáthraí fuinnimh amháin go dtí soláthraí fuinnimh eile. Tháinig méadú ar sciar margaidh Electric Ireland in 2019. Is éard ba chúis leis sin ná praghsáil iomaíoch, seirbhís den scoth do chustaiméirí, táirgí nuálacha, agus tiomantas chun dílseacht chustaiméirí a chúiteamh trí lascainí leanúnacha a thabhairt dóibh bliain ar bhliain.

I dTuaisceart Éireann, tá Electric Ireland in iomaíocht le 4 sholáthraí sa mhargadh cónaithe leictreachais. Is margadh iomaíoch atá i dTuaisceart Éireann freisin, agus bíonn gach soláthraí réamhghníomhach maidir le feachtais a thionscnamh chun custaiméirí a fháil agus a choinneáil.

Tá margadh na Breataine Móire iomaíoch thar na bearta, agus mar thoradh air sin, tá roinnt mhaith soláthraithe beaga nó meánmhéid tar éis sciar den mhargadh a bhaint de na sé chuideachta is mó sa mhargadh sin le blianta beaga anuas. Bíonn ESB Energy ag déanamh a dhícheall i gcónaí lena gcumas digiteach a fheabhsú, agus tá sé d'aidhm aige a bheith mar an soláthraí fuinnimh is nuálaí, is freagraí agus is saoráidí do chustaiméirí sa Bhreatain Mhór.

Tá athrú céimnitheach tagtha ar an raon seirbhísí a bhfuil spéis ag custaiméirí iontu, agus is iad na cúiseanna atá leis sin ná an digitiú a bheith tagtha chun cinn, suim ardaithe an phobail i gceisteanna a bhaineann leis an athrú aeráide, agus feabhsuithe sa teicneolaíocht:

- I gcás custaiméirí cónaithe, ar na táirgí a bhíonn á dtairiscint ag fóntais dóibh, tá rialuithe cliste fuinnimh, córais chliste slándála, seirbhísí suaimhnis intinne agus uirlisí anailísithe sonraí.
- Laistigh den réimse iompair leictreonaigh, tá an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide in Éirinn ag díriú ar an líon feithiclí leictreacha i bPoblacht na hÉireann a mhéadú go dtí 950,000 faoi 2030. Sa Bhreatain Mhór, tá an margadh luchtaithe leictreachais phoiblí thar a bheith gníomhach, agus tá luchtú feithicle leictrí á thairiscint ag thart ar 35 cuideachta.
- Tá úsáideoirí móra fuinnimh (LEU) i ngach dlínse ag féachaint freisin lena gcáilíochtaí ó thaobh ísealcharbóin de a fheabhsú, agus le héifeachtúlachtaí fuinnimh a sholáthar. Mar thoradh air sin, méadóidh líon na gcuideachtaí comhairleacha fuinnimh atá ag oibriú sa mhargadh LEU.

## CUSTAIMÉIRÍ 'RÉITIGH DO CHUSTAIMÉIRÍ'

I dTuairisc Innéacs ar Eispéiris Chustaiméirí 2019, tuairisc ina ndéantar na príomhbhrandaí tomhaltóra uile in Éirinn a rangú bunaithe ar eispéiris na gcustaiméirí, bhain Electric Ireland an rátáil is airde amach arís eile, agus vótáladh iad mar sheaimpín na gcustaiméirí in earnáil na bhFóntas. Bhain Electric Ireland an chéad áit amach i measc cuideachtaí i dTuaisceart Éireann i suirbhé fuinnimh bliantúil um shástacht custaiméirí na hirise 'Which' i Meán Fómhair 2019.
D'fhorbair Réitigh do Chustaiméirí a chumas seirbhíse tuilleadh i rith 2019:

- Déanfar Méadair Chliste do chustaiméirí cónaithe i bPoblacht na hÉireann a leathadh amach mar chuid de chlár náisiúnta ag deireadh 2020, agus tá Electric Ireland tar éis dearadh táirgí nua, a mbeifear in ann méadair chliste a úsáid chun iad a chumasú, a bhrú chun tosaigh.
- I rith 2019, rinne Smart Energy Services réitigh shaincheaptha a sholáthar, lena n-áirítear tionscadail téimh ísealcharbóin, athinnealtóireacht próiseas chun an t-ídiú fuinnimh a laghdú, agus uasghrádú ar shoilsiú in áitribh an-chuid custaiméirí
- Tá Smart Energy Services tar éis conradh a ghnóthú chun suiteálacha CTÉ a chur i bhfeidhm i dtithe gloine in Norfolk and Suffolk. Beidh siad sin ar na tithe gloine tráchtála is mó agus is inbhuanaithe sa Bhreatain Mhór. Meastar go soláthróidh an tionscadal sin thart ar 1.2 mhilliún tona de shábháil carbóin thar shaolré 20 bliain an tionscadail.

## DAOINE

Ní fhéadfadh Réitigh do Chustaiméirí a spriocanna straitéiseacha agus oibriúcháin a bhaint amach gan cumas, saineolas agus feidhmíocht a fhostaithe, atá díograiseach faoi fhreastal ar chustaiméirí de réir chuspóirí an straitéis Todhchaí Níos Gile ESB.

Má dhírítear go láidir i gcónaí ar fhorbairt fostaithe agus ar earcaíocht shaindírithe thar réimse disciplíní a bhaineann leis an straitéis fáis, cinnteofar gur áit mhealltach fós a bheidh i Réitigh do Chustaiméirí le hobair ann, agus san am céanna, go gcuirfear tairiscintí iomaíocha, ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí agus táirgí nua nuálacha ar fáil chun freastal ar riachtanais athraitheacha na gcustaiméirí.

## INBHUANAITHEACHT

Bíonn Electric Ireland aireach dá ghnó a fheidhmiú ar bhealach inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus tá creidiúnú ISO 14001 aige. Bíonn Electric Ireland ag obair go gníomhach freisin chun cabhrú le custaiméirí inbhuanaitheacht a mbailte agus a ngnóthais a fheabhsú trí úsáid éifeachtach an fhuinnimh a chuirtear ar fáil dóibh.

**EOLAS NUASHONRAITHE FAOI THOSAÍOCHTAÍ 2019 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2020**

| Tosaíocht 2019 | Dul chun cinn 2019 | Tosaíocht 2020 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁIN** | | |
| ▪ Aistear custaiméara digitigh den chéad scoth a sholáthar, ach feabhas a chur ar phearsantú, ar fheidhmiúlacht ar líne, ar acmhainneacht agus ar léargais, trí infheistiú a dhéanamh go leanúnach inár dtairseacha ar líne. | ▪ Mar thoradh ar chur i bhfeidhm bhainisteoir táirge solúbtha Electric Ireland, is féidir anailísíocht oiriúnaithe, saineolas margaidh agus cumasú a éascú do chustaiméirí móra fuinnimh. | ▪ Feabhsuithe breise a dhéanamh ar na tairseacha ar líne agus réiteach i gcomhair gníomhú an mhéadraithe chliste, rud a fheabhsóidh an tseirbhís do chustaiméirí tuilleadh agus a chumasóidh custaiméirí níos mó. |
| ▪ Bainistiú láidir stóinseach ar an mbonn costais chun deis a thabhairt do Electric Ireland na gealltanais praghais a chomhlíonadh ar fud an réimse táirgí agus seirbhísí. | ▪ Bainistiú costas, a éascóidh comhlíonadh ghealltanas Electric Ireland, dílseacht chustaiméirí a chúiteamh trí lascainí bliain ar bhliain a thabhairt dóibh.. | ▪ Feabhsuithe feidhmíochta a chur i ngníomh sa bhonn costas i gcoitinne lena chinntiú gur féidir le Réitigh do Chustaiméirí leanúint de thairiscintí praghsála iomaíocha a chur ar fáil do gach custaiméir. |
| ▪ Leanúint de straitéis bainistithe creidmheasa a sholáthar, a bheidh éifeachtúil agus dírithe ar chustaiméirí san am céanna, agus de chosaint custaiméirí leochaileacha a chinntiú. | ▪ Raon táirgí agus pleananna íocaíochta i bhfeidhm, mar aon le hidirghníomhú réamhghníomhach le custaiméirí.<br>▪ Díscor níos lú ná 20 as gach 10,000 custaiméir, an ráta is ísle le blianta beaga anuas. | ▪ Leanúint de straitéis bainistithe creidmheasa a sholáthar, a bheidh éifeachtúil agus dírithe ar chustaiméirí san am céanna, agus de chosaint custaiméirí leochaileacha a chinntiú.<br>▪ Comhar leantach le gníomhaireachtaí stáit agus carthanais a chinntiú chun tacú le custaiméirí. |
| ▪ Réimse táirgí agus seirbhísí nuálacha a sholáthar do chustaiméirí chun cur leis an tairiscint Teach Níos Cliste. | ▪ Tairiscintí cuachta leictreachais agus gáis, lena n-áirítear callairí cliste baile agus teirmeastait chliste<br>▪ Tá idir tháirgí a bhaineann le Réitigh Theaschaidéil agus thairiscintí a bhaineann le suiteálacha luchtaire d'fheithiclí leictreacha ar fáil do chustaiméirí. | ▪ Réimse táirgí agus seirbhísí comhcheangail nuála a sholáthar do chustaiméirí.<br>▪ Moil luchtaithe ardchumhachta le haghaidh feithiclí leictreacha a leathadh amach, lena n-áirítear athsholáthar na luchtairí caighdeánacha de réir an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Cuirfidh sin athrú ó bhonn ar eispéireas tiománaithe feithiclí leictreacha ar fud Phoblacht na hÉireann. |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| ▪ Tá sé ríthábhachtach do Electric Ireland feabhas a chur ar thaithí ár gcustaiméirí i ngach deighleog den mhargadh. Cuid lárnach de sin is ea infheistíocht agus forbairt ár n-acmhainne digití. | ▪ Aip nua eCars Connect curtha ar fáil ionas gur féidir le custaiméirí an líonra luchtaithe uasghrádaithe poiblí a úsáid chun turas a dhéanamh. | ▪ Aird leanúnach an ghnóthais Réitigh do Chustaiméirí dírithe ar fhorbairt na hacmhainne seirbhísí digití i ngach réimse den eispéireas custaiméirí. |
| ▪ Beidh Electric Ireland ina cheannaire chun an straitéis todhchaí níos gile a bhaint amach trí dhíriú ar na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh ar fad a sholáthar, chomh maith le táirgí agus seirbhísí nua a thairiscint do chustaiméirí chun iompraíocht níos éifeachtúla ó thaobh na héifeachtúlachta fuinnimh de a spreagadh. | ▪ Tá Electric Ireland ar an mbealach lena spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach.<br>▪ Taraif Uile-leictreach lascainithe ar fáil do chustaiméirí i dtaca le córais teaschaidéil.<br>▪ Taraifí Leictreachas Fuinnimh ESB 100% glas a chur ar fáil go caighdeánach. | ▪ Beidh Réitigh do Chustaiméirí ar thús cadhnaíochta, agus spreagfaidh siad is cúiteoidh siad iompraíocht níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de.<br>▪ Soláthróidh SES seirbhísí fuinnimh do chustaiméirí bunaithe ar chur i bhfeidhm tionscadal teasa ísealcharbóin agus ar an tairiscint réiteach luchtaithe d'fheithiclí leictreacha, atá fós i mbun fáis. |
| ▪ Oibriú go rathúil sa mhargadh nua I-SEM i gcónaí chun foinse iomaíoch leictreachais a aimsiú do chustaiméirí. | ▪ Bliain tosaigh rathúil de thrádáil agus oibriúchán bainte amach sa mhargadh I-SEM; cinntíodh gur bainistíodh luaineacht margaidh agus go raibh cobhsaíocht praghsanna ann do chustaiméirí | ▪ Leanúint de leachtacht margaidh a bhainistiú go héifeachtach agus fálú éifeachtúil riosca an mhargaidh mórdhíola a éascú, d'fhonn luach ar airgead agus cobhsaíocht a chinntiú do chustaiméirí. |
| ▪ Forbróidh Electric Ireland an branda i gcónaí agus méadóidh sé a sciar den mhargadh i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór trí ESB Energy. | ▪ Fás suntasach laistigh de mhargadh Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire, arna stiúradh ag Electric Ireland agus ESB Energy<br>▪ An líonra luchtaithe poiblí curtha ar fáil i Londain, Coventry agus Birmingham | ▪ Leanúint dár mbrandaí, tairiscintí agus sciartha margaidh a fhás ar fud mhargaí Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire |

## AN TAISTRIÚ CHUIG FUINNEAMH GLAN SA TODHCHAÍ A CHUMHACHTÚ

Is é Réitigh do Chustaiméirí atá chun tosaigh i ngnóthas ESB ó thaobh cúrsaí miondíola do chustaiméirí de; soláthraíonn sé réitigh chliste fuinnimh chun cabhrú lenár gcustaiméirí an fuinneamh a ídiú go héifeachtúil, agus cruthaíonn siad tairiscintí iompair téimh leictreonaigh.

Is iad feithiclí leictreacha a sholáthraíonn an teicneolaíocht is mó a bhfuil fáil tráchtála uirthi, a fheabhsóidh cáilíocht an aeir agus a laghdóidh astaíochtaí san earnáil iompair. Tá sé measta go mbeidh thart ar 40% de na carranna in Éirinn in 2030 ina bhfeithiclí leictreacha, agus mar sin, tá an líonra náisiúnta luchtairí poiblí i gcomhair feithiclí leictreacha á uasghrádú agus á leathnú faoi láthair ag ESB eCars chun freastal ar an bhfás measta sa mhargadh carranna leictreacha.

# INNEALTÓIREACHT AGUS MÓRTHIONSCADAIL



Nicholas Tarrant
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Innealtóireacht agus Mórthionscadail (EMP)**

**Ceist: Cérbh iad na príomhghnóthachtain in 2019 in EMP?**

Bunaíodh Innealtóireacht agus Mórthionscadail (EMP) in 2018 i ndiaidh atheagrú inmheánach chun tacú go héifeachtach le Straitéis Todhchaí Níos Gile ESB a sholáthar. An cuspóir atá leis ná na réitigh innealtóireachta agus mórthionscadal atá de dhíth ó ESB agus óna chustaiméirí a sholáthar chun an t-aistriú chuig fuinneamh iontaofa inacmhainne ísealcharbóin a stiúradh. Is é aidhm EMP mórthionscadail a sholáthar go leanúnach ar fud ESB de réir an dea-chleachtais agus lárionad innealtóireachta a chur ar fáil chun cuspóir ESB ó thaobh na straitéise Todhchaí Níos Gile de a bhrú chun cinn, d'fhonn táirgeadh, nascadh agus soláthar leictreachais ísealcharbóin a chumasú.

I gcomhar le Giniúint & Trádála, tugadh tógáil agus oibriú tráchtála fheirm ghaoithe 89 MW Oweninny chun críche, ar comhfhiontar é le Bord na Móna, agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar chur i bhfeidhm thógáil na feirme gaoithe 114 MW ag Cnocán an Phóna. Ina theannta sin, bhainistigh EMP an clár éartha don chothabháil giniúna go héifeachtach i rith 2019 i gcomhar le Giniúint & Trádáil.

Agus iad ag obair le ESB Networks, tá EMP freagrach anois as roinnt mhaith mórthionscadal, lena n-áirítear soláthar tógála thionscadal an idirnascaire Thuaidh Theas. Mar thoradh ar na mórthionscadail a sholáthraíonn EMP, chomh maith le cláir oibre eile de chuid Sheachadadh do Chustaiméirí ESB Networks, déanfar cur i bhfeidhm chlár oibre foriomlán ESB Networks a optamú.

Faoi Réadmhaoin agus Slándáil an Ghrúpa, rinneadh dul chun cinn maith ar athfhorbairt cheannoifig ESB, Tionscadal Fitzwilliam, i rith na bliana. Lean ESB International de réimse réiteach innealtóireachta, oibríochtaí agus cothabhála a sholáthar, chomh maith le seirbhísí comhairleachta, do réimse cliant náisiúnta agus idirnáisiúnta. I rith 2019, rinne ESB dul chun cinn suntasach ar thionscadal chun stáisiún cumhachta gásbhreoslaithe 1.8 GW den aicme 'H' a thógáil agus a choimisiúnú le haghaidh Aluminium Bahrain (Alba). Déanfaidh an stáisiún sin an bruithneoir is mó sa Mheánoirthear a chumhachtú.

**Ceist: Conas a chabhraíonn an gnóthas le ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?**

Cuireann EMP borradh faoin Straitéis Todhchaí Níos Gile trí mhórthionscadail agus réitigh innealtóireachta a chur i bhfeidhm, a chumasaíonn táirgeadh, nascadh agus soláthar leictreachais ísealcharbóin.

Cibé an iad feirmeacha gaoithe nua, tionscadail tarchurtha nó dáileacháin leictreachais, nó teicneolaíochtaí amhail bithmhais, taisc-cheallra nó giniúint cumhachta sholúbtha, is riachtanas lárnach do ESB é cumas innealtóireachta tráchtála. Tacaíonn an cumas sin le cothabháil leanúnach an bhonneagair reatha freisin, agus cinntíonn go bhfeidhmíonn na sócmhainní líonra agus giniúna sin go héifeachtúil le linn a saoil, chun freastal ar riachtanais an chustaiméara agus an mhargaidh.

Is í an aidhm atá ag cur chuige láraithe i leith soláthar mórthionscadal ná tionscadail a sholáthar ar bhealach éifeachtúil a thacaíonn le cuspóirí airgeadais ESB. Tá an cur chuige sin bunaithe ar chumas bainistithe tionscadal agus conarthaí a bheith i bhfeidhm de réir an dea-chleachtais, cumas ar féidir a fheidhmiú ar fud an Ghrúpa fad a chloítear le riachtanais rialála.

## FORLÉARGAS

Cuireann gnóthas EMP lárionad innealtóireachta ar fáil do ESB, déanann sé mórthionscadail ar fud ESB Group a sheachadadh, tá sé freagrach as punann Réadmhaoine agus Slándála ESB Group, agus cuireann sé seirbhísí innealtóireachta eile ar fáil do chliaint sheachtracha trí ESB International. Tá os cionn 800 duine sa ghnóthas a oibríonn i gcomhar le réimsí gnó eile in ESB agus a sholáthraíonn seirbhísí innealtóireachta chuig cliaint sheachtracha sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

## LÁRIONAD INNEALTÓIREACHTA

Cuimsíonn an Lárionad Innealtóireachta innealtóireacht shibhialta agus chomhshaoil, líonraí agus giniúna, agus seirbhísí bainistithe sócmhainní. Tá baint ag na feidhmeanna innealtóireachta sin le tionscadail forbartha ó choincheap go tógáil agus coimisiúnú.

Tacaíonn siad freisin le hoibriú agus cothabháil sócmhainní reatha in ESB Group i gcoitinne, agus bíonn siad ag obair i gcomhar le Réadmhaoin agus Slándáil an Ghrúpa agus le ESB International.

## SOLÁTHAR MÓRTHIONSCADAL

Tá réimsí feidhmiúlachta éagsúla laistigh de EMP atá freagrach as tionscadail ghiniúna agus tionscadail líonraí. Oibríonn siad sin leis na gnóthais uile agus tá cumas feabhsaithe á thógáil acu lena chinntiú go soláthraítear na tionscadail sin agus go mbaineann ESB na spriocanna amach atá leagtha síos sa Straitéis Todhchaí Níos Gile.

## RÉADMHAOIN AGUS SLÁNDÁIL AN GHRÚPA

Déanann Réadmhaoin agus Slándáil an Ghrúpa (GP&S) punann réadmhaoine ESB a bhainistiú. An tionscadal suaitheanta do GP&S ná forbairt cheannoifig ESB ar Shráid Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.

Chuir ESB tús le hathfhorbairt a láithreáin ar Shráid Mhic Liam i mBaile Átha Cliath 2 i Meitheamh 2017 agus rinneadh dul chun maith san obair i rith 2019. San fhorbairt nua 45,000 m2 seo, soláthrófar foirgneamh a bheidh beagnach neodrach ó thaobh an fhuinnimh de, ceann de na forbairtí oifige tráchtála is éifeachtúla agus is inbhuanaithe i gcathair Bhaile Átha Cliath, agus ,san am céanna, cuirfear feabhas ar an sráid-dreach Seoirseach ar bhealach atá tuisceanach don oidhreacht sin. San áireamh sa tionscadal tá scartáil na bhfoirgneamh atá ann, roinnt déanmhas Seoirseach a choinneáil agus a athchóiriú, agus bloc oifige seacht n-urlár nua a thógáil.

## ESB INTERNATIONAL

Tá ESB International, atá ina sholáthróir domhanda seirbhísí comhairleachta innealtóireachta, ag obair sa Mheánoirthear, san Afraic agus sa Chianoirthear faoi láthair. Leanann sé de bheith ag obair freisin ar fud na hEorpa, lena n-áirítear in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. I rith 2019, rinne ESB International dul chun cinn suntasach ar an tionscadal Alba CCGT i mBairéin. Tá ceangal láidir ag seirbhísí ESB International le hacmhainní innealtóireachta, bainistíochta agus soláthar tionscadal ESB agus, dá bharr sin, tá sé in ann na hacmhainní a chur ar fáil do chliaint idirnáisiúnta.

# SEIRBHÍSÍ FIONTAIR



Geraldine Heavey
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Seirbhísí Fiontair**

**Ceist: Cérbh iad príomhghnóthachtálacha Sheirbhísí Fiontair in 2019?**

Mar sholáthróir réimse leathan príomhphróiseas gnó agus seirbhísí ar fud ESB Group, chuimsigh gnóthachtálacha Sheirbhísí Fiontair in 2019:

- Treo TF ESB Group a stiúradh, rochtain ar chóras TF den scoth a chinntiú, lena n-áirítear rioscaí cibearslándála a bhainistiú agus an straitéis dhigiteach a chur i bhfeidhm
- Cláir agus tionscadail TF a bhainistiú go rathúil; ar fud ESB Group
- Na seirbhísí gairmiúla riachtanacha a chur ar fáil chun taú le cinnteoireacht straitéiseach ghnó agus
- Na hoibríochtaí airgeadais agus daoine ar fad a bhainistiú do ESB Group.

**Ceist: Conas a chabhraíonn Seirbhísí Fiontair le ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?**

Is é cuspóir Sheirbhísí Fiontair Straitéis Thodhchaí Níos Gile ESB a chumasú trí bhíthin chomhairle a chur ar fáil agus stiúradh agus soláthar a dhéanamh ina phríomhréimsí saineolais. Is iad tosaíochtaí straitéiseacha Sheirbhísí Fiontair:

- Próisis ghnó straitéiseacha agus comhairleacha agus seirbhísí TF a sholáthar go héifeachtach agus go héifeachtúil d'fhonn soláthar straitéise a chumasú agus d'fhonn tacú le cuspóirí airgeadais ESB ar fud ESB Group.
- Soláthar cúrsaí digiteacha agus anailísíochta a luasghéarú ar fud ESB Group mar chumasóir don chlaochlú agus don fheidhmíocht ghnó.
- Feabhsú feidhmíochta agus barr feabhais oibriúcháin / feidhmíochta i ngach cuid de Sheirbhísí Fiontair a bhrú chun cinn; agus
- Foireann rannpháirteach shábháilte chomhoibríoch a fhorbairt go leanúnach.

Tá cumas, saineolas agus feidhmíocht na bhfostaithe ríthábhachtach chun tosaíochtaí straitéiseacha agus oibriúcháin Sheirbhísí Fiontair a chur i gcrích go rathúil.

Agus iad ag oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht leis an gcuid eile de ESB Group, tá ról riachtanach ag Seirbhísí Fiontair i soláthar Straitéis Thodhchaí Níos Gile ESB trí dhíriú i gcónaí ar bharr feabhais oibriúcháin/feidhmíochta, lena n-áirítear ceannaireacht costais, agus próisis a fheabhsú trí leas a bhaint as cumais láraithe agus ceannaireacht teicneolaíochta.

## FORLÉARGAS

Mar sholáthraí seirbhísí inmheánacha ESB, déanann Seirbhísí Fiontair Straitéis Todhchaí Níos Gile ESB a chumasú trí bhíthin stiúradh, comhairle a chur ar fáil agus tionscadail a chur i bhfeidhm ina phríomhréimsí saineolais. Tá Seirbhísí Fiontair:

- Ina chomhairleoir straitéiseach do ESB Group i ndáil le Príomhsheirbhísí Fiontair
- Freagrach as seirbhísí agus próisis ghnó chriticiúla a sholáthar don chuid eile de ESB Group trína dhá eite sholáthair, Oibríochtaí Gnó agus Soláthar TF; agus
- Freagrach as athrú digiteach ó bhonn ESB Group a stiúradh, chomh maith le feabhsúchán próiseas a stiúradh ar fud ESB.

Tugtar léargas ar fheidhmíochtaí Sheirbhísí Fiontair thíos:

**FEIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ LE hAGHAIDH 2020**

| Feidhm | Cuspóir |
|---|---|
| **Dlí** | An ról atá ag Dlí ná saineolas dlí agus seirbhísí idibheartaíochta a sholáthar thar réimse leathan cleachtas, agus comhairle a thabhairt maidir le rioscaí dlí ar fud ESB Group. |
| **Soláthar** | An ról atá ag Soláthar ná an ghníomhaíocht soláthair ar fad a bhainistiú ar fud ESB Group, agus, san am céanna, cloí leis na riachtanais rialála. Áirítear leis sin straitéis, beartais agus nósanna imeachta soláthair a fhorbairt, pleanáil soláthair straitéiseach agus seirbhísí tairisceana. |
| **Pinsin & Árachas** | An ról atá ag Pinsin agus Árachas ná na gníomhaíochtaí pinsin agus árachais go léir ar fud ESB Group a bhainistiú. Áirítear leis sin straitéisí a fhorbairt, sainchomhairle a sholáthar, agus bainistíocht riosca. Bainistíonn sé seirbhísí árachais foirne agus an Ciste Coigiltis Míochaine freisin. |
| **Oibriúchán den Scoth** | An ról atá ag Oibriúchán den Scoth ná tionscadail feabhsaithe próiseas a sholáthar agus cultúr um fheabhsú leanúnach a chur chun cinn ar fud ESB Group. |
| **CIO** | An ról atá ag CIO ná réitigh teicneolaíochta barr feabhais a fhorbairt, a éascóidh fás agus éifeachtúlachtaí gnó, agus an cibearshlándáil a mhaoirsiú. Cuimsíonn sé sin claochlú ESB Group a stiúradh maidir le TF, cúrsaí Digiteacha agus Anailísíochta. |
| **Soláthar TF** | An ról atá ag Soláthar TF ná tionscadail, táirgí agus seirbhísí TF agus digiteacha a chur i bhfeidhm, a fhorbairt ar scála agus tacú leo, agus an chibearslándáil a bhainistiú. |
| **Oibríochtaí Gnó** | An ról atá ag Oibríochtaí Gnó ná croífheidhmeanna tacaíochta gnó a chur ar fáil, amhail oibríochtaí daoine, oibríochtaí airgeadais, oibríochtaí ciste, foréileamh íocaíochta, saoráidí, chomh maith le tacaíocht do chustaiméirí. |

# TUARASCÁIL AR GHNÓ FREAGRACH


66 Forléargas
66 Daoine
68 Sábháilteacht
70 Freagracht Shóisialta
73 Chorparáideach
76 Comhshaol agus Inbhuanaitheacht
Ár mBrabús a Úsáid ar Bhealach Inbhuanaithe

# FORLÉARGAS



Pat Naughton
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Forbairt Daoine agus Eagraíochta**

Ba é seo an chéad bhliain de shamhail oibriúcháin nua ESB, tar éis an athbhreithnithe a rinneadh in 2018 chun an eagraíocht a chur in oiriúint do chur i bhfeidhm ár Straitéis Todhchaí Níos Gile. Bliain thábhachtach a bhí in 2019 ó thaobh an eagraíocht a atheagrú d'fhonn ár n-uaillmhian a bhaint amach. Mar thoradh ar fhorbairt ár Straitéise Daoine, tá aird dírithe ar an acmhainneacht is gá dúinn a bheith againn chun a bheith rathúil i gcomhthéacs a bhíonn ag síorathrú, agus ar an ngá lenár gcultúr a fhorbairt le gur féidir linn an fheidhmíocht a bhaint amach a theastaíonn le go n-éireodh lenár ngnóthas. Is í ár samhail 'One HR' atá mar bhonn agus thaca ag an straitéis sin – straitéis atá dírithe ar dhaoine aonair chun lucht saothair aontaithe a bhaint amach.

Tá ár luachanna ó thaobh a bheith cróga, comhbhách, treallúsach agus dílis de, ina mbonn le gach rud a dhéanaimid. In 2019, chuireamar tús le feidhmiú ár Straitéise ar son Daoine agus chuige sin, bhaineamar leas as na luachanna thuas chun an cultúr a shonrú a bhfuil gá leis chun go mbeimis in ann ár straitéis a fhíorú agus todhchaí níos fearr a éascú dóibh siúd a bhfreastalaímid orthu. Mar thoradh air sin, forbraíodh clár chun tacú leis an teacht chun cinn cultúrtha seo, dar teideal An Bealach a nOibrímid in ESB. Sa chlár seo, tugtar roinnt mhaith gnéithe le chéile chun tacú leis hiompraíocht a athrú agus le heispéireas nasctha a thabhairt d'fhostaithe le go mbainfí siad barr a gcumais amach.

Tuigimid gur ón mbarr anuas a thagann an t-athrú, agus tá tréaniarrachtaí déanta againn ár mbainisteoirí sinsearacha a chumasú le bheith réamhghníomhach agus cuntasach chun go mbeidís chun tosaigh maidir leis an athrú cultúrtha seo a chur i bhfeidhm. Is ríthábhachtach ó thaobh cur i bhfeidhm athruithe de cumas ár mbainisteoirí daoine ag gach leibhéal san eagraíocht. Chuireamar feabhas ar ár gCreat Forbartha Bainistíochta in 2019 chun go mbeadh sé ag teacht lenár straitéis agus leis an ngá go mbeadh éiteas feidhmíochta le brath i ngach foireann. Bainfear feidhm as an bhforbairt bainistíochta athdhírithe sin in 2020, agus áireofar léi foghlaim conas tuairimí daoine a bhfuil cumas digiteach acu a úsáid chun athruithe a spreagadh.

Tá ár bhfeidhmeanna Acmhainní Daonna, sábháilteachta agus inbhuanaitheachta tugtha le chéile againn sa tsamhail oibriúcháin nua. Bhaineamar leas as an gcomhpháirtíocht sin i mbliana chun a chinntiú go bhfuil ár gclár iompraíochta sábháilte, dar teideal Slán Sábháilte, comhcheangailte lenár gclár forbartha cultúir foriomlán i dtaca leis na réimsí gnó a bhfuil timpeallacht ardriosca ag baint leo ó thaobh na sábháilteachta de.

Agus muid ag breathnú ar aghaidh go dtí 2020 de réir mar a leanann ár dtionscal ar aghaidh a bheith ag forbairt, tá sé soiléir go nglacfaidh ESB cur chuige athraithe chuige féin i leith dearbhú acmhainní agus foghlaim & forbairt araon de bharr an tionchair a bheidh aige seo ar chumas ar fhorbairt, agus go mbeidh luas faoi athruithe dá bharr. Leanfaimid dár n-iarrachtaí chun cruth nua a chur ar ár gcultúr agus díriú go leanúnach ar an bhfeidhmíocht, agus go mbainfear é sin amach trí eispéireas a thabhairt d'fhostaithe atá ionchuimsitheach agus nasctha.

Pat Naughton,
Stiúrthóir Feidhmiúcháin.
Forbairt Daoine agus Eagraíochta

# DAOINE


## DAOINE

Is clár é An Bealach a nOibrímid in ESB atá ceaptha chun forbairt an chultúir ar fud ESB a threorú, agus chuige sin, cumasófar eispéireas fostaithe chun tacú leis an bhfeidhmíocht ag gach leibhéal.

- Tá luachanna ESB mar bhonn ag an gclár, agus tá beocht curtha iontu ar mhaithe le fostaithe trí réimse tacaíochtaí, lena n-áirítear scannán agus treoir d'fhostaithe faoin gciall atá leis na luachanna sin agus conas is féidir iad a chuimsiú sa mbealach a mbímid ag obair. Do bhainisteoirí, tá ESB tar éis sraith tacaíochtaí a sholáthar chun cabhrú leo rannpháirtíocht foirne a fheabhsú agus treoir maidir le conas a oibríonn sin, bunaithe ar luachanna ESB.
- Tá ESB tar éis sraith mheonta a shainaithint agus a fhógairt lenar féidir rath a bhaint amach – is ionann iad seo agus tréithe agus gnéithe iompraíochta atá ríthábhachtach le go mbainfí straitéis agus cuspóir ESB amach. Eadhon Feidhmíocht, Díriú ar Chustaiméirí, Comhar, Nuáil agus Gastacht. Tríd an gclár An Bealach a nOibrímid in ESB, tá ESB ag déanamh a dhícheall na meonta sin a chothú agus a fheabhsú.
- Bunaithe ar na luachanna, tá 'Ár gCód' á fhorbairt ag ESB. Cur chuige mealltach é sin, bunaithe ar luachanna, i leith iompraíocht eiticiúil a shonrú d'fhonn tacú le cultúr dearfach.
- Is é an t-ionchuimsiú atá i gcroílár chultúr feidhmíochta, agus an rud is mó a dhéanfaidh é sin a spreagadh ná ceannairí ESB a chumasú le go ndireoidh siad ar an ionchuimsiú mar ghné thosaíochta. In 2019, ghlac Bainisteoirí Sinsearacha agus Páirtithe Gnó Acmhainní Daonna ESB páirt i gclár forbartha Ceannaireachta Ionchuimsithigh.
- Is gné ríthábhachtach de rath ESB mar ghnóthas daoine a oiliúint agus tacú leo le go mbeidís in ann barr a gcumais a bhaint amach agus páirt a ghlacadh san fheidhmíocht chomhchoiteann. In 2019, d'fhorbair ESB cur chuige nua i leith na feidhmíochta a bhainistiú trí dhaoine; agus mar chuid de sin, thug siad an mhodheolaíocht OKR (Spriocanna & Príomhthorthaí) isteach, d'fhonn cuspóirí an ghnóthais a chur in oiriúint níos fearr dá straitéis. Don bhliain 2020, tá ESB ag iarraidh cur leis an méid sin, agus chuige sin, beidh sé ag díriú níos mó ar iompraíochtaí agus ar an mbealach a n-oibríonn ESB i gcomhar le chéile, chomh maith leis an méid a chuireann ESB i bhfeidhm.
- Tá sé ríthábhacht ceannaireacht ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí ó thaobh cultúr ESB a shonrú agus a fhorbairt. In 2019, thug ESB na bainisteoirí sinsearacha uile le chéile do shraith ceardlann chun díriú ar a ról faoi leith féin maidir leis an gclár An Bealach a nOibrímid a stiúradh.
- Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag ESB, agus gné lárnach de sin is ea a thuiscint conas mar a mhothaíonn daoine a bheith ag obair do ESB, agus an tionchar a bhíonn ag iompraíocht ceannairí agus bainisteoirí air sin. In 2019, thug ESB cur chuige nua isteach i leith suirbhéanna a dhéanamh ar fhostaithe, bunaithe ar ardán digiteach chun dearcthaí fíor-ama fostaithe a sholáthar do bhainisteoirí. Cabhróidh an t-aiseolas sin le bainisteoirí cultúr dearfach a fhorbairt sa láthair oibre agus rannpháirtíocht fostaithe a fheabhsú.
- Tríd an gclár An Bealach a nOibrímid, spreagfaidh ESB a fhostaithe chun an t-aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin a threorú agus a chumasú, agus ar an gcaoi sin, tarraingeoidh an chuideachta aird athnuaite ar an gceannaireacht atá á thabhairt aige i leith todhchaí ísealcharbóin a bhaint amach. Cuirfidh ESB beocht sa chur chuige sin trí thionscnaimh i dtaca le carranna leictreacha agus leictriú teasa. Dá mbarr sin, beidh a chuid fostaithe ina ngníomhaithe ar mhaithe le todhchaí ísealcharbóin.

## IONCHUIMSIÚ & ÉAGSÚLACHT IN ESB

- Réimsí fócais agus forbartha don ESB is ea an t-ionchuimsiú go fóill.
- I rith 2019, ghlac breis is 650 fostaí páirt sa Chlár Feasachta Comhghuaillithe BeMe@ESB. I Meitheamh, ghlac níos mó fostaithe, comhghuaillithe, cairde agus ball clainne ná riamh páirt i bhféile Bhród Bhaile Átha Cliath chun tacaíocht ESB a thabhairt dá gcomhghleacaithe LADT+ a léiriú. Bhí ionadaíocht ag ESB ar an bpainéil Allies for Inclusion ar son an Ionchuimsithe ag an imeacht OUTStanding Ireland.
- Tá clár Thrasdulta Tuismitheoireachta a Bhainistiú go Rathúil ESB ag dul ó neart go neart i gcónaí, agus bhronn PWN Global an Gradam um Cheannaireacht Chothromaithe Inscne air an tionscnamh oiliúna i nDeireadh Fómhair. Tá méadú suntasach ar an líon na bprintíseach agus comhghleacaithe mná in ESB, agus d'fhreastail siad ar imeacht amháin, 'Balance for Better – Brighter Future, Performance, Impact and Success', ceann amháin den iliomad imeachtaí a reáchtáladh ar fud ESB chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh
- I rith mhíonna an tsamhraidh, chuir ESB tús le comhpháirtíocht le EY chun diagnóisic a chur i bhfeidhm maidir le hionchuimsiú agus éagsúlacht in ESB i gcoitinne. Mar chuid de sin, rinneadh suirbhé ar fud na cuideachta, chomh maith le hagallaimh le ceannairí, roinnt mhaith grúpaí fócais d'fhostaithe, agus anailísiú ar bheartais, nósanna imeachta agus próiseis, chun leibhéal aibíochta ESB sa réimse sin a dheimhniú. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, tá ESB tar éis a fháil amach faoi na láidreachtaí agus laigí atá aige, agus cad is gá dó a dhéanamh chun ESB a bhrú ar aghaidh chuig an gcéad chéim aibíochta eile. Tacóidh an diagnóisic sin le forbairt straitéise cuimsithí ar an ionchuimsiú agus an éagsúlacht in 2020.
- Mar chuid den chlár An Bealach a nOibrímid, ghlac Bainisteoirí Sinsearacha agus Páirtithe Gnó Achmainní Daonna páirt i i gclár Forbartha Ceannaireachta Ionchuimsithí in 2019




## PRÓIFÍL CHEANNAIREACHTA

Tar éis fhorbairt Straitéis Daoine ESB, mar aon leis an sainmhíniú ar an gcultúr a theastaíonn le go n-éireodh leis an straitéis sin, tá ESB tar éis próifíl cheannaireachta a fhorbairt ina leagtar síos an chiall atá aige sin do cheannairí ESB. Is creat don fhorbairt ceannaireachta é seo a thabharfaidh daoine le chéile ar fud na cuideachta, agus tá sé mar bhonn agus thaca ag forbairt cláir ceannaireachta i gcomhair Bainisteoirí líne thosaigh agus meánlíne, a chuirfear i gcrích in 2020, agus i gcomhair bainisteoirí sinsearacha a roghnú san eagraíocht.

## ATHNUACHAN AN LUCHT SAOTHAIR AR FUD ESB

I rith 2019, lean ESB den earcaíocht i roinnt mhaith príomhréimsí le cinntiú go mbeidh an cumas atá ag teastáil uaidh chun an Straitéis Todhchaí Níos Gile a sheachadadh ar fáil.

- Tríd an gClár Earcaíochta Céimithe, d'earcaigh ESB 77 duine sna réimsí Innealtóireachta, Airgeadais, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Gnó
- Tríd an gClár Printíseach Líonraí chun Teicneoirí Líonra a fhorbairt do ESB Networks, tugadh 83 duine isteach go dtí an chéad bhliain den chlár 4 bliana. Bhí na daoine sin ar leibhéil éagsúla, idir daoine a bhí díreacht tar éis an scoil a fhágáil agus chéimithe. Anuas air sin, earcaíodh 10 bprintíseach sa réimse airgeadais agus teicneolaíocht faisnéise.
- Earcaíodh 121 Teicneoir Líonra nua in 2019 - 90 díobh ó Chlár Printíseach Líonraí ESB agus 31 ó thionscail eile.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Meánlíon na bhFostaithe | 7,974 | 7,874 |
| Mná | 25% | 24% |
| Mná ar Leibhéal na Bainistíochta Sinsearaí | 30% | 25% |
| Fostaithe faoi Mhíchumas* | 3% | 3% |

Cuimsítear i nóta 9 de na ráitis airgeadais an meánlíon fostaithe de réir aonad gnó.

* Tá an sprioc 3% maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú, mar atá leagtha amach san Acht um Míchumas 2005, á sárú ag ESB fós.

# SÁBHÁILTEACHT

## FORLÉARGAS

Geallann Bord, bainistíocht agus fostaithe ESB sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus an phobail dá bhfónann sé a chosaint Is ar a sábháilteacht siúd a mhachnaítear ar dtús maidir le bearta agus gníomhaíochtaí gnó. Creideann ESB gur féidir gach próiseas oibriúcháin a dhearadh agus a oibriú ar bhealach sábháilte. Tá an creideamh seo mar threoir aige ina chur chuige i leith na sábháilteachta thar a ghníomhaíochtaí gnó ar fad agus atreisítear é le ceannasaíocht láidir shofheicthe ar fud an Ghrúpa.

Is é an Príomhfheidhmeannach atá freagrach go hiomlán as sláinte agus sábháilteacht in ESB a bhainistiú. Leagtar amach i Ráiteas Sábháilteachta ESB Group, arna fhaomhadh ag a Bhord, an beartas iomlán agus na socruithe ginearálta atá déanta chun sláinte, sábháilteacht agus folláine a bhfostaithe uile a chinntiú. Comhroinntear an fhreagracht feidhme i measc na ndaoine sinsearacha bainistíochta agus, ina dhiaidh sin, le gach bainisteoir, maoirseoir, ceannaire foirne agus fostaí. Tacaíonn an Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil le monatóiriú agus rialáil an Bhoird i leith sláinte, sábháilteachta agus folláine. Tá tuilleadh eolais faoin gCoiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil ar fáil ar leathanach 101.

## FEIDHMÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA IN 2019


### Aga Díomhaoin de bharr gortuithe

65 an líon Aga Díomhaoin de bharr gortuithe (LTInna) in 2019 i gcomparáid le 69 in 2018, 63 in 2017 agus 72 in 2016. I gcás formhór na ngortuithe sin, ní raibh siad tromchúiseach, mar atá soiléir ón líon íslithe gortuithe arbh ghá iad a thuairisciú do na húdaráis reachtúla. Is iad na cúiseanna is coitianta le LTInna ná sleamhnadh, tuislí, imbhualadh tráchta ar bhóithre, gluaiseachtaí eile an duine, agus caillteanas smachta ar an rud a raibh an duine ag obair air. B'ionann iad sin le chéile agus 71% de na LTInna iomlána. Is léiriú iad na difríochtaí mí ar mhí in LTInna go dtarlaíonn na teagmhais sin go randamach. Is é atá i gceist le LTInna fostaithe ná gortuithe a bhíonn acu a gcailleann siad ar a laghad lá amháin oibre mar thoradh orthu (agus ní áirítear leis sin an lá ar tharla an gortú). Tá an treocht líneach sna graif uile ina mheánluach den táscaire sin.


### Teagmhais Ardphoitéinsil (P1)

I dteannta le díriú ar LTIanna, aicmíonn ESB gach teagmhas díobhálach agus neastimpiste, agus dírítear ach go háirithe ar theagmhais ardphoitéinsil arbh fhéidir toradh níos measa a bheith orthu ná mar a bhí. In 2019, taifeadadh 138 teagmhas ardphoitéinsil. Cé gur líon níos airde é sin ná in 2018, tháinig laghdú ar threocht líneach na dteagmhas sin (féach léaráid 2) ó 2016 go dtí 2019. Seo a leanas na teagmhais iomlána do gach ceann de na blianta roimhe seo; 2018 (102), 2017 (163) agus 2016 (255).

### LÉARÁID 1: TREOCHT LTI 2017-2019




### LÉARÁID 2: TREOCHT TEAGMHAS ARDPHOITÉINSIL (P1) 2017-2019




Iniúchtar gach teagmhas ardphoitéinsil agus gach LTI chun na bunchúiseanna a bhí leo a chinneadh. Is iad na rioscaí is tromchúisí a eascraíonn ó theagmhais ardphoitéinsil do ESB ná: Ba iad páirtithe poiblí/tríú páirtithe, leictreachas, tiomáint agus iompar, agus iompraíocht an duine, an chúis a bhí le 67% de na teagmhais P1 uile.

Is éard is breith mhaith ann ná nuair a dhéanann duine idirghabháil tar éis dó gníomh nó bail nach bhfuil sábháilte a fheiceáil, agus nuair a chabhraíonn sé le teagmhas sábháilteachta a sheachaint. Eochair-tháscaire is ea na breitheanna maithe chun cur ar chumas ESB feidhmíocht den scoth a bhaint amach. 11,901 an líon deiridh breitheanna maithe a thaifead fostaithe do 2019, méadú 435 ar thoradh 2018.

Bhí bás amháin ann, tar éis gur gortaíodh ball den phobal go marfach agus mioneitleán á eitilt aige i gcóngar líonraí leictreachais lasnairde. Tá cúis na timpiste tubaistí sin á hiniúchadh ag Aonad Iniúchta Timpistí Aeir na Roinne Iompair, agus a iniúchadh féin ar an timpiste á dhéanamh ag ESB Networks. Bhí neastimpiste thromchúiseach freisin ag ball den phobal a bhí ag iarraidh drón a aisghabháil a bhí gafa i líonraí leictreachais lasnairde. Ba ámharach ar fad é don té sin nár gortaíodh go marfach é.

Tá béim fós á leagan ag ESB ar rioscaí a laghdú sna réimsí den ghnó a dtarlaíonn gortuithe tromchúiseacha iontu. Tá pleananna feabhsaithe, tionscadail, oiliúint agus cláir iniúchta á reáchtáil i gcónaí ina ndírítear ar ghortuithe a chosc.

## SLÁN SÁBHÁILTE

Tá an clár Claochlaithe an Chultúir Sábháilteachta ("Slán Sábháilte") dírithe ar chultúr a bhunú ina mbeidh an tsábháilteacht i gcroílár gach rud a dhéanaimid; cultúr ina mbeidh meon ag daoine nach nglacfaidh le teagmhais ná gortuithe, ina mbeidh fostaithe freagrach agus cúramach i leith a sábháilteachta féin agus i leith shábháilteacht na ndaoine timpeall orthu, ina labhróidh siad amach má fheiceann siad rud éigin nach bhfuil sábháilte, ina roghnóidh siad cloí leis na rialacha sábháilteachta, ina mbeidh siad comhlíontach, ina gcuirfidh siad córais sábháilteachta chiallmhara i bhfeidhm agus ina mbeidh siad bródúil as a ngnóthachtálacha. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le príomh-mhodúil an chláir Slán Sábháilte in 2019.

Seo na príomhrudaí a baineadh amach:

- bunú 48 Foireann Ceannaireachta (thart ar 500 ball foirne), agus iad dírithe ar prionsabail an chláir Slán Sábháilte a dhaingniú ag an leibhéal áitiúil agus, san am céanna, dul i ngleic leis na dúshláin oiriúnaitheacha a tháinig anios;
- Foireann Cóitseála láidir lánaimseartha Slán Sábháilte a bhunú (15 san iomlán), chun tacaíocht chóitseála Slán Sábháilte a sholáthar do na Foirne Ceannaireachta agus, san am céanna, tabhairt faoi sheisiúin rannpháirtíochta leis an bhfoireann (chun baill foirne a spreagadh le labhairt faoin tuiscint atá acu féin ar an gcoincheap Slán Sábháilte);
- agus cur i bhfeidhm seisiún oiliúna maidir le forbairt ceannaireachta - ag obair i gcomhar le bainisteoirí, maoirseoirí agus Foirne ceannaireachta, ag tacú leo chun na scileanna ceannaireachta riachtanacha a fhorbairt chun an fhís Slán Sábháilte a fhíorú.

## SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Tá ESB tiomanta do thacú go réamhghníomhach lena fhostaithe chun an tsláinte agus an fholláine a choimeád. Cabhraíonn Foireann Sláinte agus Folláine ESB lena fhostaithe a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach san áit oibre trí sheirbhísí sláinte agus folláine a sholáthar atá réamhghníomhach, coisctheach agus luath-idirghabhálach. Cuireann sé eolas agus comhairle ar fáil d'fhostaithe chun cabhrú leo stíl bheatha shláintiúil a chruthú agus a choimeád. Soláthraíonn an clár tacaíocht éifeachtach sa chás go mbíonn drochshláinte agus dúshláin eile ina saol pearsanta ag bagairt ar fhostaithe, trí sheirbhís míochaine sláinte gairme, Clár Cúnta d'Fhostaithe (EAP), seirbhís neamhspleách chomhairleach agus trí raon beart tacaíochta eile.

## TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR MHÓRA A FEIDHMÍODH NÓ A LEANADH DÍOBH IN 2019

- Tá córais bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta ar bun ag gach aonad gnó in ESB, agus tá an-chuid díobh fíoraithe go seachtrach agus deimhnithe de réir caighdeán Idirnáisiúnta ISO 45001, OHSAS 18001 nó a gcoibhéisí.
- Lean ESB de dhul chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar na príomhtháscairí maidir le feidhmíocht sábháilteachta agus sláinte. Is iad sin breitheanna maithe, Comhráite Ceannaireachta, Imscrúdú P1, dúnadh Ghníomh P1, agus neamhchomhlíonadh Iniúchtaí.
- Lean ESB den dul chun cinn in 2019 maidir le feabhas a chur ar a fheidhmíocht sábháilteachta trí thionscadail mhóra feabhais a sholáthar in ESB Networks agus i nGiniúint agus Trádáil.
- Cuireadh Iniúchtaí Dearbhaithe Sábháilteachta i bhfeidhm chun comhlíonadh ár mBeartas agus Caighdeán a chinntiú in ESB Networks, Giniúint agus Trádáil agus Innealtóireacht agus Mórthionscadail.
- Mar aitheantas ar éagsúlacht ár bhfostaithe agus ar a riachtanais folláine, d'fhorbair ESB Straitéis Sláinte agus Folláine nua. Cuireadh Lámhleabhar Folláine i dtoll a chéile in 2018. Forbraíodh an dara foilseachán, "Supporting the Wellbeing of My Team", agus seoladh é i rith na Seachtaine Meabhairshláinte in 2019. Eagraíodh seónna Sláinte & Folláine freisin lena chinntiú go raibh na fostaithe uile ar an eolas faoi na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ar fáil, agus chun cur ar a gcumas scagthástáil sláinte a dhéanamh agus freastal ar sheimineáir réamhghníomhacha sláinte agus folláine. Ligeann ESB do dhaoine leas a bhaint as uirlis dhigiteach sláinte agus folláine i gcónaí.
- Déantar na rioscaí sláinte agus sábháilteachta fiontair seo a leanas a chur in iúl don Bhord, agus baintear úsáid as cuid mhaith clár chun iad a bhainistiú: leictreachas, tiomáint, a bheith ag obair in airde, láimhseáil ualach, uirlisí, gléasra & trealamh, fuinnimh ghuaiseacha eile, guaiseacha fisiciúla, ceimiceacha agus bitheolaíocha, dóiteán & pléascadh, sleamhnadh, tuislí agus titim, a bheith ag obair i d'aonair, strus, agus láithreáin tríú páirtí.
- Cuireadh tús i rith na bliana le feidhmiú na moltaí a rinneadh mar thoradh ar Athbhreithniú Sábháilteachta Dóiteáin ar fud na cuideachta.
- Leanadh den Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Pobail a chur i bhfeidhm in 2019, agus rinneadh caidreamh gníomhach le páirtithe leasmhara sna hearnálacha feirmeoireachta, foirgníochta agus éigeandála. Tar éis a bheith ceadaithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, foilsíodh an Cód Cleachtais leasaithe agus nuashonraithe maidir le Contúirt ó Línte Leictreachais Lasnairde a Sheachaint. Is cion tábhachtach é sin agus an físeán a ghabann in éineacht leis chun an tsábháilteacht a fheabhsú san earnáil foirgníochta. Eagraíodh feachtais teilifíse, raidió agus sna meáin shóisialta inar díríodh ar na rioscaí a bhaineann le bheith ag obair i gcóngar líonraí leictreachais lasnairde agus faoi thalamh, mar aon leis na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí amhail dróin a eitilt. Rinneadh urraíocht ar thuar na haimsire RTÉ Raidió 1 agus baineadh leas as sin chun aird an phobail a dhíriú ar na rioscaí a bhaineann le contúirtí sreanganna tite, go háirithe i rith stoirmeacha agus nuair a bhíonn innealra ard á oibriú gar do líonraí leictreachais. Mheall an clár bunscoileanna 'Fan Sábháilte-Fan Amach' go leor iontrálacha, agus aithníodh buaiteoirí réigiúnacha agus náisiúnta.

# FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

## CUSPÓIR SÓISIALTA

Ó bunaíodh é in 1927, tá ESB ag tacú le pobail agus le cláir a fheabhsaíonn saol eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann, ag cabhrú le solas agus fuinneamh a chur ar fáil do na daoine a bhfreastalaíonn sé orthu, ionas gur féidir le daoine agus le pobail barr feabhais a bhaint amach i ngach réimse den saol.

### CISTE FUINNIMH LE HAGHAIDH NA NGLÚN

I rith 2019, d'infheistigh ESB breis is €2 mhilliún i gcúiseanna maithe tríd a gclár um fhreagracht shóisialta chorparáideach (CSR). Tá Ciste Fuinnimh do na Glúnta atá le teacht ESB tiomanta do dhul i ngleic leis an easpa dídine, le féinmharú a chosc agus le rochtain a éascú ar an oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, Ealaíon agus Matamaitice (STEAM). In 2019, thacaigh an ciste le 103 tionscadal ar luach €1 mhilliún ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Áirítear leis sin comhpháirtíochtaí le Fondúireacht TU Bhaile Átha Cliath don chlár Rochtana ar Phrintíseachtaí, leathadh amach thionscnamh Scileanna Saoil do Scoileanna Aware chun feasacht ar an meabhairshláinte a chur chun cinn in iar-bhunscoileanna ar fud na hÉireann, agus 'My World Survey Two' Jigsaw, an suirbhé is mó ar mheabhairshláinte na hóige a rinneadh riamh in Éirinn.

### OBAIR DHEONACH FOSTAITHE

Bíonn obair dheonach fostaithe á cur chun cinn freisin ag Ciste Fuinnimh do na Glúnta atá le teacht ESB. Fostaí ar bith a bhfuil os cionn fiche uair an chloig d'obair dheonach déanta aige nó aici le carthanas, is féidir leis nó léi iarraidh ar ESB €250 a bhronnadh ar an eagraíocht sin. In 2019, tá an Ciste tar éis €25,000 a dheonadh do réimse carthanas, lena n-áirítear Make A Wish Foundation, Debra Ireland, Cumann Duán na hÉireann agus Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath. Bíonn fostaithe ESB páirteach go deonach sa tionscnamh 'Time to Read and Time to Count' i gcomhpháirt le Gnó sa Phobal (BITC), chun tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú in 8 mbunscoil in Éirinn. Bíonn oibrithe deonacha ESB gníomhach in iar-bhunscoileanna freisin, ag iarraidh saol na hoibre a chur faoi bhráid daltaí idirbhliana in 5 iar-bhunscoil trí chlár taithí oibre Skills@Work BITC.

### CISTE POBAIL FEIRME GAOITHE


Tá fochuideachtaí feirme gaoithe ESB ag oibriú i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór, agus soláthraíonn a Chiste Feirme Gaoithe Pobail €1 mhilliún do phobail atá gar do láithreáin feirme gaoithe le haghaidh fhorbairt bonneagair agus seirbhísí áitiúla, rud a chruthaíonn todhchaí níos gile d'áitritheoirí na bpobal tuaithe in aice láimhe


## URRAÍOCHT

Tá punann ghníomhach urraíochta á bainistiú ag an nGrúpa, lena n-áirítear iad seo a leanas:
- Daoine óga sa spórt a chur chun cinn trí Chraobhchomórtas Mionúr na hÉireann CLG-Electric Ireland agus trí urraíocht a thabhairt do rugbaí na hÉireann faoi aois 20
- Táimid bródúil as a bheith inár dtacaí agus urraitheoir d'imeacht bliantúil Teach Pieta, Darkness into Light
- Ag tacú leis na healaíona agus leis an gceol trí urraíochtaí don Fheis Cheoil, don Phicnic Leictreach agus do Dhánlann Náisiúnta na hÉireann
- Tacú le forbairt scileanna san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, ealaíona agus matamaitic (STEAM) chun daoine óga na hÉireann a chumasú le barr a gcumais a bhaint amach agus chun a dtodhchaí chomhchoiteann a cumhachtú trí chomhpháirtíochtaí le TechSpace, Science Blast, Cool Planet, Generation Apprentice, Ollscoil Luimnigh agus Innealtóirí Éireann.

Tá clár STEAM ESB, Generation Tomorrow, ina chrann taca ag an bpunann urraíochta chorparáideach, agus is é an rud is mó a spreagann dea-cháil branda, chomh maith le bheith ina chruthúnas inbhraite den straitéis todhchaí níos gile. Trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí amhail RDS (ESB Science Blast), Camara Education Ireland (TechSpace agus ESB Creative TechFest) agus Cool Planet Experience, agus comhpháirtíochtaí eile freisin, tá sé mar aidhm againn tacú le páistí na scileanna a fhorbairt a theastóidh uathu le gur féidir leo a bheith rathúil san aonú aois is fiche, agus cabhrú leo a bheith cruthaitheach agus nuálach maidir le fadhbanna a réiteach, a bheith ina saoránaigh ghafa ghníomhacha, agus iad in ann roghanna eolacha a dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le dúshláin dhomhanda eile.

Bíonn tionchar dearfach ag cláir amhail ESB Science Blast agus ceardlanna STEAM Generation Tomorrow ar na mílte dalta bunscoile ar fud na hÉireann, agus tríd an earnáil oibre don óige, soláthraíonn












**FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH (CSR) IDIRNÁISIÚNTA**
Is comhpháirtí corparáideach ESB le ElectricAid, carthanas a bhunaigh foireann ESB in 1987. Sa lá atá inniu ann, tacaíonn 2,500 deontóir le ElectricAid, lena n-áirítear foireann reatha agus foireann ar scor, agus cuireann ESB leis na deontais sin de réir chóimheas 2:3, suas le huasteorainn €275,000 in aghaidh na bliana. In 2019, chuir ElectricAid maoiniú €1.2 mhilliún san iomlán ar fáil le haghaidh 126 tionscadal in 35 tír, agus dhírigh gach ceann de na tionscadail sin ar cheann amháin nó níos mó de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Ta cóip de Thuarascáil Bhliantúil ElectricAid le fáil ar láithreán gréasáin ElectricAid – www.electricaid.ie




TechSpace deiseanna do dhaoine óga na meáin dhigiteacha agus STEAM a úsáid chun a bheith ina gcruthaitheoirí agus ina gceapadóirí sa todhchaí.

### ESB SCIENCE BLAST

- Cuireadh ESB Science Blast, arna sholáthar ag an RDS, in áit an RDS Primary Science Fair le haghaidh páistí bunscoile, a bhí ar siúl ar feadh beagnach 10 mbliana ag scála níos lú. Ghlac breis is 12,000 páiste ó 496 bunscoil ar fud na tíre páirt i mbliana in imeacht amháin as trí cinn (seacht lá san iomlan) i mBaile Átha Cliath, Luimneach agus Béal Feirste. Bhí méadú ar scála an imeachta ó 255 (2018) go dtí 496 (2019) agus bhí ardú 50% ar na scoileanna a ghlac páirt ann i mbliana.
- Nuair a rinneadh suirbhé orthu, dúirt 99% de na múinteoirí a bhí páirteach ann go nglacfaidís páirt ann arís, agus bhí i gceist ag 60% díobh leanúint den tionscadal sa seomra ranga
- Rannpháirtíocht ESB Group (thacaigh breis is 60 foireann in ESB, Electric Ireland, ESB Networks agus NIE Networks leis an imeacht mar oibrithe deonacha nó mar mholtóirí)

### TECHSPACE AGUS ESB CREATIVE TECHFEST

- Tá ESB ag tacú le TechSpace ó bhí 2012 ann tríd an gCiste Fuinnimh do na Glúnta atá le teacht, agus leanfaidh siad den tacaíocht sin mar chur chuige comhpháirtíochta idir EFG agus an Rannán Corparáideach.

- Bíonn ESB Creative TechFest ag ceiliúradh obair dhaoine óga ar fud na hÉireann a ghlacann páirt sna moil TechSpace. An 30 Deireadh Fómhair i mbliana, ghlac breis is 550 duine óg ó 50 club óige in 25 as an 26 contae i bPoblacht na hÉireann páirt san imeacht Creative TechFest ESB is mó a reáchtáladh riamh, san Ionad Comhdhála i mBaile Átha Cliath.

### CLÁR STEAM GENERATION TOMORROW

- D'eagraigh foireann ESB ceardlanna STEAM i mbunscoileanna ar fud na hÉireann i rith na bliana.
- Thug breis is 600 páiste ó scoileanna áitiúla cuairt ar an gCeannoifig Tairsí i mBaile Átha Cliath i rith Sheachtain na hEolaíochta 2019 agus ghlac siad páirt i gceardlanna a d'óstáil 40 oibrí deonacha foirne, lenar áiríodh seisear Stiúrthóirí Feidhmiúchain.




## AN TATHRÚ AERÁIDE

Is maith a thuigeann ESB gurb é an t-athrú aeráide an tosaíocht is mó atá roimh Éirinn agus an domhan. Chun freagairt dó sin, tá Straitéis Thodhchaí Níos Gile ESB dírithe ar aistriú luathaithe chuig leictreachas ísealcharbóin. Stopfaidh ESB de ghiniúint móna faoi dheireadh 2020 agus de ghiniúint guail faoi thart ar 2025. Is é sprioc ESB ná déine carbóin a ghiniúna leictreachais a laghdú faoina leath faoi 2030, agus go mbeadh 50% de tháirgeacht leictreachais iomlán ESB ina aschur leictreachais inathnuaite faoin dáta céanna.

Tá ESB ar cheann de na gnóthais a chuir a shíniú leis an bhFís do Thionscal Leictreachais na hEorpa, agus dá bharr sin, geallann ESB go ndéanfaidh sé a dhícheall neodracht ó thaobh an charbóin de a bhaint amach i bhfad roimh 2050.

Tá ESB tiomanta don cheannaireacht i dtaca le cúram a dhéanamh den timpeallacht ina n-oibríonn a chuid gnóthas, agus a thionchar ar acmhainní an domhain a laghdú d'fhonn feidhmiú inbhuanaithe a bhaint amach. Ciallaíonn sin gur fúinne atá sé ár n-iarmhairtí a bhainistiú d'fhonn ardleibhéal cosanta don timpeallacht nádúrtha a chur ar fáil agus d'fhonn ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus, ag an am céanna, tacú le geilleagar inbhuanaithe.

Soláthraíonn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe sraith cuspóirí tomhaiste don fhorbairt. Sa léaráid ar an gcéad leathanach eile, taispeántar conas a luíonn straitéis ESB agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe le chéile. Sa chuid seo tríd síos, tarraingíonn ESB aird ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí ar leith orthu.

# COMHSHAOL AGUS INBHUANAITHEACHT

Le Straitéis Thodhchaí Níos Gile ESB, cuirtear inbhuanaitheacht i gcroílár ár gcuspóirí straitéiseacha agus ár gcuspóir mar eagraíocht. Maidir leis an uaillmhian Todhchaí Níos Gile a chruthú do na custaiméirí agus do na pobail dá bhfónaimid tríd an aistriú chuig fuinneamh iontaofa inacmhainne ísealcharbóin a threorú, tá tús curtha leis an uaillmhian sin a sholáthar, a bhuíochas don dul chun cinn a rinneadh i rith 2019 ó thaobh an méid sin a chur i ngníomh. Má fhéachaimid lenár ngníomhaíochtaí agus ár ndul chun cinn a chur in oiriúint do na hiarrachtaí domhanda níos leithne chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a sheachadadh, beidh ESB in ann a chion ar mhaithe leis an gcuspóir uilíoch sin a léiriú chomh maith le béim a chur ar an athrú aeráide atá mar bhonn ag na Spriocanna sin.

13 GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE
NAISC INATHNUAITE: 550 MW I BPOBLACHT NA HÉIREANN, RUD A CHIALLAÍONNN GURB IONANN IS 6.2GW NA HINATHNUAITEÁIN IOMLÁNA (UILE-OILEÁIN) ATÁ NASCTHA LEIS AN EANGACH

13 GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE
SÍNÍONN AN ESB AN GEALLTANAS ÍSEALCHARBÓIN, INA NDÉANTAR GEALLTANAS NÍOS LÚ NA 200g$CO_2$/kWh FAOI 2030 (LAGHDÚ 50%) Ó THAOBH DÉINE CARBÓIN DE A BHAINT AMACH

9 NUÁLAÍOCHT TIONSCLAÍOCH AGUS BONNEAGAR
CHUIR ESB NETWORKS MÉADÚ €0.2BN AR A BHONN SÓCMHAINNE RIALAITHE TRÍ BHÍTHIN CLÁIR THARCHURTHA AGUS DÁILEACHÁIN A SHOLÁTHAR

7 FUINNEAMH GLAN INACMHAINNE
NASCADH OS CIONN 30,000 TEACH I RITH 2018

7 FUINNEAMH GLAN INACMHAINNE
RINNEADH FEIRM GHAOITHE 89 MW OWENNINEY A CHOIMISIÚNÚ. 338 MW Á THÓGÁIL

7 FUINNEAMH GLAN INACMHAINNE
SCAIRSHEALBHÚ 50% I BHFEIRM GHAOITHE AMACH ÓN GCÓSTA 448 MW NEART NA GAOITHE SA RÍOCHT AONTAITHE

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

7 FUINNEAMH GLAN INACMHAINNE
TÁ ELECTRIC IRELAND AG DÍRIÚ I GCÓNAÍ AR RÁTAÍ DÍCHEANGAILTE A LAGHDÚ. NÍOS LÚ NÁ 20 I NGACH 10,000 AN RÁTA REATHA

13 GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE
SHEOL ELECTRIC IRELAND TARAIF LEICTREACHAIS LASCAINITHE DO CHUSTAIMÉIRÍ A BHFUIL TITHE UILE-LEICTREACHA ACU

TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

### ÁR GCUSPÓIR

**Tá sé mar chuspóir ag ESB todhchaí níos gile a chruthú do na custaiméirí agus do na pobail a bhfreastalaímid orthu, agus chun é sin a dhéanamh, beimid ar thús cadhnaíochta san aistriú chuig fuinneamh iontaofa inacmhainne ísealcharbóin**

9 NUÁLAÍOCHT TIONSCLAÍOCH AGUS BONNEAGAR
D'ÉIRIGH LE ESB NETWORKS AN CHÉAD MHÉADAR CLISTE A SHUITEÁIL IN 2019 AGUS LEAN SIAD DEN PHRÓISEAS SIN GO SÁBHÁILTE GO DTÍ GO RAIBH BREIS IS 15,000 MÉADAR SUITEÁILTE FAOI DHEIREADH NA BLIANA CÉANNA

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

4 OIDEACHAS ARDCHAIGHDEÁIN
TÁ ESB INA URRAITHEOIR NÁISIÚNTA AR AN GCLÁR BITC TIME TO COUNT NUMERACY, CLÁR A BHFUIL MAR AIDHM AIGE CUMAIS STEAM A CHOTHÚ DON TODHCHAÍ

8 OBAIR FHIÚNTACH AGUS FÁS EACNAMAÍOCH
5 COMHIONANNAS INSCNE
BA MHNÁ 11 AS 83 PRINTÍSEACH A THOSAIGH IN 2019

AN GNÓTHAS A FHÁS AGUS LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ SAN AM CÉANNA

9 NUÁLAÍOCHT TIONSCLAÍOCH AGUS BONNEAGAR
SHOLÁTHAIR ESB TRÚCDA DAR LUACH €1.4BN IN 2019. RINNEADH €1.2BN DE CHAITEACHAS CAIPITIÚIL CHUN SÓCMHAINNÍ ESB A MHÉADÚ

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

## COMHSHAOL

Gach bliain, tiomsaíonn ESB Group sonraí bliantúla ar dhramhaíl ó gach aonad gnó chun tuarascáil dramhaíola chomhdhlúite a chur i dtoll a chéile de réir riachtanais an Chaighdeáin um Thionscnamh Tuairiscithe Uilíoch. Déantar dramhaíl a thuairisciú ar bhonn bliantúil i riaráistí. B'ionann agus 12,130 tona an méid dramhaíola a bhí ag ESB le haghaidh 2018, laghdú 10% ar iomlán 2017. Tá an ráta foriomlán athchúrsála tar éis méadú go dtí 94.56%.

*ní áirítear leis sin cartadh foirgníochta ná luaithreamhán ó ghiniúint móna agus guail.

| Dramhaíl agus athchúrsáil 2018 | |
|---|---|
| **Dramhaíl** | **12,130* tona (-10%)** |
| **Ráta athchúrsála:** | **94.56%** |

## DEARBHÚ

Riarann ESB córais bhainistithe chomhshaoil ar fud an Ghrúpa. Déantar iad sin a iniúchadh de réir chaighdeán ISO 14001. Nochtaíonn ESB sonraí comhshaoil agus inbhuanaitheachta gach bliain sa Tuarascáil Inbhuanaitheachta de réir chaighdeáin nochta GRI. Déantar comhréir leis na caighdeáin GRI a dhearbhú go neamhspleách gach bliain. Cuirfear leis an nochtadh sin in 2020 mar thoradh ar na riachtanais tuairiscithe bhreise faoin mBanna Glas a eisíodh i mBealtaine.

Is é an fheidhm grúpa, Sábháilteacht, Sláinte agus an Comhshaol, a dhéanann forbairt caighdeáin maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus an Comhshaol a mhaoirsiú, agus cuireann siadsan iniúchtaí láithreáin i bhfeidhm go rialta maidir le comhlíonadh na gcaighdeán sin.

Bunaíodh grúpa bainisteoirí sinsearacha tras-chuideachta – an Fhoireann Ceannaireachta Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta – in 2019 chun treoir agus stiúradh a chur ar fáil maidir leis an dearbhú comhshaoil foriomlán sa Ghrúpa. Bíonn monatóireacht á déanamh freisin ag fochoiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil an Bhoird ar fheidhmíocht comhshaoil fhoriomlán.

Leanadh d'iniúchtaí a dhéanamh ar chaighdeán comhshaoil an Ghrúpa i rith na bliana agus níor ardaíodh aon cheisteanna.

## CEISTEANNA COMHSHAOIL

Chuathas i ngleic le roinnt mhaith ceisteanna comhshaoil i rith na bliana:

### ESB Networks

Úsáidtear Heicseafluairíd Sulfair (SF6) go forleathan ar fud an domhain mar ábhar inslithe i lasctrealamh, mar ligeann a tréithe láidre inslithe leictrigh don lasctrealamh feidhmiú go héifeachtúil agus go sábháilte. I rith 2019, rinne ESB Networks sean-lasctrealamh a dhífhuinnmhiú a raibh ligean ag tarlú ann, agus lean siad dá n-iarrachtaí chun úsáid SF6 a theorannú, a laghdú agus a mhaolú. Chuaigh ESB Networks i ngleic freisin le fadhbanna maidir le cáblaí lán leachta trí phrótacail freagartha agus tuairiscithe a fhorbairt i gcomhar leis na húdaráis reachtúla ábhartha. Tá leathanach gréasáin cruthaithe ar www.esbnetworks.ie chun eolas a chur ar fáil don phobal maidir le cáblaí lán leachta; agus leanfar den leathanach gréasáin sin a nuashonrú de réir mar a chuirtear tuilleadh athbhreithnithe i gcrích.

### Stáisiúin Ghiniúna i Lár na Tíre

I rith dhálaí triomaigh 2017, bhí sárú ar na coinníollacha arna leagan amach i gceadúnais chomhshaoil an dá stáisiún móna i Lár na Tíre de bharr scaird theirmeach ar uisce fuaraithe a bhí á scaoileadh.

Tá ESB tar éis feabhsúcháin a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin ar fad. Agus an tuairisc seo á foilsiú, tá an GCC ar tí ionchúiseamh a thionscnamh. Idir an dá linn, rinneadh cinneadh na stáisiúin sin a dhúnadh ag deireadh 2020.

## PLAISTEACH AON ÚSÁIDE

Ar an 15 Márta 2019, cuireadh stop le díol míreanna plaisteacha aon úsáide agus le díol cupán aon úsáide uile do thae/chaife – cupáin inmhúirinithe san áireamh – i seirbhísí lónadóireachta ESB ar fud na tíre. Dá bharr sin, níl aon chupáin do chaife, claibíní, sceanra, soip, cupáin óil nó buidéil do chaoineoga ann a thuilleadh, agus tá leas á bhaint as cupáin ath-inúsáidte ina n-ionad. An tionchar a bhí ag an mbeart sin ná beagnach 1,000,000 mír plaisteacha aon úsáide a bhaint den úsáid agus den diúscairt bhliantúil, agus na hastaíochtaí $CO_2$ bliantúla a laghdú faoi 38 tona dá réir. Tá tuilleadh beart le cur i bhfeidhm in 2020.

## 2GOCUP

Cuireadh scéim inmheánach 'cupán ar iasacht' in áit cupán aon úsáide, agus mar thoradh air sin, bunaíodh comhpháirtíocht le 2GoCup, cuideachta Éireannach a bhfuil scéim aige atá bunaithe ar chupáin a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar ais; is é aidhm na scéime sin líonra náisiúnta caiféanna a chur ar bun a gheobhaidh réidh leis na cupáin aon úsáide uile i gcultúr caifé na hÉireann, a bhfuil borradh mór faoi i láthair na huaire. San iomlán, shábháil an líonra 2GoCup 4.2 mhilliún cupán aon úsáide in 2019.

## IASCACH

Ós rud é gur príomhúinéir iascaigh iad, bíonn

ESB ag tabhairt faoi obair fhairsing forbartha iascaigh agus caomhantais. An chúis phríomha leis sin ná go n-oibríonn ESB roinnt mhaith stáisiún giniúna hidrileictreacha ar mhórscála ar chórais abhann na Sionainne, na hÉirne, na Laoi, na Cláidí agus an Crolly. Tá comhpháirtíochtaí ar bun ag ESB le hIascaigh Intíre Éireann, Foras na Mara agus coláistí tríú leibhéal (lena n-áirítear Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh; Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste). Anuas air sin, iarrann ESB ar ghrúpaí spéise áitiúla, mar shampla, clubanna slatiascaireachta, a bheith páirteach sna cláir oibre seo.

Mar thoradh ar Rialachán Eascainne AE ó 2009 agus Phlean Bainistíochta Náisiúnta Eascann, déanann ESB eascanna óga agus fásta a ghaistiú agus a iompar sna trí abhantrach is mó ina dtarlaíonn giniúint hidrileictreach. Ciallaíonn sin gur féidir le heascanna óga atá ar imirce in aghaidh an tsrutha agus le heascanna geala aibí atá ar imirce le sruth na drochiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an hidrighiniúint orthu a sheachaint. Déantar eascanna óga atá ar imirce in aghaidh an tsrutha (ar a nglaoitear luathóga) a ghabháil gach earrach agus samhradh, agus iompraíonn fostaithe ESB suas an abhainn iad.

Bíonn méideanna éagsúla i gceist ag brath ar an mbliain agus na hiarmhairtí comhshaoil. Lena hais sin, le bliain anuas, tá leas bainte ag ESB as saineolas iar-iascairí eascainne chun breith ar eascanna geala atá ar imirce le sruth. Na heascanna fómhair agus geimhridh sin a bhíonn ar imirce, déantar a méideanna a thomhas (de réir meáchain) agus scaoiltear iad le sruth ó na stáisiúin. Gach séasúr geimhridh, scaoiltear thart ar 60 tona eascann sláintiúla lastíos den stáisiún, áit a leanann siad dá n-imirce chuig an Muir Shargasach.

Oibríonn ESB trí ghorlann caomhnaithe bradán chun iarracht a dhéanamh, na stoic bhradán a choinneáil agus a chaomhnú. Tá na gorlanna suite in abhantracha na Sionainne, na hÉirne agus na Laoi. Scaoiltear bradáin óga laistigh de gach gorlann agus scaoiltear cuid díobh mar éisc óga isteach san abhantrach os cionn gach hidreastáisiúin. Scaoiltear cuid níos lú díobh ag an 'gcéim brainlín' ó gach gorlann, agus filleann siadsan ar gach gorlann mar bhradáin fhásta an bhliain dár gcionn chun an timthriall a thosú arís. Cuirtear prótacal giniúna brainlíní i bhfeidhm gach bliain ar gach abhantrach chun an caillteanas brainlíní a mhaolú de réir mar a théann siad ar imirce le sruth gach earrach.

Cuireann foireann agus conraitheoirí ESB oibreacha gnáthóige i bhfeidhm freisin chun cáilíocht na gnáthóige iascaigh agus rochtain an phobail ar an iascach (carrchlóis, stileanna, comharthaíocht srl) a fheabhsú. Áirítear leis na hoibreacha sin glanadh roghnaitheach bruach, fálta a thógáil ag coraí agus linnte, gairbhéal scéachtana a chur isteach, bolláin mhóra srl. Ansin déanann foireann Iascaigh ESB suirbhé ar na limistéir sin lena chinntiú go gcaomhnaítear cáilíocht an uisce agus dul chun cinn an phobail éisc.




## INBHUANAITHEACHT

| Spriocanna Inbhuanaitheachta | |
|---|---|
| **Laghdú ar dhéine carbóin:** | **39%** |
| **Laghdú ar úsáid fuinnimh (carnach):** | **35%** |

## ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$

DÉINE CARBÓIN ESB g/kWh




| ÍDIÚ FUINNIMH OIBRIÚCHÁIN | | |
|---|---|---|
| **FOINSE FUINNIMH** | **2019 (GWh)** | **2018 (GWh)** |
| Gual | **1,767** | 5,683 |
| Gás Nádúrtha | **18,999** | 22,925 |
| Móin | **3,971** | 4,045 |
| Ola | **413** | 205 |
| **FUINNEAMH OIBRIÚCHÁIN (COIBHÉIS PRÍOMHFHUINNIMH I KWH) *** | | |
| Leictreachas | **52,051,152** | 53,489,805 |
| Teirmeach | **3,790,805** | 4,986,783 |
| Iompar | **53,653,578** | 56,146,927 |
| **TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA FUINNIMH (ENPI)** | | |
| kWh/Fostaí FTE | **19,749** | 20,852 |

*Coibhéis Príomhfhuinnimh Oibriúcháin (neamh-ghiniúint) mar a tuairiscíodh chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Tuarascáil Bhliantúil 2019 faoi fheidhmíocht na hearnála poiblí ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de.

## NOCHTADH CARBÓIN

Tá ESB tiomanta do dhéine carbóin na giniúna leictreachais a laghdú go leanúnach in 2019 agus tá sprioc uaillmhianach déine carbóin 200g $CO_2$/kWh leagtha síos aige, ar laghdú "e de 50% ar an leibhéal reatha déine carbóin. In 2019, tá an t-aschur $CO_2$ ó ghléasraí giniúna GT fós níos ísle ná in 2005 (bonnlíne) faoi thart ar 59%, agus tá déine carbóin na giniúna laghdaithe faoi 39% go dtí 406g $CO_2$/kWh.

## BAINISTIÚ CARBÓIN

Ó 2009, tá a astaíochtaí carbóin á nochtadh ag ESB trí CDP, carthanas neamhbhrabúis domhanda nochta a reáchtálann an córas nochta carbóin d'infheisteoirí, cuideachtaí, cathracha, stáit agus réigiúin chun a dtionchar ar an gcomhshaol a bhainistiú. Is ionann sin agus an bailiúchán is cuimsithí ar domhan de shonraí comhshaoil féin-tuairiscithe. Anuas ar astaíochtaí carbóin a ghabháil, déanann CDP athbhreithniú ar fheidhmíocht gach cuideachta le hais dea-chleachtais i dtaca le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide. Dhírigh ESB ar a fheidhmíocht a fheabhsú in 2018, agus dá bharr sin, tháinig feabhas ar a scór ó D go dtí B- de réir mhodheolaíocht scórála CDP. Mar thoradh ar iarrachtaí breise i rith 2019, d'fheabhsaigh scór ESB go dtí B.

Chuaigh ESB isteach sa Ghrúpa Ceannairí ar son na hInbhuanaitheachta, grúpa príomhghnóthas arna stiúradh ag Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI), a bhfuil Comhartha Gnóthais ag Oibriú go Freagrach bainte amach acu. Ba é an Gealltanas Ísealcharbóin ceann de na chéad ghníomhartha a d'fhógair an Grúpa – an chéad ghealltanas poiblí tiomnaithe a rinne gnóthas Éireannach chun an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin a stiúradh. Thug an Grúpa a chéad timthriall iomlán tuairiscithe chun críche in 2019. Tá ESB agus bunaitheoirí eile an Ghrúpa tar éis gealltanas a dhéanamh go mbainfidh siad amach laghdú 50% a ndéine carbóin faoi 2030. Tá an grúpa ceannairí ag obair ar dhea-chleachtais eile a thabhairt isteach in 2019.


## BAINISTIÚ FUINNIMH ESB GROUP

Bhunaigh ESB córas bainistithe fuinnimh ar fud an ghrúpa dá bhfoirgnimh agus dá bhflít iompair in 2019. D'éirigh leo creidiúnú a bhaint amach dó sin de réir chaighdeán ISO50001 i Samhain 2019. Tá ESB agus comhlachtaí poiblí eile faoi réir spriocanna laghdaithe fuinnimh faoi thrasuí Threoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh an AE. Bhain ESB amach laghdú fuinnimh carnach de 35.0% i gcomparáid leis an sprioc náisiúnta 33% don bhliain 2020 faoi dheireadh na bliana. Bainfear leas as an gCóras Bainistithe Fuinnimh chun tuilleadh coigilte a dhéanamh maidir leis na spriocanna ardaithe atá ann don bhliain 2030; is é sin, 50% ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de agus laghdú 30% ar astaíochtaí carbóin iomlána.

Cheannaigh ESB 70 mionveain leictreacha lena n-úsáid in ionad 100 veain díosail a bhí gafa le saindualgais oiriúnacha. Tá an córas bainistithe flít agus an córas bainistithe fuinnimh i bhfeidhm chun tuilleadh coigilte a shainaithint. Leanadh de thionscadal athfhorbartha cheanncheathrú ESB chun áitreabh den chineál is úire a dhéanamh di, a bheadh tíosach ar fhuinneamh, agus tógadh foirgneamh saincheaptha le haghaidh cartlann, agus an méid sin de réir rátáil fuinnimh BER A1.

## CREAT SCÓRÁLA CDP

CDP
DRIVING SUSTAINABLE ECONOMIES





**DO SCÓR CDP**

**A BHAINISTIÚ B**

**Meán na hearnála: B**

**Meán réigiúnach: C**

# ÁR MBRABÚS A ÚSÁID AR BHEALACH INBHUANAITHE



## INFHEISTÍOCHT

Beagnach €1 bhilliún a infheistiú in aghaidh na bliana chun timpeallacht fuinnimh níos inbhuanaithe a chothú, agus soláthar leictreachais sábháilte iontaofa a chur ar fáil do thithe agus do ghnóthais chun tacú le fás eacnamaíoch

**€1,242 MILLIÚN**

## CÁNACHA

Íocaíochtaí bliantúla de réir ceanntáisc éagsúla

**OS CIONN €450 MILLIÚN**

## AG TACÚ LEIS AN BPOBAL

Saol daoine agus pobal a chumasú agus a shaibhriú tríd an gclár um fhreagracht shóisialta chorparáideach

**OS CIONN €2 MHILLIÚN**

## FOSTAÍOCHT

Cur chuige fadtéarmach a ghlacadh maidir le fostaithe, an t-am a chur ar fáil dóibh lena gcuid scileanna a fhorbairt agus an deis a thabhairt dóibh dul chun cinn a dhéanamh ar a ngairmréimeanna. Tacú le poist trí chonarthaí seirbhíse conraitheora agus soláthraí

**EARCAÍODH 163 PRINTÍSEACH AGUS CÉIMÍ IN 2019**

## TORTHAÍ DON SCAIRSHEALBHÓIR

Tá ESB dírithe ar dhíbhinn bhliantúil de 40% de bhrabúis choigeartaithe iarchánach a sholáthar

**€88 MILLIÚN DO 2019**

## INFHEISTEOIRÍ FIACHAIS

Ús bliantúil agus aisíocaíochtaí

**€741 MILLIÚN**

## SÁSTACHT CUSTAIMÉIRÍ CÓNAITHE

Táirgí agus seirbhísí nua nuálacha a fhorbairt do chustaiméirí, agus iad dírithe ar eispéireas an chustaiméara a fheabhsú agus an custaiméir a chumhachtú

**84%**

# CAIBIDIL 2
## RIALACHAS CORPARÁIDEACH


**80** An Bord in 2019

**84** Ráiteas an Chathaoirligh maidir le Rialachas Corparáideach

**86** Tuarascáil Rialachais an Bhoird

**95** Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

**101** Coistí an Bhoird in 2019

**104** Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird




# AN BORD IN 2019



## ELLVENA GRAHAM OBE

Cathaoirleach

**Ceapachán don Bhord:** Meán Fómhair 2010 agus ceapadh í ina Cathaoirleach ó Iúil 2015 i leith.

**Sealbhaíocht:** Naoi mbliana agus trí mhí (ceithre bliana agus cúig mhí mar Chathaoirleach).

**Taithí ghairme:** Bainfidh Ellvena úsáid as a taithí fhairsing ar chúrsaí gnó agus rialála/beartais ina ról mar Chathaoirleach ar ESB. D'oibrigh sí sa bhaincéireacht ar feadh breis is 30 bliain. An post is déanaí a bhí aici ná ar leibhéal an fheidhmeannaigh shinsearaigh i mBanc Uladh/RBS i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, agus bhainistigh sí oibríochtaí mórscála san Eoraip, sa Mheánoirthear agus san Afraic. Comhalta den Institiúid Baincéireachta agus den Institiúid Stiúrthóirí í.

**Ceapacháin sheachtracha:** Cathaoirleach ar Belfast Waterfront and Ulster Hall, Comhalta de Sheanad Ollscoil na Banríona, Iar-Uachtarán díreach roimhe sin ar Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail Thuaisceart Éireann, Cathaoirleach ar an nGrúpa Comhairleach Eacnamaíochta (EAG) i dTuaisceart Éireann, Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Camerate Ireland agus comhalta de Chomhairle Iontaobhas an Phrionsa (the Prince's Trust) Thuaisceart Éireann.

## PAT O'DOHERTY

Príomhfheidhmeannach

**Ceapachán don Bhord:** Ina chomhalta Boird ó Eanáir 2013 agus ina Phríomhfheidhmeannach ó Nollaig 2011.

**Sealbhaíocht:** Seacht mbliana mar chomhalta Boird.

**Taithí ghairme:** Bunchéim agus céim mháistreachta san innealtóireacht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Roimhe sin, bhí Pat i gceannas ar na gnóthais is mó de chuid ESB, mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB International, Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB Power Generation. Rinne sé an Clár Ardbhainistíochta in Harvard Business School.

**Ceapacháin sheachtracha:** Leas-Uachtarán ar Eurelectric, Stiúrthóir ar Energy UK, Cathaoirleach ar Chomhairle Printíseachta Éireann agus iarIontaobhaí ar Bhord Comhdhála na Stát Aontaithe.



## ANNE BUTLER

Comhalta Neamhspleách den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Samhain 2012.

**Sealbhaíocht:** Seacht mbliana agus dhá mhí.

**Taithí ghairme:** Innealtóir cairte. D'oibrigh sa réimse comhairleacht innealtóireachta le haghaidh údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath, agus bhí sí ina Stiúrthóir bunaidh (Feidhmiúcháin) ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). Iar-Uachtarán Institiúid na nInnealtóirí agus comhalta d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann.

**Ceapacháin sheachtracha:** Bhí sí ar roinnt mhaith bord, lena n-áirítear an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA), Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT), agus tá sí ar Bhord REPAK agus ar Bhord Forbartha an Ospidéil Phéidiatraigh Náisiúnta faoi láthair.





## DAVE BYRNE

Comhalta Boird is Oibrí

**Ceapachán don Bhord:** Eanáir 2011 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Athcheaptha don Bhord i Meán Fómhair 2018 i gcomhair téarma ceithre bliana ag tosú ar an 1 Eanáir 2019.

**Sealbhaíocht:** Naoi mbliana.

**Taithí ghairme:** Is ball foirne é i bhfoireann atá mar chuid d'eagraíocht Ionad Seirbhíse Gnó ESB faoi láthair, agus d'oibrigh sé i Soláthar Custaiméara (ar a dtugtar Electric Ireland anois) roimhe seo.

**Ceapacháin sheachtracha:** Uachtarán Chumann Oifigeach ESB (ESBOA) go dtí Aibreán 2010 agus ceaptha ina dhiaidh sin mar ionadaí an Ghrúpa Ceardchumann sa Chomhpháirtíocht Lárnach.

## STEPHEN CARRIG

Comhalta Boird is Oibrí

**Ceapachán don Bhord:** Eanáir 2019 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977

**Sealbhaíocht:** Aon bhliain amháin.

**Taithí Ghairme:** Chuaigh sé isteach in ESB mar phrintíseach leictreora in 1985. Bhain sé bunchéim agus máistreacht san Innealtóireacht amach ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath faoi seach. Is é an Speisialtóir Bainistíochta Sócmhainní Rialuithe agus Ionstraimí (C&I) é don Phunann Ghiniúna.

**Ceapacháin Sheachtracha:** Comhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IEI) agus iar-Chathaoirleach ar Energy Sector Professional Association (ESPA) ó 2014 go 2018.





## ANDREW HASTINGS

Comhalta Neamhspleách den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Iúil 2015.

**Sealbhaíocht:** Ceithre bliana agus sé mhí.

**Taithí ghairme:** Bhain sé B.Admin amach ó Dundee University in 1985. Tá sé ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách agus ina Mheantóir i ndiaidh gairmréime 30 bliain aige i seirbhísí baincéireachta & airgeadais. Is Stiúrthóir Cairte, Baincéir Cairte agus Stiúrthóir Deimhnithe Bainc é, agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin in Barclays Bank Ireland plc go dtí Márta 2015, agus é freagrach as Tuaisceart Éireann freisin. Roimhe sin, ba Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin é in BNP Paribas Ireland ó 2007 go 2011.

**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir Elavon Financial Services DAC, fochuideachta i mBaile Átha Cliath de chuid US Bancorp, Pepper Finance Corporation (Ireland) DAC Scottish Building Society agus Sainchomhairleoir do Valuation Consulting LLP, atá lonnaithe i Londain.



**SEÁN KELLY**
Comhalta Boird is Oibrí ●

**Ceapachán don Bhord:** Eanáir 2011 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Athcheaptha don Bhord i Meán Fómhair 2018 i gcomhair téarma ceithre bliana ag tosú ar an 1 Eanáir 2019.
**Sealbhaíocht:** Naoi mbliana.
**Taithí ghairme:** Tá gairmréim 20 bliain aige in ESB Networks, agus é ag obair faoi láthair chun mórthionscadail a chur i gcrích. Tá céim onóracha aige sa ghnó ó Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) agus ard-dioplóma san eadráin agus sa réiteach coimhlinte ó Ollscoil Mhá Nuad. Tá dioplóma aige in acmhainní daonna ón Chartered Institute of Personnel and Development (CIPD) agus deimhnithe sláinte agus sábháilteachta ó COBÁC agus deimhniú sa stiúrthóireacht cuideachta ó Institiúid Stiúrthóirí Éireann.
**Ceapacháin sheachtracha:** Iarchathaoirleach agus comhalta reatha den Choiste Aoisliúntais Sochair Sainithe agus Oifigeach Oiliúna do Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí is Oibrithe ESB. Is comhalta é den CIPD agus den Institiúid Stiúrthóirí (IOD).

**PAUL LYNAM**
Comhalta Neamhspleách den Bhord ●●



**Ceapachán don Bhord:** Deireadh Fómhair 2016
**Sealbhaíocht:** Trí bliana agus trí mhí.
**Taithí ghairme:** Tá BSc san eolaíocht anailíseach aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), dioplóma iarchéime sa staidéar gnó ón Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Máistreacht sa Riarachán Gnó (MBA) ó City University Seattle. Tá Paul ina Stiúrthóir Oibríochtaí ar an nGnó Tionscail Idirnáisiúnta le Brand Energy & Infrastructure Services. Tá taithí 25 bliana aige ar chúrsaí gnó. Bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Whitfield Clinic i bPort Láirge, ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Siemens Limited Ireland agus ina Phríomhoifigeach Airgeadais ar Siemens Limited Ireland sa tréimhse 2008 go 2010. Roimh an 10 mbliana a chaith sé le Siemens, chuaigh Paul i mbun róil éagsúla bhainistíochta in Smurfit Group agus Kappa Packaging sa Ghearmáin ar feadh 14 bhliain.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir ar Siemens Limited Ireland agus Stiúrthóir ar chuideachtaí a bhain le Whitfield Clinic.



**TONY MERRIMAN**
Comhalta Boird is Oibrí ●

**Ceapachán don Bhord:** Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Athcheaptha don Bhord i Meán Fómhair 2018 i gcomhair téarma ceithre bliana ag tosú ar an 1 Eanáir 2019.
**Sealbhaíocht:** Trí bliana déag.
**Taithí ghairme:** Thosaigh sé ag obair leis ESB mar theicneoir gréasáin i 1979. Bhí sé ina oifigeach ar Ghrúpa Ceardchumann ESB.
**Ceapacháin sheachtracha:** Comhalta Boird de Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe ESB (ESOP) Trustee Limited agus Cathaoirleach an Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí is Oibrithe.

**NOREEN O'KELLY**
Comhalta Neamhspleách den Bhord ●●



**Ceapachán don Bhord:** Aibreán 2013.
**Sealbhaíocht:** Sé bliana agus ocht mí.
**Taithí ghairme:** Cuntasóir cairte a fuair oiliúint in KPMG. Bhí roinnt post sinsearach aici in Independent News and Media Group, mar Cheann Cistíochta agus Rúnaí an Ghrúpa, agus ba Rúnaí Cuideachta í freisin ar C&C Group. Is comhairleoir faoi láthair í sa réimse rialachais chorparáidigh.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir, Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta Rehab agus comhalta seachtrach de Choiste Iniúchóireachta Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



**ALF SMIDDY**
Comhalta Neamhspleách den Bhord ●●

**Ceapachán don Bhord:** Deireadh Fómhair 2016.
**Sealbhaíocht:** Trí bliana agus trí mhí.
**Taithí ghairme:** Cuntasóir cairte a fuair oiliúint in PwC. Tá céim onórach aige sa Tráchtáil ó UCC, agus Máistreacht sa Cheannaireacht Fheidhmiúcháin ó Boston College agus Ollscoil Uladh. Cathaoirleach agus Stiúrthóir Bainistíochta Beamish & Crawford plc, a bhfuil a cheanncheathrú i gCorcaigh, le breis is 12 bhliain, agus comhalta ar Bhord a mháthairchuideachta, Scottish & Newcastle (UK) Ltd. Comhalta de Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Stiúrthóir Chomhlachas Tráchtála Chorcaí, Cathaoirleach Choiste Rialtais Áitiúil Chorcaí agus iarchomhalta de Bhord Údarás Aerfort Chorcaí. Comhalta d'Institiúid Margaíochta na hÉireann é.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir Sinsearach Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách ar Dalata Hotel Group Plc, Cathaoirleach Quintas (Cuntasaíocht, Cánachas agus Airgeadas Corparáideach) agus Stiúrthóir ar Chiste Nuála Sóisialta Éireann, a dtacaíonn an Rialtas leis, agus Stiúrthóir Oxfam Ireland.

**NOREEN WRIGHT**
Comhalta Sinsearach Neamhspleách den Bhord ●●



**Ceapachán don Bhord:** Meitheamh 2011.
**Sealbhaíocht:** Ocht mbliana agus sé mhí.
**Taithí ghairme:** Glaodh chun Barra Thuaisceart Éireann í i 1976. D'oibrigh sí sa tionscadal leictreachais ar feadh 25 bliain agus bhí roinnt post ardbhainistíochta aici in Northern Ireland Electricity plc agus Viridian plc, Rúnaí na Cuideachta agus Ceann Seirbhísí Dlí san áireamh.
**Ceapacháin sheachtracha:** Giúistís Tuata, comhalta de Bhinse Tionsclaíoch agus de Bhinse Fostaíochta Thuaisceart Éireann, agus Comhalta de Bhinse Luachála Thuaisceart Éireann. Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Camerata Ireland.

## SONRAÍ FAOI BHALLRAÍOCHT COISTÍ

- ● AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ RIOSCA ➔ LEATHANACH 95
- ● AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL ➔ LEATHANACH 101
- ● AN COISTE MARGAÍOCHTA AGUS CUSTAIMÉIRÍ ➔ LEATHANACH 103
- ● AN COISTE UM LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BAINISTÍOCHTA ➔ LEATHANACH 103
- ● AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA ➔ LEATHANACH 102

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH MAIDIR LE RIALACHAS CORPARÁIDEACH



Is bunchloch de chruthú luacha fhadtéarmaigh é an dea-rialachas agus tá Bord ESB agus mé féin, mar Chathaoirleach, ag díriú go mór air sin. Chuige sin, agus ar aon dul le Cód na Ríochta Aontaithe maidir le Rialachas Corparáideach 2018 (Cód na Ríochta Aontaithe) agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (Cód an Stáit), feictear dúinn go bhfuilimid freagrach as rath fadtéarmach ESB Group a bhaint amach, as ceannasaíocht agus treoir a chur ar fáil don ghnóthas ina iomláine, agus as tacaíocht agus dúshláin a thabhairt don lucht bainistíochta chun na torthaí is fearr a fháil don ESB agus dá pháirtithe leasmhara.

Tá an saineolas is gá ag na bainisteoirí chun riachtanais oibriúcháin an ghnóthais a chomhlíonadh. Ní faoin mBord atá sé an obair sin a dhéanamh arís. An Bord a bhunaíonn cuspóir, luachanna agus straitéis na cuideachta agus cuirimid dúshlán roimh an bhainistíocht agus tugaimid tacaíocht di ó thaobh luachanna agus treo straitéiseach ESB. Dar linn, na cinntí is fearr a dhéantar, is toradh iad ar chaidreamh gníomhach idir an Bord agus na bainisteoirí.

## RIALACHAS

Agus é ag tabhairt faoina chuspóirí rialachais a bhaint amach, déanann ESB Cód an Stáit a chomhlíonadh. Déanann ESB Cód na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn Rialachas Corparáideach na hÉireann a chomhlíonadh go deonach (a mhéid is infheidhme le réasún, ós rud é gur corparáid reachtúil é ESB). D'eisigh an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) Cód athbhreithnithe na Ríochta Aontaithe maidir le Rialachas Corparáideach in Iúil 2018 agus baineann sé le tréimhsí a thosaigh ar an 1 Eanáir 2019, nó ina dhiaidh sin. Rinne ESB athbhreithniú mionsonraithe ar Chód na Ríochta Aontaithe in 2019 i gcomhréir lena shamhail "géill nó mínigh" agus tá moltaí áirithe curtha i bhfeidhm aige, lena n-áirítear tuairisc ar an Deais Chultúir a chur ar bun, faisnéis a thabhairt don Bhord ar an bPlean Mapála agus Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara, cód iompraíochta nuashonraithe do chomhaltaí an Bhoird, athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí tagartha don Choiste Luach Saothair agus athbhreithniú a dhéanamh ar Pholasaí Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta ESB chun treoir bhreise a thabhairt d'fhostaithe faoin gcaoi le hábhair imní a tharraingt anuas. Leagtar amach na heisceachtaí maidir le comhlíonadh Chód na Ríochta Aontaithe ar leathanach 91. Sa chaoi sin, comhlíonann ESB caighdeáin rialtais do chuideachtaí liostaithe, a mhéid is infheidhme le réasún.

Tá na bearta cuí curtha i bhfeidhm ag ESB chun an Cód Stáit a chomhlíonadh, ina leagtar amach an creat rialachais a d'aontaigh an Rialtas don bhainistíocht inmheánach agus do chaidreamh inmheánach agus seachtrach na gComhlachtaí Stáit. Tá próiseas láidir i bhfeidhm ag ESB chun comhlíonadh an chóid stáit a chinntiú agus cuirtear tuarascáil faoin gcomhlíonadh sin faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca gach bliain. Tá an Bord sásta go bhfuil riachtanais an Chóid Stáit comhlíonta ag ESB. Cuirtear tuarascáil faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC) ar bhonn bliantúil freisin, ina ndearbhaítear go bhfuil an Cód Stáit á chomhlíonadh.

Tá an Bord sásta go bhfuil na bearta cuí curtha i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil fochuideachtaí Éireannacha ESB ag comhlíonadh cheanglais infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014.

Mar chomhlacht reachtúil, níl ESB faoi réir ag na riachtanais maidir le nochtadh arna bhforordú ag Rialacháin ón AE (faisnéis neamhairgeadais agus éagsúlachta a nochtadh ag gnóthais agus ag grúpaí móra áirithe) 2017. Mar sin féin, déanann ESB faisnéis neamhairgeadais maidir leis an gComhshaol (leathanach 73), Sábháilteacht (leathanach 68), Úsáid fuinnimh (leathanach 75), Inbhuanaitheacht (leathanach 75), Freagracht shóisialta chorparáideach (leathanach 70), Daoine (leathanach 66), Beartas sclábhaíochta nua-aimseartha (leathanach 104) agus Éagsúlacht boird (leathanach 89) a nochtadh go deonach, de réir an dea-chleachtais.

Tá Cód Eitice glactha ag ESB, ina leagtar amach ár gcur chuige i leith iompar freagrach eiticiúil, a bhfuil ár luachanna mar bhonn faoi. Is é bunphrionsabal an Chóid Eitice gur trí chloí leis na caighdeáin is airde ionracais, dílseachta, cothromais agus rúndachta, agus trí na riachtanais uile dhlíthiúla agus rialála a shásamh is fearr a n-oibreoidh fostaithe ESB chun leasa na cuideachta. Tá an Cód Eitice foilsithe ar láithreán gréasáin ESB. Déantar imscrúdú ar aon sárú ar an gcód agus cuirtear nuashonruithe ábhartha faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca.

Tá cur síos mionsonraithe ar ár gcreat comhlíonta rialachais leagtha amach ar leathanaigh 86 go 94.

## ÉIFEACHTACHT AN BHOIRD

Bíonn an Bord ag féachaint i gcónaí lena héifeachtacht a fheabhsú. Déantar sin trí chomhráite neamhfhoirmiúla idir comhaltaí an Bhoird agus aiseolas a thabhairt don Chathaoirleach agus do Rúnaí na Cuideachta. Cuirtear measúnú foirmiúil i bhfeidhm gach bliain, agus is meastóir seachtrach a dhéanann é seo go neamhspleách gach tríú bliain. Rinneadh an t-athbhreithniú neamhspleách is déanaí in 2017. Ba dhearbhú iad torthaí na meastóireachta inmheánaigh in 2019 go bhfuil an Bord ag feidhmiú go héifeachtach, agus tá míniú iomlán ar an athbhreithniú leagtha amach ar leathanach 89.

## ATHRUITHE AR AN MBORD AGUS AR AN GCOISTE

Ceapadh Stephen Carrig don Bhord mar chomhalta den bhord lucht saothair in Eanáir 2019 agus tá sé ina chomhalta den Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil freisin. Ní raibh aon athrú eile ar an mBord i mbliana, ós rud é go bhfuil an Grúpa fós ag baint leas as taithí agus as éagsúlacht a gcomhaltaí reatha.

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar théarmaí tagartha na gCoistí le linn na bliana, an Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta san áireamh, ar nuashonraíodh a théarmaí tagartha chun prionsabail agus forálacha nuashonraithe Chód na Ríochta Aontaithe a léiriú. Ní raibh aon athrú ar chomhaltas na gCoistí. Tá sonraí le fáil faoi na Coistí agus a ngníomhaíochtaí le linn na bliana ar leathanaigh 95 go 103.

## BAINISTÍOCHT RIOSCA

Is príomhréimse fócais fós iad an bhainistíocht riosca agus an tuairisciú don Bhord agus don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca araon, agus is gnéithe lárnacha de chur chuige ESB i leith rioscaí a bhainistiú iad Beartas Riosca agus Creat Rialachais ESB agus creat láidir rialaithe inmheánaigh na cuideachta. Cé gurb é an Bord atá go hiomlán freagrach as cur chuige an Ghrúpa i leith riosca, is é an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca atá freagrach as tacú le hathbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht na rialúchán inmheánaigh agus na bainistíochta riosca, agus bhí ról lárnach ag an gCoiste sin in 2019 maidir le cinntiú gur daingníodh an rialachas agus an ceistiú cuí i dtaca le riosca agus dearbhú ar fud an Ghrúpa. Leagtar amach an cur chuige seo i leith riosca sa Tuairisc Riosca ar leathanaigh 24 go 37.

## ÉAGSÚLACHT AN BHOIRD

Tá an Bord lántiomanta don éagsúlacht mar luach lárnach, ar mhaithe leis féin agus ar mhaithe leis an nGrúpa ina iomláine, agus mar ghné thábhachtach maidir le cur i gcrích chuspóirí gnó ESB. Tá sé tiomanta don chothromaíocht is fearr maidir le scileanna, taithí agus éagsúlacht i measc a chomhaltaí a bhaint amach. Maidir le héagsúlacht ar an mBord, tá meas ag Cathaoirleach an Bhoird, agus í ag cabhrú leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC) an tsonraíocht a leagan amach do cheapacháin chuig an mBord, ar na buntáistí a bhaineann le héagsúlacht ar an mBord, dá ndéantar foráil di faoi Threoirlínte Chód Cleachtais an Stáit agus na "Treoirlínte maidir le Ceapacháin chuig Comhlachtaí Stáit" gaolmhara. Tá sonraí na gcomhaltaí Boird leagtha amach ar leathanaigh 80 go 83.

## CULTÚR

Is maith an rud don ghnó é an dea-rialachas agus tá sé bunaithe ar inniúlacht, trédhearcacht agus freagracht. Agus muid ag iarraidh ár spriocanna a bhaint amach, tá an Bord agus na bainisteoirí tiomanta do bheith inniúil trédhearcach agus freagrach i ngach gníomh a dhéanaimid. Sa ról atá agam mar Chathaoirleach, mar a shonraítear i dtéarmaí tagartha ár mBord, ar a rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú le déanaí, táim freagrach as a chinntiú go bhfeidhmíonn an Bord go héifeachtach, agus chuige sin, éascóidh mé rannpháirtíocht iomlán gach comhalta Boird agus cinnteoidh mé cumarsáid éifeachtach le húinéirí agus le geallsealbhóirí ESB. Ag éirí as an Athbhreithniú ar Éifeachtacht na hEagraíochta a rinneadh an bhliain seo caite, agus i gcomhréir le prionsabail agus le forálacha Chód na Ríochta Aontaithe maidir le Cultúr, forbraíodh Deais Chultúir in 2019 mar mhodh chun ailíniú an chultúir le cuspóirí, luachanna agus straitéis a mheas.


Aontaíonn an bord gurb ionann cultúr ann agus an "meascán de luachanna, dearcthaí agus iompraíochtaí arna léiriú ag cuideachta ina hoibríochtaí agus ina caidreamh le páirtithe leasmhara" (Tuarascáil FRC "Cultúr Corparáideach agus Ról an Bhoird"). Sainmhíniú níos gonta air sin ná: "an tslí a ndéanaimid rudaí anseo". Déanann an Bord machnamh cúramach ar an tslí a ndéantar cultúr a mheasúnú agus a thuairisciú trí shuirbhéanna maidir le caidreamh le fostaithe, suirbhé foirmiúil a dhéanamh ar ár bpáirtithe leasmhara agus trí chuairteanna ar láithreáin a dhéanann an mBord a mbíonn teagmháil díreach le fostaithe mar chuid díobh.

Déantar an cultúr a thuairisciú don Bhord de réir na gcatagóirí seo a leanas:

- Eitic agus comhlíontacht
- Sábháilteacht, sláinte agus folláine
- Éagsúlacht agus cuimsiú
- Daoine agus feidhmíocht
- Rannpháirtíocht fostaithe

## TÁTAL

Sna leathanaigh thíos, cuirimid síos go mion ar an mbealach ar chomhlíon an Bord agus a gCoistí a bhfreagrachtaí le linn na bliana lena chinntiú go ndaingneofar cleachtais rialachais láidre ar fud an Ghrúpa.



Ellvena Graham OBE,
Cathaoirleach
27 Feabhra 2020

# TUARASCÁIL RIALACHAIS AN BHOIRD

## PRIONSABAIL AN RIALACHAIS

Agus é ag tabhairt faoina spriocanna rialachais a bhaint amach, déanann ESB an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (Cód an Stáit), chomh maith le Cód na Ríochta Aontaithe maidir le Rialachas Corparáideach 2018 (Cód na Ríochta Aontaithe) agus Iarscríbhinn Rialachas Corparáideach na hÉireann (Iarscríbhinn na hÉireann) a chomhlíonadh, a mhéid is infheidhme sin le réasún. Is féidir cóip den Chód Stáit a fháil ó láithreán gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, www.per.gov.ie. Is féidir cóip den Chód na Ríochta Aontaithe a fháil ó láithreán gréasáin an FRC (www.frc.org.uk) agus cóip d'Iarscríbhinn na hÉireann a fháil ag www.ise.ie.

Leagtar amach cúig phrionsabal nuashonraithe rialachais i gCód athbhreithnithe na Ríochta Aontaithe: (1) Ceannaireacht agus Comhaltaí Boird, (2) Roinnt Freagrachtaí, (3) Comhaltas, Comharbas agus Measúnú, (4) Iniúchóireacht, riosca agus rialú inmheánach, agus (5) Luach Saothair. Tá Tuarascáil Rialachais an Bhoird leagtha amach dá réir.

## 1 CEANNAIREACHT AGUS COMHALTAÍ AN BHOIRD

### AN BORD

Tugann an Bord ceannaireacht don Ghrúpa agus déanann sé ceisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní agus rialachais a bhreithniú go neamhspleách, go díreach nó trí obair na gCoistí. Le linn 2019, b'ionann na comhaltaí Boird iad siúd a shonraítear ar leathanaigh 80 go 83. Ba é an Rialtas a cheap an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus na Comhaltaí Neamhspleách den Bhord, agus ceapadh na ceathrar Comhaltaí Boird is Oibrithe de bhun an Achta um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Is iad na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927–2004 agus an tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 a rialaíonn an líon daoine ar an mBord agus struchtúr an Bhoird. Ní ghlacann an duine céanna ról an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh ag an am céanna, agus sainítear freagrachtaí gach ról go foirmiúil i dtéarmaí tagartha an Bhoird.

Stiúraigh an Bord forbairt "Straitéis Todhchaí Níos Gile" ESB. D'fhaomh an Bord í i ndiaidh mionphlé agus mionmheasúnaithe a dhéanamh. Straitéis chuspóirbhunaithe atá sa straitéis, a bhfuil sé mar aidhm aici freastal ar riachtanais fuinnimh na gcustaiméirí tríd an gcuid is fearr de chumais ESB a thabhairt le chéile chun réitigh nuálacha agus luachbhunaithe a chur ar fáil chun saol ísealcharbóin a bhaint amach. Léiríonn na cuspóirí straitéiseacha rannchuidiú suntasach leis an tsochaí níos leithne maidir leis an dícharbónú agus tá an gá le feidhmíocht láidir airgeadais mar bhonn agus mar thaca aici.

## COMHPHLÉ LE GEALLSEALBHÓIRÍ

Tá 95.7% de ESB faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann agus 4.3% faoi úinéireacht Iontaobhaí an Phlean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe (ESOP). Téann ESB i gcomhairle leis an Rialtas ar bhonn leanúnach gníomhach maidir le beartais thábhachtacha agus saincheisteanna straitéiseacha de réir mar a éilíonn an reachtaíocht agus Cód an Stáit. Soláthraíonn sé sonraí freisin faoin mbuiséad bliantúil agus faoin bplean cúig bliana, chomh maith leis an bhfaisnéis is déanaí faoina fheidhmíocht airgeadais gach ráithe. Ina theannta sin, bíonn ESB i dteagmháil go rialta le hIontaobhaí ESOP ESB.

## CRUINNIÚ CINN BHLIANA ESB

Reáchtálann ESB cruinniú cinn bliana gach bliain, cúig mhí dhéag tar éis an chruinnithe dheireanaigh ar a dhéanaí. Tugtar an fógra riachtanach do stocshealbhóirí aireachta agus d'Iontaobhaí ESOP ESB. Tugtar cuireadh do chomhaltaí an Bhoird, Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ina measc, freastal ar an gcruinniú. Déanann an Cathaoirleach achoimre ar an mbliain agus iarrtar ar ionadaithe na stocshealbhóirí aireachta agus ar Iontaobhaí ESOP ESB aon bharúlacha atá acu a chur in iúl. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar an gCruinniú Cinn Bhliana.

## COINBHLEACHTAÍ LEASA

Nochtann na comhaltaí Boird ar bhonn bliantúil aon choinbhleachtaí leasa atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann, de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995. Ina theannta sin, tá sé de fhreagracht ar chomhaltaí an Bhoird Rúnaí Cuideachta a chur ar an eolas ar bhonn leanúnach más eol dóibh aon athrú atá tagtha ar a gcúinsí i dtaca le coinbhleachtaí leasa de, mar a leagtar amach i gCód Iompraíochta 'Chomhaltaí Bhord ESB'.

Tá sonraí beathaisnéise faoi na comhaltaí Boird uile le fáil ar leathanaigh 80 go 83, lena n-áirítear aon cheapacháin sheachtracha atá acu.

## 2 ROINNT FREAGRACHTAÍ

## CRUINNITHE AN BHOIRD

Tháinig an Bord le chéile aon uair déag in 2019. Is é an Bord atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais an Ghrúpa agus as a chinntiú go mbíonn an rialú inmheánach agus an bainistíocht riosca éifeachtach. Tá sceideal foirmiúil ábhar ag an mBord a fhorchoimeádtar go sonrach dó i gcomhair cinnteoireachta. Tá cur síos air sin ar leathanach 87.

Tá údarás tarmligthe ag an mBord chuig na bainisteoirí chun gnáthchinntí gnó a dhéanamh atá faoi réir ag teorainneacha agus ag tairseacha sonraithe. Tá creat láidir tuairiscithe i bhfeidhm chun go ndéanfar maoirseacht ar chinntí arna dtarmligean ag an mBord, agus is gné lárnach den chreat sin caideamh éifeachtach a chothú idir Coistí an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Feidhmeannach Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa, agus an Fhoireann Feidhmiúcháin.

Bíonn tuairisciú airgeadais agus oibriúcháin á dhéanamh don Bhord ar bhonn leanúnach, agus cuirtear páipéir ar fáil go leictreonach do gach comhalta Boird roimh gach cruinniú chun dóthain ama a thabhairt dóibh le gur féidir leo athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna atá le plé nó a bhfuil cinneadh le déanamh ina leith. Áirítear le cáipéisíocht an Bhoird na miontuairiscí ó Chruinnithe Choistí an Bhoird.

Is é aidhm na gcruinnithe Boird an chothromaíocht cheart maoirseachta a bheith ann ó thaobh daoine, cultúr, straitéis, oibríochtaí, airgeadas agus rialachas, agus cúrsaí bainistíochta riosca. Déantar monatóireacht air sin trí mheasúnú an Bhoird agus aiseolas neamhfhoirmeálta lena chinntiú go bhfuil dóthain ama á chaitheamh ar gach ceist chun an chothromaíocht chuí a choinneáil. Tá an Bord sásta gur ghlac an Cathaoirleach agus gach duine de chomhaltaí an Bhoird go leor ama i rith na bliana le go mbeadh siad in ann a ndualgais a chur i gcrích mar chomhaltaí de Bhord ESB.

Is ar leanúint de chur i bhfeidhm na Straitéise go dtí 2030 a bheidh aird an Bhoird á díriú le linn 2020: an t-aistriú i dtreo fuinneamh iontaofa inacmhainne ísealcharbóin a stiúradh. Bainfear sin amach trí dhíriú ar na cúig chuspóir straitéiseacha ghealmhara seo a leanas atá ag ESB:

- Tús áite a thabhairt, inár ngníomhaíochtaí uile, do riachtanais ag gcustaiméirí, anois agus sa todhchaí.
- Fuinneamh glan, slán agus inacmhainne a tháirgeadh, a nascadh agus a sholáthar.
- Seirbhísí fuinnimh a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais margaidh atá ag athrú.
- An gnóthas a fhás agus láidreacht airgeadais ESB a chothú san am céanna.
- Cultúr ardfheidhmíochta a chinntiú ina dtacaítear le nuáil agus le comhoibriú.

Ina theannta sin, leanfaidh an Bord de mhonatóireacht a dhéanamh ar:

- Próiseas cinntithe Athbhreithniú Praghsanna 5 (PR5).
- Ullmhacht an Ghrúpa do thionchar Brexit.
- Maoirseacht ar phríomhthionscadail Teicneolaíochta Faisnéise (TF), amhail an Clár um Méadrú Cliste agus an uasghrádú SAP 4 HANA. Fócas straitéiseach ar cheisteanna comhshaoil agus inbhuanaitheachta a choinneáil.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt chultúr an Ghrúpa i gcomhréir le luachanna ESB.




# STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA

Tá an eagraíocht leagtha amach sa chaoi go n-éascaítear cinnteoireacht éifeachtach éifeachtúil, mar aon le cuntasacht shoiléir.

## RÓL AN BHOIRD

Tugann an Bord ceannaireacht agus treoir don ghnóthas ina iomláine agus tá sé freagrach as rath fadtéarmach ESB a chinntiú. Déantar cinntí tar éis an fhaisnéis ábhartha ar fad a chur faoi bhráid chomhaltaí an Bhoird agus tar éis plé cuimsitheach a bheith déanta ar na rioscaí a aithnítear tríd an bpróiseas bainistithe riosca agus i gcomhthéacs ráiteas inghlacthachta riosca an Ghrúpa. Cabhraíonn an Bord le forbairt moltaí maidir le straitéis agus ceistíonn sé na moltaí sin go dearfach; ina dhiaidh sin, déanann an Bord na moltaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh. Tá na príomhchinntí seo a leanas forchoimeádta ag an mBord dá bhreithniú féin:

- Faomhadh Straitéis ESB Group, buiséad bliantúil agus ráiteas airgeadais bliantúil agus idirthréimhseach
- Faomhadh díbhinní
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais
- Faomhadh ollchaiteachais chaipitiúil, iasachtaíochtaí agus beartas státchiste
- Athbhreithniú foriomlán ar fheidhmíocht an Ghrúpa maidir le sláinte agus sábháilteacht
- Ceapadh an Phríomhfheidhmeannaigh
- Ceapacháin don Fhoireann Feidhmiúcháin ar mholadh an Phríomhfheidhmeannaigh
- Ceapadh Rúnaí na Cuideachta
- Móréadálacha, dúscairtí nó aistarraingt sócmhainní
- Measúnú agus faomhadh chreat rialachais, rialuithe inmheánacha agus bhainistíocht riosca an Ghrúpa
- Táillí Cónaithe an Mhórmhargaidh
- Príomhchúrsaí rialála, dlí, caidreamh tionsclaíoch, cuntasaíochta agus beartais


**Cathaoirleach** - Ellvena Graham OBE


- An Bord a stiúradh
- Clár an Bhoird a chinneadh
- Éifeachtacht an Bhoird a chinntiú agus lánpháirtíocht gach Comhalta den Bhord a éascú
- Cumarsáid éifeachtach le húinéirí agus le geallsealbhóirí an Ghrúpa a chinntiú




### AN BORD

- An Cathaoirleach, seisear comhaltaí neamhspleácha den bhord, ceathrar comhaltaí Boird is oibrithe, agus an Príomhfheidhmeannach
  - Freagrach as rath fadtéarmach ESB agus as a bhreithiúnas foriomlán maidir le ceisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní agus rialachais

**Príomhfheidhmeannach** - Pat O'Doherty



- Ceannaireacht feidhmiúcháin ar ghnó an Ghrúpa
- Straitéisí agus beartais an Ghrúpa a chur i bhfeidhm
- Dlúthchaidreamh oibre a chothú leis an gCathaoirleach
- An Fhoireann Feidhmiúcháin a stiúradh

**Comhalta Sinsearach Neamhspleách den Bhord** - Noreen Wright


- A bheith mar bhonn braite don Chathaoirleach
- A bheith mar idirghabhálaí ar son na gcomhaltaí eile den Bhord agus na bpáirtithe leasmhara nuair is gá

**Rúnaí Cuideachta** - Marie Sinnott



- Cabhraíonn sé leis angCathaoirleach a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis ábhartha iomlán ar fáil do na comhaltaí Boird uile, agus go n-éascaítear ionduchtú / forbairt phroifisiúnta comhaltaí Boird
- Freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar nósanna imeachta an Bhoird i gceart agus as comhairle a chur ar an mBord maidir le cúrsaí rialachais chorparáidigh
- Idirchaidreamh a dhéanamh idir an Bord agus an Fhoireann Feidhmiúcháin

**An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca**
Cathaoirleach - Noreen O'Kelly


- Cuidiú leis an mBord lena gcúraimí i dtaca le:
  - Tuairisciú airgeadais
  - Rialú inmheánach agus bainistíocht riosca
  - Comhlíonadh, sceithireacht agus calaois
  - Iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha

**An Coiste Sláinte, Sábháilteachta & Comhshaoil**
Cathaoirleach - Anne Butler


- Comhairle a chur ar an mBord maidir le ceisteanna sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil
- Monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn le hais táscairí feidhmíochta comhaontaithe maidir le sláinte agus sábháilteacht, an comhshaol agus bainistíocht riosca sna réimsí seo

**An Coiste um Luach Saothair & Forbairt Bainistíochta**
Cathaoirleach - Ellvena Graham OBE


- Luach saothair na ndaoine seo a leanas a shocrú (i) an Príomhfheidhmeannach agus (ii) an Fhoireann Feidhmiúcháin tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt ceannairí reatha agus todhchaí ESB

**An Coiste Airgeadais & Infheistíochta**
Cathaoirleach - Andrew Hastings


- Athbhreithniú ar thograí maidir le tiomsú caipitil agus caiteachas caipitiúil
- Athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta maidir leis an státchiste agus trádáil fuinnimh
- Athbhreithniú ar thograí infheistíochta agus dífheistithe atá dírithe ar chinntiú go bhfuil ESB á láithriú sa chaoi go n-éireoidh leis sa todhchaí, de réir na straitéise atá aontaithe ag an mBord

**An Coiste Margaíochta & Custaiméirí**
Cathaoirleach - Alf Smiddy


- Ailíniú tionscnamh agus clár margaíochta agus custaiméara le spriocanna straitéiseacha na cuideachta
- Táirgí agus seirbhísí nua agus na réamh-mheastacháin ioncaim bhainteacha
- Caidrimh a fhorbairt le custaiméirí móra
- Cláir fógraíochta agus urraíochta, agus measúnú a dtionchair siúd

**FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN**
Ceannaireacht agus Rialú an Ghrúpa

Tá sonraí beathaisnéise i ndáil leis an gCathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách le fáil ar leathanaigh 80 agus 83.
Tá sonraí beathaisnéise faoi na Comhaltaí Boird le fáil ar leathanaigh 80 go 83.
Tá sonraí beathaisnéise faoi Rúnaí na Cuideachta le fáil ar leathanach 43.
Tá sonraí beathaisnéise faoin bhFoireann Feidhmiúcháin le fáil ar leathanach 42 go 43.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

## COISTÍ DE CHUID AN BHOIRD

Faigheann an Bord cabhair ó chúig Choiste Boird lena chuid freagrachtaí a chur i ngníomh, agus tarmligeann an Bord freagrachtaí ar leith do na Coistí Boird sin de réir mar atá leagtha amach ina dTéarmaí Tagartha. Cabhraíonn na Coistí leis an mBord trí bhreithniú níos mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna rialachais, oibriúcháin, airgeadais, gnó agus bainistíochta riosca agus cuireann siad tuairisc chuig an mBord maidir le moltaí riachtanacha. Bíonn rochtain ag na Coistí ar na hacmhainní cuí chun a gcuid dualgas a dhéanamh agus déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar théarmaí tagartha na gCoistí go rialta. Rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí in 2019. Tá tuilleadh eolais le fáil faoi na Coistí agus a gcomhaltaí ar leathanaigh 95 agus 101 go 103 den tuarascáil seo.

## FREASTAL AR CHRUINNITHE 2019

Reáchtáladh 11 chruinniú den Bhord Ginearálta le linn 2019. Féach thíos sonraí faoin méid cruinnithe ar fhreastail gach comhalta Boird ar leith orthu le linn na bliana. Chomh maith leis na comhaltaí Boird agus Rúnaí na Cuideachta, freastalaíonn

| COMHALTAÍ BOIRD 2019 | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|
| Ellvena Graham OBE | 11 |
| Anne Butler* | 11 |
| Dave Byrne^ | 11 |
| Stephen Carrig^ | 11 |
| Andrew Hastings* | 11 |
| Seán Kelly^ | 11 |
| Paul Lynam* | 11 |
| Tony Merriman^ | 11 |
| Noreen O'Kelly* | 11 |
| Alf Smiddy* | 11 |
| Noreen Wright* | 11 |
| Pat O'Doherty | 11 |

* Comhalta Neamhspleách den Bhord
^ Comhalta Boird is Oibrí

go leor stiúrthóirí feidhmiúcháin/bainisteoirí sinsearacha ar chodanna ábhartha de chruinnithe Boird, ach cuireadh a bheith faighte acu.

## NEAMHSPLEÁCHAS

Deimhníonn an Bord go raibh na Comhaltaí Boird sin (tuilleadh eolais ar leathanaigh 80 go 83) neamhspleách i rith 2019. Tugann an deimhniú sin aird do neamhspleáchas na gComhaltaí Boird ó na forálacha ábhartha i gCód na Ríochta Aontaithe maidir le neamhspleáchas Comhaltaí Boird ó thaobh carachtar agus breithiúnas de, agus don easpa caidreamh nó tosca a d'fhéadfadh cur isteach ar neamhspleáchas Chomhaltaí Boird. I bhfianaise na n-imthosca sin, is amhlaidh atá an Bord sásta maidir le neamhspleáchas na gComhaltaí Boird arna sainaithint thuas.

## COMHALTA SINSEARACH NEAMHSPLEÁCH DEN BHORD

Ceapann an Bord Comhalta Neamhspleách amháin den Bhord le ról an Chomhalta Sinsearach Neamhspleách den Bhord a ghlacadh ionas go mbeidh sé nó sí ina b(h)onn braite don Chathaoirleach agus ina (h)eadránaí do Chomhaltaí Boird eile agus do pháirtithe leasmhara nuair is gá. Comhalta Sinsearach Neamhspleách reatha den Bhord - Noreen Wright.

## COMHAIRLE PHROIFISIÚNTA NEAMHSPLEÁCH

Féadfaidh na Comhaltaí Boird, agus iad i mbun a gcuid dualgas, comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil ar chostas ESB. Bíonn teacht ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Tá clúdach árachais socraithe chun cosaint a thabhairt do Chomhaltaí Boird agus d'Oifigigh i gcoinne dliteanas a d'fhéadfadh a eascairt as caingne dlí ina n-aghaidh le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

# 3 COMHALTAS, COMHARBAS AGUS MEASÚNÚ

## COMHALTAS AR AN MBORD

Sa bhliain 2019, chuir comhaltaí Bhord ESB taithí, neamhspleáchas agus dúshlán ar fáil chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach. Tugtar cuntas ar an réimse leathan taithí atá ag comhaltaí an Bhoird san innealtóireacht / sa réimse teicniúil, san airgeadas, sa dlí, sa mhargaíocht agus in oibríochtaí ESB sna beathaisnéisí ar leathanaigh 80 go 83. Tá an Bord muiníneach go bhfuil an saineolas, an cumas agus an taithí riachtanacha ag a chomhaltaí go léir chun na feidhmeanna ar gá do chomhalta Boird iad a chur i gcrích a láimhseáil.

Is é príomhról an Bhoird breithiúnas feasach neamhchlaonta a dhéanamh chun Straitéis ESB Group a cheistiú, a fhorbairt agus a fhaomhadh go tairbheach, lena chinntiú go bhfuil foireann bhainistíochta láidir ann chun an straitéis a chur i bhfeidhm, an fheidhmíocht ghnó a mhonatóiriú agus creat rialuithe stuama éifeachtacha a choimeád chun an riosca a mhaolú. Déantar foráil sa Chód Stáit go bhféadfaidh an Cathaoirleach dul i dteagmháil leis an Rialtas i ndáil le comharbas Boird, agus is deis é seo chun a chinntiú go mbeidh meascán cuí oilteachtaí, éagsúlacht agus taithí ag na comhaltaí Boird.

Braitheann cumas an Bhoird chun na dualgais agus na hoibleagáidí sin a chur i gcrích ar dhá bhunfhachtóir:

- Tá éagsúlacht agus raon leathan scileanna agus taithí ag na Comhaltaí Boird;
- Próisis lena gcinntítear go bhforbraíonn agus go gcothaíonn na comhaltaí Boird uile tuiscint mhaith ar oibríochtaí an Ghrúpa agus ar an timpeallacht sheachtrach, agus go bhfuil sé de chumas acu cinntí feasacha a dhéanamh. Féach leathanach 88 le haghaidh tuilleadh eolais faoin bpróiseas ionduchtaithe.

## CEAPACHÁIN AR AN MBORD

Ní dhéanann ESB measúnú ar chomhaltaí aonair an Bhoird, ós rud é gurb é an Rialtas atá freagrach as daoine a cheapadh ar an mBord (ceapadh chomhaltaí bhord an lucht oibre san áireamh). Téann an Cathaoirleach chun cainte leis an Rialtas roimh an bpróiseas ceapacháin ar an mBord, áfach, maidir leis na scileanna sonracha agus na tairbhí a bhaineann le héagsúlacht a theastaíonn ar an mBord. Bíonn ceapacháin ar Bhord ESB ag teacht leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2014.

Ceaptar na Comhaltaí Boird ar feadh téarma cúig bliana, nó ceithre bliana i gcás comhaltaí Bhord an Lucht Oibre, agus is amhlaidh, mar sin, nach mbíonn siad faoi réir atoghadh an mBord do théarmaí níos giorra. D'fhéadfadh go ndéanfadh an Rialtas an Príomhfheidhmeannach agus Comhaltaí Neamhspleácha an Bhoird a athcheapadh ar an mBord, agus má dhéantar aon Chomhalta de Bhord an Lucht Oibre a athcheapadh, tá seo faoi réir an Achta um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.

## EOLAS AGUS CRUINNITHE FAISNÉISE

Tá sé ríthábhachtach go gcoinneofaí comhaltaí Boird ar an eolas faoi mhórathruithe gnó, ionas gur féidir éifeachtacht an Bhoird a choimeád agus a fheabhsú. Tá achoimre ar ghníomhaíochtaí an Bhoird in 2019 leagtha amach ar leathanach 90. Cuirtear an Bord ar an eolas go rialta faoin timpeallacht rialála, faoin margadh agus faoi oibríochtaí, lena n-áirítear Tuairiscí Míosúla ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta.

Reáchtáladh cruinnithe Boird in áiteanna taobh amuigh den phríomhoifig in 2019 freisin, lena n-áirítear na cruinnithe a reáchtáladh ag Stáisiún Cumhachta Eas Chaitlín, Co. Dhún na nGall agus ag Stáisiún Cumhachta Áth Fhada, Co. Chorcaí. Reáchtáiltear cuairteanna ar láithreáin do chomhaltaí Boird aonair agus do ghrúpaí comhaltaí Boird chun cur lena dtuiscint ar ghnó ESB.


## IONDUCHTÚCHÁN

Tá an clár ionduchtúcháin ann ionas gur féidir le comhaltaí nua Boird eolas a chur ar oibriúcháin an Ghrúpa. Cuirtear an clár in oiriúint do thaithí, chúlra agus riachtanais an duine aonair. Is gnéithe lárnacha den chlár iad na gnéithe seo a leanas: bualadh leis na feidhmeannaigh, cuairteanna ar láithreáin, agus seisiúin faisnéise faoi Straitéis ESB Group, faoi na gnóthais ar leith agus faoin gCreat Bainistíochta Riosca Fiontraíochta.

## OILIÚINT AGUS FORBAIRT LEANÚNACH


Tá clár forbartha leanúnach i bhfeidhm do na comhaltaí Boird ar fad. Déanann an Cathaoirleach agus Rúnaí na Cuideachta idirchaidreamh le Comhaltaí Boird maidir lena sainriachtanais, amhail seisiúin faisnéise le bainisteoirí ar ábhair shonracha nó freastal ar chomhdhálacha/ar chúrsaí a bhaineann leis an ngnó.

## TRÉIMHSE I SEILBH OIFIGE




- 0 - 2 bliain
- 2 - 5 bliain
- 5 - 11 bhliain

## TAITHÍ AN BHOIRD





- Innealtóireacht / Teicniúil
- Gnó / Airgeadas
- Dlí

*Neamhspleáchas an Bhoird seachas an Cathaoirleach

## ÉIFEACHTACHT AN BHOIRD


Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a choistí. Déantar an measúnú sin chun Cód an Stáit agus, a mhéid is infheidhme le réasún, Cód na Ríochta Aontaithe, a chomhlíonadh. Baineann an measúnú le feidhmíocht an Bhoird agus na gCoistí ina iomláine agus ní le feidhmíocht chomhaltaí aonair den Bhord. Is é cuspóir an mheasúnaithe athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúchán an Bhoird agus bealaí a aithint chun a éifeachtacht a fheabhsú. Cabhraíonn sé freisin scileanna sonracha atá de dhíth i measc chomhaltaí an Bhoird a aithint, agus is féidir leis an gCathaoirleach moltaí a dhéanamh don Rialtas le go mbreithneofar iad nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh.

## COMHDHÉANAMH AN BHOIRD (INSCNE)




- Bean
- Fear

## NEAMHSPLEÁCHAS AN BHOIRD*




- Nach bhfuil Neamhspleách
- Neamhspleách

Is deimhniú é an measúnú seo go bhfuil an Bord tiomanta do na leibhéil rialachais is airde. Is é an Cathaoirleach a bhíonn i gceannas ar an measúnú, le tacaíocht ó Rúnaí na Cuideachta. Ceistneoir atá sa mheasúnú bliantúil, agus i bhfianaise fhreagraí na gcomhaltaí Boird, seoltar tuairisc ar na torthaí chuig an mBord, agus moltar gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a luadh. Gach trí bhliain, déantar measúnú neamhspleách atá bunaithe ar agallaimh ar bhonn aonair idir an éascaitheoir seachtrach agus gach comhalta den Bhord. Go luath in 2017, rinne Measúnú Boird na hInstitiúide Rúnaithe agus Riarthóirí Cairte (ICSA), (nach bhfuil aon cheangail aige leis an nGrúpa) measúnú neamhspleách a chur i gcrích.

Déanfar an chéad mheasúnú neamhspleách seachtrach eile in 2020. I rith 2019, thug lucht na bainistíochta faoi athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar Théarmaí Tagartha ceithre Choiste Boird, athbhreithniú a shoiléirigh agus a bheachtaigh a ról dóibh. Chuir lucht na bainistíochta méid, caighdeán agus uainiú na faisnéise leanúnaí tuairiscithe a chuirtear ar fáil don Bhord agus do Choistí an Bhoird san áireamh agus rinne siad moltaí maidir leis an tuairisciú a chuíchóiriú, moltaí a ghlac an Bord leo. Cuireadh feabhsuithe i bhfeidhm freisin maidir le gníomhartha a thagann chun cinn ag cruinnithe de chuid an Bhoird agus de chuid na gCoistí a rianú chun a dhéanamh cinnte de go dtabharfaidh lucht na bainistíochta aird orthu agus go ndéileálfaidh siad leo.

Shainaithin Measúnuithe 2019 ar an mBord agus ar na Coistí roinnt réimsí a dtabharfar aird orthu in 2020, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar fhormáid pháipéir an bhoird, ábhar thuairisciú an Phríomhfheidhmeannaigh, agus riachtanais oiliúna.

Ina theannta sin, casann an Cathaoirleach leis na comhaltaí Boird, agus Comhalta Sinsearach Neamhspleách an Bhoird san áireamh, i seisiúin oscailte malartaithe tuairimí i measc comhaltaí Boird maidir le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht an Bhoird.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

## SAMPLAÍ DE CHEISTEANNA A BHREITHNIGH AGUS/NÓ A D'FHAOMH AN BORD IN 2019

| DAOINE | OIBRIÚCHÁIN |
|---|---|
| ▪ Ceapacháin feidhmeannach sinsearach | ▪ Tuairiscí oibriúcháin an Phríomhfheidhmeannaigh |
| ▪ Torthaí an tsuirbhé ar an bhfoireann | ▪ Tuairiscí sláinte agus sábháilteachta |
| ▪ Cultúr ardfheidhmíochta | ▪ Uasdátuithe ar thrádáil fuinnimh |
| ▪ Scéim téarfa | ▪ Clár infheistíochta agus ollchóiriú fearas |
| ▪ Tuarascáil ar shláinte, sábháilteacht agus folláine an Ghrúpa | ▪ Diúscairt maoine |
| ▪ Uasdátú ar an gcultúr corparáideach | ▪ Comhaontuithe comhfhiontair |
| | ▪ Infheistíocht sa líonra luchtaithe Feithiclí leictreacha |
| | ▪ Infheistíocht i dtionscadail inathnuaite |
| | ▪ Uasdátú ar an aighneacht maidir le hathbhreithniú praghsanna rialaithe |
| | ▪ Comhaontú maidir le seirbhísí gaoithe ar talamh |
| | ▪ Tionscadail athfhorbartha na Príomhoifige |
| | ▪ Uasdátú ar na seirbhísí fiontair |
| | ▪ Athruithe ar phraghas an leictreachais |
| | ▪ Uasdátú ar thionscadail innealtóireachta |

| STRAITÉIS | RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA |
|---|---|
| ▪ Impleachtaí Brexit | ▪ Plean riosca an ghrúpa |
| ▪ Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide | ▪ Sábháilteacht dambaí |
| ▪ Uasdátú ar bheartas agus margaí fuinnimh | ▪ Beartas um mí-úsáid margaidh |
| ▪ Uasdátú ar straitéis na dtionscadal innealtóireachta | ▪ Éifeachtacht na bainistíochta riosca agus an rialaithe inmheánaigh |
| ▪ Athbhreithniú ar an ngaothfhuinneamh ón talamh | ▪ Plean iniúchóireachta inmheánach don bhliain |
| ▪ Athbhreithniú ar na seirbhísí fiontair | ▪ Téarmaí tagartha na gcoistí |
| ▪ Ceantanna acmhainne | ▪ Éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca |
| ▪ Athbhreithniú ar straitéis ESBI | ▪ Beartais státchiste an Ghrúpa |
| ▪ Méadrú cliste | ▪ Leibhéil údaráis an Ghrúpa agus leibhéil údaráis trádála an Ghrúpa |
| ▪ Uasdátú ar chur i bhfeidhm straitéise | ▪ Beartas riosca agus creat rialachais ESB Group |
| | ▪ Modern Slavery Act na Ríochta Aontaithe |
| | ▪ Uasdátú ar nochtadh cosanta |
| | ▪ Pleanáil leanúnachais ghnó |

| AIRGEADAS | |
|---|---|
| ▪ Torthaí foilsithe bliantúla agus leathbhliantúla | ▪ Beartas cánach nuashonraithe an Ghrúpa |
| ▪ Cuntais rialála ESB | ▪ Íosrátaí toraidh i gcás infheistíochtaí nua |
| ▪ Feidhmíocht agus réamhaisnéisí airgeadais ráithiúla | ▪ Luacháil an Ghrúpa |
| ▪ Príomhtháscairí feidhmíochta (KPIanna) míosúla | ▪ Riachtanais chistithe |
| ▪ Buiséad bliantúil agus plean gnó cúig bliana | |
| ▪ Díbhinn idirthréimhseach agus deiridh | |
| ▪ Beartas nuashonraithe ar mhí-úsáid margaidh | |



# 4 INIÚCHÓIREACHT, RIOSCA AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

## NA CÓID UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH A CHOMHLÍONADH

Déanann ESB an Cód Stáit a chomhlíonadh, ina leagtar amach prionsabail maidir le rialachas corparáideach, prionsabail a n-iarrtar ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit cloí leo. Ina theannta sin, comhlíonann ESB na Treoracha Rialachais Corparáidigh agus dualgais eile faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

Cloíonn ESB, ar bhonn deonach agus a mhéid is infheidhme le réasún, le Cód na Ríochta Aontaithe agus le hIarscríbhinn na hÉireann. Is éard atá i gCód na Ríochta Aontaithe ná prionsabail (príomhphrionsabail agus prionsabail tacaíochta) agus forálacha. Tá ceangal ar chuideachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann, mar chuid de na Rialacha Liostaithe, tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear prionsabail Chód na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn bhainteach na hÉireann i bhfeidhm, agus a dheimhniú gur sásaíodh gach foráil iomchuí lena mbaineann, nó go dtugtar míniúchán ar aon neamhchomhlíonadh.

Is corparáid reachtúil é ESB arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 agus, dá bharr sin, níl dualgas air Cód na Ríochta Aontaithe ná Iarscríbhinn na hÉireann a chomhlíonadh. Mar a luadh thuas, tacaíonn ESB le prionsabail agus le forálacha Chód na Ríochta Aontaithe agus le hIarscríbhinn na hÉireann agus cloíonn sé leo go deonach cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas:

- Is gnó de chuid an Rialtais é ceapacháin a dhéanamh ar an mBord agus, dá réir sin, níl coiste ainmniúcháin ag ESB.
- Ceaptar na Comhaltaí Boird ar feadh téarmaí suas le cúig bliana nó ceithre bliana i gcás comhaltaí Boird is Oibrithe, agus is amhlaidh dá réir nach dtagann siad faoi réir atoghadh ar an mBord roimhe sin.
- Tá Cathaoirleach ESB ina comhalta de Bhord ESB le naoi mbliana anuas, ó Dheireadh Fómhair 2010. Meastar nach bhfuil an riachtanas nach bhfanfaidh an Cathaoirleach sa ról ar feadh níos mó ná naoi mbliana ón dáta a céadcheapadh é nó í ar an mBord infheidhme maidir leis ESB, toisc gur faoin Rialtas é daoine a cheapadh ar an mBord.
- Tá beartais agus nochtadh faisnéise ESB maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le treoirlínte infheidhmithe an Rialtais. Tá tréimhsí fógra i gconradh an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le treoirlínte an Rialtais. Ní áirítear i sonraí luach saothair na gcomhaltaí Boird ar leathanach 94 suimeanna a íocadh leis an gceathrar Comhaltaí den Bhord um Lucht Oibre, mar fhostaithe ESB (mar ní dhéantar ardú ná laghdú ar an bpá sin mar gheall ar a gcomhaltas ar an mBord), ach áirítear suimeanna a íocadh leo i bhfoirm táillí Boird. Ní bhaineann oibleagáidí maidir le bronnadh scaireanna le ESB, agus ní bhaineann riachtanais maidir le scairshealbhú iarfhostaíochta le ESB ach an oiread toisc gurb é an t-aon chaoi ar féidir le duine leas tairbhiúil a fháil i stoc ESB ná bheith rannpháirteach i bPlean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe (ESOP) ESB, agus tá ESB faoi úinéireacht thromlaigh ag an Rialtas.
- Ní dhearnadh measúnú go dtí seo ar fheidhmíocht na gComhaltaí Boird aonair mar chuid de phróiseas measúnaithe an Bhoird, mar níl aon ról foirmiúil ag an mBord i ndáil lena chomhdhéanamh féin a chinneadh.
- Tá Cathaoirleach an Bhoird ina Chathaoirleach ar an gCoiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta freisin, ós rud tábhachtach é go gcomhlíonfadh ESB beartas an Rialtais sa réimse seo agus mar gheall ar an ról atá ag an gCathaoirleach mar phríomh-idirghabhálaí leis an Rialtas.
- Ní thagann na Comhaltaí Neamhspleácha den Bhord le chéile gan an Cathaoirleach a bheith i láthair, chun feidhmíocht an Chathaoirligh a bhreithniú, mar gur cuid de ghnó an Rialtais é ceapadh an Chathaoirligh.
- An Rialtas a shocraíonn tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh agus a bhunaíonn beartas pá a bhaineann le lucht na bainistíochta sinsearaí. Cuireann sé sin srian ar rogha an Choiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta.
- Ní théann cathaoirligh na gcoistí i dteagmháil le Stocshealbhóirí Aireachta mar go bhfuil próiseas i bhfeidhm ina ndéanann an Cathaoirleach teagmháil leis na Stocshealbhóirí Aireachta agus cinntíonn sé nó sí go mbíonn an Bord agus an lucht bainistíochta ar an eolas faoi dhearcadh na stocshealbhóirí.
- Mar gheall go bhfuil 95.7% de ESB faoi úinéireacht an Stáit, agus mar gheall go bhfuil socruithe rialachais i bhfeidhm lena Stocshealbhóirí Aireachta, meastar nach mbaineann riachtanais maidir le dul i gcomhairle le scairshealbhóirí sa chás go gcaithfear 20% nó níos mó de vótaí i gcoinne mholadh de chuid an Bhoird le ESB.
- Níl dlí cuideachtaí na Ríochta Aontaithe ná na hÉireann inchurtha go díreach i leith ESB, lena n-áirítear Alt 172 den UK Companies Act 2006.
- Tá comhaltaí de Bhord ESB infheidhme i gcomhréir le hAlt 2 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú) agus na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit). Mar sin, is faoin Rialtas atá sé féachaint do na héilimh ar am na stiúrthóirí agus tabhairt faoi cheapacháin bhreise sheachtracha.

## TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS AGUS GNÓ

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air as an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú, agus measúnú cothrom intuisceana ar sheasamh an Ghrúpa agus ar a bhfuil i ndán dó sa todhchaí a chur i láthair. Tá freagrachtaí an Bhoird i leith ráitis airgeadais agus gnóthas leantach leagtha amach ar leathanach 109.

## SOLÁTHAR

Cuireann ESB a ghníomhaíochtaí soláthair i gcrích i gcomhlíonadh le dlíthe infheidhme maidir le soláthar agus le Cód an Stáit.

## RIALÚ INMHEÁNACH

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córas an rialachais inmheánaigh sa Ghrúpa agus maidir le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá sé ag feidhmiú. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, a sholáthar go bhfuil na spriocanna seo a leanas curtha i bhfeidhm:

- Éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochtaí agus cosaint shócmhainní na heagraíochta ar chaillteanas
- Iontaofacht tuairiscithe le haghaidh úsáid inmheánach agus sheachtrach
- Comhlíonadh dlíthe agus rialachán bainteach


D'fhonn a fhreagrachtaí a chur i gcrích ar bhealach a chinntíonn comhlíonadh leis an reachtaíocht agus na rialacháin, is amhlaidh a bhunaigh an Bord struchtúr eagrúcháin a bhfuil nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, deighilt dualgas agus údarás tarmligthe ag baint leis.

Baineann an Grúpa leas as an gcreat comhtháite um rialú inmheánach, de réir mar a d'fhorbair Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta ar Choimisiún Treadway (COSO) é sin, mar threoir chun rialú inmheánach a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a chur i gcrích agus a éifeachtacht a mheas. Eisíodh an creat COSO den chéad uair in 1992 agus rinneadh é a nuashonrú in 2013.

Tá creat daingean rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag ESB ina gcuimsítear an méid seo a leanas:

- Cód eitice a éilíonn ar gach Comhalta den Bhord na caighdeáin eitice is airde a chothú agus iad i mbun gnó
- Struchtúr eagrúcháin arna shainiú go soiléir, ina sonraítear teorainneacha údaráis ar leith agus sásraí tuairiscithe chuig leibhéil bhainistíochta níos airde agus chuig an mBord, a chuidíonn le timpeallacht thréan rialaithe a choinneáil
- Creat rialachais chorparáidigh lena n-áirítear anailísiú riosca, athbhreithniú ar rialú airgeadais agus ráitis fhoirmiúla bhliantúla um chomhlíonadh trí línte gnó agus comhfhiontair (JV) a bhainistiú
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta maidir le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais
- Ní mór faomhadh an Bhoird a fháil le haghaidh mórthionscadail chaipitiúla agus déanann an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta monatóireacht leanúnach ghéar orthu, agus déantar iniúchadh orthu freisin tar éis dóibh a bheith curtha i gcrích
- Córais chuimsitheacha buiséadaithe lena ngabhann buiséad bliantúil arna fhaomhadh ag an mBord
- Córas cuimsitheach maidir le tuairisciú airgeadais

## CREAT COSO




## CREAT RIALAITHE INMHEÁNAIGH ESB

**An Timpeallacht Rialaithe**
1. Léiríonn sé tiomantas don rialú agus do phrionsabail eiticiúla
2. Freagracht a ghlacadh as maoirseacht
3. Struchtúr, údarás agus freagracht a bhunú
4. Tiomantas don inniúlacht a léiriú
5. Cuntasacht a fhorfheidhmiú

**Measúnú Riosca**
6. Cuspóirí oiriúnacha a shainiú
7. Riosca a aithint agus a anailísiú
8. Riosca calaoise a mheas
9. Athruithe suntasacha a aithint agus a anailísiú

**Gníomhaíochtaí Rialaithe**
10. Gníomhaíochtaí rialaithe a roghnú agus a rialú
11. Rialuithe ginearálta ar ghníomhaíochtaí a roghnú agus a fhorbairt
12. Na gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm le húsáid beartas agus nósanna imeachta

**Faisnéis agus Cumarsáid**
13. Faisnéis ábhartha a úsáid
14. Cumarsáid a dhéanamh go hinmheánach
15. Cumarsáid a dhéanamh go seachtrach

**Gníomhaíochtaí Monatóireachta**
16. Measúnuithe leanúnacha agus / nó ar leithligh a dhéanamh
17. Measúnú agus cumarsáid maidir le heasnaimh

- Tuairiscítear torthaí iarbhír agus eochairtháscairí feidhmíochta carnacha os coinne an bhuiséid agus breithníonn an Bord ar bhonn rialta iad
- Cuireann líne chabhrach teileafóin agus seirbhís comhrá ar líne bealach ar fáil d'fhostaithe calaois nó cúiseanna imní eiticiúla a thuairisciú faoi rún
- 

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar na rialuithe sin. Cuirtear béim san athbhreithniú rialta seo ar na réimsí is mó a mbaineann riosca leo arna sainaithint ag anailísí riosca. Áit a bhfuil laigí sa chóras rialaithe inmheánach sainaitheanta ag an gcreat monatóireachta thuas, cuirtear pleananna i bhfeidhm le dul i ngleic leis na laigí seo agus déantar monatóireacht rialta ar na pleananna sin go dtí go bhfuil siad curtha i gcrích.

## BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá bainistíocht éifeachtach riosca ríthábhachtach le haghaidh cuspóirí straitéiseacha ESB agus fás fadtéarmach inbhuanaithe a ghnó a bhaint amach. I bhfianaise na n-athruithe tapa atá ag tarlú in ESB (agus sa mhargadh agus sa timpeallacht oibriúcháin ina bhfeidhmíonn ESB) tá sé níos tábhachtaí ná riamh go ndéanfaí athmheasúnú leanúnach ar rioscaí agus go mbeadh straitéisí soiléire ann chun iad a bhainistiú agus leas a bhaint as aon deis a thiocfaidh astu, de réir mar is cuí. Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le cur chuige an Ghrúpa i leith riosca.
Is amhlaidh go sonrach atá an Bord freagrach as:
- Measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht an phróisis atá ceaptha chun na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí a aithint
- Cultúr riosca iomchuí a chur i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa
- Seasamh maidir le hinghlacthachta riosca a bhunú agus a chur in iúl go soiléir; seasamh a dhéanann soiléiriú ar an leibhéal riosca a bhfuil ESB sásta glacadh leis, agus a chinntíonn freisin go bhfuil dearcadh lucht na bainistíochta agus an Bord ag teacht le chéile ó thaobh riosca.
- Measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus bainistíochta géarchéime
- Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht dhóchúil na mbeart maolaithe agus rialaithe a chuireann an lucht bainistíochta i bhfeidhm.

Rinne an Bord measúnú láidir ar na príomhrioscaí atá roimh an nGrúpa, lena n-áirítear na rioscaí a chuirfeadh a mhúnla gnó, a fheidhmíocht amach anseo, a shócmhainneacht agus a leachtacht i mbaol. Tá próiseas athbhreithnithe timthriallach ar bun chun rioscaí móra a aithint, a mheas agus a bhainistiú don bhliain atá á measúnú agus suas le dáta faofa na Tuarascála Bliantúla seo. Leagtar amach na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí atá roimh an nGrúpa, mar aon leis na straitéisí maolaithe, ar leathanaigh 28 go 37.

Is eol don Bhord nach mór dó a bheith ina eiseamláir chun luachanna uasdátaithe an Ghrúpa a mhúnlú agus tacú leo, agus is iad na luachanna seo a bheidh mar bhonn taca ag an gcur chuige i leith riosca. Teastaíonn ón mBord freisin a chinntiú go bhfuil dóthain oilteachtaí agus inniúlachtaí bainistithe riosca ar fáil sa ghnó agus go mbaintear úsáid as saineolas agus taithí na bhfostaithe uile in ESB a bhfuil tuiscint acu ar na rioscaí a bhaineann lenár gcuid oibriúchán. Cabhraíonn tuairisciú rialta le faisnéis reatha a thabhairt don Bhord faoi rioscaí agus éiginnteachtaí atá ag teacht chun cinn.

Díríonn an Bord ar na rioscaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó straitéis ESB, go príomha, nó na rioscaí a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar inmharthanacht fhadtéarmach nó ar cháil an Ghrúpa. Fágann an Bord an fhreagracht maidir le maoirseacht rioscaí sainiúla faoi na Coistí Boird de réir Théarmaí Tagartha na gCoistí agus a réimsí saineolais ar leith. Tagann an Bord ar chomhaontú maidir le conas a choinníonn na Coistí a chéile agus an Bord ar an eolas maidir le rioscaí agus cleachtais mhaoirseachta rioscaí. Chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a bhaint amach, teastaíonn teorainneacha, cainéil chumarsáide agus pointí aistrithe soiléire. Déanann an Bord na gnéithe sin a shainmhíniú go soiléir agus déanann sé coigeartuithe de réir mar is gá. Tugann na Cathaoirligh na gCoistí tuairisc don Bhord iomlán faoi na príomhfhorbairtí agus faoi na ceisteanna a bhfuil tuilleadh plé agus machnaimh ag teastáil uathu. Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca i gcónaí as a chinntiú go ndéanfaí rioscaí fiontraíochta a aithint, a mheas, a thuairisciú agus a rialú i gceart thar ceann an Bhoird.

D'fhéadfadh an inghlacthacht riosca athrú le himeacht ama freisin, agus tá breithniú follasach déanta ag an mBord ar leibhéal na hinghlacthachta riosca sin agus ar an gcaoi a ndéantar rioscaí áirithe a bhainistiú de réir na hinghlacthachta sin. Bíonn ár gclaonadh i dtreo riosca cothromaithe i gcónaí ag ár bhfócas ar rialú a chur i bhfeidhm.

## ATHBHREITHNIÚ 2019 AR ÉIFEACHTACHT BHAINISTÍOCHT NA RIALUITHE INMHEÁNAÍ AGUS AN RIOSCA

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán as bainistíocht riosca ESB agus as an gcóras rialaithe inmheánach. Le linn 2019, rinne an Bord athbhreithniú go díreach agus trí údarás tairmligthe an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa, lena gcuimsítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bainistíochta riosca do 2019, agus cinnteoidh an Bord go ndéanfar athbhreithniú den chineál céanna in 2020.

Tá na gnéithe seo a leanas ag baint leis an bpróiseas a úsáideann an Bord agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:
- Feidhm shainithe um bhainistiú riosca in ESB
- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an bpróiseas leathbhliantúil athbhreithnithe riosca agus tuairiscí rialta a thabhairt maidir le bainistíocht riosca
- Comhairle neamhspleách a fháil maidir le leordhóthanacht an phróisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm in ESB i láthair na huaire (rinneadh an t-athbhreithniú deireanach in 2015, agus tá an chéad athbhreithniú eile beartaithe do 2020)
- Athbhreithniú agus breithniú ar dheimhniú ón lucht bainistíochta maidir le hoibriú sásúil éifeachtach na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir chórais airgeadais agus oibriúcháin
- Athbhreithniú ar chlár Iniúchóireachta Inmheánach an Ghrúpa agus breithniú ar thorthaí agus ar thuairiscí an athbhreithnithe sin. Tuairiscíonn Iniúchóireacht Inmheánach an Ghrúpa go rialta freisin ar stádas cur chun feidhme na moltaí a d'eascair óna chuid tuairiscí féin roimhe seo.
- Measúnú neamhspleách ar éifeachtacht na feidhme iniúchóireachta inmheánaigh (déantar é seo gach cúig bliana; rinneadh an t-iniúchadh deireanach in 2016)
- Athbhreithniú ar thuairiscí na n-iniúchóirí seachtracha, ina bhfuil sonraí le fáil ar an obair a rinneadh maidir leis na príomhrioscaí iniúchóireachta

## CUIMSÍONN NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A RINNE AN BORD AGUS AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ RIOSCA LE LINN 2019 I NDÁIL LENA FHREAGRACHTAÍ UM RIOSCA NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS:

| GNÍOMHAÍOCHT | MIONSONRAÍ |
|---|---|
| **Plean Riosca an Ghrúpa** | Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú agus ceistiú maidir le plean riosca an ghrúpa 2019 agus mhol sé don Bhord é lena fhaomhadh. |
| **Athbhreithniú ar phleanáil leanúnachais gnó (BCP) agus ar bhainistiú géarchéime** | Athbhreithniú ar an tuarascáil a cuireadh faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca maidir le héifeachtacht na bpleananna BCP agus na socruithe maidir le tástáil seasmhachta ar fud an ghrúpa, lena n-áirítear athbhreithniú ceachtanna foghlamtha ar bhunús gach ar tharla le linn 2019. |
| **Athbhreithniú ar bheartas riosca agus ar chreat rialachais ESB Group** | Athbhreithniú bliantúil an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar bheartas riosca agus ar chreat rialachais ESB Group. |
| **Athbhreithniú riosca lár bliana** | Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca breithniú ar aon athruithe ar phríomhrioscaí an ghrúpa agus ar rioscaí a bhí ag teacht chun cinn, de réir mar a faomhadh na rioscaí sin ag tús na bliana, lenar áiríodh athbhreithniú ar athruithe ábhartha ar an bpróifíl rioscaí. |
| **Tuairiscí riosca** | Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú ar athruithe ar stádas na bpríomhrioscaí, lenar áiríodh éifeachtacht oibriú na rialuithe agus stádas na mbeart maolaithe. |
| **Cibear-riosca** | Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar chibear-riosca in éineacht leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca. Chuimsigh sé sin dearcadh seachtrach ar an timpeallacht cibear-riosca, agus clúdaigh sé dea-chleachtas i mbainistíocht cibear-riosca. Ina theannta sin, fuair an Coiste forléargas de chleachtadh bainistíochta cibearghéarchéime i rith na bliana. |
| **An rialachán ginearálta maidir le cosaint sonraí (RGCS)** | Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú ar na tuairiscí ráithiúla ar an riosca RGCS agus ar thuarascáil bhliantúil 2018 maidir le cosaint sonraí agus cheistigh sé iad. |
| **Brexit** | Tugadh mionsonraí don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca cúpla uair le linn na bliana maidir le socruithe teagmhasacha ESB chun dul i ngleic leis na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit mí-ordúil nó crua. |
| **Cód na Ríochta Aontaithe maidir le Rialachas Corparáideach** | Tugadh uasdátú don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca maidir leis an bpróiseas chun comhlíonadh Cód athbhreithnithe na Ríochta Aontaithe maidir le Rialachas Corparáideach a chinntiú, ar bhonn deonach, a mhéid is infheidhme le réasún. |
| **Lá 'riosca lasmuigh den láthair'** | Rinneadh cruinniú beartaithe den Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a mhéadú chun cuireadh a thabhairt don Bhord iomlán lá a chaitheamh ag déanamh mionscrúdú ar roinnt de na príomhrioscaí agus ar roinnt de na rioscaí atá ag teacht chun cinn. |

Ar bhonn an athbhreithnithe sin, deimhníonn an Bord an méid seo a leanas don bhliain 2019:

- Tá próiseas leanúnach ar bun chun príomhrioscaí an Ghrúpa a aithint, a mheas agus a bhainistiú
- Tá córais rialaithe inmheánaigh ar bun don bhliain atá á hathbhreithniú agus suas go dtí an dáta ar a bhfaomhfar an Tuarascáil Bhliantúil seo
- Tá na córais ag teacht le Treoir na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) maidir le Bainistíocht Riosca, Rialú Inmheánach agus an Tuairisciú Gaolmhar Airgeadais agus Gnó
- Sainaithníodh roinnt saincheisteanna comhshaoil, comhlíonta sábháilteachta agus tuairiscithe in ESB Networks i rith na bliana. Cuireadh clár de bhearta ceartaitheacha i bhfeidhm agus tá dul chun cinn maith déanta lena gcur i bhfeidhm.
- Níor aithníodh aon teip ná laige shuntasach eile san athbhreithniú, agus i gcás aon réimsí ar féidir feabhas a dhéanamh orthu, tá próisis ann lena chinntiú go nglacfar na bearta is gá agus go ndéanfar monatóireacht ar dhul chun cinn go dtí go gcuirfear i gcrích na bearta sin

Mar thoradh ar a rannpháirtíocht leanúnach agus a fhorbhreathnú ar ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh agus bainistithe riosca, tá an Bord sásta go bhfuil éifeachtacht ag baint i gcónaí leis an rialú inmheánach agus an bainistiú riosca.

## GNÓTHAS LEANTACH

Tá feidhmíocht, múnla gnó, straitéis agus príomhrioscaí agus éiginnteachtaí an Ghrúpa, chomh maith leis an gcaoi ina ndéantar na nithe sin a bhainistiú, leagtha amach sa tuarascáil maidir le straitéis agus feidhmíocht ar leathanaigh 7 go 77.

Tá cur síos ar staid airgeadais an Ghrúpa, a shreafaí airgid, a staid leachtachta agus a chuid saoráidí iasachtaíochta ar fáil san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanaigh 48 go 53. Áirítear le Nóta 28 na ráiteas airgeadais forbhreathnú ar bhainistíocht riosca airgeadais, sonraí maidir le hionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaithe an Ghrúpa, mar aon lena neamhchosaint ar rioscaí creidmheasa agus leachtachta.

Tá acmhainní airgeadais nach beag ag an nGrúpa agus creideann an Bord go bhfuil an Grúpa ar fónamh chun a chuid rioscaí a bhainistiú go rathúil. Tar éis fiosrúcháin iomchuí a dhéanamh, tá an Bord sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag ESB le leanúint ar aghaidh a bheith ag feidhmiú don am atá le teacht. Dá réir sin, tá an Bord fós ag dul i muinín bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le hullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa.

## RÁITEAS INMHARTHANACHTA

De réir Chód na Ríochta Aontaithe, rinne comhaltaí an Bhoird a bhfuil i ndán don Ghrúpa a mheasúnú thar thréimhse níos faide ná atá riachtanach nuair a ghlactar leis an mbonn gnóthais leantaigh don chuntasaíocht.

Rinneadh measúnú an Ghrúpa thar thréimhse cúig bliana, agus tá seo ag teacht leis an tréimhse ama atá i gceist i dtaca le próiseas pleanála gnó an Ghrúpa. Tá an measúnú bunaithe ar stádas reatha ESB agus a bhfuil i ndán dó a bhreithniú, chomh maith lena láidreacht airgeadais a choinneáil (leathanaigh 48 go 53), dul chun cinn de réir Straitéis ESB 2030 (leathanach 21), inghlacthacht riosca (leathanach 25), príomhrioscaí (leathanaigh 28 go 37) agus conas a bhainistítear iad sin uile.

Tá an Bord den tuairim gurb é an measúnú cúig bliana is oiriúnaí, mar tá sin ag teacht leis an bpróiseas pleanála gnó a dhéantar gach bliain, a dtacaíonn seisiúin eolais don Bhord ó na haonaid ghnó leis, mar aon le Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha (SPInna) chun dul chun cinn a thomhas. Sna réamh-mheastacháin sa phlean gnó, cuirtear sreafaí airgid, cistiú tiomanta agus staid leachtachta an Ghrúpa san áireamh, agus déantar iniúchadh iontu ar na riachtanais chistithe agus na cúnaint airgeadais a bheidh ann amach anseo, chomh maith le cóimheasa airgeadais tábhachtacha eile, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le rátálacha creidmheasa de ghrád infheistíochta a choinneáil. Cuirtear an mhéadracht sa phlean gnó faoi anailís íogaireachta, trí roinnt de na príomhbhoinn tuisceana taobh thiar den phlean a choigeartú chun sainmhéadracht airgeadais a mheas, amhail Glanfhiachas agus TRÚCDA (Tuilleamh Roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh), nuair a dhéantar an anailís chuí chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh bheith ag príomhrioscaí an Ghrúpa ar chúrsaí airgeadais dá dtarlóidís. Mar chuid de na próisis um Bainistíocht Riosca Fiontraíochta (ERM), aithnítear gach iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr príomhriosca ag teacht chun cinn agus, nuair is féidir agus is cuí, déantar an tionchar airgeadais a mheas. Ina theannta sin, aithníonn na próisis ERM an spleáchas atá idir príomhrioscaí, go háirithe maidir le tionchar.

Aithníonn an Bord an tábhacht a bhaineann le clár comhardaithe láidir a choimeád. Tá tábhacht straitéiseach le hoibríochtaí cistiúcháin an Ghrúpa agus tacaíonn siad le caiteachas caipitiúil, le hathmhaoiniú fiachais atá ag dul in aibíocht agus le leachtacht dhóthanach a choimeád. De réir straitéis bainistithe fiachais an Ghrúpa, dírítear ar phróifíl phunainne fiachais a bhfuil meascán éagsúil de chontrapháirtithe, foinsí cistíochta agus aibíocht ag baint léi. Cuireann áis creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa de €1.44 billiún leibhéal suntasach leachtachta teanntа ar fáil do ESB. Léiríonn staid cistiúcháin ESB a neart bunúsach airgeadais, agus rátálacha creidmheasa de BBB+ (nó a gcoibhéis) ar a laghad faighte ó gach ceann den trí mhórghníomhaireacht. Tá tuilleadh eolais faoi aibíocht fiachais leagtha amach ar leathanach 53.

Tá measúnú daingean déanta ag an mBord ar na príomhrioscaí atá roimh an nGrúpa. Lena hais sin, déantar tástáil maidir le leanúnachas gnó agus athshlánú ó thubaistí gach bliain chun measúnú a dhéanamh ar chásanna a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar an nGrúpa, agus ar an leibhéal maolaithe is féidir a chur i bhfeidhm i gcás na rioscaí sin. Tá tuilleadh eolais faoi na rioscaí sin agus faoin mbealach a bhfuil siad á mbainistiú agus á maolú le fáil ar leathanaigh 28 go 37.

Ar bhonn thorthaí na hanailíse thuas, tá ionchas réasúnta ag comhaltaí an Bhoird go bhféadfadh an Grúpa leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite le linn tréimhse cúig bliana a measúnú.

## 5 LUACH SAOTHAIR LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de réimse arna shocrú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Ceapadh Pat O'Doherty ina Phríomhfheidhmeannach ón 1 Nollaig 2011, agus ceapadh ina Chomhalta Boird é in Eanáir 2013 . Cuimsítear ina luach saothair tuarastal bliantúil de €318,083, carr cuideachta agus ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra. Is ball de Scéim Pinsean ESB é. Ní bhfuair sé aon íocaíochtaí i dtaca le feidhmíocht in 2019, i gcomhréir le beartas an Rialtais nach ceart do Phríomhfheidhmeannaigh cuideachtaí stáit a leithéid a fháil.

### LUACH SAOTHAIR CHOMHALTAÍ AN BHOIRD UM LUCHT SAOTHAIR

Is fostaithe de chuid ESB, a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977, Comhaltaí an Bhoird um Lucht Saothair. Is baill de Scéim Pinsean ESB iad. Tá comhaltaí an bhoird um lucht saothair i dteideal táille ar leith maidir lena ról mar chomhaltaí boird.

### LUACH SAOTHAIR DO CHOMHALTAÍ NEAMHSPLEÁCHA AN BHOIRD

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a shocraíonn luach saothair na gComhaltaí Neamhspleácha den Bhord (lena n-áirítear an Cathaoirleach) agus ní fhaigheann siadsan pinsin ná aon chineál eile luach saothair. Tá na téarmaí agus coinníollacha leagtha amach sa litir cheapacháin, atá ar fáil ar iarratas ó Rúnaí na Cuideachta.

### CAITEACHAIS NA gCOMHALTAÍ BOIRD

Ionas go gcomhlíonfaí an Cód Stáit, ní mór go mbeadh nochtadh ann maidir le speansais a íoctar le comhaltaí Boird. Le linn 2019, aisíocadh €68,304 le comhaltaí Boird, nó íocadh é thar a gceann, as costais taistil, lóistín agus costais ghaolmhara eile. Ní áirítear leo sin costais an Phríomhfheidhmeannaigh ná costais Chomhaltaí an Bhoird um Lucht Saothair i ndáil lena ndualgais mar fheidhmeannach nó mar fhostaithe, faoi seach.

### LUACH SAOTHAIR CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

| CATHAOIRLEACH | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ellvena Graham OBE | 31,500 | 31,500 |

| PRÍOMHFHEIDHMEANNACH | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 318,083 | 318,083 |
| Sochair inchánach | 15,570 | 15,570 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 52,166 | 52,166 |
| | **385,819** | **385,819** |

| COMHALTAÍ NEAMHSPLEÁCHA DEN BHORD/COMHALTAÍ BOIRD IS OIBRITHE | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Anne Butler | 15,750 | 15,750 |
| Dave Byrne | 15,750 | 15,750 |
| Stephen Carrig[1] | 15,750 | - |
| Andrew Hastings | 15,750 | 15,750 |
| Seán Kelly | 15,750 | 15,750 |
| Paul Lynam | 15,750 | 15,750 |
| Tony Merriman | 15,750 | 15,750 |
| Peter O'Sullivan[3] | - | 15,750 |
| Noreen O'Kelly | 15,750 | 10,816 |
| Alf Smiddy | 15,750 | 15,750 |
| Noreen Wright | 15,750 | 15,750 |
| | **157,500** | **152,556** |

[1] Ceapadh é ar an 1 Eanáir 2019.
[2] Tharscaoil O'Kelly Uasal cuid dá táillí Boird in 2018
[3] D'imigh sé ar scor in 2019



# TUAIRISC AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA



## RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Thar ceann an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, is mór agam Tuairisc an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 a chur faoi bhur mbráid. Is é cuspóir na tuarascála ná léargas a thabhairt ar oibriúcháin an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca i gcaitheamh an dá mhí dhéag atá curtha dínn. Dearbhaím gur chomhlíon an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a bhfreagrachtaí mar a sonraíodh iad ina théarmaí tagartha agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód Stáit) agus faoi Chód na Ríochta Aontaithe maidir le Rialachas Corparáideach 2018 (Cód na Ríochta Aontaithe), ar bhonn deonach a mhéid is infheidhme le réasún.

Faoi Chód na Ríochta Aontaithe, tá freagracht ar an mBord a dhearbhú gur cóir, cothrom agus intuigthe iad an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais ar an iomlán, agus go soláthraíonn siad an fhaisnéis riachtanach go léir do scairshealbhóirí / pháirtithe leasmhara chun gur féidir leo feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas.

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais, agus tá sé sásta go gcomhlíontar na critéir sin iontu agus gur féidir iad a mholadh don Bhord lena bhfaomhadh. Bhreithnigh an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca saincheisteanna móra freisin i ndáil leis na ráitis airgeadais agus leis an gcaoi ar tugadh aghaidh ar na saincheisteanna úd. Tá achoimre le fáil ar an obair seo ar leathanaigh 97 go 98.

D'athbhreithnigh an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca na nósanna imeachta maidir le comhlíonadh agus calais, agus d'fhaomh sé beartas nuashonraithe ar Sceithireacht agus Nochtuithe Cosanta agus beartas nuashonraithe in aghaidh na Breabaireachta, an Éillithe agus na Calaoise. Aidhm na mbeartas sin ná an treoir a thugtar d'fhostaithe maidir leis na bearta is gá a dhéanamh sa chás go dtiocfaidís ar éagóir nó ar chalaois amhrasta a fheabhsú agus a shoiléiriú tuilleadh.

Ina theannta sin, rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú ar chásanna calaoise agus calaoise amhrasta le linn na bliana, agus rinne siad measúnú ina leith.

Coinneoidh an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a chuid gníomhaíochtaí faoi athbhreithniú lena chinntiú go ndéanfar machnamh iomlán ar fhorbairtí na todhchaí i ndáil le saothar an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca. Tá achoimre ar fhreagrachtaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le fáil ar leathanach 96 agus leagtar amach iad ina n-iomláine ina théarmaí tagartha. Faoi láthair, tá ceathrar Comhaltaí Neamhspleácha den Bhord ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, a bhfuil a sonraí beathaisnéise le fáil ar leathanaigh 81 agus 83. Tá réimse leathan taithí agus cumais ó réimse leathan tionscal ar a dtoil ag na comhaltaí, agus is gné ríthábhachtach é sin den rialachas éifeachtach. Tá an Bord tar éis a dhearbhú gur comhalta neamhspleách é gach comhalta den Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus go sásaíonn na comhaltaí riachtanais an Chóid Stáit agus Chód na Ríochta Aontaithe i dtaca le taithí ábhartha airgeadais le blianta beaga anuas agus i dtaca le hinniúlacht maidir leis an earnáil ina bhfuil an Grúpa ag feidhmiú.

Cuimsíonn na príomhréimsí a mbeidh an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ag díriú orthu in 2020:

- Díreofar go leanúnach ar chibear-rioscaí, ar thionchar na dteicneolaíochtaí nua agus ar fhorbairtí breise ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)
- Díreofar go leanúnach ar chúrsaí eitice agus ar an gcreat comhlíonta
- Déanfar monatóireacht agus measúnú ar thuairisciú ESG (Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas) an Ghrúpa i gcomhthéacs na Tuarascála Bliantúla

BHÍ SEACHT GCRUINNIÚ AG AN GCOISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ RIOSCA I RITH 2019. LEAGTAR AMACH ANSEO THÍOS SONRAÍ CHOMHALTAÍ AN CHOISTE, FAD A DTRÉIMHSÍ SEIRBHÍSE, AGUS LÍON NA GCRUINNITHE AR AR FHREASTAIL SIAD:

| COMHALTAÍ | AINMNIÚ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|---|---|
| Noreen O'Kelly, Cathaoirleach[1] | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 6 bliana agus 6 mí | 7 |
| Andrew Hastings[2] | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 4 bliana agus 3 mhí | 7 |
| Alf Smiddy[1] | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 3 bliana | 7 |
| Noreen Wright3 | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 4 bliana agus 3 mhí | 7 |

[1] Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann
[2] Taithí ar bhaincéireacht shinsearach agus ar sheirbhísí airgeadais
[3] Abhcóide Cáilithe a bhfuil taithí aici ar an earnáil fuinnimh mar thoradh ar na róil a glac sí roimhe seo in Northern Ireland Electricity Networks plc.

## PRÍOMHCHUSPÓIRÍ

Leagtar amach ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ina théarmaí tagartha, ar féidir teacht ar chóip díobh ar láithreán gréasáin ESB, www.esb.ie. Leagtar amach dualgais an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca sna téarmaí tagartha faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tuairisciú Airgeadais
- Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca
- Comhlíonadh, Sceithireacht agus Calaois
- Iniúchóireacht Inmheánach
- Iniúchóireacht Sheachtrach

| DUALGAS | GNÍOMHAÍOCHTAÍ A CUIREADH I bhFEIDHM IN 2019 |
|---|---|
| **Tuairisciú Airgeadais**<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais lena chinntiú go bhfuil siad cóir, cothrom agus intuigthe ar an iomlán agus gur cuireadh na caighdeáin, na meastacháin agus na breithiúnais chuntasaíochta chuí i bhfeidhm | ▪ Athbhreithniú ar shoiléire agus ar iomláine an mhéid a nochtar sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais agus an fhaisnéis nithiúil a cuireadh faoi bhráid sa tuarascáil agus sna ráitis<br>▪ Athbhreithniú ar Thuarascáil Bhliantúil agus ar ráitis airgeadais ESB lena chinntiú go raibh siad cóir, cothrom agus intuigthe<br>▪ Breithniú agus ceistiú ar na modhanna ar baineadh leas astu chun cuntas a thabhairt ar idirbhearta suntasacha nó neamhghnácha agus an chaoi ar cuireadh faoi bhráid agus ar nochtadh iad sna ráitis airgeadais<br>▪ Athbhreithniú ar cé acu ar chuir nó nár chuir an Grúpa caighdeáin chuntasaíochta agus meastacháin agus breithiúnais iomchuí i bhfeidhm, i bhfianaise thuairimí na n-iniúchóirí seachtracha<br>▪ Athbhreithniú ar bhonn tuisceana gnóthais leantaigh/ráiteas inmharthanachta<br>▪ Athbhreithniú ar na torthaí eatramhacha lena mbaineann ráitis airgeadais agus nótaí míniúcháin<br>▪ Athbhreithniú agus plé ar na teachtaireachtaí tábhachtacha a bhí sna foilseacháin maidir le torthaí airgeadais<br>▪ Athbhreithniú ar ráitis airgeadais rialála ESB agus iad a mholadh chuig an mBord lena bhfaomhadh<br>▪ Athbhreithniú ar ráitis airgeadais ESB Finance DAC agus iad a mholadh chuig Bord ESB Finance DAC lena bhfaomhadh |
| **Rialú inmheánach agus bainistíocht riosca**<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca | ▪ Athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa<br>▪ Athbhreithniú ar na socruithe le haghaidh pleanáil leanúnachais gnó agus bainistíocht géarchéime<br>▪ Athbhreithniú ar Bheartas Bainistíochta Riosca agus Creat Rialachais ESB, ar an bPlean Riosca agus ar Thuairiscí Riosca rialta, agus iad sin molta don Bhord lena bhfaomhadh<br>▪ Plé ar athbhreithniú mionsonraithe den chibearslándáil agus ar an tionchar a bheidh ag teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn<br>▪ Plé déanta ar an t-eolas is déanaí faoi mheasúnuithe ar Brexit<br>▪ Athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil um Chosaint Sonraí |
| **Comhlíonadh, sceithireacht agus calaois**<br>Athbhreithniú ar dhóthanacht agus slándáil na socruithe d'fhostaithe agus conraitheoirí chun cúiseanna imní a ardú, faoi rún, i dtaca le héagóir fhéideartha i dtuairisciú airgeadais nó aon ábhair eile | ▪ Athbhreithniú ar na rialuithe agus ar na nósanna imeachta atá ann chun dearbhú a thabhairt maidir le comhlíonadh oibleagáidí reachtúla<br>▪ Athbhreithniú ar na nósanna imeachta agus na beartais chun calaois a chosc agus a aithint, agus cuireadh ar an eolas muid i leith aon chásanna calaoise nó calaoise amhrasta<br>▪ Athbhreithniú ar leordhóthanacht agus ar slándáil na socruithe chun cúiseanna imní a ardú, faoi rún, i dtaca le héagóir fhéideartha um thuairisciú airgeadais nó ábhair eile<br>▪ Athbhreithniú agus plé ar an t-eolas is déanaí maidir le stádas fiosrúchán i dtaobh nochtuithe cosanta féideartha<br>▪ Athbhreithniú agus faomhadh beartas nuashonraithe maidir le Sceithireacht agus Nochtuithe Cosanta<br>▪ Athbhreithniú agus faomhadh beartas nuashonraithe in aghaidh na Breabaireachta, an Éillithe agus na Calaoise<br>▪ Athbhreithniú ar an ullmhacht maidir le Cód athbhreithnithe Corparáideach na Ríochta Aontaithe a chur i bhfeidhm<br>▪ Athbhreithniú ar an t-eolas is déanaí faoi RGCS |
| **Iniúchóireacht inmheánach**<br>Monatóireacht agus measúnú ar ról agus ar éifeachtacht fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí | ▪ Athbhreithniú ar an bplean iniúchóireachta inmheánaí agus monatóireacht ar an dul chun cinn i gcomparáid leis an bplean sin chun éifeachtacht na feidhme a mheas<br>▪ Athbhreithniú ar thuairiscí ina mionsonraítear torthaí príomhiniúchóireachtaí, freagra an lucht bainistíochta agus tráthúlacht réiteach na ngníomhartha<br>▪ Cruinniú le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair<br>▪ Athbhreithniú ar phríomhtháscairí feidhmíochta maidir leis an iniúchóireacht inmheánach |
| **Iniúchóireacht Sheachtrach**<br>Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus inniúlacht na n-iniúchóirí seachtracha agus athbhreithniú ar thorthaí an iniúchta i gcomhar leis na hiniúchóirí seachtracha | ▪ Measúnú ar éifeachtacht an phróisis iniúchóireachta seachtraí, lena n-áirítear neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an iniúchóra<br>▪ Athbhreithniú agus ceistiú an phlean a bhí molta don iniúchóireacht sheachtrach lena chinntiú go raibh gach príomhriosca aitheanta ag PwC agus go raibh nósanna imeachta iniúchóireachta láidre forbartha acu<br>▪ Athbhreithniú ar an tuairisc ó PwC faoina iniúchadh ar na ráitis airgeadais agus a chuid freagraí ar na saincheisteanna cuntasóireachta agus rialaithe airgeadais, agus ar aon saincheisteanna iniúchóireachta eile<br>▪ Breithniú agus athbhreithniú ar sheirbhísí neamh-iniúchóireachta arna gcur ar fáil ag PwC agus comhlíonadh beartas ESB<br>▪ Cruinniú leis na hiniúchóirí seachtracha gan an lucht bainistíochta sinsearaí a bheith i láthair, a thug an deis do PwC aon chás a thabhairt le fios go rúnda<br>▪ Athbhreithniú ar mholtaí PwC ó thaobh an rialaithe inmheánaigh de agus ar fhreagra na bainistíochta ar na moltaí sin |



## TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS

Faigheann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca na ráitis airgeadais idirbhliana agus deireadh na bliana ó na bainisteoirí lena mbreithniú, chomh maith le tuarascálacha ón bhfoireann iniúchóireachta inmheánaí, agus pléann an Coiste straitéis agus fócas iniúchóireachta na n-iniúchóirí seachtracha.

Agus faisnéis ó na gníomhaíochtaí sin á cur san áireamh, rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca na príomhréimsí breithiúnais i ráitis airgeadais an Ghrúpa a shainaithint i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Luach tugtha anonn sócmhainní fadsaolacha agus cáilmheas
- Oibleagáidí pinsin
- Dliteanais theagmhasacha dhlíthiúla agus nochtadh

Pléadh na saincheisteanna sin leis na bainisteoirí i rith na bliana, agus leis na hiniúchóirí tráth a ndearna an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú agus comhaontú ar phlean iniúchóireachta na n-iniúchóirí don Ghrúpa, agus an plé sin mar chuid d'athbhreithniú na n-iniúchóirí ar na ráitis airgeadais idirthréimhseacha leathbhliantúla agus nuair a bhí an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais deireadh bliana curtha i gcrích.

| CEISTEANNA SUNTASACHA A BREITHNÍODH | CONAS A CHUAIGH AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ RIOSCA I NGLEIC LE FADHBANNA |
|---|---|
| **LUACH TUGTHA ANONN SÓCMHAINNÍ FADSAOLACHA AGUS CÁILMHEAS**<br>**Punann giniúna Phoblacht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe**<br>Tugadh faoi athbhreithnithe bearnúcháin ar shócmhainní giniúna Phoblacht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, i gcás inarbh gá, lena chinntiú go dtiocfadh na luachanna tugtha anonn le réamhaisnéisí ar shreafaí airgid lascainithe na todhchaí.<br><br>**Tarchur líonraí agus dáileadh sócmhainní fadsaolacha**<br>Amhail ar an 31 Nollaig 2019, ní raibh aon táscairí maidir le bearnúchán i luach tugtha anonn bhonn sócmhainní ESB Networks (€8.1 billiún), a chinneann an t-ioncam rialaithe atá le tuilleamh amach anseo.<br><br>**Sócmhainní fadsaolacha agus cáilmheas Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)**<br>Amhail an 31 Nollaig 2019, ní raibh aon táscairí maidir le bearnúchán i luach tugtha anonn bhonn sócmhainní NIE Networks (£1.6 billiún), a chinneann an t-ioncam rialaithe atá le tuilleamh amach anseo.<br><br>Amhail an 31 Nollaig 2019, aithníodh go raibh cáilmheas €178 milliún sa ghnóthas NIE Networks. Ar an ábhar sin, tugadh faoi thástáil bhliantúil bearnúcháin ar luach tugtha anonn NIE Networks i gcomhréir le IAS 36 agus níor ghá laghdú a dhéanamh ar luach an cháilmheasa. I nóta 14 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, tugtar míniú iomlán ar na breithiúnais shuntasacha a úsáidtear chun an tástáil seo a chur i gcrích. | Aithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go bhfuil réimse cinntí breithiúnais taobh thiar de na hathbhreithnithe bearnúcháin maidir le luach anonn sócmhainní, agus braitheann na cinntí sin go mór ar na boinn tuisceana a úsáidtear chun luach úsáide na sócmhainní faoi thástáil a mheas.<br>Chun cabhrú leo an cinneadh a dhéanamh ó thaobh an mhuirir bearnúcháin de, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an méid seo a leanas:<br>▪ Rinne siad plé ar pháipéir mhionsonraithe arna n-ullmhú agus arna gcur i láthair ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa, lenar áiríodh sonraí faoi na modheolaíochtaí agus na boinn tuisceana a cuireadh i bhfeidhm chun na luachanna in-aisghabhála a fháil amach, a chuimsigh na rátaí lascaine agus na boinn tuisceana margaidh agus taraife a úsáideadh<br>▪ Cheistigh an Coiste na boinn tuisceana agus na réamh-mheastacháin a cuireadh i láthair sna doiciméid<br>▪ Phléigh siad an anailís íogaireachta a cuireadh ar fáil, lenar áiríodh cásanna le rátaí lascaine difriúla agus cásanna le boinn tuisceana margaidh agus taraife dhifriúla<br>▪ Breithniú déanta ar thuairisciú agus ar thorthaí mionsonraithe na n-iniúchóirí seachtracha<br>I ndiaidh an athbhreithnithe thuas, tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca sásta le cur chuige an athbhreithnithe bearnúcháin, leis na príomhbhoinn tuisceana a úsáideadh agus leis na hathruithe a léirítear i nóta 7 de na Ráitis Airgeadais. |
| **OIBLEAGÁIDÍ PINSIN - SCÉIM PINSEAN LE SOCHAR SAINITHE ESB (AN SCÉIM)**<br>I gcomhréir le Sochair Fostaithe IAS 19, léiríonn ESB a gcuid oibleagáidí tiomnaithe reatha ar an gclár comhordaithe, mar a leagtar amach i Nóta 23 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tá an nós sin bunaithe ar na príomhthosca seo a leanas, nár tháinig aon athrú orthu sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.<br>▪ Tá an Scéim cláraithe leis an Údarás Pinsean mar Scéim Sochair Sainithe. Leagtar síos i rialacháin na Scéime na sochair atá le cur ar fáil, agus sonraítear na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill atá ag íoc isteach sa scéim freisin.<br>▪ Ní gnáthscéim Sochair Sainithe den chineál "iarmhéid na gcostas" í an Scéim (áit a mbíonn an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a íoc chun na sochair a mhaoiniú). Níl sé ar intinn ag ESB go ndéanfaí aon ranníocaíochtaí breise seachas na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha, chomh maith le hiarmhéid ranníocaíochta breise ESB, ar fiú €591 milliún í (geallta faoin gComhaontú Pinsean 2010).<br>▪ I gcás go dtiocfadh easnamh aníos amach anseo, bheadh sé ina cheangal ar ESB faoi rialacháin na Scéime dul i gcomhairle leis na páirtithe sa Scéim. Ní bheadh aon dualgas ar ESB, áfach, ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a chinntiú dá mbeadh easnamh ann agus ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan chomhaontú ESB agus gan faomhadh an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.<br>▪ Dhearbhaigh Achtúire na Scéime i rith 2019 go bhfuil sócmhainní na Scéime, ar bhonn achtúireach, cothrom i gcoitinne lena dliteanais amhail ag deireadh 2018. Tá gannchion ann faoi láthair, áfach, i gcás foirceann de réir tástála ar a dtugtar Caighdeán Íosmhaoinithe (MFS). Tá plean maoinithe nua á thabhairt chun críche faoi láthair ag na hIontaobhaithe chun dul i ngleic leis an easnamh san MFS. Meastar go gcuirfear an plean faoi bhráid an Údaráis Pinsean i ndiaidh a fhaofa ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Níl sé beartaithe ag ESB go ndéanfaí ranníocaíocht ar bith eile, seachas na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha agus íocfar iarmhéid ranníocaíochta breise na Cuideachta de €591.0 milliún. | Ní mór breithiúnas a chleachtadh i gcuntasaíocht na n-oibleagáidí atá le léiriú sna ráitis airgeadais. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta gurb í an cur chuige cuí cuntasaíochta, arna chinneadh de réir IAS 19 Sochair Fostaithe, ná a chuid oibleagáidí reatha geallta a léiriú, mar atá leagtha amach sna nótaí leis na ráitis airgeadais. |

| CEISTEANNA SUNTASACHA A BREITHNÍODH | CONAS A CHUAIGH AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ RIOSCA I nGLEIC LE FADHBANNA |
| --- | --- |
| **DLITEANAIS THEAGMHASACHA DHLÍTHIÚLA AGUS NOCHTADH**<br><br>De dheasca na tuile i gCorcaigh i mí na Samhna 2009, thug Aviva, atá ina árachóir ar Choláiste na hOllscoile, Chorcaí (UCC), caingean dlí ar ESB san Ard-Chúirt ag iarraidh €19 milliún a aisghabháil as damáiste a rinneadh de mhaoin. Ar an 5 Deireadh Fómhair 2015 thug an Ard-Chúirt a bhreithiúnas uaidh sa chás agus chinn sé go raibh ESB faoi dhliteanas 60% as an damáiste a rinneadh, agus go raibh faillí rannpháirteach 40% déanta ag UCC ina leith.<br><br>Bunaithe ar chomhairlí dlí a fuarthas, rinne ESB achomharc in aghaidh an chinnidh os comhair na Cúirte Achomhairc. An 20 Márta 2018, thug an Chúirt Achomhairc a breithiúnas ina fuarthas nach bhfuil ESB dlite as damáiste ar bith a rinneadh do mhaoin UCC de dheasca na tuile. I nDeireadh Fómhair 2018, thug an Chúirt Uachtarach cead do UCC achomharc in aghaidh bhreithiúnas na Cúirte Achomhairc a dhéanamh. D'éist an Chúirt Uachtarach an t-achomharc go luath i mí Iúil 2019 agus rinneadh breithiúnas na Cúirte a fhorchoimeád. Meastar go bhféadfaí an Chúirt Uachtaraí a breithiúnas a thabhairt faoi dheireadh R1 2020. Tá an cheist maidir le costais dhlíthiúla na gcásanna Ard-Chúirte agus Cúirte Achomhairc ar feitheamh go dtí go gheobhfar amach toradh an achomhairc sa Chúirt Uachtarach.<br><br>Sa bhreis ar an éileamh a rinne UCC, ó thug an Ard-Chúirt an breithiúnas i gcás UCC, tá 388 sraith d'imeachtaí dlí seirbheáilte ar ESB a bhaineann leis an tuile i gCorcaigh i Samhain 2009. Níl sonraí faighte fós faoi na méideanna atá á n-éileamh i ndáil leis na himeachtaí seo, agus dá bhrí sin ní féidir meastúchán iontaofa a dhéanamh maidir lena gcostas (mura seasfadh an Chúirt Uachtarach le cinneadh na Cúirte Achomhairc) faoi láthair. Bíodh sin mar atá, níl ESB ag súil go ndéanfadh méid iomlán na ndámhachtainí damáiste, más ann, agus na costais lena mbaineann i ndáil le gach caingean dlí, lena n-áirítear caingean Aviva/UCC, a chlúdach árachais is infheidhme a shárú.<br><br>Ar bhonn na comhairle dlí inmheánaí agus seachtraí atá faighte, agus de bharr gurb é achomharc UCC (nach gcreideann ESB go n-éireoidh leis) an t-aon achomharc atá ar bun, níl foráil déanta d'éilimh den sórt sin sna ráitis airgeadais. Féach ar na nótaí sa Ráiteas Airgeadais le haghaidh tuilleadh sonraí. | Maidir le héilimh dlí, aithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca nach mór breithiúnas a fháil maidir leis an leibhéal cuí nochtadh agus soláthar.<br><br>Mar bhunús leis an gcinneadh maidir leis an éileamh a rangú mar dhliteanas teagmhasach, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an obair seo a leanas:<br><br>▪ An chomhairle dlí inmheánach agus sheachtrach i dtaca leis an gcás a bhreithniú<br>▪ Tuairimí an lucht bainistíochta a cheistiú nuair is gá<br>▪ Ar bhonn na hoibre sin, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta gur dliteanas teagmhasach é an t-éileamh agus gurb iomchuí é gan soláthar a dhéanamh i dtaca le cás UCC agus cásanna bainteacha eile atá le réiteach. |

An cur síos thuas ar na ceisteanna suntasacha a cuireadh san áireamh, ba chóir é a léamh i gcomhar le Tuairisc na nIniúchóirí Seachtracha ar leathanaigh 110 go 116 agus leis an ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta a nochtar i nóta 1 de na ráitis airgeadais ar leathanach 125.



## CÓIR, COTHROM AGUS INTUISCEANA

Ar iarratas an Bhoird, rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca breithniú ar cé acu, ina thuairimsean, an bhfuil nó nach bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais cóir, cothrom agus intuigthe, ar an iomlán, agus an dtugtar an fhaisnéis riachtanach go léir iontu do scairshealbhóirí / do pháirtithe leasmhara ionas gur féidir leo feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas. Déantar breithniú ar cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear an fhaisnéis i láthair ar bhealach soiléir achomair, a sheachnaíonn béarlagair, agus atá intuigthe don léitheoir.

Chun cabhrú leis an bpróiseas chun tacú le ráiteas measúnaithe cóir, cothrom agus intuisceana, d'ullmhaigh na bainisteoirí tuairisc le haghaidh an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca inar leagadh amach na príomhghnéithe a cuireadh san áireamh agus an ráiteas á dhéanamh, agus chun cabhrú lena cheistiú agus lena thástáil ar mheasúnú cóir, cothrom intuisceana.

Agus iad ag iarraidh teacht ar thátal, bhreithnigh an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca na nithe seo a leanas:

- Go luath sa phróiseas, fuair gach comhalta Boird cóip den Tuarascáil Bhliantúil agus de na Ráitis Airgeadais chun athbhreithniú a dhéanamh orthu lena chinntiú go raibh príomhphointí na Tuarascála Bliantúla ag teacht le seasamh, feidhmíocht agus straitéis an Ghrúpa agus go raibh na codanna insinte sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht leis na ráitis airgeadais
- Go raibh próiseas daingean curtha ar bun ag na bainisteoirí chun an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, lenar áiríodh luathphleanáil, i bhfianaise athruithe rialála agus dea-chleachtas
- Sa tuarascáil tríd síos, tá céimeanna curtha ar fáil chun na spriocanna straitéiseacha a ghnóthú
- Go raibh na príomhtháscairí feidhmíochta a úsáideadh agus ar tuairiscíodh orthu sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht leis na cinn a thug na bainisteoirí don Bhord i gcaitheamh na bliana
- Athbhreithniú ar na sonraí agus an fhaisnéis a chuimsigh Iniúchóireacht Inmheánach sa Tuarascáil Bhliantúil
- Athbhreithniú ar thuarascáil na n-iniúchóirí seachtracha
- Go ndearnadh tagairt leordhóthanach sa Tuarascáil Bhliantúil do gach teagmhas agus saincheist thábhachtach, idir dhearfach agus dhiúltach, a tuairiscíodh chuig an mBord le linn na bliana

Tar éis dó a athbhreithniú a dhéanamh, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca den tuairim go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais cóir, cothrom agus intuigthe, ar an iomlán, agus go dtugtar an fhaisnéis riachtanach go léir iontu do scairshealbhóirí / do pháirtithe leasmhara chun feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas.

## ÉIFEACHTACHT AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Déantar feidhmíocht an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a mheas mar chuid de phróiseas measúnaithe an Bhoird. Ba é ceann de thorthaí na meastóireachta sin an dúshlán a chruthaíonn an réimse agus an méid ábhair a bhí le breithniú ag an gCoiste, i bhfianaise a théarmaí fairsinge tagartha. Ghlac an Coiste leis gur fadhb choitianta do Choistí um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca é sin agus gur próiseas dinimiciúil ó nádúr é ina gcaithfidh an Coiste agus an bhainistíocht oibriú le chéile ar bhealach tacúil. Chun é sin a bhaint amach, buaileann cathaoirleach an Choiste leis an mbainistíocht go rialta lena chinntiú go ndéantar príomhábhair a aithint agus a thuairisciú ar bhealach atá chomh gonnta agus is féidir leis a bheith. Ar na bearta a rinneadh chun an éifeachtacht a fheabhsú, forbraíodh taifid bheart iarchruinnithe chun cabhrú le hobair leantach tráthúil ar cheisteanna an Choiste agus tugadh faoi athbhreithniú iomlán ar thuairisciú an Choiste chun measúnú a dhéanamh ar an riachtanas leanúnach le tuairisciú don Choiste, minicíocht an tuairiscithe sin agus ábhar na dtuairiscí. Ullmhaíodh tuarascáil deireadh bliana don Choiste inar rinneadh athbhreithniú ar na hábhair a cuireadh faoi bhráid an Choiste trí thagairt a dhéanamh dá théarmaí tagartha agus dá chlár oibre bliantúil chun dearbhú a thabhairt gur chlúdaigh an Coiste a fhreagrachtaí maoirseachta ar bhealach leordhóthanach.

## INIÚCHÓIREACHT SHEACHTRACH

### Caighdeán na hIniúchóireachta

Chun cloí le hardchaighdeáin iniúchóireachta agus chun dearbhú a thabhairt maidir le hiontaofacht an tuairiscithe airgeadais, déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú agus ceistiú ar an bplean iniúchóireachta seachtraí atá molta, lena n-áirítear a réimse agus a ábharthacht, roimh é a fhaomhadh, lena chinntiú go bhfuil na hiniúchóirí seachtracha tar éis na príomhrioscaí iniúchóireachta a aithint agus tar éis cur chuige daingean a fhorbairt. Breithníonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca freagairt na n-iniúchóirí seachtracha ar cheisteanna cuntasaíochta, rialaithe airgeadais agus iniúchóireachta de réir mar a thagann siad aníos, agus buaileann an Coiste leo ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair, rud a thugann deis do na hiniúchóirí seachtracha aon cheisteanna a ardú faoi rún. Bhí cruinniú príobháideach ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le PwC i bhFeabhra 2020.

### Plé leis na hiniúchóirí seachtracha

Tá tuarascáil faighte ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ó na hiniúchóirí seachtracha maidir le torthaí na hiniúchóireachta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na réimsí breithiúnacha atá sonraithe ar leathanaigh 97 go 98, agus rinneadh an tuarascáil sin a phlé.
Tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar na cuir i láthair agus na tuarascálacha ón lucht bainistíochta agus ó iniúchóireacht inmheánach, agus tuairimí na n-iniúchóirí seachtracha a chur san áireamh, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta go bhfuil aghaidh tugtha go cuí sna ráitis airgeadais ar na breithiúnais chriticiúla agus ar na príomh-mheastacháin. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta freisin gur scrúdaíodh go hiomchuí na boinn tuisceana shuntasacha a úsáideadh chun luach sócmhainní agus dliteanas a chinneadh, agus go bhfuil siad sách daingean.

Le linn na bliana, tharla cumarsáid oscailte leanúnach idir ESB agus PwC maidir le ceisteanna reatha de réir mar a tháinig siad sin aníos.

### Neamhspleáchas

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca measúnú ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí ar bhonn leanúnach. Breithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ceapachán na n-iniúchóirí seachtracha gach cúig bliana, agus bíonn an próiseas sin faoi réir ag tairiscint phoiblí. Cuireadh an próiseas tairisceana deireanach i gcrích in 2016.

Déantar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúchóirí a chosaint trí réimse beart rialaithe, ar a n-áirítear:

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

- Srian a chur le cineál agus luach na seirbhísí neamh-iniúchóireachta a dhéanann na hiniúchóirí seachtracha, mar atá cuimsithe faoin mbeart le haghaidh seirbhísí neamh-iniúchóireachta
- Na hathruithe reachtaíochta a bhaineann le neamhspleáchas agus oibiachtúlacht iniúchóirí a mhonatóiriú
- Dearbhú ó PwC go bhfuil cosaintí inmheánacha cuí acu atá ag teacht leis na caighdeáin ábhartha
- An comhpháirtí iniúchóireachta a athrú gach cúig bliana
- Deiseanna a chur ar fáil chun bualadh go príobháideach leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Éifeachtacht na n-iniúchóirí seachtracha a athbhreithniú go bliantúil
- Dearbhú neamhspleáchais a fháil ó na hiniúchóirí seachtracha gach bliain

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta go bhfuil PwC neamhspleách neamhchlaonta.

### Éifeachtacht an iniúchóra

Déantar éifeachtacht na n-iniúchóirí seachtracha a athbhreithniú gach bliain, agus aiseolas ó cheistiúchán de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le measúnú na n-iniúchóirí seachtracha á chur san áireamh. Tá an mheastóireacht dírithe ar réimsí amhail stóinseacht an phróisis iniúchóireachta, an fhoireann iniúchóireachta, cumarsáid agus rialachas.
Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta san iomlán le héifeachtacht na hiniúchóireachta seachtraí ar bhunús chaighdeán na gcur i láthair a rinneadh, mheasúnú na mbainisteoirí ar an bpróiseas iniúchóireachta, iniúlacht theicniúil PwC agus láidreacht a dtuisceana ar ghnó ESB.

Rinneadh athbhreithniú foirmiúil in 2019 ar éifeachtacht an phróisis sheachtraigh. Bhuail comhaltaí den Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le hionadaithe ó Chomhlacht Leasa Phoiblí (PIB) de chuid PwC freisin chun caighdeán agus éifeachtacht na hiniúchóireachta seachtraí a phlé.

### Seirbhísí neamh-iniúchóireachta

Tá beartas faofa ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca maidir le hiniúchóirí seachtracha ESB a cheapadh le haghaidh seirbhísí neamh-iniúchóireachta, beartas a chuimsíonn cur i bhfeidhm Rialachán agus Treoir Iniúchta an AE maidir le seirbhísí neamh-iniúchóireachta i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil Uimh. 312/2016 - Aontas Eorpach (Iniúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/EC, arna leasú ag Treoir 2014/56/EU, agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014), le Rialacháin 2016 in Éirinn agus leis an gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí arna eisiúint in Aibreán 2017 ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta Éireann (IAASA).

Leagtar amach sa bheartas na socruithe rialachais a bhaineann le soláthar seirbhísí neamh-iniúchóireachta. Áirítear sa bheartas liosta seirbhísí coiscthe, míniú ar na socruithe rialachais a bhaineann le soláthar a leithéid de sheirbhísí, agus na socruithe idirlinne i gcomhair seirbhísí ceadaithe neamh-iniúchóireachta ar cuireadh tús leo sular ceapadh PwC. Áirítear sa bheart leasaithe, próiseas formheasa sonraithe, agus comhlíonann sé nósanna imeachta soláthair ESB agus leibhéil údaráis an Ghrúpa.

Toisc gurb é 2020 an ceathrú bliain a rinne PwC an iniúchóireacht, déanfar an beartas a nuashonrú i gcomhréir le Rialachán Iniúchta an AE, lenar bunaíodh, i gcás go mbeadh seirbhísí neamh-iniúchóireachta ('NAS') á soláthar ag iniúchóir reachtúil nó ag gnólacht iniúchóireachta don Eintiteas Leasa Phoiblí (PIE) a ndearnach iniúchadh air ar feadh trí bliana airgeadais i ndiaidh a chéile nó níos mó, go gcuirfí srian leis na táillí iomlána as seirbhísí den chineál sin sa cheathrú bliain sa chaoi gurb ionann iad as 70%, ar a mhéad, de mheánmhéid na dtáillí iomlána a íocadh sna trí bliana deireanacha i ndiaidh a chéile as iniúchadh reachtúil a dhéanamh ar an eintiteas iniúchta agus, i gcás inarb infheidhme, ar a mháthairghnóthas, a ghnóthais rialaithe agus ar ráiteas chomhdhlúite airgeadais an ghrúpa gnóthas sin.

Aon táillí a thuilleann iniúchóirí seachtracha ESB i dtaca le seirbhísí neamh-iniúchóireachta in aon bhliain airgeadais amháin, gan seirbhísí neamh-iniúchóireachta de réir na socruithe idirlinne san áireamh, ní cóir go sáródh na táillí sin an táille iniúchóireachta bhliantúil don bhliain sin. Cuirtear an fhaisnéis is déanaí faoi na cineálacha seirbhísí neamh-iniúchóireachta a sholáthair PwC agus luach na seirbhísí sin faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go leathbhliantúil chun a léiriú go gcomhlíonann na seirbhísí an beart agus nach sáraíonn luach na seirbhísí an chaidhp.

Leagtar amach i nóta 10 leis na ráitis airgeadais achoimre ar na táillí iniúchóireachta agus neamh-iniúchóireachta a íocadh leis na hiniúchóirí seachtracha. Bhain na príomhsheirbhísí neamh-iniúchóireachta a chuir na hiniúchóirí seachtracha ar fáil le linn na bliana le cuntasaíocht ceadaithe agus le comhairle cánach agus státchiste. Ina theannta sin, chuir PwC cabhair riaracháin ar fáil go díreach don ESOP maidir le próiseas cheant ESOP.

Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca sásta nár chuir na táillí a íocadh in 2019 neamhspleáchas ná iontaofacht na n-iniúchóirí seachtracha i mbaol. Leanfaidh an Coiste de mhonatóireacht a dhéanamh ar chineál agus ar leibhéal na seirbhísí atá á soláthar chun cosc a chur le haon tionchar féideartha ná iarbhír ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí.

### CRUINNITHE

Bíonn rochtain iomlán neamhshrianta ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca toradh a chruinnithe don Bhord. Is gnách leis na páirtithe seo a leanas freastal ar chruinnithe, nó ar chuid de chruinnithe: Cathaoirleach an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach agus/nó an Leas-Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa, Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa, Bainisteoir Comhlíonta an Ghrúpa agus ionadaithe de chuid na n-iniúchóirí seachtracha. Eagraítear seisiúin i gcomhair comhaltaí Coiste amháin ag tús / deireadh na gcruinnithe, arna gcinneadh ag Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca.

Thar ceann an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca



Noreen O'Kelly,
Cathaoirleach,
An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca
27 Feabhra 2020



# COISTÍ AN BHOIRD IN 2019



**Anne Butler,**
Cathaoirleach

**Ról**
Leagtar amach freagrachtaí an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil ina théarmaí tagartha. Nuair is gá, bíonn cruinniú ag Cathaoirleach an Choiste le Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca chun sainfhreagrachtaí riosca an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil a nuashonrú agus a chomhaontú.

➔ Féach leathanaigh 68 go 69 chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Sláinte, Sábháilteacht agus an Comhshaol in 2019, mar atá leagtha amach sa Tuairisc um Ghnó Freagrach.

## AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL

### Cruinnithe an Choiste

Bhí 5 chruinniú ag an gCoiste i rith 2019. Leagtar amach anseo thíos sonraí chomhaltaí an Choiste, fad a dtréimhsí seirbhíse, agus líon na gcruinnithe ar ar fhreastail siad:

| COMHALTAÍ | AINMNIÚ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|---|---|
| Anne Butler, (Cathaoirleach) | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 4 bliana agus 3 mhí | 5 |
| Paul Lynam | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 3 bliana | 5 |
| Pat O'Doherty | Príomhfheidhmeannach | 8 mbliana agus 1 mhí | 4 |
| Stephen Carrig[1] | Comhalta Boird is Oibrí | 1 bhliain | 5 |

[1] Tá Stephen Carrig ina chomhalta den Choiste ó Eanáir 2019.

**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL IN 2019**

| Dualgas | Samplaí de ghníomhaíochtaí |
|---|---|
| An straitéis um shláinte, sábháilteacht agus an comhshaol a fhorbairt agus í a aistriú ina beartais agus ina cláir | Gnéithe a ndearnadh athbhreithniú agus plé orthu:<br>▪ KPInna Sábháilteachta an Ghrúpa<br>▪ Tionscadail Feabhsúcháin an Ghrúpa um Shábháilteacht, Sláinte agus an Comhshaol<br>▪ Nuasonrú Comhshaoil ESB Networks<br>▪ Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil<br>▪ Nuashonrú ar thionscadal Claochlaithe Safe and Sound<br>▪ Nuashonrú ar theagmhais chomhshaoil |
| Faisnéis a aimsiú agus a bhreithniú ar na príomhthreochtaí a bhaineann le sláinte, sábháilteacht agus an comhshaol in Éirinn, san Eoraip agus in áiteanna eile, áit ar cuí | Gnéithe a ndearnadh athbhreithniú agus plé orthu:<br>▪ An t-eolas is déanaí faoi phríomhrioscaí i dtaca le sábháilteacht, lena n-áirítear aga díomhaoin de bharr gortuithe, eachtraí a bhféadfadh damáiste a bheith mar thoradh orthu, neasteagmhais agus breitheanna maithe<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le rannpháirtíocht ESB sa scéim Bettercoal<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le forbairt na deaise cultúir |
| Athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar thuairiscí maidir le comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha i dtaca le sláinte, sábháilteacht agus an comhshaol | Rinneadh athbhreithniú agus plé ar bhearta molta i dtaca le:<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir leis an gcomhshaol agus an inbhuanaitheacht<br>▪ Iniúchadh ar Chomhlíonadh Comhshaoil ESB Networks<br>▪ Tuairiscí ar theagmhais agus neamhchomhlíonadh na reachtaíochta<br>▪ Teagmháil leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir le móinstáisiúin chumhachta<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir leis an iascach<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir leis an treoir ama oibre |
| Tacú leis an mBord a fhreagrachtaí a chur i bhfeidhm maidir le cinntiú go ndéantar rioscaí sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil a shainaithint, a mheas, a thuairisciú agus a rialú i gceart | Na rioscaí a bhreithniú sna réimsí seo a leanas:<br>▪ Athbhreithniú ar shábháilteacht dambaí<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le sláinte agus folláine ar mheabhairshláinte foirne<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le bainistíocht sábháilteachta stoirmeacha ESB Networks<br>▪ Sábháilteacht phoiblí<br>▪ Tionscadail feabhsúcháin sábháilteachta sna haonaid ghnó |



**Andrew Hastings,** Cathaoirleach

**Ról**
Tá freagrachtaí an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta leagtha amach ina Théarmaí Tagartha.

## AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA

### Cruinnithe an Choiste

Bhí 11 chruinniú ag an gCoiste i rith 2019. Leagtar amach anseo thíos sonraí chomhaltaí an Choiste, fad a dtréimhsí seirbhíse, agus líon na gcruinnithe ar ar fhreastail siad:

| COMHALTAÍ | AINMNIÚ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|---|---|
| Andrew Hastings, (Cathaoirleach) | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 4 bliana agus 3 mhí | 11 |
| Dave Byrne | Comhalta Boird is Oibrí | 6 bliana agus 9 mí | 11 |
| Seán Kelly | Comhalta Boird is Oibrí | 4 bliana agus 3 mhí | 11 |
| Paul Lynam | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 3 bliana | 11 |
| Pat O'Doherty | Príomhfheidhmeannach | 6 bliana agus 9 mí | 11 |
| Noreen O'Kelly | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 4 bliana agus 3 mhí | 11 |

### PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA IN 2019

| Dualgas | Samplaí de Ghníomhaíochtaí |
|---|---|
| Buiséid chaipitil bhliantúla agus feidhmíocht airgeadais a athbhreithniú sula gcuirfear faoi bhráid an Bhoird iad | Arna bhreithniú agus arna mholadh don Bhord (áit arb infheidhme):<br>▪ Buiséad 2020 agus an plean gnó cúig bliana<br>▪ Tuairiscí ráithiúla ar airgeadas agus ar chaiteachas caipitiúil<br>▪ Tuairisc ráithiúil ar iasachtaí, babhtálacha agus bannaí<br>▪ Plean gnó athbhreithnithe SIRO |
| Iniúchadh maidir le hinfheistíocht agus caiteachas caipitiúil a dhéanamh ar thograí móra gnó | Arna bhreithniú agus arna mholadh don Bhord (áit arb infheidhme):<br>▪ Infheistíochtaí i bhfoinsí inathnuaite fuinnimh<br>▪ Dul chun cinn ESB Networks ar Athbhreithniú Praghsanna 4 (PR4) agus ar ullmhú PR5<br>▪ Comhaontuithe Comhfhiontair<br>▪ Uasghrádú ollmhór ar an gcóras TF<br>▪ Tionscadail athfhorbartha na príomhoifige<br>▪ Rannpháirtíocht i gceantanna acmhainne I-SEM agus na Ríochta Aontaithe<br>▪ Conarthaí díolacháin allamuigh Electric Ireland<br>▪ Infheistíochtaí Smart Energy Services<br>▪ Clár ollchóirithe agus infheistíochta sócmhainní giniúna<br>▪ Creatchonradh Sibhialta agus Leictreach na Ríochta Aontaithe<br>▪ Creat um Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha<br>▪ Comhaontú maidir le seirbhísí gaoithe ar talamh |
| Iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna beartais i dtaca le riachtanais airgeadais ESB, lena n-áirítear rátálacha creidmheasa, iasachtaíocht, ionstraimí airgeadais agus bainistiú fiacha | Arna bhreithniú agus arna mholadh don Bhord (áit arb infheidhme):<br>▪ Saincheist an Bhanna Ghlais<br>▪ Riachtanais chistithe ESB<br>▪ Faisnéis nuashonraithe ar bhainistíocht riosca státchiste<br>▪ Luacháil grúpa agus íosrátaí toraidh infheistíochta<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le rátáil chreidmheasa |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta trádála fuinnimh an Ghrúpa | Gnéithe a ndearnadh athbhreithniú agus plé orthu:<br>▪ Stádas Riosca ESB Trading (margadh, creidmheas agus oibriúchán)<br>▪ Beartas athbhreithnithe ar mhí-úsáid margaidh<br>▪ Straitéis ESB Trading<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le ceantanna acmhainne I-SEM |



**Ellvena Graham OBE[1],** Cathaoirleach

**Ról**
Leagtar amach freagrachtaí an Choiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta ina Théarmaí Tagartha.

## AN COISTE UM LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BAINISTÍOCHTA

### Cruinnithe an Choiste

Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste i rith 2019. Leagtar amach anseo thíos sonraí chomhaltaí an Choiste, fad a dtréimhsí seirbhíse, agus líon na gcruinnithe ar ar fhreastail siad:

| COMHALTAÍ | AINMNIÚ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|---|---|
| Ellvena Graham OBE, (Cathaoirleach) | Cathaoirleach | 8 mbliana | 3 |
| Andrew Hastings | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 4 bliana agus 3 mhí | 3 |
| Noreen Wright | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 8 mbliana | 3 |

### PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOISTE UM LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BAINISTÍOCHTA IN 2019

| Dualgas | Samplaí de Ghníomhaíochtaí |
|---|---|
| Leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar chomharbas agus forbairt na bainistíochta sinsearaí | ▪ Athbhreithniú ar Phleanáil Comharbais agus inniúlachtaí ceannaireachta<br>▪ Athbhreithniú ar cheapacháin Bhainisteoirí sinsearacha<br><br>▪ Athbhreithniú ar fhorbairt gairme agus ar fhorbairt phearsanta an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Stiúrthóra Feidhmiúcháin |
| Comhaontú leis an bPríomhfheidhmeannach maidir leis na spriocanna sonracha atá aige i leith feidhmíocht bhliantúil | ▪ Feidhmíocht athbhreithnithe i gcomparáid le spriocanna 2018<br>▪ Spriocanna feidhmíochta 2019 a shocrú |
| Na pacáistí luach saothair d'Fhoireann Feidhmiúcháin ESB a chinneadh | ▪ Na pacáistí luach saothair don Fhoireann Feidhmiúcháin a athbhreithniú agus a fhaomhadh |



**Alf Smiddy,** Cathaoirleach

**Ról**
Leagtar amach freagrachtaí an Choiste Margaíochta agus Custaiméirí ina Théarmaí Tagartha.

## AN COISTE MARGAÍOCHTA AGUS CUSTAIMÉIRÍ

### Cruinnithe an Choiste

Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste i rith 2019. Leagtar amach anseo thíos sonraí chomhaltaí an Choiste, fad a dtréimhsí seirbhíse, agus líon na gcruinnithe ar ar fhreastail siad:

| COMHALTAÍ | AINMNIÚ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|---|---|
| Alf Smiddy (Cathaoirleach) | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 3 bliana | 4 |
| Anne Butler | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 3 bliana | 3 |
| Tony Merriman | Comhalta Boird is Oibrí | 3 bliana | 4 |
| Pat O'Doherty | Príomhfheidhmeannach | 3 bliana | 4 |

### PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOISTE MARGAÍOCHTA AGUS CUSTAIMÉIRÍ IN 2019

| Dualgas | Samplaí de Ghníomhaíochtaí |
|---|---|
| Breithniú agus plé a dhéanamh ar thionscnaimh agus chláir mhargaíochta agus chustaiméirí, agus cinntiú go bhfuil siad ailínithe le spriocanna straitéiseacha ESB | Gnéithe a ndearnadh athbhreithniú agus plé orthu:<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le custaiméirí ESB Networks<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le custaiméirí cónaithe i bPoblacht na hÉireann<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le margadh Thuaisceart Éireann<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le Feidhmíocht ghnó Electric Ireland<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le ESB Energy (An Ríocht Aontaithe)<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le feithiclí leictreacha<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le méadrú cliste<br>▪ An t-ullmhacht do stoirmeacha an gheimhridh<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le cáil agus le branda ESB |
| Breithniú agus plé a dhéanamh ar tháirgí agus seirbhísí nua agus na réamh-mheastacháin ioncaim bhainteacha | An fhaisnéis is déanaí faighte faoi na pointí seo a leanas:<br>▪ Athbhreithniú ar bhranda na Ríochta Aontaithe<br>▪ Athruithe ar tháillí<br>▪ Athbhreithniú seachtrach ar straitéisí margaíochta |
| Breithniú agus plé ar chláir mholta fógraíochta agus urraíochta agus measúnú a dtionchair siúd | Gnéithe a ndearnadh athbhreithniú agus plé orthu:<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir leis an straitéis mhargaíochta<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir le custaiméirí digiteacha<br>▪ An t-eolas is déanaí maidir leis straitéis bhranda agus mhargaíochta Electric Ireland |

I gcás gach Coiste Boird, athbhreithníonn agus faomhann an Bord a théarmaí tagartha ar bhonn bliantúil. Tá téarmaí tagartha gach coiste ar fáil ón Rúnaí Cuideachta ach iad a iarraidh.

# TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Cuireann na comhaltaí Boird a dtuarascáil i láthair, mar aon le ráitis airgeadais iniúchta ESB agus an Ghrúpa don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa, giniúint, tarchur, dáileachán agus soláthar leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Oibríonn an Grúpa go hidirnáisiúnta freisin i ngníomhaíochtaí giniúna agus soláthair leictreachais sa Bhreatain Mhór, agus tá baint aige le roinnt tionscadail chomhairleacha san Áise agus san Afraic.

## ATHBHREITHNIÚ GNÓ

Tugtar tráchtaireacht maidir le feidhmíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, ina gcuimsítear faisnéis faoi na himeachtaí is déanaí agus ar fhorbairtí ionchasacha amach anseo. Tá feidhmíocht an ghnóthais agus a sheasamh airgeadais, i dteannta leis na príomhrioscaí atá ann don Ghrúpa, léirithe sna hathbhreithnithe ar gach príomhaonad gnó ar leathanaigh 54 go 63, san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanaigh 48 go 53, agus sa Tuairisc Riosca ar leathanaigh 24 go 37.

## TORTHAÍ AGUS DÍBHINNÍ DON BHLIAIN

Léiríonn torthaí airgeadais an Ghrúpa brabús iarchánach €419 milliún roimh mhíreanna eisceachtúla don bhliain airgeadais 2019 i gcomparáid le brabús €181 milliún don bhliain 2018. €338 milliún atá sa bhrabús i ndiaidh cánach agus míreanna eisceachtúla (2018: brabús €60 milliún). Déanann an beartas díbhinne a comhaontaíodh leis an Rialtas in 2013 soláthar do dhíbhinní spriocdhírithe de bhrabús iarchánach coigeartaithe 40% in 2017 agus ina dhiaidh sin. Fógraíodh agus íocadh díbhinn idirthréimhseach dar luach €38.2 milliún (1.94 cent in aghaidh an aonaid stoic) i Samhain 2019 i ndáil le 2019. Faoi láthair, tá an Bord ag moladh díbhinn deiridh 2.53 faoin gcéad in aghaidh gach aonad stoic don bhliain 2019, arb ionann é agus €49.8 milliún, agus chiallódh sin go mbeadh díbhinní €88 milliún san iomlán ann don bhliain 2019. Mar thoradh air sin, b'ionann na díbhinní ar fad le deich mbliana anuas agus beagnach €1.2 billiún.

## SCAIRCHAIPITEAL

D'fhaomh Bord ESB togra um leachtacht margaidh Plean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe (ESOP) i mBealtaine 2015. D'fhaomh ESB caiteachas suas le €25 milliún chun stoc caipitil a fháil i margaí inmheánacha ESOP, ag tosú in 2017, chun go gcuirfí feabhas ar an leachtacht sa mhargadh. B'ionann an gealltanas caiteachais sin a thug ESB agus an caiteachas a gheall iontaobhaí an ESOP de réir an togra. Cheannaigh agus chealaigh ESB stoc caipitil dar luach €4.6 milliún in 2019 (2018: €4.8 milliún). Tá tuilleadh sonraí le fáil i nótaí 19 agus 32. Leagtar mionsonraí amach maidir le scairchaipiteal an Ghrúpa i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## FORBAIRTÍ SA TODHCHAÍ

Is fóntas láidir éagsúlaithe atá comhtháite go hingearach é ESB, agus tá sé gníomhach i ngach réimse den mhargadh leictreachais: ó ghiniúint, tarchur agus dáileadh go soláthar custaiméirí, le láithreacht aige i margadh giniúna na Breataine Móire atá ag dul i méid. Tríd an Straitéis go dtí 2030, cinnteofar go leanfaidh ESB a bheith ag fás mar ghnóthas rathúil, agus san am céanna, go mbeidh a dhóthain láidreachta airgeadais aige i gcónaí le go mbeidh sé in ann infheistíochtaí a dhéanamh i dtodhchaí ísealcharbóin, agus an méid sin a dhéanamh faoin luas agus faoin scála cuí (féach leathanaigh 17 go 21 le haghaidh tuilleadh eolais).

## PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS NEAMHCHINNTEACHTAÍ

Tá cur síos ar na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí roimh an nGrúpa leagtha amach sa Tuairisc Riosca ar leathanaigh 28 go 37.

## IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

I nóta 28 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, sonraítear spriocanna agus beartais an ghrúpa i dtaca le bainistíocht riosca airgeadais, chomh maith le cur síos ar úsáid ionstraimí airgeadais.

## TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Measann na Comhaltaí Boird gur fhostaigh siad pearsanra cuntasaíochta a raibh an saineolas iomchuí acu agus gur chuir siad acmhainní leordhóthanacha ar fáil don fheidhm airgeadais d'fhonn a chinntiú go bhfuil dualgas ESB á chomhlíonadh maidir le leabhair chuntais chearta a choimeád. Tá leabhair chuntais ESB coimeádta ag Two Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3.

## TUARASCÁIL FAOI ALT 22 DEN ACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014

In Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, éilítear ar ESB Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú i dtaca le nochtadh faoi chosaint a dhéantar faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. De réir an éilimh sin, dearbhaíonn ESB go ndearnadh trí nochtadh faoi chosaint don ESB le linn na bliana iomláine dar críoch an 31 Nollaig 2019. Tá imscrúdú déanta ar na hábhair a tuairiscíodh, nó tá imscrúdú á dhéanamh orthu i láthair na huaire, i gcomhréir le beartais infheidhme ESB Group.

## AN tACHT UM BRÚSTOCAIREACHT A RIALÁIL 2015

I gcomhréir leis na riachtanais atá leagtha síos san Acht um Brústocaireacht a Rialú, tá ESB cláraithe leis an gClár Brústocaireachta ar www.lobbying.ie agus tá an tuairisceán cuí déanta aige don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019.

## AN tACHT UM SCLÁBHAÍOCHT CHOMHAIMSEARTHA

Tá sclábhaíocht na linne seo ina cion coiriúil faoi Acht um Sclábhaíocht Chomhaimseartha na Ríochta Aontaithe 2015. Déanann an tAcht oibleagáidí a fhorchur ar eagraíochtaí de mhéid áirithe atá i mbun gnó sa Ríocht Aontaithe. Tá cineálacha éagsúla sclábhaíocht chomhaimseartha ann, lena n-áirítear daoirse, saothar éignithe agus gáinneáil ar dhaoine, agus tá na cineálacha sin cosúil lena chéile sa mhéid go dtarlaíonn siad nuair a bhaineann duine a shaoirse de dhuine eile ionas gur féidir leis dúshaothrú a dhéanamh ar an duine sin ar mhaithe leis féin go pearsanta nó ar mhaithe lena ngníomhaíochtaí tráchtála. Is Máthairchuideachta í ESB ar roinnt mhaith fochuideachtaí a bhfuil oibríochtaí suntasacha ar siúl acu sa Ríocht Aontaithe, agus ar an ábhar sin, tá ESB tar éis Beartas a chur i bhfeidhm i dtaca le Sclábhaíocht Chomhaimseartha, a bhfuil d'aidhm aige a chinntiú nach dtiocfaidh fadhbanna i leith sclábhaíocht chomhaimseartha chun cinn ina ghnóthais nó ina shlabhraí soláthair. De réir an Achta, foilsíonn ESB Ráiteas Bliantúil ina leagtar amach na céimeanna atá curtha i bhfeidhm aige le linn na bliana airgeadais roimhe sin lena chinntiú nach dtarlóidh sclábhaíocht ná gáinneáil ar dhaoine ina ghnóthais nó ina shlabhraí soláthair. Foilsíodh an Ráiteas Bliantúil is déanaí i mBealtaine 2019.

## INBHUANAITHEACHT

Tá coincheapa maidir le hinbhuanaitheacht agus freagracht shóisialta chorparáideach (CSR) daingnithe in oibriúcháin agus gníomhaíochtaí uile ESB. Tá faisnéis faoi chur chuige an Ghrúpa maidir le hinbhuanaitheacht agus le CSR leagtha amach ar leathanaigh 70 go 77.

## AN tACHT TOGHCHÁIN 1997

Ní dhearna an Bord aon síntiús polaitiúil i rith na bliana.

## PRÍOMHGHNÓTHAIS FOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAIR AGUS GNÓTHAS COMHLACHAITHE

Tá sonraí maidir leis na príomhghnóthais fochuideachta, comhfhiontair agus na gnóthas comhlachaithe ar fáil i nóta 35 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## RIALÚ ÍOCAÍOCHTAÍ PRAS

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil sé freagrach as comhlíonadh, i dtaca le gach gné ábhartha, fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú) 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016) 2002 a chinntiú. Tá an Bord sásta go bhfuil riachtanais na Rialachán seo comhlíonta ag ESB.

## IDIRBHEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

Tá idirbhearta páirtithe gaolmhara leagtha amach i nóta 30 leis na ráitis airgeadais.

## TAIGHDE AGUS FORBAIRT

Tá baint ag gnóthais ESB le tionscadail agus cláir nuálacha i dtaca le hearnáil an fhuinnimh a fhorbairt. Déantar tagairt do chuid de na tionscadail agus cláir sin sa Mhír faoi Straitéis agus Feidhmíocht ar leathanaigh 7 go 63.

## RÁITEAS FAOI ALT 330 D'ACHT NA gCUIDEACHTAÍ, 2014

Cuireann rialacháin ESB ceangal ar ESB cloí leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí 2014 a bhaineann le haonán d'Acht na gCuideachtaí maidir le hiniúchadh agus / nó iniúchóirí. Éilíonn seo go ndéanfadh na stiúrthóirí ráiteas sa chaoi a dteastaíonn sin de réir Alt 330 den Acht 2014. Agus an riachtanas seo á chomhlíonadh, dearbhaíonn an Bord go bhfuil na caighdeáin in Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014 á gcur i bhfeidhm aige, agus maidir leis sin, dearbhaíonn gach comhalta Boird:

- chomh fada agus is eol don chomhalta Boird, nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha ann maidir le hiniúchtaí nach bhfuil iniúchóirí reachtúla ESB ar an eolas faoi
- go bhfuil gach a bhfuil riachtanach déanta ag gach comhalta Boird chun é nó í féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha maidir le hiniúchtaí agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóirí ESB ar an eolas faoin bhfaisnéis sin (de réir chiall Alt 330).

## AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ RIOSCA

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ag ESB. Sonraítar comhaltaí an choiste sin ar leathanach 95.

## INIÚCHÓIRÍ

Ag an gCruinniú Cinn Bhliana a tionóladh in 2019 de réir Alt 7 (2) den Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 (arna leasú), ceapadh PwC mar iniúchóirí ESB do bhliain airgeadais 2020. Ag Cruinniú Cinn Bhliana 2020, iarrfar ar na scairshealbhóirí (i) údarás a thabhairt do na stiúrthóirí luach saothair na n-iniúchóirí a shocrú i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus (ii) PwC a cheapadh mar iniúchóirí do bhliain airgeadais 2021 (de réir na bhforálacha infheidhme in alt 7(2) den Acht, a éilíonn go gceapfaí iniúchóirí ar bhonn bliantúil).

## FORMHEAS NA TUARASCÁLA BLIANTÚIL AGUS NA RÁITEAS AIRGEADAIS 2019

Tar éis don Bhord moladh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a thabhairt san áireamh, tá sé sásta go bhfuil an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais cóir, cothrom agus intuigthe san iomlán.

Ellvena Graham OBE,
Cathaoirleach

Pat O'Doherty,
Príomhfheidhmeannach

27 Feabhra 2020

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS



# CAIBIDIL 3

## NA RÁITIS AIRGEADAIS


**109** Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

**110** Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais

**116** Na Ráitis Airgeadais

**210** An tAcht um Íoc Pras

**211** Gluais

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird | 109 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) | 110 |

**Na Ráitis Airgeadais**

| | |
|---|---|
| Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa | 116 |
| Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh an Ghrúpa | 117 |
| Clár Comhardaithe an Ghrúpa | 118 |
| Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta | 119 |
| Ráiteas an Ghrúpa maidir le hAthruithe sa Chothromas | 120 |
| Ráiteas na Máthairchuideachta maidir le hAthruithe sa Chothromas | 121 |
| Ráiteas an Ghrúpa maidir le Sreabhadh Airgid | 122 |
| Ráiteas na Máthairchuideachta maidir le Sreabhadh Airgid | 123 |

| **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** | **#** |
|---|---|
| 1 Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta | 124 |
| 2 Tuairisciú ar Dheighleoga | 138 |
| 3 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí | 140 |
| 4 Faisnéis Gheografaíochta | 141 |
| 5 Míreanna Eisceachtúla | 141 |
| 6 Ioncam Oibriúcháin Eile / (Costais) | 142 |
| 7 Costais Oibriúcháin (Glanchaillteanais Bhearnúcháin ar Shócmhainní Airgeadais san áireamh) | 143 |
| 8 Glanchostas Airgeadais agus Muirir Mhaoinithe Eile | 143 |
| 9 Fostaithe | 144 |
| 10 Brabús don Bhliain Airgeadais | 145 |
| 11 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 146 |
| 12 Sócmhainní Doláimhsithe | 149 |
| 13 Sócmhainní ceart úsáide agus dliteanais léasa | 151 |
| 14 Cáilmheas | 153 |
| 15 Infheistíochtaí Shócmhainní Airgeadais ag an Luach Cóir trí Institiúidí Infheistiúcháin ar cuireadh Modh Cuntasaíochta an Bhrabúis, an Chaillteanais agus an Chothromais i bhFeidhm Orthu | 154 |
| 16 Fardail | 158 |
| 17 Infháltais Trádála agus Infháltais Eile | 158 |
| 18 Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | 162 |
| 19 Athruithe sa Chothromas | 162 |
| 20 Cánachas | 164 |
| 21 Lasachtaíochtaí agus Fiachas Eile | 168 |
| 22 Ionstraimí Airgeadais Díorthacha | 174 |
| 23 Dliteanais Pinsin | 179 |
| 24 Dliteanas – Scéim Pinsin ESB agus Dliteanais a Bhaineann le Fostaithe | 183 |
| 25 Suimeanna Iníoctha Trádála agus Suimeanna Iníoctha Eile | 184 |
| 26 Ioncam Iarchurtha | 185 |
| 27 Forálacha | 186 |
| 28 Bainistiú Riosca Airgeadais agus Luach Cóir | 188 |
| 29 Ceangaltais agus Teagmhais | 202 |
| 30 Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara | 202 |
| 31 Meastacháin agus Breithiúnais | 204 |
| 32 ESB ESOP Trustee Limited | 205 |
| 33 Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe | 205 |
| 34 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais | 205 |
| 35 Gnóthais Fochuideachta, Institiúidí Infheistiúcháin ar Cuireadh Modh Cuntasaíochta an Chothromais i bhFeidhm orthu agus Cuideachtaí Comhlachaithe | 206 |




# RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA GCOMHALTAÍ BOIRD

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as an tuarascáil bhliantúil a ullmhú, ina gcorpraítear ráitis airgeadais don ESB (an Mháthairchuideachta) agus do Ghrúpa ESB, a chuimsíonn ESB agus a ghnóthais fochuideachta ("An Grúpa").

Faoi rialacháin rialaithe ESB, arna nglacadh de bhun Alt 6 (1) den Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 (arna leasú) ("Rialacháin ESB"), ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú de réir mar a cheanglaítear ar chuideachtaí arna mbunú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ceanglaítear ar ESB freisin a thuarascáil bhliantúil, ina gcuimsítear na ráitis airgeadais, a chur ar fáil don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil de réir threoirlínte rialachais chorparáidigh, agus a chuid oibleagáidí faoi Alt 32 den Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 (arna leasú) a chomhlíonadh maidir le tuarascáil ar imeachtaí na bliana roimhe sin a chur chuig an Aire.

Tá an cinneadh déanta ag an mBord ráitis airgeadais ESB a ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014 agus de réir Rialacháin ESB.

Níor chóir do chomhaltaí an Bhoird na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar léiriú cóir cothrom iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus ESB, agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Ghrúpa don bhliain sin.

Agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais iarrtar ar chomhaltaí an Bhoird:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Dearbhú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na caighdeáin IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, agus i ndáil le ESB, arna gcur i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí 2014; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go mbeidh an Grúpa agus ESB fós i mbun gnó.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil ina nochtar, ag am ar bith agus go réasúnta cruinn, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas ESB, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais ESB agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán IFRS is infheidhme arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014 agus de réir Rialacháin ESB.

Tá freagracht ar Chomhaltaí an Bhoird freisin as sócmhainní ESB agus an Ghrúpa a chosaint, agus dá bhrí sin le céimeanna réasúnta a thógáil le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Anuas air sin, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa agus ESB, www.esb.ie. D'fhéadfadh difir a bheith idir an reachtaíocht a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais i bPoblacht na hÉireann agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Dearbhaíonn gach aon chomhalta Boird, de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, an méid seo a leanas:

- Tugtar le ráitis airgeadais an Ghrúpa, arna n-ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, agus i ráitis airgeadais ESB arna n-ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014 agus arna gcur i bhfeidhm de réir Rialacháin ESB, léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais, ar staid airgeadais an Ghrúpa agus ESB amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin an 31 Nollaig 2019;
- Tugtar i dtuairisc na gcomhaltaí Boird atá sa tuarascáil bhliantúil athbhreithniú cothrom ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht an ghnó agus ar staid an Ghrúpa agus an ESB, i dteannta le cur síos ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a bhfuil aghaidh á thabhairt orthu; agus
- Tugtar sa tuarascáil bhliantúil agus sna ráitis airgeadais ina n-iomláine, an fhaisnéis atá riachtanach le feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas, agus is cóir, cothrom intuigthe í an tuarascáil a chuireann an fhaisnéis riachtanach do scairshealbhóirí ar fáil chun staid, feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis an ESB a mheas.

Thar ceann an Bhoird

**Ellvena Graham OBE,** Cathaoirleach

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB)

## TUAIRISC AR INIÚCHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

### TUAIRIM

Seo a leanas ár dtuairim faoi ráitis airgeadais chomhdhlúite Ghrúpa ESB agus ráitis airgeadais na Máthairchuideachta (na "ráitis airgeadais"):

- tugann siad léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar bhrabús an Ghrúpa agus ar shreafaí airgid an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta ag deireadh na bliana céanna;
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ("IFRSanna") arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus i dtaca le ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014; agus
- ullmhaíodh iad i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014, arna gcur i bhfeidhm leis na hAchtanna ESB 1927 go 2014.

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais, an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais (an "Tuarascáil Bhliantúil") san áireamh a chuimsíonn:

- Cláir Chomhardaithe an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2019;
- Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa agus Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch sin;
- Ráitis Shreabhadh Airgid an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta don bhliain dar críoch sin;
- Ráitis an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta ar Athruithe sa Chothromas don bhliain dar críoch sin; agus
- Nótaí leis na ráitis airgeadais, ina bhfuil cur síos ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

### BUNÚS TUAIRIME

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) ("ISAanna (Éire)"). Cuirtear síos tuilleadh ar ár bhfreagrachtaí faoi ISAnna (Éire) i bhfreagrachtaí an Iniúchóra d'iniúchadh rannáin ráitis airgeadais ár dtuarascáil. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar dár dtuairim.

*Neamhspleáchas*

D'fhanamar neamhspleách ar an nGrúpa de réir riachtanais eiticiúla atá ábhartha d'ár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, a chuimsíonn Caighdeán Eiticiúil IAASAnna agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile de réir na riachtanais sin.

### ÁR GCUR CHUIGE INIÚCHÓIREACHTA

**Forléargas**

*Ábharthacht*

- €25 milliún - ráitis airgeadais an Ghrúpa

Bunaithe ar c. 5% de bhrabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla. Measaimid gur tagarmharc cuí é seo mar go bhfuil an Grúpa claonta i dtreo brabúis agus is míreanna neamh-athfhillteacha iad na míreanna suntasacha nach léiríonn gníomhaíocht leanúnach thrádála an Ghrúpa.

- €25 milliún - Ráitis airgeadais na Máthairchuideachta

Mheasamar go raibh sé oiriúnach an ábharthacht do ráitis airgeadais na Máthairchuideachta a theorannú do €25 milliún, agus is é sin a chuirtear i bhfeidhm ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

*Scóip iniúchóireachta*

D'oibríomar thar ceithre dheighleog thuairiscithe agus thar fheidhm na príomhoifige. Chlúdaigh ár n-obair iniúchóireachta breis is 90% d'ioncam an Ghrúpa, an brabús roimh chánachas agus míreanna eisceachtúla, iomlán na sócmhainní agus iomlán na ndliteanas.

*Príomhcheisteanna iniúchóireachta*

- Luach anonn Sócmhainní Fadsaolacha
- Lomláine na n-oibleagáidí pinsin
- Aitheantas ioncaim – ioncam neamhbhilleáilte Electric Ireland



# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean.)

*Scóip ár n-iniúchóireachta*

Mar chuid do dhearadh ár n-iniúchóireachta, chinneamar ábharthacht agus mheasamar na rioscaí ar mhíshonrú ábhartha inár ráitis airgeadais. Bhreathnaíomar go háirithe ar an áit a ndearna comhaltaí an Bhoird breithiúnais suibiachtúla, mar shampla i ndáil le meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a chiallaigh boinn tuisceana a dhéanamh agus imeachtaí sa todhchaí a mheas atá neamhchinnte go bunúsach. Mar a rinneamar inár n-iniúchadh uile dhéileáil muid le riosca sáraitheach bainistíochta ar rialúcháin inmheánacha, ar a bhfuil a mheas an raibh fianaise ar chlaonadh ó chomhaltaí an Bhoird a thabharfadh riosca ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois.

*Príomhcheisteanna iniúchóireachta*

Príomhábhair iniúchóireachta sin iad na hábhair ba mhó suntais in iniúchadh ráitis airgeadais na tréimhse reatha, de réir bhreith ghairmiúil an iniúchóra agus cuimsíonn siad na rioscaí measúnaithe ba suntasaí ar mhíshonrú ábhartha (más de bharr calaoise é nó nach ea) a aithníonn na hiniúchóirí, ar a n-áirítear iad sin a raibh an éifeacht ba mhó acu ar: an straitéis fhoriomlán iniúchóireachta; leithdháileadh na n-acmhainní san iniúchadh; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta a threorú. Déileáladh leis na hábhair sin, agus le haon tuairim a thugaimid ar thorthaí na nósanna imeachta ina thaobh, i gcomhthéacs ár n-iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus trína dtuairim a fhorbairt ina leith, agus ní thugann muid tuairim ar leith ar na hábhair sin. Ní liosta iomlán é seo de na rioscaí ar fad a aithníodh inár n-iniúchadh.

| Príomhcheist iniúchóireachta | Conas ar dhéileáil ár n-iniúchadh leis an bpríomhcheist iniúchóireachta |
|---|---|
| **Luach anonn Sócmhainní Fadsaolacha**<br><br>**Féach leathanach 97 (Tuairisc an Choiste um Iniúchóireacht & Measúnú Riosca), nótaí 1(vi), (vii) agus (viii) (Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta) agus nótaí 11 agus 12 a gabhann leis na ráitis airgeadais**<br><br>Is é luach anonn réadmhaoin, ghléasra agus trealamh, agus sócmhainní doláimhsithe ESB ná €11.5 billiún, agus is sócmhainní fadsaolacha iad a bhformhór atá deartha le toradh os cionn 20+ bliain a sholáthar. Tá sé mar riachtanas ar an nGrúpa a mheas ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe an bhfuil aon chomharthú ann go mbeadh bearnúchán déanta do shócmhainn. Má tá aon chomharthú mar sin ann, caithfidh an Grúpa tástáil bhearnaithe a dhéanamh.<br><br>Méadaíonn an brú leanúnach ar chorrlaigh fuinnimh sa Ríocht Aontaithe agus na praghsanna níos ísle ar leictreachas atá tuartha ag Poyry i bPoblacht na hÉireann, chomh maith leis na bearnúcháin a taifeadadh sa bhliain roimh seo, an riosca foriomlán agus an leibhéal fócais iniúchóireachta atá de dhíth maidir le sócmhainní teirmeacha in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.<br><br>Chinn an Grúpa nach raibh aon táille bearnúcháin le taifeadadh maidir le sócmhainní teirmeacha in Éirinn ná sa Ríocht Aontaithe.<br><br>Mar chuid de mheasúnú an Ghrúpa ar luach anonn na sócmhainní sin, tá breithiúnas suntasach chun na hionchuir do shamhlacha sreabhaidh airgid lascainithe a mheas a mbaintear úsáid astu chun measúnú a dhéanamh ar mhéid aisghabhála na sócmhainní sin, lena n-áirítear boinn tuisceana maidir le praghsanna dóchúla leictreachais, ioncam acmhainneachta, costais bhreosla amach anseo, feidhmiú dóchúil na gcumhachtstáisiúin (lódfhachtóirí), rátaí lascaine, boilsciú agus dátaí dúnta cumhachtstáisiún. | Dhíríomar ár n-iarracht iniúchóireachta ar na sócmhainní giniúna teirmeacha sin lenar bhain riosca bearnúcháin.<br><br>Phléamar measúnú an Ghrúpa ar cibé acu an raibh aon chomharthú go bhféadfadh sócmhainn a bheith bearnaithe nó nach raibh, agus mar sin go mbeadh gá le tástáil bhearnúcháin a dhéanamh.<br><br>Mheasamar measúnú na bainistíochta ar na sócmhainní giniúna teirmeacha sin a d'fhéadfadh a bheith bearnaithe trí na boinn tuisceana criticiúla sna réamhaisnéisí i sreabhadh airgid thodhchaí a mheas agus tríd an leibhéal iomláine spás cloiginn agus an luach iompair na n-aonaid giniúna airgid tirim aonaracha a bhreith.<br><br>Fuaireamar tuiscint faoi chur chuige na bainistíochta maidir leis na príomhbhoinn tuisceana a dheimhniú sna samhla bearnúcháin do shócmhainní giniúna teirmí, lena n-áirítear an bealach a chuirtear iad i gcomparáid leis na buiséid is deireanaí arna fhaomhadh ag an mBord. Áit a raibh sonraí ó fhoinse neamhspleách ann, chuireamar i gcomparáid iad leis na hionchuir sna samhlacha agus thuigeamar bonn na bainistíochta faoi na breitheanna a tugadh sna samhlacha. Maidir le hionchuir nach raibh sonraí inbhraite acu, bhreitheamar iad sin agus thugamar dúshlán bhoinn tuisceana na bainistíochta i gcomhthéacs shonraí inmheánacha a bhí ar fáil, lenar áiríodh sonraí stairiúla agus faisnéis faoin mbuiséid. Phléamar oiriúnacht na rátaí lascaine a úsáideadh sna samhlacha bearnúcháin trí na boinn tuisceana a úsáideadh i meánchostas ualaithe chaipitil a mheas in aghaidh tagarmharcanna seachtracha. Rinneamar anailís íogaireachta freisin ar athruithe ar phríomhbhoinn tuisceana agus phléamar an dealraitheacht go dtarlódh na hathruithe sin.<br><br>Phléamar na nochtuithe sna ráitis airgeadais maidir leis na hábhair sin.<br><br>Bunaithe ar ár nósanna imeachta, bhíomar sásta nach raibh aon táille bearnúcháin de dhíth sa bhliain reatha maidir le sócmhainní giniúna teirmí. |

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean.)

| Príomhcheist iniúchóireachta | Conas ar dhéileáil ár n-iniúchadh leis an bpríomhcheist iniúchóireachta |
|---|---|
| **Iomláine na n-oibleagáidí pinsin**<br><br>**Féach leathanach 97 (Tuairisc an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca), nóta 1 (xvi) (Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta) agus nóta 23 a ghabhann leis na ráitis airgeadais**<br><br>Tá na sochair atá le cur ar fáil agus na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill ranníocacha araon ordaithe sna rialacháin lena rialaítear Scéim Sochair Sainithe ESB, mar atá leagtha amach i Nóta 23 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.<br><br>Tá ESB tar éis a dheimhniú go bhfuil a chuid oibleagáidí dlíthiúla agus/nó inchiallaithe maidir le ranníocaíochtaí iníoctha aige le Scéim Sochair Sainithe ESB teoranta do na méideanna dá bhforáiltear i Rialacha na Scéime; is é sin, na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha agus iarmhéid na ranníocaíochta de €591 milliún a gheall ESB faoi chomhaontú Pinsean 2010.<br><br>Mar atá leagtha amach i Nota 23, ní gnáth-Scéim Pinsin le Sochar Sainithe den chineál "iarmhéid na gcostas" í an Scéim, mar a mbíonn an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun na sochair a mhaoiniú.<br><br>Dhírigh muid ar an réimse seo mar go raibh leibhéal ard casachta agus breithiúnais ann i ndáil le léirmhíniúchán rialacha na Scéime agus cinneadh na cuntasaíochta a bhain leis agus dóthanacht nochtuithe sna ráitis airgeadais. | Rinneamar nuashonrú ar ár dtuiscint ar measúnú ESB ar a chuid oibleagáidí maidir le Scéim Sochair Sainithe ESB agus phléamar oiriúnacht leanúnach na cuntasaíochta i gcomhthéacs IAS 19 "Sochair Fostaithe".<br><br>Rinneamar fiosrúcháin faoi ardbhainistíocht agus faoi chomhairle dlí inmheánach agus léamar miontuairiscí, doiciméad inmheánacha agus comhfhreagras an bhoird don bhliain chun a dhearbhú nach raibh aon athruithe suntasacha déanta ar sheasamh an Ghrúpa ná ar na gealltanais a tugadh d'fhostaithe ón 31 Nollaig 2018.<br><br>Fuaireamar uiríll ón mBord nach bhfuil i gceist ag ESB aon suimeanna eile a íoc leis an Scéim ach amháin iarmhéid na ranníocaíochta €591 milliún a gheall ESB faoi chomhaontú Pinsean 2010, agus ranníocaíochtaí seasta leanúnacha de thuarastail bhaill na scéime.<br><br>Chuir ESB in iúl dúinn nach gnáth-Scéim Pinsean le Sochair Sainithe "iarmhéid na gcostas" í an Scéim mar a mbíonn an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc.<br><br>Léiríonn an cur chuige cuntasaíochta sna ráitis airgeadais an staid seo. |
| **Aitheantas ioncaim - ioncam neamhbhilleáilte Electric Ireland**<br><br>**Féach ar nóta 1 (xvii) (Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta) agus ar nóta 17 a ghabhann leis na ráitis airgeadais**<br><br>Tagraíonn ioncam neamhbhilleáilte don ioncam ó fhuinneamh a soláthraíodh don chustaiméir idir dáta a bhille deiridh agus dáta dheireadh na bliana, rud a mbíonn gá le meastachán a dhéanamh ina leith.<br><br>Chun ioncam neamhbhilleáilte ag deireadh na bliana a chinneadh, déantar na méideanna fabhraithe a mheas trí thagairt do mhéideanna leictreachais ceannaithe agus do bhoinn tuisceana eile.<br><br>Mar gheall ar mhéid an bhoinn chustaiméirí in Electric Ireland, tá na meastacháin a úsáidtear chun na luachanna a bhaineann leis na méideanna sin i bPoblacht na hÉireann a dheimhniú ábhartha do na ráitis airgeadais.<br><br>Tá na samhlacha a úsáideadh chun an ioncam neamhbhilleáilte ag deireadh na bliana a mheas casta go leor.<br><br>Dhíríomar ar an réimse sin ós rud é go raibh leibhéal castachta agus meastacháin i gceist chun ioncam neamhbhilleáilte a chinneadh ag deireadh na bliana. | Rinneamar rialuithe ginearálta TF, cumraíocht feidhme córais agus rialuithe phróisis ghnó a mheas maidir le meastachán ioncaim agus córais billeála.<br><br>Rinneamar ionracas sláine na samhla a d'úsáid an Grúpa le hioncam neamhbhilleáilte a ríomh a mheas. Cheistíomar oiriúnacht na meastachán a úsáideadh sa tsamhail trí thagairt do shonraí stairiúla agus sonraí agus praghsáil reatha. Mar chuid dár n-obair, thángthas ar réiteach idir ionchuir ábhartha áirithe don tsamhail agus na bunsonraí foinse. Phléamar freisin an táirgeacht ó athbhreithnithe siarghabhálacha ar mheastacháin a rinneadh roimhe seo i gcomparáid le sonraí billeála iarbhíre agus phléamar faisnéis eile mar chuid d'ár bplé ar theicnící meastacháin an Ghrúpa.<br><br>Bhaineamar de thátal uaidh sin go raibh na boinn tuisceana agus na modheolaíochtaí a d'úsáid an bhainistíocht chun ioncam neamhbhilleáilte ag deireadh na bliana a ríomh réasúnach agus comhsheasmhach leis na boinn tuisceana agus leis na modheolaíochtaí a d'úsáid siad sna blianta roimhe. |



# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean.)

*Mar a chuireamar an scóip iniúchóireachta in oiriúint*

tá an Grúpa struchtúraithe thar ceithre phríomhdheighleog thuairiscithe agus thar fheidhm na príomhoifige. Chinneamar go bhfuil cúig comhbhall tuairiscithe, ceithre cinn i bPoblacht na hÉireann agus ceann i dTuaisceart Éireann.

Chuireamar an scóip iniúchóireachta in oiriúint d'ár n-iniúchadh chun a chinntiú go ndearnamar dóthain oibre chun a bheith in ann tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais ar fad, ag tógáil struchtúr an Ghrúpa, na próisis agus rialála cuntasaíochta agus an tionscal ina n-oibríonn an Grúpa san áireamh.

Chlúdaigh ár n-obair iniúchóireachta breis is 90% d'ioncam an Ghrúpa, an brabús roimh chánachas agus míreanna eisceachtúla, iomlán na sócmhainní agus iomlán na ndliteanas. Rinne an fhoireann Ghrúpa an obair iniúchóireachta ar fad a bhí riachtanach maidir leis na ceithre comhbhall i bPoblacht na hÉireann.

Rinne ár ngnóthas líonra i dTuaisceart Éireann iniúchadh ar dheighleog NIE Networks faoi threoir fhoireann an Ghrúpa. Dheimhníomar an leibhéal rannpháirtíochta nár mhór a bheith againn ina n-obair iniúchóireachta chun a dhéanamh amach cibé acau an raibh dóthain fianaise iniúchóireachta cuí faighte chun bunús a chur lenár dtuairim ar ráitis airgeadais an Ghrúpa trí chéile. Bhí cumarsáid agus plé rialta againn lenár bhfoireann i dTuaisceart Éireann i rith an phróisis iniúchóireachta. Fuaireamar meamram mionsonraithe faoin scrúdú ar an obair a rinneadh agus torthaí ábhartha chomh maith le tuarascáil iniúchóireachta, rud a chuir lenár dtuiscint ar an deighleog.

*Ábharthacht*

Bhí tionchar ag ár gcur i bhfeidhm ábharthachta ar scóip na hiniúchóireachta. Shocraíomar tairseacha cainníochtúla áirithe don ábharthacht. Chabhraigh siad sin linn, i dteannta ceisteanna cáilíochta, scóip ár n-iniúchóireachta, agus nádúr, tráthúlacht agus méid ár nósanna imeachta iniúchóireachta maidir leis na míreanna líne ráitis airgeadais ar leith agus leis na nochtuithe, a dheimhniú agus éifeacht na míshonruithe, astu féin agus le chéile, ar na ráitis airgeadais a mheas.

Bunaithe ar ár mbreithiúnas gairmiúil, dheimhnigh muid ábharthacht na ráitis airgeadais ina n-iomláine mar a leanas:

| | Ráitis Airgeadais an Ghrúpa | Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta |
|---|---|---|
| **Ábharthacht fhoriomlán** | €25 milliún | €25 milliún |
| **Mar a dheimhnigh muid é** | c. 5% de bhrabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla. | Bunaithe ar ábharthacht an Ghrúpa. |
| **Réasúnaíocht do thagarmharc i bhfeidhm** | Measaimid gur tagarmharc cuí é brabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla mar go bhfuil an Grúpa claonta i dtreo brabús agus is míreanna neamh-athfhillteacha iad na míreanna suntasacha nach léiríonn gníomhaíocht leanúnach trádála an Ghrúpa. | Mheasamar go raibh sé oiriúnach an ábharthacht do ráitis airgeadais na Máthairchuideachta a theorannú do €25 milliún, agus is é sin a chuirtear i bhfeidhm ar ráitis airgeadais an Ghrúpa. |


D'aontaíomar leis an gCoiste Iniúchóireachta go dtabharfaimis tuairisc dóibh ar mhíshonruithe os cionn €500,000 a aithníodh le linn ár n-iniúchóireacht maidir le hiniúchadh an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, chomh maith le míshonruithe faoi mhéideanna níos lú ná sin a cheapamar go raibh gá ann lena dtuairisciú ar chúiseanna cáilíochta.

*Gnóthas leantach*

De réir ISAnna (Éireann) tuairiscíonn muid mar a leanas:

| Oibleagáid tuairiscithe | Toradh |
|---|---|
| Iarrtar orainn tuairisc a thabhairt má tá aon rud ábhartha le cur leis againn nó le haird a tharraingt air maidir le ráiteas chomhaltaí an Bhoird sna ráitis airgeadais, ar cheap comhaltaí an Bhoird go raibh sé cuí glacadh le bunús an ghnóthais leantaigh ar chuntasaíocht leis na ráitis airgeadais a ullmhú agus aon neamhchinnteacht ábhartha a d'aithin comhaltaí an Bhoird ar chumas an Ghrúpa nó na Máthairchuideachta leanúint mar ghnóthas leantach thar tréimhse bliana ar a laghad ón dáta a faomhadh na ráitis airgeadais. | Níl aon rud ábhartha againn le dearbhú ná aon rud gur mhaith linn aird a dhíriú air. Mar sin féin, mar gheall nach féidir gach imeacht nó staid sa todhchaí a thuar, ní baránta é an ráiteas seo ar chumas an Ghrúpa nó na Máthairchuideachta leanúint mar ghnóthas leantach. |





# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean.)

## TUAIRISCIÚ AR FHAISNÉIS EILE

Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis ar fad sa tuarascáil bliantúil ach amháin na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúchóra faoi. Tá freagracht ar chomhaltaí an Bhoird faoi fhaisnéis eile. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, dá réir sin, ní chuireann muid aon tuairim iniúchóireachta, ná aon chineál urrúis ina thaobh ach amháin chomh fada is atá sé sin ráite go sonrach sa tuarascáil seo.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is í an fhreagracht atá againn ná an fhaisnéis eile a léamh, agus trí sin a dhéanamh, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó lenár bhfaisinéis a fuaireamar san iniúchadh, nó go bhfuil cuma air go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má aithnímid aon neamhréireach ábhartha follasach nó míshonrú ábhartha, iarrtar orainn nósanna imeachta a dhéanamh lena dheimhniú an bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile. Má cheapaimid, ar bhunús na hoibre atá déanta againn, go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, tá de cheanglas orainn an méid sin a thuairisciú. Níl rud ar bith le tuairisciú againn de réir na bhfreagrachtaí seo.

Maidir le Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, bhreith muid freisin ar tugadh isteach na nochtuithe a theastaigh ó rialacháin ESB.

Bunaithe ar na freagrachtaí a ndéantar cur síos orthu thuas agus ar an obair a rinneamar le linn na hiniúchóireachta, éilíonn ISAnna (Éireann) agus Acht na gCuideachtaí, 2014 (CA14), atá infheidhmithe ag Rialacháin ESB arna nglacadh de bhun na nAchtanna ESB 1927 go 2014 d'iniúchadh ráitis airgeadais ESB, orainn tuairisc a thabhairt ar thuairimí agus ar ábhair áirithe a ndéantar cur síos orthu thíos (arna n-éileamh ag ISAnna (Éireann) mura sonraítear a mhalairt).

**Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird**

- Inár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneamar le linn na hiniúchóireachta, tagann an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh í de réir na gceanglais dhlíthiúla is infheidhme. (CA14)
- Bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar an tuiscint ar an nGrúpa agus ar an Máthairchuideachta agus ar a dtimpeallacht a fuarthas le linn na hiniúchóireachta, níor aithníomar aon mhíshonruithe ábhartha i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird. (CA14)

**Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an "Cód")**

De réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), ní mór dúinn a thuairisciú duit mura bhfreagraíonn an ráiteas i dtaca leis an gcóras rialaithe inmheánaigh arna chuimsiú i dTuairisc Rialachais an Bhoird ar leathanaigh 86 go 94, do chomhlíonadh an Ghrúpa de mhír 1.9(iv) den Chód, nó mura bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais. Níl rud ar bith le tuairisciú againn i ndáil leis an bhfreagracht seo.

**Measúnú chomhaltaí an Bhoird ar ionchais an Ghrúpa agus ar na príomhrioscaí a dhéanfadh bagairt ar shócmhainneacht nó ar leachtacht an Ghrúpa**

Mar thoradh ar thuairisciú dheonach chomhaltaí an Bhoird faoin gcaoi ar chuireadar Cód na Ríochta Aontaithe maidir le Rialachas Corparáideach ("Cód na RA") i bhfeidhm faoi ISAnna (Éireann) iarrtar orainn tuairisciú duit má tá aon rud ábhartha le cur leis nó le haird a tharraingt air maidir le:

- Deimhniú chomhaltaí an Bhoird ar leathanach 92 den Tuarascáil Bhliantúil go bhfuil measúnú láidir déanta acu ar na príomhrioscaí atá roimh an nGrúpa, iad siúd a gcuirfeadh i mbaol a mhúnla gnó, a fheidhmíocht sa todhchaí, a acmhainneacht, a shócmhainneacht nó a leachtacht san áireamh.
- Nochtuithe sa Tuarascáil Bhliantúil a chuireann síos ar na rioscaí sin agus a mhíníonn an chaoi a bhfuiltear á mbainistiú nó á maolú.
- Míniú chomhaltaí an Bhoird ar leathanaigh 93 go 94 den Tuarascáil Bhliantúil ar an gcaoi a ndearna siad measúnú ar ionchais an Ghrúpa, an tréimhse ina ndearnadar é, agus an fáth go gceapann siad go bhfuil an tréimhse sin cuí. Chomh maith leis sin, tá ráiteas faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil ionchas réasúnach acu go mbeidh an Grúpa in ann leanúint ag obair agus in ann freastal ar a chuid dliteanas dlite le linn thréimhse a measúnachta, lena n-áirítear aon nochtadh a tharraingíonn aird ar aon cháilíocht nó ar aon bhonn tuisceana riachtanach,.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn i ndáil leis an bhfreagracht seo.

**Forálacha eile Chóid na RA**

Mar thoradh ar thuairisciú deonach chomhaltaí an Bhoird iarrtar orainn tuairisc a thabhairt duit má tharlaíonn sé, inár dtuairim:

- Nach bhfuil an ráiteas a thugann comhaltaí an Bhoird ar leathanach 109 ina mheasann siad go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil ina iomláine cothrom, cóir agus intuigthe agus go dtugann sé an fhaisnéis a dteastaíonn ó na comhaltaí chun staid agus feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa agus Máthairchuideachta, nach bhfuil an ráiteas sin comhsheasmhach lenár bhfaisnéis a fuarthas le linn na hiniúchóireachta a rinneadh ar an nGrúpa agus ar an Máthairchuideachta.
- Nach mura dtugann an t-alt ar leathanach 96 den Tuarascáil Bhliantúil a chuireann síos ar obair an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca aghaidh cheart ar ábhair ar chuir muid in iúl don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn i ndáil leis an bhfreagracht seo.



# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean.)

## FREAGRACHTAÍ I LEITH NA RÁITIS AIRGEADAIS AGUS NA HINIÚCHÓIREACHTA

*Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird i leith na ráitis airgeadais*

Faoi mar a míníodh go hiomlán sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird arna leagan amach ar leathanach 109, tá na Comhaltaí Boird freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an chreat infheidhmithe agus as a bheith sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu.

Tá na comhaltaí Boird freagrach freisin faoi aon rialú inmheánach a cheapann siad go bhfuil gá leis chun ullmhúchán ráitis airgeadais atá saor ó aon mhíshonrú ábhartha, más de bharr calaoise nó earráide é a chumasú.

Agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais, tá na comhaltaí Boird freagrach as cumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint orthu mar ghnóthas leantach a mheas, ag nochtadh, de réir mar is infheidhme, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus ag baint úsáid as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé ar intinn ag na comhaltaí Boird an Grúpa nó an Mháthairchuideachta a leachtú nó éirí as oibríochtaí, nó mura bhfuil aon mhalairt réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

*Freagrachtaí iniúchóirí i leith iniúchadh na ráitis airgeadais*

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnach a fháil faoi cé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonruithe ábhartha nó nach bhfuil, más de bharr calaoise nó earráide é, agus tuairisc iniúchóireachta a eisiúint a thugann ár dtuairim san áireamh. Is leibhéal ard de dhearbhú é dearbhú réasúnta, ach níl aon ráthaíocht ann i gcónaí go n-aimseoidh iniúchóireacht a dhéantar i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) míthuairisc ábharach nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideora arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí i leith na hiniúchóireachta ar na ráitis airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin IAASA:
https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf
Is cuid de thuairisc ár n-iniúchóir é an cur síos seo.

*Úsáid na tuairisce seo*

Tá an tuairisc seo, na tuairimí san áireamh, ullmhaithe do Stocshealbhóirí ESB mar chuideachta, agus dóibh siúd amháin, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, arna chur i bhfeidhm ar ESB ag na Rialacháin a ghlacadh de bhun na nAchtanna ESB 1927 go 2014, agus ní d'aon chuspóir eile. Agus muid ag tabhairt na dtuairimí sin, ní ghlacaimid le haon fhreagracht d'aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar an tuairisc seo dó/di ná a bheidh ina lámha seachas é a bheith aontaithe go sainiúil trínár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

## TUAIRISCIÚ RIACHTANACH EILE

**Tuairimí Acht na gCuideachtaí 2014 ar ábhair eile**

- Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a gceapaimid go bhfuil gá leo faighte againn chun críocha ár n-iniúchóireachta.
- Dar linn, ba leordhóthanach taifid chuntasaíochta na Máthairchuideachta le go rabhthas in ann ráiteas airgeadais na Máthairchuideachta a iniúchadh go héasca agus i gceart.
- Tagann Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú eisceachtúil Acht na gCuideachtaí 2014**

*Luach Saothair agus Idirghníomhaíochtaí Chomhaltaí an Bhoird*

Éilítear orainn faoi Acht na gCuideachtaí 2014 tuairisc a thabhairt duit, an rud é go bhfuil, dar linn, nochtuithe luach saothair agus idirbhearta chomhaltaí an bhoird atá sainithe in ailt 305 go 312 den Acht sin déanta. Níl aon eisceachtaí le tuairisc againn ag teacht ón bhfreagracht sin.

Mary Cleary

Mary Cleary
I gcomhair agus thar ceann PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
Baile Átha Cliath

27 Feabhra 2020

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# RÁITEAS IONCAIM AN GHRÚPA

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | | 2019 | | | 2018 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | **Gan míreanna eisceachtúla san áireamh €m** | **Míreanna eisceachtúla nóta 5 €m** | **Iomlán €m** | Míreanna eisceachtúla san áireamh €m | Míreanna eisceachtúla nóta 5 €m | Iomlán €m |
| Ioncam | 3 | **3,709.5** | **-** | **3,709.5** | 3,431.8 | - | 3,431.8 |
| Ioncam oibriúcháin eile (glan) | 6 | **8.7** | **-** | **8.7** | 1.4 | - | 1.4 |
| Glan-chaillteanais bearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | 5/7/17 | **(11.8)** | **(34.4)** | **(46.2)** | (10.4) | (17.5) | (27.9) |
| Costais oibriúcháin | 5/7 | **(3,024.3)** | **(59.8)** | **(3,084.1)** | (2,967.7) | (122.2) | (3,089.9) |
| Brabús oibriúcháin | | **682.1** | **(94.2)** | **587.9** | 455.1 | (139.7) | 315.4 |
| Glan-ús ar iasachtaíochtaí | 8 | **(152.2)** | **-** | **(152.2)** | (177.6) | - | (177.6) |
| Muirir mhaoinithe | 8 | **(16.6)** | **-** | **(16.6)** | (19.4) | - | (19.4) |
| Gluaiseacht luacha chóir ar ionstraimí airgeadais | 8 | **(15.8)** | **-** | **(15.8)** | (29.8) | - | (29.8) |
| Ioncam airgeadais | 8 | **2.2** | **-** | **2.2** | 3.7 | - | 3.7 |
| Glanchostas maoinithe | | **(182.4)** | **-** | **(182.4)** | (223.1) | - | (223.1) |
| Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin, glan ó cháin | 15 | **(8.3)** | **-** | **(8.3)** | (14.0) | - | (14.0) |
| Brabús roimh chánachas | | **491.4** | **(94.2)** | **397.2** | 218.0 | (139.7) | 78.3 |
| Costas cáin ioncaim | 20 | **(72.9)** | **13.5** | **(59.4)** | (36.6) | 18.5 | (18.1) |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | **418.5** | **(80.7)** | **337.8** | 181.4 | (121.2) | 60.2 |
| **Inchurtha le:** | | | | | | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | | **422.6** | **(80.7)** | **341.9** | 183.3 | (121.2) | 62.1 |
| Leasanna neamh-urlámhais | | **(4.1)** | **-** | **(4.1)** | (1.9) | - | (1.9) |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **418.5** | **(80.7)** | **337.8** | 181.4 | (121.2) | 60.2 |

Tá Nótaí 1 go 35 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.

# RÁITEAS IONCAIM CHUIMSITHIGH AN GHRÚPA

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | **337.8** | 60.2 |
| **Míreanna nach n-athrangófar ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas:** | | |
| (Caillteanais) / gnóthachain scéim pinsean NIE Networks | **(17.5)** | 19.2 |
| Cáin ar mhíreanna nach n-athaicmeofar mar bhrabús ná caillteanas | **3.0** | (3.3) |
| | **(14.5)** | 15.9 |
| **Míreanna atá athrangaithe nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas:** | | |
| Fálú éifeachtach glaninfheistíochta i bhfochuideachta eachtrach | **(0.4)** | 0.1 |
| Difríochtaí aistrithe nuair a dhéantar fochuideachtaí eachtracha a chomhdhlúthú | **8.9** | (1.5) |
| (Caillteanais) / gnóthachain luacha chóir ar fháluithe sreabhadh airgid | **(18.9)** | 38.6 |
| (Caillteanais) / gnóthachain luacha chóir ar fháluithe sreabhadh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | **(3.8)** | 2.2 |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar fháluithe sreabhadh airgid | **(20.6)** | (89.1) |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar fháluithe sreabhadh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | **-** | 3.1 |
| Cáin ar mhíreanna a rinneadh a athaicmiú nó a bhféadfaidh a athaicmiú ina dhiaidh sin mar bhrabús nó caillteanas | **2.4** | (4.7) |
| Cáin ar mhíreanna a rinneadh a athaicmiú nó a bhféadfaidh a athaicmiú ina dhiaidh sin mar bhrabús nó caillteanas i ndáil le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | **0.6** | (0.4) |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | **2.6** | 5.7 |
| | **(29.2)** | (46.0) |
| **Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais, glan ó cháin** | **(43.7)** | (30.1) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **294.1** | 30.1 |
| **Inchurtha le:** | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | **298.2** | 32.0 |
| Leasanna neamh-urlámhais | **(4.1)** | (1.9) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **294.1** | 30.1 |

# CLÁR COMHARDAITHE AN GHRÚPA

Amhail ar an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 11 | **11,077.4** | 10,755.2 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | **458.1** | 401.8 |
| Sócmhainní ceart úsáide | 13 | **133.3** | - |
| Cáilmheas | 14 | **178.3** | 169.6 |
| Infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 15 | **413.5** | 189.8 |
| Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | 15 | **13.4** | 10.5 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 17 | **12.4** | 47.2 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 22 | **65.5** | 68.6 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 20 | **180.7** | 176.3 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **12,532.6** | 11,819.0 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 16 | **151.0** | 134.0 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 22 | **244.8** | 156.5 |
| Sócmhainn chánach reatha | | **-** | 23.2 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 17 | **1,105.1** | 942.3 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 18 | **125.1** | 229.1 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **1,626.0** | 1,485.1 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **14,158.6** | 13,304.1 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Stoc caipitil | 19 | **1,966.4** | 1,970.8 |
| Cúlchiste fuascailte caipitil | | **13.5** | 9.1 |
| Cúlchiste aistrithe | | **3.7** | (4.8) |
| Cúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid | | **(17.0)** | 20.7 |
| Cúlchistí eile | | **(233.2)** | (223.3) |
| Tuilleamh coinnithe | | **2,171.8** | 1,877.4 |
| **Cothromas atá inchurtha le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **3,905.2** | 3,649.9 |
| Leasanna neamh-urlámhais | | **(10.0)** | (5.9) |
| **Cothromas iomlán** | | **3,895.2** | 3,644.0 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaíochtaí agus fiachas eile | 21 | **4,751.7** | 4,537.7 |
| Dliteanais Léasa | 13 | **112.4** | - |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 24 | **96.1** | 99.4 |
| Dliteanas – scéim pinsin NIE Networks | 23 | **116.0** | 110.8 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 24 | **70.4** | 40.2 |
| Ioncam iarchurtha | 26 | **1,259.3** | 1,192.7 |
| Forálacha | 27 | **322.5** | 336.3 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 20 | **645.8** | 648.1 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 22 | **662.5** | 625.2 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **8,036.7** | 7,590.4 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaíochtaí agus fiachas eile | 21 | **480.7** | 606.3 |
| Dliteanais Léasa | 13 | **19.6** | - |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 24 | **296.5** | 295.8 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 24 | **79.7** | 68.3 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 25 | **834.6** | 789.1 |
| Ioncam iarchurtha | 26 | **88.3** | 83.4 |
| Forálacha | 27 | **150.0** | 118.5 |
| Dliteanais chánach reatha | | **9.5** | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 22 | **267.8** | 108.3 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **2,226.7** | 2,069.7 |
| **Dliteanais iomlána** | | **10,263.4** | 9,660.1 |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **14,158.6** | 13,304.1 |

**Ellvena Graham OBE**, Cathaoirleach

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

**Pat Fenlon,** Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa



# CLÁR COMHARDAITHE NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA

Amhail ar an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 11 | **7,300.1** | 7,201.0 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | **402.0** | 326.8 |
| Sócmhainní ceart úsáide | 13 | **73.2** | - |
| Infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 15 | **106.5** | 106.5 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | 15 | **61.8** | 61.8 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 22 | **27.8** | 16.3 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 20 | **78.0** | 80.8 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **8,049.4** | 7,793.2 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 16 | **54.0** | 71.6 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 22 | **201.4** | 107.7 |
| Sócmhainn chánach reatha | | **1.6** | 18.0 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 17 | **3,691.2** | 3,398.6 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 18 | **58.2** | 122.3 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **4,006.4** | 3,718.2 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **12,055.8** | 11,511.4 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Stoc caipitil | 19 | **1,966.4** | 1,970.8 |
| Cúlchiste fuascailte caipitil | | **13.5** | 9.1 |
| Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile | | **(19.5)** | (25.2) |
| Tuilleamh coinnithe | | **1,774.6** | 1,451.5 |
| **Cothromas atá inchurtha le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **3,735.0** | 3,406.2 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaíochtaí agus fiachas eile | 21 | **887.3** | 959.3 |
| Dliteanais léasa | 13 | **58.9** | - |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 24 | **96.1** | 99.4 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 24 | **70.3** | 39.4 |
| Ioncam iarchurtha | 26 | **843.4** | 804.9 |
| Forálacha | 27 | **246.5** | 271.0 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 20 | **429.0** | 434.5 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 22 | **43.0** | 30.0 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **2,674.5** | 2,638.5 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaíochtaí agus fiachas eile | 21 | **155.7** | 390.3 |
| Dliteanais léasa | 13 | **12.8** | - |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 24 | **296.5** | 295.8 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 24 | **73.6** | 58.2 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 25 | **4,751.2** | 4,502.1 |
| Ioncam iarchurtha | 26 | **57.9** | 53.1 |
| Forálacha | 27 | **86.3** | 83.5 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 22 | **212.3** | 83.7 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **5,646.3** | 5,466.7 |
| **Dliteanais iomlána** | | **8,320.8** | 8,105.2 |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **12,055.8** | 11,511.4 |

Ba é €366.0 milliún brabús na Máthairchuideachta i ndiaidh cáin don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019 (2018: brabús €151.4 milliún).

**Ellvena Graham OBE**, Cathaoirleach

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

**Pat Fenlon,** Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa

# RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE HATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail ar an 31 Nollaig 2019

| Réiteach na n-athruithe ar chothromas | Stoc caipitil € m | Cúlchiste aistrithe € m | Cúlchiste fuascailte caipitil € m | Cúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid[1] € m | Cúlchistí eile[2] € m | Tuilleamh coinnithe € m | Iomlán € m | Leasanna neamh-urlámhais € m | **Cothromas iomlán € m** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 1,975.2 | 2.7 | 4.7 | 58.6 | (242.6) | 1,917.6 | 3,716.2 | (3.7) | 3,712.5 |
| Athrú ar bheartas cuntasaíochta - IFRS 9 | - | - | - | - | - | (62.8) | (62.8) | - | (62.8) |
| **Cothromas athshonraithe iomlán amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 1,975.2 | 2.7 | 4.7 | 58.6 | (242.6) | 1,854.8 | 3,653.4 | (3.7) | 3,649.7 |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | - | 62.1 | 62.1 | (1.9) | 60.2 |
| Gnóthachan achtúireach scéim pinsin NIE Networks | - | - | - | - | 19.2 | - | 19.2 | - | 19.2 |
| Coigeartuithe um aistriú airgid eachtraigh | - | (6.9) | - | 5.5 | - | - | (1.4) | - | (1.4) |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | | | | | | |
| - Glanghnóthachain luacha chóir | - | - | - | 38.6 | - | - | 38.6 | - | 38.6 |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| - Costas airgeadais (ús) | - | (0.6) | - | 29.0 | (0.6) | - | 27.8 | - | 27.8 |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | - | (23.3) | - | - | (23.3) | - | (23.3) |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | - | (93.6) | - | - | (93.6) | - | (93.6) |
| - Gnóthacháin luacha chóir fháluithe ar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | 2.2 | - | - | 2.2 | - | 2.2 |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim maidir le cothromas infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | 3.1 | - | - | 3.1 | - | 3.1 |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (ICE) | - | - | - | (4.7) | (3.3) | - | (8.0) | - | (8.0) |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | - | 5.7 | - | - | 5.7 | - | 5.7 |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig ICE d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | (0.4) | - | - | (0.4) | - | (0.4) |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | (7.5) | - | (37.9) | 15.3 | 62.1 | 32.0 | (1.9) | 30.1 |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | - | (34.6) | (34.6) | (0.3) | (34.9) |
| Athcheannach a scaireanna féin[2] | (4.4) | - | 4.4 | - | - | (4.9) | (4.9) | - | (4.9) |
| Foráil athcheannach ESOP[3] | - | - | - | - | 4.0 | - | 4.0 | - | 4.0 |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 1,970.8 | (4.8) | 9.1 | 20.7 | (223.3) | 1,877.4 | 3,649.9 | (5.9) | 3,644.0 |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **1,970.8** | **(4.8)** | **9.1** | **20.7** | **(223.3)** | **1,877.4** | **3,649.9** | **(5.9)** | **3,644.0** |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | - | 341.9 | 341.9 | (4.1) | **337.8** |
| Caillteanais achtúireacha scéim pinsean NIE Networks | - | - | - | - | (17.5) | - | (17.5) | - | **(17.5)** |
| Coigeartuithe um aistriú airgid eachtraigh | - | 8.5 | - | - | - | - | 8.5 | - | **8.5** |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | | | | | | |
| - Glanchaillteanais luacha chóir | - | - | - | (18.9) | - | - | (18.9) | - | **(18.9)** |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | - | - | - | - | - | - | - | - | **-** |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | - | (2.4) | - | - | (2.4) | - | **(2.4)** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | - | (8.3) | - | - | (8.3) | - | **(8.3)** |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | - | (9.9) | - | - | (9.9) | - | **(9.9)** |
| - Caillteanas luacha chóir d'fháluithe ar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | - | - | (3.8) | - | - | (3.8) | - | **(3.8)** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig ICE | - | - | - | 2.4 | 3.0 | - | 5.4 | - | **5.4** |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | - | 2.6 | - | - | 2.6 | - | **2.6** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig ICE d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | 0.6 | - | - | 0.6 | - | **0.6** |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | **8.5** | - | **(37.7)** | **(14.5)** | **341.9** | **298.2** | **(4.1)** | **294.1** |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | - | (42.9) | (42.9) | - | **(42.9)** |
| Athcheannach a scaireanna féin[2] | (4.4) | - | 4.4 | - | - | (4.6) | (4.6) | - | **(4.6)** |
| Foráil athcheannach ESOP[3] | - | - | - | - | 4.6 | - | 4.6 | - | **4.6** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **1,966.4** | **3.7** | **13.5** | **(17.0)** | **(233.2)** | **2,171.8** | **3,905.2** | **(10.0)** | **3,895.2** |

[1] Cuimsítear le cúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid amhail an 31 Nollaig 2019 méideanna de €1.3 milliún (2018: €0.5 milliúin) a bhaineann le riosca bhonn airgeadra.

[2] Áirithe ar chúlchistí eile tá (i) cúlchistí eile a bhaineann le scéim pinsin Northern Ireland Electricity Networks Limited (NIE Networks) de (€219.5) milliún (2018: (€205.0) milliún), (ii) cúlchistí neamh-indáilte de (€5.0) milliún a cruthaíodh nuair a díoladh sciar an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001; agus (iii) soláthar de (€7.5) milliún maidir le hathcheannach ESOP a bhaineann leis an méid atá geallta ag ESB go dtí seo a cheannach ó mhargadh inmheánach ESOP (2018: (€11.8) milliún. Féach nóta 19 chun tuilleadh eolais a fháil faoi chúlchistí eile agus nóta 32 chun tuilleadh eolais a fháil faoi athcheannach ESOP.

[3] Féach nóta 32 chun tuilleadh eolais a fháil faoi athcheannach ESOP.



# RÁITEAS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA MAIDIR LE HATHRUITHE SA CHOTHROMAS

Amhail ar an 31 Nollaig 2019

| Réiteach na n-athruithe ar chothromas | Cúlchiste fuascailte caipitil € m | Cúlchiste i gcomhair athcheannach stoc iasachtaí € m | Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile € m | Tuilleamh coinnithe € m | **Iomlán € m** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 1,975.2 | 4.7 | (12.0) | 1,397.5 | 3,365.4 |
| Athrú ar bheartas cuntasaíochta - IFRS 9 | - | - | - | (62.8) | (62.8) |
| **Cothromas athshonraithe iomlán amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 1,975.2 | 4.7 | (12.0) | 1,334.7 | 3,302.6 |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | 151.4 | 151.4 |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | | |
| – Glanghnóthachain luacha chóir | - | - | 42.8 | - | 42.8 |
| – Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | (3.5) | - | (3.5) |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | (23.3) | - | (23.3) |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | (31.5) | - | (31.5) |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig ICE | - | - | (5.3) | - | (5.3) |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | 3.6 | - | 3.6 |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | (17.2) | 151.4 | 134.2 |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | (34.6) | (34.6) |
| Athcheannach a scaireanna féin[1] | (4.4) | 4.4 | - | - | - |
| Foráil athcheannach ESOP[1] | - | - | 4.0 | - | 4.0 |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 1,970.8 | 9.1 | (25.2) | 1,451.5 | 3,406.2 |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **1,970.8** | **9.1** | **(25.2)** | **1,451.5** | **3,406.2** |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | 366.0 | **366.0** |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | | |
| – Glanchaillteanais luacha chóir | - | - | (10.8) | - | **(10.8)** |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | (2.4) | - | **(2.4)** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | (8.3) | - | **(8.3)** |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | 22.8 | - | **22.8** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig ICE | - | - | 1.3 | - | **1.3** |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | (1.5) | - | **(1.5)** |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | **1.1** | **366.0** | **367.1** |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | (42.9) | (42.9) |
| Athcheannach a scaireanna féin [1] | (4.4) | 4.4 | - | - | - |
| Soláthar athcheannach ESOP [1] | - | - | 4.6 | - | 4.6 |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **1,966.4** | **13.5** | **(19.5)** | **1,774.6** | **3,735.0** |

[1] Féach nóta 32 chun tuilleadh eolais a fháil faoi athcheannach ESOP.

# RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE SREABHADH AIRGID

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ m | 2018<br>€ m |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | **337.8** | 60.2 |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 7 | **806.2** | 779.4 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus amúchadh ioncaim iarchurtha eile | 26 | **(122.7)** | (111.2) |
| Gluaiseachtaí astaíochtaí | | **22.2** | (48.5) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní neamhreatha | 6 | **(7.1)** | (8.6) |
| Bearnúchán fardail | | **9.2** | 3.2 |
| Glanchostas maoinithe | 8 | **182.4** | 223.1 |
| Tionchar coigeartuithe luacha chóir i gcostais oibriúcháin | | **(8.7)** | 18.9 |
| Caillteanais ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu (glan) | 15 | **8.3** | 14.0 |
| Costas cáin ioncaim | 20 | **59.4** | 18.1 |
| Gnóthachan ar Castlepook Power DAC ar gnóthas fochuideachta 100% anois í | | **-** | (4.7) |
| Díbhinn a fuarthas | 6 | **(1.6)** | - |
| Muirear bearnúcháin | 5 / 7 | **58.1** | 145.0 |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal oibre agus ar sholáthairtí** | | **1,343.5** | 1,088.9 |
| (Creidmheas) / muirear maidir le soláthairtí | | **(2.8)** | 17.2 |
| Muirear maidir le dliteanais a bhaineann le fostaithe | | **131.2** | 81.3 |
| Úsáid soláthairtí | | **(15.6)** | (16.0) |
| Íocaíochtaí i ndáil le dliteanais a bhaineann le fostaithe | | **(122.4)** | (113.6) |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas | | **151.5** | 106.4 |
| Méadú ar infháltais trádála agus infháltais eile | | **(208.6)** | (32.6) |
| Méadú ar fhardail | | **(26.2)** | (15.2) |
| Méadú / (laghdú) ar shuimeanna iníoctha trádála agus ar shuimeanna iníoctha eile | | **30.4** | (11.5) |
| **Airgead tirim arna ghiniúint ó oibriúcháin** | | **1,281.0** | 1,104.9 |
| Cáin reatha íoctha (glan) | | **(30.8)** | (50.3) |
| Costais mhaoinithe íoctha | | **(177.9)** | (214.0) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **1,072.3** | 840.6 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | **(846.6)** | (804.7) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(109.1)** | (102.3) |
| Fáltais ó dhíolachán sócmhainní neamhreatha | | **8.6** | 17.1 |
| Fáltais ó dhíolachán infheistíochtaí | | **-** | 1.0 |
| Méideanna a tugadh mar iasachtaí scairshealbhóra do ghnóthais ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | **-** | (81.7) |
| Méideanna aisíoctha ag institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | | **30.5** | 9.7 |
| Díbhinní Comhfhiontar | 15 | **13.7** | - |
| Díbhinní ó infheistíochtaí arna dtomhais ag an luach cóir trí bhrabús agus caillteanas | | **1.6** | - |
| Eis-sreabhadh glan airgid ar cheannach Castlepook Power DAC | | **-** | (11.8) |
| Ceannach sócmhainní airgeadais agus infheistíochtaí ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | **(246.6)** | (129.0) |
| Ús faighte | | **2.2** | 3.7 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | **(1,145.7)** | (1,098.0) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | 19 | **(42.9)** | (34.9) |
| Príomhghné ranníocaíochtaí léasa | | **(16.6)** | - |
| Athcheannach scaireanna ESOP | | **(4.6)** | (4.9) |
| Aisíocaíochtaí de bhannaí agus shaoráidí fiachais téarma | | **(548.0)** | (823.2) |
| Fáltais ó eisiúint bannaí | | **592.9** | 894.5 |
| Fáltais ar tharraingt anuas áis chreidmheasa imrothlaigh agus iasachtaíochtaí eile | | **-** | 170.4 |
| Íocaíochtaí ar bhabhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | | **(15.2)** | (95.6) |
| **(Eis-sreabhadh) / insreabhadh glan airgid thirim ó ghníomhaíochtaí airgeadais** | | **(34.4)** | 106.3 |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | | **(107.8)** | (151.1) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail ar an 1 Eanáir** | 18 | **229.1** | 380.4 |
| **Éifeachtaí luaineachtaí an ráta malairte ar airgead á choimeád** | | **3.8** | (0.2) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail ar an 31 Nollaig** | 18 | **125.1** | 229.1 |



# RÁITEAS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA MAIDIR LE SREABHADH AIRGID

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ m | 2018<br>€ m |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | **366.0** | 151.4 |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | | **543.7** | 510.0 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus amúchadh ioncaim iarchurtha eile | 26 | **(55.0)** | (49.3) |
| Gluaiseachtaí astaíochtaí | | **(13.8)** | (40.9) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní neamhreatha | | **(5.4)** | (0.6) |
| Glanchostas maoinithe | | **42.4** | 62.8 |
| Éifeacht de ghluaiseacht luacha chóir ar ionstraimí airgeadais i gcostais oibriúcháin | | **(8.7)** | 11.7 |
| Díbhinn a fuarthas ó ghnóthais fochuideachta | | **(9.1)** | (9.1) |
| Costas cáin ioncaim | | **56.5** | 29.6 |
| Bearnúchán fardail | | **8.3** | 1.0 |
| Soláthairtí ar mhéideanna a bhí dlite ag gnóthais ghaolmhara | | **31.2** | 34.4 |
| Muirear bearnúcháin | | **8.3** | 87.3 |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal oibre agus ar sholáthairtí** | | **964.4** | 788.3 |
| (Creidmheas) / muirear maidir le soláthairtí | | **(4.4)** | 5.1 |
| Muirear maidir le dliteanais a bhaineann le fostaithe | 24 | **118.6** | 49.8 |
| Úsáid soláthairtí | | **(6.9)** | (15.0) |
| Íocaíochtaí i ndáil le dliteanais a bhaineann le fostaithe | 24 | **(89.4)** | (66.1) |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas | | **88.9** | 12.5 |
| Méadú ar infháltais trádála agus infháltais eile | | **(5.6)** | (266.1) |
| Laghdú ar fhardail | | **9.3** | 4.4 |
| (Laghdú) / méadú ar shuimeanna iníoctha trádála agus ar shuimeanna iníoctha eile | | **(197.2)** | 176.1 |
| **Airgead tirim arna ghiniúint ó oibriúcháin** | | **877.7** | 689.0 |
| Cáin reatha íoctha | | **(43.0)** | (44.3) |
| Ús íoctha | | **(118.0)** | (117.7) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **716.7** | 527.0 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | **(549.4)** | (524.5) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(101.8)** | (90.8) |
| Fáltais ó dhíolachán na sócmhainní neamhreatha | | **6.5** | 4.7 |
| Méideanna a tugadh mar iasachtaí scairshealbhóra do ghnóthais ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | **-** | (45.0) |
| Méideanna a tugadh do ghnóthais fochuideachta | | **(249.8)** | (469.3) |
| Ús faighte | | **60.0** | 44.4 |
| Díbhinní a fuarthas ó ghnóthais fochuideachta | | **9.1** | 9.1 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | **(825.4)** | (1,071.4) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | 19 | **(42.9)** | (34.6) |
| Príomhghnéithe íocaíochtaí léasa | | **(11.0)** | - |
| Aisíocaíochtaí de shaoráidí fiachais téarma | | **(286.3)** | (177.2) |
| Fáltais ó iasachtaíochtaí | | **-** | 100.0 |
| Fáltais ar tharraingt anuas áis chreidmheasa imrothlaigh | | **-** | 70.0 |
| Fáltais ar iasachtaí ó fhochuideachtaí | | **384.8** | 500.0 |
| **Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **44.6** | 458.2 |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | | **(64.1)** | (86.2) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail ar an 1 Eanáir** | 18 | **122.3** | 208.5 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail ar an 31 Nollaig** | 18 | **58.2** | 122.3 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)

### (I) BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Corparáid reachtúil is ea Bord Soláthair an Leictreachais (ESB) arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927, agus tá sé lonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite ESB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus amhail an dáta sin, an Mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí (a dtugtar ESB nó an Grúpa orthu le chéile) agus leasanna an Ghrúpa i ngnólachtaí comhlachaithe agus in aonáin chomhrialaithe.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais Chomhdhlúite agus Mháthairchuideachta faoi IFRS (na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta), arna nglacadh ag an AE (IFRS AE) agus arna gcur i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuirtear díolúine ó fhoilsiú ráiteas ioncaim na Máthairchuideachta agus ráiteas um ioncam cuimsitheach ar fáil in Acht na gCuideachtaí 2014 d'aonán Máthairchuideachta a chuireann a ráitis airgeadais aonair isteach in éineacht lena ráitis airgeadais chomhdhlúite atá ina gcuid de ráitis airgeadais na Máthairchuideachta a ullmhaítear agus a fhaomhtar de réir an Achta. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa de réir chaighdeán IFRS an AE agus de réir léirmhínithe an IFRIC (Coiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais) a eisíodh agus atá i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 31 Nollaig 2019, nó roimhe. Ullmhaíodh ráitis airgeadais Chomhdhlúite na Máthairchuideachta ar bhonn an chostais stairiúil ach amháin d'ionstraimí airgeadais díorthacha agus d'infheistíochtaí áirithe sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag an luach cóir.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais sin in euro, agus mura shonraítear a mhalairt, tá an fhaisnéis airgeadais ar fad slánaithe go dtí an milliún is gaire. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú i gcomhréir le IFRS an AE, éilítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i gcion ar chur i bhfeidhm beartas agus méideanna tuairiscithe sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costas. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana ghaolmhara sin bunaithe ar stair ó thaithí agus ar thosca éagsúla eile a gceaptar iad a bheith réasúnta mar a sheasann cúrsaí.

Déantar athbhreithniú leanúnach ar na meastacháin agus na boinn tuisceana bhunúsacha. Pléitear i nóta 31 a ghabhann leis na ráitis airgeadais aon bhreithiúnais a dhéanann an lucht bainistíochta i dtaca le cur i bhfeidhm IFRS an AE, a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar na ráitis airgeadais agus na réamh-mheastacháin, agus a bhféadfadh riosca mór coigeartaithe ábhartha le linn an chéad bhliain eile a bheith mar thoradh orthu.

Cuireadh na beartais atá leagtha amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach sna blianta go léir atá sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus chuir gach aonán den Ghrúpa i bhfeidhm go comhsheasmhach iad – ach amháin i gcás glacadh na gcaighdeán úr mar atá leagtha amach i nóta 1 (iii) thíos.

Tá acmhainní airgeadais nach beag ag an nGrúpa agus creideann an Bord go bhfuil an Grúpa ar fónamh chun a chuid rioscaí a bhainistiú go rathúil. Tá an Bord sásta tar éis fiosrúcháin iomchuí a dhéanamh go bhfuil dóthain acmhainní ag ESB chun leanúint ar aghaidh i mbun oibre go ceann bliana ar a laghad ón dáta a ceadaíodh ráitis airgeadais rialála Ghrúpa ESB. Ullmhaítear na ráitis airgeadais rialála de réir bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh. Tá tuilleadh sonraí maidir le staid leachtachta an Ghrúpa ar fáil i nóta 21 de na ráitis airgeadais.

D'fhéadfaí nach suimeofar táblaí áirithe sna ráitis airgeadais go cruinn mar gheall ar an slánú.

### (II) BUNÚS AN CHOMHDHLÚTHAITHE

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus ráitis airgeadais na gnóthais fochuideachta go léir, mar aon le sciar an Ghrúpa de thorthaí agus de ghlanshócmhainní na ngnóthas comhlachaithe agus na gcomhfhiontar a rinneadh suas go dtí an 31 Nollaig 2019. Cuimsítear torthaí na ngnóthas fochuideachta a fuarthas nó a rinneadh a dhiúscairt i rith na bliana i ráiteas ioncaim an Ghrúpa ó dháta na héadála nó suas go dtí dáta na diúscartha. Bhain Máthairchuideachta ESB leas as an díolúine in alt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014 gan a ráiteas ioncaim aonair, a ráiteas ioncam chuimsitheach agus nótaí a bhain leis a ghabhann le ráitis airgeadais fhaofa na Máthairchuideachta a chur ar fáil.

**Gnóthas leantach**

Tá acmhainní airgeadais nach beag ag an nGrúpa agus creideann an Bord go bhfuil an Grúpa ar fónamh chun a chuid rioscaí a bhainistiú go rathúil. Tá an Bord sásta tar éis fiosrúcháin iomchuí a dhéanamh go bhfuil dóthain acmhainní ag ESB chun leanúint ar aghaidh i mbun oibre go ceann bliana ar a laghad ón dáta a ceadaíodh ráitis airgeadais rialála Ghrúpa ESB. Ullmhaítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite de réir bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh.

Déantar cur síos ar mhaoiniú agus ar bhainistíocht leachtachta an Ghrúpa i nóta 21 agus bhí €125.1 milliún ar láimh ag an nGrúpa in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid amhail ar an 31 Nollaig 2019.

**Cuntasaíocht do chomhcheangail ghnó**

Déantar cuntasaíocht i gcás comhcheangail ghnó trí leas a bhaint as an modh éadála amhail ar an dáta éadála ar a n-aistrítear an rialú chuig an nGrúpa.

**Éadálacha an 1 Eanáir 2010 nó ina dhiaidh sin**

Tá freagracht ar an nGrúpa do chomhcheangail gnó faoi Chomhcheangail Gnó IFRS 3, tomhaiseann an Grúpa cáilmheas ag an dáta ceannaithe mar:
· luach cóir na comaoine a aistríodh; móide
· an tsuim aitheanta a bhaineann le haon leasanna neamhrialaithe sa bhfaighteán; agus má fhaightear an comhcheangal gnó i gcéimeanna, luach cóir an leasa cothromais atá cheana sa bhfaighteán; lúide
· glansuim aitheanta (luach cóir) na sócmhainní inaitheanta a fuarthas agus na dliteanais a glacadh.

Nuair atá an barrachas diúltach, aithnítear gnóthachan ceannach sladmhargaidh láithreach i mbrabús nó i gcaillteanas.

Cláraítear mar chaiteachas costais a bhaineann leis an éadáil, (seachas iad siúd a bhaineann le ceist na n-urrús fiachais nó cothromais), a fhulaingíonn an Grúpa i ndáil leis an gcomhcheangal gnó de réir mar a fhulaingítear iad.

**Éadálacha idir an 1 Eanáir 2004 agus 1 Eanáir 2010**

Le haghaidh éadálacha idir an 1 Eanáir 2004 agus an 1 Eanáir 2010, is ionann an cáilmheas agus barrachas chostas na héadála thar leas an Ghrúpa i suim aitheanta (luach cóir) shócmhainní inaitheanta, dhliteanais agus dhliteanais theagmhasacha an fhaighteáin. Nuair a bhí an barrachas cáilmheasa diúltach, aithníodh gnóthachan ceannach sladmhargaidh láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas. Rinneadh costais idirbheart, seachas na costais a bhaineann le heisiúint urrúis fiachais nó chothromais, a thabhaigh an Grúpa i ndáil le comhcheangal gnó a chaipitliú mar chuid de chostas na héadála.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)

### (II) BONN COMHDHLÚTHÚCHÁIN(ar lean.)

**Éadálacha roimh an 1 Eanáir 2004 (dáta an aistrithe chuig na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS))**

Mar chuid dá aistriú chuig IFRSeanna, chinn an Grúpa nach n-athshonródh sé ach na comhcheangail ghnó sin a tharla ar an 1 Eanáir 2003 nó ina dhiaidh, de réir cinntí beartas a rinne an Grúpa ag an am. Maidir le héadálacha roimh an 1 Eanáir 2003, léiríonn cáilmheas an tsuim atá aitheanta faoi chreat cuntasaíochta an Ghrúpa roimhe seo, GAAP na hÉireann/RA.

**IFRS 10 — Ráitis airgeadais chomhdhlúite**

Díríonn samhail rialála IFRS 10 ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil cumhacht ag an nGrúpa ar institiúid infheistiúcháin, cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchosaint nó cearta aige ar thorthaí athraitheacha mar thoradh ar a nasc leis an institiúid infheistiúcháin, agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé in ann a chumhacht a úsáid chun tionchar a imirt ar na torthaí sin. Go sonrach, ceanglaítear faoi IFRS 10 ar an nGrúpa na hinstitiúidí infheistiúcháin a rialaíonn sé a chomhdhlúthú ar bhonn rialú de facto.

I gcomhréir le IFRS 10, déanann an Grúpa measúnú ar rialú ar bhonn leanúnach agus déanann an Grúpa athmheasúnú maidir lena rialú ar institiúid infheistiúcháin má léiríonn fianaise nó cúinsí gur athraigh gné amháin nó níos mó ná sin den tsamhail rialaithe.

**Fochuideachtaí**

Is aonáin iad fochuideachtaí arna rialú ag ESB (tá rialú i gceist nuair atá ESB nochta d'fháltais athraitheacha, nó nuair atá ceart na bhfáltas athraitheach aige de bharr a rannpháirtíocht leis an aonán agus go bhfuil an cumas aige dul i gcion ar na fáltais sin trína chumhacht ar an aonán). Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta a thosaíonn an rialú go dtí an dáta a gcuirtear deireadh leis.

**IFRS 11 - Comhshocruithe**

Faoi IFRS 11, rangaíonn an Grúpa a leasanna i gcomhshocruithe mar chomhoibríochtaí nó mar chomhfhiontair ag brath ar chearta an Ghrúpa ar na sócmhainní agus na hoibleagáidí maidir le dliteanais na socruithe. Agus an measúnú sin á dhéanamh ag an nGrúpa, breathnaíonn sé ar struchtúr agus ar fhoirm dhlíthiúil na socruithe, ar théarmaí conarthacha an tsocraithe mar a comhaontaíodh idir na páirtithe, agus nuair is cuí, ar fhachtóirí agus cúinsí eile.

**Comhoibríochtaí**

Is éard is comhoibríochtaí ann ná na gnóthais sin ina bhfuil sé measta go bhfuil comhsmacht ag ESB ar an socrú agus go bhfuil cearta chun na sócmhainní agus oibleagáidí maidir le dliteanais an tsocraithe aige. Dá réir sin, aithnítear sciar an Ghrúpa de shócmhainní, dliteanais, ioncaim, costais agus ioncam cuimsitheach eile sna catagóirí faoi seach laistigh de na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

**Comhfhiontair**

Is ionann gnóthais comhfhiontair (comhfhiontair) agus na gnóthais sin a bhfuil smacht conarthach ag ESB i gcomhar le páirtí eile orthu, áit a bhfuil cearta ag an nGrúpa i dtaobh ghlansócmhainní an tsocraithe seachas cearta a bheith aige i dtaobh sócmhainní agus oibleagáidí i dtaobh dhliteanais.

Tugtar cuntas maidir le comhfhiontair ag baint leas as modh cuntasaíochta an chothromais. Faoi mhodh an chothromais, an sciar atá ag an nGrúpa de bhrabúis nó caillteanais tar éis do cháin a bheith gearrtha ar chomhfhiontair, cuimsítear é sa ráiteas comhdhlúite ioncaim i ndiaidh muirir úis agus maoinithe. Taispeántar sciar an Ghrúpa de mhíreanna ioncaim chuimsithigh eile sa ráiteas um ioncam cuimsitheach.

Cuimsítear leasanna an Ghrúpa sna glansócmhainní mar infheistíochtaí i gcomhfhiontair ar thosach an chláir chomhardaithe chomhdhlúite ag suim a léiríonn sciar an Ghrúpa de luachanna córa na nglansócmhainní ag tráth na héadála, móide cáilmheas, costais éadála, sciar an Ghrúpa d'ioncam agus costais iaréadála coinnithe, lúide aon táille bhearnúcháin. Ní aithnítear glansócmhainní ach amháin sa mhéid go bhfuil oibleagáidí dlí nó inchiallaithe tabhaithe ag ESB nó íocaíochtaí déanta ar son comhfhiontar.

Tógadh na suimeanna atá sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i ndáil le torthaí iaréadála comhfhiontar ón bhfaisnéis airgeadais is déanaí dá gcuid a rinneadh suas le dáta chlár comhardaithe an Ghrúpa.


I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, déantar infheistíochtaí i gcomhfhiontair a iompar ag an gcostas lúide muirir bhearnúcháin ar bith.

Déanann an Grúpa measúnú cibé an bhfuil gá le hathmheasúnú a dhéanamh mar gheall ar athrú sna fíricí agus na cúinsí, nó an bhfuil comhsmacht fós ann. Rinneadh an Grúpa a rannpháirtíocht i gcomhshocruithe a mheas agus dhearbhaigh sé go gcomhlíonann na hinfheistíochtaí sin critéir na gcomhfhiontar, a gcoimeádtar cuntas orthu fós le húsáid mhodh an chothromais.

**Gnólachtaí Comhlachaithe**

Tugtar cuntas ar aonáin seachas comhshocruithe agus fochuideachtaí ina bhfuil leas rannpháirtíochta ag an nGrúpa, agus a bhfuil an Grúpa ábalta tionchar suntasach a imirt ar a mbeartais oibriúcháin agus airgeadais ach nach rialaíonn nó nach gcomhrialaíonn iad, mar ghnólachtaí comhlachaithe ag baint úsáid as modh an chothromais agus cuimsítear iad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar a meastar go n-eascraíonn tionchar suntasach go dtí an dáta nach bhfuil an tionchar ann níos mó. I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a iompar ar chostas lúide muirir bhearnúcháin ar bith.





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

## (II) BONN COMHDHLÚTHÚCHÁIN(ar lean.)

**Idirbhearta a dhíbrítear ar chomhdhlúthú**

Déantar iarmhéideanna agus idirbhearta idirghrúpa, agus ioncam agus costais neamhréadaithe ar bith a eascraíonn as idirbhearta idirghrúpa, a dhíchur agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú. Déantar gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn as institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a dhíchur in aghaidh na hinfheistíochta suas chomh fada le suim an Ghrúpa san institiúid infheistiúcháin. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíchur ar an gcaoi chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ach amháin sa mhéid nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnúchán ann.

## (III) CAIGHDEÁIN AGUS LÉIRMHÍNITHE ÚRA

| Caighdeáin nó leasuithe nua | Dáta Éifeachtach | Tionchar ábhartha ar thorthaí agus ar staid airgeadais an Ghrúpa |
|---|---|---|
| IFRS 16 Léasanna | 01 Eanáir 2019 | Éifeacht ábhartha |
| IFRIC 23 Éiginnteacht i dTaobh Cóireála Cánach Ioncaim | 01 Eanáir 2019 | Níl aon éifeacht ábhartha i gceist |
| IAS 19 Leasuithe, Ciorruithe nó Socrú Plean Sochar Fostaithe (leasuithe) | 01 Eanáir 2019 | Níl aon éifeacht ábhartha i gceist |

**IFRS 16 Léasanna**

Tá IFRS 16 Léasanna curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa ar an 1 Eanáir 2019; ní dhéantar méideanna comparáideacha do bhliain airgeadais 2018 a ath-thuairisciú.

**Tionchar ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite de bharr glacadh le IFRS 16**

Roghnaigh ESB an cur chuige siarghabhálach mionathraithe nuair a aistríodh go IFRS 16. Faoin rogha aistrithe sin:

•Cuirtear an caighdeán i bhfeidhm ó thús thréimhse chuntasaíochta an aistrithe (1 Eanáir 2019).

•Tomhaistear dliteanais léasa amhail ar an dáta aistrithe (1 Eanáir 2019) do na íocaíochtaí léasa atá fágtha agus tomhaistear iad ag baint úsáid as an ráta lascaine, as téarma an léasa agus as boinn tuisceana eile (cinnteacht réasúnta i ndáil le síntí, foirceanta etc.) amhail ar an 1 Eanáir 2019.

Sna táblaí seo a leanas, tugtar achoimre ar thionchar an aistrithe chuig IFRS 16 ar iarmhéideanna tosaigh shócmhainní agus dhliteanais an Ghrúpa.

| Sliocht as an gclár comhordaithe | Bunsuim ghlanluacha 31 Nollaig 2018 € m | Tionchar an aistrithe chuig IFRS 16 € m | Suim nua ghlanluacha 1 Eanáir 2019 € m |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainn neamhreatha** | | | |
| Sócmhainní ceart úsáide (RoU) | - | 132.9 | **132.9** |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Dliteanais Léasa | - | (118.0) | **(118.0)** |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Dliteanais Léasa | - | (14.9) | **(14.9)** |

| | € m |
|---|---|
| **Gealltanais maidir le léasanna oibriúcháin a nochtar amhail ar an 31 Nollaig 2018** | **168.4** |
| Arna lascainiú ag úsáid ráta incriminteach iasachta an Ghrúpa | **(23.1)** |
| Móide / (lúide) coigeartuithe le haghaidh: | |
| - Táillí seirbhíse a chuimsítear mar chuid de dhliteanas léasa IFRS 16 | **6.6** |
| - Uainiú sínithe léasanna | **(4.2)** |
| - Cóireáil dhifriúil roghanna sínithe agus foirceanta | **(13.7)** |
| - Léasanna gearrthéarmacha a aithnítear de réir méid chothroim mar chaiteachas | **(0.8)** |
| - Léasanna ar luach íseal a aithnítear de réir méid chothroim mar chaiteachas | **(0.3)** |
| **Dliteanas léasa arna aithint amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **132.9** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | |
| Dliteanais neamhreatha | **(118.0)** |
| Dliteanais reatha | **(14.9)** |
| **Iomlán** | **(132.9)** |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

## (III) CAIGHDEÁIN AGUS LÉIRMHÍNITHE NUA (ar lean.)

**IFRS 16 Léasanna (ar lean.)**

**Áiseanna Praiticiúla**

Bhain ESB leas as roinnt áiseanna praiticiúla maidir le IFRS 16, agus tugtar a mionsonraí thíos.

- **Díolúine mharthanachta**

Tá leas bainte ag ESB as áis aistrithe na 'díolúine marthanachta' maidir le IFRS 16. Ní éilítear ar ESB athmheasúnú a dhéanamh ar cibé acu an léas é conradh, nó nach ea, ag am an bhuniarratais. Ina ionad sin, ceadaítear don ESB:

**a)** an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm ar chonarthaí a aithníodh roimhe mar léasanna a chuireann IAS 17 Léasanna agus IFRIC 4 Cinneadh an bhfuil Léas i gComhaontú i bhfeidhm.

**b)** gan an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm ar chonarthaí nár aithníodh roimhe mar chonarthaí a mbaineann léas leo a chuireann IAS 17 agus IFRIC 4 i bhfeidhm.

-Tá leas bainte ag ESB as an díolúine seo agus tá gach léas a chuimsítear sa nóta dliteanais léasanna oibriúcháin i ráitis airgeadais chomhdhlúite 2018 aitheanta chun dliteanas tosaigh shócmhainní / léasa Phoblacht na hÉireann IFRS 16 a chinneadh.

- **Díolúine le haghaidh luachanna ísle**

Cuireadh an díolúine ar léas ar luach íseal (sa chás go bhfuil luach na bunsócmhainne níos lú ná €5,000) i bhfeidhm, nuair ba chuí. Cláraítear na híocaíochtaí gaolmhara léasa sa ráiteas ioncaim sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

- **Díolúine le haghaidh léasanna gearrthéarmacha**

Tá díolúine le haghaidh léasanna gearrthéarmacha curtha i bhfeidhm maidir le léasanna lena mbaineann tréimhse de 12 mhí nó níos lú agus maidir le comhaontuithe léasa a rachaidh in éag laistigh de 12 mí ón dáta aistrithe. Cláraítear an íocaíocht ghaolmhar léasa sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear í.

- **Comhpháirteanna neamhléasa**

Tá cinneadh déanta ag ESB gan comhpháirteanna neamhléasa a scaradh ó chomhpháirteanna léasa. Táillí seirbhíse ar léasanna réadmhaoine atá sna comhpháirteanna neamhléasa.

**Breithniúnais**

**(i) Rátaí lascaine**

Rinneadh rátaí lascaine a ríomh ag an dáta aistrithe de réir airgeadra an léasa agus théarma an léasa trí úsáid a bhaint as na rátaí babhtála réamhcheaptha agus corrluach cuí creidmheasa. Bhí an meánráta lascaine ualaithe a chuir gach léasaí i bhfeidhm idir 0.1% agus 2.6%.

**(ii) Téarmaí léasanna**

Cinneadh téarmaí na léasanna trí thagairt a dhéanamh do gach comhaontú léasa agus rinneadh measúnú ar chinntí ar shíntí agus ar chlásail scoir ar bhonn cás ar chás i gcomhréir le IFRS 16.

**Conarthaí léasanna**

Léasaíonn an Grúpa píosaí éagsúla talún agus foirgnimh, talún feirme gaoithe agus feithiclí. Is gnách go ndéantar conarthaí léasa ar feadh tréimhsí seasta ach d'fhéadfadh roghanna sínidh, mar a gcuirtear síos orthu i nóta 13 léasanna, bheith mar chuid díobh freisin. Déantar téarmaí léasanna a shocrú trí idirbheartaíocht ar bhonn cás ar cás agus bíonn réimse leathan de théarmaí agus de choinníollacha orthu. Ní fhorchuireann na comhaontuithe léasanna aon chúnant, ach ní féidir sócmhainní léasaithe a úsáid mar urrús chun críocha iasachta.


**IFRS 16 Léasanna: Beartais cuntasaíochta i bhfeidhm ar léasanna ón 1 Eanáir 2019**

Ón 1 Eanáir 2019, aithnítear léasanna mar shócmhainní ceart úsáide agus dliteanas comhfhreagrach ar an dáta ar a bhfuil an tsócmhainn léasaithe ar fáil lena húsáid ag an nGrúpa. Déantar sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn ó léas a thomhas ar dtús ar bhonn an luacha reatha. Clúdaíonn dliteanais léasa glanluach reatha na ranníocaíochtaí léasa. Cuirtear ranníocaíochtaí léasa atá le déanamh de réir roghanna sínidh atá measartha cinnte san áireamh i dtomhas an dliteanais freisin. Déantar na ranníocaíochtaí léasa a lascainiú de réir an ráta úis atá intuigthe sa léas. Mura féidir an ráta sin a chinneadh go héasca, mar a tharlaíonn i gcoitinne i gcás léasanna sa Ghrúpa, úsáidtear ráta incriminteach iasachta an léasaí; is é sin an ráta a bheadh ar an léasaí aonair a íoc chun na cistí a bheadh riachtanach chun sócmhainn ar luach den chineál céanna le luach na sócmhainne ceart úsáide a fháil ar iasacht i dtimpeallacht eacnamaíoch den chineál céanna, faoi théarmaí, urrús agus coinníollacha den chineál céanna.

Leithdháiltear ranníocaíochtaí léasa idir príomhchostas agus costas airgeadais. Cláraítear an costas airgeadais sa chuntas brabúis nó caillteanais thar thréimhse an léasa chun go mbeidh ráta seasta tréimhsiúil úis ann ar iarmhéid an dliteanais a bheidh fágtha do gach tréimhse.
Déantar sócmhainní ceart úsáide a thomhas ag an gcostas agus na rudaí seo a leanas san áireamh:
- méid thomhas tosaigh an dliteanais léasa
- aon ranníocaíocht léasa a dhéantar ar an dáta tosaigh, nó roimh an dáta sin, lúide aon dreasacht léasa a fuarthas
- aon chostas díreach tosaigh, agus
- costais athchóirithe.

Is gnách go ndéantar sócmhainní ceart úsáide a dhímheas thar shaolré úsáideach na sócmhainne nó thar théarma an léasa de réir méid chothroim, cibé acu is giorra. Má táthar réasúnta cinnte go mbainfidh an Grúpa leas as rogha ceannaithe, déantar an tsócmhainn ceart úsáide a dhímheas thar shaolré úsáideach bunaidh na sócmhainne.
I gcás costais maidir le léasanna gearrthéarmacha ar threalamh agus ar fheithiclí agus gach léas sócmhainne ar luach íseal, aithnítear iad de réir méid chothroim mar chostas i mbrabús nó caillteanas. Is ionann léasanna gearrthéarmacha agus léasanna a bhfuil téarma 12 mhí nó níos lú ag baint leo. Trealamh TF is mó a bhíonn i gceist le sócmhainní ar luach íseal.





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

## (III) CAIGHDEÁIN AGUS LÉIRMHÍNITHE NUA (ar lean.)

**IFRS 16 léasanna (ar lean.)**

**Beartais chuntasaíochta i bhfeidhm roimh an 1 Eanáir 2019 (IAS 17)**

Is éard is léasanna airgeadais ann ná léasanna a bhfuil an Grúpa, mar léasaí, freagrach go hiomlán as rioscaí agus sochair uile úinéireacht na léasanna sin, agus i gcás léasanna oibriúcháin, is leis an léasaí na rioscaí agus sochair a bhaineann le húinéireacht na léasanna sin.

Cuimsítear sócmhainní neamhreatha a fuarthas faoi léasanna airgeadais sa chlár comhardaithe ag a luach caipitil coibhéiseach agus déantar iad a dhímheas thar saol úsáideach na sócmhainne nó a téarma léasa, cibé acu is giorra, mura bhfuil aon chinnteacht réasúnach ann go bhfaighidh an Grúpa úinéireacht orthu ag deireadh an téarma léasa. Déantar na dliteanais chomhfhreagracha a thaifeadadh mar léas airgeadais iníoctha agus gearrtar an ghné úis de na híocaíochtaí léasa airgeadais ar an ráiteas ioncaim, agus í faoi réir ráta úis tréimhsiúil seasta. Déantar táillí cíosa i dtaca le léasanna oibriúcháin a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa.

## (IV) CAIGHDEÁIN, LÉIRMHÍNITHE AGUS LEASUITHE I DTACA LE CAIGHDEÁIN FHOILSITHE NACH BHFUIL I BHFEIDHM GO FÓILL

Tá roinnt caighdeán úr, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe ann nach bhfuil i bhfeidhm go fóill don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, agus níor cuireadh i bhfeidhm iad agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú. Is iad na míreanna seo a leanas na cinn a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don Ghrúpa:

| Caighdeáin nó leasuithe nua | Dáta Éifeachtach | Tionchar ábhartha ar thorthaí agus ar staid airgeadais an Ghrúpa |
|---|---|---|
| Creat Coincheapúil Athbhreithnithe maidir le Tuairisciú Airgeadais | 01 Eanáir 2020 | Níl aon éifeacht ábhartha i gceist |
| Sainmhíniú ar Ábhartha – Leasuithe ar IAS 1 agus ar IAS 8 | 01 Eanáir 2020 | Níl aon éifeacht ábhartha i gceist |
| Sainmhíniú ar Ghnóthas – Leasuithe ar IFRS 3 | 01 Eanáir 2020 | Níl aon éifeacht ábhartha i gceist |

## (V) AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Tá na ráitis airgeadais sin tuairiscithe in euro, airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta.

**(a) Airgeadra feidhmiúil agus tíolactha**

Déantar míreanna atá cuimsithe i ráitis airgeadais gach ceann d'aonáin an Ghrúpa a thomhas ag úsáid airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina bhfuil an t-aonán ag feidhmiú (an t-airgeadra feidhmiúil). Is in euro atá na ráitis airgeadais chomhdhlúite curtha i láthair.

**(b) Idirbhearta agus iarmhéideanna**

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhunús na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. De ghnáth, aithnítear i mbrabús nó i gcaillteanas na gnóthachain agus na caillteanais malairte eachtraí a eascraíonn ó shocraíocht a leithéid d'idirbhearta agus ó aistriú sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha ag rátaí malairte dheireadh na bliana. Déantar iad a iarchur i gcothromas má bhaineann siad le fáluithe cáilithe sreabhaidh airgid agus fáluithe cáilithe de ghlaninfheistíocht, nó más cuid den ghlaninfheistíocht in oibríocht eachtrach iad.

I gcás míreanna neamhairgid atá tomhaiste ag a luach cóir in airgeadra eachtrach, aistrítear iad ar bhonn na rátaí malairte amhail ar an dáta a ndearnadh an luach cóir a chinneadh. I gcás difríochtaí aistrithe ar shócmhainní agus dliteanais a thugtar ar aghaidh ag a luach cóir, tuairiscítear iad mar chuid de ghnóthachan nó caillteanas an luacha chóir. Mar shampla, i gcás difríochtaí aistrithe ar shócmhainní agus ar dhliteanais neamhairgeadaíochta amhail gnáthscaireanna atá sealbhaithe trí bhrabús nó trí chaillteanas, aithnítear iad i mbrabús nó i gcaillteanas mar chuid de bhrabús nó de chaillteanas an luacha chóir.

Na torthaí agus an stádas airgeadais atá ag oibríochtaí eachtracha (nach bhfuil airgeadra geilleagair hipearbhoilscitheach ag aon cheann acu) a bhfuil airgeadra feidhmiúil acu nach ionann é agus an t-airgeadra tuairiscithe, aistrítear iad chuig an airgeadra tuairiscithe mar seo a leanas:
- aistrítear sócmhainní agus dliteanais do gach clár comhardaithe a chuirtear ar fáil ag an ráta reatha ar dháta an chláir chomhardaithe sin
- aistrítear ioncam agus costais maidir le gach ráiteas brabúis nó caillteanais agus ráiteas ioncaim chuimsitheach ag gnáthrátaí malairtie (seachas murar meastachán réasúnach d'éifeacht charnach na rátaí atá ann ar dhátaí na n-idirbhearta, agus más amhlaidh nach ea, glactar leis gur rátaí malartaithe aistrithe iad ioncam agus costais ar dhátaí na n-idirbheart), agus
- aithnítear gach difríocht malartaithe atá mar thoradh air in ioncam cuimsitheach eile.

Agus comhdhlúthú á dhéanamh, aon difríochtaí malairte a eascraíonn ó aistriú aon ghlan-infheistíochta in eintitis eachtracha, agus ó aistriú iasachtaíochtaí agus ionstraimí airgeadais eile arna n-ainmniú mar fháluithe ar an gcineál sin d'infheistíochtaí, aithnítear iad in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a dhíoltar oibríocht eachtrach nó nuair a aisíoctar aon iasachtaíochtaí ar cuid iad den ghlan-infheistíocht, déantar na difríochtaí malairte bainteacha a athaicmiú mar bhrabús nó caillteanas, mar chuid den ghnóthachan nó den caillteanas an tráth a ndíoltar iad.

Caitear le cáilmheas a eascraíonn as éadáil oibríochta eachtraí mar shócmhainní agus mar dhliteanais den oibríocht eachtrach agus aistrítear é ag an ráta reatha

## (VI) RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH, AGUS DÍMHEAS

**Aitheantas agus tomhas**

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag an gcostas lúide dímheas carntha agus forálacha maidir le bearnúchán ar luach, ach amháin i gcás talamh, a thaispeántar ag an gcostas lúide bearnúchán. Cuimsíonn réadmhaoin, gléasra agus trealamh costais chaipitlithe fostaithe, úis agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne agus i leith cuid chuí de na forchostais bhainteacha.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

## (VI) RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH, AGUS DÍMHEAS(ar lean.)

**Dímheas**

Ríomhtar an muirear don dímheas chun an costas maidir le réadmhaoin, gléasra agus trealamh a dhíscríobh go dtí a luach iarmharach measta thar a shaolré mheasta úsáideach ag baint úsáid as modhanna atá oiriúnach do chineál gnó an Ghrúpa agus do shaintréith agus do shaolré na réadmhaoine, a ghléasra agus a threalaimh. Ní sholáthraítear dímheas ar bith ar thalamh ruílse nó ar shócmhainní le linn tógála. Ríomhtar dímheas ar mhíreanna eile réadmhaoine, gléasra agus trealaimh de réir méid chothroim chun a méideanna in-dímheasa a leidhdháileadh thar a saolréanna measta úsáideacha mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Gléasra giniúna agus struchtúir na stáisiún teirmeach | 20 bliain |
| Sócmhainní um ghiniúint feirmeacha gaoithe | 20/25 bliain |
| Gléasra agus struchtúir dáileacháin | 25/30 bliain |
| Gléasra agus struchtúir tarchurtha | 30 bliain |
| Foirgnimh ghinearálta agus stáisiúin hidrileictreacha | 50 bliain |

**Caiteachas ina dhiaidh sin**

Aon chaiteachas a dhéanfar ina dhiaidh sin ar réadmhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh, cuimseofar é i suim ghlanluacha na sócmhainne nó aithneofar é mar shócmhainn ar leith, mar is cuí, ach ní tharlóidh sin ach amháin i gcás gurb amhlaidh a bheidh tairbhí eacnamaíocha na míre amach anseo chun leasa an Ghrúpa, agus go mbeifear in ann costas na míre a thomhas go cruinn. Gearrtar aon deisiúcháin agus chothabháil eile ar an ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad.

Áirítear le réadmhaoin, gléasra agus trealamh páirteanna spártha straitéiseacha i ndáil leis an ngnó Giniúna Leictreachais. Déantar stoc caipitil sa ghnóthas Networks a iompar laistigh de shócmhainní atá á dtógáil agus a bhfuil a gcoimisiúnú ar feitheamh.

## (VII) SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE AGUS CÁILMHEAS

**(a) Cáilmheas**

Cáilmheas atá ann mar thoradh ar éadáil fochuideachtaí, léirítear ina aonair é ar an gclár comhardaithe.

**Tomhas ina dhiaidh sin**

Déantar cáilmheas a thomhas ag an gcostas lúide caillteanais charntha i dtaca le bearnúchán. Déantar tástáil bhliantúil ar an gcáilmheas le haghaidh bearnúcháin. Aithnítear caillteanas bearnúcháin má sháraíonn suim ghlanluachála na sócmhainne nó aonaid ghiniúna airgid (CGU) an méid in-aisghabhála a ghabhann leis.

Is é méid in-aisghabhála sócmhainne nó CGU a luach úsáide, agus a luach cóir lúide na costais díolacháin, cibé acu is airde. Agus luach úsáide á mheasúnú, déantar sreafaí airgid réamh-mheasta don todhchaí a lascainiú go dtí a luach reatha trí ráta lascainithe réamhchánach a úsáid a léiríonn na measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn nó leis an CGU.

Aithnítear caillteanais bhearnúcháin i ndáil le cáilmheas sa bhrabús agus sa chaillteanas, agus ní fhorchoimeádtar iad.

**(b) Lamháltais astaíochtaí agus teastais oibleagáide inathnuaite (ROCanna)**

Déantar na lamháltais astaíochtaí a cheannaíonn ESB a thaifeadadh mar shócmhainní doláimhsithe ar costas.

De réir mar a thagann astaíochtaí aníos, gearrtar muirear ar an ráiteas ioncaim a léiríonn an méid a theastaíonn chun an dliteanas a shocrú don údarás ábhartha. Áirítear leis an soláthar seo luach glanluacha na lamháltas astaíochtaí atá sealbhaithe, mar aon le luach margaidh reatha aon lamháltas breise a theastaíonn chun an oibleagáid a chomhlíonadh. Cuirtear na lamháltais sin ar ais chuig an Údarás ábhartha atá i gceannas ar an scéim laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin, chun an dliteanas le haghaidh astaíochtaí iarbhír $CO_2$ le linn na bliana sin a chumhdach.

Is teastais iad ROCanna a eisíodh d'oibritheoirí stáisiúin ghiniúna inathnuaite creidiúnaithe sa RA don leictreachas inathnuaite incháilithe a ghineann siad. Ceannaíonn an Grúpa ROCanna ó chuid dá chomhfhiontair. Aithnítear ROCanna ceannaithe ar dtús ar costas (praghas ceannaithe) laistigh de shócmhainní doláimhsithe. Tomhaistear an dliteanas le haghaidh astaíochtaí iarbhír $CO_2$ ag costas na lamháltas ceannaithe suas go dtí leibhéal na lamháltas ceannaithe atá faoi sheilbh, agus ansin ag an praghas margaidh lamháltas a bhíonn i réim ag dáta an chláir chomhardaithe agus aithnítear gluaiseachtaí sa dliteanas i mbrabús oibriúcháin.


Dá bhrí sin, ní dhéantar lamháltais astaíochtaí agus ROCanna a shealbhaítear ar costas mar shócmhainní doláimhsithe a amúchadh toisc go sealbhaítear iad chun na dliteanais ghaolmhara a ghlanadh an bhliain dár gcionn.

**(c) Costais bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile**

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire agus sócmhainní doláimhsithe faighte eile lena n-áirítear naisc eangaí agus cearta faighte eile a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun an tsócmhainn shainiúil a fháil agus a chur in úsáid. Tomhaistear na sócmhainní sin ag an gcostas lúide amúchadh carntha, atá measta thar a saolréanna úsáideacha ar bhonn méid chothroim agus caillteanais bhearnúcháin charntha. Is iad seo a leanas mór-aicmiúcháin sócmhainní agus a saolréanna cionroinnte:

| | |
|---|---|
| Bogearraí | 3 / 5 bliain |
| Míreanna doláimhsithe eile | suas go dtí 20 bliain |

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

## (VII) SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE AGUS CÁILMHEAS (ar lean.)

**(c) Costais bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile (ar lean.)**

Déantar costais forbartha a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí bogearraí inaitheanta agus uathúla arna rialú ag an nGrúpa, agus ar dócha go nginfidh siad tairbhí eacnamaíocha a sháróidh costais thar bhliain amháin, déantar iad a aithint mar shócmhainní doláimhsithe nuair a chomhlíontar na critéir seo a leanas:

- tá sé i gceist ag an mbainistíocht an bogearra a chríochnú agus é a úsáid nó é a dhíol;
- táthar in ann an bogearra a úsáid nó é a dhíol
- féadfar a thaispeáint cén chaoi ar dócha go nginfidh an bogearra tairbhí eacnamaíochta amach anseo
- tá dóthain acmhainní teicniúla, airgeadais agus eile ann chun an fhorbairt a chríochnú agus chun an táirge a úsáid nó a dhíol
- tá dóthain acmhainní teicniúla, airgeadais agus eile ann chun an fhorbairt a chríochnú agus chun an tsócmhainn dholáimhsithe a úsáid
- go mbeadh sé éasca an caiteachas a bhaineann leis an mbogearra le linn a fhorbartha a thomhas go hiontaofa.

Áirítear costais forbartha bogearraí, fostaithe agus rann cuí forchostas ábhartha ar na costais dhíreacha. Tomhaistear na sócmhainní sin ag an gcostas lúide amúchadh carntha, a mheastar thar a saolré úsáideach measta (trí go cúig bliana) ar bhonn méid chothroim agus caillteanais bhearnúcháin charntha.

**(d) Taighde agus forbairt**

Aon chaiteachas taighde agus caiteachas forbartha nach gcomhlíonann na critéir thuas, aithnítear iad mar chostas a tabhaíodh. Aon chostais forbartha a aithníodh mar chostas roimhe sin, ní aithnítear iad mar shócmhainn sa tréimhse dár gcionn.

## (VIII) BEARNÚCHÁN SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA SEACHAS CÁILMHEAS

Níl sócmhainní ag a bhfuil saolré úsáideach éiginnte faoi réir amúchta agus déantar iad a thástáil le haghaidh bearnúcháin gach bliain. Déantar sócmhainní atá faoi réir dímheasa agus amúchta a thástáil le haghaidh bearnúcháin sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach bhfuil an méid tugtha anonn in-aisghabhála. Déantar tástáil ar sócmhainní nach bhfuiltear á n-úsáid fós le haghaidh bearnúcháin. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a sháraíonn méid tugtha anonn na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála luach cóir sócmhainne lúide costais le díol nó a luach úsáide, cibé is airde. Chun measúnú a dhéanamh ar bhearnúchán, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith acu (CGU).

Maidir le sócmhainní giniúna cumhachta, tá an luach úsáide bunaithe ar na sreafaí airgid measta a bhfuiltear ag súil lena nginiúint ag an tsócmhainn, agus tá an luach sin bunaithe ar mheastacháin maidir le giniúint cumhachta réamh-mheasta agus praghsanna réamh-mheasta cumhachta, gáis, carbóin agus acmhainne (más infheidhme), agus tráthúlacht agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitiúil. Déantar na sreafaí airgid a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáid as ráta lascainithe réamhchánach a léiríonn measúnú an mhargaidh reatha ar luach ama an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn.

## (IX) COSTAIS IASACHTAÍOCHTA

Cuirtear costais iasachtaí atá curtha i leith tógáil mórshócmhainní, dá bhfuil sé riachtanach tréimhse shuntasach a chaitheamh lena ndéanamh réidh le húsáid, le costais na sócmhainní sin ag meánchostas ualaithe na n-iasachtaí, go dtí cibé am a bheidh na sócmhainní réidh go hiomlán don úsáid atá beartaithe dóibh. Tá an ráta um chaipitliú a cuireadh i bhfeidhm cothrom le meánchostas fhiachas amuigh ESB agus, nuair is infheidhme, cuirtear ráta atá sainiúil don tionscadal i bhfeidhm. Aithnítear gach costas iasachtaí eile ar an ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad.

## (X) FARDAIL

Déantar fardail a iompar ag an meánchostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsíonn an costas gach praghas ceannaigh agus costais dhíreacha a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt go dtí a suíomh agus a riocht reatha. Tá an glanluach réadaithe bunaithe ar an ngnáthphraghas díola lúide costais eile a bhfuiltear ag súil lena dtabhú roimh dhiúscairt.

Déantar soláthar ar leith le haghaidh míreanna damáistithe, meathlaithe, as feidhm agus ó úsáid nuair is cuí.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

## (XI) SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AIRGEADAIS

**Aicmiú agus Tomhas**

Tá feidhm leis na beartais cuntasaíochta a leanas le sócmhainní airgeadais i ráitis airgeadais comhdhlúite Ghrúpa ESB a thomhas:

**Sócmhainní airgeadais ar luach cóir de bharr brabúis nó caillteanais (FVTPL)**

Tomhaistear na sócmhainní sin ag an luach cóir. Aithnítear glanghnóthachain agus glanchaillteanais, aon ús nó ioncam dhíbhinní san áireamh, sa chuntas brabúis agus caillteanais.

**Sócmhainní airgeadais ag an luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile (FVOCI)**

Tomhaistear na sócmhainní sin ag an luach cóir. Aithnítear glanghnóthachain agus glanchaillteanais in ioncam cuimsitheach eile.

**Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta**

Déantar a leithéid de shócmhainní a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, agus modh an úis ghlain á úsáid. Laghdaíonn caillteanais bhearnúcháin an costas amúchta. Aithnítear ioncam úis, gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí agus bearnúchán sa chuntas brabúis agus caillteanais. Aithnítear gnóthachan nó caillteanas nó dí-aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais.

**Infháltais trádála agus infháltais eile**

Aithnítear infháltais trádála agus infháltais eile i dtosach ag a luach cóir, arb é sin an bhunsuim arna sonrascadh de ghnáth, agus tugtar anonn iad ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáid as modh an úis ghlain, lúide an soláthar a rinneadh do bhearnúchán.

Cuireann an Grúpa cur chuige simplithe IFRS 9 i bhfeidhm chun caillteanais creidmheasa ionchais a thomhas a úsáideann lamháltas caillteanais ionchais saoil do gach infháltais trádála agus infháltais eile ach amháin ar na hiasachtaíochtaí geallsealbhóirí curtha ar aghaidh mar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu agus a tomhaistear ag baint úsáide as an gcur chuige ginearálta. Tá na liúntais caillteanais ar shócmhainní airgeadais bunaithe ar an mbonn tuisceana faoi riosca loicthe agus rátaí caillteanais ionchais. Baineann an Grúpa úsáid as breithiúnas chun na boinn tuisceana sin a dhéanamh agus chun ionchuir ar na háirimh caillteanas creidmheasa ionchais a roghnú, bunaithe ar stair an Ghrúpa, ar na coinníollacha margaidh faoi láthair agus ar réamhmheastacháin ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe.

**Iasachtaíochtaí agus iarmhéideanna le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**

Is sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha iad iasachtaíochtaí agus iarmhéideanna nó infháltais uathu nach luaitear i margadh gníomhach le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Áirítear iad ar na sócmhainní reatha nó na dliteanais reatha ar an gclár comhardaithe, ach amháin na cinn lena bhfuil aibíochtaí níos faide ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe a áirítear ar shócmhainní neamhreatha nó ar dhliteanais neamhreatha, agus a taifeadadh ar dtús ag luach cóir agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáid as modh an úis ghlain a rinneadh do bhearnúchán.

**Iasachtaíochtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí Grúpa (Máthairchuideachta)**

Is sócmhainní airgeadais nó dliteanais neamhdhíorthacha iad iasachtaíochtaí agus iarmhéideanna le Cuideachtaí Grúpa nach luaitear i margadh gníomhach. Áirítear iad ar na sócmhainní reatha nó na dliteanais reatha ar an gclár comhardaithe, ach amháin na cinn lena bhfuil aibíochtaí níos faide ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe a áirítear ar shócmhainní neamhreatha nó ar dhliteanais neamhreatha. Cuimsítear iasachtaíochtaí agus iarmhéideanna laistigh d'infháltais trádála agus infháltais eile nó in iníocaíochta trádála agus iníocaíochtaí eile i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta agus déantar iad a thaifeadadh i dtosach ag an luach cóir agus ag an gcostas amúchta as sin amach.

**Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile**

Déantar suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile a thaifeadadh i dtosach ag an luach cóir, arb é sin an bhunshuim arna sonrascadh de ghnáth, agus tugtar iad anonn ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáid as modh an ráta úis ghlain.

**Bearnúchán**

Déanann an Grúpa na caillteanais ionchais creidmheasa a bhaineann lena ionstraimí fiachais a iompraítear ag costas amúchta a mheas ar bhonn réamhbhreathnaitheachta. Braitheann an mhodheolaíocht bhearnúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar cibé acu an bhfuil ardú suntasach ar riosca creidmheasa nó nach bhfuil.

Maidir le hiasachtaí agus le hiarmhéideanna le cuideachtaí an ghrúpa, baineann an Mháthairchuideachta feidhm as an gcur chuige ginearálta a cheadaíonn IFRS 9, a éilíonn go n-aithneofaí caillteanais ionchais creidmheasa dhá mhí dhéag ar aithint tosaigh na n-infháltas sin. Má tharlaíonn méadú suntasach i riosca creidmheasa, éilíonn sé seo go n-aithneofar caillteanais creidmheasa ionchais saoil ar na hinfháltais sin.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid**

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead ar láimh, taiscí ag éileamh íocaíochta láithreach agus infheistíochtaí gearrthéarmacha ardleachtachta eile a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú ag baint leo. Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim do chríoch sreabhadh airgid rótharraingtí bainc ag éileamh íocaíochta láithreach. Ar an gclár comhardaithe, taispeántar rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaíochtaí sna dliteanais reatha.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

## (XI) SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AIRGEADAIS (ar lean.)

**iasachtaíochtaí**

**(a) Iasachtaí úsmhara**

Aithnítear iasachtaíochtaí lena mbaineann ús i dtús báire ag an luach cóir, lúide costais idirbheart inchurtha. I ndiaidh a n-aitheantais tosaigh sonraítear na hiasachtaíochtaí sin ag an gcostas amúchta le húsáid mhodh an ghlanráta úis. Má dhéantar mionathrú ar dhliteanas airgeadais a tomhaiseadh ag costas amúchta agus nach bhfuil dí-aithint mar thoradh air, aithnítear gnóthachan nó caillteanas i gcuntas brabúis nó caillteanais. Déantar an gnóthachan nó an caillteanas a ríomh mar an difríocht idir na sreafaí airgid chonarthacha bhunaidh agus na sreafaí airgid mionathraithe lascainithe ag an ráta úis ghlain bhunaidh.

**(b) Ionstraimí airgeadais díorthacha agus ionstraimí fálaithe eile**

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun a neamhchosaint ar riosca praghsanna tráchtearraí, malairt eachtrach, agus rátaí úis a eascraíonn as gníomhaíochtaí oibriúcháin, maoinithe agus infheistithe a fhálú. Cuimsíonn na príomhdhíorthaigh a úsáidtear babhtálacha ráta úis, babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha, babhtálacha airgeadra agus réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh. Baintear úsáid as conarthaí tráchtearraí freisin chun nochtuithe an Ghrúpa ar cheannach bhreosla agus dhíolachán leictreachais a fhálú. Cuireann an Grúpa an tsamhail cuntasaíochta fálaithe ginearálta in IFRS 9 i bhfeidhm. Éilíonn sé sin ar an nGrúpa a chinntiú go mbeidh na caidrimh chuntasaíochta fálaithe ailínithe lena spriocanna agus a straitéis bainistíochta riosca agus cur chuige níos cáilíochtúla agus níos réamhbhreathnaitheacha a chur i bhfeidhm chun éifeacht an fhálaithe a mheas.

Úsáideann ESB iasachtaíochtaí agus ionstraimí éarlaise chun cistí breise a infheistiú. Agus úsáideann ESB ionstraimí ráta úis agus airgeadra eachtraigh chun rioscaí ráta úis agus airgeadra a thagann chun cinn i ngnáthchúrsa oibríochtaí ó iasachtaíochtaí ainmnithe i ndollair na Stát Aontaithe agus i steirling, óna fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh, agus ó úsáid soláthraithe airgeadra eachtraigh, a bhainistiú.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, téann an Grúpa isteach go rialta i gconarthaí díorthacha díola agus ceannaigh le haghaidh tráchtearraí, lena n-áirítear gás agus leictreachas. Sa chás go ndeachthas isteach sa chonradh agus go leantar lena shealbhú chun na tráchtearraí a fháil nó a sheachadadh de réir riachtanais díola, cheannaigh nó úsáide ionchais an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí féinúsáide agus tugtar cuntas orthu mar chonarthaí le comhlíonadh. Dá bhrí sin ní thagann na conarthaí sin faoi scóip Ionstraimí Airgeadais IFRS 9.

Tugtar cuntas ar chonarthaí tráchtearraí nach bhfuil ainmnithe mar chonarthaí féinúsáide, mar dhíorthaigh thrádála agus aithnítear iad ar an gclár comhardaithe ag an luach cóir. Aithneofar athruithe i luach cóir de réir IFRS 9 mar fháluithe sreabhaidh airgid nó mar fháluithe ag an luach cóir nuair atá caidreamh cuntasaíochta fálaithe ann agus nuair a ainmnítear an conradh a bheith sealbhaithe chun críocha fálaithe.

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun ráta úis agus nochtadh airgeadra a fhálú. Áirítear díorthaigh den sórt sin ag an luach cóir agus déantar iad a atomhas chuig an luach cóir ar dháta an chláir comhardaithe. Sainítear formhór na n-ionstraimí airgeadais díorthacha eile amhail agus a mbeadh siad á gcoimeád chun críocha fálaithe, ach amháin babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha.

Socraítear sainiú an chaidrimh fhálaithe nuair a thionscnaítear an conradh. Braitheann ionramháil na ngnóthachan agus na gcaillteanas nuair a dhéantar iad a atomhas ina dhiaidh sin ar rangú an fhálaithe agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil an caidreamh fálaithe ainmnithe mar fhálú luacha chóir nó mar fhálú ar an sreabhadh airgid.

Déantar gach gluaiseacht luacha chóir ar dhíorthaigh nach n-ainmnítear mar chaidrimh fálaithe a thaifeadadh tríd an ráiteas ioncaim laistigh d'ioncam airgeadais agus costais nó aon chostas oibriúcháin eile, mar is cuí.

**Fáluithe ar an sreabhadh airgid**

Áit a sainítear ionstraim airgeadais dhíorthach mar fhálú den éagsúlacht ar shreafaí airgeadais de chuid dliteanais aitheanta, gealltanais daingin, nó idirbheart tuartha ar mór an dóchúlacht go ndéanfar é, aithnítear an chuid éifeachtach d'aon ghnóthachan nó caillteanas ar an ionstraim airgeadais dhíorthach go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a bhíonn aitheantas sócmhainne nó dliteanais neamhairgeadais ann mar thoradh ar an gceangaltas daingean nó ar an idirbheart réamhaisnéise, baintear an gnóthachan nó an caillteanas carntha d'ioncam cuimsitheach eile agus áirítear é ar thomhas tosaigh na sócmhainne nó an dliteanais sin. Seachas sin baintear an gnóthachan nó an caillteanas carntha d'ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim ag an am céanna leis an idirbheart fálaithe. Aithnítear an chuid neamhéifeachtach d'aon ghnóthachan nó chaillteanas sa ráiteas ioncaim láithreach.

Nuair a chuirtear deireadh le hionstraim fálaithe nó le caidreamh fálaithe ach go bhfuiltear ag súil fós go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, fágtar an gnóthachan nó an caillteanas carnach ag an bpointe sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é de réir an bheartais thuas chomh luath agus a tharlaíonn an t-idirbheart. Mura bhfuil an t-idirbheart fálaithe dóchúil níos mó, aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas carntha neamhréadaithe láithreach in ioncam cuimsitheach eile sa ráiteas ioncaim.

**Fálú glaninfheistíochta in aonán eachtrach**

Sa chás go bhfálaíonn dliteanas airgeadra eachtraí glaninfheistíocht in oibríocht eachrach, aithnítear difríochtaí malairte eachtraí a eascraíonn ar aistriú an dliteanais go díreach in ioncam cuimsitheach eile, agus cuirtear sa chúlchiste aistrithe é, agus aithnítear cion neamhéifeachtach ar bith láithreach sa ráiteas ioncaim.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

## (XI) SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AIRGEADAIS (ar lean.)

**(c) Ráthaíochtaí**

Le linn an ghnáthchúrsa gnó, tugann an Grúpa ráthaíochtaí agus bannaí do thríú páirtithe, d'fhochuideachtaí na Máthairchuideachta agus d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Nuair atá éilimh dóchúil, cuirtear an tsamhail chreidmheasa ionchais i bhfeidhm.

## (XII) STOC CAIPITIL

Tomhaistear aonaid an stoic chaipitil ag an bpraghas ar a n-eisíodh iad i dtosach chuig an Roinn Airgeadais, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus chuig ESB ESOP Trustee Limited.

## (XIII) CÁIN IONCAIM

Cuimsíonn cáin ioncaim ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas don bhliain cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, ach amháin go dtí an méid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach in ioncam cuimsitheach eile nó i gcothromas.

**(a) Cáin reatha**

Soláthraítear an cháin reatha ag na rátaí reatha agus ríomhtar í ar bhonn thorthaí na bliana. Ní áiríonn an costas cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim cánachas ar sciar an Ghrúpa de bhrabús na ngnóthas comhfhiontair, toisc go bhfuil sé sin san áireamh laistigh de líne ar leith ar thosach an ráitis ioncaim le haghaidh sciar brabúis / (caillteanais) institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, glan ó cháin.

**(b) Cáin iarchurtha**

Soláthraítear cáin iarchurtha ag baint úsáid as an modh dliteanais bunaithe ar chlár comhardaithe, lena ndéantar soláthar i leith difríochtaí sealadacha idir méideanna tugtha anonn na sócmhainní agus na ndliteanas chun críche tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáideadh chun críche cánachais.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach go dtí an méid a mheasann an Bord go bhfuil sé níos dóchúla go mbeidh brabúis incháinithe oiriúnacha ann ónar féidir aisiompú todhchaí na ndifríochtaí bunúsacha sealadacha a asbhaint.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil lena gcur i bhfeidhm sna tréimhsí ina n-aisiompaítear na difríochtaí sealadacha, bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach ar dháta an chláir chomhardaithe.

## (XIV) FORÁLACHA

Aithnítear foráil, má tá oibleagáid dlí nó inchiallaithe reatha ag an nGrúpa, i ngeall ar imeacht san am a chuaigh thart, ar féidir é a mheas go hiontaofa, agus má tá sé dóchúil go dteastóidh eis-sreabhadh de shochar eacnamaíoch chun an oibleagáid a ghlanadh. Cinntear forálacha trí na sreafaí airgid todhchaí ionchais a lascainiú ag ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an dliteanas. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais.

**Forálacha ar oibleagáidí scor sócmhainne**

Is ionann an fhoráil le haghaidh aistarraingt agus dhíchoimisiúnú stáisiún ghiniúna, feirmeacha gaoithe agus cuaillí adhmaid ESB Networks a chóireáiltear le créasóid agus luach reatha mheastachán reatha na gcostas a bhaineann le dúnadh na stáisiún agus diúscairt na gcuaillí ag deireadh a saolré úsáideach

Aithnítear na costais mheasta a bhaineann le dúnadh stáisiún, mar aon le hoibleagáidí eile i dtaca le haistarraingt sócmhainní, ina n-iomláine ag tosach shaolré na sócmhainne, ach déantar iad a lascainiú ar luachanna reatha ag baint úsáid as ráta cuí lascainithe roimh cháin. Déantar na costais a chaipitliú i réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus déantar iad a dhímheas thar shaolré eacnamaíochta úsáideach na stáisiún nó na sócmhainní eile lena mbaineann siad, seachas i gcás go bhfuil an tsócmhainn bhainteach tar éis deireadh a saolré úsáideach a shroicheadh. Maidir le hathruithe ar an dliteanas ina dhiaidh sin i ndáil le sócmhainní atá tagtha chuig deireadh a saolré úsáideach, aithnítear sa ráiteas ioncaim iad de réir mar a tharlaíonn siad. Déantar athbhreithniú ar na costais gach bliain agus leasaítear iad de réir mar is cuí. Déantar leasuithe ar na costais mheasta lascainithe a chaipitliú sna sócmhainní ábhartha agus déantar iad a dhímheas thar an gcuid atá fágtha de shaolré na sócmhainní sin, sa mhéid go bhfuil siad fós in úsáid.

De réir mar a dhéantar na costais a chaipitliú agus a sholáthar i dtosach ar bhonn lascainithe, méadaítear an soláthar le muirear airgeadais i ngach tréimhse, a ríomhtar bunaithe ar iarmhéid an tsoláthair agus an ráta lascaine a bhí i bhfeidhm ar an dáta tomhais deireanach (a thugtar cothrom le dáta gach bliain) agus áirítear é ar an ráiteas ioncaim mar mhuirear airgeadais. Ar an dóigh sin, beidh an soláthar cothrom leis na costais mheasta reatha ag deireadh shaolré úsáideach eacnamaíochta na stáisiún nó na sócmhainní eile. Déantar an caiteachas iarbhír a fhritháireamh in aghaidh an tsoláthair de réir mar a dhúntar na stáisiúin nó de réir mar a chomhlíontar oibleagáidí eile.

Áirítear an soláthar maidir le costais dhúnta stáisiún giniúna agus oibleagáidí eile maidir le haistarraingt sócmhainní mar chuid de na soláthairtí reatha nó neamhreatha mar is cuí ar an gclár comhardaithe.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

## (XV) DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE

### (a) Athstruchtúrú dliteanas

Tá sochair i dtaca le foirceannadh deonach iníoctha faoi chomhaontuithe comhchoiteanna éagsúla idir Bord ESB agus Foireann Ceardchumainn nuair a ghlacann fostaí iomarcaíocht dheonach mar mhalairt ar na sochair sin. Aithníonn an Grúpa sochair foirceanta nuair atá sé tiomanta go follasach, in éagmais féidearthacht réadúil go dtarraingeofaí as, do phlean mionsonraithe foirmiúil chun an fhostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthaois scoir, nó chun sochair foirceanta a chur ar fáil mar thoradh ar thairiscint a rinneadh d'fhostaithe chun iomarcaíocht dheonach a spreagadh. Déantar gnáth-shochair foirceanta nach bhfuil cumhdaithe faoin gcomhaontú réamhluaite a aithint nuair nach féidir leis an nGrúpa tairiscint na sochar sin a aistarraingt a thuilleadh nó nuair a thugann an Grúpa faoi chur i bhfeidhm an phlean athstruchtúraithe, cibé acu a tharlaíonn níos luaithe. Déantar sochair a bhfuiltear ag súil lena socrú níos mó ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe a lascainiú go dtí an luach reatha. Ní dhéantar soláthar i gcomhair léasaí oibriúcháin amach anseo.

### (b) Dliteanais ghearrthéarmacha eile a bhaineann le fostaithe

Aithnítear na costais a bhaineann le saoire agus bónais nuair a sholáthraíonn fostaithe an tseirbhís nó an fheidhmíocht lena méadaítear a dteidlíocht i leith neamhláithreachtaí cúitithe amach anseo.

## (XVI) OIBLEAGÁIDÍ PINSIN

Feidhmíonn cuideachtaí an Ghrúpa scéimeanna pinsean éagsúla i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, a maoinítear trí íocaíochta le cistí arna riar ag iontaobhaithe.

### Scéimeanna pinsean i bPoblacht na hÉireann

Tá dhá scéim pinsin i bhfeidhm ag an nGrúpa, dá ngairtear Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB agus Scéim Pinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB.

Maoinítear pinsin do thromlach na bhfostaithe i ngnó an leictreachais trí scéim pinsin ranníocach a dtugtar Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB uirthi. Dílsítear an ciste d'Iontaobhaithe a ainmníonn ESB agus a chomhaltaí chun sochar na bhfostaithe agus a gcleithiúnaithe amháin. Tá an Scéim cláraithe leis an Údarás Pinsin mar Scéim Sochair Sainithe.

Tá na sochair atá le cur ar fáil agus na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill ranníocacha araon ordaithe sna rialacháin a bhfuil an Scéim faoina réir. Déantar sochair iníoctha a dhearbhú faoi threoir na samhla pinsin, Meántuilleamh Gairmréime Athluacháilte (CARE) maidir le sochair a tuilleadh i ndiaidh an 1 Eanáir 2012 (bunaithe ar an tuarastal deiridh roimhe sin). Níl oibleagáid dhlíthiúil ar bith ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a choinneáil i gcás ina mbíonn easnamh ann agus ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan chomhaontú ESB agus faomhadh an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Má thagann easnamh achtúireach aníos amach anseo, tá sé d'oibleagáid ar ESB, faoi rialacháin na Scéime, dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, leis na hIontaobhaithe, agus le hAchtúire na Scéime chun breathnú ar an ngá le Scéim leasaithe a chur isteach chuig an Aire lena faomhadh.

De réir an Chomhaontuithe Pinsean 2010 (arna fhaomhadh ag na fostaithe i mí Iúil 2010 agus arna dhaingniú ag Bord ESB an 20 Deireadh Fómhair 2010), d'aontaigh ESB go ndéanfaidís instealladh airgid aonuaire sa Scéim, a bheadh iníoctha thar roinnt blianta, agus a raibh luach aontaithe €591.0 milliún aige chun críche achtúireacha amhail ar 1 Eanáir 2010. Níor athraíodh na rátaí seasta ranníocaíochta don fhostóir ná do na fostaithe. Dúnadh ballraíocht na Scéime faoin gComhaontú agus ní féidir aon bhall ar bith eile dul isteach sa Scéim.

Dearbhaíodh na hoibleagáidí don Scéim atá léirithe i ráitis airgeadais ESB de réir IAS 19 Sochair Fostaithe. Ós rud é nach gnáth-Scéim le sochar sainithe "comhardú costas" í an scéim (ina bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc), ní mór a bheith stuama maidir leis na hoibleagáidí atá le léiriú sna ráitis airgeadais. Má tharlaíonn easnamh amach anseo, tá dualgas ar an gCuideachta, mar a luadh thuas, dul i gcomhairle le páirtithe na Scéime. Níl oibleagáid ar bith ar ESB, áfach, ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a choimeád i gcás easnaimh agus níl sé beartaithe ag an gCuideachta go ndéanfaí ranníocaíocht ar bith eile, seachas na gnáthranníocaíochtaí leanúnacha agus iarmhéid ranníocaíochta breise €591.0 milliún na Cuideachta (ar ndearnadh tiomantas ina leith mar chuid de Chomhaontú Pinsean 2010). Dá bhrí sin, chinn ESB gur cheart do na ráitis airgeadais a oibleagáidí don Scéim a léiriú, ina gcuimsítear an méid seo a leanas:

(a) méid ar bith atá fágtha le híoc i ndáil leis an ranníocaíocht aonuaire a aontaíodh de bhun Chomhaontú 2010 (€591.0 milliún in airgead de chuid 2010 le híoc thar roinnt blianta)
(b) gealltanais a bhí déanta cheana maidir le seirbhís san am a chuaigh thart (luach reatha na ranníocaíochtaí comhaontaithe a bhaineann le seirbhís roimh Dheireadh Fómhair 2010), agus
(c) Iarchláir Théarfa Dheonacha (VS) - d'aithin an Chuideachta in 2010 go bhfuil tiomantas sa todhchaí ann maidir le baill foirne a d'fhág an Chuideachta faoi iarchláir Théarfa Dheonacha. Déanfaidh ESB ranníocaíochtaí pinsin i ndáil leis na baill foirne sin agus aithnítear iad sin ag an luach cóir.

Aithnítear ranníocaíochtaí leanúnacha (suas le 16.4%) sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad. Aithnítear aon mhéid nach bhfuil íoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe.

Is ciste pinsean le ranníocaíochtaí sainithe é Scéim Pinsean ESB; coimeádtar cuntas ar ranníocaíochtaí sa scéim ar bhonn ranníocaíochtaí sainithe, agus gearrtar ranníocaíocht an fhostóra ar an ioncam atá ann sa tréimhse ina mbíonn na ranníocaíochtaí iníoctha.





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

## (XVI) OIBLEAGÁIDÍ PINSIN (ar lean)

### Scéim pinsin i dTuaisceart Éireann

Tá scéim pinsin á feidhmiú ag fochuideachta ar lánúinéireacht an Ghrúpa, Northern Ireland Electricity Networks Limited (NIE Networks), scéim a bhfuil dhá chuid ag baint leis: An scéim 'Options' le ranníocaíochtaí sainithe, agus 'Focus' le sochar sainithe. Níl 'Focus' ag glacadh le baill nua ó bhí 1998 ann. Ríomhann achtúirí neamhspleácha oibleagáid sochair shainithe NIE Networks ar bhonn bliantúil trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus déantar í a lascainiú ag ráta a roghnaítear trí thagairt a dhéanamh don ráta toraidh reatha atá ag bannaí corparáideacha ardchaighdeáin arb ionann iad agus na dliteanais de réir airgeadra agus téarma. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin ag an luach cóir. Faightear luachálacha iomlána achtúireacha ar a laghad gach trí bliana agus déantar iad a nuashonrú go bliantúil ina dhiaidh sin. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha go hiomlán sa tréimhse ina dtarlaíonn siad agus aithnítear iad in ioncam cuimsitheach eile.

Gearrtar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar faoin scéim sochair shainithe ar an ráiteas ioncaim thar na tréimhsí a bhain leas as seirbhís na bhfostaithe. Aithnítear costais seirbhíse san am a chuaigh thart lena n-áirítear caillteanais ghiorrúcháin sa ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad. Áirítear an t-ioncam úis ó shócmhainní scéim pinsean agus caiteachas úis ar dhliteanais scéim pinsean laistigh den ghlanchostas airgeadais.

## (XVII) IONCAM Ó CHONARTHAÍ LE CUSTAIMÉIRÍ

**Is ionann an t-ioncam go príomha agus an luach díolacháin a díorthaíodh as na gnéithe seo a leanas:**

- Áirítear in ioncam Réitigh do Chustaiméirí díolacháin le custaiméirí leictreachais agus gáis go príomha.
- Tuilleann ESB Networks agus NIE Networks ioncam Úsáid Córais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi seach.
- Tá ioncam an ghnó Giniúna agus Trádála (Margaí Giniúna agus Mórdhíola Roimhe seo) ó ghiniúint leictreachais den chuid is mó.
- Ioncam a díorthaíodh ó sholáthar teileachumarsáid innealtóireachta agus ó sheirbhísí eile.

### Réitigh do Chustaiméirí

*Ioncam ó dhíolacháin le custaiméirí leictreachais agus gáis*

Is ó dhíolacháin le custaiméirí leictreachais agus gáis is mó a fhaigheann Réitigh do Chustaiméirí ioncam. Tuilltear an t-ioncam ó chustaiméirí cónaitheacha agus gnó araon i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór. Aithnítear ioncam thar am de réir mar a ídítear gás agus leictreachas. Cuimsíonn ioncam leictreachais agus gáis luach na n-aonad a sholáthraítear do chustaiméirí idir an dáta deireanach ar a léitear an méadar agus deireadh na tréimhse. Áirítear an meastachán seo ar dtús i dtrádáil agus in infhháltais eile sa chlár comhardaithe mar leictreachas miondíola - neamhbhilleáilte, faigheann custaiméirí billí gach mí nó gach dara mí ag brath ar an gcineál cuntais, agus aithnítear iad ina dhiaidh sin mar infhháltais leictreachais mhiondíola - billeáilte. Is é 14 lá an líon laethanta do théarmaí creidmheasa cónaitheacha agus féichiúnaí maidir le hinfhháltais leictreachais mhiondíola. Athraíonn téarmaí creidmheasa le custaiméirí gnó de réir an chonartha.

Úsáidtear an t-ioncam measta chun ioncam neamhbhilleáilte a ríomh, rud a ríomhtar trí na taraifí a bhaineann le cineálacha ar leith custaiméirí a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar an méid leictreachais nó gáis a ídíonn na cineálacha custaiméirí sin uile, lúide na méideanna iomlána a billeáladh cheana don tréimhse ábhartha. Áirítear sa phróiseas sin anailís ar na méideanna agus rátaí neamhbhilleáilte atá ríofa (in GWh agus milliún teirm), agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh: gluaiseachtaí i dtaraifí praghsála, séasúracht agus na sonraí faoin ídiú iomlán in aghaidh an tsoláthraí atá faighte ag I-SEM. Ta roinnt tairiscintí ann do chustaiméirí, amhail bónais chláraithe, lascainí agus luaíochtaí, agus tugtar cuntas ar na tairiscintí uile sin mar bhreithniú inathraitheach faoi IFRS 15. Lascainí agus luaíochtaí fadtéarmacha a chuirtear i bhfeidhm le himeacht ama ar bhillí ábhartha ár gcustaiméirí. Nuair a chláraítear den chéad uair, cuirtear na bónais chláraithe i bhfeidhm ar chuntais chustaiméirí, agus aithnítear iad le himeacht ama i gcomhréir le húsáid na gcustaiméirí.

*Ioncam eile*

Áirítear le hioncam eile ioncam a dhíorthaítear ó sholáthar fuinnimh agus seirbhísí teileachumarsáide, agus is ionann an t-ioncam sin agus luach cóir na seirbhísí agus na n-oibreacha a soláthraíodh do chustaiméirí. Meastar go bhfuil seirbhísí curtha ar fáil do chustaiméirí nuair atá, agus sa mhéid is go bhfuil, an t-aonán tar éis a oibleagáidí faoina chonarthaí a chomhlíonadh. Aithnítear ioncam thar am de réir an mhodh ionchuir sa ráiteas ioncaim ag teacht leis na téarmaí conartha agus i gcomhréir leis an staid ag a bhfuil rudaí tugtha chun críche, bunaithe ar chostais iomlán an chonartha. Aithnítear ioncam billeáilte mar infhháltas neamhleictreachais trádála agus socraítear é de ghnáth laistigh de 30 lá gnó. Aithnítear ioncam neamhbhilleáilte in infhháltais eile.

### ESB Networks - Ioncam ó tháillí Úsáidte Córais ar chustaiméirí

Aithníonn ESB Networks ioncam ó Úsáid Córais den chuid is mó, rud a chuimsíonn ioncam as Úsáid Dáileacháin Córais (DUoS) agus ioncam as Úsáid Tarchuir Córais (TUoS). Gnólacht rialaithe a fheidhmíonn i bPoblacht na hÉireann is ea ESB Networks, a thuilleann a ioncam go príomha ó thoradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe (RAB).

Tuilltear ioncam DUoS trí mhuirir a ghearradh ar sholáthraithe a úsáideann córas dáileacháin ESB Networks. Aithnítear ioncam DUoS de réir mar a úsáideann soláthraithe an córas agus áirítear aon úsáid gan íoc billeáilte nó neamhbhilleáilte DUoS mar infhháltas Úsáide Córais ar an gclár comhardaithe. Déantar ioncam DUoS a shonrascadh gach dara mí. Tuilltear ioncam freisin ó tháillí bliantúil oibriúcháin & cothabhála a ghearrtear ar ghineadóirí atá ceangailte leis an gcóras Dáileacháin. Tá siad sin bunaithe ar mhéid caighdeánach in aghaidh an chiliméadair líne nó cábla agus aithnítear iad thar am de réir mar a shásaítear an oibleagáid fheidhmíochta.

Tuilltear ioncam TUoS trí na sócmhainní tarchuir a choimeád chun oibríocht éifeachtach EirGrid a éascú. Aithnítear ioncam TUoS thar am don chonradh seo ar phraghas seasta ar bhonn líne dhíreach agus aithnítear fáltas Úsáide Córais ar an gclár comhardaithe.

Faigheann ESB Networks ioncam ranníocaíochtaí soláthair neamh-iníoctha mar thoradh ar cheangail nua a chur ar fáil dá líonra mar atá sé i leith réadmhaoin, gléasra agus trealamh. Coinnítear na ranníocaíochtaí sin i suimeanna iníoctha trádála mar íocaíochtaí dul chun cinn nó go mbeifear sásta lena n-oibleagáid feidhmíochta. Aistrítear iad chuig ioncam iarchurtha nuair atá an oibleagáid feidhmíochta bainte amach ag an obair ar an nasc agus scaoiltear iad chuig ioncam reatha sa ráiteas ioncaim thar shaolta úsáideacha eacnamaíochta mheasta na sócmhainní gaolmhara. Meastar saol úsáideach na sócmhainní sin ag 25 agus 30 bliain do dháileadh agus do tharchur faoi seach.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)**

## (XVII) IONCAM Ó CHONARTHAÍ LE CUSTAIMÉIRÍ (ar lean)

**ESB Networks - Ioncam ó tháillí Úsáidte Córais ar chustaiméirí**

Aithníonn ESB Networks ioncam freisin ó roinnt foinsí neamhrialaithe. Aithnítear ioncam a thagann ó sheirbhísí líonra coimhdeach agus ioncam ilghnéitheach eile. Aithnítear ioncam neamhrialaithe uile ag pointe ama agus iompraítear infháltas comhfhreagrach ar an gclár comhardaithe do gach mír.

**NIE Networks - Ioncam ó tháillí Úsáide Córais ar chustaiméirí**

Gnóthaíonn NIE Networks a chuid ioncaim go príomha ó mhuirir a fháil d'úsáid an chórais dáileacháin (DUoS), a tabhaítear ar sholáthraithe leictreachais agus ó mhuirir sheirbhíse tarchuir (TSC) d'úsáid an chórais tarchuir den chuid is mó, a tabhaítear ar an System Operator for Northern Ireland (SONI). Oibríonn NIE Networks i dTuaisceart Éireann agus is gnólacht rialaithe é a thuilleann a chuid ioncaim go príomha ó thoradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe (RAB).

Aithnítear ioncam DUoS de réir mar a bhíonn soláthraithe ag úsáid an chórais agus áirítear aon úsáid le haghaidh DUoS atá gan íoc billeáilte nó neamhbhilleáilte mar infháltas Úsáide Córais ar an gclár comhardaithe.

Tuilltear ioncam TSC trí na sócmhainní tarchuir a choimeád d'fhonn oibriú éifeachtach SONI a éascú. Aithnítear ioncam TSC thar am don chonradh praghais sheasta de réir méid chothroim agus aithnítear infháltas Úsáide Córais ar an gclár comhardaithe.

Faigheann ESB Networks ioncam ranníocaíochtaí soláthair neamh-iníoctha mar thoradh ar cheangail nua a chur ar fáil dá líonra mar atá sé cheana i leith réadmhaoine, trealamh agus gléasra. Coinnítear na ranníocaíochtaí sin i suimeanna iníoctha trádála mar íocaíochtaí dul chun cinn nó go mbeifear sásta lena n-oibleagáid feidhmíochta. Aistrítear iad chuig ioncam iarchurtha chomh luath agus a bhaineann an obair ar an nasc an oibleagáid feidhmíochta amach agus scaoiltear iad chuig ioncam reatha sa ráiteas ioncaim thar shaolta úsáideacha eacnamaíochta mheasta na sócmhainní gaolmhara. Meastar saol úsáideach na sócmhainní sin ag 25 agus 30 bliain do dháileadh agus do tharchur faoi seach.

**Saothraíonn an gnó Giniúna agus Trádála (Margaí Giniúna agus Mórdhíola roimhe seo) ioncam ó ghiniúint leictreachais den chuid is mó**

**Poblacht na hÉireann**

**An Margadh Leictreachais Aonair (SEM)**

Feidhmíonn an Grúpa stáisiúin cumhachta agus feirmeacha gaoithe agus is ó ghiniúint leictreachais ó na sócmhainní sin a fhaightear an t-ioncam a thuilltear. Ba é an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) an margadh mórdhíola aonair (malartán cumhachta) don leictreachas i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann go dtí 30 Meán Fómhair 2018. Ba mhalartán cumhachta comhlán éigeantach é an SEM, agus níor mhór do gach gineadóir cumhacht a dhíol, agus níor mhór do gach soláthraí cumhacht a cheannach tríd an linn. Shocraigh an comhthiomsú an spotphraghas don leictreachas, ar a dtugtar an Praghas Imeallach Córais (SMP), gach tríocha nóiméad.

Fuair gineadóirí íocaíochtaí ar leith freisin i leith toilleadh sheasmhach giniúna a sholáthar tríd an Sásra um Luach Saothair don Toilleadh (CRM). Bhíodh luaineacht praghsanna sa chomhthiomsú á bainistiú ag gineadóirí agus soláthraithe a rinne conarthaí airgeadais seasta (conarthaí difríochta). Déan tagairt don bheartas ar chuntasaíocht fálaithe.

Aithníodh ioncam maidir le malartán cumhachta SEM ar ídiú leictreachais. Aithníodh infháltas chomhthiomsú SEM ar an gclár comhardaithe agus socraítear é uair sa mhí go ginearálta

**An Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM)**

Is socrú margadh leictreachais miondíola nua é I-SEM do Phoblacht na hÉireann agus do Thuaisceart Éireann a chuaigh i bhfeidhm ar 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá ilmhargaí nó ceantanna tagtha in áit margadh SEM anois, tá gach ceann ag clúdach frámaí ama trádála difriúla, le sásraí imréitigh agus socraithe ar leithligh (ach gaolmhar).

Tá dhá mhargadh ex-ante ann don fhuinneamh fisiceach: an Margadh Lá Chun Cinn agus an Margadh Ionlae. Ina theannta sin, déanann gineadóirí (táirgeoirí fuinnimh) agus soláthraithe (tomhaltóirí fuinnimh) seirbhísí comhardaithe fuinnimh a thairiscint sa Mhargadh Comhardaithe. Is ionann acmhainneacht agus gealltanas ó ghineadóir nó ó úinéir idirnascaire go mbeidh sé/sí ar fáil chun fuinneamh a sheachadadh chuig an eangach, má iarrtar air sin a dhéanamh. Faigheann soláthraithe acmhainneachta atá rathúil sa Mhargadh Acmhainneachta íocaíocht acmhainneachta rialta, rud a chabhraíonn le hacmhainneacht fuinnimh a mhaoiniú. Aithnítear ioncam ó dhíol leictreachais i margaí I-SEM mar ídiú leictreachais agus aithnítear infháltas I-SEM ar an gclár comhardaithe agus socraítear é go laethúil don mhargadh ex-ante agus go seachtainiúil don mhargadh ex-post.

Faightear ioncam toillidh tríd an "Sásra um Luach Saothair don Toilleadh" (CRM) áit a ndéantar íocaíocht toillidh le rannpháirtí maidir le hAonad Giniúna i ngach Tréimhse Thoilidh ar bhonn Infhaighteacht Incháilithe an Aonaid, atá bunaithe ar Phróifíl Infhaighteachta an Aonaid. Aithnítear ioncam thar am, aithnítear é mar infháltas I-SEM ar an gclár comhardaithe agus socraítear é laistigh de mhí amháin.

Faightear ioncam coimhdeach tríd an gclár "Ag Seachadadh Córais Leictreachais Inbhuanaithe Slán" (DS3) chun seirbhísí freagartha minicíochta a sholáthar don eangach. Aithnítear ioncam coimhdeach thar am. Aithnítear ioncam coimhdeach mar infháltas SEM/I-SEM ar an gclár comhardaithe agus socraítear é laistigh de mhí amháin.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)**

## (XVII) IONCAM Ó CHONARTHAÍ LE CUSTAIMÉIRÍ (ar lean)

**An Bhreatain Mhór**

Is é an margadh mórdhíola leictreachais atá ag feidhmiú sa Bhreatain Mhór ná British Electricity Trading and Transmission Arrangements. Murab ionann agus an SEM, is féidir le gineadóirí agus soláthraithe trádáil a dhéanamh lena chéile ar bhonn déthaobhach nó trí mhalairtí. Is féidir leo conarthaí fisiceacha agus airgeadais araon a dhéanamh chun luaineacht a bhainistiú, do thréimhsí ama éagsúla, mar shampla, roinnt mhaith blianta amach anseo nó margaí trádála aon lae amháin. Feidhmíonn Rialtas na Breataine scéim luach saothair acmhainneachta agus faoin scéim, bronntar conarthaí acmhainneachta ar ghineadóirí ar bhunús torthaí ceant, rud a chuireann ar a gcumas íocaíochtaí a fháil as acmhainneacht ghiniúna a sholáthar, ach a mbeidh pionóis ann ina leith mura bhfuil aon soláthar le linn teagmhas ganntanais. Aithnítear ioncam maidir le híocaíochtaí acmhainne thar am.

Chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh gan agóidí a dhéanamh maidir le cúnamh stáit a cheadú do shocruithe margaidh acmhainneachta na Breataine Móire ar neamhní ar an 15 Samhain 2018. Mar thoradh ar an gcinneadh sin, ní raibh rialtas na Ríochta Aontaithe in ann íocaíochtaí margaidh acmhainne a eisiúint do ghnóthais fuinnimh, ná ceantanna a reáchtáil.

Ar an 25 Deireadh Fómhair 2019, thug an Coimisiún Eorpach le fios don Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionscail go bhfuil sé tar éis a chinneadh go bhfuil scéim Margaidh Acmhainne na Ríochta Aontaithe ag teacht le rialacha an AE maidir le cabhair ó Stáit, i ndiaidh dó a iniúchadh foirmiúil Chéim II a thabhairt chun críche. Dá réir sin, na feidhmeanna Margaidh Acmhainne uile a bhí curtha ar fionraí, rinneadh iad a atosú agus tugadh treoir don Chomhlacht Réitigh, íocaíochtaí acmhainne a eisiúint le sealbhóirí comhaontuithe i ndáil leis an tréimhse neamhghníomhaíochta.

Aithníodh ioncam acmhainne i ndáil leis an tréimhse neamhghníomhaíochta nuair a rinneadh an margadh a atosú. Aithnítear ioncam ó acmhainneacht ioncaim thar am.

Is trí dhíolachán cumhachta le céilí conartha ar leithligh sa Bhreatain Mhór a fhaightear ioncam agus aithnítear é thar am nuair a shásaítear oibleagáidí feidhmíochta. Aithnítear ioncam a bhaineann le margadh na Breataine Móire mar infháltais leictreachais eile ar an gclár comhardaithe agus socraítear é go laethúil nó uair sa mhí ag brath ar théarmaí an chonartha ar leithligh.

**Deighleoga Eile - Ioncam eile**

An t-ioncam eile, cuimsíonn sé ioncam a díorthaíodh ó sholáthar seirbhísí leictreachais, meicniúla, sibhialta, comhshaoil, innealtóireachta agus comhairleoireachta, agus léiríonn sé luach cóir na seirbhísí agus na n-oibreacha a cuireadh ar fáil do chustaiméirí.

Meastar go gcuirtear seirbhísí ar fáil do chustaiméirí nuair a chomhlíonann, agus sa mhéid go gcomhlíonann, an t-aonán a oibleagáidí faoi na conarthaí. Aithnítear ioncam thar am de réir an mhodh ionchuir sa ráiteas ioncaim ag teacht leis na téarmaí conartha i gcomhréir an staid tabhairt chun críche bunaithe ar chostais iomlán an chonartha. Aithnítear ioncam billeáilte mar infháltas neamhleictreachais trádála agus socraítear é laistigh de 30 la gnó. Aithnítear ioncam neamhbhilleáilte in infháltais eile.

## (XVIII) IONCAM OIBRIÚCHÁIN EILE

Cuimsíonn ioncam oibriúcháin eile ioncam a thabhaítear don Ghrúpa lasmuigh de ghnáthghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa.

## (XIX) DEIGHLEOGA OIBRIÚCHÁIN - IFRS 8

Tá riachtanais nochta Dheighleoga Oibriúcháin IFRS 8 curtha i bhfeidhm don Ghrúpa ag ESB. Sainítear in IFRS 8 an dóigh ar cheart d'aonán faisnéis a nochtadh maidir lena dheighleoga ag baint úsáid as an "gcur chuige bainistíochta" faoina gcuirtear faisnéis faoi dheighleoga i láthair ar an mbonn céanna a úsáidtear do thuairisciú inmheánach. Rinneadh an fhaisnéis airgeadais maidir le deighleoga ar a ndéanann an Fhoireann Feidhmiúcháin agus an Bord, an Príomhchinnteoir Oibriúcháin (COMD) le chéile, athbhreithniú rialta, d'fhonn cinntí a dhéanamh maidir le hacmhainní a leithroinnt agus measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht a chur i láthair i nóta 2 leis na ráitis airgeadais.

## (XX) COSTAIS

**(a) Costais fostaí**

Fabhraítear tuarastail, ragobair, costais, bónais, ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh (PRSI), Árachas Náisiúnta, saoire bhliantúil íoctha agus saoire bhreoiteachta sa tréimhse ina gcuireann fostaithe an Ghrúpa seirbhísí breise ar fáil.

**(b) Costais fuinnimh**

Áirítear ar chostais fuinnimh costais dhíreacha breosla (gual agus gás go príomha), leictreachas ceannaithe, muirir ar Úsáid an Chórais (costais leictreachais eile) agus glanchostais astaíochtaí. Aithnítear costais bhreosla agus leictreachais cheannaithe de réir mar a úsáidtear iad. Chuaigh an Grúpa isteach i gcomhaontuithe ceannaigh cumhachta fadtéarmacha áirithe le haghaidh méideanna seasta. Is féidir leis an nGrúpa méideanna atá iníoctha faoi na conarthaí, atá sa bhreis ar na rátaí margaidh, nó atá níos lú ná iad, a aisghabháil, é sin nó tá siad inaisíoctha leis an margadh faoin tobhach Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP).

**(c) Costais oibriúcháin agus costais chothabhála eile**

Baineann costais oibriúcháin agus chothabhála eile go príomha le costais ollchóirithe agus tionscadal, costais conraitheoirí agus costais forais. Aithnítear na costais sin sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

**(d) Ioncam airgeadais agus costais airgeadais**

Cuimsíonn ioncam airgeadais ioncam úis ar éarlaisí bainc, ar a ngearrtar ús ag na rátaí úis éarlaise atá i bhfeidhm, chomh maith le hioncam úis ar iasachtaí.

Cuimsíonn na costais airgeadais costas úis ar iasachtaíochtaí, leachtú na lascaine ar fhorálacha, muirir mhaoinithe pinsin, gnóthachain agus caillteanais luacha chóir ar ionstraimí airgeadais nach bhfuil cáilithe ná ainmnithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe, caillteanais ar ionstraimí fálaithe nach bhfuil aitheanta sna costais oibriúcháin, agus athaicmiú méideanna a aithníodh roimhe seo in ioncam cuimsitheach eile.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)**

## (XXI) MÍREANNA EISCEACHTÚLA

D'úsáid an Grúpa an téarma "eisceachtúil" chun cur síos a dhéanamh ar mhíreanna áirithe ar gá, i dtuairim an lucht bainistíochta, iad a nochtadh ar leithligh de bhua a méide nó a dteagmhais, nó i ngeall go ndearbhaítear go bhfuil gnóthachain agus caillteanais áirithe de chineál neamhfhillteach. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar mhíreanna eisceachtúla athstruchtúrú, bearnúcháin shuntasacha, brabús nó caillteanas ar dhiúscairtí sócmhainní, athruithe ábhartha ar mheastacháin agus costais aonuaire sa chás go bhfuil aitheantas ar leithligh tábhachtach chun tuiscint a fháil ar na ráitis airgeadais. Tá tuilleadh sonraí maidir le míreanna eisceachtúla an Ghrúpa ar fáil i nóta 5 de na ráitis airgeadais.

## 2. TUAIRISCIÚ AR DHEIGHLEOGA

Tá Deighleoga Oibriúcháin IFRS 8 curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa, agus tá nochtadh cuí déanta aige sna ráitis airgeadais sin.

Chun críocha bainistíochta, tá an Grúpa eagraithe ina cheithre phríomhdheighleog intuairiscithe, ar rannáin straitéiseacha an Ghrúpa iad atá á mbainistiú ar leithligh, agus cuirtear faisnéis bhainistíochta inmheánach maidir leo ar fáil don Fhoireann Feidhmiúcháin agus don Bhord, dá dtagraítear le chéile mar Phríomhchinnteoir Oibriúcháin (CODM) an Ghrúpa. Tugann trí rannán chorparáideacha eile tacaíocht agus seirbhísí eile do phríomhrannáin oibriúcháin an Ghrúpa agus luaitear le chéile mar Dheighleoga Eile san fhaisnéis thíos iad.

Tá cur síos déanta ar phríomhdheighleoga intuairiscithe an Ghrúpa mar a leanas:

**(a)** Déanann **Réitigh do Chustaiméirí** tairiscintí nuálacha soláthair leictreachais agus seirbhíse a fhorbairt, a chur chun cinn, a dhíol agus a riar trí gach branda de ESB a dhéileálann le custaiméirí (Electric Ireland, Smart Energy Services, ESB e-Cars, ESB Telecoms agus ESB Energy) in Éirinn (Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann) agus sa Ríocht Aontaithe. Tá Electric Ireland ar cheann de na príomhsholáthraithe leictreachais agus gáis do chustaiméirí baile ar oileán na hÉireann. Oibríonn Réitigh do Chustaiméirí i margadh baile na Ríochta Aontaithe trí ESB Energy. Tá sciar shuntasach ag Electric Ireland den mhargadh neamhbhaile freisin i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Gnóthaítear ioncaim go príomha ó leictreachas a dhíol le custaiméirí.

**(b)** Baineann **ESB Networks** go príomha le húinéireacht agus le feidhmiú an líonra dáileacháin leictreachais agus le húinéireacht an líonra tarchurtha leictreachais i bPoblacht na hÉireann. Is gnó rialaithe é ESB Networks a thuilleann brabús a cheadaítear ar a Bhonn Sócmhainne Rialaithe (RAB) agus gnóthaíonn sé a ioncam go príomha ó mhuirir ar úsáid an chórais dáileacháin toibhithe ar sholáthraithe leictreachais agus ó mhuirir ar sheirbhísí tarchurtha arna mbailiú ó Eirgrid Plc. Tá sé imfhálaithe mar thoradh ar rialú arna chur i bhfeidhm ag gnó giniúna agus soláthair an Ghrúpa.

**(c)** Déanann **Giniúint agus Trádáil** aschur stáisiún cumhachta agus feirmeacha gaoithe i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe a oibriú, a fhorbairt, a thógáil agus a thrádáil. Cuimsítear leis sin fochuideachtaí ar lánúinéireacht agus infheistíochtaí i gcomhfhiontair.

**(d)** Baineann **NIE Networks** go príomha le húinéireacht agus le feidhmiú an líonra dáileacháin leictreachais agus le húinéireacht an líonra tarchurtha leictreachais i dTuaisceart Éireann. Is gnó rialaithe é NIE Networks a thuilleann brabús a cheadaítear ar a Bhonn Sócmhainne Rialaithe (RAB) agus gnóthaíonn sé a ioncam go príomha ó mhuirir ar úsáid an chórais dáileacháin toibhithe ar sholáthraithe leictreachais agus ó mhuirir ar sheirbhísí tarchuir arna mbailiú ón System Operator for Northern Ireland (SONI).

**(e)** Áirítear ar **Dheighleoga Eile** torthaí soláthraithe seirbhíse inmheánacha, a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta do phríomhaonaid ghnó an Ghrúpa. Bíonn na deighleoga seo á rialú le rialachán, agus tá comhaontuithe leibhéal seirbhíse deartha lena chinntiú go bhfuil idirbhearta idir deighleoga oibriúcháin ar neamhthuilleamaí, amhail idirbhearta le tríú páirtithe. Áirítear ar an deighleog seo freisin formhór chostais mhaoinithe an Ghrúpa, toisc go ndéantar tromlach ghníomhaíocht an Chisteáin go lárnach. Ní dhéantar costais airgeadais a thabhaítear go lárnach a ghearradh athuair ar dheighleoga oibriúcháin eile.

Déanann CODM monatóireacht ar thorthaí oibriúcháin na ndeighleog ar leithligh d'fhonn acmhainní a leithdháileadh idir deighleoga agus chun feidhmíocht a mheas. Déantar feidhmíocht na ndeighleog a luacháil bunaithe ar bhrabús oibriúcháin den chuid is mó. Ní thuairiscítear sócmhainní agus dliteanais de réir na ndeighleog chuig CODM.

**Ioncam de réir an táirge**

Déantar deighleoga intuairiscithe a roinnt de réir an chineáil ioncaim táirge a thuilltear. Cuimsíonn ioncam Réitigh do Chustaiméirí ioncam ó leictreachas agus gás a dhíol le custaiméirí agus ó sheirbhísí gaolmhara eile mar a leagtar amach in (a) thuas. Tagann ioncam an ghnó Giniúna agus Mórdhíola ó ghiniúint leictreachais den chuid is mó. Tuilleann ESB Networks agus NIE Networks ioncam Úsáide Córais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi seach. Baineann ioncam atá áirithe laistigh de Dheighleoga Eile le seirbhísí innealtóireachta go príomha.




# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)


**2. TUAIRISCIÚ DEIGHLEOIGE (ar lean)**

**(a) Ráiteas Ioncaim**

**(i) Ioncam deighleoige - 2019**

| | Réitigh do Chustaiméirí € m | ESB Networks € m | Giniúint agus Trádáil € m | NIE Networks € m | Deighleoga Eile € m | Comhdhlúthú agus díothú € | **Iomlán € m** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncaim sheachtracha | 2,061.2 | 787.3 | 557.3 | 267.7 | 36.0 | - | **3,709.5** |
| Ioncam idir-dheighleog | 8.2 | 368.7 | 961.0 | 34.8 | 290.0 | (1,662.7) | - |
| **Ioncam** | 2,069.4 | 1,156.0 | 1,518.3 | 302.5 | 326.0 | (1,662.7) | **3,709.5** |

**(ii) Costais oibriúcháin deighleoige - 2019**

| | Réitigh do Chustaiméirí € m | ESB Networks € m | Giniúint agus Trádáil € m | NIE Networks € m | Deighleoga Eile € m | Comhdhlúthú agus díothú € | **Iomlán € m** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dímheas agus amúchadh | (30.5) | (435.0) | (159.6) | (154.3) | (26.8) | - | **(806.2)** |
| Glanchostais oibriúcháin eile | (1,968.4) | (376.7) | (1,149.4) | (87.4) | (278.3) | 1,662.7 | **(2,197.5)** |
| Muirear bearnúcháin | - | - | (11.9) | - | - | - | **(11.9)** |
| Glan-chaillteanais bearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | (11.1) | - | (34.4) | - | (0.7) | - | **(46.2)** |
| Costais eisceachtúla oibriúcháin gan bhearnúchán a áireamh | - | - | (59.8) | - | - | - | **(59.8)** |

**(iii) Toradh oibriúcháin - 2019**

| | Réitigh do Chustaiméirí € m | ESB Networks € m | Giniúint agus Trádáil € m | NIE Networks € m | Deighleoga Eile € m | Comhdhlúthú agus díothú € | **Iomlán € m** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brabús oibriúcháin agus míreanna eisceachtúla san áireamh | 59.4 | 344.3 | 103.2 | 60.8 | 20.2 | - | **587.9** |
| Glanchostas maoinithe | (0.2) | (2.2) | (36.8) | (42.6) | (100.6) | - | **(182.4)** |
| Sciar brabúis / (caillteanais) na ngnóthas ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 4.5 | - | (12.8) | - | **(8.3)** |
| **Brabús / (caillteanas) roimh chánachas** | 59.2 | 342.1 | 70.9 | 18.2 | (93.2) | - | **397.2** |

**(i) Ioncam deighleoige - 2018**

| | Réitigh do Chustaiméirí[1] € m | ESB Networks € m | Giniúint agus Trádáil € m | NIE Líonraí € m | Deighleoga Eile[1] € m | Comhdhlúthú agus díothú[1] € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncaim sheachtracha | 1,855.7 | 751.4 | 517.3 | 273.0 | 34.4 | - | 3,431.8 |
| Ioncam idir-dheighleog | 11.5 | 386.9 | 973.8 | 29.4 | 248.7 | (1,650.3) | - |
| **Ioncam** | 1,867.2 | 1,138.3 | 1,491.1 | 302.4 | 283.1 | (1,650.3) | 3,431.8 |

**(ii) Costais oibriúcháin deighleoige - 2018**

| | Réitigh do Chustaiméirí[1] € m | ESB Networks € m | Giniúint agus Trádáil € m | NIE Líonraí € m | Deighleoga Eile[1] € m | Comhdhlúthú agus díothú[1] € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dímheas agus amúchadh | (12.6) | (412.4) | (192.2) | (143.1) | (19.1) | - | (779.4) |
| Glanchostais oibriúcháin eile | (1,799.2) | (371.1) | (1,260.1) | (97.4) | (304.1) | 1,650.3 | (2,181.6) |
| Glan-chaillteanais bearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | (9.1) | (0.3) | (17.5) | (0.4) | (0.6) | - | (27.9) |
| Muirear bearnúcháin | (3.1) | - | (124.4) | - | - | - | (127.5) |

**(iii) Toradh oibriúcháin - 2018**

| | Réitigh do Chustaiméirí[1] € m | ESB Networks € m | Giniúint agus Trádáil € m | NIE Líonraí € m | Deighleoga Eile[1] € m | Comhdhlúthú agus díothú[1] € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brabús / caillteanas oibriúcháin - míreanna eisceachtúla san áireamh | 43.2 | 354.5 | (103.1) | 61.5 | (40.7) | - | 315.4 |
| Glanchostas maoinithe | (0.1) | (2.2) | (51.3) | (44.7) | (124.8) | - | (223.1) |
| Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | (0.4) | - | (0.6) | - | (13.0) | - | (14.0) |
| **Brabús / (caillteanas) roimh chánachas** | 42.7 | 352.3 | (155.0) | 16.8 | (178.5) | - | (78.3) |

Cuirtear ioncaim idir-dheighleoga as an áireamh nuair a dhéantar an comhdhlúthú agus tá siad léirithe sa cholún díchur thuas.

[1]Rinneadh na figiúirí a tuairiscíodh le haghaidh 2018 a athshonrú mar thoradh ar an athbhreithniú ar éifeachtacht na heagraíochta a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2019. Aistríodh roinnt mhaith eintiteas ó Dheighleoga Eile go dtí deighleog thuairiscithe Réitigh do Chustaiméirí.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**2. TUAIRISCIÚ DEIGHLEOIGE (ar lean)**

**(b) Nochtuithe eile**

| | 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|
| **Méideanna breise le sócmhainní neamhreatha** | | |
| Réitigh do Chustaiméirí[1] | **28.4** | 25.5 |
| ESB Networks | **580.8** | 589.6 |
| Giniúint agus Trádáil | **423.9** | 298.6 |
| NIE Networks | **154.2** | 171.3 |
| Deighleoga Eile[1] | **55.3** | 79.8 |
| **Iomlán** | **1,242.6** | 1,164.8 |

[1]Rinneadh na figiúirí a tuairiscíodh le haghaidh 2018 a athshonrú mar thoradh ar an athbhreithniú ar éifeachtacht na heagraíochta a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2019. Aistríodh roinnt mhaith eintiteas ó Dheighleoga Eile go dtí deighleog thuairiscithe Réitigh do Chustaiméirí.

Áirítear le sócmhainní neamhreatha breise (gan éadálacha) infheistíochtaí i maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (cé is moite de liúntais d'astuithe), sócmhainní airgeadais agus institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu.

**3. IONCAM Ó CHONARTHAÍ LE CUSTAIMÉIRÍ**

Éilíonn IFRS 15 nochtadh chun nádúr, uainiú, méid agus neamhchinnteacht a ioncam laistigh dá riachtanais nochtaithe a léiriú. Tá sé cinntithe ag ESB go bhfuil an dí-chomhbhailiú a bhaineann úsáid as deighleoga atá ann cheana agus nádúr na ndeighleog cui da chúinsí.

| **2019** | Réitigh do Chustaiméirí € m | ESB Networks € m | Giniúint agus Trádáil € m | NIE Líonraí € m | Deighleoga Eile € m | Comhdhlúthú agus díothú € m | **Iomlán € m** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncaim sheachtracha** | | | | | | | |
| Ioncam ó Power Generation | - | - | 557.3 | - | - | - | **557.3** |
| Ioncam ó tháillí Úsáidte Córais ar chustaiméirí | - | 734.9 | - | 251.6 | - | - | **986.5** |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair | - | 52.4 | - | 16.1 | - | - | **68.5** |
| Ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis | 2,030.7 | - | - | - | - | - | **2,030.7** |
| Ioncam eile | 30.5 | - | - | - | 36.0 | - | **66.5** |
| **Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí** | **2,061.2** | **787.3** | **557.3** | **267.7** | **36.0** | **-** | **3,709.5** |
| Ioncam idir-dheighleog | 8.2 | 368.7 | 961.0 | 34.8 | 290.0 | (1,662.7) | **-** |
| **Iomlán Ioncam Ghrúpa ESB** | **2,069.4** | **1,156.0** | **1,518.3** | **302.5** | **326.0** | **(1,662.7)** | **3,709.5** |

| **2018** | Réitigh do Chustaiméirí[1] € m | ESB Networks € m | Giniúint agus Trádáil € m | NIE Líonraí € m | Deighleoga Eile[1] € m | Comhdhlúthú agus díothú[1] € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncaim sheachtracha** | | | | | | | |
| Ioncam ó Power Generation | - | - | 517.3 | - | - | - | 517.3 |
| Ioncam ó tháillí Úsáidte Córais ar chustaiméirí | - | 702.1 | - | 258.0 | - | - | 960.1 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair | - | 49.3 | - | 15.0 | - | - | 64.3 |
| Ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis | 1,826.0 | - | - | - | - | - | 1,826.0 |
| Ioncam eile | 29.7 | - | - | - | 34.4 | - | 64.1 |
| **Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí** | 1,855.7 | 751.4 | 517.3 | 273.0 | 34.4 | - | 3,431.8 |
| Ioncam idir-dheighleog | 11.5 | 386.9 | 973.8 | 29.4 | 248.7 | (1,650.3) | - |
| **Iomlán Ioncam Ghrúpa ESB** | 1,867.2 | 1,138.3 | 1,491.1 | 302.4 | 283.1 | (1,650.3) | 3,431.8 |

[1]Rinneadh na figiúirí a tuairiscíodh le haghaidh 2018 a athshonrú mar thoradh ar an athbhreithniú ar éifeachtacht na heagraíochta a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2019. Aistríodh roinnt mhaith eintiteas ó Dheighleoga Eile go dtí deighleog thuairiscithe Réitigh do Chustaiméirí.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**4. FAISNÉIS GHEOGRAFACH**

**(a) Sócmhainní neamhreatha de réir suímh gheografaigh**

| | 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|
| Éire | **8,386.7** | 8,019.3 |
| RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann | **3,460.4** | 3,307.3 |
| **Iomlán** | **11,847.1** | 11,326.6 |

Chun na críche seo, ciallaíonn sócmhainní neamhreatha maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe, sócmhainní ceart úsáide agus cáilmheas. Tá infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, infheistíochtaí sócmhainne airgeadais, infháltais trádála agus infháltais eile, ionstraimí airgeadais díorthaigh agus sócmhainní cánach iarchurtha as an áireamh.

**(b) Ioncam seachtrach de réir an mhargaidh gheografaigh**

| | 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|
| Éire | **2,822.3** | 2,566.4 |
| RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann | **858.2** | 837.0 |
| An chuid eile den domhan | **29.0** | 28.4 |
| **Iomlán** | **3,709.5** | 3,431.8 |

**5. MÍREANNA EISCEACHTÚLA**

| | 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|
| Muirir bhearnúcháin | **34.4** | 139.7 |
| Costais scoir - scéimeanna téarfa | **54.8** | - |
| Costais oibriúcháin | **5.0** | - |
| | **94.2** | 139.7 |

**2019 Muirir bhearnúcháin**
Oibríonn Tilbury Green Power Holdings Limited stáisiún cumhachta bithmhaisbhreosla 40MW a bhfuil comhúinéireacht ag ESB air i gcomhar le UK Green Infrastructure Platform agus cuibhreannas EPC. Tá an stáisiún suite thart ar 30km soir ó Londain agus úsáideann sé fuíolladhmad inbhuanaithe atá le fáil go háitiúil i mórcheantar Londan. Bhain an stáisiún amach oibriúchán tráchtála in 2019. Tugadh athbhreithniú bearnúcháin chun críche ar an iasacht scairshealbhóra a fuair an tioncadal, rud a bhí spreagtha ag táscairí bearnúcháin a bhí ann go príomha mar gheall ar mhoilleanna maidir le tús a chur leis an oibriúchán tráchtála chomh maith le hoibriúchán laghdaithe an stáisiúin i gcomparáid leis na leibhéil lena rabhthas ag súil mar gheall ar fhadhbanna teicniúla. Bunaíodh an measúnú bearnúcháin ar an iasacht scairshealbhóra ar ús réamh-mheasta agus aisíocaíochtaí fiachais agus rinne é a lascainiú ag 12.56% (2018: 12.56%), an ráta éifeachtach úis ar an iasacht i gcomhréir le IFRS 9. Rinneadh muirir bhearnúcháin de €34.4 milliún (2018: €17.5 milliún) a aithint i gcostais oibriúcháin i ndáil leis an iasacht scairshealbhóra. Tá luach iomlán na hiasachta atá fágtha bearnaithe ar an 31 Nollaig 2019.

**Costais scoir - scéimeanna téarfa**
Le linn na bliana, fógraíodh go dúnfar na Móinstáisiúin i lár na tíre ag deireadh 2020 agus tháinig deireadh le hoibríochtaí ag stáisiún an Phoirt Thuaidh i mBaile Átha Cliath. Tháinig laghdú ar an éileamh ar ghiniúint ghualadhainte in 2019 agus rinneadh cuíchóiriú suntasach ar oibríochtaí ag stáisiún Ghob na Muine mar thoradh. Mar gheall ar na forbairtí sin sa ghnóthas agus i ndiaidh dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, tá foráil déanta do chostais scéimeanna téarfa. Ar an 31 Nollaig 2019, cuireadh muirear €54.8 milliún ar an Ráiteas Ioncaim i ndáil leis na scéimeanna téarfa.

**Costais oibriúcháin**
Anuas ar na scéimeanna téarfa, tá muirear €5.0 milliún curtha san áireamh mar chuid de chostais oibriúcháin agus chothabhála, rud a fhreagraíonn do ranníocaíocht ESB le 'Ciste Cóir Aistrithe' do lár na tíre mar aitheantas ar an tionchar eacnamaíoch a bheidh ag dúnadh an dá mhóinstáisiún chumhachta atá beartaithe ar an réigiún.





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 5. MÍREANNA EISCEACHTÚLA (ar lean)

**2018 Muirir bhearnúcháin**
Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 36 - sonraíonn Bearnú Sócmhainní gurb ionann caillteanas bearnúcháin agus an méid a sháraíonn luach tugtha anonn na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála luach cóir na sócmhainne lúide na costais lena diúscairt, nó a luach úsáide, cibé acu is airde. Ríomhtar an luach úsáide trí Ghlanluach Reatha (NPV) trí na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo sa todhchaí a thógáil ón tsócmhainn, arna lascainiú ag ráta lascainithe cuí. Ceanglaítear ar aonáin tástálacha bearnúcháin a dhéanamh má léirítear go bhfuil bearnú sócmhainne ann. Is táscaire iad na corrlaigh leictreachais mhórdhíola réamh-mheasta níos ísle don Mhargadh Leictreachais Aonair Comhtháite nua (I-SEM) a spreag athbhreithnithe bearnúcháin ar chuid áirithe de shócmhainní giniúna an Ghrúpa amhail ar 31 an Nollaig 2018.

Is Gástuirbíní Comh-thimthrialla (CCGTanna) iad Áth Fhada Aonad a Dó (435 MW) agus Synergen (410 MW) atá suite i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath faoi seach. Bhain Áth Fhada amach a dháta oibriúcháin tráchtála i mí na Bealtaine 2010 agus chuir Synergen tús lena oibriúchán i Lúnasa 2002. Chuir an t-athbhreithniú bearnúcháin a rinneadh béim ar mhuirear bearnúcháin de €87.3 milliún d'Aonad 2 Áth Fhada agus de €33.4 milliún de Synergen, agus cuimsítear iad sa deighleog Giniúna agus Trádála. D'eascair na bearnúcháin mar thoradh ar ioncam réamhaisnéise níos lú de bharr corrlaigh leictreachais mhórdhíola réamh-mheasta níos lú do stáisiúin gásadhainte sa mhargadh I-SEM tiomanta ag leataí réamh-mheasta níos lú agus méideanna feidhmithe níos lú réamh-mheasta do na stáisiúin sin. Ba é 6.11% an ráta réamhchánach an ráta lascaine iarbhír a cuireadh i bhfeidhm ar na sreafaí airgid chun an glanluach reatha (NPV) a chinneadh.

Leag athbhreithniú phunainne fheirm ghaoithe I-SEM béim ar an ngá le muirear bearnúcháin de €1.4 milliún. An príomhrud atá taobh thiar den mhuirear bearnúcháin ná ísliú in ioncam margaidh de bharr an laghdú sa phraghas i bhfeirm gaoithe Hunters Hill atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann. Ba é an ráta réamhchánach 4.02 % an ráta lascaine iarbhír a cuireadh i bhfeidhm ar na sreafaí airgid chun an glanluach reatha NPV d'fheirm ghaoithe Hunters Hill a aimsiú.

Tá na hinsreafaí airgid réamh-mheasta do gach sócmhainn agus stáisiún ginte bunaithe ar phróifílí reáchtála réamh-mheasta don ghléasra, tacaíocht rialála, réamhphraghsanna leictreachais, gáis agus carbóin. Freagraíonn na heis-sreafaí airgid do chaiteachas oibriúcháin agus caipitiúil bunaithe ar na pleananna gnó cúig bliana, arna faomhadh ag an mBord, agus ina dhiaidh sin, ar réamhaisnéisí a dhéantar ar tháirgeadh fadtéarmach agus ar an sreabhadh airgid.

## 6. IONCAM / (SPEANSAIS) OIBRIÚCHÁIN EILE

| | 2019<br>€ m | 2018<br>€ m |
|---|---|---|
| Brabús ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh, agus sócmhainní doláimhsithe | **7.1** | 8.6 |
| Gnóthachan ar Castlepook Power DAC ar gnóthas fochuideachta 100% anois í[1] | **-** | 4.7 |
| Ioncam oibriúcháin eile | **-** | 0.1 |
| Díbhinní faighte | **1.6** | - |
| Gluaiseachtaí luacha chóir ar shócmhainní arna sealbhú ag an gcóirluach trí bhrabús agus caillteanas[2] | **-** | (12.0) |
| **Iomlán** | **8.7** | 1.4 |

[1] Féach nóta 15 chun tuilleadh eolais a fháil maidir le ceannach Castlepook Power DAC.

[2] Baineann na gluaiseachtaí luacha chóir sin le coigeartuithe ar luach infheistíochtaí i bhfiontair inathnuaite i seilbh na fochuideachta ESB Novusmodus Limited Partnership, arna sonrú i nóta 15.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 7. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN (Glanchaillteanais Bhearnúcháin ar Shócmhainní Airgeadais san áireamh)

| | 2019<br>€ m | 2018<br>€ m |
|---|---|---|
| Costais fostaí (nóta 9) | **545.1** | 492.8 |
| Costais fuinnimh[1] | **1,287.1** | 1,140.8 |
| Oibriúcháin agus cothabháil[2] | **433.8** | 549.4 |
| Glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais (nótaí 15 / 17)[3] | **46.2** | 27.9 |
| Dímheas agus amúchadh (nótaí 11 / 12/ 13) | **806.2** | 779.4 |
| Muirir bhearnúcháin eile[4] | **11.9** | 127.5 |
| **Iomlán** | **3,130.3** | 3,117.8 |

[1] Áirítear sna costais bhreosla muirear €8.7 milliún (2018: €10.7 milliún) a bhaineann leis an ngluaiseacht luacha chóir i dtaca le babhtálacha tráchtearraí breosla nach bhfuil ainmnithe mar fhálú cuntasaíochta.

[2] Áirítear le hoibriúcháin agus cothabháil gnóthachan i dtaca le hathaistriú malairte eachtraí, arb ionann é agus €25.0 milliún (2018: caillteanas de €5.1 milliún) ar staideanna idirchuideachta ainmnithe i steirling.

[3] Áirítear sna glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais caillteanais bhearnúcháin a tabhaíodh ar infháltais trádála agus ar infháltais eile de €11.8 milliún (2018: €10.4 milliún) agus muirir bhearnúcháin eisceachtúla a tabhaíodh ar iasachtaí d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu de €34.4 milliún (2018: €17.5 milliún) - féach tuilleadh eolais i nótaí 5 agus 17.

[4] Aithníodh muirir bhearnúcháin de €11.9 milliún (2018: €127.5 milliún) i ndáil le Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe, in 2019, a bhfuil €nialas (2018: €122.2 milliún) díobh nochta mar mhíreanna eisceachtúla sa ráiteas ioncaim.

## 8. GLANCHOSTAS MAOINITHE AGUS MUIRIR MHAOINITHE EILE

| | 2019<br>€ m | 2018<br>€ m |
|---|---|---|
| Ús iníoctha ar iasachtaíochtaí | **179.7** | 203.0 |
| Lúide ús caipitlithe | **(27.5)** | (25.4) |
| **Glan-ús ar iasachtaíochtaí** | **152.2** | 177.6 |
| | | |
| **Muirir mhaoinithe:** | | |
| - ar scéim pinsean NIE Networks (nóta 23) | **2.7** | 3.4 |
| - ar scéim pinsin ESB (nóta 24) | **9.5** | 14.0 |
| - ar dhliteanais a bhaineann le fostaithe (nóta 24) | **-** | - |
| - ar chostais aistarraingte sócmhainne (nóta 27) | **2.4** | 2.5 |
| - ar oibleagáidí léasa (nóta 13) | **2.0** | - |
| - ar fhorálacha eile (nóta 27) | **-** | (0.5) |
| **Iomlán na muirear maoinithe** | **16.6** | 19.4 |
| | | |
| **(Gnóthachain) / caillteanais luacha chóir ar ionstraimí airgeadais:** | | |
| - babhtálacha airgeadra/rátaí úis: fáluithe ar an sreabhadh airgid, aistriú ó Ioncam Cuimsitheach Iomlán (OCI) | **(2.4)** | 29.0 |
| - babhtálacha rátaí úis agus babhtálacha atá nasctha le boilsciú agus nach bhfuil i dteideal cuntasaíocht fálaithe | **18.1** | 0.5 |
| - conarthaí malairte eachtraí nach bhfuil i dteideal cuntasaíocht fálaithe | **0.1** | 0.3 |
| **Caillteanais iomlán luacha chóir ar ionstraimí airgeadais** | **15.8** | 29.8 |
| | | |
| **Costas airgeadais** | **184.6** | 226.8 |
| **Ioncam airgeadais** | **(2.2)** | (3.7) |
| **Glanchostas maoinithe** | **182.4** | 223.1 |

Ríomhtar na muirir mhaoinithe i leith forálacha i gcomhréir leis an mbeartas um lascainiú oibleagáidí íocaíochta na todhchaí, mar a nochtar sna beartais chuntasaíochta - féach nóta 1.

Anuas ar na méideanna a aistríodh ó ioncam cuimsitheach eile a bhain leis na babhtálacha rátaí úis agus na conarthaí malairte eachtraí a nochtadh thuas, aistríodh gnóthachan de €8.3 milliún (2018: gnóthachan de €23.3 milliún) ón gcúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid chuig glanchostas airgeadais agus muirir mhaoinithe eile i gcaitheamh na bliana. Déantar na méideanna sin a fhritháireamh go hiomlán, áfach, in aghaidh gluaiseachtaí in aistriú na n-iasachtaí bunúsacha d'airgeadra eachtrach fálaithe ag na rátaí malairte a bhí i réim.

Áirítear le hioncam airgeadais ús ar iasachtaí atá infhála ó Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited de €0.2 milliún (2018: €1.6 milliún), Oweninny Power DAC €0.3 milliún (2018: €0.4 milliún) - féach nóta 15 chun tuilleadh eolais a fháil.

Tá gluaiseachtaí luacha chóir ar na babhtálacha a bhain le boilsciú a léiríonn rátaí úis níos ísle agus Praghasinnéacs Tomhaltóirí (RPI) níos ísle sa Ríocht Aontaithe aitheanta laistigh de chostais airgeadais sa ráiteas ioncaim, mar nach bhfuil cuntasaíocht fálaithe ar fáil do na hionstraimí sin.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**9. FOSTAITHE**

**GRÚPA**

| **(a) Meánlíon na bhfostaithe sa bhliain de réir gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:** | **2019 Líon** | 2018 Líon |
|---|---|---|
| Giniúint agus Trádáil | **914** | 1,009 |
| Réitigh do Chustaiméirí[1] | **551** | 459 |
| ESB Networks | **3,490** | 3,440 |
| NIE Networks | **1,208** | 1,206 |
| Deighleoga Eile[1] | **1,811** | 1,760 |
| **Iomlán** | **7,974** | 7,874 |

[1]Rinneadh líon na bhfostaithe a tuairiscíodh le haghaidh 2018 a athshonrú mar thoradh ar an athbhreithniú ar éifeachtacht na heagraíochta a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2019. Aistríodh roinnt mhaith eintiteas ó Dheighleoga Eile go dtí deighleog thuairiscithe Réitigh do Chustaiméirí.

| **(b) Costais fostaí i rith na bliana** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| **Costais foirne reatha (gan pinsean a áireamh)** | | |
| Tuarastail | **529.2** | 513.6 |
| Ragobair | **41.2** | 44.6 |
| Costais leasa shóisialaigh (PRSI agus árachas náisiúnta) | **43.0** | 40.4 |
| Sochair phárolla eile[1] | **37.0** | 36.8 |
| **Costas párolla le haghaidh fostaithe** | **650.4** | 635.4 |
| | | |
| **(c) Pinsean agus costais eile um shochar fostaí** | | |
| Costais scoir - cláir téarfa[3] | **55.2** | 13.7 |
| Muirear pinsean - scéimeanna eile[2] | **52.5** | 51.8 |
| Muirear do scéim pinsean NIE Networks[4] | **7.9** | 7.8 |
| | **766.0** | 708.7 |
| Párolla caipitlithe | **(220.9)** | (215.9) |
| **Iomlán na gcostas maidir le fostaithe a gearradh ar an ráiteas ioncaim** | **545.1** | 492.8 |

[1] Is iad liúntais taistil agus cothabhála a áirítear leis na sochair seo don chuid is mó.

[2] Cuimsíonn an muirear pinsin do scéimeanna eile ranníocaíochtaí de €30.1 milliún (2018: €30.6 milliún) chuig Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB, €14.1 milliún (2018: €12.5 milliún) chuig Scéim Pinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB, €7.3 milliún (2018: €6.0 milliún) chuig rannán Roghanna Scéim Pinsin NIE Networks (NIE Networks Scheme) agus €1.0 milliún (2018: €0.8 milliún) chuig scéim pinsin stocshealbhóirí d'fhostaithe sa Ríocht Aontaithe (FMUK Pension Scheme). Áirítear leis an muirear seo freisin costais iarsheirbhíse de €nialas (2018: €1.9 milliún). Féach nóta 23 agus nóta 24 le haghaidh tuilleadh sonraí.

[3] Le linn na bliana, d'fhógair ESB go bhfuiltear chun dhá mhóinstáisiún cumhachta a dhúnadh in 2020, go bhfuiltear chun stáisiún an Phort Thuaidh a dhúnadh agus go bhfuiltear chun oibríochtaí Ghob na Muine a chuíchóiriú go suntasach. Leagtar tuilleadh sonraí amach i nóta 5. Cuimsítear i gcostais an chláir théarfa do 2018 costais chiorrúcháin phinsin maidir le NIE Networks de €4.7 milliún.

[4] Ní bhaineann muirear scéim pinsin NIE Networks ach amháin leis an gcuid 'Focus' de Northern Ireland Electricity Scheme (an NIE Networks Scheme). Féach nóta 23 chun tuilleadh sonraí a fháil.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**9. FOSTAITHE (ar lean)**

**MÁTHAIRCHUIDEACHTA**

| **(a) Meánlíon na bhfostaithe sa bhliain de réir gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:** | **2019 Líon** | 2018 Líon |
|---|---|---|
| Giniúint agus Trádáil | **636** | 638 |
| Réitigh do Chustaiméirí | **343** | 295 |
| ESB Networks | **3,473** | 3,429 |
| Deighleoga Eile | **1,649** | 969 |
| **Iomlán** | **6,101** | 5,331 |

| **(b) Costais fostaí i rith na bliana** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| **Costais foirne reatha (gan pinsean a áireamh)** | | |
| Tuarastail | **421.2** | 367.6 |
| Ragobair | **34.9** | 37.3 |
| Costais leasa shóisialaigh (ÁSPC) | **33.4** | 27.3 |
| Sochair phárolla eile[1] | **30.4** | 25.2 |
| **Costas párolla le haghaidh fostaithe** | **519.9** | 457.4 |
| | | |
| **(c) Pinsean agus costais eile um shochar fostaí** | | |
| Costais scoir - cláir téarfa | **55.2** | 5.3 |
| Muirear pinsin[2] | **30.6** | 34.2 |
| | **605.7** | 496.9 |
| Párolla caipitlithe | **(166.2)** | (162.0) |
| **Iomlán na gcostas maidir le fostaithe a gearradh ar an ráiteas ioncaim** | **439.5** | 334.9 |

[1] Is iad liúntais taistil agus cothabhála a áirítear leis na sochair seo don chuid is mó.

[2] Áirítear leis an muirear pinsin ranníocaíochtaí chuig Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB agus chuig Scéim Pinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB. Féach nóta 23 chun tuilleadh sonraí a fháil.


| **10. BRABÚS DON BHLIAIN AIRGEADAIS** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| Luaitear an brabús don bhliain airgeadais tar éis gearradh/(cur chun sochair): | | |
| **Luach saothair an iniúchóra:** | | |
| - Iniúchadh ar ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí aonair agus an Ghrúpa[1] | **1.3** | 1.0 |
| - Seirbhísí dearbhaithe eile | **0.2** | 0.2 |
| - Seirbhísí comhairleacha cánach (Máthairchuideachta agus aonáin de chuid NIE Networks amháin) | **-** | - |
| - Seirbhísí neamh-iniúchóireachta eile[2] | **0.1** | 0.5 |
| **Luach saothair Chomhaltaí Boird ESB (Máthairchuideachta):** | | |
| - Luachanna saothair | **0.5** | 0.5 |
| - Ranníocaíochtaí pinsin | **0.1** | 0.1 |

Ní áirítear i sonraí luach saothair chomhaltaí Boird suimeanna a íocadh leis an gceathrar Comhaltaí Boird is Oibrithe mar fhostaithe ESB (mar ní dhéantar ardú ná laghdú ar an bpá sin mar gheall ar a gcomhaltas ar an mBord), ach áirítear suimeanna a íocadh leo i bhfoirm táillí.

[1] €0.4 milliún (2018: €0.4 milliún) a bhaineann le hiniúchadh na Máthairchuideachta. Ina theannta sin, tá €0.1 milliún breise iníoctha le PwC Belfast maidir le hiniúchadh 2019 ar NIE Networks (2018: €0.1 milliún). Cuimsíonn iniúchadh na ráiteas airgeadais aonair agus ráiteas airgeadais an Ghrúpa iniúchadh na bhfochuideachtaí freisin.

[2] Cuimsithe i seirbhísí neamh-iniúchóireachta eile don bhliain airgeadais a chríochnaigh in 2019, tá €nialas (2018: €0.4 milliún) maidir le seirbhísí ceadaithe faoi chonradh a bronnadh ar PwC sular ceapadh iad mar iniúchóirí.





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 11. RÉADMHAOIN, GLÉASRA & TREALAMH

| GRÚPA | Talamh agus foirgnimh € m | Gléasra agus innealra € m | Sócmhainní iomlána i gcoimisiún € m | Sócmhainní á dtógáil € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 1,314.4 | 18,192.8 | 19,507.2 | 880.6 | **20,387.8** |
| Aistriú IFRS 15 chuig ioncam iarchurtha | - | 687.8 | 687.8 | 103.9 | **791.7** |
| **Iarmhéid athshonraithe amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 1,314.4 | 18,880.6 | 20,195.0 | 984.5 | **21,179.5** |
| Breisithe | - | 461.3 | 461.3 | 453.2 | **914.5** |
| Aistarraingtí / diúscairtí | (38.1) | (131.8) | (169.9) | (6.6) | **(176.5)** |
| Aistrithe ó shócmhainní atá á dtógáil | 20.2 | 175.9 | 196.1 | (196.1) | **-** |
| Aistrithe ó / (chuig) sócmhainní doláimhsithe | (0.4) | (3.9) | (4.3) | 1.3 | **(3.0)** |
| Aistrithe Eile | (79.0) | 79.0 | - | - | **-** |
| Difríochtaí aistrithe | (0.1) | (43.2) | (43.3) | - | **(43.3)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 1,217.0 | 19,417.9 | 20,634.9 | 1,236.3 | **21,871.2** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 1,217.0 | 19,417.9 | 20,634.9 | 1,236.3 | **21,871.2** |
| Breisithe | 12.4 | 430.5 | 442.9 | 444.8 | **887.7** |
| Aistarraingtí / diúscairtí | (35.4) | (184.9) | (220.3) | - | **(220.3)** |
| Aistrithe ó shócmhainní atá á dtógáil | 25.6 | 288.9 | 314.5 | (314.5) | **-** |
| Aistrithe ó shócmhainní doláimhsithe | - | 0.6 | 0.6 | - | **0.6** |
| Difríochtaí aistrithe | 0.5 | 260.1 | 260.6 | 0.2 | **260.8** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 1,220.1 | 20,213.1 | 21,433.2 | 1,366.8 | **22,800.0** |
| **Dímheas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 769.3 | 9,613.5 | 10,382.8 | - | **10,382.8** |
| Aistriú IFRS 15 chuig ioncam iarchurtha | - | 58.4 | 58.4 | - | **58.4** |
| **Iarmhéid athshonraithe amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 769.3 | 9,671.9 | 10,441.2 | - | **10,441.2** |
| Muirear don bhliain | 26.5 | 708.8 | 735.3 | - | **735.3** |
| Aistarraingtí / diúscairtí | (37.3) | (125.6) | (162.9) | - | **(162.9)** |
| Bearnúchán | - | 122.2 | 122.2 | - | **122.2** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | (3.3) | (0.3) | (3.6) | - | **(3.6)** |
| Aistrithe Eile | (41.9) | 41.9 | - | - | **-** |
| Difríochtaí aistrithe | - | (16.2) | (16.2) | - | **(16.2)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 713.3 | 10,402.7 | 11,116.0 | - | **11,116.0** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 713.3 | 10,402.7 | 11,116.0 | - | **11,116.0** |
| Muirear don bhliain | 20.5 | 696.1 | 716.6 | - | **716.6** |
| Aistarraingtí / diúscairtí | (34.8) | (184.0) | (218.8) | - | **(218.8)** |
| Bearnúchán | - | 5.3 | 5.3 | - | **5.3** |
| Difríochtaí aistrithe | 0.1 | 103.4 | 103.5 | - | **103.5** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 699.1 | 11,023.5 | 11,722.6 | - | **11,722.6** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **521.0** | **9,189.6** | **9,710.6** | **1,366.8** | **11,077.4** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 503.7 | 9,015.2 | 9,518.9 | 1,236.3 | **10,755.2** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 545.1 | 8,579.3 | 9,124.4 | 880.6 | **10,005.0** |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 11. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH (ar lean)

Le linn na bliana, rinne an Grúpa ús de €27.5 milliún a chaipitliú (2018: €25.4 milliún) i sócmhainní a bhí á dtógáil, agus úsáid á baint acu as ráta úis éifeachtach de 2.9% (2018: 3.6%).

Is é luach tugtha anonn na sócmhainní neamh-in-dímheasa (talamh) amhail ar an 31 Nollaig 2019 ná €94.4 milliún (2018: €89.9 milliún).

Áirítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar ghlanluach de réir na leabhar de €nialas amhail ar an 31 Nollaig 2019 leis an méid thuas ar chostas €5,039.0 milliún (2018: €4,632.2 milliún).

San áireamh le méideanna breise in 2018, tá €55.6 milliún i dtaca le sócmhainní a fuarthas maidir le héadáil Castlepook Power DAC. Féach nóta 15 (c) - Éadálacha an Ghrúpa, chun tuilleadh eolais a fháil.

Baineann aistarraingtí / diúscairtí sócmhainní sna blianta 2019 agus 2018 araon go príomha le haistarraingt sócmhainní a bhí dímheasta go hiomlán.

San áireamh le méideanna breise in 2019, tá caipitliú ar mhéadú sa soláthar maidir le haistarraingt sócmhainní le haghaidh Giniúint agus Trádáil, agus ESB Networks ar luach €10.8 milliún (2018: €19.9 milliún). Féach nóta 27 chun tuilleadh eolais a fháil.

Mar thoradh ar an gcaighdeán cuntasaíochta nua IFRS 15, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2018, cuirtear ranníocaíochtaí soláthair sna cuntais mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear isteach sa ráiteas ioncaim iad ar bhonn atá ag teacht le beartas dímheasa na bunsócmhainne. San áireamh sna haistrithe chuig ioncam iarchurtha, tá €791.7 milliún de ranníocaíochtaí soláthair chomhláin agus amúchadh carntha de €58.4 milliún amhail ar an 1 Eanáir 2018, agus rinneadh na míreanna sin a athrangú mar ioncam iarchurtha.

### Muirear bearnúcháin

Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 36 - sonraíonn Bearnú Sócmhainní gurb ionann caillteanas bearnúcháin agus an méid a sháraíonn luach tugtha anonn na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála luach cóir na sócmhainne lúide na costais lena diúscairt, nó a luach úsáide, cibé acu is airde. Ríomhtar an luach úsáide trí Ghlanluach Reatha (NPV) trí na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo sa todhchaí a thógáil ón tsócmhainn, arna lascainiú ag ráta lascainithe cuí. Ceanglaítear ar aonáin tástálacha bearnúcháin a dhéanamh má léirítear go bhfuil bearnú sócmhainne ann. Is táscaire iad corrlaigh leictreachais mhórdhíola réamh-mheasta níos ísle don Mhargadh Leictreachais Aonair Comhtháite nua (I-SEM) a spreag athbhreithnithe bearnúcháin ar shócmhainní giniúna áirithe de chuid an Ghrúpa amhail ar an 31 Nollaig 2019.

Rinneadh athbhreithniú bearnúcháin ar shócmhainní a raibh táscairí bearnúcháin á léiriú acu, trí chomparáid a dhéanamh idir glanluach reatha shreafaí airgid na todhchaí agus a nglanluach de réir na leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2019, agus bhí muirear bearnúcháin de €5.3 milliún mar thoradh air sin (2018: €122.2 milliún).


Leag athbhreithniú ar phunanna fheirm ghaoithe I-SEM béim ar an ngá le muirear bearnúcháin de €5.3 milliún a chur i bhfeidhm. An príomhrud atá taobh thiar den mhuirear bearnúcháin ná ísliú in ioncam margaidh. Ba é an ráta réamhchánach 3.5% an ráta lascaine iarbhír a cuireadh i bhfeidhm ar na sreafaí airgid chun an glanluach reatha (NPV) a aimsiú.

Shocraigh athbhreithniú ar roinnt sócmhainní giniúna teirmi in I-SEM agus sa Ríocht Aontaithe muirear bearnúcháin de €nialas a ghearradh (2018: €122.2 milliún). Ba iad na rátaí réamhchánacha 6.2% agus 6.1% faoi seach na rátaí lascaine iarbhír a cuireadh i bhfeidhm ar na sreafaí airgid chun an glanluach reatha NPV a aimsiú.

Tá na hinsreafaí airgid réamh-mheasta do gach sócmhainn agus stáisiún ginte bunaithe ar phróifílí reáchtála réamh-mheasta don ghléasra, tacaíocht rialála, réamhphraghsanna leictreachais, gáis agus carbóin. Tá na heis-sreafaí airgid i ndáil le caiteachas oibriúcháin agus caipitiúil bunaithe ar na pleananna gnó cúig bliana, arna bhfaomhadh ag an mBord, agus ina dhiaidh sin, ar réamhaisnéisí a dhéantar ar tháirgeadh fadtéarmach, ar shreafaí airgid agus ar dhátaí dúnta gléasra.

Féach ar nóta 5 chun tuilleadh eolais a fháil faoi na muirir bhearnúcháin in 2018.





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 11. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH (ar lean)

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Talamh agus foirgnimh € m | Gléasra agus innealra € m | Sócmhainní iomlána i gcoimisiún € m | Sócmhainní á dtógáil € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 1,255.9 | 13,417.2 | 14,673.1 | 831.5 | **15,504.6** |
| Aistriú IFRS 15 chuig ioncam iarchurtha | - | 297.5 | 297.5 | 103.9 | **401.4** |
| **Iarmhéid athshonraithe amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 1,255.9 | 13,714.7 | 14,970.6 | 935.4 | **15,906.0** |
| Breisithe | - | 235.8 | 235.8 | 325.3 | **561.1** |
| Aistarraingtí / diúscairtí | (37.1) | (129.2) | (166.3) | (5.0) | **(171.3)** |
| Aistrithe ó shócmhainní atá á dtógáil | 19.6 | 141.8 | 161.4 | (161.4) | **-** |
| Aistrithe ó / (chuig) sócmhainní doláimhsithe | - | (4.4) | (4.4) | 1.3 | **(3.1)** |
| Aistrithe Eile | (51.5) | 51.5 | - | - | **-** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 1,186.9 | 14,010.2 | 15,197.1 | 1,095.6 | **16,292.7** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 1,186.9 | 14,010.2 | 15,197.1 | 1,095.6 | **16,292.7** |
| Breisithe | 0.6 | 282.1 | 282.7 | 288.3 | **571.0** |
| Aistarraingtí / diúscairtí | (31.8) | (183.7) | (215.5) | - | **(215.5)** |
| Aistrithe ó shócmhainní atá á dtógáil | 25.5 | 275.0 | 300.5 | (300.5) | **-** |
| Aistrithe ó shócmhainní doláimhsithe | - | 0.6 | 0.6 | - | **0.6** |
| Aistrithe Eile | 2.2 | 14.5 | 16.7 | - | **16.7** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 1,183.4 | 14,398.7 | 15,582.1 | 1,083.4 | **16,665.5** |
| **Dímheas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 742.7 | 7,935.8 | 8,678.5 | - | **8,678.5** |
| Aistriú IFRS 15 chuig ioncam iarchurtha | - | 18.6 | 18.6 | - | **18.6** |
| **Iarmhéid athshonraithe amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 742.7 | 7,954.4 | 8,697.1 | - | **8,697.1** |
| Muirear don bhliain | 25.0 | 448.0 | 473.0 | - | **473.0** |
| Aistarraingtí / diúscairtí | (37.0) | (125.0) | (162.0) | - | **(162.0)** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | (3.3) | (0.4) | (3.7) | - | **(3.7)** |
| Bearnúchán | - | 87.3 | 87.3 | - | **87.3** |
| Aistrithe Eile | (34.4) | 34.4 | - | - | **-** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 693.0 | 8,398.7 | 9,091.7 | - | **9,091.7** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 693.0 | 8,398.7 | 9,091.7 | - | **9,091.7** |
| Muirear don bhliain | 20.1 | 459.7 | 479.8 | - | **479.8** |
| Aistarraingtí / diúscairtí | (31.1) | (183.3) | (214.4) | - | **(214.4)** |
| Aistrithe Eile | - | 8.3 | 8.3 | - | **8.3** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 682.0 | 8,683.4 | 9,365.4 | - | **9,365.4** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **501.4** | **5,715.3** | **6,216.7** | **1,083.4** | **7,300.1** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 493.9 | 5,611.5 | 6,105.4 | 1,095.6 | **7,201.0** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 513.2 | 5,481.4 | 5,994.6 | 831.5 | **6,826.1** |

Le linn na bliana, rinne an Mháthairchuideachta ús de €20.7 milliún a chaipitliú (2018: €24.1 milliún) i sócmhainní a bhí á dtógáil, agus úsáid á baint acu as ráta úis éifeachtach de 2.9% (2018: 4.5%).

Is é luach tugtha anonn na sócmhainní neamh-in-dímheasa (talamh) amhail ar an 31 Nollaig 2019 ná €77.8 milliún (2018: €85.3 milliún).

Áirítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar ghlanluach de réir na leabhar de €nialas amhail ar an 31 Nollaig 2019 leis an méid thuas ar chostas €4,034.6 milliún (2018: €3,678.9 milliún).

Baineann aistarraingtí / diúscairtí sócmhainní sna blianta 2019 agus 2018 araon go príomha le haistarraingt sócmhainní a bhí dímheasta go hiomlán.

Mar thoradh ar an gcaighdeán cuntasaíochta nua IFRS 15, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2018, tugtar cuntas de na ranníocaíochtaí soláthair mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear isteach sa ráiteas ioncaim iad ar bhonn atá ag teacht le beartas dímheasa na mbunsócmhainní. San áireamh sna haistrithe chuig ioncam iarchurtha, tá €401.4 milliún de ranníocaíochtaí soláthair chomhláin agus amúchadh carntha de €18.6 milliún amhail ar an 1 Eanáir 2018, agus rinneadh na míreanna sin a athaicmiú mar ioncam iarchurtha.

**Muirear bearnúcháin**

Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 36 - sonraíonn Bearnú Sócmhainní gurb ionann caillteanas bearnúcháin agus an méid a sháraíonn luach tugtha anonn na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála luach cóir na sócmhainne lúide na costais lena diúscairt, nó a luach úsáide, cibé acu is airde. Ríomhtar an luach úsáide trí Ghlanluach Reatha (NPV) trí na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo sa todhchaí a thógáil ón tsócmhainn, arna lascainiú ag ráta lascainithe cuí. Ceanglaítear ar aonáin tástálacha bearnúcháin a dhéanamh má léirítear go bhfuil bearnú sócmhainne ann. Is táscaire iad corrlaigh leictreachais mhórdhíola réamh-mheasta níos ísle don Mhargadh Leictreachais Aonair Comhtháite nua (I-SEM) a spreag athbhreithnithe bearnúcháin ar shócmhainní giniúna áirithe de chuid an Ghrúpa amhail ar an 31 Nollaig 2019.

Rinneadh athbhreithniú bearnúcháin ar shócmhainní a raibh táscairí bearnúcháin á léiriú acu, trí chomparáid a dhéanamh idir glanluach reatha shreafaí airgid na todhchaí, trí bhíthin ráta lascainithe réamhchánach de 6.2% a úsáid, agus a nglanluach de réir na leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2019, agus bhí muirear €nialas mar thoradh air sin (2018: €87.3 milliún).



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 11. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH (ar lean)

**Muirear bearnúcháin (ar lean)**

Tá na hinsreafaí airgid réamh-mheasta do gach sócmhainn agus stáisiún ginte bunaithe ar phróifílí reáchtála réamh-mheasta don ghléasra, tacaíocht rialála, réamhphraghsanna leictreachais, gáis agus carbóin. Tá na heis-sreafaí airgid i ndáil le caiteachas oibriúcháin agus caipitiúil bunaithe ar na pleananna gnó cúig bliana, arna bhfaomhadh ag an mBord, agus ina dhiaidh sin, ar réamhaisnéisí a dhéantar ar tháirgeadh fadtéarmach, ar shreafaí airgid agus ar dhátaí dúnta gléasra.

Féach ar nóta 5 chun tuilleadh eolais a fháil faoi na muirir bhearnúcháin in 2018.

## 12. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

| GRÚPA | Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile € m | Lamháltais astaíochtaí & ROCanna[1] € m | Bogearraí arna bhforbairt € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 707.1 | 29.0 | 96.7 | **832.8** |
| Breisithe bogearraí | 6.3 | - | 96.0 | **102.3** |
| Éadálacha | 11.6 | - | - | **11.6** |
| Ceannach lamháltas | - | 118.2 | - | **118.2** |
| Socrú lamháltas | - | (59.5) | - | **(59.5)** |
| Aistarraingt bogearraí | (88.8) | - | - | **(88.8)** |
| Aistrithe ó bhogearraí atá á bhforbairt | 80.9 | - | (80.9) | **-** |
| Aistrithe ó / (chuig) maoin, gléasra agus trealamh | 5.6 | - | (2.6) | **3.0** |
| Difríochtaí aistrithe | (1.7) | - | - | **(1.7)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 721.0 | 87.7 | 109.2 | **917.9** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 721.0 | 87.7 | 109.2 | **917.9** |
| Breisithe bogearraí | 3.4 | - | 105.7 | **109.1** |
| Ceannach lamháltas | - | 92.4 | - | **92.4** |
| Socrú lamháltas | - | (70.5) | - | **(70.5)** |
| Aistarraingt bogearraí | (3.9) | - | - | **(3.9)** |
| Aistrithe ó bhogearraí atá á bhforbairt | 45.5 | - | (45.5) | **-** |
| Aistrithe chuig réadmhaoin, gléasra agus trealamh | (0.6) | - | - | **(0.6)** |
| Difríochtaí aistrithe | 9.7 | 0.8 | 0.1 | **10.6** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 775.1 | 110.4 | 169.5 | **1,055.0** |
| **Amúchadh** | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 557.1 | - | - | **557.1** |
| Muirear don bhliain | 44.1 | - | - | **44.1** |
| Aistarraingt | (88.8) | - | - | **(88.8)** |
| Aistrithe ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 3.6 | - | - | **3.6** |
| Bearnúchán | 1.2 | - | - | **1.2** |
| Difríochtaí aistrithe | (1.1) | - | - | **(1.1)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 516.1 | - | - | **516.1** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 516.1 | - | - | **516.1** |
| Muirear don bhliain | 70.9 | - | - | **70.9** |
| Aistarraingt | (3.9) | - | - | **(3.9)** |
| Bearnúchán | 6.6 | - | - | **6.6** |
| Difríochtaí aistrithe | 7.2 | - | - | **7.2** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 596.9 | - | - | **596.9** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **178.2** | **110.4** | **169.5** | **458.1** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 204.9 | 87.7 | 109.2 | **401.8** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 150.0 | 29.0 | 96.7 | **275.7** |

[1]Ní dhéantar lamháltais astaíochtaí agus Teastais Oibleagáide Inathnuaite (ROCanna) a amúchadh ós rud é nach gcoinnítear iad chun na dliteanais ghaolmhara a ghlanadh an bhliain dár gcionn agus, dá bhrí sin, is sócmhainní reatha iad de réir IAS 1.

Baineann éadálacha in 2018 le ceannach Castlepook Power DAC. Féach nóta 15 (c) - Éadálacha an Ghrúpa, chun tuilleadh eolais a fháil.

Áirítear le sócmhainní bogearraí sócmhainní arna bhforbairt go hinmheánach agus arna gceannach go seachtrach, ar sócmhainní an chuid is mó acu a forbraíodh go hinmheánach.

Áirítear le hearraí doláimhsithe eile, naisc eangaí a bhfuil glanluach de réir na leabhar de €6.1 milliún (2018: €10.8 milliún) acu.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 12. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE (ar lean)

**Bearnúchán**
Rinneadh athbhreithniú bearnúcháin ar shócmhainní a raibh táscairí bearnúcháin á léiriú acu, trí chomparáid a dhéanamh idir glanluach reatha shreafaí airgid na todhchaí, ag úsáid ráta lascainithe réamhchánach de 3.5%, agus a nglanluach de réir na leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2019. Muirear de €6.6 a bhí mar thoradh ar an athbhreithniú sin (2018: €1.2 milliún).

Tá na hinsreafaí airgid réamh-mheasta uile bunaithe ar phróifílí reáchtála réamh-mheasta don tsócmhainn, don tacaíocht rialála agus do réamhphraghsanna leictreachais. Freagraíonn na heis-sreafaí airgid do chaiteachas oibriúcháin agus caipitiúil bunaithe ar na pleananna gnó cúig bliana, arna faomhadh ag an mBord, agus ina dhiaidh sin, ar réamhaisnéisí a dhéantar ar tháirgeadh fadtéarmach agus ar an sreabhadh airgid.

Féach ar nóta 5 chun tuilleadh eolais a fháil faoi na muirir bhearnúcháin in 2018.

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile € m | Lamháltais astaíochtaí € m | Bogearraí arna bhforbairt € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 545.5 | 29.1 | 87.4 | **662.0** |
| Breisithe bogearraí | - | - | 90.8 | **90.8** |
| Ceannach lamháltas astaíochtaí | - | 89.3 | - | **89.3** |
| Aistarraingt bogearraí | (81.7) | - | - | **(81.7)** |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | (36.6) | - | **(36.6)** |
| Aistrithe ó bhogearraí atá á bhforbairt | 72.1 | - | (72.1) | **-** |
| Aistrithe ó / (chuig) maoin, gléasra agus trealamh | 4.5 | - | (1.4) | **3.1** |
| Aistrithe Eile | 1.3 | - | - | **1.3** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 541.7 | 81.8 | 104.7 | **728.2** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 541.7 | 81.8 | 104.7 | **728.2** |
| Breisithe bogearraí | - | - | 101.8 | **101.8** |
| Ceannach lamháltas astaíochtaí | - | 71.8 | - | **71.8** |
| Aistarraingt bogearraí | (2.6) | - | - | **(2.6)** |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | (46.2) | - | **(46.2)** |
| Aistrithe ó bhogearraí atá á bhforbairt | 40.4 | - | (40.4) | **-** |
| Aistrithe chuig réadmhaoin, gléasra agus trealamh | (0.6) | - | - | **(0.6)** |
| Aistrithe Eile | 1.6 | - | - | **1.6** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 580.5 | 107.4 | 166.1 | **854.0** |
| **Amúchadh** | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 442.4 | - | - | **442.4** |
| Muirear don bhliain | 37.0 | - | - | **37.0** |
| Aistarraingt | (81.7) | - | - | **(81.7)** |
| Aistrithe ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 3.7 | - | - | **3.7** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 401.4 | - | - | **401.4** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 401.4 | - | - | **401.4** |
| Muirear don bhliain | 51.6 | - | - | **51.6** |
| Aistarraingtí / diúscairtí | (2.6) | - | - | **(2.6)** |
| Aistrithe Eile | 1.6 | - | - | **1.6** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 452.0 | - | - | **452.0** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **128.5** | **107.4** | **166.1** | **402.0** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 140.3 | 81.8 | 104.7 | **326.8** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 103.1 | 29.1 | 87.4 | **219.6** |

Ní amúchtar lamháltais astaíochtaí mar go gcoimeádtar iad lena socrú an bhliain dár gcionn agus, dá bhrí sin, is sócmhainní reatha iad de réir IAS 1.

Áirítear le sócmhainní bogearraí sócmhainní arna bhforbairt go hinmheánach agus arna gceannach go seachtrach, ar sócmhainní an chuid is mó acu a forbraíodh go hinmheánach.

Áirítear le sócmhainní doláimhsithe eile, naisc eangaí a bhfuil glanluach de réir na leabhar de €1.9 milliún acu (2018: €6.6 milliún).



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 13. SÓCMHAINNÍ CEART ÚSÁIDE AGUS DLITEANAIS LÉASA

**GRÚPA**

**(a) Méideanna arna sainaithint sa chlár comhardaithe**

| Sócmhainní ceart úsáide | Talamh agus foirgnimh € m | Mótarfheithiclí € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 127.6 | 5.3 | **132.9** |
| Breisithe | 8.3 | 2.9 | **11.2** |
| Dímheas | (16.2) | (2.5) | **(18.7)** |
| Atomhas Shócmhainní Ceart Úsáide | 6.5 | - | **6.5** |
| Difríochtaí aistrithe | 1.2 | 0.2 | **1.4** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 127.4 | 5.9 | **133.3** |

| Dliteanais léasa | Iomlán € m |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **(132.9)** |
| Breisithe | **(11.2)** |
| Costas úis | **(2.0)** |
| Tionchar an mhodhnaithe ar dhliteanas léasa | **(3.2)** |
| Íocaíochtaí léasa[1] | **18.6** |
| Difríochtaí aistrithe | **(1.3)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **(132.0)** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | |
| Dliteanais neamhreatha | **(112.4)** |
| Dliteanais reatha | **(19.6)** |
| **Iomlán** | **(132.0)** |

[1]Áirítear le híocaíochtaí léasa príomhghnéithe a léirítear mar ghníomhaíochtaí maoinithe de €16.6 milliún.

**(b) Méideanna eile atá le n-aithint sa ráiteas ar bhrabús agus caillteanas**

| | 2019 € m |
|---|---|
| Costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha | **1.4** |
| Costais a bhaineann le sócmhainní ar luach íseal nach léasanna gearrthéarmacha iad | **0.1** |
| Costais a bhaineann le híocaíochtaí léasa athraitheacha nach bhfuil san áireamh sna dliteanais léasa | **2.0** |
| **Iomlán** | **3.5** |

I gcás costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha agus léasanna sócmhainní ar luach íseal, aithnítear iad de réir méid chothroim mar chostas i mbrabús nó caillteanas. Is ionann léasanna gearrthéarmacha agus léasanna a bhfuil téarma 12 mhí nó níos lú ag baint leo.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**13. SÓCMHAINNÍ CEART ÚSÁIDE AGUS DLITEANAIS LÉASA (ar lean)**

**MÁTHAIRCHUIDEACHTA**

**(a) Méideanna arna sainaithint sa chlár comhardaithe**

| **Sócmhainní ceart úsáide** | **Talamh agus foirgnimh € m** |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **77.6** |
| Breisithe | **3.1** |
| Dímheas | **(12.3)** |
| Atomhas Shócmhainní Ceart Úsáide | **4.8** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **73.2** |

| **Dliteanais léasa** | **Iomlán € m** |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **(77.6)** |
| Breisithe | **(3.1)** |
| Costas úis | **(0.8)** |
| Tionchar an mhodhnaithe ar dhliteanas léasa | **(1.9)** |
| Íocaíochtaí léasa[1] | **11.7** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **(71.7)** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | |
| Dliteanais neamhreatha | **(58.9)** |
| Dliteanais reatha | **(12.8)** |
| **Iomlán** | **(71.7)** |

[1]Áirítear le híocaíochtaí léasa príomhghnéithe a léirítear mar ghníomhaíochtaí maoinithe de €11.0 milliún.

**(b) Méideanna eile atá le n-aithint sa ráiteas ar bhrabús agus caillteanas**

| | **2019 € m** |
|---|---|
| Costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha | **0.8** |
| Costais a bhaineann le sócmhainní ar luach íseal nach léasanna gearrthéarmacha iad | **0.1** |
| Costais a bhaineann le híocaíochtaí léasa athraitheacha nach bhfuil san áireamh sna dliteanais léasa | **0.2** |
| **Iomlán** | **1.1** |

I gcás costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha agus léasanna sócmhainní ar luach íseal, aithnítear iad de réir méid chothroim mar chostas i mbrabús nó caillteanas. Is ionann léasanna gearrthéarmacha agus léasanna a bhfuil téarma 12 mhí nó níos lú ag baint leo.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**14. CÁILMHEAS**

| | **€ m** |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 171.0 |
| Difríochtaí aistrithe | (1.4) |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 169.6 |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **169.6** |
| Difríochtaí aistrithe | **8.7** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **178.3** |

Aithníodh an cáilmheas i ndáil le héadáil Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) i mí na Nollag 2010. Déantar athbhreithniú ar cháilmheas go bliantúil i mí na Nollag maidir le bearnú, trí mheasúnú a dhéanamh ar shuim in-aisghabhála na hinfheistíochta, bunaithe ar a luach úsáide.

Cuireadh an tástáil bhliantúil bhearnúcháin ar cháilmheas i gcrích i mí na Nollag 2019 i gcomhréir le IAS 36. Measadh nach raibh aon laghdú ar luach an cháilmheasa ag teastáil.

Ríomhann an Grúpa an luach úsáide trí leas a bhaint as samhail sreabhaidh airgid lascainithe 20 bliain, agus luach intreach bunaithe ar an mBonn Sócmhainne Rialála (RAB), agus é sin i gcomhréir le saolré úsáideach ionchais na bunsócmhainne bunúsaí. Déantar sreafaí airgid sa todhchaí a choigeartú chun rioscaí a bhaineann go sonrach leis an infheistíocht a chur san áireamh, agus déantar iad a lascainiú ag úsáid ráta lascaine iarchánach de 5.6% (2018: 5.6%).

Cuimsítear boilsciú agus boinn tuisceana rialála i measc na bpríomhthiomantóirí taobh thiar de shreabhadh airgid lascanaithe. Na rátaí boilscithe a úsáideadh, fuarthas ón Office of Budget Responsibility sa Ríocht Aontaithe agus ó Bloomberg iad, agus cuireadh ráta fadtéarmach de 3.08% (2018: 3.0%) i bhfeidhm. Déantar boinn tuisceana i ndáil leis an toradh rialála agus caiteachas caipitiúil trí thagairt do chinntí rialála roimhe sin a rinneadh i leith NIE Networks. Tá an ráta lascaine a úsáideadh ina phríomhthiomantóir luachála freisin agus socraíodh an ráta trí Mheánchostas Caipitil Ualaithe (WACC) iomchuí a thógáil do ghnóthas NIE Networks.

I measc táscairí tábhachtacha eile tá ionchais leibhéil caiteachais caipitil sa todhchaí agus an sochar ceadaithe ar an RAB. Comhaontaítear an dá cheann leis an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann (NIAUR) mar chuid de na hAthbhreithnithe Praghsanna Rialála, agus foilsíodh an ceann is déanaí acu, RP6, ar an 30 Meitheamh 2017.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 15. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AG LUACH CÓIR TRÍ INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN A GCUIRTEAR MODH CUNTASAÍOCHTA AN BHRABÚIS, AN CHAILLTEANAIS AGUS AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU

| (a) GRÚPA | Institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu € m | Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 68.3 | 22.2 | **90.5** |
| Breisithe | 135.2 | 1.3 | **136.5** |
| Sciar den chaillteanas (glan) | (14.0) | - | **(14.0)** |
| Gluaiseacht luacha chóir ar fhálúithe sreabhaidh airgid | 1.7 | - | **1.7** |
| Gluaiseacht luacha chóir trí bhrabús ná caillteanas (nóta 6) | 3.1 | (12.0) | **(8.9)** |
| Aisíocaíochtaí | - | (1.0) | **(1.0)** |
| Bearnúcháin | (2.8) | - | **(2.8)** |
| Difríochtaí aistrithe | (1.7) | - | **(1.7)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | **189.8** | **10.5** | **200.3** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 189.8 | 10.5 | **200.3** |
| Breisithe | 242.9 | 2.9 | **245.8** |
| Sciar den chaillteanas (glan) | (8.3) | - | **(8.3)** |
| Gluaiseacht luacha chóir ar fhálúithe sreabhaidh airgid | (3.2) | - | **(3.2)** |
| Díbhinní faighte | (13.7) | - | **(13.7)** |
| Difríochtaí aistrithe | 6.0 | - | **6.0** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **413.5** | **13.4** | **426.9** |

Rinneadh fochuideachta 100% de Castlepook Power DAC in 2018 nuair a ceannaíodh an 50% de scaireanna a bhí fágtha ón bpáirtí comhfhiontair Coillte Teoranta. Ba é €nialas an luach tugtha anonn a bhain le hinfheistíocht an Ghrúpa in Castlepook Power DAC amhail ar an dáta a ndearnadh an éadáil iomlán. Tá mionsonraí faoin éadáil sin le fáil sa chuid Nochtuithe i mír (c) den nóta seo.

**Institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**

Baineann an ghluaiseacht luacha chóir ar fhálúithe sreabhaidh airgid d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu le díorthaigh arna seilbh in Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited agus Raheenleagh Power DAC, atá ainmnithe mar chaidrimh fhálaithe shreabhaidh airgid sna heintitis sin.

Aon difríochtaí aistrithe atá ann d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, baineann siad le Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited agus le NNG Windfarm Holdings Limited, mar is é steirling airgeadra feidhmiúil na gcuideachtaí sin.

**Leasanna in institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**

| Ainm na cuideachta | Tír | Sealúchas 2019 % scairchaipitil faoi úinéireacht | Sealúchas 2018 % scairchaipitil faoi úinéireacht |
|---|---|---|---|
| NNG Windfarm Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **50** | 0 |
| Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **50** | 50 |
| SIRO Limited | Poblacht na hÉireann | **50** | 50 |
| Tilbury Green Power Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **47** | 47 |
| Raheenleagh Power DAC | Poblacht na hÉireann | **50** | 50 |
| Oweninny Power DAC | Poblacht na hÉireann | **50** | 50 |
| Emerald Bridge Fibres DAC | Poblacht na hÉireann | **50** | 50 |
| Terra Solar Limited | Poblacht na hÉireann | **25** | 25 |
| KingspESB Limited | An Bhreatain Mhór | **50** | 50 |

**NNG Windfarm Holdings Limited (Neart na Gaoithe)**

Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019, fuair an Grúpa sciar 50% in NNG Windfarm Holdings Limited (NNGWH), comhshocrú le EDF Renewables UK Limited. €242.7 milliún atá infheistithe go dtí seo.

Is é NNGWH úinéir 100% de Neart na Gaoithe Offshore Wind Limited (NNGOW). Is é an cuspóir atá leis an gcomhshocrú seo ná feirm ghaoithe 448 MW a fhorbairt amach ó chósta thoir na hAlban. Soláthraíonn an infheistíocht 50% in NNGWH sciar 50% in NNGOW go hindíreach do ESB.

Tá NNGWH deighilte go dlíthiúil ó na páirtithe agus ní thugtar dóibh, leis an bhfoirm dhlíthiúil ná leis an socrú conarthach, aon chearta díreacha ar shócmhainní agus ar dhliteanais an mheáin. Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar an infheistíocht in NNGWH, tá ESB den tuairim gur comhrialtóirí iad faoi IFRS 10 agus IFRS 11. Dá réir sin, tá leas bainte as modh an chothromais sa chuntas maidir le hinfheistíocht 50% ESB in NNGWH, i gcomhréir le IAS 28.

Is ionann gealltanais chaipitil an Ghrúpa amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus €352.6 milliún (2018: €nialas).





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 15. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AG LUACH CÓIR TRÍ INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN A GCUIRTEAR MODH CUNTASAÍOCHTA AN BHRABÚIS, AN CHAILLTEANAIS AGUS AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU (ar lean)

**Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited (AOWHL)**

I Márta 2018, d'éadáil an Grúpa 50% den scairchaipiteal a bhí eisithe i leith AOWHL. Anuas air sin, d'éadáil an Grúpa 50% de na nótaí iasachta a d'eisigh Aldeburgh Offshore Wind Investments Limited (AOWIL), fochuideachta atá 100% i seilbh AOWHL, ó Macquarie Corporate Holdings Pty Limited, agus mar thoradh air sin, ba Pháirtí Comhfhiontair 50% é an Grúpa le Sumitomo Corporation Europe Limited. Is é €126.8. milliún an tsuim atá infheistithe ag ESB go dtí seo, agus cuireadh an t-iomlán ar aghaidh mar chothromas. Rinneadh na hiasachtaí scairshealbhóra a aisíoc ina n-iomláine in Eanáir 2019.

Tá leas 25% ag AOWHL sa tionscadal Feirme Gaoithe Galloper. Is forbraíocht 353 MW é an tionscadal Galloper, agus é lonnaithe in inbhear na Tamaise Lasmuigh, 30 km amach ó chósta Suffolk, Sasana. Soláthraíonn an infheistíocht 50% in AOWHL leas 12.5% go hindíreach do ESB sa tionscadal Galloper.

Tá AOWHL deighilte go dlíthiúil ó na páirtithe agus ní thugtar dóibh leis an bhfoirm dhlíthiúil ná leis an socrú conarthach aon chearta díreacha ar shócmhainní agus dliteanais an mheáin. Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar an infheistíocht in AOWHL/AOWIL, tá ESB den tuairim gur comhrialtóirí iad faoi IFRS 10 agus IFRS 11. Dá réir sin, tá leas bainte as modh an chothromais sa chuntas maidir le hinfheistíocht 50% ESB in AOWHL/AOWIL, i gcomhréir le IAS 28.

**SIRO Limited (SIRO)**

Comhshocrú neamhliostaithe is ea SIRO atá faoi chomhrialú an Ghrúpa agus ina bhfuil 50% leas úinéireachta ag an nGrúpa. Bunaíodh an Grúpa SIRO i mí na Samhna 2014, agus fuair Vodafone Ireland Limited leas ann de 50%.

Fuair Vodafone a chuid scaireanna in SIRO de bhun Socrú Comhfhiontair (JVA) arna chur i gcrích ag an dá pháirtí.

Rinneadh SIRO a struchtúrú mar mheán ar leith, faoi chomhrialú an Ghrúpa agus Vodafone Ireland Limited, agus tá leas iarmharach ag an nGrúpa i nglansócmhainní na cuideachta. Dá bhrí sin, tá leas an Ghrúpa in SIRO rangaithe mar institiúid infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi. Gheall ESB maoiniú caipitil de €93.0 milliún a chur ar fáil do SIRO, agus cuireadh €93.0 milliún de sin ar aghaidh mar iasacht scairshealbhóra ghearrthéarmach le linn na bliana. Is ionann gealltanais chaipitil an Ghrúpa amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus €37.5 milliún (2018: €47.1 milliún).

Tá an Grúpa tar éis 50% de na tarraingtí a ráthú ar shaoráid iasachta de €200.0 milliún de chuid SIRO. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí €123.0 milliún (sciar an Ghrúpa: €61.5 milliún) tarraingte as. (2018: €28.0 milliún (sciar an Ghrúpa: €14.0 milliún)).

**Tilbury Green Power Holdings Limited (Tilbury)**

Is comhpháirtí 47% é an Grúpa in Tilbury, arb ionann é agus comhshocrú le Green Investment Bank (47%) agus na soláthraithe Lochlannacha trealaimh BWSC agus AET (6%). Is é cuspóir an chomhshocruithe seo ná stáisiún cumhachta a thógáil agus a fheidhmiú sa Bhreatain Mhór ina dtiontófar fuíolladhmad go fuinneamh.

Is ionann an méid a infheistíodh in Tilbury go dtí seo agus €nialas (i ndiaidh bearnúcháin). Is ionann an t-ús ar iasachtaíochtaí atá infhála ó Tilbury agus €nialas (2018: €nialas). Bhí bearnúchán €51.9 milliún ann maidir leis na hiasachtaí do Tilbury amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €17.5 milliún) maidir le hiasachtaí gan íoc agus ús fabhraithe.

Tá Tilbury deighilte go dlíthiúil ó na páirtithe agus ní thugtar dóibh leis an bhfoirm dhlíthiúil ná leis an socrú conartha aon chearta díreacha ar shócmhainní agus dliteanais an mheáin. Dá bhrí sin, tá leas an Ghrúpa in Tilbury rangaithe aige mar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi, mar tá leas iarmharach ag an dá pháirtí i nglansócmhainní an tsocraithe.

Chuaigh an Grúpa i mbun socrú 15 bliana le Tilbury chun cumhacht fhisiciúil agus deimhnithe oibleagáide inathnuaiteáin a cheannach ón stáisiún. Braitheann na híocaíochtaí a dhéantar faoin gconradh seo ar tháirgeadh iarbhír na cumhachta.

**Raheenleagh Power DAC (Raheenleagh)**

Is comhpháirtí 50% é an Grúpa in Raheenleagh, arb ionann é agus comhshocrú a rinneadh le GR Wind Farms 1 Limited. Oibríonn an comhshocrú seo feirm ghaoithe 35 MW i gCo. Chill Mhantáin. Rinneadh infheistíocht €3.3 milliún in Raheenleagh go dtí seo, ar ar cuireadh €3.1 milliún ar aghaidh mar chothromas agus €0.2 milliún mar iasachtaí scairshealbhóra.

Tá Raheenleagh deighilte go dlíthiúil ó na comhpháirtithe agus ní thugtar dóibh, leis an bhfoirm dhlíthiúil ná leis an socrú conartha, aon chearta díreacha ar shócmhainní agus dliteanais an mheáin. Dá bhrí sin, tá leas an Ghrúpa in Raheenleagh rangaithe mar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi mar tá leas iarmharach ag an dá pháirtí i nglansócmhainní an tsocraithe.

Chuaigh an Grúpa i mbun socrú 15 bliana le Raheenleagh in 2015 chun cumhacht fhisiciúil a cheannach ón bhfeirm ghaoithe. Tá na híocaíochtaí a dhéantar faoin gconradh sin bunaithe ar tháirgeadh iarbhír na cumhachta.

Bhain Raheenleagh oibriú tráchtála amach in 2016.

**Oweninny Power DAC (Oweninny)**

Is comhpháirtí 50% é an Grúpa in Oweninny, arb ionann é agus comhshocrú a rinneadh le Bord na Móna. Is é cuspóir an chomhshocraithe seo ná feirm ghaoithe 172 MW a thógáil agus a fheidhmiú ag Béal Átha Chomhraic, i gCo. Mhaigh Eo. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, is ionann an méid a infheistíodh in Oweninny mar iasacht scairshealbhóra agus €12.2 milliún. Is ionann an t-ús ar iasachtaíochtaí atá infhála ó Oweninny agus €1.4 milliún (2018: €1.1 milliún). Is ionann gealltanais chaipitil an Ghrúpa amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus €7.5 milliún (2018: €38.6 milliún).

Sealbhaíodh an infheistíocht in Oweninny ag €nialas amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €nialas).

Bhain Oweninny oibriúchán tráchtála amach i Samhain 2019.

**Emerald Bridge Fibres DAC (EBFD)**

Is comhpháirtí 50% é an Grúpa in EBFD, arb ionann é agus comhshocrú a rinneadh le Grúpa ZAYO. Is é an cuspóir a bhí leis an gcomhshocrú seo ná bonneagar teileachumarsáide a fhorbairt agus a chur ar fáil idir Éire agus an Ríocht Aontaithe i bhfoirm líonra cábla snáthoptaice fomhuirí. Rinneadh infheistíocht €6.2 milliún in EBFD go dtí seo, ar ar cuireadh €2.5 milliún ar aghaidh mar chothromas agus €3.7 milliún mar iasachtaí scairshealbhóra. Bhí bearnúchán de €5.7 milliún ann maidir leis na hiasachtaí agus an ús ar iasachtaíochtaí infhála ó EBFD amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €5.5 milliún).

Sealbhaíodh an infheistíocht in EBFD ag €nialas amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €nialas).

**Terra Solar Limited**

Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2016, rinne an Grúpa infheistíocht €2.5 milliún in Terra Solar Limited, agus mar mhalairt air sin, fuair sé scairsheilbh cothromais de 25% sa chuideachta. Is forbróir Terra Solar Limited de ghrianpháirceanna a shuiteáiltear ón talamh aníos. Aicmítear an infheistíocht sin mar chuideachta chomhlachaithe agus coimeádtar cuntas uirthi ar bhonn mhodh an chothromais. Bhain bearnúchán de €1.8 milliún le Terra Solar amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €1.8 milliún).

Féach nóta 30 chun tuilleadh eolais a fháil faoi idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu do na blianta dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus 2018.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**15. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AG LUACH CÓIR TRÍ INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN A GCUIRTEAR MODH CUNTASAÍOCHTA AN BHRABÚIS, AN CHAILLTEANAIS AGUS AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU (ar lean)**

Is mar seo a leanas atá sciar comhiomlán an Ghrúpa de na sócmhainní neamhreatha, sócmhainní reatha, dliteanais neamhreatha, dliteanais reatha, ioncam agus speansais a bhaineann lena leasanna sna hinstitiúidí infheistiúcháin sin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu:

| **Ráiteas coimrithe ar ioncam**[1] | **NNG Windfarm Holdings Limited** | | **Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited** | | **SIRO Limited** | | **Tilbury Green Power Holdings Limited** | | **Institiúidí infheistiúcháin eile a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**[4] | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m |
| Ioncam | **-** | - | **-** | - | **15.0** | 8.0 | **15.7** | - | **11.9** | 9.5 |
| Dímheas | **-** | - | **-** | - | **(23.0)** | (17.4) | **(9.3)** | - | **(2.1)** | (3.8) |
| Ioncam úis / (ús íoctha) | **-** | - | **(0.4)** | - | **(1.9)** | (0.9) | **(14.0)** | - | **(3.0)** | (3.3) |
| Cáin ioncaim | **-** | - | **0.2** | 0.1 | **5.5** | 5.0 | **-** | - | **0.1** | 0.1 |
| Gnóthachan / (caillteanas) iomlán | **-** | - | **10.5** | 7.6 | **(25.1)** | (26.0) | **(61.5)** | (24.6) | **1.9** | (0.9) |
| **Sciar (chaillteanais) / ghnóthachain an Ghrúpa** | **-** | - | **5.3** | 3.8 | **(12.6)** | (13.0) | **(28.9)** | (11.5) | **0.8** | 0.5 |
| Coigeartuithe eile[2] | **-** | - | **(1.7)** | - | **-** | - | **28.9** | 8.0 | **(0.1)** | (0.3) |
| Sciar an Ghrúpa de ghluaiseachtaí luacha chóir ar fháluithe sreabhaidh airgid | **-** | - | **(2.7)** | (1.5) | **-** | - | **-** | - | **(0.5)** | - |
| **(Caillteanas) / gnóthachan cuimsitheach iomlán** | **-** | - | **0.9** | 2.3 | **(12.6)** | (13.0) | **-** | (3.5) | **0.2** | 0.2 |

| **Achoimriú ar an gclár comhardaithe** | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Airgead tirim | **49.9** | - | **2.7** | - | **3.5** | 27.7 | **5.5** | 14.9 | **14.4** | 10.8 |
| Sócmhainní reatha | **148.1** | - | **-** | 9.0 | **6.4** | 16.4 | **8.0** | 35.5 | **8.3** | 3.9 |
| Sócmhainní neamhreatha | **1,092.7** | - | **43.2** | 116.6 | **419.3** | 312.5 | **190.7** | 197.4 | **202.2** | 134.2 |
| Dliteanais reatha | **(16.3)** | - | **(3.5)** | (12.9) | **(226.6)** | (255.8) | **(23.1)** | (22.3) | **(21.1)** | (7.6) |
| Dliteanais neamhreatha | **(1,257.1)** | - | **-** | (51.1) | **(127.4)** | (0.6) | **(263.7)** | (246.6) | **(223.5)** | (144.4) |
| **Glansócmhainní / (glandliteanais)** | **17.3** | - | **42.4** | 61.6 | **75.2** | 100.2 | **(82.6)** | (21.1) | **(19.7)** | (3.1) |

Réiteach na suimeanna thuas leis an infheistíocht aitheanta sa chlár comhardaithe comhdhlúite.

| **Leas cothromais an Ghrúpa** | **50%** | 50% | **50%** | 50% | **50%** | 50% | **47%** | 47% | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Glansócmhainní / (glandliteanais)** | **17.3** | - | **42.4** | 61.6 | **75.2** | 100.2 | **(82.6)** | (21.1) | **(19.7)** | (3.1) |
| Sciar an Ghrúpa | **8.7** | - | **21.2** | 30.8 | **37.6** | 50.1 | **(38.9)** | (9.9) | **(10.6)** | (2.9) |
| Coigeartuithe eile[3] | **234.0** | - | **101.7** | 98.9 | **6.0** | 6.0 | **38.9** | 9.9 | **14.9** | 6.8 |
| **Luach tugtha anonn de leas cothromais an Ghrúpa** | **242.7** | - | **122.9** | 129.7 | **43.6** | 56.2 | **-** | - | **4.3** | 3.9 |

[1]Tá na figiúirí sa tábla thuas bunaithe ar chuntais bhainistíochta neamh-iniúchta. Nuair a bhíonn ráitis airgeadais iniúchta ar fáil, léirítear aon choigeartuithe sa bhliain dar gcionn.

[2]I gcás gurb ionann nó gur mó sciar an Ghrúpa de chaillteanais maidir le fiontar comhlach nó le comhfhiontar agus a leas sa bhfhiontar comhlach nó sa chomhfhiontar sin, scoireann an Grúpa dá sciar de chaillteanais bhreise a aithint, ach amháin má tá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ann tuilleadh caillteanas a aithint. Áirítear le caillteanais nár aithníodh in 2019 caillteanais Tilbury Green Power Limited de €28.9 milliún (caillteanais charnacha nár aithníodh go dtí seo de €38.9 milliún); caillteanais Oweninny Power DAC de €nialas (caillteanais charnacha nár aithníodh go dtí seo de €1.6 milliún); caillteanais Emerald Bridge Fibres DAC de €0.3 milliún (caillteanais charnacha nár aithníodh go dtí seo de €0.3 milliún) agus caillteanais Kingspan ESB Limited de €nialas (caillteanais charnacha nár aithníodh go dtí seo de €0.3 milliún).

[3]Léiríonn coigeartuithe eile an difríocht idir luach tugtha anonn sciar an Ghrúpa de na glansócmhainní atá éadáilte, agus an tsuim infheistíochta.

[4]Ar na hinstitiúidí infheistiúcháin eile a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, tá sciar 50% ESB in Emerald Bridge Fibres DAC, Kingspan ESB DAC, Raheenleagh Power DAC, Oweninny Power DAC, agus sciar 25% in Terra Solar Limited.

**Leasanna i sócmhainní airgeadais arna sealbhú ag an luach cóir trí bhrabús agus caillteanas**
Tá gnó caipitil fiontair, ESB Novusmodus Limited Partnership, faoi úinéireacht ag an nGrúpa. Gnó é seo ina bhfuil caipiteal sil infheistithe in aonáin teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn. Déantar na hinfheistíochtaí sin a bhainistiú ar mhaithe le toradh infheistíochta amháin, agus tugtar anonn iad mar sin ag a luach cóir tríd an ráiteas ioncaim. Ní rialaíonn ESB aon sócmhainní airgeadais arna sealbhú ag a luach cóir trí bhrabús ná caillteanas. Áirítear leis na hinfheistíochtaí roinnt mhaith cuideachtaí fuinnimh ghlain agus teicneolaíochtaí nua. Rinneadh luacháil chóir ar na hinfheistíochtaí sin ag deireadh na bliana agus léiríodh an ghluaiseacht sa ráiteas ioncaim. Baineann na gluaiseachtaí luacha chóir sa bhliain 2018 go príomha le coigeartuithe ar luach infheistíochtaí áirithe sa chiste.

Le linn na bliana, d'infheistigh an Grúpa €2.4 milliún chun sciar 5% a fháil in Oriel Windfarm Limited. Coimeádtar cuntas ar an infheistíocht sin de réir an luacha chóir mar infheistíocht sócmhainne airgeadais i gcomhréir le IFRS 9.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**15. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AG LUACH CÓIR TRÍ INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN A gCUIRTEAR MODH CUNTASAÍOCHTA AN BHRABÚIS, AN CHAILLTEANAIS AGUS AN CHOTHROMAIS I bhFEIDHM ORTHU (ar lean)**

**(b) MÁTHAIRCHUIDEACHTA**

| | **Institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu € m** | **Gnóthais fochuideachta € m** |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018 | 100.0 | 61.8 |
| Breisithe | 6.5 | - |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 106.5 | 61.8 |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **106.5** | **61.8** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **106.5** | **61.8** |

**(c) ÉADÁLACHA AN GHRÚPA**

Ar an 20 Nollaig 2018, chríochnaigh an Grúpa éadáil na scairsheilbhe 50% a bhí fágtha in Castlepook Power DAC, feirm ghaoithe atá lonnaithe in Éirinn.

Cuireadh an éadáil i gcrích chun go bhféadfadh an Grúpa an fheirm ghaoithe a fháil tar éis do Choillte Teoranta cinneadh a dhéanamh, a scairsheilbh 50% a dhiúscairt.

Is iad seo a leanas sonraí na sócmhainní agus dliteanas atá aitheanta mar thoradh ar an éadáil:

| | **€ m** |
|---|---|
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | **55.6** |
| Sócmhainní doláimhsithe | **11.6** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | **-** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna infhála eile | **0.8** |
| Dliteanais chánach iarchurtha | **(1.3)** |
| Iasachtaíochtaí seachtracha | **(44.9)** |
| Ionstraimí airgeadais | **(1.5)** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | **(2.7)** |
| Foráil aistarraingte sócmhainní | **(1.1)** |
| **Glansócmhainní agus glandliteanais inaitheanta** | **16.5** |
| | |
| Luach cóir an leasa 50% a bhíodh ag an nGrúpa roimhe seo in Castlepook Power DAC ar an dáta éadála | **4.7** |
| Comaoin airgid thirim íoctha - cothromas | **4.7** |
| Comaoin airgid thirim íoctha - iasacht scairshealbhóra Choillte Teoranta aisíoctha | **7.1** |
| **Comaoin cheannaigh mheasta iomlán** | **16.5** |

Maidir leis na sócmhainní agus dliteanais éadáilte, arna leagan amach thuas, léiríodh iad i ráitis airgeadais an Ghrúpa ag a luach cóir tráth a n-éadála.

Le go bhféadfaí an éadáil a áireamh sna cuntais, chuir an Grúpa cleachtadh i gcrích chun a leas in Castelpook Power DAC a luacháil go cóir amhail ar an 20 Nollaig 2018. Ba é toradh na héadála ná gnóthachan €4.7 milliún, atá cuimsithe laistigh d'ioncam oibriúcháin eile (féach nóta 6).

| **Comaoin cheannaigh - eis-sreabhadh airgid thirim** | **€ m** |
|---|---|
| Eis-sreabhadh airgid thirim chun fochuideachta a éadáil, glan ón airgead tirim faighte | |
| Comaoin airgid thirim íoctha - cothromas | **(4.7)** |
| Comaoin airgid thirim íoctha - iasacht scairshealbhóra Choillte Teoranta aisíoctha | **(7.1)** |
| Lúide iarmhéideanna éadáilte: | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | **-** |
| **Glaneis-sreabhadh airgid thirim - gníomhaíochtaí infheistíochta** | **(11.8)** |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 16. FARDAIL

| | GRÚPA 2019 € m | 2018 € m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|---|---|
| Ábhair | **33.4** | 39.8 | **12.7** | 19.6 |
| Breosla | **48.8** | 59.5 | **41.3** | 52.0 |
| Obair tógála idir lámha | **68.8** | 34.7 | **-** | - |
| **Iomlán** | **151.0** | 134.0 | **54.0** | 71.6 |

B'ionann agus €57.6 milliún na fardail a ídíodh i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2019 (2018: €95.7 milliún). B'ionann agus €9.2 milliún an soláthar i gcomhair bearnúcháin a aithníodh le linn na bliana (2018: €3.2 milliún).

Áirítear le hobair tógála idir lámha sócmhainní réadmhaoine atá á dtógáil lena n-athdhíol, agus a dearbhaíodh ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

## 17. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE

| | GRÚPA 2019 € m | 2018 € m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|---|---|
| **Infháltais reatha:** | | | | |
| Infháltais leictreachais mhiondíola - billeáilte | **70.6** | 58.6 | **41.6** | 45.3 |
| Infháltais leictreachais mhiondíola - neamhbhilleáilte | **212.8** | 200.7 | **137.2** | 132.7 |
| Iomlán na n-infháltas leictreachais mhiondíola | **283.4** | 259.3 | **178.8** | 178.0 |
| Infháltais a bhain le comhthiomsú I-SEM / SEM | **26.0** | 14.8 | **21.6** | 10.3 |
| Infháltais Úsáide Córais (lena n-áirítear neamhbhilleáilte) | **235.0** | 217.4 | **48.4** | 44.1 |
| Infháltais leictreachais eile | **27.8** | 13.5 | **-** | 0.9 |
| Iomlán na n-infháltas leictreachais | **572.2** | 505.0 | **248.8** | 233.3 |
| Infháltais trádála - neamhleictreachais | **286.9** | 111.8 | **243.8** | 78.5 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **111.8** | 141.4 | **97.2** | 96.4 |
| Infháltais eile | **58.8** | 94.5 | **21.7** | 15.5 |
| Suimeanna dlite ó fhochuideachtaí | **-** | - | **3,065.3** | 2,937.4 |
| Réamhíocaíochtaí | **75.4** | 89.6 | **14.4** | 37.5 |
| **Iomlán** | **1,105.1** | 942.3 | **3,691.2** | 3,398.6 |

| | GRÚPA 2019 € m | 2018 € m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|---|---|
| **Infháltais neamhreatha:** | | | | |
| Infháltais trádála - neamhleictreachais | **-** | - | **-** | - |
| Méideanna dlite ó ghnóthais ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **12.4** | 47.2 | **-** | - |
| **Infháltais neamhreatha iomlána** | **12.4** | 47.2 | **-** | - |
| **Infháltais iomlána** | **1,117.5** | 989.5 | **3,691.2** | 3,398.6 |

**Riosca creidmheasa mórdhíola agus miondíola**
Is féidir infháltais trádála agus infháltais eile a roinnt ina gcustaiméirí deiridh leictreachais mhiondíola (billeáilte agus neamhbhilleáilte), infháltais a bhaineann leis an gcomhthiomsú I-SEM, úsáid infháltas córais, infháltais (neamhleictreachais) eile, institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, agus suimeanna atá dlite ó ghnóthais fochuideachta.

**Lamháltas ionchais maidir le caillteanas creidmheasa**
De réir IFRS 9, tá samhail bhearnúcháin maidir le caillteanas creidmheasa ionchais (ECL) i bhfeidhm chun go bhféadfaí lamháltais maidir le caillteanas bearnúcháin a ríomh. Faoin tsamhail bhearnúcháin sin, glactar leis go bhfuil riosca mainneachtana ag baint le gach infháltas. Úsáidtear an tsamhail bhearnúcháin sin chun dóchúlacht na mainneachtana ó thaobh réimse torthaí féideartha a ríomh, ualaithe de réir na dóchúlachta go dtarlódh na torthaí sin. Déantar na ECLeanna a thomhas faoin gcur chuige ginearálta nó faoi chur chuige simplithe.

Cuirtear an cur chuige simplithe i bhfeidhm ar infháltais trádála agus ar infháltais eile ESB laistigh de scóip IFRS 15. Faoin gcur chuige simplithe, aithneoidh aonán caillteanas ar bhonn na ECLeanna saoil. Éascaíonn an cur chuige seo úsáid maitrís soláthar chun na ECLeanna a ríomh. Cuireann an mhaitrís na rátaí mainneachtana stairiúla san áireamh níos mó ná saolré ionchais an infháltais trádála, agus déantar í a choigeartú chun leas a bhaint as meastacháin réamhbhreathnaitheacha.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 17. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

Baintear leas as an gcur chuige ginearálta maidir le hiasachtaí scairshealbhóra an Ghrúpa a thugtar d'institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Faoin gcur chuige ginearálta, is gá d'aonán a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tsócmhainn airgeadais ag ceann amháin de thrí chéim, lena chinneadh cén méid den ECL is cóir a aithint;

I gCéim 1, níl aon mhéadú suntasach ar an riosca creidmheasa ó bhí an aithint tosaigh ann. I gcás sócmhainní airgeadais i gCéim 1, tá de cheangal ar eintitis, ECL 12 mhí a aithint agus ioncam úis a aithint ar bhonn comhlán – ciallaíonn sin go ríomhfar an t-ús ar bhonn na suime glanluacha comhláin a bhaineann leis an tsócmhainn airgeadais, sula ndéanfar coigeartú i ndáil le ECL.

I gCéim 2, tá méadú suntasach ar an riosca creidmheasa ó bhí an aithint tosaigh ann. Nuair a aistrítear sócmhainn airgeadais go dtí céim 2, is gá d'eintitis ECL saoil a aithint, ach aithneofar ioncam úis fós ar bhonn comhlán.

I gCéim 3, tá bearnúchán creidmheasa ag baint leis an tsócmhainn airgeadais. Go bunúsach, is é sin an pointe ag a raibh teagmhas caillteanais thabhaithe. I gcás sócmhainní airgeadais i gCéim 3, aithneoidh eintitis fós EBL saoil ach aithneoidh siad ioncam úis anois ar bhonn comhlán. Ciallaíonn sin go ríomhfar an t-ioncam úis ar bhonn shuim ghlanluacha chomhlán na sócmhainne airgeadais lúide ECL.

Baineann an cur chuige ginearálta le gach iasacht agus infháltas nach bhfuil incháilithe don chur chuige simplithe, agus i gcás an Ghrúpa, áirítear leo sin go príomha iasachtaí d'institiúidí infheistiucháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. I gcás na Máthairchuideachta, áitítear leis na hiasachtaí agus infháltais suimeanna dlite ó ghnóthais fochuideachta freisin. Cuimsítear thíos measúnú ar an dóchúlacht mainneachtana i gcás iasachtaí d'institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Féach nóta 15 chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hiasachtaí thuasluaite.

Tá neamhchosaint creidmheasa uasta an Ghrúpa amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus ar an 31 Nollaig 2018 leagtha amach sna táblaí seo a leanas. I gcás na Máthairchuideachta, ní áiríonn na hiarmhéideanna atá sonraithe sna táblaí thíos méideanna de €3,065.3 milliún atá dlite ó fhochuideachtaí (2018: €2,937.4 milliún).

**Cur chuige simplithe - Caillteanais Chreidmheasa Ionchais**

| | 2019* GRÚPA Méid infhála comhlán € m | Lamháltas do chaillteanais € m | Glanmhéid infhála € m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA Méid infhála comhlán € m | Lamháltas do chaillteanais € m | Glanmhéid infhála € m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Infháltais nach bhfuil thar téarma | **547.9** | **(4.3)** | **543.6** | **229.5** | **(2.8)** | **226.7** |
| Dlite thar téarma < 30 lá | **321.5** | **(2.7)** | **318.8** | **265.9** | **(2.3)** | **263.6** |
| Dlite thar téarma 30 - 120 lá | **22.4** | **(5.0)** | **17.4** | **11.3** | **(4.1)** | **7.2** |
| Dlite thar téarma > 120 lá | **37.7** | **(11.0)** | **26.7** | **19.2** | **(9.0)** | **10.2** |
| Dlite thar téarma níos mó ná bliain | **29.4** | **(18.0)** | **11.4** | **19.4** | **(12.8)** | **6.6** |
| **Iomlán** | **958.9** | **(41.0)** | **917.9** | **545.3** | **(31.0)** | **514.3** |

| | 2018* GRÚPA Méid infhála comhlán € m | Lamháltas do chaillteanais € m | Glanmhéid infhála € m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA Méid infhála comhlán € m | Lamháltas do chaillteanais € m | Glanmhéid infhála € m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Infháltais atá fágtha nach bhfuil thar téarma | 534.4 | (3.2) | 531.2 | 212.9 | (2.4) | 210.5 |
| Dlite thar téarma < 30 lá | 152.8 | (3.0) | 149.8 | 94.3 | (2.8) | 91.5 |
| Dlite thar téarma 30 - 120 lá | 21.6 | (5.4) | 16.2 | 13.9 | (4.6) | 9.3 |
| Dlite thar téarma > 120 lá | 28.2 | (11.2) | 17.0 | 23.4 | (10.6) | 12.8 |
| Dlite thar téarma níos mó ná bliain | 24.8 | (17.0) | 7.8 | 15.3 | (12.1) | 3.2 |
| **Iomlán** | 761.8 | (39.8) | 722.0 | 359.8 | (32.5) | 327.3 |

*Áirítear sa mhéid thuas suimeanna de €8.3 milliún (2018: €10.7 milliún) atá dlite ó institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu: amhail ar an 31 Nollaig 2019 i ndáil le gnáthghníomhaíochtaí trádála.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 17. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

**Cur chuige ginearálta - Caillteanais Chreidmheasa Ionchais**

| | GRÚPA | | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2019 | | | | | |
| | Méid infhála comhlán € m | Lamháltas do chaillteanais € m | Glanmhéid infhála € m | Méid infhála comhlán € m | Lamháltas do chaillteanais € m | Glanmhéid infhála € m |
| Céim 1 - ECL 12 Mhí (gan aon bhearnúchán creidmheasa) | **124.2** | **-** | **124.2** | **97.2** | **-** | **97.2** |
| Céim 2 - ECL Saoil (gan aon bhearnúchán creidmheasa) | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| Céim 3 - Caillteanais Chreidmheasa Ionchasacha (ECL) Saoil (a bhfuil bearnúchán creidmheasa ag baint leo) | **51.9** | **(51.9)** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Iomlán** | **176.1** | **(51.9)** | **124.2** | **97.2** | **-** | **97.2** |

| | GRÚPA | | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2018 | | | | | |
| | Méid infhála comhlán € m | Lamháltas do chaillteanais € m | Glanmhéid infhála € m | Méid infhála comhlán € m | Lamháltas do chaillteanais € m | Glanmhéid infhála € m |
| Céim 1 - ECL 12 Mhí (gan aon bhearnúchán creidmheasa) | 144.6 | - | 144.6 | 96.4 | - | 96.4 |
| Céim 2 - ECL Saoil (gan aon bhearnúchán creidmheasa) | - | - | - | - | - | - |
| Céim 3 - Caillteanais Chreidmheasa Ionchasacha (ECL) Saoil (a bhfuil bearnúchán creidmheasa ag baint leo) | 50.8 | (17.5) | 33.3 | - | - | - |
| **Iomlán** | 195.4 | (17.5) | 177.9 | 96.4 | - | 96.4 |

| **Réiteach Ionchais Caillteanas Creidmheasa** | GRÚPA 2019 € m | GRÚPA 2018 € m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2019 € m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2018 € m |
|---|---|---|---|---|
| Cur chuige simplithe | **917.9** | 722.0 | **514.3** | 327.3 |
| Cur chuige ginearálta | **124.2** | 177.9 | **97.2** | 96.4 |
| Réamhíocaíochtaí[1] | **75.4** | 89.6 | **14.4** | 37.5 |
| Suimeanna dlite ó fhochuideachtaí | **-** | - | **3,065.3** | 2,937.4 |
| **Iomlán** | **1,117.5** | 989.5 | **3,691.2** | 3,398.6 |

[1] Ní áirítear réamhíocaíochtaí san anailís toisc nach mbraitear aon neamhchosaint chreidmheasa a bheith ann maidir leis an iarmhéid sin.

**MÁTHAIRCHUIDEACHTA**

**Suimeanna dlite ó fhochuideachtaí**

Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí iarmhéideanna infhála de €3,065.3 milliún ag an Máthairchuideachta (2018: €2,937.4 milliún) óna fochuideachtaí. Baineann na méideanna infhála sin go príomha le seirbhísí bainistíochta agus iasachtaí le fochuideachtaí, chomh maith le muirir leictreachais, lena n-áirítear muirir Úsáide Córais. An soláthar iomlán maidir le méideanna dlite ó fhochuideachtaí amhail ar an 31 Nollaig 2019 ná €396.5 milliún (2018: €365.3 milliún).

Rinneadh an caillteanas bearnúcháin a aithníodh sa Mháthairchuideachta in ndáil leis na suimeanna atá dlíte ó fhochuideachtaí, a ríomh ag úsáid na samhla caillteanais chreidmheasa ionchais, mar a éilítear faoi IFRS 9. Agus an caillteanas bearnúcháin á chinneadh, rinneadh suimeanna a bhí dlite ó fhochuideachtaí a rangú mar shuimeanna inaisíoctha ar éileamh, mar shuimeanna infhála a raibh riosca íseal creidmheasa ag baint leo, nó mar shuimeanna a raibh méadú suntasach ar an riosca creidmheasa ó bhí an aithint tosaigh ann. Agus an caillteanas creidmheasa ionchais á chinneadh (lena n-áirítear dóchúlacht na mainneachtana agus caillteanas i gcás mainneachtana), cuireadh feidhmíocht stairiúil na hiasachta ábhartha san áireamh, chomh maith le faisnéis réamhbhreathnaitheach i dtaca leis an bhfochuideachta bhainteach, lena n-áirítear réamhaisnéisí mionsonraithe maidir le sreabhadh airgid lascainithe. I gcás iasachtaí a bhí inaisíoctha ar éileamh, nuair nach rabhthas in ann an iasacht a aisíoc faoin dáta tuairiscithe, rinneadh caillteanais chreidmheasa ionchais a ríomh trí bhíthin machnamh a dhéanamh ar straitéisí aisghabhála féideartha na Máthairchuideachta, lenar áiríodh plé faoi straitéisí 'aisíoc thar thréimhse ama'. I gcás iasachtaí a raibh méadú suntasach ar an riosca creidmheasa ag baint leo, cuireadh gníomhaíochtaí agus sreafaí airgid na fochuideachta amach anseo san áireamh, agus aithníodh caillteanais chreidmheasa ionchais saoil dá réir, áit ar chuí.


**Gluaiseacht i gcaillteanas creidmheasa ionchais na n-infháltas trádála agus na n-infháltas eile**

Tá na liúntais caillteanais ar shócmhainní airgeadais bunaithe ar an mbonn tuisceana faoi riosca loicthe agus rátaí caillteanais ionchais. Baineann an Grúpa leas as breithiúnas chun na boinn tuisceana sin a dhéanamh agus chun na hionchuir le haghaidh na n-áirimh caillteanas creidmheasa ionchais a roghnú, bunaithe ar stair an Ghrúpa, ar na dálaí margaidh reatha agus ar mheastacháin réamhbhreathnaitheacha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe.  Ba é seo a leanas an ghluaiseacht sa chaillteanas ionchais i ndáil le hinfháltais trádála le linn na bliana:

| | GRÚPA 2019 € m | GRÚPA 2018 € m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2019 € m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2018 € m |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir | **39.8** | 38.9 | **32.4** | 32.0 |
| Caillteanas bearnúcháin aitheanta (glan) | **11.8** | 10.4 | **8.3** | 9.8 |
| Drochfhiacha arna n-aisghabháil | **(0.7)** | - | **-** | - |
| Soláthar a úsáideadh | **(9.9)** | (9.5) | **(9.7)** | (9.4) |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig** | **41.0** | 39.8 | **31.0** | 32.4 |








# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 17. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

**Méideanna dlite ó ghnóthais ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**

Áirítear leis na méideanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, iasachtaí scairshealbhóra, ús ar na hiasachtaí sin agus iarmhéideanna infháltais trádála. Déantar iarmhéideanna infháltais trádála ó institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a athbhreithniú i gcomhair dhóchúlacht na mainneachtana ar bhonn an chuir chuige shimplithe faoi IFRS 9. Aon iarmhéideanna eile atá dlite ó institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, déantar iad a athbhreithniú i gcomhair dhóchúlacht na mainneachtana ar bhonn an chuir chuige ghinearálta. Agus an cur chuige ginearálta á chur i bhfeidhm aige, bhain an Grúpa leas as breithiúnas chun boinn tuisceana a dhéanamh agus chun na hionchuir le haghaidh na n-áirimh caillteanais creidmheasa ionchais a roghnú, bunaithe ar dhálaí an mhargaidh, agus ar mheastacháin réamhbhreathnaitheacha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Níl aon iasachtaí ceannaithe ag an nGrúpa a bhfuil bearnúchán creidmheasa ag baint leo.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar luach tugtha anonn iasachtaí scairshealbhóra uile ESB a tugadh d'institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, cinntíodh go raibh méadú ar an riosca creidmheasa maidir le hiasachtaí le hinstitiúid infheistiúcháin amháin de chuid ESB a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi ónar aithníodh ar dtús iad; is é sin Tilbury Green Power Holdings Limited (TGPHL). An measúnú a rinneadh ar an tsuim a bhí dlite ó TGPHL, bhí sé bunaithe ar na sreafaí airgid ionchais a bheadh ar fáil, agus ar shreafaí airgid lascainaithe ag an ráta úis éifeachtach ar an iasachta scairshealbhóra sin, de réir riachtanais IFRS 9. Dá bharr sin, áirítear an iasacht sin sna cuntais mar shócmhainn chéim 3 (a bhfuil bearnúchán creidmheasa ag baint léi) agus aithnítear caillteanais chreidmheasa ionchais de €34.4 milliún (2018: €17.5 milliún) i ndail le TGPHL, agus €nialas (2018: €1.6 milliún) i ndáil le EBFD sa ráiteas ioncaim. Tá iasachtaí scairshealbhóra TGPHL agus EBFD bearnaithe ina n-iomláine amhail ar an 31 Nollaig 2019.

Déantar an méid atá fágtha d'iasachtaí scairshealbhóra le hinstitiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a athbhreithniú mar shócmhainní airgeadais Chéim 1 (nach bhfuil bearnúchán creidmheasa ag baint leo). Cuireadh an cur chuige caillteanais chreidmheasa 12 mhí i bhfeidhm ar na hiasachtaí Chéim 1, agus chuimsigh sin anailís ar fhaisnéis stairiúil agus ar fhaisnéis réamhbhreathnaitheach cháilíochtúil agus chainníochtúil chun an riosca creidmheasa a dheimhniú. Meastar go bhfuil riosca creidmheasa íseal ag baint leis na hiasachtaí sin, ós rud é nach ndealraíonn sé go raibh méadú ar an riosca creidmheasa ónar aithníodh ar dtús é. Dá bharr sin, níor aithníodh aon chaillteanas creidmheasa ionchais i ndáil leis na hiasachtaí sin. Is é €nialas luach iomlán na gcaillteanas creidmheasa ionchais an tráth a aithníodh ar dtús iad maidir le sócmhainní airgeadais a ceannaíodh ó thús nó a raibh bearnúchán creidmheasa ag baint leo ó thús le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019 (2018: €nialas).

**Infháltais leictreachais mhiondíola**

Baineann infháltais leictreachais mhiondíola, lena n-áirítear custaiméirí leictreachais agus gáis, le custaiméirí cónaithe agus gnó araon. Déantar an riosca creidmheasa ar chuntais leictreachais a bhainistiú trí mhonatóireacht leanúnach ar laethanta féichiúnaithe, cúlbhannaí cuí a bheith ann agus beartas bailiúcháin atá bunaithe ar acmhainneacht creidmheasa ar mhéid agus ar fhad an fhiachais a chur i bhfeidhm. Baineann an riosca is mó i Réitigh do Chustaiméirí le cuntais leictreachais mhiondíola a dúnadh agus atá i riaráiste. Anuas air sin, d'fhéadfadh custaiméirí áirithe, i bhfianaise mhéadú na hiomaíochta, athrú ó sholáthraí amháin go dtí ceann eile sula réitíonn siad a n-iarmhéideanna gan íoc. Déantar na cuntais sin a bhainistiú mar chuid de bheartas bailiúcháin fiachais an Ghrúpa, agus chuige sin, úsáidtear meascán de leanúint inmheánach fiachais, seirbhísí ghníomhaireachtaí bailithe fiachais, agus caingean dlí nuair is gá, lena n-áirítear breithiúnais a fhoilsiú.

Aon soláthar a dhéantar le haghaidh caillteanais ionchais amach anseo i ndáil le hinfháltais leictreachais mhiondíola, lena n-áirítear infháltais bhilleáilte agus neamhbhilleáilte, tá sé bunaithe ar anailísí na feidhmíochta fiachais is déanaí agus ar mheasúnú tionchar na ndálaí eacnamaíocha agus na saincheisteanna a bhaineann leis an tionscal. D'fhéadfadh go ndéanfaí soláthar breise ar bhonn punainne chun caillteanais ionchais bhreise a chlúdach. Bíonn cúlbhannaí sealbhaithe i bhfoirm éarlaisí urrúis ar chuntais chustaiméirí nua, ní ar shocruithe dochair dhírigh.

Tá rialuithe maidir le hinfháltais leictreachais dírithe ar aisghabháil iomlán na méideanna a sonrascadh. Infháltais leictreachais arb ionann a luach agus €41.0 milliún (2018: €39.8 milliún) ag deireadh na bliana. Bhí luach €31,000 ar an gcuntas custaiméara aonair is mó a díscríobhadh le linn na bliana (2018: €48,000) agus bhain seo le custaiméir a chuaigh faoi leachtú. Tagann infháltais leictreachais aníos go príomha i bPoblacht na hÉireann, agus baineann 12% díobh (2018: 10%) le hioncam Thuaisceart Éireann agus 2% díobh (2018: 1%) le hioncam na Breataine Móire.

Is ionann infháltais leictreachais neamhbhilleáilte agus meastacháin ar thomhaltas nach bhfuil sonrasctha go fóill. Déantar an riosca creidmheasa i ndáil le leictreachas neamhbhilleáilte a bhainistiú i gcomhréir le hinfháltais leictreachais bhilleáilte, mar a phléitear thuas.

**Infháltais an Mhargaidh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM)**

Bainistíonn na feidhmeanna Trádála agus Riosca Fuinnimh (ET&R) an riosca creidmheasa maidir le hinfháltais a bhaineann le I-SEM laistigh de na haonaid ghnó sin atá i mbun trádála leictreachais trí I-SEM. Tá na feidhmeanna sin go léir imfhálaithe óna chéile agus tá na freagrachtaí roinnte idir feidhmeanna na cúloifige, na hoifige láir, agus na hoifige tosaigh. Tá feidhm na cúloifige Trádála freagrach as custaiméirí a shonrascadh agus as gach cuntas infhála a choinneáil. Is í féilire glanta cuntas I-SEM a rialaíonn na téarmaí íocaíochta le haghaidh gach iarmhéid trádála a bhaineann le gach sruth ioncaim I-SEM.

**Infháltais Úsáide Córais**

Is éard is ioncam Úsáide Córais i bPoblacht na hÉireann ná ioncam Úsáide Dáileacháin Córais (DUoS), ioncam Úsáide Tarchuir Córais (TUoS) agus muirir Oibriúcháin agus Chothabhála (O&M) le haghaidh gineadóirí atá nasctha leis an gcóras dáileacháin. Is 10 lá gnó atá sna téarmaí creidmheasa i leith DUoS agus tá 51 soláthraí ann faoi láthair. Bailíonn EirGrid an TUoS agus déantar ioncam ceadaithe Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha (TAO) a shonrascadh do EirGrid i 12 thráthchuid mhíosúla, agus bíonn gach sonrasc dlite 36 lá tar éis dheireadh na míosa. Eisíodh sonraisc i ndáil le 208 gineadóir le linn 2019 as muirir O&M; is é 30 lá atá sna téarmaí creidmheasa i leith muirir O&M. Cuirtear sonraisc chuig gineadóirí ar bhonn céimnithe, arna faomhadh ag CRU, agus déantar 65% den ranníocaíocht chaipitiúil a fhorchúiteamh roimh an tógáil, 90% roimh an bhfuinnmhiú agus an t-iarmhéid i ndiaidh an fhuinnmhithe. Cuimsíonn na méideanna atá dlite ó fhochuideachtaí sa Mháthairchuideachta méideanna atá billeáilte agus bailithe trí ESB Networks DAC, fochuideachta den Mháthairchuideachta, maidir le hinfháltais Úsáide Córais de €233.9 milliún (2018: €222.9 milliún).

Déantar an riosca creidmheasa maidir le DUoS a bhainistiú trí chuid 7 den Chreat-Chomhaontú DUoS a ghairm, a d'fhaomh an CRU ar an 1 Lúnasa 2002. Foráiltear leis an gcuid sin go gcaithfidh gach soláthraí urrús a chur ar fáil. Sular féidir le soláthraí clárú mar chustaiméir ní mór dóibh clárú leis an gcomhaontú DUoS. Ní mór do na soláthraithe uile urrús a sholáthar de réir chuid 7.2. Úsáidtear na nósanna imeachta bailiúcháin tráthúla atá i bhfeidhm chun an riosca creidmheasa DUoS a bhainistiú, agus tá na nósanna sin leagtha síos i gcuid 6 den Chreat-chomhaontú DuOS, agus déantar monatóireacht ar laethanta féichiúnaithe chun iad sin a choinneáil chomh híseal agus is féidir. I gcás mainneachtana soláthraí, de réir chuid 7 den Chreat-chomhaontú DUoS, tá cumhdach urrúis i bhfeidhm do gach soláthraí.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 17. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

**Infháltais Úsáide Córais (ar lean)**

Úsáidtear na nósanna imeachta bailithe tráthúla atá i bhfeidhm chun an riosca creidmheasa TUoS a bhainistiú, agus déantar monatóireacht ar laethanta féichiúnaithe chun iad sin a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Rialaítear nósanna imeachta maidir le EirGrid a bheith ag íoc ioncam TUoS atá dlite do ESB Networks DAC mar TAO tríd an gComhaontú Bonneagair idir EirGrid agus ESB. Ní gnáthchonradh déthaobhach é sin a rinne na páirtithe as a stuaim féin, ach socrú atá éilithe faoi reachtaíocht agus tá go leor dá théarmaí sonraithe sa reachtaíocht sin. Meastar dá réir sin go bhfuil an riosca creidmheasa íseal maidir le hinfháltais TUoS. An tsuim a bhí dlite maidir le hioncam TUoS amhail ar an 31 Nollaig 2019 ná €48.4 milliún (2018: €44.1 milliún), arb é sin an t-iarmhéid infhála Úsáide Córais is mó i bPoblacht na hÉireann.

I ndáil leis an ngnóthas Networks i dTuaisceart na hÉireann, díorthaítear ioncam go príomha ó mhuirir a ghearrtar as úsáid an chórais dháileacháin, ó mhuirir oibleagáide seirbhíse poiblí (PSO) a ghearrtar ar sholáthraithe leictreachais, agus ó mhuirir i gcomhair seirbhísí tarchuir a ghearrtar ar SONI (System Operator for Northern Ireland). Maolaítear an riosca creidmheasa maidir le hinfháltais Úsáide Córais ó sholáthraithe leictreachais trí urrús a fháil i bhfoirm taiscí airgid thirim, litreacha creidmheasa nó ráthaíochtaí ón Mháthairchuideachta. Ach amháin i gcás comhlachtaí poiblí, íoctar as naisc nua nó athruithe sula gcuirtear an obair i gcrích. Bíonn tréimhse 30 lá nó níos lú i gceist sna gnáth-théarmaí creidmheasa agus laethanta féichiúnaithe i dtaca le hinfháltais trádála ó sholáthraithe leictreachais. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, ba é an t-infháltas leictreachais Úsáide Córais is mó i dTuaisceart Éireann ná €10.7 milliún (2018: €9.4 milliún).

**Infháltais leictreachais eile**

Cuimsíonn infháltais leictreachais eile suimeanna i dtaca le seirbhísí coimhdeacha agus suimeanna i ndáil le trádáil leictreachais i margadh na Ríochta Aontaithe nach gcuimsítear in I-SEM.

**Infháltais trádála - neamhleictreachais**

Baineann infháltais trádála (neamhleictreachais) le hiarmhéideanna dlite i leith trádáil neamhleictreachas an Ghrúpa agus oibríochtaí eile. Áirítear leis sin méideanna atá dlite i leith oibríochtaí teileachumarsáide, comhairliúcháin, bhainistíocht saoráidí agus oibriúcháin coimhdeacha eile an Ghrúpa. Ní mheastar an riosca creidmheasa a bhaineann leis na hiarmhéideanna sin a bheith suntasach. An t-iarmhéid aonair gan urrús is mó a áirítear sa chatagóir seo amhail ar an 31 Nollaig 2019 ná €11.8 milliún (2018: €3.1 milliún) atá dlite ó chuideachta sheachtrach. San áireamh sna catagóirí seo tá méideanna comhthaobhacha atá geallta ag an nGrúpa do pháirtithe déthaobhacha agus do bhainc imréitigh i ndáil le trádáil malartaithe gáis, carbóin agus cumhachta de €195.9 milliún (2018: €115.6 milliún). Clúdaíonn na méideanna atá geallta éarlais tosaigh, agus gluaiseachtaí laethúla marcála ón mhargadh, a chuirtear ar ais chuig ESB chomh luath agus a shocraítear iad nó roimhe.

## 18. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | 2019 € m | 2018 € m | 2019 € m | 2018 € m |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **125.1** | 229.1 | **58.2** | 122.3 |

## 19. ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

**(i) Stoc caipitil**

Tá eisiúint 1,966,381,855 aonad stoc caipitil i gceist ar pharluach €1.00 an aonaid (2018: 1,970,781,855 aonad)

| | 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|
| **Arna gcuimsiú mar:** | | |
| Stoc eisithe ó chúlchistí comhshóite | **1,880.9** | 1,880.9 |
| Stoc arna eisiúint lena suibscríobh ag ESOT | **85.5** | 89.9 |
| **Iomlán** | **1,966.4** | 1,970.8 |

De réir an Achta Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2001, tiontaíodh cothromas ESB go stoc caipitil ar an 30 Nollaig 2001 agus eisíodh é sin don Roinn Airgeadais. Ag an am céanna, rinne ESB ESOP Trustee Limited, a bunaíodh chun gníomhú mar Iontaobhas do scéim scairsheilbhe fostaithe ESB, suibscríbhinn le haghaidh 5% den stoc. I measc na bpríomhcheart a ghabhann le gach aonad stoic chaipitil, áirítear an ceart vóta a chaitheamh ag cruinnithe bliantúla, teidlíochtaí ar dhíbhinní ó bhrabúis aon uair a dhearbhaítear a leithéid agus cearta ar rannpháirtíocht chomhréireach i mbarrachas tráth an fhoirceanta.

Rinne an tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006 leasú ar Alt 2 d'Acht 2001, agus mar gheall air sin, tá 10.1% de stoc caipitil eisithe ESB dílsithe don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil anois; coinníonn an tAire Airgeadais 85.6% de stoc caipitil ESB agus coinníonn ESOP 4.3% den stoc amhail ar an dáta sin

Bunaítear mar thoradh ar an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, a tháinig i bhfeidhm an 6 Iúil 2011, oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá sé d'éifeacht ag Acht 2011 úinéireacht an stoic in ESB a bhí i seilbh an Aire Airgeadais roimhe sin a aistriú go dtí an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amhail ar an 6 Iúil 2011 agus ón dáta sin ar aghaidh.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. ATHRUITHE SA CHOTHROMAS (ar lean)

**(ii) Cúlchiste fuascailte caipitil**

I mí na Bealtaine 2015, d'fhaomh Bord ESB togra ESOP maidir le leachtacht mhargaidh. Is é cuspóir an togra ná leachtacht sa Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe (ESOP) a fheabhsú, agus dá réir sin, tá ESOP Trustee tiomanta, ciste €25.0 milliún a chaitheamh le stoc caipitil a fháil sa mhargadh inmheánach ESOP. Cuirfidh ESB an méid céanna caiteachais ar fáil is atá geallta ag ESOP Trustee suas go dtí €25.0 milliún ó 2014.

Le linn 2019, lean ESB de stoc caipitil ESOP a athcheannach, agus dá bharr sin, bhí méadú ar an gcúlchiste fuascailte caipitil mar gheall ar cheannach agus chealú a scairchaipitil féin de €4.4 milliún (2018: €4.4 milliún) i gcomhair chomaoin €4.6 milliún (2018: €4.9 milliún), a fhreagraíonn do mhéid ainmniúil den scairchaipiteal a cuireadh ar ceal (nóta 32).

**(iii) Fálú sreabhaidh airgid, athluacháil agus cúlchistí eile - an Grúpa agus an Mháthairchuideachta**

Is ionann an cúlchiste fálaithe go príomha agus luach cóir na ndíorthach atá ina gcuid de chaidrimh éifeachtacha fálaithe sreabhaidh airgid amhail ag deireadh na bliana. De bharr gur chun críche fálaithe a shealbhaítear na díorthaigh, arna sainmhíniú in IFRS 9 agus arna n-ainmniú mar fháluithe, is in OCI a choinnítear a ngluaiseachtaí luacha chóir seachas iad a mhuirearú don ráiteas ioncaim le linn na bliana, agus déanfar iad a mhuirearú d'ioncam sa tréimhse chéanna a bhí i gceist i gcás an idirbhirt chomhfhreagraigh.

**(iv) Cúlchistí eile**

**Áirítear seo a leanas le cúlchistí eile Grúpa:**

- Cúlchistí neamh-indáilte de (€5.0) milliún, a cruthaíodh nuair a díoladh sciar an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001; agus
- Gluaiseachtaí achtúireacha ar scéim le sochar sainithe NIE Networks, glan ó na coigeartuithe gaolmhara cánach iarchurtha, arb ionann iad agus (€219.5) milliún (2018: (€205.0) milliún); agus
- Soláthar athcheannaigh ESOP de (€7.5) milliún (2018: (€11.8) milliún) a bhaineann leis an méid atá geallta ag ESB go dtí seo chun athcheannach a dhéanamh ó mhargadh inmheánach ESOP.

**Cuimsíonn na cúlchistí Máthairchuideachta eile:**

Soláthar athcheannaigh ESOP de (€7.5) milliún (2018: (€11.8) milliún) a bhaineann leis an méid atá geallta ag ESB go dtí seo chun athcheannach a dhéanamh ó mhargadh inmheánach ESOP.

**(v) Leasanna neamh-urlámhais - Grúpa**

Na leasanna neamh-úrlámhais a bhí ann amhail ar an 31 Nollaig 2019, baineann siad leis na scairshealbha mionlaigh in Crockahenny Wind Farm DAC, Mountain Lodge Power DAC, in Airvolution Energy Limited, agus i bhfeirmeacha gaoithe a bhfuil baint acu le Coriolis Energy.

| **Díbhinní** | | |
|---|---|---|
| **GRÚPA** | **2019 € m** | 2018 € m |
| **Díbhinní ar stoc caipitil:** | | |
| Díbhinn iomlán a íocadh 2.18 (2018: 1.75) cent in aghaidh gach aonad stoc caipitil | **42.9** | 34.6 |
| Díbhinn chuig leas neamh-urlámhais | **-** | 0.3 |
| **Iomlán** | **42.9** | 34.9 |

| | | |
|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **2019 € m** | 2018 € m |
| **Díbhinní ar stoc caipitil:** | | |
| Díbhinn iomlán a íocadh: 2.18 cent (2018: 1.75) cent in aghaidh gach aonad stoc caipitil | **42.9** | 34.6 |
| **Iomlán** | **42.9** | 34.6 |

B'ionann iomlán na ndíbhinní a íocadh le linn 2019 agus €42.9 milliún, agus áiríodh leis sin díbhinn dheiridh de €4.9 milliún (0.25 cent in aghaidh an aonaid stoic) i ndáil le 2018, mar aon le díbhinn eatramhach, a dearbhaíodh agus a íocadh, de €38.0 milliún (1.94 cent in aghaidh an aonaid stoic).

Tá an Bord ag moladh anois go n-íocfaí díbhinn dheiridh de 2.53 cent in aghaidh an aonaid stoic, nó comhiomlán €49.8 milliún de réir a bheartas díbhinne de 40% de bhrabús coigeartuithe i ndiaidh cánacha bhí comhaontaithe leis an rialtas.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 20. CÁNACHAS

| (a) **Costas cáin ioncaim** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| **Speansas reatha cánach** | | |
| Cáin reatha | **62.0** | 34.0 |
| Gannsoláthar / (rósholáthar) na bliana roimhe | **(2.4)** | 2.6 |
| Luach na gcaillteanas cánach a ghéill hinstitiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **3.6** | 2.6 |
| | **63.2** | 39.2 |
| **Speansas cánach iarchurtha** | | |
| Tionscnamh agus freaschur difríochtaí sealadacha | **(3.6)** | (14.8) |
| Rósholáthar na bliana roimhe seo | **(0.2)** | (6.3) |
| | **(3.8)** | (21.1) |
| **Iomlán** | **59.4** | 18.1 |

| **Réiteach an ráta cánach éifeachtaigh** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| **Brabús roimh cháin** | **397.2** | 78.3 |
| Móide: sciar na n-institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i ndiaidh cánach | **8.3** | 14.0 |
| **Brabús roimh cháin (gan caillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a áireamh)** | **405.5** | 92.3 |
| Cáin gearrtha ag 12.5% | **50.7** | 11.5 |
| Costais neamh-inasbhainte | **6.9** | 9.5 |
| Cáin níos airde ar ghnóthachana inmhuirir | **2.2** | 0.7 |
| Ioncam a ngearrtar cáin air ar ráta cánach corparáide níos airde | **1.5** | 0.3 |
| Rátaí cánach níos airde ar ghnóthachain eachtracha | **0.7** | (0.2) |
| Róforálacha na bliana roimhe seo | **(2.6)** | (3.7) |
| **Costas cáin ioncaim** | **59.4** | 18.1 |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 20. CÁNACHAS (ar lean)

### (b) Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

| **GRÚPA** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **6.7** | 4.5 |
| Dliteanas – scéim pinsin NIE Networks | **19.8** | 18.9 |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | **49.1** | 49.4 |
| iasachtaíochtaí | **5.4** | 7.2 |
| Forálacha | **1.0** | 2.5 |
| Caillteanais chánach le n-íoc | **7.9** | 9.7 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **90.8** | 84.1 |
| **Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha** | **180.7** | 176.3 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **611.3** | 623.4 |
| Forálacha | **7.2** | 7.2 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **26.0** | 16.3 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | **1.3** | 1.2 |
| **Iomlán na ndliteanas cánach iarchurtha** | **645.8** | 648.1 |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | **(465.1)** | (471.8) |

Is iad seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Ghrúpa:

| **2019** | Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir € m | Aitheanta in ioncam € m | Aitheanta in OCI € m | Difríochtaí aistrithe € m | **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € m** |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 4.5 | 2.2 | - | - | **6.7** |
| Dliteanas – scéim pinsin NIE Networks | 18.9 | (2.1) | 3.0 | - | **19.8** |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 49.4 | (0.3) | - | - | **49.1** |
| iasachtaíochtaí | 7.2 | (1.8) | - | - | **5.4** |
| Soláthairtí | 2.5 | (1.5) | - | - | **1.0** |
| Caillteanais chánach le n-íoc | 9.7 | (1.8) | - | - | **7.9** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 84.1 | 5.3 | 2.5 | (1.1) | **90.8** |
| **Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha** | **176.3** | **-** | **5.5** | **(1.1)** | **180.7** |
| **DLITEANAIS** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 623.4 | (13.7) | - | 1.6 | **611.3** |
| Forálacha | 7.2 | - | - | - | **7.2** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 16.3 | 9.8 | (2.5) | 2.4 | **26.0** |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1.2 | 0.1 | - | - | **1.3** |
| **Iomlán na ndliteanas cánach iarchurtha** | **648.1** | **(3.8)** | **(2.5)** | **4.0** | **645.8** |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha** | **(471.8)** | **3.8** | **8.0** | **(5.1)** | **(465.1)** |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**20. CÁNACHAS (ar lean)**

**(b) Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha (ar lean)**

**2018**

| | Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir € m | Aitheanta in ioncam € m | Aitheanta in OCI € m | Difríochtaí aistrithe € m | Éadáil Castlepook Power DAC € m | **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € m** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 2.3 | - | - | - | 4.5 |
| Dliteanas – scéim pinsin NIE Networks | 24.3 | (2.2) | (3.2) | - | - | 18.9 |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 49.3 | 0.1 | - | - | - | 49.4 |
| Iasachtaíochtaí | 9.0 | (1.8) | - | - | - | 7.2 |
| Forálacha | 2.0 | 0.5 | - | - | - | 2.5 |
| Caillteanais chánach le n-íoc | 6.2 | 3.5 | - | - | - | 9.7 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 94.7 | (4.1) | (6.7) | 0.2 | - | 84.1 |
| **Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha** | 187.7 | (1.7) | (9.9) | 0.2 | - | 176.3 |
| **DLITEANAIS** | | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 646.0 | (23.5) | - | (0.3) | 1.2 | 623.4 |
| Forálacha | 6.7 | 0.5 | - | - | - | 7.2 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 24.0 | 0.3 | (7.7) | (0.3) | - | 16.3 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1.2 | - | - | - | - | 1.2 |
| **Iomlán na ndliteanas cánach iarchurtha** | 677.9 | (22.7) | (7.7) | (0.6) | 1.2 | 648.1 |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha** | (490.2) | 21.0 | (2.2) | 0.8 | (1.2) | (471.8) |

Níl aon dáta éaga ag baint le húsáid caillteanas cánach sa Ghrúpa.

Ní dhéantar foráil do cháin iarchurtha i ndáil le cúlchistí neamhaistrithe fhochuideachtaí an Ghrúpa thar lear ar dhá chúis; níl aon ghealltanas ann go ndáilfear na cúlchistí sin go ceann i bhfad, sin nó tá sé deimhnithe nach mbeadh aon cháin i gceist mar thoradh ar an íocaíocht. Ní dhéantar foráil do cháin iarchurtha i ndáil le cúlchistí neamhaistrithe comhfhiontar an Ghrúpa thar lear mar go bhfuil sé de chumas ag an nGrúpa aisdúiciú na gcúlchistí sin go dtí Poblacht na hÉireann a rialú. B'ionann cúlchistí neamhaistrithe carnacha fochuideachtaí agus comhfhiontar thar lear agus €673.4 milliún (2018: €648.5 milliún) amhail ar an 31 Nollaig 2019.

| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Dliteanas - scéim pinsean ESB | **49.1** | 49.4 |
| Iasachtaíochtaí | **5.4** | 7.2 |
| Forálacha | **17.9** | 18.0 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **5.6** | 6.2 |
| **Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha** | **78.0** | 80.8 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | **424.0** | 429.1 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **3.8** | 4.2 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | **1.2** | 1.2 |
| **Iomlán na ndliteanas cánach iarchurtha** | **429.0** | 434.5 |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | **(351.0)** | (353.7) |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**20. CÁNACHAS (ar lean)**

**(b) Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha (ar lean)**


**MÁTHAIRCHUIDEACHTA (ar lean)**

Is iad seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Mháthairchuideachta:

| **2019** | Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir € m | Aitheanta in ioncam € m | Aitheanta in OCI € m | **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € m** |
|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 49.4 | (0.3) | - | **49.1** |
| Iasachtaíochtaí | 7.2 | (1.8) | - | **5.4** |
| Forálacha | 18.0 | (0.1) | - | **17.9** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 6.2 | - | (0.6) | **5.6** |
| **Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha** | 80.8 | (2.2) | (0.6) | **78.0** |
| **DLITEANAIS** | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 429.1 | (5.2) | - | **423.9** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 4.2 | - | (0.3) | **3.9** |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1.2 | - | - | **1.2** |
| **Iomlán na ndliteanas cánach iarchurtha** | 434.5 | (5.2) | (0.3) | **429.0** |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha** | **(353.7)** | **3.0** | **(0.3)** | **(351.0)** |

| **2018** | Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir € m | Aitheanta in ioncam € m | Aitheanta in OCI € m | Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € m |
|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 49.3 | 0.1 | - | 49.4 |
| Iasachtaíochtaí | 9.0 | (1.8) | - | 7.2 |
| Forálacha | 17.9 | 0.1 | - | 18.0 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 7.4 | - | (1.2) | 6.2 |
| **Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha** | 83.6 | (1.6) | (1.2) | 80.8 |
| **DLITEANAIS** | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 439.3 | (10.2) | - | 429.1 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 3.7 | - | 0.5 | 4.2 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1.2 | - | - | 1.2 |
| **Iomlán na ndliteanas cánach iarchurtha** | 444.2 | (10.2) | 0.5 | 434.5 |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha** | (360.6) | 8.6 | (1.7) | (353.7) |





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 21. IASACHTAÍOCHTAÍ AGUS FIACHAS EILE

| GRÚPA | Iasachtaíochtaí iontaofa € m | Iasachtaíochtaí neamhiontaofa € m | **2019 Iomlán € m** | 2018 Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|
| **Iasachtaíochtaí reatha** | | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | 86.8 | 1.9 | **88.7** | 85.9 |
| - Inaisíoctha ar bhealaí eile seachas i dtráthchoda | 392.0 | - | **392.0** | 520.4 |
| **Iasachtaíochtaí reatha iomlána** | 478.8 | 1.9 | **480.7** | 606.3 |
| **Iasachtaíochtaí neamhreatha** | | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 73.7 | 2.0 | **75.7** | 85.9 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 209.7 | 6.5 | **216.2** | 220.0 |
| Tar éis cúig bliana | 290.0 | 4.2 | **294.2** | 406.3 |
| | 573.4 | 12.7 | **586.1** | 712.2 |
| - Inaisíoctha ar bhealaí eile seachas i dtráthchoda | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 57.6 | - | **57.6** | 307.4 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 553.7 | - | **553.7** | 305.4 |
| Tar éis cúig bliana | 2,675.8 | 878.5 | **3,554.3** | 3,212.7 |
| | 3,287.1 | 878.5 | **4,165.6** | 3,825.5 |
| **Iasachtaíochtaí neamhreatha iomlána** | 3,860.5 | 891.2 | **4,751.7** | 4,537.7 |
| **Iasachtaíochtaí iomlána gan íoc** | 4,339.3 | 893.1 | **5,232.4** | 5,144.0 |

Féach ar chuid (b) le haghaidh sonraí faoi rátaí úis infheidhmithe.

| **Iasachtaíochtaí reatha de réir saoráide** | **Tagairt** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|---|
| Eorabhannaí ESB | 1 | **323.2** | 214.2 |
| Fiachas maoinithe neamhiontaofa thionscadail fhadtéarmacha | 2 | **1.9** | 1.8 |
| Iasachtaíochtaí bainc fadtéarmacha | 4 | **155.6** | 152.9 |
| Iasachtaíochtaí láithrithe phríobháidigh | 5 | **-** | 237.4 |
| | | **480.7** | 606.3 |

| **Iasachtaíochtaí neamhreatha de réir saoráide** | **Tagairt** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|---|
| Eorabhannaí ESB | 1 | **2,973.1** | 2,684.6 |
| Fiachas maoinithe neamhiontaofa thionscadail fhadtéarmacha | 2 | **12.7** | 58.8 |
| Bannaí steirling neamhiontaofa NIE Networks | 3 | **878.5** | 835.0 |
| Iasachtaíochtaí bainc fadtéarmacha | 4 | **573.4** | 653.4 |
| Iasachtaíochtaí láithrithe phríobháidigh | 5 | **314.0** | 305.9 |
| | | **4,751.7** | 4,537.7 |

Ach amháin i gcás iasachtaíochtaí a bhaineann le fiachas maoinithe neamhiontaofa thionscadail, atá urraithe i gcoinne sócmhainní sonracha, níl aon cheann de na hiasachtaíochtaí urraithe i gcoinne shócmhainní an Ghrúpa.

Bhain ESB rátáil A- amach ó Standard & Poor (ionchas seasta) agus A3 (ionann agus A-) ó Moody (ionchas seasta) le linn 2019.

**1. Eorabhannaí ESB**
Léiríonn an tábla thíos sonraí faoi Eorabhannaí ESB a cuireadh san áireamh in iasachtaíochtaí amhail ar an 31 Nollaig 2019:

| Eisitheoir | Luach | Dáta Eisiúna | Aibíocht | Cúpón |
|---|---|---|---|---|
| ESB Finance DAC | Stg£275.0 milliún | Márta 2010 | 10 mbliana | 6.500% |
| ESB Finance DAC | Euro €300.0 milliún | Samhain 2013 | 10 mbliana | 3.494% |
| ESB Finance DAC | Euro €500.0 milliún | Meitheamh 2015 | 12 bhliain | 2.125% |
| ESB Finance DAC | Euro €600.0 milliún | Meitheamh 2016 | 15 bliana | 1.875% |
| ESB Finance DAC | Euro €500.0 milliún | Eanáir 2017 | 12 bhliain | 1.750% |
| ESB Finance DAC | Euro €500.0 milliún | Samhain 2018 | 15 bliana | 2.125% |
| ESB Finance DAC | Euro €100.0 milliún | Aibreán 2019 | 25 bliain | 2.000% |
| ESB Finance DAC | Euro €500.0 milliún | Meitheamh 2019 | 11 bhliain | 1.125% |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 21. IASACHTAÍOCHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

**2. Fiachas maoinithe neamhiontaofa thionscadail fhadtéarmacha**
Rinneadh fochuideachta 100% de Castlepook Power DAC i Nollaig 2018 agus, amhail ar an 31 Nollaig 2019, tá fiachas gan íoc de €nialas aige (2018: €44.9 milliún). Baineann iomlán na coda atá fágtha den fhiachas sin le feirm ghaoithe sa Bhreatain Mhór.

**3. Bannaí steirling neamhiontaofa NIE Networks**
I Meitheamh 2011, d'eisigh NIE Networks Limited banna steirling 15 bliana de Stg£400.0 milliún a raibh cúpón seasta de 6.375% ag baint leis.

I Meitheamh 2018, d'eisigh NIE Networks Limited banna steirling 7 mbliana de Stg£350.0 milliún a raibh cúpón seasta de 2.5% ag baint leis.

**4. Iasachtaíochtaí bainc fadtéarmacha**
Cuimsíonn iasachtaíochtaí bainc fadtéarmacha €233 milliún (2018: €267 milliún) fiachais ar ráta comhlúthach, ar tógadh ar iasacht iad go déthaobhach, agus is fiachas ar ráta seasta an chuid eile.

Tá saoráid chreidmheasa imrothlaigh de €1.44 billiún, a bhfuil sindeacáit 14 bhanc ann, ar fáil don Ghrúpa go dtí Feabhra 2022 chun gur féidir leis maoiniú a tharraingt as nuair is gá. Rinneadh €70.0 milliún a tharraingt as amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €70.0 milliún).

Rinneadh saoráid €200.0 milliún le Banc Infheistíochta na hEorpa (EIB) a tharraingt as chun tacú le naisc inathnuaite leis an líonra leictreachais in iardheisceart Éireann amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €200.0 milliún).

**5. Iasachtaíochtaí láithrithe phríobháidigh**
Eisíodh an chéad láithriú de nótaí gan urrús, le réimse infheistitheoirí institiúideacha, i Nollaig 2003. Eisíodh na nótaí ráta seasta sin i ndollair na Stát Aontaithe agus i steirling, agus amhail ar an 31 Nollaig 2019, áiríodh ar an méid sin USD$237.5 milliún, agus é sin le teacht in aibíocht in 2023, agus Stg£10.0 milliún, le teacht in aibíocht in 2023.

Eisíodh an dara láithriú príobháideach de nótaí sinsearacha gan urrús i Meitheamh 2009. Eisíodh na nótaí sin i ndollair na Stáit Aontaithe, i steirling agus in euro agus amhail ar an 31 Nollaig 2019, agus áiríodh ar an méid sin Stg£50.0 milliún, le teacht in aibíocht in 2021. Aisíocadh USD$226.0 milliún agus Stg£40.0 milliún den fhiachas sin i Meitheamh 2019 mar a bhí sceidealaithe. Baineann coinníollacha áirithe leis an bhfiachas láithrithe phríobháidigh agus le saoráidí áirithe eile, coinníollacha a éilíonn ar ESB clúdach úis áirithe a choinneáil, mar aon le cúnaint sócmhainne. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, tá ESB ag comhlíonadh gach ceann de na ceanglais cúnaint a bhaineann leis an bhfiachas láithrithe phríobháidigh agus leis na saoráidí eile.

**Fálú glaninfheistíochta in oibriúcháin eachtracha**
Cuimsítear sna hiasachtaíochtaí thuas iasachtaí bainc atá ainmnithe i steirling, ar sainíodh iad mar fhálú d'infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachta sa Ríocht Aontaithe atá ainmnithe i steirling, mar a mhínítear thíos:

| **Iasachtaí atá ainmnithe i steirling a sainíodh mar fhálú d'infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachta** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| Luach amhail ar an 1 Eanáir | **32.0** | 32.3 |
| Aisíocaíochtaí sa bhliain | **(11.2)** | - |
| Gnóthachan / (caillteanas) ar aistriú go Euro | **1.6** | (0.3) |
| **Luach amhail ar an 31 Nollaig** | **22.4** | 32.0 |
| Gnóthachan / (caillteanas) ar aistriú na hiasachta euro inghrúpa go fochuideachta (tugtha go OCI) | **1.2** | (0.2) |

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 NA RÁITIS AIRGEADAIS

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 21. IASACHTAÍOCHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

| | IASACHTAÍOCHTAÍ IONTAOFA | |
|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **2019 Iomlán € m** | 2018 Iomlán € m |
| **Iasachtaíochtaí reatha** | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | **86.8** | 84.1 |
| - Inaisíoctha ar bhealaí eile seachas i dtráthchoda | **68.9** | 306.2 |
| **Iasachtaíochtaí reatha iomlána** | **155.7** | 390.3 |
| **Iasachtaíochtaí neamhreatha** | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **73.7** | 85.2 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **209.7** | 216.3 |
| Tar éis cúig bliana | **290.0** | 354.3 |
| | **573.4** | 655.8 |
| - Inaisíoctha ar bhealaí eile seachas i dtráthchoda | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **57.6** | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **256.3** | 303.5 |
| Tar éis cúig bliana | **-** | - |
| | **313.9** | 303.5 |
| **Iasachtaíochtaí neamhreatha iomlána** | **887.3** | 959.3 |
| **Iasachtaíochtaí iomlána gan íoc** | **1,043.0** | 1,349.6 |

### (a) Maoiniú agus bainistíocht leachtachta

Baineann na príomhrioscaí leachtachta a gcaithfidh an Grúpa dul i ngleic leo le riachtanais sreabhaidh airgid a eascraíonn ó oibriúcháin laethúla, oibleagáidí fiachais ag teacht chun aibíochta agus maoiniú clár infheistíochta caipitiúil. Déanann feidhm chistíochta an Ghrúpa bainistíocht ar an riosca trí mheascán d'infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, agus saoráidí tiomnaithe bainc nár tarraingíodh. Déanann an Grúpa idirbheartaíocht le bainc chaidrimh maidir le saoráidí, agus tiomsaíonn sé cistí i margaí caipitil fiachais chun aon riachtanais mhaoinithe a eascraíonn as fiachas ag teacht in aibíocht, caiteachas caipitiúil nó riachtanais ghnó ghinearálta, a réamhchistiú nó a réamhfhálú.

Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí níos mó ná €1.5 billiún ar fáil ag an nGrúpa i bhfoirm airgid thirim agus saoráidí bainc tiomanta, agus cinntíonn sin go mbeifear in ann aon riachtanais leachtachta a chomhlíonadh más gá. Áirítear leis na saoráidí bainc tiomanta saoráid iasachta sindeacáite le líon mór institiúidí airgeadais a bhfuil rátáil mhaith acu, chomh maith le saoráidí le EIB.

De réir straitéis bainistithe fiachais an Ghrúpa, dírítear ar phróifíl phunainne fiachais a bhfuil meascán éagsúil de chontrapháirtithe, foinsí cistíochta agus aibíocht ag baint léi. Baintear leas as maoiniú struchtúrtha neamhiontaofa agus maoiniú a bhfuil iontaofacht shrianta aige, nuair is cuí, ag cur costais mhaoinithe agus maolú riosca araon san áireamh. Comhlíonann gach saoráid iasachtaíochta na hAchtanna Leictreachais agus na riachtanais rialála ábhartha.

Is mar seo a leanas atá próifíl aibíochta na suime glanluacha a bhaineann le hiasachtaíochtaí an Ghrúpa, mar aon le dáta éaga na saoráidí tiomanta iasachta bainc ábhartha nár tarraingíodh as:

| | Fiachas arna Tharraingt - Grúpa | | Fiachas arna Tharraingt - Máthairchuideachta | | Saoráid nach bhfuil Tarraingthe - Grúpa agus Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ag Teacht in Aibíocht** | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m |
| I gceann bliana amháin nó níos lú | **480.7** | 606.3 | **155.7** | 390.3 | **-** | - |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **133.3** | 393.3 | **131.3** | 85.2 | **-** | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **769.9** | 525.4 | **466.0** | 519.8 | **1,370.0** | 1,370.0 |
| I gceann níos mó ná cúig bliana | **3,848.5** | 3,619.0 | **290.0** | 354.3 | **-** | - |
| | **5,232.4** | 5,144.0 | **1,043.0** | 1,349.6 | **1,370.0** | 1,370.0 |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 21. IASACHTAÍOCHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

### (a) Maoiniú agus bainistíocht leachtachta (ar lean)

Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conarthacha iasachtaíochtaí an Ghrúpa, lena n-áirítear na híocaíochtaí úis gaolmhara. Cuimsítear iasachtaíochtaí a bhfuil luach seilbhe de €4,189.4 milliún acu (2018: €3,794.4 milliún) sna hiarmhéideanna Grúpa thíos.

| | Suim ghlanluacha € m | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conartha - glan € m | Laistigh de 1 bhliain amháin € m | 1 - 2 bliain € m | 2 - 5 bliain € m | Níos mó ná 5 bliana € m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| Iasachtaíochtaí iontaofa | 4,339.3 | 5,200.3 | 600.8 | 227.9 | 1,016.4 | 3,355.2 |
| Iasachtaíochtaí neamhiontaofa | 893.1 | 1,169.3 | 42.6 | 42.5 | 128.0 | 956.2 |
| **Iasachtaíochtaí iomlána** | **5,232.4** | **6,369.6** | **643.4** | **270.4** | **1,144.4** | **4,311.4** |
| **31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| Iasachtaíochtaí iontaofa | 4,248.4 | 5,091.0 | 735.4 | 501.2 | 764.0 | 3,090.4 |
| Iasachtaíochtaí neamhiontaofa | 895.6 | 1,198.0 | 41.2 | 40.4 | 120.3 | 996.1 |
| **Iasachtaíochtaí iomlána** | 5,144.0 | 6,289.0 | 776.6 | 541.6 | 884.3 | 4,086.5 |

### (b) Bainistíocht riosca ráta úis

Rinneadh beartas ráta úis an Ghrúpa a nuashonrú in 2019 agus is é an sprioc atá leis sin ná formhór a fhiachas a bheith ag ráta úis seasta (nó ag ráta boilsciú-nasctha) go dtí go dtiocfaidh sé in aibíocht, agus go mbeadh íosmhéid de 60% seasta (nó boilsciú-nasctha) ann i gcónaí. Baintear é sin amach trí iasachtaí a fháil go díreach ag rátaí úis seasta nó trí bhabhtálacha ráta úis. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí 97.2% d'fhiachas an Ghrúpa seasta go dtí go dtiocfadh sé in aibíocht, é sin nó bhí sé boilsciú-nasctha (31 Nollaig 2018: 94.8%). Nochtar luach cóir na mbabhtálacha ráta úis i nóta 22.

Maidir le dliteanais airgeadais a ghearrtar ús orthu, tugann an tábla seo a leanas le fios a rátaí éifeachtacha úis amhail dáta an chláir chomhardaithe, agus éifeacht babhtálacha ráta úis is babhtálacha tras-airgeadra á gcur san áireamh:

| | **Ráta úis éifeachtach %** | **Iomlán € m** | Laistigh de 1 bhliain amháin € m | 1 - 2 bliain € m | 2 - 5 bliain € m | Níos mó ná 5 bliana € m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaíochtaí láithrithe phríobháidigh (ráta úis seasta) | **6.29** | **314.0** | - | 58.8 | 255.2 | - |
| Iasachtaíochtaí neamhiontaofa (ráta úis seasta) | **4.28** | **893.1** | 1.9 | 2.0 | 6.5 | 882.7 |
| Iasachtaíochtaí fadtéarmacha eile (ráta seasta agus ráta athraitheach úis) | **3.08** | **4,025.3** | 478.8 | 72.5 | 508.2 | 2,965.8 |

Áirítear le hiasachtaíochtaí fadtéarmacha eile san anailís seo dliteanais ráta chomhlúthaigh €233 milliún (31 Nollaig 2018: €267 milliún).

Socraíodh ráta úis éifeachtach ar na hiasachtaíochtaí láithrithe phríobháidigh trí bhabhtálacha tras-airgeadra agus babhtálacha ráta úis a úsáid. Socraíodh an ráta úis glan ar iasachtaí neamhiontaofa steirling de £12.8 milliún ag baint úsáide as babhtálacha ráta úis. In éagmais na mbabhtálacha ráta úis seo, is é 1.68% an ráta comhlúthach a ngearrfaí ar na buniasachtaíochtaí steirling agus euro amhail ar 31 Nollaig 2019 , agus tá seo ag teacht leis na rátaí úis atá i réim ar iasachtaíochtaí den fhad céanna sna réimsí airgeadaíocha sin. Áirítear babhtálacha atá nasctha le boilsciú ar leibhéil rátaí úis ainmniúla coibhéiseacha.





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**21. IASACHTAÍOCHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)**

**(b) Bainistíocht riosca rátaí úis (ar lean)**

Agus an riosca maidir le rátaí úis á bhainistiú aige, tá sé mar aidhm ag an nGrúpa tionchar luaineachtaí gearrthéarmacha ar thuillimh an Ghrúpa a laghdú. Beidh tionchar ag athruithe buana ar rátaí úis, áfach, ar thuillimh chomhdhlúite thar téarma níos faide. Meastar go mbeadh brabús roimh chánachas méadaithe agus cothromas laghdaithe faoi na méideanna atá ar taispeáint thíos dá dtiocfadh méadú ginearálta de 50 bonnphointe ar rátaí úis (agus ar rátaí comhfhreagracha fírinneacha úis) amhail ar an 31 Nollaig. Oibríonn an anailís seo ar an mbonn go bhfanfaidh gach athróg eile seasmhach, go háirithe rátaí airgeadra eachtraigh, agus glactar leis an mbonn tuisceana nach n-athróidh rátaí boilscithe.

| | **31 Nollaig 2019** | | 31 Nollaig 2018 | |
|---|---|---|---|---|
| | **méadú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € m** | **laghdú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € m** | méadú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € m | laghdú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € m |
| **Brabús roimh chánachas** | | | | |
| Ús iníoctha | **(0.8)** | **0.4** | (0.8) | 0.2 |
| Gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais | **58.6** | **(62.5)** | 57.4 | (61.4) |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | |
| Gnóthachain / (caillteanais) luacha chóir | **(0.3)** | **0.3** | 1.4 | (1.4) |

Glacadh leis na boinn tuisceana seo a leanas i dtaobh na hanailíse íogaireachta thuas:

- ní bhaineann íogaireacht an chláir chomhardaithe i leith rátaí úis ach le hionstraimí airgeadais díorthacha, mar iompraítear fiachas agus taiscí eile ag costas amúchta agus mar sin, ní athraíonn a luach tugtha anonn de réir mar a athraíonn rátaí úis;

- déantar íogaireacht úis fhabhraithe i leith gluaiseachtaí i rátaí úis a ríomh bunaithe ar neamhchosaint glanráta chomhlúthaigh maidir le fiachas, taiscí agus ionstraimí díorthacha;

- déantar talamh slán de maidir le díorthaigh atá sainithe mar fháluithe sreabhaidh airgid i gcoinne athruithe i rátaí úis, go bhfuil siad éifeachtach go hiomlán, agus go bhfuil siad taifeadta go hiomlán laistigh de chothromas agus gan aon tionchar acu ar an ráiteas ioncaim;

- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha sin nach bhfuil i gcaidrimh fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus

- glactar leis an ngné chomhlúthach d'aon bhabhtáil nó le haon fhiachais ráta chomhlúthaigh amhail is nach bhfuil aon ráta úis socraithe ina leith cheana féin; mar sin, má bhíonn aon athrú ar rátaí úis, bíonn tionchar aige sin ar an gcuid sin de na ríomhanna íogaireachta a bhaineann leis an ús fabhraithe ar feadh thréimhse iomlán 12 mí.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**21. IASACHTAÍOCHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)**

**(c) Réiteach iasachtaíochtaí seachtracha (gan dliteanais léasa a chur san áireamh)**

**GRÚPA**

| **2019 Saoráidí Fiachais** | Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir € m | Fáltais € m | Aisíocaíochtaí € m | Éadáil fochuideachta € m | Iarmhairtí na malairte eachtraí € m | Eile € m | **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € m** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Eorabhannaí ESB | 2,898.8 | 592.9 | (214.9) | - | 15.8 | 3.7 | **3,296.3** |
| Fiachas maoinithe neamhiontaofa thionscadail fhadtéarmacha | 60.6 | - | (46.8) | - | 0.8 | - | **14.6** |
| Bannaí steirling neamhiontaofa NIE Networks | 835.0 | - | - | - | 43.9 | (0.4) | **878.5** |
| Iasachtaíochtaí bainc fadtéarmacha | 806.3 | - | (85.1) | - | 7.8 | - | **729.0** |
| Iasachtaíochtaí láithrithe phríobháidigh | 543.3 | - | (201.2) | - | 12.6 | (40.7) | **314.0** |
| **Iomlán** | **5,144.0** | **592.9** | **(548.0)** | **-** | **80.9** | **(37.4)** | **5,232.4** |

| **2018 Saoráidí Fiachais** | Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir € m | Fáltais € m | Aisíocaíochtaí € m | Diúscairt/ Éadáil fochuideachta € m | Iarmhairtí na malairte eachtraí € m | Eile € m | **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € m** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Eorabhannaí ESB | 2,334.0 | 500.0 | - | - | (2.5) | 67.3 | **2,898.8** |
| Fiachas maoinithe neamhiontaofa thionscadail fhadtéarmacha | 444.7 | - | (445.2) | 44.9 | (0.1) | 16.3 | **60.6** |
| Bannaí steirling neamhiontaofa NIE Networks | 648.5 | 394.5 | (200.5) | - | (3.7) | (3.8) | **835.0** |
| Iasachtaíochtaí bainc fadtéarmacha | 715.0 | 170.4 | (84.0) | - | (1.4) | 6.3 | **806.3** |
| Iasachtaíochtaí láithrithe phríobháidigh | 615.6 | - | (93.5) | - | 19.2 | 2.0 | **543.3** |
| Iomlán | 4,757.8 | 1,064.9 | (823.2) | 44.9 | 11.5 | 88.1 | **5,144.0** |

**MÁTHAIRCHUIDEACHTA**

| **2019 Saoráidí Fiachais** | Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir € m | Fáltais € m | Aisíocaíochtaí € m | Iarmhairtí na malairte eachtraí € m | Eile € m | **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € m** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaíochtaí bainc fadtéarmacha | 806.3 | - | (85.1) | 7.8 | - | **729.0** |
| Iasachtaíochtaí láithrithe phríobháidigh | 543.3 | - | (201.2) | 12.6 | (40.7) | **314.0** |
| **Iomlán** | **1,349.6** | **-** | **(286.3)** | **20.4** | **(40.7)** | **1,043.0** |

| **2018 Saoráidí Fiachais** | Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir € m | Fáltais € m | Aisíocaíochtaí € m | Iarmhairtí na malairte eachtraí € m | Eile € m | Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaíochtaí bainc fadtéarmacha | 715.0 | 170.0 | (83.7) | (1.4) | 6.4 | 806.3 |
| Iasachtaíochtaí láithrithe phríobháidigh | 615.7 | - | (93.5) | 19.2 | 1.9 | 543.3 |
| Iomlán | 1,330.7 | 170.0 | (177.2) | 17.8 | 8.3 | 1,349.6 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**22. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA**

**(a) Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaí**

Tugtar ionstraimí airgeadais díorthacha anonn ag luach cóir. Is é atá i gceist le luach cóir ionstraime airgeadais ná an praghas a gheofaí chun sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh amhail ar dháta an tomhais. Is é an modh a úsáidtear chun luach cóir ionstraimí airgeadais an Ghrúpa a ríomh ná anailís sreabhaidh airgid lascainithe, a úsáideann ráta lascainithe cúpóin nialasaigh agus a léiríonn an riosca contrapháirtí creidmheasa. Cuireann an modh sin ar chumas an Ghrúpa na sreafaí airgid a lascainiú ag ráta atá cothrom leis an ráta úis atá i réim sa mhargadh; sa chás sin, cuirtear aibíocht agus corrlach creidmheasa san áireamh.

Is iad seo a leanas luachanna córa ionstraimí airgeadais, arna ngrúpáil de réir aicme ionstraime:

| | | | **2019** | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | **Iomlán €m** |
| Babhtálacha ráta úis | 1.1 | 4.6 | (1.9) | - | **3.8** |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | - | - | (578.5) | (16.9) | **(595.4)** |
| Babhtálacha airgeadra | - | - | (24.9) | - | **(24.9)** |
| Conarthaí i malairt eachtrach | 4.6 | 20.7 | (7.3) | (5.4) | **12.6** |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 17.7 | 180.3 | (49.9) | (245.5) | **(97.4)** |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais | 42.1 | 39.2 | - | - | **81.3** |
| | **65.5** | **244.8** | **(662.5)** | **(267.8)** | **(620.0)** |

| | | | 2018 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | Iomlán €m |
| Babhtálacha ráta úis | 5.1 | - | (3.7) | (0.1) | 1.3 |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | - | - | (544.4) | (13.9) | (558.3) |
| Babhtálacha airgeadra | 4.1 | 35.5 | (21.3) | - | 18.3 |
| Conarthaí i malairt eachtrach | 0.9 | 2.3 | (0.3) | (2.1) | 0.8 |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 10.5 | 82.9 | (55.4) | (91.3) | (53.3) |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais | 48.0 | 35.8 | (0.1) | (0.9) | 82.8 |
| | 68.6 | 156.5 | (625.2) | (108.3) | (508.4) |

| | | | **2019** | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | **Iomlán €m** |
| Babhtálacha ráta úis | 1.1 | - | - | - | **1.1** |
| Babhtálacha airgeadra | - | - | (24.9) | - | **(24.9)** |
| Conarthaí i malairt eachtrach | 9.0 | 21.1 | (7.2) | (5.3) | **17.6** |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 17.7 | 180.3 | (10.9) | (207.0) | **(19.9)** |
| | **27.8** | **201.4** | **(43.0)** | **(212.3)** | **(26.1)** |

| | | | 2018 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | Iomlán €m |
| Babhtálacha ráta úis | 0.9 | - | (0.1) | (0.1) | 0.7 |
| Babhtálacha airgeadra | 4.1 | 35.5 | (21.3) | - | 18.3 |
| Conarthaí i malairt eachtrach | 0.9 | 2.3 | (0.9) | (1.8) | 0.4 |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 10.4 | 69.9 | (7.7) | (81.8) | (9.1) |
| | 16.3 | 107.7 | (30.0) | (83.7) | 10.3 |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**22. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)**

**(a) Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaí (ar lean)**

Ag an dáta tionscanta, cinneann an Grúpa an ndéanfar na hionstraimí airgeadais a ainmniú i gcaidrimh fálaithe do shocruithe áirithe a chomhlíonann critéir shonracha IFRS 9 maidir le cuntasaíocht fhálaithe.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, agus luachanna córa dearfacha agus diúltacha ionstraimí airgeadais díorthacha á léirmhíniú, go ndéantar iad a mheaitseáil le hidirbhearta bunúsacha lena mbaineann rioscaí fritháirithe.

**(i) Babhtálacha rátaí úis**
Tá an Grúpa tar éis babhtálacha ráta úis de Stg£431.1 milliún a chur i bhfeidhm (2018: Stg£470.7 milliún) maidir le cuid áirithe dá iasachtaíochtaí atá i seilbh na Máthairchuideachta agus ESB Finance DAC, agus maidir le fiachas atá sealbhaithe i sócmhainní feirme gaoithe eile de chuid an Ghrúpa. Tá siad sin ar fad aicmithe mar fháluithe sreabhaidh airgid.

I gcás babhtálacha ráta úis, cuireann an luach cóir san áireamh na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh atá i réim ar dháta an chláir chomhardaithe. De bhrí go bhfuil babhtálacha ráta úis marcáilte de réir margaidh amhail ar an 31 Nollaig 2019, tá a luach seilbhe cothrom lena luach cóir.

Tá méadú €2.6 milliún tagtha ar luach cóir na mbabhtálacha ráta úis. Léiríonn an ghluaiseacht gluaiseachtaí dearfacha mharcáil de réir margaidh sna babhtálacha bunaidh de €1.0 milliún agus íocaíochtaí ar na babhtálacha de €1.6 milliún le linn na bliana.

**(ii) Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha**
Éadáladh babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha a raibh dliteanas luacha chóir de €272.5 milliún ag baint leo nuair a fuarthas iad i Nollaig 2010 mar chuid de cheannach ghnóthas NIE Networks. Ní raibh na babhtálacha ráta úis, a bhí nasctha le boilsciú, i dteideal cuntasaíochta fálaithe faoi IFRS 9 nuair a éadáladh gnóthas NIE Networks. Bíonn tionchar ar luach cóir babhtálacha boilsciú-nasctha ag gluaiseachtaí coibhneasta i rátaí úis agus in ionchais mhargaidh maidir le gluaiseachtaí san innéacs praghsanna miondíola (RPI) todhchaí sa Ríocht Aontaithe.

Mar thoradh ar ghluaiseachtaí i rátaí réamhcheaptha úis, praghsanna réamhcheaptha RPI na Ríochta Aontaithe, agus rátaí agus íocaíochtaí malairte eachtraí le linn na bliana, méadaíodh luach cóir an dliteanais faoi €37.1 milliún i dtaca leis na babhtálacha sin le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019 (2018: laghdaíodh luach cóir an dliteanais faoi €94.9 milliún). Léiríonn an ghluaiseacht sin gluaiseachtaí diúltacha mharcáil de réir margaidh de €23.3 milliún sna babhtálacha bunaidh (2018: gluaiseacht dhiúltach €6.5 milliún), a léirítear mar chostais airgeadais ar an ráiteas ioncaim (nóta 8), agus íocaíochtaí de €15.2 milliún (2018: €95.6 milliún) a tháinig chun cinn faoi na babhtálacha i rith na bliana. Ina theannta sin, léirítear gluaiseachtaí diúltacha aistrithe de €29.0 milliún (2018: gluaiseachtaí dearfacha aistrithe de €5.8 milliún) le linn na bliana ar aistriú na mbabhtálacha ó steirling go euro in ioncam cuimsitheach eile.

**(iii) Babhtálacha airgeadra**
Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí ar rátaí malairte eachtraí agus ar rátaí úis ar luach cóir bhabhtálacha airgeadra. Aicmítear babhtálacha airgeadra ESB go príomha mar fháluithe sreabhaidh airgid agus baineann siad, den chuid is mó, le babhtálacha trasairgeadra a dhéantar i ndáil leis an bhfiachas láithrithe phríobháidigh, a ndéantar cur síos air i nóta 21. Chuathas i mbun na mbabhtálacha trasairgeadra sin chun an ús ar dhollair Mheiriceá agus ar steirling, agus aisíocaíochtaí príomhshuime ar an mbunfhiachas, a bhabhtáil go euro, rud a fhágann go bhfálófar an riosca ar na híocaíochtaí sin thar na blianta ó 2010 go 2023 go dtí go dtiocfaidh siad in aibíocht. Le linn 2019, tháinig cuid de na babhtálacha trasairgeadra in aibíocht mar gheall gur aisíocadh US$226.0 milliún d'fhiachas láithrithe príobháideach.

Níor tháinig aon neamhéifeacht, mar a shainmhínítear é in IAS 9, chun cinn maidir leis na babhtálacha airgeadra le linn na bliana (2018: dochar de €0.1 milliún). Cuimsithe ina aonair sa ráiteas ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 tá gnóthachan €8.3 milliún (2018: gnóthachan de €23.3 milliún) a tharla de bharr babhtálacha trasairgeadra, agus déantar é sin a fhritháireamh go suntasach trí ghluaiseachtaí in aistriú na mbuniasachtaíochtaí fálaithe airgeadra eachtraigh ag na rátaí malairte eachtraí a bhí i réim (féach nóta 8).

Chomh maith le conarthaí i malairt eachtrach a rinneadh i ndáil le hiasachtaíochtaí an Ghrúpa, tá an Grúpa tar éis conarthaí i malairt eachtrach a dhéanamh maidir le costais fuinnimh, Comhaontuithe Seirbhíse Fadtéarmacha (LTSAanna) agus riachtanais cheannacháin bhreosla (atá i ndollair na Stát Aontaithe agus i steirling). Tá aibíochtaí ag na conarthaí sin a mhaireann go dtí 2024. Aithníodh gluaiseachtaí dearfacha luacha chóir de €2.3 milliún san iomlán (2018: gluaiseachtaí diúltacha de €11.2 milliún) le linn na bliana maidir le conarthaí i malairt eachtrach den chineál sin, agus aithníodh gluaiseacht dhiúltach luacha chóir de €7.1 milliún ina leith (2018: gluaiseachtaí dearfacha de €0.3 milliún) trí ioncam cuimsitheach eile agus gluaiseacht dhearfach luacha chóir de €9.4 milliún (2018: gluaiseacht dhearfach de €10.9 milliún) sa ráiteas ioncaim.

**Ordlathas luacha chóir**
Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi na modhanna lenar féidir ionstraimí airgeadais a luacháil i nóta 28.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**22. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)**

**(b) Maoiniú agus bainistiú leachtachta - aibíocht na n-ionstraimí airgeadais díorthacha**

Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conarthacha ionstraimí airgeadais díorthacha, lena n-áirítear na glansreafaí airgid gaolmhara neamhlascainithe atá inchurtha ina leith. Táthar ag súil go n-imreoidh na hionstraimí airgeadais díorthacha sin tionchar ar bhrabús nó ar chaillteanas thar tréimhse a bheidh cosúil leis na heis-sreafaí airgid. Áirítear glandliteanais ionstraimí airgeadais díorthacha de €593.9 milliún (2018: €518.7 milliún) le hiarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní chuimsíonn siad cuid de shócmhainní agus de dhliteanais na Máthairchuideachta mar nach bhfuil siad á sealbhú go díreach ag an Máthairchuideachta. Féach nóta 28 (b) chun tuilleadh anailíse a fháil ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta.

| 31 Nollaig 2019 | Suim ghlanluacha €m | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conarthacha - glan €m | Laistigh de 1 bhliain amháin €m | 1 - 2 bliain €m | 2 - 5 bliain €m | Os cionn 5 bliana €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | 5.7 | 5.8 | 5.2 | 0.4 | 0.1 | 0.1 |
| Conarthaí i malairt eachtrach | 25.3 | 25.3 | 20.6 | 4.5 | 0.2 | - |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 198.0 | 198.2 | 180.6 | 15.7 | 1.9 | - |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais | 81.3 | 81.0 | 39.1 | 38.1 | 3.8 | - |
| **Sócmhainní iomlána** | **310.3** | **310.3** | **245.5** | **58.7** | **6.0** | **0.1** |
| Babhtálacha ráta úis | (1.9) | (1.7) | (0.4) | (0.4) | (0.7) | (0.2) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (595.4) | (648.3) | (17.0) | (17.9) | (188.2) | (425.2) |
| Babhtálacha airgeadra | (24.9) | (23.0) | (4.2) | (4.6) | (3.9) | (10.3) |
| Conarthaí i malairt eachtrach | (12.7) | (12.8) | (5.3) | (2.8) | (4.7) | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (295.4) | (295.4) | (245.8) | (46.5) | (3.1) | - |
| **Dliteanais iomlána** | **(930.3)** | **(981.2)** | **(272.7)** | **(72.2)** | **(200.6)** | **(435.7)** |
| **Glansócmhainní / (dliteanais) díorthacha** | **(620.0)** | **(670.9)** | **(27.2)** | **(13.5)** | **(194.6)** | **(435.6)** |
| **31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 5.1 | 6.2 | 1.7 | 4.2 | 0.2 | 0.1 |
| Babhtálacha airgeadra | 39.6 | 41.8 | 31.7 | (3.7) | (1.6) | 15.4 |
| Conarthaí i malairt eachtrach | 3.2 | 8.8 | 7.7 | 0.5 | 0.2 | 0.4 |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 93.4 | 93.8 | 83.2 | 6.8 | 3.8 | - |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais | 83.8 | 83.7 | 35.9 | 24.1 | 23.7 | - |
| **Sócmhainní iomlána** | 225.1 | 234.3 | 160.2 | 31.9 | 26.3 | 15.9 |
| Babhtálacha ráta úis | (3.8) | (3.9) | (1.3) | (1.0) | (0.8) | (0.8) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (558.3) | (627.8) | (14.0) | (13.7) | (180.1) | (420.0) |
| Babhtálacha airgeadra | (21.3) | (23.8) | 0.3 | (0.1) | (0.5) | (23.5) |
| Conarthaí i malairt eachtrach | (2.4) | (2.6) | (2.3) | (0.3) | - | - |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | (146.7) | (147.1) | (92.3) | (30.6) | (24.2) | - |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais | (1.0) | (0.9) | (0.8) | (0.1) | - | - |
| **Dliteanais iomlána** | (733.5) | (806.1) | (110.4) | (45.8) | (205.6) | (444.3) |
| **Glansócmhainní / (dliteanais) díorthacha** | (508.4) | (571.8) | 49.8 | (13.9) | (179.3) | (428.4) |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**22. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)**

**(c) Cúlchistí Fálaithe**

Baineann gluaiseachtaí cúlchistí fálaithe an Ghrúpa leis na hionstraimí fálaithe seo a leanas:

| | Cúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid[1] | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis €m | Conarthaí airgeadra eachtraigh €m | Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla €m | Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais €m | **Iomlán €m** |
| Gluaiseachtaí glanluacha chóir | (8.8) | (5.3) | (36.2) | 27.6 | **(22.7)** |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | 8.8 | - | 0.1 | (29.5) | **(20.6)** |
| Gluaiseachtaí cánach iarchurtha | 0.1 | 0.7 | 4.6 | 0.2 | **5.6** |
| | **0.1** | **(4.6)** | **(31.5)** | **(1.7)** | **(37.7)** |

[1]Cuimsítear leis an gcúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid, méid de €1.3 milliún a bhaineann le costas an fhálaithe.

**Neamhéifeachtacht fálaithe**

Cinntear éifeachtacht an fhálaithe ag tús an chaidrimh fálaithe agus trí mheasúnuithe ionchais tréimhsiúla maidir le héifeachtacht, lena chinntiú go bhfuil caidreamh eacnamaíoch idir an mhír a bhfuil fálú ann ina leith agus an ionstraim fálaithe.

**Conarthaí i malairt eachtrach**

I gcás fáluithe ceannachán malairte eachtraí, déanann an Grúpa caidrimh fálaithe áit arb ionann go díreach téarmaí criticiúla na hionstraime fálaithe agus téarmaí na míre a bhfuil fálú déanta ina leith. Cuireann an Grúpa athbhreithniú cáilíochtúil na héifeachtachta i bhfeidhm. Má tharlaíonn athrú ar chúinsí a bhfuil tionchar aige ar théarmaí na míre a bhfuil fálú déanta ina leith, sa chaoi nach ionann go díreach na téarmaí criticiúla le téarmaí criticiúla na hionstraime fálaithe, úsáideann an Grúpa an modh díorthach hipitéiseach chun neamhéifeachtacht a dheimhniú.

I gcás fáluithe ceannachán malairte eachtraí, d'fhéadfadh neamhéifeachtacht tarlú má dhéantar an t-idirbheart tuartha ag am atá éagsúil ón am a ndearnadh meastachán faoi i dtús báire, nó má tá athruithe ar an riosca creidmheasa.

**Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla agus leictreachais**


I gcás fáluithe conarthaí réamhcheaptha breosla agus leictreachais, déanann an Grúpa caidrimh fálaithe áit arb ionann téarmaí criticiúla na hionstraime fálaithe agus téarmaí na míre a bhfuil fálú déanta ina leith. D'fhéadfadh neamhéifeachtacht tarlú má dhéantar an t-idirbheart tuartha ag am atá éagsúil ón am a ndearnadh meastachán faoi i dtús báire, nó má tá athruithe ar an riosca creidmheasa. Déantar neamhéifeachtacht fálaithe le haghaidh conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla agus leictreachais a thomhas ag baint úsáid as an modh díorthach hipitéiseach.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, téann an Grúpa isteach go rialta i gconarthaí díorthacha díola agus ceannaigh le haghaidh tráchtearraí, lena n-áirítear gás agus leictreachas. Sa chás ina ndeachthas isteach sa chonradh agus go leantar lena shealbhú chun na tráchtearraí a fháil nó a sheachadadh de réir riachtanais díola, cheannaigh nó úsáide ionchais an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí féinúsáide agus tugtar cuntas orthu mar chonarthaí a bhfuil le comhlíonadh. Dá bhrí sin, ní bhíonn na conarthaí sin faoi scóip IFRS 9 - Ionstraimí Airgeadais.

**Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis**

Glacann an Grúpa babhtálacha ráta úis, a bhfuil téarmaí criticiúla acu atá cosúil le téarmaí criticiúla na míre a bhfuil fálú déanta ina leith, mar shampla, ráta tagartha, dátaí íocaíochta, aibíochtaí agus méid barúlach. Déantar an mhír a bhfuil fálú déanta ina leith a shainaithint mar sciar den mhéid gan íoc suas chomh fada le méid barúlach na mbabhtálacha. Déantar neamhéifeachtacht fálaithe le haghaidh babhtálacha ráta úis a thomhas ar bhonn na bprionsabal céanna atá i bhfeidhm i gcás fáluithe conarthaí i malairt eachtrach. D'fhéadfadh sé teacht aníos mar thoradh go príomha ar dhifríochtaí sna téarmaí criticiúla idir na babhtálacha ráta úis agus na hiasachtaí.





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**22. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)**

**(d) Éifeachtaí na cuntasaíochta fálaithe ar an staid agus ar an bhfeidhmíocht airgeadais**

Is iad seo a leanas éifeachtaí na n-ionstraimí fálaithe, a bhfuil cuntasaíocht fálaithe úsáidte (roimh cháin) ina leith, ar staid agus ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa:

| | Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis €m | Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis €m | Babhtálacha ráta úis €m | Conarthaí i malairt eachtrach - dollair na Stát Aontaithe €m | Conarthaí i malairt eachtrach - EUR[1] €m | Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla - Gual €m | Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla (Leibhéal 3)[3] €m | Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais (Leibhéal 3)[3] |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Suim ghlanluacha - sócmhainn / (dliteanas) amhail ar an 31 Nollaig 2019 | (0.7) | (20.3) | (2.1) | 0.4 | (4.9) | (0.6) | (77.5) | 81.3 |
| Méid barúlach | 173.5 | 339.0 | 51.0 | 16.6 | 75.5 | 0.1 | 3.0 | 3.0 |
| Aonad barúlach | USD | GBP | EUR | USD | EUR | Tn | Mwh | Mwh |
| Dáta aibíochta - is luaithe | Nollaig-23 | Samhain-28 | Iúil-31 | Feabhra-20 | Eanáir-20 | Nollaig-20 | Eanáir-20 | Eanáir-20 |
| Dáta aibíochta - is déanaí | Nollaig-23 | Samhain-28 | Iúil-31 | Nollaig-21 | Eanáir-24 | Nollaig-21 | Nollaig-22 | Nollaig-22 |
| Cóimheas fálaithe[2] | 1:1 | 1:1 | 1:1 | 1:1 | 1:1 | 1:1 | 1:1 | 1:1 |
| Athruithe ar luach cóir na n-ionstraimí fálaithe atá fágtha ón 1 Eanáir | 10.1 | (24.4) | (0.7) | (4.6) | (5.5) | 1.2 | (21.2) | 24.0 |
| Athrú ar luach na míre fálaithe a mbaintear leas aisti chun éifeachtacht an fhálaithe a mheas | (10.1) | 24.4 | 0.7 | 4.6 | 5.5 | (1.2) | 21.2 | (23.8) |
| Meánráta / praghas ualaithe a bhfuil fálú déanta ina leith | 6.07/1.19 | 3.37%/ 0.8882 | 1.53 | 1.10 | 0.95 | 89.05 | - | - |
| Aonad ráta/praghais | Ráta úis % / ráta malairte eachtrach | Ráta úis % / ráta malairte eachtrach | % | $/€ | €/£ | €/Tn | - | - |

[1] Neamhchosaint EUR i gcomhair oibriúcháin na Ríochta Aontaithe

[2] Is é atá sa chóimheas fálaithe ná méid na hionstraime fálaithe in aghaidh mhéid na míre a bhfuil fálú déanta ina leith. Déantar an cóimheas fálaithe cuí a chinneadh ar bhunús fachtóirí ar leith amhail na méideanna tráchtearraí a theastaíonn agus neamhchosaint ar chonarthaí i malairt eachtrach agus rátaí úis.

[3] Ní bhaineann an meánráta/meánphraghas ualaithe a bhfuil fálú ann ina leith, leis na conarthaí Leibhéal 3 thuas. Déanann ionstraimí Leibhéal 3 an leictreachas a nascadh níos dlúithe le hionchuir bhreosla.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**23. DLITEANAIS PHINSIN**

Tá roinnt scéimeanna pinsin á bhfeidhmiú ag an nGrúpa don fhoireann i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe. Tá na socruithe pinsin i leith na foirne i bPoblacht na hÉireann, lena n-áirítear fostaithe ESB ar iasacht thar lear, leagtha amach in alt (a) thíos. Tá na socruithe pinsin i leith na foirne sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann leagtha amach in ailt (b) agus (c).

**(a) Máthairchuideachta agus Grúpa - Poblacht na hÉireann**

**(i) Scéim Pinsean le Sochar Sainithe ESB (an Scéim)**

Maoinítear pinsin do thromlach na bhfostaithe i ngnó an leictreachais trí scéim pinsin ranníocach a dtugtar Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB uirthi. Dílsítear an ciste d'Iontaobhaithe a ainmníonn ESB agus a chomhaltaí chun sochar na bhfostaithe agus a gcleithiúnaithe amháin. Is scéim sochair sainithe í an Scéim agus tá sí cláraithe amhlaidh leis an Údarás Pinsean.

Tá na sochair atá le cur ar fáil agus na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill ranníocacha araon ordaithe sna rialacháin a bhfuil an Scéim faoina réir. Bíodh is gur sochair sainithe na sochair sin, níl aon dualgas dlíthiúil ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun na sochair sin a choinneáil má tharlaíonn sé go mbíonn easnamh ann. Ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan comhaontú ESB a fháil, mar aon le faomhadh ón Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Má thagann easnamh aníos amach anseo, tá sé d'oibleagáid ar ESB faoi na rialacháin dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, leis na hIontaobhaithe, agus le hAchtúire na Scéime chun an gá atá le Scéim leasaithe a chur isteach chuig an Aire lena faomhadh a phlé. Is cur chuige éagsúil é sin ón gcur chuige sochair sainithe 'iarmhéid costais' a úsáidtear go hiondúil, ina n-iarrtar ar an bhfostóir iarmhéid na ranníocaíochtaí a íoc chun sochair a mhaoiniú.

**Stair**

Is é an cleachtas atá ann le fada ná go bhfuil ranníocaíochtaí ESB agus na mball araon socraithe ag rialacháin na Scéime ar feadh tréimhsí fada. Rinne Achtúire na Scéime easnamh sa Scéim a thuairisciú roinnt uaireanta ó bhí na 1980idí ann. Gach uair, chuaigh ESB i mbun comhairliúcháin leis an gCoiste, leis na hIontaobhaithe agus leis an Achtúire, de réir a oibleagáidí faoi rialacha na Scéime. Tar éis idirphlé a dhéanamh leis na ceardchumainn, réitíodh na heasnaimh trí ranníocaíochtaí ESB agus bhaill na Scéime araon a mhéadú.

Bhí easnamh achtúireachta de €1,957.0 milliún ann amhail ar an 31 Nollaig 2008 agus thángthas ar Chomhaontú Pinsean 2010 ina dhiaidh sin. Glacadh leis nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar a leithéid d'easnamh trí ranníocaíochtaí a mhéadú. Cuireadh clabhsúr le hidirbheartaíocht idir ESB agus Grúpa Ceardchumann ESB (ionadaithe na bhfostaithe) leis an gComhaontú Pinsean 2010 (ar fhaomh na fostaithe i mí Iúil 2010 é agus ar dhaingnigh Bord ESB go foirmiúil é ar an 20 Deireadh Fómhair 2010). I measc phríomhghnéithe an Chomhaontaithe sin, bhí tabhairt isteach samhail pinsin Meántuilleamh Gairmréime Athluacháilte (CARE) i gcomhair na sochar a thuillfí tar éis an 1 Eanáir 2012, pinsin agus pá a reo, deireadh a chur leis an nasc stairiúil idir méaduithe tuarastail agus pinsin, agus cur i bhfeidhm tástáil sócmhainneachta i ndáil le haon mhéadú pinsin sa todhchaí. Ní dhearnadh aon athrú ar na rátaí ranníocaíochta socraithe don fhostóir agus do bhaill na Scéime. Faoi théarmaí an Chomhaontaithe, ghlac ESB le hinstealladh airgid aonuaire a dhéanamh sa Scéim, a bheidh iníoctha thar líon blianta agus a raibh luacháil comhaontaithe €591.0 milliún aige chun críocha achtúireacha amhail ar an 1 Eanáir 2010. Dúnadh ballraíocht na Scéime faoin gComhaontú agus ní féidir aon bhall ar bith eile dul isteach sa Scéim. D'fhaomh an tAire na hathruithe a raibh an Comhaontú Pinsean 2010 ina údar leo ina dhiaidh sin.

Dhearbhaigh Achtúire na Scéime i rith 2019 go bhfuil sócmhainní na Scéime, ar bhonn achtúireach, cothrom i gcoitinne lena dliteanais amhail ag deireadh 2018. Má tharlaíonn sé sa todhchaí go mbíonn easnamh achtúireach ann, níl aon athrú ar oibleagáid ESB, mar atá leagtha amach i rialacháin na Scéime, dul i gcomhairle leis na páirtithe don Scéim. Tá easnamh ann faoi láthair, áfach, i leith an fhoircinn faoin gCaighdeán Íosmhaoinithe (MFS). Tá plean maoinithe nua á thabhairt chun críche faoi láthair ag na hIontaobhaithe chun dul i ngleic leis an easnamh san MFS. Cuirfear an plean sin faoi bhráid an Údaráis Phinsin le faomhadh na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Níl sé beartaithe ag ESB go ndéanfaí ranníocaíocht ar bith eile, seachas na ranníocaíochtaí sin a ndéantar foráil dóibh faoi rialacháin na scéime (mar a chuirtear síos orthu thíos).

**Sainmhínithe**

Tá trí mhodh éagsúla ann chun stádas airgeadais na Scéime a mheas:
- Luacháil Achtúireach Leanúnach.
- Caighdeán Íosmhaoinithe, de réir Acht na bPinsean.
- Cuntasaíocht, mar atá leagtha amach i gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta (IAS) 19, Sochair Fostaithe.

Déanann gach ceann de na modhanna sin measúnú ar an Scéim ó pheirspictíochtaí faoi leith agus baineann siad úsáid as boinn tuisceana agus as réamhmheastacháin a d'fhéadfadh a bheith éagsúil óna chéile.


**Luacháil Achtúireach Leanúnach**

Oibríonn an modh luachála sin ar an mbonn go leanfaidh an Scéim agus ESB araon i mbun ghnó go ceann i bhfad - ní luacháil foirceanta atá i gceist. Dheimhnigh Achtúire na Scéime in 2019 go raibh an Scéim comhardaithe i gcoitinne ar bhonn achtúireach leanúnaigh ag deireadh 2018; is é sin, go meastar go mbeidh an Scéim in ann a hoibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite, ar bhunús na mbonn tuisceana a rinneadh.

**Foirceannadh / Luacháil an Chaighdeáin Íosmhaoinithe**

Éilíonn Acht na bPinsean ar Iontaobhaithe na Scéime measúnú a dhéanamh freisin ar cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh sí caighdeán faoi leith atá forordaithe a chomhlíonadh, a dtugtar an Caighdeán Íosmhaoinithe (MFS) air. Úsáidtear an caighdeán sin chun a mheas cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh an Scéim in ann na sochair a urrú ar dháta luachála teoiriciúil faoi leith dá ndéanfaí an Scéim a fhoirceannadh ar an dáta sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé beartaithe ag ESB an Scéim a fhoirceannadh. Dheimhnigh Achtúire na Scéime in 2019 nár comhlíonadh an MFS amhail ar an 31 Nollaig 2018 agus go raibh feidhm leis an riachtanas maidir le riosca cúlchiste maidir leis an Scéim freisin. Tá Iontaobhaithe na Scéime i mbun comhairliúchán le ESB faoi láthair d'fhonn plean maoinithe (chun an t-easnamh sin a réiteach) a chur faoi bhráid an Údaráis Phinsin le faomhadh na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Níl sé ar intinn ag ESB go ndéanfaí aon ranníocaíochtaí eile, ach amháin na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha (suas le 16.4% den tuarastal inphinsin, chomh maith le ranníocaíochtaí fostaí suas le 8.5%), mar aon le hiarmhéid ranníocaíochta breise ESB arb ionann é agus €591.0 milliún (ar cuid de Chomhaontú 2010 é).





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**23. DLITEANAIS PINSIN (ar lean)**

**(a) Máthairchuideachta agus an Grúpa - Poblacht na hÉireann (ar lean)**

**(i) Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB (an Scéim) (ar lean)**

**Cuntasaíocht**

Is é IAS 19 (athbhreithnithe) 'Sochair Fostaí' an caighdeán cuntasaíochta ábhartha chun an cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi ar cheart sochair iarfhostaíochta a léiriú i ráitis airgeadais ESB.

Léiríonn na ráitis airgeadais na hoibleagáidí seo a leanas don Scéim:

- Ranníocaíochtaí leanúnacha - aithnítear iad seo sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad. Aithnítear aon mhéid nach bhfuil íoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe.
- Áirítear oibleagáidí €395.2 milliún don Scéim ar an gclár comhardaithe freisin, agus cuimsíonn siad iad seo a leanas;

  - Instealladh don Chomhaontú Pinsin 2010 – gheall ESB instealladh airgid eisceachtúil de €591.0 milliún (PV in airgead 2010 bunaithe ar ráta 6.25%) a dhéanamh sa Scéim thar thréimhse chomhaontaithe ama. Is ionann an t-iarmhéid iníochta amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus €286.9 milliún, i ndiaidh gur iarr Iontaobhaithe na Scéime in 2018 go n-iarchuirfí cuid den ranníocaíocht sin. Tá sé sin faoi réir mhuirear bliantúil maoinithe.

  - Ranníocaíochtaí seirbhíse roimhe seo - cuimsíonn ráta ranníocaíochta leanúnach ESB ranníocaíocht d'iarsheirbhís a fabhraíodh in 2010. Aithnítear luach reatha ranníocaíochtaí sa todhchaí maidir leis an iarsheirbhís ar an gclár comhardaithe. Na méideanna atá fós le híoc, tá siad faoi réir mhuirear maoinithe bliantúil, agus cuimsítear sin mar chostas sa ráiteas ioncaim.

  - Cláir Théarfa Dheonacha (VS) Roimhe Seo - in 2010 d'aithin ESB tiomantas seasta sa todhchaí maidir le baill foirne a d'fhág an Chuideachta faoi chláir VS roimhe seo. Déanfaidh ESB ranníocaíochtaí pinsin i ndáil leis na baill foirne sin agus aithneofar luach cóir na ranníocaíochtaí todhchaí sin ar an gclár comhardaithe freisin. Na méideanna atá fós le híoc, tá siad faoi réir mhuirear maoinithe bliantúil, agus cuimsítear sin mar chostas sa ráiteas ioncaim.

**(ii) Scéim Pinsean le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB**

Feidhmíonn ESB scéim fhaofa le ranníocaíocht shainithe freisin, ar a dtugtar Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB (Scéim Pinsin Fhochuideachtaí ESB roimhe seo), ar son fhostaithe fhochuideachtaí ESB (seachas NIE Networks) agus, ón 1 Samhain 2010, ar son fhoireann oibre nua na Máthairchuideachta. Is iad na baill agus an fostóir a íocann na ranníocaíochtaí, ag rátaí seasta. Léiríonn na sochair atá faighte ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Déantar sochair bháis a árachú ar bhonn Grúpa agus is féidir iad a íoc i bhfoirm cnapshuime agus/nó pinsin marthanóra. Is ionann muirear pinsin don bhliain agus ranníocaíocht shainithe an fhostóra, agus b'ionann é sin agus €14.1 milliún (2018: €12.5 milliún).

**(b) FM Scéim Geallsealbhóirí an Ríochta Aontaithe**

Ina theannta sin, feidhmíonn ESB scéim pinsin do gheallsealbhóirí sa Ríocht Aontaithe dá chuid fostaithe go léir sa Ríocht Aontaithe. Is iad na baill agus an fostóir a íocann na ranníocaíochtaí, ag rátaí seasta. Léiríonn na sochair atá faighte ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Déantar sochair bháis a árachú ar bhonn Grúpa agus d'fheadfaí iad a íoc i bhfoirm cnapshuime agus / nó pinsin marthanóra. Coimeádtar sócmhainní na Scéime seo i gcuntais aonair gheallsealbhóra arna mbainistiú ag Legal & General Assurance Society Limited. Is ionann muirear pinsin don bhliain agus ranníocaíocht shainithe an fhostóra, agus b'ionann é sin agus €1.0 milliún (2018: €0.8 milliún).

**(c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity**

Is baill iad formhór fhostaithe NIE Networks de Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity Networks (Scéim NIE Networks). Tá dhá chuid sa scéim sin: 'Options', ar socrú maidir le ceannach airgid é, ina ndéanann an fostóir ranníocaíochtaí na mball a mheaitseáil i gcoitinne, go dtí uasmhéid 7% den tuarastal, agus 'Focus', a chuireann sochair ar fáil bunaithe ar an tuarastal inphinsin tráth a dtéann an fostaí ar scor nó má fhágann an fostaí an tseirbhís níos luaithe. Níl Focus ag glacadh le baill nua ó bhí 1998 ann, agus mar sin, faoin modh creidmheasa aonaid atá beartaithe, beidh méadú ar an gcostas seirbhíse reatha mar chéatadán den tuarastal i gcás baill na coda seo de réir mar a ndruideann siad i dtreo na haoise scoir. Coinnítear sócmhainní Scéim NIE Networks faoi iontaobhas agus infheistíonn na hiontaobhaithe iad ar chomhairle bainisteoirí infheistíochta gairmiúla.

Éilítear i reachtaíocht na Ríochta Aontaithe go ndéanfaí scéimeanna pinsin a mhaoiniú go críonna. Rinne achtúire cáilithe an luacháil mhaoinithe dheireanach ar an gcuid Focus den Scéim amhail ar an 31 Márta 2017, agus léiríodh easnamh de €154.7 milliún. Tá an Chuideachta ag íoc ranníocaíochtaí easnaimh de €19.4 milliún in aghaidh na bliana (ag dul i méid de réir boilscithe) ón 1 Aibreán 2018 i leith. Íocann NIE Networks ranníocaíochtaí de 46.8% de thuarastail inphinsin i dtaobh fabhraithe reatha, chomh maith le €90,000 i gcostais mhíosúla (2018: 40.3% agus €90,000 faoi seach), agus íocann baill ghníomhacha 6% eile dá dtuarastal inphinsin.

**Próifíl na Scéime**

Áirítear leis na sochair an glandliteanas d'fhostaithe reatha, d'iarfhostaithe agus do phinsinéirí reatha. Go ginearálta, tá 20% de na dliteanais inchurtha i leith fostaithe reatha, 5% i leith iarfhostaithe agus 75% i leith pinsinéirí reatha. Is léiriú é fad na Scéime ar an meánam ualaithe a imíonn thart sula ndéanfar íocaíochtaí sochair. Le haghaidh Scéim NIE Networks, tá meánam thart ar 14 bliana i gceist (2018: 14 bliana) bunaithe ar an luacháil mhaoinithe dheireanach.

**Boinn tuisceana airgeadais**

An luacháil a rinne achtúirí neamhspleácha ar chuid Focus de Scéim NIE Networks chun críche nochtuithe IAS 19, tá sí bunaithe ar na boinn tuisceana seo a leanas:

| | % amhail ar 31 Nollaig 2019 | % amhail ar 31 Nollaig 2018 |
|---|---|---|
| Ráta úis a cuireadh i bhfeidhm ar dhliteanais lascaine[1] | **2.00** | 2.80 |
| Boilsciú praghsanna (CPI sa Ríocht Aontaithe) | **2.10** | 2.10 |
| Ráta méadaithe i dtuarastail inphinsin | **2.75** | 3.20 |
| Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc | **2.10** | 2.10 |

[1]Is é 2.0% an ráta lascaine a úsáideadh chun an dliteanas pinsin a ríomh amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: 2.8%). Socraíodh é sin trí thagairt a dhéanamh do thorthaí an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin amhail ar an dáta sin. Bhí airgeadra agus téarma na mbannaí corparáideacha ar aon dul le hairgeadra agus le téarma meastа na n-oibleagáidí sochair iar-fhostaíochta.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**23. DLITEANAIS PINSIN (ar lean)**

**(c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity (ar lean)**

**Boinn tuisceana maidir le mortlaíocht**

Tá na boinn tuisceana a bhaineann leis an ionchas saoil a bheidh ag baill ag am scoir leagtha amach thíos. Tá na boinn tuisceana sin bunaithe ar tháblaí mortlaíochta caighdeánacha achtúireacha, agus áirítear lamháltas d'fheabhsúcháin ar ionchas saoil sa todhchaí leo.

| | Amhail ar an 31 Nollaig 2019 | | Amhail ar an 31 Nollaig 2018 | |
|---|---|---|---|---|
| | Fir Blianta | Mná Blianta | Fir Blianta | Mná Blianta |
| Pinsinéirí reatha ag aois 60 | **26.3** | **28.7** | 26.2 | 28.6 |
| Pinsinéirí sa todhchaí atá 40 bliain d'aois faoi láthair (ionchas saoil aois 60) | **27.9** | **30.3** | 27.8 | 30.2 |

**Sócmhainní agus dliteanais pinsin**

Is iad seo a leanas na sócmhainní agus dliteanais i gcuid Focus de Scéim NIE Networks:

| | Amhail ar an 31 Nollaig 2019 € m | Amhail ar an 31 Nollaig 2018 € m |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna – luaite | **253.3** | 256.7 |
| Bannaí – luaite | **369.1** | 259.8 |
| Infheistíocht chreidmheasa in ilsócmhainní | **443.2** | 422.6 |
| Fás éagsúlaithe – luaite | **253.2** | 233.4 |
| Airgead tirim | **14.4** | 7.0 |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | **1,333.2** | 1,179.5 |
| Luach reatha oibleagáidí maoinithe | **(1,449.2)** | (1,290.3) |
| **Glaneasnamh** | **(116.0)** | (110.8) |

| | Amhail ar an 31 Nollaig 2019 € m | Amhail ar an 31 Nollaig 2018 € m |
|---|---|---|
| **Athrú in oibleagáid sochair** | | |
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | **1,290.3** | 1,429.4 |
| Gluaiseacht sa bhliain: | | |
| Costas na seirbhíse reatha | **6.1** | 7.8 |
| Costas úis | **35.7** | 34.7 |
| Ranníocaíochtaí bhaill an phlean | **0.3** | 0.3 |
| Caillteanas / (gnóthachan) achtúireach - tionchar na n-athruithe ar bhoinn tuisceana airgeadais | **127.9** | (50.1) |
| Caillteanas achtúireach - tionchar na n-athruithe ar bhoinn tuisceana dhéimeagrafacha | **-** | (51.7) |
| (Gnóthachan) / caillteanas achtúireach - caillteanas ó thaithí | **(3.0)** | 17.9 |
| Sochair a íocadh | **(77.4)** | (94.3) |
| Costas ciorrúcháin | **0.1** | 4.7 |
| Costas seirbhíse san am a caitheadh | **-** | 1.9 |
| Difríocht aistrithe ar oibleagáid sochair sa bhliain | **69.2** | (10.3) |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **1,449.2** | 1,290.3 |
| | | |
| **Athrú i sócmhainní an phlean** | | |
| Luach cóir sócmhainní plean ag tús na bliana | **1,179.5** | 1,286.4 |
| Gluaiseacht sa bhliain: | | |
| Ús ar shócmhainní an phlean | **33.0** | 31.2 |
| Toradh iarbhír ar shócmhainní lúide ús | **107.4** | (64.7) |
| Ranníocaíochtaí fostóra | **28.6** | 31.8 |
| Ranníocaíochtaí bhaill an phlean | **0.3** | 0.3 |
| Costais riaracháin iarbhír (lena n-áirítear an tobhach Ciste Cosanta Pinsin (PPF)) íoctha | **(1.7)** | (1.8) |
| Sochair a íocadh | **(77.4)** | (94.3) |
| Difríocht aistrithe ar shócmhainní sa bhliain | **63.5** | (9.4) |
| **Luach cóir sócmhainní an phlean ag deireadh na bliana** | **1,333.2** | 1,179.5 |
| | | |
| **Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean don bhliain** | **140.4** | (33.5) |

Léiríonn an caillteanas (gnóthachan) ciorrúcháin a tháinig chun cinn in 2018 na costais iarsheirbhíse a bhaineann le fostaithe ag imeacht ón gcuideachta faoi chlár athstruchtúraithe imeachta.

Tháinig costais iarsheirbhíse in 2018 aníos mar gheall ar shoiléiriú an dlí i ndáil leis an gComhionannú Pinsin Íosta Ráthaithe do mhná agus d'fhir.

Measann an Grúpa go n-íocfaidh sé ranníocaíochtaí de thuairim is €28.7 milliún le Focus in 2020.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**23. DLITEANAIS PINSIN (ar lean)**

**(c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity (ar lean)**

| **Is é seo a leanas anailís ar na méideanna arna n-aithint i gcostais fostaí mar chuid den mhuirear sochar fostaí:** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| Costas na seirbhíse reatha | **(6.1)** | (7.8) |
| Costas ciorrúcháin | **(0.1)** | (4.7) |
| Costas seirbhíse san am a caitheadh | **-** | (1.9) |
| Costais riaracháin iarbhír (lena n-áirítear an tobhach Ciste Cosanta Pinsin (PPF)) íoctha | **(1.7)** | (1.8) |
| **Muirear sochair shainithe iomlán sa bhliain** | **(7.9)** | (16.2) |

| **Anailís ar na méideanna arna n-aithint sna costais airgeadais, mar ghlan-ús scéime pinsin:** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| Ús ar shócmhainní scéime pinsin | **33.0** | 31.2 |
| Ús ar dhliteanais scéime pinsin | **(35.7)** | (34.7) |
| **Glanmhuirear scéime pinsin** | **(2.7)** | (3.5) |

| **Anailís ar na méideanna arna n-aithint sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach (gan aistriú san áireamh)** | **2019 € m** | 2018 € m |
|---|---|---|
| Toradh iarbhír ar shócmhainní lúide ús | **107.4** | (64.7) |
| (Caillteanas) achtúireach / gnóthachan ar dhliteanais | **(124.9)** | 83.9 |
| **Glan-chaillteanas / -ghnóthachan achtúireach** | **(17.5)** | 19.2 |

**Anailís íogaireachta**
Is iad na méideanna atá ar taispeáint thíos an tionchar a bheadh ag athruithe réasúnta féideartha amhail ar dáta an tuairiscithe ar cheann amháin de na boinn tuisceana ábhartha achtúireachta ar an oibleagáid sochair shainithe, dá gcoinneofaí gach bonn tuisceana eile seasmhach.

| | **Tionchar ar dhliteanais scéime (méadú) / laghdú** | |
|---|---|---|
| **Dliteanas pinsin** | **2019 € m** | 2018 € m |
| Ráta lascaine (méadú 0.1%) | **19.1** | 15.7 |
| Ráta boilscithe (méadú 0.1%) | **(17.8)** | (14.6) |
| Mortlaíocht sa todhchaí (méadú 1 bhliana) | **(55.3)** | (44.9) |

D'ainneoin nach gcuireann an anailís san áireamh dáileadh iomlán na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo faoin bplean, cuireann sé meastachán ar fáil d'íogaireacht na mbonn tuisceana a thaispeántar.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**24. DLITEANAS - SCÉIM PINSEAN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE**

| | | Dliteanais a bhaineann le fostaithe | | |
|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **Dliteanas - scéim pinsean ESB € m** | Dliteanais athstruchtúraithe € m | Eile € m | **Iomlán € m** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | **394.3** | 61.2 | 50.8 | **112.0** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim | **-** | 13.7 | 53.2 | **66.9** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(13.2)** | (21.0) | (49.4) | **(70.4)** |
| Muirear airgeadaíochta | **14.1** | - | - | **-** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | **395.2** | 53.9 | 54.6 | **108.5** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **395.2** | 53.9 | 54.6 | **108.5** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim | **-** | 55.2 | 68.1 | **123.3** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(12.1)** | (15.9) | (65.8) | **(81.7)** |
| Muirear airgeadaíochta | **9.5** | - | - | **-** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **392.6** | 93.2 | 56.9 | **150.1** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **96.1** | 70.4 | - | **70.4** |
| Dliteanais reatha | **296.5** | 22.8 | 56.9 | **79.7** |
| **Iomlán** | **392.6** | **93.2** | **56.9** | **150.1** |

| | | Dliteanais a bhaineann le fostaithe | | |
|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **Dliteanas - scéim pinsean ESB € m** | Athstruchtúrú dliteanas € m | Eile € m | **Iomlán € m** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | **394.3** | 60.0 | 40.6 | **100.6** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim | **-** | 5.3 | 44.5 | **49.8** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(13.2)** | (12.3) | (40.6) | **(52.9)** |
| Muirear airgeadaíochta | **14.1** | - | - | **-** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | **395.2** | 53.0 | 44.5 | **97.5** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **395.2** | 53.0 | 44.5 | **97.5** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim | - | 55.2 | 63.4 | **118.6** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(12.1)** | (15.2) | (62.1) | **(77.3)** |
| Muirear airgeadaíochta | **9.5** | - | - | **-** |
| Aistruithe ó chuideachta Grúpa | **-** | - | 5.1 | **5.1** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **392.6** | 93.0 | 50.9 | **143.9** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **96.1** | 70.3 | - | **70.3** |
| Dliteanais reatha | **296.5** | 22.7 | 50.9 | **73.6** |
| **Iomlán** | **392.6** | **93.0** | **50.9** | **143.9** |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 24. DLITEANAS - SCÉIM PINSIN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE (ar lean)

**Dliteanas - scéim pinsean ESB**
Féach nóta 23 (a) cuid (i).

**Athstruchtúrú dliteanas**
Is ionann an fhoráil seo agus an costas a mheastar a bhainfeadh le híocaíochtaí iarfhostaíochta d'iarfhostaithe, seachas na méideanna sin a chuimsítear faoin scéim pinsin. Tá dliteanais san áireamh ann a bhaineann le híocaíochtaí leanúnacha a dhéanamh le fostaithe a d'fhág faoi thionscnaimh théarfa dheonaigh cheana, atáthar ag súil a bheith scaoilte go hábhartha faoi 2035. Déantar sreafaí airgid na todhchaí a bhfuiltear ag súil leo a lascainiú go dtí an luach reatha trí úsáid a bhaint as rátaí úis fadtéarmacha atá bunaithe ar chuar lascainithe nialasaigh ar an dáta tuairiscithe móide raon difríochta creidmheasa cuí.

**Eile**
De réir cheanglais IAS 19 Sochair Fostaí, tá soláthar déanta maidir le dliteanais luach saothair na bhfostaithe, lena n-áirítear laethanta saoire fabhraithe agus íocaíochtaí bainteach le feidhmíocht.

## 25. SUIMEANNA INÍOCTHA TRÁDÁLA AGUS SUIMEANNA INÍOCTHA EILE

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m |
| **Méideanna iníoctha reatha:** | | | | |
| Íocaíochtaí dul chun cinn ar obair atá idir lámha | **136.1** | 89.6 | **94.8** | 71.0 |
| Méideanna trádála iníoctha | **252.1** | 309.2 | **183.1** | 200.0 |
| Creidiúnaithe caipitil | **78.9** | 66.4 | **59.0** | 48.4 |
| Méideanna iníoctha eile | **58.3** | 56.9 | **33.2** | 37.8 |
| Cánacha párolla | **13.7** | 13.7 | **12.2** | 12.8 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | **5.7** | 5.3 | **4.7** | 4.5 |
| Cáin bhreisluacha | **42.6** | 42.8 | **14.7** | 13.4 |
| Fabhruithe | **167.9** | 126.4 | **49.7** | 28.7 |
| Méideanna dlite do ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **4,258.0** | 4,044.8 |
| Ús fabhraithe ar iasachtaíochtaí | **79.3** | 78.8 | **41.8** | 40.7 |
| **Iomlán** | **834.6** | 789.1 | **4,751.2** | 4,502.1 |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 26. IONCAM IARCHURTHA

| **GRÚPA** | **Ranníocaíochtaí soláthair agus eile € m** |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | **510.1** |
| Aistriú IFRS 15 ó mhaoin, gléasra agus trealamh | **733.3** |
| **Iarmhéid athshonraithe amhail ar an 1 Eanáir 2018** | **1,243.4** |
| Infhála | **148.8** |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | **(111.2)** |
| Difríochtaí aistrithe | **(4.9)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | **1,276.1** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **1,276.1** |
| Infhála | **173.6** |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | **(122.7)** |
| Difríochtaí aistrithe | **20.6** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **1,347.6** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | |
| Dliteanais neamhreatha | **1,259.3** |
| Dliteanais reatha | **88.3** |
| **Iomlán** | **1,347.6** |

| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **Ranníocaíochtaí soláthair agus eile € m** |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | **469.6** |
| Aistriú IFRS 15 ó mhaoin, gléasra agus trealamh | **382.8** |
| **Iarmhéid athshonraithe amhail ar an 1 Eanáir 2018** | **852.4** |
| Infhála | **55.0** |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | **(49.4)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | **858.0** |
| **Iarmhéid athshonraithe amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **858.0** |
| Infhála | **98.3** |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | **(55.0)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **901.3** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | |
| Dliteanais neamhreatha | **843.4** |
| Dliteanais reatha | **57.9** |
| **Iomlán** | **901.3** |

Taifeadadh ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha agus deontais caipitil a fuarthas roimh mhí Iúil 2009 mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear go dtí an ráiteas ioncaim iad ar bhunús atá ag teacht le beartas dímheasa na sócmhainní ábhartha.

Mar atá leagtha síos i nóta 1, déantar na ranníocaíochtaí soláthair uile (lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó Iúil 2009 go dtí 31 Nollaig 2017) a thaifeadadh anois mar ioncam iarchurtha agus a scaoileadh chuig an ráiteas ioncaim ar bhonn atá ag teacht le beartas dímheasa na sócmhainní gaolmhara. Áirítear sna hiarmhéideanna Grúpa thuas ranníocaíochtaí soláthair a bhfuil glanluach de réir na leabhar de €733.3 milliún acu, a aistríodh ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar an 1 Eanáir 2018, mar gheall ar an athrú seo ar an gcur chuige cuntasaíochta.

Cuimsíonn iarmhéid deiridh an Ghrúpa thuas ranníocaíochtaí soláthair de €1,307.5 milliún (2018: €1,229.9 milliún) agus ioncam iarchurtha de €40.1 milliún (2018: €46.2 milliún).

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**27. FORÁLACHA**

| GRÚPA | Aistarraingt sócmhainní astaíochtaí € m | Soláthar astaíochtaí € m | Eile € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 260.7 | 68.9 | 84.3 | **413.9** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim / do shochar an ráitis ioncaim | | | | |
| - Lamháltais astaíochtaí | - | 69.7 | - | **69.7** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 15.0 | **15.0** |
| - Aistarraingt sócmhainní | 2.2 | - | - | **2.2** |
| Dlíthiúil agus eile a ndearnadh caipitliú orthu i rith na bliana | - | - | 11.8 | **11.8** |
| Foráil arna caipitliú i rith na bliana | 19.9 | - | - | **19.9** |
| Foráil ESOP arna muirearú do chothromas (nóta 32) | - | - | 0.9 | **0.9** |
| Arna úsáid sa bhliain | (1.9) | (59.5) | (19.1) | **(80.5)** |
| Muirear airgeadaíochta | 2.5 | - | (0.5) | **2.0** |
| Difríochtaí aistrithe | (0.2) | 0.2 | (0.1) | **(0.1)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 283.2 | 79.3 | 92.3 | **454.8** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 283.2 | 79.3 | 92.3 | **454.8** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim / do shochar an ráitis ioncaim | | | | |
| - Lamháltais astaíochtaí | - | 105.4 | - | **105.4** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 4.0 | **4.0** |
| - Aistarraingt sócmhainní | (6.8) | - | - | **(6.8)** |
| Laghdú ar fhorálacha eile arna gcaipitliú | - | - | (9.7) | **(9.7)** |
| Foráil ESOP arna muirearú do chothromas (nóta 32) | - | - | 0.3 | **0.3** |
| Foráil arna caipitliú i rith na bliana (glan) | 10.8 | - | - | **10.8** |
| Arna úsáid sa bhliain | (1.9) | (70.5) | (18.4) | **(90.8)** |
| Muirear airgeadaíochta | 2.4 | - | - | **2.4** |
| Difríochtaí aistrithe | 1.6 | - | 0.5 | **2.1** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 289.3 | 114.2 | 69.0 | **472.5** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 276.1 | - | 46.4 | **322.5** |
| Dliteanais reatha | 13.2 | 114.2 | 22.6 | **150.0** |
| **Iomlán** | **289.3** | **114.2** | **69.0** | **472.5** |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Aistarraingt sócmhainní astaíochtaí € m | Soláthar astaíochtaí € m | Eile € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | 227.8 | 41.1 | 78.3 | **347.2** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim / do shochar an ráitis ioncaim | | | | |
| - Lamháltais astaíochtaí | - | 48.4 | - | **48.4** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 3.1 | **3.1** |
| - Aistarraingt sócmhainní | 2.0 | - | - | **2.0** |
| Dlíthiúil agus eile a ndearnadh caipitliú orthu i rith na bliana | - | - | 11.8 | **11.8** |
| Foráil arna caipitliú i rith na bliana | (4.0) | - | - | **(4.0)** |
| Foráil ESOP arna muirearú do chothromas (nóta 32) | - | - | 0.9 | **0.9** |
| Arna úsáid sa bhliain | (1.9) | (36.6) | (18.1) | **(56.6)** |
| Muirear airgeadaíochta | 2.2 | - | (0.5) | **1.7** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 226.1 | 52.9 | 75.5 | **354.5** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | 226.1 | 52.9 | 75.5 | **354.5** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim / do shochar an ráitis ioncaim | | | | |
| - Lamháltais astaíochtaí | - | 47.9 | - | **47.9** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 3.2 | **3.2** |
| - Aistarraingt sócmhainní | (7.5) | - | - | **(7.5)** |
| Laghdú ar fhorálacha eile arna gcaipitliú | - | - | (9.7) | **(9.7)** |
| Foráil ESOP arna muirearú do chothromas (nóta 32) | - | - | 0.3 | **0.3** |
| Arna úsáid sa bhliain | (1.9) | (46.2) | (9.9) | **(58.0)** |
| Muirear airgeadaíochta | 2.1 | - | - | **2.1** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 218.8 | 54.6 | 59.4 | **332.8** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 205.6 | - | 40.9 | **246.5** |
| Dliteanais reatha | 13.2 | 54.6 | 18.5 | **86.3** |
| **Iomlán** | **218.8** | **54.6** | **59.4** | **332.8** |





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

**27. FORÁLACHA (ar lean)**

**Foráil aistarraingte sócmhainní**

Ar an 31 Nollaig 2019, bhí soláthar de €289.3 milliún (2018: €283.2 milliún) ag an nGrúpa le haghaidh aistarraingt sócmhainní, agus is ionann sin agus luach reatha an mheastacháin reatha ar na costais a eascraíonn ó oibleagáidí áirithe maidir le haistarraingt agus díchoimisiúnú, go príomha, stáisiúin giniúna, feirmeacha gaoithe agus cuaillí adhmaid de chuid ESB Networks atá cóireáilte le créasóid ag deireadh a saolré eacnamaíche úsáidí.

Táthar ag súil go ndúnfaí formhór na stáisiún giniúna roimh an mbliain 2040. Mar gur ar bhonn lascaine a luaitear na costais, áirítear muirear maoinithe sa ráiteas ioncaim agus cuirtear leis an soláthar gach bliain é. Déantar an foráil i gcomhair aistarraingt sócmhainní a athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus athríomhtar an dliteanas de réir an mheastacháin ionchais is déanaí.

Mar thoradh ar athruithe ar mheastacháin le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019, méadaíodh an foráil le haghaidh baint as feidhm sócmhainní faoi €4.0 milliún (2018: méadú €22.1 milliún). Áirítear le luach measta chostais aistarraingte na todhchaí amhail ar dháta an chláir chomhardaithe an díchóimeáil fhisiciúil, feabhsúchán suímh agus costais ghaolmhara.

Tá roinnt éiginnteachtaí ann a imríonn tionchar ar ríomh na forála aistarraingte sócmhainní, lena n-áirítear tionchar rialála, cruinneas na suirbhéanna suímh, éilliú nach rabhthas ag súil leis, tionchar teicneolaíochtaí malartacha agus athruithe sa ráta lascaine. Agus an fhoráil á ríomh aige, tá an meastachán is fearr déanta ag an nGrúpa maidir leis an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag na héiginnteachtaí sin, ach d'fhéadfadh athruithe ábhartha amach anseo ar aon cheann de na boinn tuisceana tionchar ábhartha a imirt ar ríomh na forála. Déantar sreafaí airgid na todhchaí a bhfuiltear ag súil leo a lascainiú go dtí an luach reatha trí úsáid a bhaint as ráta cuí lascainithe roimh cháin.

**Soláthar le haghaidh astaíochtaí**

De réir fhorálacha scéim trádála astaíochtaí $CO_2$ na hEorpa, aithnítear foráil chun an dliteanas maidir le hastaíochtaí iarbhír i rith na bliana a chlúdach. Cuirtear lamháltais a cheannaítear i rith na bliana ar ais chuig an Údarás ábhartha atá i mbun na scéime laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin, i gcomhréir leis na hastaíochtaí $CO_2$ iarbhír i rith na bliana. Is ionann an fhoráil agus an oibleagáid lamháltais astaíochtaí atá cothrom leis na hastaíochtaí iarbhír a chur ar ais. Tomhaistear an oibleagáid ag suim ghlanluacha na lamháltas astaíochta $CO_2$ caipitlithe, chomh maith leis an luach margaidh atá ag aon lamháltas breise a theastaíonn chun dliteanas dheireadh na bliana a shocrú.

**Soláthairtí eile**

Meastacháin atá i gceist le soláthairtí eile maidir le dliteanais do thríú páirtithe, i ndáil le héilimh a chuirtear in iúl nó a ndéantar soláthar ina leith ag deireadh na bliana. Tá meastachán maidir le dliteanais a tabhaíodh ach nár cuireadh in iúl go fóill san áireamh i soláthar dheireadh na bliana.

Cuimsithe i bhforálacha eile, tá méid maidir le holléilimh inчетa árachais. Cuimsíonn na hinfháltais eile €1.6 milliún in aisghabhálacha árachais i leith na n-éileamh sin.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 28. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR

### (a) Forléargas ar bhainistiú riosca airgeadais

**Timpeallacht riosca**

Baineann na príomhrioscaí airgeadais don Ghrúpa le malairt eachtrach (go háirithe gluaiseachtaí ar luach an euro i gcomparáid le steirling agus le dollar SAM) agus gluaiseachtaí i bpraghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla). Rioscaí lárnacha fadtéarmacha airgeadais freisin iad an riosca leachtachta, chomh maith le neamhchosaint ar luaineacht ráta úis, ach táthar tar éis déileáil leo den chuid is mó sa ghearrthéarma. Athbhreithníonn, leasaíonn agus faomhann an Bord beartais go rialta a thugann cosaint don Ghrúpa ó na rioscaí seo agus ó rioscaí eile, amhail riosca creidmheasa, mar is cuí. Le linn 2019, d'athbhreithnigh agus d'fhaomh an Bord beartais an Ghrúpa i leith Rátaí Úis, Malairte Eachtraí agus Maoinithe & Leachtachta. Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as gnáthbhearta cistíochta an Ghrúpa. Coinnítear an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le ceisteanna móra cistíochta agus na bearta maolaithe a bhaineann leo.

Is iad feidhmeanna na hoifige tosaigh agus oifige láir na haonad ghnó ábhartha a dhéanann riosca praghsanna tráchtearraí a bhainistiú: ESB Trading (laistigh de Ghiniúint agus Trádáil) agus Réitigh do Chustaiméirí. Déantar é sin i gcomhthéacs chreat bainistíochta riosca an Ghrúpa ar an iomlán. Déanann Iniúchóireacht Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar na gníomhaíochtaí sin agus is iad na Coistí Bainistíochta um Riosca Trádála (a ndéanann an Coiste Trádála Grúpa (CTG) maoirseacht)) atá freagrach as cinntiú go ndéileáiltear go sásúil le fionnachtana agus moltaí na hiniúchóireachta inmheánaí. Cinntíonn feidhm Bhainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa go ndéantar rioscaí margaidh, creidmheasa agus oibriúcháin an Ghrúpa a bhainistiú ar shlí atá beartaithe le cosaint a thabhairt don Ghrúpa ó chaillteanas agus go mbíonn meas ag an am céanna ar na hoibleagáidí imfhálaithe atá i bhfeidhm idir na haonaid ghnó.

Is féidir conarthaí a dhéantar chun fálú a dhéanamh ar neamhchosaint a eascraíonn as táirgeadh agus díol leictreachais a dheighilt ina gconarthaí réamhcheaptha praghais breosla, conarthaí réamhcheaptha praghais leictreachais agus conarthaí i malairt eachtrach. Déantar ionstraimí airgeadais a dhí-aithint tráth a socruithe nó a ndíolta.

**Struchtúr um thuairisciú ar riosca**

Rinne an Bord, tríd an bPríomhfheidhmeannach, an fhreagracht níos leithne a tharmligean do CTG as bainistíocht a dhéanamh ar riosca trádála ESB ar bhealach a réitíonn le lamháltais riosca agus straitéisí gnó an Ghrúpa. Bhunaigh an GTC teorainneacha riosca chun neamhchosaint riosca trádála a bhainistiú agus a theorannú ag leibhéal an Ghrúpa agus an aonaid ghnó. Déantar na teorainneacha sin a dhoiciméadú le haghaidh gach ceann de ghnóthaí ESB atá i mbun gníomhaíochtaí trádála mórdhíola. Anuas air sin, tá Beartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa infheidhmithe do gach ceann de na gnóthaí sin.

I nGiniúint agus Trádáil agus i Réitigh do Chustaiméirí araon, bíonn cruinnithe gach mí (nó níos minice de réir mar is gá) ag Coistí Bainistíochta Riosca Trádála ar leithligh, agus feidhmíonn siad mar phríomh-mhaoirseoir an riosca trádála ar leibhéal an aonaid gnó aonair imfhálaithe. Ar na coistí sin tá ceann na feidhme Oifige Tosaigh, an Bainisteoir Riosca Trádála (Oifig Láir), ionadaí ó Bhainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa, agus Rialtóir Airgeadais an aonaid ghnó. Tá na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála freagrach as an straitéis riosca trádála a cheapadh de réir Bheartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa agus tá siad freagrach as comhlíonadh an bheartais chéanna a chinntiú, as teorann riosca trádála a bhainistiú agus as a chinntiú go bhfuil creat éifeachtach rialaithe i bhfeidhm.

Coimeádann an fheidhm oifige láir i ngach aonad gnó líne tuairiscithe ar leithligh go dtí feidhm Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa, atá freagrach as a chinntiú go ndéantar glan-neamhchosaint an Ghrúpa d'athruithe praghsanna tráchtearraí nó praghsanna eile a bhainistiú go cuí de réir Bheartas Bainistíochta Riosca an Ghrúpa.

**Cuntasaíocht fálaithe**

Úsáideann ESB iasachtaíochtaí agus ionstraimí éarlaise chun cistí breise a infheistiú. Chomh maith leis sin, úsáideann ESB ionstraimí ráta úis agus airgeadra eachtraigh chun rioscaí ráta úis agus airgeadra a thagann chun cinn i ngnáthchúrsa oibríochtaí ó iasachtaíochtaí ainmnithe i ndollair na Stát Aontaithe agus i steirling, óna fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh, agus ó úsáid soláthraithe airgeadra eachtraigh, a bhainistiú.Baintear úsáid as cuntasaíocht fálaithe de bhun IFRS 9 i gcomhair fálaithe ar dhliteanais airgeadra eachtraigh agus rioscaí rátaí úis ó dhliteanais reatha agus neamhreatha araon.

Ina theannta sin, téann an Grúpa i mbun idirbhearta tráchtearraí fálaithe áirithe chun costais bhreosla a shocrú agus chun nasc níos dlúithe a dhéanamh, nuair is féidir, idir ioncam leictreachais agus ionchuir bhreosla. Ag an dáta tionscanta, cinneann an Grúpa cibé acu an ndéanfar na hionstraimí airgeadais a ainmniú i gcaidrimh fálaithe, nó nach ndéanfar. Comhlíonann socruithe áirithe critéir shonracha IFRS 9 maidir le cuntasaíocht fhálaithe.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, téann an Grúpa isteach go rialta i gconarthaí díorthacha díola agus ceannaigh le haghaidh tráchtearraí, lena n-áirítear gás agus leictreachas. Sa chás ina ndeachthas isteach sa chonradh agus go leantar lena shealbhú chun na tráchtearraí a fháil nó a sheachadadh de réir riachtanais díola, cheannaigh nó úsáide ionchais an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí féinúsáide agus tugtar cuntas orthu mar chonarthaí a bhfuil le comhlíonadh. Dá bhrí sin, ní bhíonn na conarthaí sin faoi scóip IFRS 9 - Ionstraimí Airgeadais.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

## 28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

### (b) Forbhreathnú ar shócmhainní agus dhliteanais airgeadais

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais, gan dliteanais atá bainteach le fostaithe a áireamh, ar an 31 Nollaig 2019 agus an 31 Nollaig 2018:

| | Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | | Sócmhainní (dliteanais) atá á gcoinneáil ag costas amúchta | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh le caidrimh fálaithe | | Ionstraimí airgeadais díorthacha gan gaolmhaireachtaí fálaithe | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | **-** | - | **12.4** | 47.2 | **-** | - | **-** | - | **12.4** | 47.2 |
| Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | **13.4** | 10.5 | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **13.4** | 10.5 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **37.4** | 48.8 | **28.1** | 19.8 | **65.5** | 68.6 |
| **Sócmhainní airgeadais neamhreatha iomlána** | **13.4** | 10.5 | **12.4** | 47.2 | **37.4** | 48.8 | **28.1** | 19.8 | **91.3** | 126.3 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile* | **-** | - | **1,029.7** | 852.7 | **-** | - | **-** | - | **1,029.7** | 852.7 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | **-** | - | **125.1** | 229.1 | **-** | - | **-** | - | **125.1** | 229.1 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **44.4** | 90.9 | **200.4** | 65.6 | **244.8** | 156.5 |
| **Sócmhainní airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **1,154.8** | 1,081.8 | **44.4** | 90.9 | **200.4** | 65.6 | **1,399.6** | 1,238.3 |
| **Sócmhainní airgeadais iomlána** | **13.4** | 10.5 | **1,167.2** | 1,129.0 | **81.8** | 139.7 | **228.5** | 85.4 | **1,490.9** | 1,364.6 |
| **DLITEANAIS** | | | | | | | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíochtaí agus fiachas eile | **-** | - | **4,751.7** | 4,537.7 | **-** | - | **-** | - | **4,751.7** | 4,537.7 |
| Dliteanais léasa | **-** | - | **112.4** | - | **-** | - | **-** | - | **112.4** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **51.7** | 70.6 | **610.8** | 554.6 | **662.5** | 625.2 |
| **Dliteanais airgeadais neamhreatha iomlána** | **-** | - | **4,864.1** | 4,537.7 | **51.7** | 70.6 | **610.8** | 554.6 | **5,526.6** | 5,162.9 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíochtaí agus fiachas eile | **-** | - | **480.7** | 606.3 | **-** | - | **-** | - | **480.7** | 606.3 |
| Dliteanais léasa | **-** | - | **19.6** | - | **-** | - | **-** | - | **19.6** | - |
| Trádáil agus suimeanna iníochta eile** | **-** | - | **772.6** | 727.4 | **-** | - | **-** | - | **772.6** | 727.4 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **39.5** | 13.6 | **228.3** | 94.7 | **267.8** | 108.3 |
| **Dliteanais airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **1,272.9** | 1,333.7 | **39.5** | 13.6 | **228.3** | 94.7 | **1,540.7** | 1,442.0 |
| **Dliteanais airgeadais iomlána** | **-** | - | **6,137.0** | 5,871.4 | **91.2** | 84.2 | **839.1** | 649.3 | **7,067.3** | 6,604.9 |

* Tá réamhíocaíochtaí fágtha as an áireamh mar nach rangaítear iad mar shócmhainn airgeadais.
** Fágadh CBL agus cánacha fostaíochta ar lár mar gur dliteanais reachtúla iad.

Ní dhéantar anailís ar sholáthairtí agus ar dhliteanais fostaithe an Ghrúpa sa tábla thuas, ná san anailís bhreise ar an gcéad leathanach eile. Áirítear leis sin an dliteanas don oibleagáid pinsin de €392.6 milliún amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €395.2 milliún). Féach nótaí 23 agus 24 chun tuilleadh eolais a fháil faoi seo agus faoi dhliteanais a bhaineann le fostaithe.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(b) Forbhreathnú ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais (ar lean)**

| | Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | | Sócmhainní (dliteanais) atá á gcoinneáil ag costas amúchta | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh le caidrimh fálaithe | | Ionstraimí airgeadais díorthacha gan gaolmhaireachtaí fálaithe | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **4.4** | 0.7 | **23.4** | 15.6 | **27.8** | 16.3 |
| **Sócmhainní airgeadais neamhreatha iomlána** | **-** | - | **-** | - | **4.4** | 0.7 | **23.4** | 15.6 | **27.8** | 16.3 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile* | **-** | - | **3,676.8** | 3,361.2 | **-** | - | **-** | - | **3,676.8** | 3,361.2 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | **-** | - | **58.2** | 122.3 | **-** | - | **-** | - | **58.2** | 122.3 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **1.0** | 42.1 | **200.4** | 65.6 | **201.4** | 107.7 |
| **Sócmhainní airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **3,735.0** | 3,483.5 | **1.0** | 42.1 | **200.4** | 65.6 | **3,936.4** | 3,591.2 |
| **Sócmhainní airgeadais iomlána** | **-** | - | **3,735.0** | 3,483.5 | **5.4** | 42.8 | **223.8** | 81.2 | **3,964.2** | 3,607.5 |
| **DLITEANAIS** | | | | | | | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíochtaí agus fiachas eile | **-** | - | **887.3** | 959.3 | **-** | - | **-** | - | **887.3** | 959.3 |
| Dliteanais léasa | **-** | - | **58.9** | - | **-** | - | **-** | - | **58.9** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **12.6** | 23.3 | **30.4** | 6.7 | **43.0** | 30.0 |
| **Dliteanais airgeadais neamhreatha iomlána** | **-** | - | **946.2** | 959.3 | **12.6** | 23.3 | **30.4** | 6.7 | **989.2** | 989.3 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíochtaí agus fiachas eile | **-** | - | **155.7** | 390.3 | **-** | - | **-** | - | **155.7** | 390.3 |
| Dliteanais léasa | **-** | - | **12.8** | - | **-** | - | **-** | - | **12.8** | - |
| Trádáil agus suimeanna iníochta eile** | **-** | - | **4,719.6** | 4,471.4 | **-** | - | **-** | - | **4,719.6** | 4,471.4 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **0.9** | 2.9 | **211.4** | 80.8 | **212.3** | 83.7 |
| **Dliteanais airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **4,888.1** | 4,861.7 | **0.9** | 2.9 | **211.4** | 80.8 | **5,100.4** | 4,945.4 |
| **Dliteanais airgeadais iomlána** | **-** | - | **5,834.3** | 5,821.0 | **13.5** | 26.2 | **241.8** | 87.5 | **6,089.6** | 5,934.7 |

* Tá réamhíocaíochtaí fágtha as an áireamh mar nach rangaítear iad mar shócmhainn airgeadais.
** Fágadh CBL agus cánacha fostaíochta ar lár mar gur dliteanais reachtúla iad.

Ní dhéantar anailís ar sholáthairtí agus ar dhliteanais fostaithe an tuismitheora sa tábla thuas, ná san anailís bhreise ar an gcéad leathanach eile. Áirítear leis sin an dliteanas don oibleagáid pinsin de €392.6 milliún amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €395.2 milliún).

Féach nótaí 23 agus 24 chun tuilleadh eolais a fháil faoi seo agus faoi dhliteanais a bhaineann le fostaithe.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(c) Maoiniú agus bainistíocht leachtachta**

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na haibíochtaí conarthacha a bhaineann le dliteanais airgeadais (agus sócmhainní comhchosúla), lena n-áirítear na híocaíochtaí úis a bhaineann le hiasachtaíochtaí, agus na glansreafaí airgid neamhlascainithe atá inchurtha le hionstraimí airgeadais díorthacha. Cuimsítear iasachtaíochtaí a bhfuil luach seilbhe de €4,189.4 milliún acu (2018: €3,794.3 milliún), agus glandliteanais a bhaineann le hionstraimí airgeadais díorthacha de €593.9 milliún (2018: €518.7 milliún) le hiarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní chuimsíonn siad cuid de shócmhainní agus de dhliteanais na Máthairchuideachta mar nach bhfuil siad sealbhaithe go díreach ag an Máthairchuideachta. Féach nótaí 13, 21, 22 agus 25 chun tuilleadh anailíse a fháil faoi shócmhainní agus faoi dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta.

| **GRÚPA** | Suim ghlanluacha € m | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conarthacha - glan € m | Laistigh de 1 bhliain amháin € m | 1-2 bhliain € m | 2-5 bhliain € m | Níos mó ná 5 bliana € m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| iasachtaíochtaí | 5,232.4 | 6,369.6 | 643.4 | 270.4 | 1,144.4 | 4,311.4 |
| Dliteanais léasa | 132.0 | 138.3 | 15.1 | 10.4 | 25.8 | 87.0 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile (gan iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíochtaí a áireamh) | 693.3 | 693.3 | 693.3 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 930.3 | 981.2 | 272.7 | 72.2 | 200.6 | 435.7 |
| **Dliteanais iomlána** | **6,988.0** | **8,182.4** | **1,624.5** | **353.0** | **1,370.8** | **4,834.1** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 310.3 | 310.3 | 245.5 | 58.7 | 6.0 | 0.1 |
| **Sócmhainní iomlána** | **310.3** | **310.3** | **245.5** | **58.7** | **6.0** | **0.1** |
| **Glandliteanais** | **6,677.7** | **7,872.1** | **1,379.0** | **294.3** | **1,364.8** | **4,834.0** |
| **31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| iasachtaíochtaí | 5,144.0 | 6,289.0 | 776.6 | 541.6 | 884.3 | 4,086.5 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile (gan iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíochtaí a áireamh) | 648.6 | 648.6 | 648.6 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 733.5 | 806.1 | 110.4 | 45.8 | 205.6 | 444.3 |
| **Dliteanais iomlána** | 6,526.1 | 7,743.7 | 1,535.6 | 587.4 | 1,089.9 | 4,530.8 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 225.1 | 234.3 | 160.2 | 31.9 | 26.3 | 15.9 |
| **Sócmhainní iomlána** | 225.1 | 234.3 | 160.2 | 31.9 | 26.3 | 15.9 |
| **Glandliteanais** | 6,301.0 | 7,509.4 | 1,375.4 | 555.5 | 1,063.6 | 4,514.9 |

| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | Suim ghlanluacha € m | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conarthacha - glan € m | Laistigh de 1 bhliain amháin € m | 1-2 bhliain € m | 2-5 bhliain € m | Níos mó ná 5 bliana € m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| iasachtaíochtaí | 1,043.0 | 1,235.4 | 197.1 | 168.5 | 538.3 | 331.5 |
| Dliteanais léasa | 71.7 | 80.2 | 11.2 | 6.5 | 15.4 | 47.1 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile (gan iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíochtaí a áireamh) | 4,677.8 | 4,677.8 | 4,677.8 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 255.3 | 253.7 | 216.7 | 18.4 | 8.3 | 10.3 |
| **Dliteanais iomlána** | **6,047.8** | **6,247.1** | **5,102.8** | **193.4** | **562.0** | **388.9** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 229.2 | 229.4 | 202.2 | 20.5 | 6.6 | 0.1 |
| **Sócmhainní iomlána** | **229.2** | **229.4** | **202.2** | **20.5** | **6.6** | **0.1** |
| **Glandliteanais** | **5,818.6** | **6,017.7** | **4,900.6** | **172.9** | **555.4** | **388.8** |
| **31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| iasachtaíochtaí | 1,349.6 | 1,558.5 | 439.0 | 122.1 | 608.8 | 388.6 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile (gan iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíochtaí a áireamh) | 4,430.7 | 4,430.7 | 4,430.7 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 113.7 | 116.4 | 84.7 | 7.1 | 1.1 | 23.5 |
| **Dliteanais iomlána** | 5,894.0 | 6,105.6 | 4,954.4 | 129.2 | 609.9 | 412.1 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 124.0 | 132.1 | 110.0 | 3.6 | 2.6 | 15.9 |
| **Sócmhainní iomlána** | 124.0 | 132.1 | 110.0 | 3.6 | 2.6 | 15.9 |
| **Glandliteanais** | 5,770.0 | 5,973.5 | 4,844.4 | 125.6 | 607.3 | 396.2 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(d) Máistir-chomhaontuithe glanluachála nó comhaontuithe comhchosúla**

Déanann an Grúpa idirbhearta díorthacha faoi mháistir-chomhaontuithe glanluachála an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Babhtálacha agus Díorthaigh (ISDA). Ní chomhlíonann na comhaontuithe ISDA na critéir um fhritháireamh sa chlár comhardaithe comhdhlúite. Is é an fáth leis sin ná nach bhfuil aon cheart ag an nGrúpa atá forfheidhmithe ag an dlí faoi láthair chun méideanna aitheanta a fhritháireamh, mar nach féidir an ceart chun fritháirimh i bhfeidhm ach amháin i gcás imeachtaí sa todhchaí mar mhainneachtain ar iasachtaí bainc nó imeachtaí creidmheasa eile.

Sa tábla seo a leanas leagtar amach suimeanna glanluacha na n-ionstraimí airgeadais aitheanta atá faoi réir na gcomhaontuithe thuas.

| GRÚPA | Ollmhéid na n-ionstraimí airgeadais sa ráiteas ar staid airgeadais € m | Méideanna nach bhfuil fritháirithe ar an gclár comhardaithe € m | Glanmhéid € m |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2019** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 5.7 | (5.0) | 0.7 |
| Conarthaí i malairt eachtrach | 25.3 | (20.1) | 5.2 |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 198.0 | (194.0) | 4.0 |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais | 81.3 | (77.5) | 3.8 |
| | **310.3** | **(296.6)** | **13.7** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (1.9) | 0.9 | (1.0) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (595.4) | - | (595.4) |
| Babhtálacha airgeadra | (24.9) | 10.3 | (14.6) |
| Conarthaí i malairt eachtrach | (12.7) | 12.1 | (0.6) |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | (295.4) | 273.3 | (22.1) |
| | **(930.3)** | **296.6** | **(633.7)** |
| **31 Nollaig 2018** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 5.1 | (2.7) | 2.4 |
| Babhtálacha airgeadra | 39.6 | (10.9) | 28.7 |
| Conarthaí i malairt eachtrach | 3.2 | (2.3) | 0.9 |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 93.4 | (18.1) | 75.3 |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais | 83.8 | (57.0) | 26.8 |
| | 225.1 | (91.0) | 134.1 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (3.8) | 1.4 | (2.4) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (558.3) | - | (558.3) |
| Babhtálacha airgeadra | (21.3) | 13.4 | (7.9) |
| Conarthaí i malairt eachtrach | (2.4) | 2.3 | (0.1) |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | (146.7) | 73.0 | (73.7) |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais | (1.0) | 0.9 | (0.1) |
| | (733.5) | 91.0 | (642.5) |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(d) Máistir-chomhaontuithe glanluachála nó comhaontuithe comhchosúla (ar lean)**

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Ollmhéid na n-ionstraimí airgeadais sa ráiteas ar staid airgeadais €m | Méideanna nach bhfuil fritháirithe ar an gclár comhardaithe € m | Glanmhéid €m |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2019** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 1.1 | (0.8) | 0.3 |
| Conarthaí i malairt eachtrach | 30.1 | (20.8) | 9.3 |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 198.0 | (193.9) | 4.1 |
| | **229.2** | **(215.5)** | **13.7** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha airgeadra | (24.9) | 10.6 | (14.3) |
| Conarthaí i malairt eachtrach | (12.5) | 12.5 | - |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | (217.9) | 192.4 | (25.5) |
| | **(255.3)** | **215.5** | **(39.8)** |
| **31 Nollaig 2018** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 0.9 | - | 0.9 |
| Babhtálacha airgeadra | 39.6 | (7.2) | 32.4 |
| Conarthaí i malairt eachtrach | 3.2 | (1.1) | 2.1 |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 80.3 | (77.6) | 2.7 |
| | 124.0 | (85.9) | 38.1 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (0.2) | - | (0.2) |
| Babhtálacha airgeadra | (21.3) | 7.8 | (13.5) |
| Conarthaí i malairt eachtrach | (2.7) | 1.6 | (1.1) |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | (89.5) | 76.6 | (12.9) |
| | (113.7) | 86.0 | (27.7) |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(e) Riosca creidmheasa**

Tagann an riosca creidmheasa aníos mar thoradh ar airgead tirim nó coibhéisí airgid thirim, ionstraimí airgeadais díorthacha agus taiscí i mbainc agus institiúidí airgeadais, mar aon le neamhchosaint creidmheasa ar chustaiméirí mórdhíola agus miondíola, lena n-áirítear méideanna atá dlite ó institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, infháltais gan íoc, agus idirbhearta geallta. I gcás na Máthairchuideachta, bíonn riosca creidmheasa ann i ndáil le méideanna atá dlite ó ghnóthais fochuideachta.

| | 2019 | | 2018 | |
|---|---|---|---|---|
| | **GRÚPA** | **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | GRÚPA | MÁTHAIRCHUIDEACHTA |
| **Sócmhainní airgeadais** | **€ m** | **€ m** | € m | € m |
| Infháltais trádála agus infháltais eile* | **1,042.1** | **3,676.8** | 899.8 | 3,398.6 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | **125.1** | **58.2** | 229.1 | 122.3 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **310.3** | **229.2** | 225.1 | 124.0 |
| | **1,477.5** | **3,964.2** | 1,354.0 | 3,644.9 |

* Tá réamhíocaíochtaí fágtha as an áireamh mar nach rangaítear iad mar shócmhainn airgeadais.

**Infháltais trádála agus infháltais eile**

Rinneadh an riosca mórdhíola agus creidmheasa a eascraíonn as infháltais trádála agus infháltais eile a nochtadh i nóta 17. Áirítear le hinfháltais trádála agus infháltais eile sa Mháthairchuideachta méideanna dlite ó fhochuideachtaí.

**Riosca creidmheasa a bhaineann leis an gCisteán (maidir le hairgead tirim agus ionstraimí díorthacha)**

Tá an Grúpa neamhchosanta ar an riosca creidmheasa ó chontrapháirtithe a bhfuil cuntais bainc acu i bpáirt leo agus lena ndéanann siad gnó laistigh de na margaí airgeadais. Is é beartas an Ghrúpa a neamhchosaint ar gach institiúid airgeadais a theorannú bunaithe ar rátálacha creidmheasa glactha nach lú ná BBB nó a choibhéis.

Déantar trádáil i ndíorthaigh chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus forghníomhaítear é sin i gcomhréir le Sonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais a eisíodh faoi choimirce an Achta um Idirbhearta Airgeadais ag Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992, arna eisiúint an uair dheireanach i mí na Nollag 2017. Léiríonn an tSonraíocht agus na Ceanglais na cineálacha díorthach gur féidir le ESB a dhéanamh agus na riachtanais ghaolmhara nach mór do ESB a shásamh maidir le gach contrapháirtí díorthach. Déantar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí shainorduithe déileála láidre a chur i bhfeidhm le contrapháirtithe. Ní shealbhaíonn nó ní thrádálann an Grúpa ionstraimí díorthacha chun críocha amhantracha. Tá neamhchosaint, teorainneacha gaolmhara agus comhlíonadh Shonraíocht agus Cheanglais an Aire faoi réir athbhreithnithe agus monatóireacht leanúnach. Ní raibh caillteanais ar bith ag an nGrúpa mar thoradh ar mhainneachtain contrapháirtithe den chineál sin a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

**Ráthaíochtaí Airgeadais**

Déanann an Grúpa gealltanais éagsúla. Áirítear leo sin ráthaíochtaí airgeadais, litreacha creidmheasa agus gealltanais eile nach iad.
Cé go bhféadfadh nach mbeadh na hoibleagáidí sin aitheanta ar chlár comhardaithe an Ghrúpa, is ann do riosca creidmheasa maidir leis na hionstraimí sin mar go gcuireann siad de cheanglas ar an nGrúpa íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann fochuideachtaí i gcás beart ar leith, agus mar sin, is cuid de riosca foriomlán an Ghrúpa iad.

Tá luachanna ainmniúla na ngealltanas sin liostaithe thíos:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€ m** | € m |
| Ráthaíochtaí airgeadais | **316.8** | 365.5 |
| Litreacha creidmheasa | **333.0** | 289.0 |
| Eile | **3.4** | 4.7 |
| **Iomlán** | **653.2** | 659.2 |

**Riosca creidmheasa tráchtearraí (a bhaineann le díorthaigh)**

Tá riosca creidmheasa ag an nGrúpa a bhaineann le staideanna tráchtearraí chomh maith. Eascraíonn siad sin ó ionstraimí airgeadais díorthacha a dhéantar chun rioscaí praghsanna fuinnimh agus breosla a fhálú agus déantar iad a bhainistiú de réir Shonraíocht agus Cheanglais an Aire (an tAcht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992). Bunaíonn an Grúpa teorainneacha riosca creidmheasa contrapháirtí chun neamhchosaint neamh-chomhthaobhaithe a shrianadh. Déantar monatóireacht leanúnach ar ghlan-neamhchosaint, riachtanais chomhthaobhacha agus ar chomhlíonadh. Teastaíonn comhthaobhacht i bhfoirm bannaí agus ráthaíochtaí ó aonaid ghnó ESB, ó pháirtithe éagsúla, agus go sonrach i bhfoirm Litreacha Creidmheasa ó chontrapháirtithe cumhachta Conradh Difríochta áirithe. Ba í an chomhthaobhacht iomlán arna sealbhú ar an 31 Nollaig 2019 ná €42.2 mhilliún (2018: €35.2 mhilliún). Bíonn an Grúpa ar an eolas faoi athruithe ar bith ar acmhainneacht chreidmheasa na gcontrapháirtithe, agus déantar gach beart oiriúnach chun seasamh an Ghrúpa a dhaingniú a thuilleadh, trí chosaintí leordhóthanacha a chaibidil roimh ré sna máistir-chomhaontuithe conarthacha bunúsacha agus trí aon neamhchosaint a bhainistiú go gníomhach, go háirithe áit a bhfuil an chosúlacht air go bhfuil seasamh airgeadais na gcontrapháirtithe ag dul ó mhaith.





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(f) Bainistíocht riosca airgeadraí eachtracha**

Eascraíonn neamhchosaint airgeadraí eachtracha go príomha as ceannach breosla agus cumhachta, costais ollchóirithe stáisiúin, ceannacháin eile a ainmnítear in airgeadraí eachtracha, iasachtaíochtaí in airgeadraí eachtracha (lena n-áirítear an láithriú príobháideach ar a gcuirtear síos i nóta 21) agus infheistíochtaí lasmuigh de limistéar an euro.

Úsáidtear conarthaí réamhcheaptha ceannaigh airgeadra eachtraigh agus babhtálacha trasairgeadra chun an luaineacht a eascraíonn ó neamhchosaintí airgeadraí eachtracha a laghdú.
Baineann na conarthaí réamhcheaptha ceannaigh maidir le hairgeadra eachtrach atá i bhfeidhm amhail ar an 31 Nollaig 2019 leis sreafaí airgid tuartha a bhfuiltear ag súil lena dtarlú suas go dtí 2028.

Ag deireadh na bliana, b'ionann punann fiachais iomlán ESB agus €5.2 billiún (2018: €5.1 billiún), a raibh €1.0 billiún de i seilbh na Máthairchuideachta (2018: €1.3 billiún).
Ainmníodh an fiachas bunúsach sna hairgeadraí seo a leanas, roimh bhabhtálacha agus ina ndiaidh:

| | Roimh bhabhtálacha | | I ndiaidh babhtálacha | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019** | 2018 | **2019** | 2018 |
| **GRÚPA** | **(%)** | (%) | **(%)** | (%) |
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **69** | 65 | **72** | 65 |
| Dollar SAM | **4** | 8 | **-** | - |
| Steirling | **27** | 27 | **28** | 35 |
| **Iomlán** | **100** | 100 | **100** | 100 |

| | Roimh bhabhtálacha | | I ndiaidh babhtálacha | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019** | 2018 | **2019** | 2018 |
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **(%)** | (%) | **(%)** | (%) |
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **58** | 51 | **66** | 51 |
| Dollar SAM | **22** | 32 | **-** | - |
| Steirling | **20** | 17 | **34** | 49 |
| **Iomlán** | **100** | 100 | **100** | 100 |

Mar a taispeánadh thuas, tá formhór na punainne fiachais ainmnithe in euro, é sin nó déantar í a bhabhtáil go euro don phríomhshuim agus don ús araon; dá bhrí sin, laghdaítear an neamhchosaint ar riosca airgeadra eachtraigh sa Ghrúpa. Agus a chuid oibríochtaí eachtracha á mbainistiú aige, tá an Grúpa ar an eolas faoi iasachtaíochtaí a fháil in airgeadraí a mheaitseálann airgeadra feidhmeach na hoibríochta eachtraí. Dá bhrí sin, tá cion suntasach d'fhiachas ainmnithe i steirling, mar thoradh ar éadáil NIE Networks agus oibriúcháin Carrington Power Limited go príomha.

Dhéanfadh méadú ginearálta 10% ar rátaí malairte in airgeadra eachtrach ar an 31 Nollaig 2019 an cothromas a mhéadú agus an brabús roimh chánachas a laghdú faoin méid atá leagtha amach thíos. San anailís sin, glactar leis go bhfanfaidh gach athróg eile mar an gcéanna.

| | 31 Nollaig 2019 | | 31 Nollaig 2018 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile** | **Brabús roimh ghnóthachan / (caillteanas) cánachais** | Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile | Brabús roimh ghnóthachan / (caillteanas) cánachais |
| **GRÚPA** | **€ m** | **€ m** | € m | € m |
| **Neartú 10%** | | | | |
| Dollar SAM | **0.5** | **1.3** | (8.1) | 1.6 |
| Steirling | **154.1** | **15.9** | 151.8 | (2.3) |
| **Lagú 10%** | | | | |
| Dollar SAM | **0.6** | **(1.6)** | 9.8 | (2.0) |
| Steirling | **(188.3)** | **(19.5)** | (185.5) | 3.0 |

Glacadh leis na boinn tuisceana seo a leanas i dtaobh na hanailíse íogaireachta thuas:
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha sin nach bhfuil i gcaidrimh fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha ar fáluithe sreabhaidh airgid iad ach ar ioncam cuimsitheach eile amháin
- déantar athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha atá ainmnithe mar fháluithe glaninfheistíochta ag eascairt ó athruithe sa ráta malairte euro go steirling a thaifeadadh go díreach sa chothromas, agus ní dhéantar neamhéifeachtúlacht ar bith a thoimhdiú.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(g) Bainistíocht riosca ó phraghsanna tráchtearraí**

Tharla luaineacht shuntasach le blianta beaga anuas i bpraghsanna an bhreosla is gá do ghníomhaíochtaí giniúna leictreachais an Ghrúpa, agus déanann an Grúpa bainistíocht ar an neamhchosaint ar ghluaiseachtaí praghsanna breosla atá ann dá bharr, ar bhonn roghnaíoch fálaithe. Chuaigh an Grúpa i mbun conarthaí réamhcheaptha praghsanna tráchtearraí i ndáil le ceannach an gháis agus an ghuail a theastaíonn le haghaidh gníomhaíochtaí giniúna leictreachais; féach nóta 22 chun tuilleadh eolais a fháil. Déantar conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla a luacháil bunaithe ar na méideanna fisiciúla atá sa chonradh agus ar na méideanna atá gan íoc, agus ar na praghsanna réamhcheaptha ar tháirgí comhchosúla, amhail ar dháta an chláir chomhardaithe, agus iad lascainithe nuair is gá bunithe ar an gcuar réamhráta úis cuí.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, téann an Grúpa isteach go rialta i gconarthaí díorthacha díola agus ceannaigh le haghaidh tráchtearraí, lena n-áirítear gás agus leictreachas. Sa chás ina ndeachthas isteach sa chonradh agus go leantar lena shealbhú chun na tráchtearraí a fháil nó a sheachadadh de réir riachtanais díola, ceannaigh nó úsáide ionchais an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí féinúsáide agus tugtar cuntas orthu mar chonarthaí a bhfuil le comhlíonadh.

Dá mbeadh méadú ginearálta 10% ar phraghas gáis agus guail ar an 31 Nollaig 2019 bheadh tionchar aige seo ar an gcothromas agus ar an mbrabús roimh chánachas de réir an mhéid atá leagtha amach thíos. Glactar leis san anailís go bhfanfaidh gach athróg eile, rátaí malairte eachtraí ach go háirithe, mar an gcéanna, agus áirítear léi an tionchar ar luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá i bhfeidhm. Bheadh éifeacht chomhionann agus chontrártha ag laghdú 10%, ar an mbonn go bhfanfadh gach athróg eile mar an gcéanna.

| GRÚPA | 31 Nollaig 2019<br>Gnóthachan ioncaim chuimsitheach eile<br>€ m | 31 Nollaig 2019<br>Brabús roimh chánachas (caillteanas)<br>€ m | 31 Nollaig 2018<br>Gnóthachan ioncaim chuimsitheach eile<br>€ m | 31 Nollaig 2018<br>Gnóthachan brabúis roimh cháin<br>€ m |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) de bharr méadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail | **8.3** | **(2.0)** | 25.9 | 1.4 |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | 31 Nollaig 2019<br>Gnóthachan ioncaim chuimsitheach eile<br>€ m | 31 Nollaig 2019<br>Brabús roimh chánachas (caillteanas)<br>€ m | 31 Nollaig 2018<br>Gnóthachan ioncaim chuimsitheach eile<br>€ m | 31 Nollaig 2018<br>Gnóthachan brabúis roimh cháin<br>€ m |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) de bharr méadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail | **0.1** | **(2.0)** | 9.7 | 1.4 |

Dá mbeadh méadú ginearálta 10% ar phraghas an Leictreachais Mhórdhíola amhail ar an 31 Nollaig 2019, bheadh tionchar aige sin ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús roimh chánachas de réir na méideanna atá leagtha amach thíos. San anailís sin, glactar leis go bhfanfaidh gach athróg eile mar an gcéanna, go háirithe rátaí malairte eachtraí. Bheadh éifeacht chomhionann agus chontrártha ag laghdú 10%, ar an mbonn go bhfanfadh gach athróg eile mar an gcéanna.

| GRÚPA | 31 Nollaig 2019<br>Caillteanas ioncaim chuimsithigh eile<br>€ m | 31 Nollaig 2019<br>Brabús roimh chaillteanas cánachais<br>€ m | 31 Nollaig 2018<br>Caillteanas ioncaim chuimsithigh eile<br>€ m | 31 Nollaig 2018<br>Brabús roimh chaillteanas cánachais<br>€ m |
|---|---|---|---|---|
| Caillteanas i ngeall ar an méadú 10% ar an bPraghas Imeallach Córais | **(16.8)** | **-** | (19.1) | - |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | 31 Nollaig 2019<br>Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile<br>€ m | 31 Nollaig 2019<br>Brabús roimh ghnóthachan / (caillteanas) cánachais<br>€ m | 31 Nollaig 2018<br>Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile<br>€ m | 31 Nollaig 2018<br>Brabús roimh ghnóthachan / (caillteanas) cánachais<br>€ m |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan / (caillteanas) i ngeall ar an méadú 10% ar an bPraghas Imeallach Córais | **-** | **-** | - | - |

Rinneadh an anailís íogaireachta don Ghrúpa agus don Mháthairchuideachta a ríomh amhail ar an 31 Nollaig 2019 ar bhonn na mbunphraghsanna tráchtearraí agus na rátaí airgeadra eachtraigh seo a leanas:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Gás (Stg. p/therm) | **39.70** | 58.06 |
| Praghsanna Leictreachais Mhórdhíola (€/MWh) | **51.41** | 64.51 |
| Gual ($SAM/tona) | **56.50** | 85.90 |
| Idirbhearta i ráta airgeadra eachtraigh ($SAM = €1) | **1.12** | 1.15 |
| Idirbhearta i ráta airgeadra eachtraigh (Stg£ = €1) | **0.8508** | 0.8945 |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**28 . BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(h) Luach cóir**

Is iad seo a leanas luachanna córa na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais a iompraíodh ag costas amúchta, mar aon leis na suimeanna glanluacha atá léirithe sa chlár comhardaithe:

| | GRÚPA<br>Luach tugtha anonn<br>€ m | GRÚPA<br>Luach cóir<br>€ m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA<br>Luach tugtha anonn<br>€ m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA<br>Luach cóir<br>€ m |
|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2019** | | | | |
| Fiachas fadtéarmach | 4,751.7 | 5,351.6 | 887.3 | 975.5 |
| Iasachtaíochtaí gearrthéarmacha | 480.7 | 505.6 | 155.7 | 177.2 |
| Dliteanais léasa | 132.0 | 132.0 | 71.7 | 71.7 |
| **Iasachtaíochtaí iomlána** | **5,364.4** | **5,989.2** | **1,114.7** | **1,224.4** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile reatha | 772.6 | 772.6 | 4,719.6 | 4,719.6 |
| Infháltais trádála agus infháltais neamhreatha eile | (12.4) | (12.4) | - | - |
| Infháltais trádála agus infháltais eile reatha | (1,029.7) | (1,029.7) | (3,676.8) | (3,676.8) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | (125.1) | (125.1) | (58.2) | (58.2) |
| **Glandliteanais** | **4,969.8** | **5,594.6** | **2,099.3** | **2,209.0** |

| | GRÚPA<br>Luach tugtha anonn<br>€ m | GRÚPA<br>Luach cóir<br>€ m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA<br>Luach tugtha anonn<br>€ m | MÁTHAIRCHUIDEACHTA<br>Luach cóir<br>€ m |
|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2018** | | | | |
| Fiachas fadtéarmach | 4,537.7 | 5,364.7 | 959.3 | 988.4 |
| Iasachtaíochtaí gearrthéarmacha | 606.3 | 626.3 | 390.3 | 398.6 |
| **Iasachtaíochtaí iomlána** | 5,144.0 | 5,991.0 | 1,349.6 | 1,387.0 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile reatha | 727.4 | 727.4 | 4,471.4 | 4,471.4 |
| Infháltais trádála agus infháltais neamhreatha eile | (47.2) | (47.2) | - | - |
| Infháltais trádála agus infháltais eile reatha | (852.7) | (852.7) | (3,361.2) | (3,361.2) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | (229.1) | (229.1) | (122.3) | (122.3) |
| **Glandliteanais** | 4,742.4 | 5,589.4 | 2,337.5 | 2,374.9 |

De bhrí go bhfuil infháltais trádála agus infháltais eile agus méideanna iníoctha trádála agus méideanna iníoctha eile dlite taobh istigh de bhliain amháin, agus go bhfuil foráil déanta dóibh i gcás go bhfuil siad bearnaithe, meastar go bhfuil a luach tugtha anonn ar aon dul go hábhartha lena luach cóir.

Meastar mar luachanna córa Leibhéal 1 Eurabhannaí ESB agus bannaí steirling NIE Networks. Díorthaítear luach cóir na n-Eurabhannaí sin ó bhreathnú ar na luachanna trádáilte is deireanaí a bhíonn ag na bannaí i margaí leachtacha amhail ar dháta an chláir chomhardaithe. Is luachanna córa Leibhéal 2 iad iasachtaíochtaí agus fiachas eile. An phríomhtheicníocht luachála a úsáidtear d'iasachtaíochtaí agus d'fhiachas eile a aicmítear mar luachanna córa Leibhéal 2 ná na sreafaí airgid thirim don todhchaí a bhaineann leo a lascainiú, ag baint úsáide as cuar lascainithe cúpóin nialasaigh an airgeadra ábhartha.

**Luach cóir - rátaí lascaine**

Bíonn na rátaí úis a úsáidtear chun sreafaí airgid thirim sa todhchaí a lascainiú, nuair is infheidhme sin, bunaithe ar an gcuar toraidh EURIBOR nó LIBOR amhail ar an dáta tuairiscithe, móide an raon difríochta creidmheasa seasta cuí.




# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(i) Ordlathas luacha chóir**

Déantar anailís sa tábla thíos ar na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais arna n-iompar ag an luach cóir, de réir an mhodha luachála. Déantar na leibhéil éagsúla atá ábhartha do na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais arna sealbhú ag an nGrúpa a shainiú mar a leanas:

- Leibhéal 2: ionchuir, seachas praghsanna luaite neamhchoigeartaithe i margaí gníomhacha maidir le sócmhainní agus dliteanais chomhionanna, atá infheicthe don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (.i. mar phraghsanna) nó go hindíreach (.i. faighte ó phraghsanna);
- Leibhéal 3: ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

| GRÚPA | Leibhéal 2<br>€ m | Leibhéal 3<br>€ m | **Iomlán<br>€ m** |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2019** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha Ráta Úis | 5.7 | - | **5.7** |
| - Conarthaí malairte eachtraí | 25.3 | - | **25.3** |
| - Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 198.0 | - | **198.0** |
| - Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais | - | 81.3 | **81.3** |
| Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | - | 13.4 | **13.4** |
| | **229.0** | **94.7** | **323.7** |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha Ráta Úis | (1.9) | - | **(1.9)** |
| - Babhtálacha airgeadra | (24.9) | - | **(24.9)** |
| - Conarthaí malairte eachtraí | (12.7) | - | **(12.7)** |
| - Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | (217.9) | (77.5) | **(295.4)** |
| - Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (595.4) | - | **(595.4)** |
| | **(852.8)** | **(77.5)** | **(930.3)** |
| **Glansócmhainn/(glandliteanas)** | **(623.8)** | **17.2** | **(606.6)** |

| | Leibhéal 2<br>€ m | Leibhéal 3<br>€ m | Iomlán<br>€ m |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2018** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha Ráta Úis | 5.1 | - | 5.1 |
| - Babhtálacha airgeadra | 39.6 | - | 39.6 |
| - Conarthaí malairte eachtraí | 3.2 | - | 3.2 |
| - Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 80.4 | 13.0 | 93.4 |
| - Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais | - | 83.8 | 83.8 |
| Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | - | 10.5 | 10.5 |
| | 128.3 | 107.3 | 235.6 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha Ráta Úis | (3.8) | - | (3.8) |
| - Babhtálacha airgeadra | (21.3) | - | (21.3) |
| - Conarthaí malairte eachtraí | (2.4) | - | (2.4) |
| - Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | (89.4) | (57.3) | (146.7) |
| - Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais | - | (1.0) | (1.0) |
| - Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (558.3) | - | (558.3) |
| | (675.2) | (58.3) | (733.5) |
| **Glansócmhainn/(glandliteanas)** | (546.9) | 49.0 | (497.9) |

Ba cheart a thabhairt faoi deara, agus luachanna córa dearfacha agus diúltacha ionstraimí airgeadais díorthacha á léirmhíniú, go ndéantar iad a mheaitseáil le bunidirbhearta lena mbaineann rioscaí fritháirithe. Chun luach cóir ionstraimí airgeadais díorthacha a shocrú, déantar an difríocht idir an praghas réamhcheaptha conarthach agus an praghas réamhcheaptha reatha a lascainiú le haghaidh aibíocht iarmharach an chonartha trí úsáid a bhaint as ráta úis saor ó riosca.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(i) Ordlathas luacha chóir (ar lean)**

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Leibhéal 2<br>€ m | Leibhéal 3<br>€ m | **Iomlán<br>€ m** |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2019** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha Ráta Úis | 1.1 | - | **1.1** |
| - Conarthaí malairte eachtraí | 30.1 | - | **30.1** |
| - Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 198.0 | - | **198.0** |
| | **229.2** | **-** | **229.2** |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha airgeadra | (24.9) | - | **(24.9)** |
| - Conarthaí malairte eachtraí | (12.5) | - | **(12.5)** |
| - Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | (217.9) | - | **(217.9)** |
| | **(255.3)** | - | **(255.3)** |
| **Glandliteanas** | **(26.1)** | - | **(26.1)** |

| | Leibhéal 2<br>€ m | Leibhéal 3<br>€ m | Iomlán<br>€ m |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2018** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha Ráta Úis | 0.9 | - | 0.9 |
| - Babhtálacha airgeadra | 39.6 | - | 39.6 |
| - Conarthaí malairte eachtraí | 3.2 | - | 3.2 |
| - Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | 80.3 | - | 80.3 |
| | 124.0 | - | 124.0 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha Ráta Úis | (0.2) | | (0.2) |
| - Babhtálacha airgeadra | (21.3) | - | (21.3) |
| - Conarthaí malairte eachtraí | (2.7) | - | (2.7) |
| - Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla | (89.5) | - | (89.5) |
| | (113.7) | - | (113.7) |
| **Glansócmhainn** | 10.3 | - | 10.3 |





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

### (i) Ordlathas luacha chóir (ar lean)

**Tomhas luachanna córa - teicnící luachála agus ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite**

Sa tábla seo a leanas taispeántar an teicníc luachála atá á húsáid chun luachanna córa Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 a thomhas, chomh maith leis na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite atá á n-úsáid.

| Cineál | Teicnící luachála | Ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite | Idirghaolmhaireacht idir ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite agus tomhas ag an luach cóir |
|---|---|---|---|
| Babhtálacha airgeadra, conarthaí malairte eachtraí agus babhtálacha ráta úis | Leibhéal 2 - Luacháil reatha shreafaí airgid todhchaí atá sa chonradh ag baint úsáide as ionchur margaidh inbhraite agus lascainithe ar ais go dti an luach reatha. | | |
| Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla agus leictreachais | Leibhéal 2 - Cinntítear luach cóir na gconarthaí réamhcheaptha breosla agus leictreachais trí thagairt do phraghsanna gáis, guail agus carbóin, agus déantar an luach a fhaightear as sin a lascainiú go dtí luachanna reatha.<br><br>Leibhéal 3 - Cinntítear luach cóir roinnt conarthaí réamhcheaptha breosla agus leictreachais sonracha trí thagairt do phraghsanna réamhcheaptha leictreachais nach bhfuil inbhraite. | Praghsanna réamhcheaptha leictreachais | Mhéadódh / (laghdódh) an luach cóir measta dá mbeadh an Praghas Leictreachais Mhórdhíola níos airde / (ísle) . Go ginearálta, nuair a bhíonn athrú ar phraghsanna gáis, bíonn athrú sa treo chéanna ar an bPraghas Leictreachais Mhórdhíola. |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | Leibhéal 2 - Úsáidtear agus dearbhaítear luachálacha reatha trí luacháil reatha na sreafaí airgid ionchais, ag úsáid chuar toraidh ráta úis an airgeadra ábhartha.<br><br>Tá an cuar cúpóin nialasaigh bunaithe ar úsáid a bhaint as cuar toraidh ráta úis an airgeadra ábhartha. | | |
| Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | I gcás sócmhainní airgeadais atá ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, cuirtear ar aghaidh iad ag an luach cóir. Nuair is infheidhmithe, bíonn luachálacha bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil ag deireadh na tréimhse, agus cuirtear aon tosca cuí nó tosca a bhfuil eolas faoi san áireamh.<br><br>Déantar infheistíochtaí neamhluaite a luacháil trí luach fiontair a dhíorthú trí cheann de na modheolaíochtaí seo a leanas a úsáid:<br>• an praghas ar infheistíocht le déanaí;<br>• iolra ioncaim;<br>• costas, lúide aon fhoráil a mbeadh gá léi;<br>• luach réadaithe. | Ráta fáis tuartha maidir le hioncam bliantúil; . Ollchorrlach réamhaisnéise | De ghnáth déanann Novusmodus measúnú ar luach infheistíochtaí bunaithe ar a ionchais maidir leis na fáltais a d'fhéadfaí a réadú i ndiúscairt. Féach nótaí 7 agus 15.<br><br>Spreagfaidh roinnt ionchur na luach seo de ghnáth lena n-áirítear cumas na hinstitiúide infheistiúcháin a hioncam agus a corrlaigh ghaolmhara a fhás as a dtiocfaidh TRÚCDA níos airde agus luachanna níos airde dá réir sin. |



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

28. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

(i) Ordlathas luacha chóir (ar lean)

Sa tábla seo a leanas taispeántar réiteach ó iarmhéideanna tosaigh amhail ar an 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2019 le haghaidh tomhais luacha chóir i Leibhéal 3 den ordlathas luacha chóir:

| GRÚPA | Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas € m | Conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais € m | Conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018 | 22.2 | 93.3 | 1.8 | **117.3** |
| Breisithe | 1.3 | 58.1 | (57.3) | **2.1** |
| Iomlán na ngnóthachan / (gcaillteanas): | | | | |
| - i mbrabús nó i gcaillteanas | (12.0) | - | - | **(12.0)** |
| - in OCI | - | (28.1) | 36.6 | **8.5** |
| Socraíochtaí | (1.0) | (40.5) | (25.4) | **(66.9)** |
| Iarmhéid 31 Nollaig 2018 - glan | 10.5 | 82.8 | (44.3) | **49.0** |
| **Iarmhéid 1 Eanáir 2019** | 10.5 | 82.8 | (44.3) | **49.0** |
| Breisithe | 2.9 | 30.5 | (26.1) | **7.3** |
| Iomlán na ngnóthachan / (gcaillteanas): | | | | |
| - in OCI | - | (13.5) | 9.7 | **(3.8)** |
| Socraíochtaí | - | (18.5) | (16.8) | **(35.3)** |
| **Iarmhéid 31 Nollaig 2019 - glan** | **13.4** | **81.3** | **(77.5)** | **17.2** |

I gcás sócmhainní airgeadais atá ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, cuirtear ar aghaidh iad ag an luach cóir.Nuair is infheidhmithe, tá luachálacha bunaithe ar an eolas neamhspleách is déanaí atá ar fáil ag deireadh na bliana, agus tógtar aon chúinse cuí nó cúinse a bhfuil eolas faoi san áireamh.

Déantar infheistíochtaí neamhluaite a luacháil trí luach fiontair a dhíorthú trí cheann de na modheolaíochtaí seo a leanas a úsáid:
- an praghas ar infheistíocht le déanaí;
- iolra ioncaim;
- costas, lúide aon fhoráil a mbeadh gá léi;
- luach réadaithe.

De bhrí go dteastaíonn teicníochtaí luachála bunaithe ar mhúnla chuige seo, a bhfuil roinnt ionchur neamh-inbhraite i gceist leis, tá gach sócmhainn airgeadais ag an luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas rangaithe mar infheistíochtaí Leibhéal 3 sa bhliain reatha.

Baineann conarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla agus conarthaí réamhcheaptha praghsanna leictreachais atá san áireamh ag Leibhéal 3 san ordlathas luacha chóir le conarthaí fadtéarmacha a bhfuil a gcuid luachálacha bunaithe ar cuid mhaith bonn tuisceana réamhcheaptha maidir le praghas, a bhfuil roinnt ionchur neamh-inbhraite i gceist leo, lena n-áirítear ionchuir réamhcheaptha thoimhdithe leictreachais, carbóin agus gáis thar tréimhsí fadtéarmacha.

**Anailís íogaireachta - Luachanna córa Leibhéal 3**

I gcás na gconarthaí réamhcheaptha praghsanna breosla agus leictreachais, is iad na héifeachtaí seo a leanas a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe féideartha réasúnta ar inchur suntasach neamh-inbhraite, dá gcoinneofaí gach ionchur eile seasmhach:

| GRÚPA | **31 Nollaig 2019** Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € m | **31 Nollaig 2019** Brabús roimh ghnóthachan / (caillteanas) cánachais € m | 31 Nollaig 2018 Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € m | 31 Nollaig 2018 Brabús roimh ghnóthachan / (caillteanas) cánachais € m |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan i ngeall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis | **8.3** | **-** | 16.2 | - |
| Caillteanas de bharr méadú 10% ar Phraghsanna Leictreachais Mhórdhíola | **(16.8)** | **-** | (19.1) | - |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**29. CEANGALTAIS AGUS TEAGMHAIS**

**(a) Ceangaltais chaipitil**

| | 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|
| Sócmhainní inláimhsithe a bhfuil conradh ann ina leith | **306.3** | 355.4 |
| Sócmhainní doinláimhsithe a bhfuil conradh ann ina leith | **12.4** | 2.7 |
| **Iomlán i gconarthaí** | **318.7** | 358.1 |

| Sciar ghealltanais na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|
| Conarthaí ann ina leith | **397.6** | 85.7 |

**(b) Ceangaltais conarthaí breosla**

Tá roinnt socruithe fadtéarmacha i bhfeidhm maidir le soláthar gáis do thréimhsí éagsúla suas go dtí an bhliain 2022. Déantar foráil sna socruithe sin i leith athruithe praghsála ar aon dul le hathruithe ar tháscairí ionsuite sa mhargadh fuinnimh. Nuair ba chuí sin, rinneadh díorthaigh leabaithe a dheighilt agus luacháladh iad de réir IFRS 9.

**(c) Nochtuithe eile**

De dheasca na tuile i gCorcaigh i mí na Samhna 2009, thug Aviva, atá ina árachóir ar Choláiste na hOllscoile, Chorcaí (UCC), caingean dlí ar ESB san Ard-Chúirt ag iarraidh €19 mhilliún a aisghabháil as damáiste a rinneadh do mhaoin. Rinne an Ard-Chúirt breithiúnas go raibh ESB faoi dhliteanas as an damáiste a rinne an tuile, ach chuir sí lascaine 40% i bhfeidhm freisin ar an méid a bronnadh do UCC chun faillí rannpháirteach na hollscoile a aithint.

Rinne ESB achomharc in aghaidh an chinnidh sa Chúirt Achomhairc. Ar an 20 Márta 2018, thug an Chúirt Achomhairc breithiúnas uaithi, ag rá nach raibh ESB faoi dhliteanas maidir le haon damáiste a rinneadh do réadmhaoin UCC mar thoradh ar an tuile.

I mí Dheireadh Fómhair 2018, thug an Chúirt Uachtarach cead do UCC achomharc a dhéanamh in aghaidh bhreithiúnas na Cúirte Achomhairc. D'éist an Chúirt Uachtarach an t-achomharc go luath i mí Iúil 2019 agus rinneadh breithiúnas na Cúirte a fhorchoimeád. Táthar ag súil go soláthrófar breithiúnas na Cúirte Uachtaraí faoi dheireadh Ráithe 1 2020. Tá an cheist maidir le costais dhlíthiúla na gcásanna Ard-Chúirte agus Cúirte Achomhairc ar feitheamh go dtí go gheobhfar amach toradh an achomhairc sa Chúirt Uachtarach.

Sa bhreis ar an éileamh a rinne UCC, ó tugadh an breithiúnas sa chás UCC, tá 388 sraith d'imeachtaí dlí seirbheáilte ar ESB a bhaineann leis an tuile i gCorcaigh i Samhain 2009. Níl sonraí faighte fós faoi na méideanna atá á n-éileamh i ndáil leis na himeachtaí seo, agus dá bhrí sin ní féidir meastúchán iontaofa a dhéanamh maidir lena gcostas (mura seasfadh an Chúirt Uachtarach le cinneadh na Cúirte Achomhairc) faoi láthair. Ach níl ESB den tuairim go sáródh méid iomlán na ndamáistí a bhronnfaí, más ann dóibh, agus na costais ghaolmhara do gach caingean, an cás Aviva / UCC san áireamh, an cumhdach árachais infheidhme atá aige.

Creideann ESB, ar bhonn na comhairle inmheánaí agus seachtraí atá faighte, gur mó an dóchúlacht go seasfaí le breithiúnas na Cúirte Achomhairc agus dá réir sin, ní dhearnadh foráil ar bith dá leithéid d'éilimh sna ráitis airgeadais.

Seachas iad siúd atá nochta thuas, tá roinnt cúiseanna dlí, éileamh agus díospóidí eile le tríú páirtithe tagtha chun cinn i ngnáthchúrsa an ghnó. Cé go bhfuil éiginnteacht ag baint le haon dlíthíocht nó díospóid, creideann baill an Bhoird nach raibh aon dliteanais theagmhasacha a bhféadfadh go mbeadh drochéifeacht ábhartha acu ar staid airgeadais an Ghrúpa.

**30. IDIRBHEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA**

**Páirtí Rialaithe Deiridh**

Is cuideachta é an Grúpa ar leis an stát í. Is leis an Aire Airgeadais 85.6% den scairchaipiteal eisithe (beidh a scaireanna siúd arna n-aistriú anois chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe); is leis an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil 10.1% den scaipchaipiteal eisithe, agus beidh 4.3% den stoc á choinneáil i bPlean Úinéireachta Stoic na bhFostaithe (ESOP) (féach nóta 19 chun tuilleadh eolais a fháil).

**Nochtuithe Páirtithe Bainteacha**

De réir Alt 25 de IAS 24, tá ESB Group díolmhaithe ó idirbhearta páirtí bhaintigh le heintiteas eile atá ina phairtí bainteach a nochtadh, de bharr go bhfuil an Grúpa agus an t-eintiteas sin araon faoi rialú iomlán nó faoi chomhrialú Rialtas na hÉireann, nó go bhfuil tionchar suntasach ag an Rialtas orthu, agus dá bharr sin amháin.

**Comhlachtaí leathstáit**

Sa ghnáthchúrsa gnó, cheannaigh/dhíol an Grúpa earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann, mar shampla, Ervia, Bord na Móna, EirGrid agus Coillte Teoranta.

Tá comhaontú fadtéarmach á fheidhmiú ag an nGrúpa le Bord na Móna i ndáil le ceannach móna agus úsáid seirbhísí coimhdeacha chun stáisiúin chumhachta a rith. Ba iad na fáltais do na seirbhísí sin sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 ná €60.9 milliún (2018: €60.2 mhilliún) agus ba é €nialas an méid a bhí dlite do na heintitis sin amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €3.1 mhilliún).

Tá comhaontú bonneagair i bhfeidhm idir an Grúpa agus EirGrid faoi choimirce an Choimisiúin um Rialáil Fóntas (CRU), i ndáil le ról úinéir an chórais tarchurtha.

**Bainc faoi úinéireacht Stát na hÉireann**

Bíonn idirbhearta ag ESB ina ghnáthchúrsa gnó le bainc áirithe in Éirinn arna rialú go hiomlán nó go páirteach ag Rialtas na hÉireann. Déantar gach idirbheart de chuid ESB leis na bainc sin faoi ghnáth-théarmaí tráchtála. Ní raibh comhchruinniú iasachtaíochtaí ábhartha ar bith ag ESB le haon bhanc den chineál sin i rith na bliana nó amhail ar an 31 Nollaig 2019. Mar a léirítear i nóta 18, bhí sciar den airgead tirim agus de na coibhéisí airgid i dtaisce le bainc den chineál sin.





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**30. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA (ar lean)**

**Leasanna comhaltaí boird**

Seachas na leithdháiltí a aontaíodh faoi ESOP, ní raibh leas tairbhiúil ar bith ag na Comhaltaí Boird in ESB nó i bhfochuideachtaí dá chuid ag am ar bith i rith na bliana.

**ESOP**

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019, d'íoc ESB táillí €0.1 milliún (2018: €0.1 milliún) thar ceann ESOP. Féach ar nóta 32 chun sonraí a fháil faoi aischeannach ESOP.

**Pinsin**

Tá roinnt scéimeanna pinsin á bhfeidhmiú ag an nGrúpa ar son na foirne i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe. Féach nótaí 9 agus 23 chun tuilleadh eolais a fháil.

**Gnóthais fochuideachta**

I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2019, cheannaigh Máthairchuideachta ESB seirbhísí innealtóireachta, sainchomhairleoireachta agus eile, lenar áiríodh seirbhísí cíosa de €113.3 milliún (2018: €99.8 milliún) óna fhochuideachtaí.

I rith na bliana, rinne Máthairchuideachta ESB díolachán €350.3 milliún (2018: €170.6 milliún) le fochuideachtaí. Baineann na díolacháin sin le seirbhísí bainistíochta den chuid is mó, chomh maith le muirir leictreachais, lena n-áirítear Muirir Úsáide Córais agus díolacháin leictreachais agus gáis.

I rith na bliana, ghnóthaigh Máthairchuideachta ESB ús de €55.5 mhilliún (2018: €43.5 mhilliún) ó fhochuideachtaí, agus d'íoc sí ús de €68.4 mhilliún (2018: €55.6 mhilliún) le fochuideachtaí ar iasachtaí idir cuideachtaí.

Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí suimeanna iníoctha de €4,258.0 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2018: €4,044.8 milliún) lena fochuideachtaí. Baineann na méideanna iníoctha sin den chuid is mó le méideanna atá i dtaisce d'fhochuideachtaí agus méideanna eile atá dlite d'fhochuideachtaí, le hiasachtaíochtaí a thiomsaigh ESB Finance DAC agus a thug sé ar iasacht do Mháthairchuideachta ESB, chomh maith le méideanna atá dlite i dtaobh seirbhísí innealtóireachta agus sainchomhairleoireachta.

Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí iarmhéideanna infhála de €3,065.3 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2018: €2,937.4 milliún) óna fochuideachtaí (glan ó fhorálacha). Baineann na méideanna infhála sin go príomha le seirbhísí bainistíochta agus iasachtaí le fochuideachtaí, chomh maith le muirir leictreachais, lena n-áirítear Muirir Úsáide Córais. Ba í an fhoráil iomlán bhearnúcháin maidir le méideanna atá dlite ó fhochuideachtaí amhail ar an 31 Nollaig 2019 ná €396.5 milliún (2018: €365.3 milliún).

**Institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**

| | Díolachán earraí / seirbhísí[1] | | Ceannach earraí / seirbhísí[2] | | Méideanna dlite (do) / ó amhail ar an 31 December[3&4] | | Cothromas réamhíoctha i rith na bliana | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m | **2019 € m** | 2018 € m |
| NNG Windfarm Holdings Ltd. | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **242.7** | - |
| Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited. | **-** | - | **-** | - | **-** | 28.6 | **-** | 126.6 |
| SIRO Ltd.[5] | **9.4** | 8.3 | **-** | - | **106.0** | 107.3 | **-** | 6.5 |
| Tilbury Green Power Holdings Ltd. | **1.2** | 3.3 | **23.4** | 18.5 | **-** | 33.9 | **-** | - |
| Raheenleagh Power DAC | **0.4** | 0.3 | **9.3** | 7.5 | **0.2** | 2.0 | **-** | - |
| Oweninny Power DAC | **2.6** | 2.1 | **-** | - | **17.5** | 13.9 | **-** | - |
| Emerald Bridge Fibres DAC | **0.2** | 0.1 | **-** | - | **-** | - | **0.2** | 1.3 |
| Terra Solar Ltd. | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **-** | - |
| Kingspan ESB DAC | **-** | - | **-** | - | **0.1** | 0.3 | **-** | - |
| **Iomlán** | **13.8** | 14.1 | **32.7** | 26.0 | **123.8** | 186.0 | **242.9** | 134.4 |

[1] Sholáthraigh ESB díolacháin leictreachais, bainistíocht agus seirbhísí gairmiúla eile i rith na bliana d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu, mar atá leagtha amach sa tábla thuas.

[2] Cheannaigh ESB seirbhísí i dtaca le teileachumarsáid agus cothabháil i rith na bliana ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, mar atá leagtha amach sa tábla thuas.

[3] Ar na méideanna atá dlite (do) / ó institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, tá iasachtaí scairshealbhóra (iad sin ar taispeáint glan ó bhearnúcháin), ús ar na hiasachtaí sin agus iarmhéideanna trádála infhála agus iníoctha de €1.0 milliún (2018: €2.6 mhilliún). Baineann an t-ús infhála ar iasachtaí le hinstitiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu le Oweninny Power DAC €1.4 mhilliún (2018: €1.1 mhilliún) agus Aldeburgh Offshore Wind Holdings Ltd €nialas (2018: €1.6 mhilliún). Féach nóta 15 chun tuilleadh eolais a fháil faoi na muirir bhearnúcháin maidir le Tilbury Green Power Holdings Ltd agus Emerald Bridge Fibres DAC. San áireamh san fhoráil i gcomhair drochfhiach, tá suim €1.3 mhilliún i ndáil leis na hiarmhéideanna atá dlite ó Tilbury Green Power Holdings Ltd. agus Emerald Bridge Fibres DAC.

[5] Gheall ESB maoiniú caipitil de €93.0 milliún a chur ar fáil do SIRO Ltd, a bhfuil €93.0 milliún de curtha ar aghaidh mar iasacht scairshealbhóra ghearrthéarmach mar atá nochta thuas. Tá ESB tar éis sciar 50% de shaoráid iasachta €200.0 milliún arna sealbhú ag SIRO a ráthú, ar tarraingíodh €123.0 milliún de as ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €28.0 milliún). B'ionann agus €1.3 mhilliún na táillí a bhí iníoctha ag SIRO le ESB i ndáil leis an ráthaíochta sin (2018: €nialas).

**Téarmaí agus coinníollacha**

Déantar díolachán le agus ceannacháin ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta i bhfeidhm orthu i ngnáthchúrsa an ghnó. Tá a hiarmhéideanna amuigh ata curtha san áireamh in infháltais agus méideanna iníoctha amhail dháta an chláir chomhardaithe i dtaobh idirbheart le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu neamhurraithe agus tagann socrúchán chun cinn in airgead tirim. Níor iarradh ná níor soláthraíodh aon ráthaíochtaí maidir le hinfháltais agus méideanna iníoctha gaolmhara páirtí.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**30. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA (ar lean)**

| Cúiteamh don phríomhfhoireann bainistíochta | 2019 € m | 2018 € m |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe eile | **3.7** | 3.2 |
| Sochair iarfhostaíochta | **0.4** | 0.4 |
| | **4.1** | 3.6 |

Is ionann luach saothair na bpríomhbhainisteoirí a nochtar thuas agus an luach saothair do na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht acu as gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Áirítear leis sin luach saothair na bhfeidhmeannach sinsearach agus na gcomhaltaí boird.

**31. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS**

Teastaíonn líon suntasach bonn tuisceana agus meastachán breithiúnach nuair a bhíonn ráitis airgeadais Máthairchuideachta agus chomhdhlúite á n-ullmhú. Téann siad sin i bhfeidhm ar an ioncam agus ar na speansais a luaitear sa ráiteas ioncaim agus ar luacháil na sócmhainní agus na ndliteanas sa chlár comhardaithe. Bíonn meastacháin agus breithiúnais den sórt sin bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar chúinsí eile lena n-áirítear meastacháin maidir leis an todhchaí a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis agus a bhíonn faoi réir ag athbhreithniú leanúnach.
Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh athraitheas maidir le boinn tuisceana nó meastacháin áirithe tionchar ábhartha suntasach a imirt ar na torthaí a thuairiscítear. Áirítear iad seo a leanas orthu sin, ach níl siad teoranta dóibh:

**(a)** Ní mór a bheith stuama i gcás an chuntasaíocht a dhéantar ar dhliteanas pinsin ESB. Tá an Bord sásta gurb é an cur chuige cuntasaíochta cuí, arna dhearbhú de réir IAS 19 - Sochair Fostaí, ná aitheantas a thabhairt dá oibleagáidí tiomanta reatha, mar atá leagtha amach sna nótaí leis na ráitis airgeadais (féach nóta 24).

**(b)** Tá na fostaithe i NIE Networks i dteideal ballraíochta sa Scéim NIE Networks ina bhfuil socruithe sochair sainithe agus ranníocaíochta sainithe araon. Is é atá i gceist le meastachán a dhéanamh ar oibleagáidí sochair scoir ná breithiúnais a dhéanamh i gcomhar le hachtúirí neamhspleácha. Áirítear leis sin meastacháin maidir le teagmhais neamhchinnte sa todhchaí, lena n-áirítear ionchas saoil bhall na Scéime, méaduithe amach anseo ar thuarastal agus phinsin, agus rátaí boilscithe, chomh maith le rátaí lascainithe. Tugtar tuairisc i nóta 23 ar na boinn tuisceana arna n-úsáid ag an nGrúpa chomh maith le hanailís íogaireachta ar athrú ar na mbonn tuisceana sin.

**(c)** Luach úsáide, de réir IAS 36 Bearnú Sócmhainní, shócmhainní fadsaolacha agus an cáilmheas a bhaineann leo, mar a leagtar amach i nóta 14 agus mar a gcuirtear síos air
thíos:

Maidir le sócmhainní giniúna cumhachta, tá an luach úsáide bunaithe ar na sreafaí airgid measta a bhfuiltear ag súil go nginfidh an tsócmhainn iad, agus tá sé bunaithe ar dhearcadh seachtrach maidir le giniúint cumhachta réamh-mheasta agus maidir le praghsanna réamh-mheasta cumhachta, gáis, carbóin agus toillte (más infheidhme), chomh maith le tráthúlacht agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitil. Déantar na sreafaí airgid a lascainiú go dtí a luach reatha ar bhonn ráta lascainithe réamhchánach a léiríonn na measúnuithe margaidh reatha a bhaineann le luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn. Teastaíonn breithiúnas i gcomhair mheastachán na n-ioncam réamh-mheasta agus uainíocht an chaiteachais agus braitheann sé ar na fachtóirí eacnamaíocha a bhaineann leis na sócmhainní sin.

**(d)** Mar a thuairiscítear i nóta 28 alt (i), tá luacháil ionstraimí airgeadais áirithe bunaithe ar roinnt tosca agus bonn tuisceana breithiúnacha nach bhfuil, de riachtanas, bunaithe ar ionchur inbhraite. Rinneadh iad sin a aicmiú mar ionstraimí airgeadais Leibhéal 3, faoi réir bhrí IFRS 13 Tomhas Luacha Chóir.

**(e)** Costais a bheidh ag teastáil sa todhchaí chun forálacha agus dliteanais reatha a bhaineann le fostaithe a réiteach, amhail na costais a bhaineann le stáisiúin chumhachta a dhúnadh agus oibleagáidí téarfa deonaí. Léirítear na dliteanais sin i nótaí 23, 24 agus 27.

**(f)** Tomhas roinnt mhaith sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas ag deireadh na bliana, a dteastaíonn ardleibhéal meastacháin agus breithiúnais ina leith, lena n-áirítear ioncam leictreachais neamhbhilleáilte agus infháltais trádála agus infháltais eile a ríomh, luacháil stoc breosla, costas an bhreosla a ídíodh, saolréanna úsáideacha sócmhainní, gléasra agus trealaimh, agus fabhruithe freisin maidir le hearraí a fuarthas nó le hobair a rinneadh agus nach bhfuarthas sonraisc ó sholáthraithe ina leith go fóill. Déantar meastacháin maidir leis na míreanna sin de réir bheartas cuntasaíochta an Ghrúpa agus de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta reatha.

**(g)** Soláthraíonn ESB seirbhísí do thart ar 1.4 mhilliún duine aonair agus gnó, ar théarmaí creidmheasa den chuid is mó. Tuigtear nach n-íocfar fiacha áirithe atá dlite le ESB mar thoradh ar mhainneachtain líon beag custaiméirí. Úsáidtear meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil, chun leibhéal na bhfiach nach gceaptar a bhaileofar a dhearbhú. Áirítear tosca amhail staid reatha gheilleagar na hÉireann agus saincheisteanna áirithe tionscail ar na meastacháin sin (féach nóta 17).

**(h)** Le teacht ar nochtuithe eile, féach nóta 29 le tuilleadh eolais a fháil ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais i ndáil le héilimh leanúnacha dhlíthiúla.

**(i)** Tá an réimse cuntasaíochta i leith ranníocaíochtaí soláthair faoi chaibidil ghníomhach laistigh den tionscal agus den ghairm cuntasaíochta i gcoitinne, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag toradh na caibidle sin ar an ionramháil cuntasaíochta a nglacfaidh an Grúpa léi ar deireadh sa réimse sin.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**32. ESB ESOP TRUSTEE LIMITED**

Bhí ESB ESOP Trustee Limited corpraithe ag ESB i rith 2001, mar thoradh ar infheistíocht €1, mar Iontaobhaí le hAontaobhas Úinéireachta Fostaithe ESB (ESOT) agus le Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa ESB (APSS). Faoi théarmaí chruthú ESB ESOP Trustee Limited, níl sé de chumas nó de cheart ag ESB smacht a chur i bhfeidhm ar shócmhainní nó ar bhainistíocht na Cuideachta. Iontaobhaí proifisiúnta neamhspleách atá ina chathaoirleach ar an gCuideachta Trustee, agus tá ceathrar stiúrthóirí uirthi thar ceann fhostaithe ESB agus beirt stiúrthóirí thar ceann ESB. Dá réir sin tá diansrianta ann a chuireann bac suntasach ar fheidhmiú chearta ESB i leith shócmhainní agus bhainistíocht na Cuideachta. De réir IAS 10 Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, ní dhéantar cuntais ESB ESOP Trustee Limited a chomhdhlúthú le torthaí Ghrúpa ESB.

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015, rinne ESB comhaontú chun tacú le héadáil stoic caipitil i margaí inmheánacha ESOP sa todhchaí. Mar chuid den chomhaontú sin, gheall ESB cómhaoiniú a chur ar fáil chun na héadálacha a rinne ESOP Trustee a mheaitseáil, ar luach suas le €25.0 mhilliún. Aithníodh foráil athcheannaigh ESOP de €0.3 milliún (2018: €0.9 milliún) i ráitis airgeadais 2019 maidir leis an athcheannach stoic caipitil a rinne ESOP Trustee. I rith 2019, lean ESB de stoc caipitil ESOP a athcheannach, agus dá bharr sin, tháinig cúlchiste fuascailte caipitil de €4.4 mhilliún (2018: €4.4 mhilliún) chun cinn de bharr cheannach agus chealú scairchaipiteal 4.4 mhilliún ESOP (2018: €4.4 mhilliún) i gcomhair chomaoin €4.6 mhilliún (2018: €4.9 mhilliún), agus is ionann é sin agus méid barúlach an scairchaipitil a cealaíodh. Laghdaigh an t-athcheannach foráil athcheannaigh ESOP faoi €4.6 mhilliún agus amhail ar an 31 Nollaig 2019, ba é €7.5 milliún méid fhoráil athcheannaigh ESOP (féach nóta 27) arna aithint i bhforálacha eile (2018: €11.8 mhilliún).

**33. TEAGMHAIS IARCHLÁIR CHOMHARDAITHE**

Tá sonraí faoi dhíbhinní arna ndearbhú ó dheireadh na bliana leagtha amach i nóta 19.

Ar an 21 Eanáir 2020, d'éirigh le ESB nóta de €325 milliún steirling ar ráta seasta 1.875% a thiomsú, a thiocfaidh in aibíocht ar an 21 Iúil 2035.

Níor tharla aon imeachtaí eile tar éis an chláir chomhardaithe ó dheireadh na bliana a gcreideann na stiúrthóirí nach mór coigeartú a dhéanamh dóibh nó iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

**34. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 27 Feabhra 2020.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**35. FOCHUIDEACHTAÍ, GNÓTHAIS AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CUIDEACHTAÍ COMHLACHAITHE**

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa % | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Gnóthais fochuideachta** | | | |
| **Fochuideachta dhíreach** | | | |
| Electric Ireland Ltd. (Ríocht Aontaithe) | 4 | 100 | Díomhaoin |
| ESB Energy International Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB Electric Ireland Ltd. (Ríocht Aontaithe) | 4 | 100 | Díomhaoin |
| ESB Finance DAC. | 2 | 100 | Airgeadas |
| ESB Financial Enterprises Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB International Investments Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB International Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB Networks DAC (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe). | 8 | 100 | Dáileadh cumhachta |
| ESBNI Ltd. | 5 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| **Fochuideachta neamhdhíreach** | | | |
| Airstream Wind Energy Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Car Ban Wind Farm) Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Shotts 2) Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Tarvie) Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy Ltd. (UK) | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Blarghour Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Cambrian Renewable Energy Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Capital Pensions Management Ltd. | 6 | 100 | Riarachán scéime pinsin |
| Cappawhite Wind Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Carrington Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Castlepook Power DAC. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Chirmorie Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Clogherhead Offshore Wind DAC. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Coolkeeragh ESB Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Corby Power Ltd. | 3 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Corvoderry Wind Farm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Crockagarran Windfarm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Crockahenny Wind Farm DAC. | 2 | 75 | Giniúint cumhachta |
| Crockdun Windfarm (NI) Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Curryfree Wind Farm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Dell Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Devon Wind Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| EC02 Cambrian Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB 1927 Ltd. | 2 | 100 | Bainistíocht maoine |
| ESB Asset Development (UK) Ltd. | 4 | 100 | Forbairt gnó |
| ESB Commercial Properties Ltd. | 2 | 100 | Bainistíocht maoine |
| ESB Energy Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta soláthair |
| ESB Electric Ireland Ltd. | 2 | 100 | Díomhaoin |
| ESB Group (UK) Ltd. | 4 | 100 | Innealtóireacht agus comhairliúchán |
| ESB Independent Energy (NI) Ltd. | 2 | 100 | Díolacháin leictreachais agus gáis |
| ESB Independent Energy Ltd. | 2 | 100 | Díolacháin leictreachais agus gáis |
| ESB Independent Generation Trading Ltd. | 2 | 100 | Trádáil leictreachais agus gáis |
| ESB Innovation UK Ltd. | 4 | 100 | Soláthar seirbhísí fuinnimh agus leictrea-shoghluaisteachta |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**35. FOCHUIDEACHTAÍ, GNÓTHAIS AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I bhFEIDHM ORTHU AGUS CUIDEACHTAÍ COMHLACHAITHE (ar lean)**

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa % | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Fochuideachta indíreach (ar lean)** | | | |
| ESB Innovation ROI Ltd. | 2 | 100 | Soláthar seirbhísí fuinnimh agus leictrea-shoghluaisteachta |
| ESB International (Malaysia) Sdn. Bhd | 17 | 100 | Innealtóireacht agus comhairliúchán |
| ESB Novus Modus GP Ltd. | 2 | 100 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| ESB Power Generation Holding Company Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB Services BV (An Ollainn). | 12 | 100 | Seirbhísí oibríochta agus cothabhála |
| ESB Solar (IRE) Ltd. | 2 | 100 | Gníomhaíochtaí comhairleoireachta um ghnó agus bainistíocht |
| ESB Solar (NI) Ltd. | 5 | 100 | Gníomhaíochtaí comhairleoireachta um ghnó agus bainistíocht |
| ESB Telecoms Ltd. | 2 | 100 | Teileachumarsáid |
| ESB Trading Ltd. | 2 | 100 | Seirbhísí bainistíochta agus oibriúcháin |
| ESB Wind Development Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| ESBI Carbon Solutions Ltd. | 2 | 100 | Laghdú astaíochtaí carbóin |
| ESBI Computing Ltd. | 2 | 100 | Seirbhísí ríomhaireachta |
| ESBI Consultants Ltd. | 1 | 100 | Comhairleacht |
| ESBI Contracting Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| ESBI Engineering and Facility Management (Botswana) (Proprietary) Ltd. | 11 | 100 | Innealtóireacht agus comhairliúchán |
| ESBI Engineering and Facility Management Ltd. | 30 | 100 | Innealtóireacht agus comhairliúchán |
| ESBI Engineering and Facility Management Ltd. | 1 | 100 | Innealtóireacht |
| ESBII UK Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESBI Luxembourg S.A. | 26 | 100 | Infheistíocht i sócmhainní giniúna leictreachais |
| Facility Management UK Ltd. | 4 | 100 | Bainistíocht saoráidí |
| Garvagh Glebe Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Garvary Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Ltd. | 10 | 91 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Polska Sp Zoo (Spolka Z Organiczona Odpowiedzialnoscia). | 25 | 89 | Giniúint cumhachta |
| Glendye Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Gort Windfarms Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Greengate Energy Recovery Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Greystone Knowe Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Hibernian Wind Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Hunter's Hill Wind Farm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Kerry Wind Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Kirkan Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Kirk Hill Wind Farm Ltd. | 9 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Knottingley Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Mount Eagle Wind Farm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Mountainlodge Power DAC. | 2 | 85.9 | Giniúint cumhachta |
| NIE Finance PLC. | 6 | 100 | Airgeadas |
| NIE Ltd. | 6 | 100 | Díomhaoin |
| NIE Networks Services Ltd. | 6 | 100 | Neamhthrádála |
| Northern Ireland Electricity Ltd. | 6 | 100 | Díomhaoin |
| Northern Ireland Electricity Networks Ltd. | 6 | 100 | Tarchur agus dáileadh cumhachta |
| Orliven Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Planet 9 Energy Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta soláthair |
| REG Greenburn Ltd. | 27 | 10 | Giniúint cumhachta |
| REG Knockodhar Ltd. | 27 | 10 | Giniúint cumhachta |
| Sillahertane Energy Project Two Ltd. | 2 | 10 | Giniúint cumhachta |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**35. FOCHUIDEACHTAÍ, GNÓTHAIS AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I bhFEIDHM ORTHU AGUS CUIDEACHTAÍ COMHLACHAITHE (ar lean)**

| **Fochuideachta indíreach (ar lean)** | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm na cuideachta** | **Oifig chláraithe** | **Sciar an Ghrúpa %** | **Cineál an ghnó** |
| Synergen Power Ltd. | 14 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Tilbury Energy Recovery Limited | 4 | 100 | Díomhaoin |
| Tilbury Energy Recovery Holding Company Limited | 4 | 100 | Díomhaoin |
| Tullynahaw Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Waterfern Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm (Holdings) 2 Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| West Durham Wind Farm (Holdings) Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| West Durham Wind Farm Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Woodhouse Wind Farm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| **Institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu** | | | |
| Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited. | 28 | 50 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Aldeburgh Offshore Wind Investments Ltd. | 28 | 50 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Emerald Bridge Fibres DAC. | 2 | 50 | Teileachumarsáid |
| Galloper Wind Farm Holding Company Ltd. | 29 | 12.5 | Giniúint cumhachta |
| Galloper Wind Farm Ltd. | 29 | 12.5 | Giniúint cumhachta |
| Kingspan ESB DAC. | 2 | 50 | Gníomhaíochtaí comhairleoireachta um ghnó agus bainistíocht |
| Neart Na Gaoithe Wind Farm Holdings Ltd. | 32 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Neart Na Gaoithe Offshore Wind Ltd. | 32 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Oweninny Power DAC. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Oweninny Power Holdings DAC. | 2 | 50 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Oweninny Power 2 DAC. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Raheenleagh Power DAC. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| SIRO Ltd. | 2 | 50 | Cábla snáthoptaice go foirgneamh |
| Sundew Solar DAC. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Tilbury Green Power Holdings Ltd. | 4 | 47 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Tilbury Green Power Ltd. | 4 | 47 | Giniúint cumhachta |
| **Gnóthais chomhlachaithe** | | | |
| Terra Solar Ltd. | 24 | 25 | Giniúint cumhachta |
| **Infheistíochtaí** | | | |
| Cylon Controls Ltd. | 18 | 36.2 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Endeco Technologies Ltd. | 19 | 17.2 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Heliex Power Ltd. | 20 | 34.3 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Nualight Ltd. | 21 | 42.3 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Oriel Wind Farm Ltd. | 31 | 5 | Giniúint cumhachta |
| Pesaka Technologies. | 16 | 30 | Giniúint cumhachta |
| Rousch Pakistan Power. | 13 | 7 | Giniúint cumhachta |
| TenKsolar Inc. | 23 | 4 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| VantagePoint Cleantech Partners II, L.P. | 22 | 4.5 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| **Eile** | | | |
| ESB ESOP Trustee Ltd. | 15 | 100 | Scéim um scairsheilbh foirne |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**35. FOCHUIDEACHTAÍ, GNÓTHAIS AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I bhFEIDHM ORTHU AGUS CUIDEACHTAÍ COMHLACHAITHE (ar lean.)**

Is é príomhionad gnó ESB ná Two Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 A995

**Nótaí:**

1 ESB International, Aerfort Bhaile Átha Cliath Láir, Clochrán, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 XF72
2 Two Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 A995
3 Mitchell Road, Phoenix Parkway, Corby, Northamptonshire, MN17 1Q7
4 Tricor Services Europe LLP, 4th Floor, 50 Mark Lane, Londain, EC3R 7QR
5 2 Electra Road, Maydown, Doire, BT47 6 UL
6 120 Malone Road Béal Feirste, BT9 5HT
7 Palladium House, 1-4 Argyll Street, Londain, W1F 7TA
8 Áras Chlann Liam, Cúirt Chlann Liam, Baile Átha Cliath 2, D02 CV61
9 22-24 King Street, Maidenhead, SL6 IEF
10 Shellingwood House, Westwood Way, Westwood Business Park, Coventry, CV48J2
11 Deloitte House, 1ú Urlár, Plot, 64518, Fairgrounds Office Park, Gaborne, an Bhotsuáin
12 22ú Urlár, Menara, EON Bank, Lala Raja Laut, 50350, Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
13 94-W, 3rd Floor, AAMIR Plaza, Jinnah Avenue, Blue Area, Islamabad, An Phacastáin
14 ESB Dublin Bay, Bóthar Theach Pigeon, An Rinn, Baile Átha Cliath 4, D04 Y5N2
15 43 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, D02 R997
16 Leibhéal 1, Menara Yavasan, Tun Razak, Zoo, Jalan Bukit Bintang, 55100 Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
17 10ú Urlár, Wisma Havela, Thakardos, No 1 Jalan Raja Laut, 50350 Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
18 Páirc Theicneolaíochta agus Ghnó Chluain Seach, Cluain Seach, Baile Átha Cliath 17, D17 A662
19 3015, Céide an Locha, Páirc Ghnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24, D24 DKP4
20 Kelvin Building Bramah Avenue, East Kilbride, Glaschú, G75 0RD
21 Páirc Theicneolaíochta agus Ghnó, Bóthar na Modhfheirme, Corcaigh, T12 PW29
22 c/o Codan Trust Company (Cayman) Limited, Cricket Square, Hutchins Drive, P.O Box 2681, Grand Cayman, KY1-1111, Oileáin Cayman
23 9231 Penn Avenue South, Minneapolis, Minnesota, 55431
24 57 Ascaill Bhruach an Chuilinn Íochtarach, Raghnallach, Baile Átha Cliath 6, D06 V8N4
25 Geothermal International Polska, Parkova 21 lok 7, 00-759 Warszawa, An Pholainn
26 6, Rue Eugene Ruppert, L-2453 Lucsamburg
27 2ú Urlár Edgeborough House, Edgeborough Road, Guildford, Surrey, GU1 2BJ
28 St. Swithin's Lane, 4ú Urlár, Londain, Sasana, EC4N 8AD
29 Windmill Hill Business Park, Whitehall Way, Swindon SN5 6PB, Ríocht Aontaithe
30 25 Benson Street, East Corner of Benson & McDonald Streets Monrovia, An Libéir
31 33 Fitzwilliam Square, Baile Átha Cliath 2
32 Atria One, 144 Morrison Street, Dún Éideann, Ríocht Aontaithe EH3 8EX

# Tuarascáil na gComhaltaí Boird maidir le Comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú) 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016)

**Réamhrá**
Bhí na téarmaí íocaíochtaí le linn 2019 faoi réir na rialachán seo a leanas:

- An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú) 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016) chun dul i ngleic le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála. Baineann na Rialacháin sin le conarthaí maidir le hearraí agus seirbhísí arna soláthar do ESB.
- An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta 2013. Baineann an t-acht seo le conarthaí foirgníochta de níos mó ná €10,000.


**Ráiteas faoi chleachtais íocaíochta**
Tá ESB tiomanta gach sonrasc soláthraí nach bhfuil díospóid faoi a íoc taobh istigh de na téarmaí íocaíochta a aontaíodh.

**Nósanna imeachta agus rialuithe atá i bhfeidhm**
Tá rialuithe airgeadais inmheánacha cuí curtha i bhfeidhm lena n-áirítear róil agus dualgais atá sainithe go soiléir. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha leis an reachtaíocht.


**Cód Iompair um Íocaíocht Phras**
In 2015 seoladh Cód Iompair um Íocaíocht Phras ag an Rialtas, atá ar fáil ar www.promptpayment.ie. Ós rud é gur shínigh ESB an Cód sin, glacann sé air féin soláthraithe a íoc in am; treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta; agus soláthraithe a spreagadh, an Cód a ghlacadh laistigh dá slabhraí soláthair féin.

**An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta 2013**
Tugadh feidhm don Acht sin ar an 25 Iúil 2016. Tá ESB tar éis a fhreagrachtaí faoin acht seo a athbhreithniú agus na freagrachtaí sin a chur in iúl do na baill foirne a bheadh buailte leo.

**Sonraí maidir le hús ar riaráistí i dtaobh 2019**
Nuair a dhéanann ESB iarratas ar riaráistí ó sholáthraí a bhailíochtú, is é beartas ESB an t-ús atá dlite ar riaráistí den chineál sin a íoc. Ní dhearnadh íocaíocht ar bith den chineál sin maidir le riaráistí i rith na bliana 2019 (2018: Nialas).



Ellvena Graham OBE,
Cathaoirleach



Pat O'Doherty
Príomhfheidhmeannach

27 Feabhra 2020



# GLUAIS

**1. Margadh Cothromúcháin/Sásra Cothromúcháin**
Cuireann an Margadh Cothromúcháin nó Sásra Cothromúcháin ar chumas an TSO an soláthar agus an t-éileamh leictreachais a chothromú ar bhonn fíor-ama, ná gar dó.

**2. Socruithe Trádála agus Tarchurtha Leictreachais na Breataine (BETTA)**
Is ionann Socruithe na Breataine um Thrádáil agus Tharchurtha Leictreachais (BETTA) agus an margadh leictreachais mórdhíola a fheidhmíonn sa Bhreatain Mhór.

**3. Brexit**
Is ionann Brexit agus imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.

**4. An Choimisiúin um Rialáil Fóntas**
Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntas an rialtóir neamhspleách ar uisce agus fuinneamh i bPoblacht na hÉireann.

**5. Conarthaí Difríochta (CFDanna)**
Is ionann conradh difríochta (CfD) agus conradh idir dhá pháirtí, ceannaitheoir agus díoltóir, ina leagtar amach go n-íocfaidh an ceannaitheoir leis an díoltóir an difríocht idir luach reatha sócmhainne agus a luach ag an am a dhéantar an conradh. Más difríocht dhiúltach atá i gceist, is é an díoltóir seachas an ceannaitheoir a íocann.

**6. Margadh Lá Roimh Ré (DAM)**
Cuireann an Margadh Lá Roimh Ré ar chumas rannpháirtithe leictreachas mórdhíola a cheannach nó a dhíol aon lá amháin roimh an lá oibriúcháin. Is é an DAM an margadh is mó inar féidir cumhacht a thrádáil, agus is é an ghné is mó den phraghas leictreachais mhórdhíola.

**7. Dark Spread**
Seo é an difríocht idir praghas an aonaid leictreachais agus costas an ghuail a úsáidtear lena ghiniúint.

**8. TRÚCDA**
Tuilleamh roimh ús, cánachas, dímheas, bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais), amúchadh agus ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair.

**9. Athchóiriú ar an Margadh Leictreachais (EMR)**
Beartas de chuid Rialtas na Ríochta Aontaithe is ea an t-Athchóiriú ar an Margadh Leictreachais, chun infheistíocht i leictreachas slán, ísealcharbóin a spreagadh, chomh maith le slándáil sholáthar leictreachais na Breataine Móire agus a inacmhainneacht do thomhaltóirí a fheabhsú.

**10. Ciste Fuinnimh ar son na nGlúnta atá le Teacht**
I mí na Samhna 2013, sheol ESB an Ciste Fuinnimh le haghaidh na nGlún, infheistíocht um fhreagracht chorparáideach a dhéanfaidh os cionn €1 mhilliún in aghaidh na bliana á eisíoc ar fud raon tionscnamh a bhaineann le pobail agus le saincheisteanna.

**11. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)**
Comhlacht poiblí neamhspleách is ea an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil arna bunú faoin Acht fán Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Tá sí ar an líne thosaigh maidir le cosaint agus póilíneacht an chomhshaoil.

**12. Gigighiotán (Gb)**
Is aonad ráta traschurtha sonraí é gigighiotán (Gb/s) (Gb) arb ionann é: 1,000 meigighiotán in aghaidh an tsoicind

**13. Gigeavata (GW)**
Is éard is gigeavata ann an méid cumhachta atá cothrom le 1 billiún vata.

**14. Uaireanta Gigeavata (GWh)**
Is éard is uaireanta gigeavata ann, an méid fuinnimh atá cothrom le 1 billiún vata cumhachta a sheachadadh ar feadh uair an chloig.

**15. An Bhreatain Mhór**
Sasana, an Bhreatain Bheag agus Albain.

**16. Bearnúchán**
Dearbhaítear muirear bearnúcháin nuair a sháraíonn luach seilbhe (luach de réir na leabhar) na sócmhainne a méid inaisghabhála.

**17. Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM)**
Forbairt is ea an Spriocshamhail Eorpach seo a d'eascair as an Tríú Pacáiste Fuinnimh agus is scáth-théarma é do liosta mionsonraithe de threoirlínte, nósanna imeachta agus cóid AE atá nua agus comhchoiteann, agus atá le cur i bhfeidhm chun margadh leictreachais mórdhíola aonair a chumasú ar fud an AE. Nuair a chuirfear i bhfeidhm na treoirlínte, nósanna imeachta agus cóid AE chomhchoiteanna seo ar fud an AE, beifear in ann leictreachas agus gás a thrádáil gan bhac ar fud an Aontais

**18. Comhfhiontar**
Cuideachta nó aonán eile a rialaítear i gcomhar le páirtithe eile.

**19. Gás Nádúrtha Leachtaithe (GNL)**
Gás nádúrtha leachtaithe, leacht trédhearcach, gan dath, neamhthocsaineach a chruthaítear nuair a dhéantar gás nádúrtha a fhuarú go -162ºC (-260ºF).

**20. Am Caillte de bharr Gortuithe (LTInna)**
Gortú a bhaineann leis an obair atá ina údar d'asláithreacht ar feadh lá amháin nó níos mó, ag comhaireamh ón lá i ndiaidh an ghortuithe, sula bhfilleann an duine ar an ngnáthobair nó ar obair theoranta.

**21. Meigeavata (MW)**
Is éard is meigeavata ann an méid cumhachta atá cothrom le 1 mhilliún vata.

**22. Uaireanta Meigeavata (MWh)**
Is éard is uaireanta meigeavata ann, an méid fuinnimh atá cothrom le 1 mhilliún vata cumhachta a sheachadadh ar feadh uair an chloig.

**23. Ciste Novusmodus**
Is ciste caipitil fiontair é an Ciste Novusmodus, ina mbíonn caipiteal síl infheistithe i dteicneolaíochtaí éiritheacha.

**24. OHSAS 18001**
Is ionann OHSAS 18001 agus Deimhniú Bainistíochta Ceirde, Sláinte agus Sábháilteachta ann caighdeán idirnáisiúnta a sholáthraíonn creat chun na rioscaí a bhaineann leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht i gcuideachtaí a shainaithint, a rialú agus a laghdú.

**25. Ardán do Thrádáil Thar an gCuntar**
Uirlisí airgeadais (conarthaí praghais leictreachais go sonrach) a chuireann ar chumas rannpháirtithe sa SEM a riosca a laghdú (agus mar sin luaineacht an phraghais leictreachais dá gcustaiméirí a mhaolú) trí na táirgí sin a thrádáil go díreach ('thar an gcuntar') lena chéile, seachas trí idirghabhálaí nó trí mhalartán, ar mhaithe lena neamhchosaint ar athruithe i bpraghas mórdhíola an leictreachais a fhálú.

**26. Teagmhais P1**
Teagmhais a bhfuil dóchúlacht ard ann go mbeidh gortuithe tromchúiseacha mar thoradh orthu, mar shampla, bás, teascadh, caillteanas súile, ilghortuithe, briseadh dona, ball dóite den dara ná tríú grád, a bheith neamhaireachtálach (tromchúiseach / dáiríre), gortuithe a tuairiscíodh de bharr imbhualadh tráchta ar bhóithre, agus damáiste dona do mhaoin.

# GLUAIS (Ar lean)

**27. Íoc Mar a Úsáidtear**
Cuireann táirgí Íoc Mar a Úsáidtear ar chumas úsáideoirí, a n-úsáid leictreachais a rialú agus a rianú ó mhonatóir, chun go mbeidh a fhios acu i gcónaí cé mhéad atá á chaitheamh acu ar leictreachas.

**28. Athbhreithniú Praghsanna 4 (PR4)**
Maireann tréimhsí rialála ar feadh 5 bliana agus cuimsíonn an tAthbhreithniú ar Rialú Praghsanna (PR4) an tréimhse 2016 go dtí 2020; leagtar amach ann na hioncaim iomlána rialaithe atá ceadaithe i rith na tréimhse sin mar atá dearbhaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRU).

**29. Tréimhse Rialála 5 (RP5)**
Is éard atá i gceist le Tréimhse Rialála 5 (RP5) ná tréimhse rialála 5 bliana chun críche rialú praghsanna, a chuimsíonn an tréimhse ó 1 Aibreán 2012 go dtí 31 Márta 2017, arna dhearbhú ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann.

**30. Tréimhse Rialála 6 (RP6)**
Is éard atá i gceist le Tréimhse Rialála 6 (RP6) ná tréimhse rialála chun críche rialú praghsanna, a chuimsíonn an tréimhse ó 1 Aibreán 2017 go dtí 31 Márta 2024, arna dhearbhú ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann.

**31. Toradh ar Chaipiteal a Úsáideadh (ROCE)**
Léirítear leis an toradh ar chaipiteal a úsáideadh an toradh foriomlán ar chaipiteal arna dtabhairt ag fiachas agus cothromas araon.

**32. Slán Sábháilte**
Clár um athrú cultúir in ESB a éascóidh forbairt timpeallacht agus cultúr sábháilteachta den scoth, agus a bheidh inbhuanaithe le himeacht ama.

**33. An Margadh Leictreachais Aonair (SEM)**
Is ionann an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) agus margadh leictreachais mhórdhíola atá i bhfeidhm taobh ó thuaidh agus taobh ó dheas de theorainn na hÉireann.

**34. Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO)**
Tá SEM á oibriú ag SEMO, comhfhiontar idir EirGrid agus SONI, oibreoirí an chórais tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, faoi seach.

**35. SIRO**
Comfhiontar le Vodafone, a sholáthróidh leathanbhanda 1 gigighiotán in aghaidh an tsoicind (Gb/s) do 500,000 custaiméir i gcaoga baile ar fud na hÉireann, agus úsáid á baint chuige sin as an líonra dáileacháin reatha.

**36. Seirbhísí Fuinnimh Cliste**
Is réiteach iomlán bainistíochta fuinnimh é Seirbhísí Fuinnimh Cliste, a chuireann na scileanna agus an taithí ar fad atá ag nuálaí domhanda fuinnimh ar fáil do ghnóthais.

**37. Eangach Chliste**
Gréasán nó Eangach tarchurtha agus dáileacháin leictreachais aistrithe ina n-úsáidtear cumarsáid dhá bhealach, ardbhraiteoirí agus ríomhairí dáilte chun feabhas a chur ar éifeachtacht, iontaofacht agus sábháilteacht seachadadh agus úsáid cumhachta.

**38. An Clár um Méadrú Cliste**
Is é an clár um méadrú cliste an chéad ghlúin eile de mhéadair fuinnimh. Cuirfear iad sin in ionad na seanmhéadar leictreachais agus gáis a chuirfidh deireadh leis an ngá le cuairt a thabhairt ar an teach chun an méadar a léamh agus cuirfidh sé deireadh leis an ngá le meastacháin a úsáid nuair nach féidir méadar a léamh.

**39. Straitéis Ceannaireachta Sábháilteachta**
Creat a thaispeánann modh soiléir simplí chun na freagrachtaí, oibleagáidí agus ionchais sábháilteachta atá ag gach duine in ESB chun timpeallacht shábháilte a chinntiú.

**40. Spark Spread**
Seo é an difríocht idir praghas an aonaid leictreachais agus costas an gháis a úsáidtear lena ghiniúint.

**41. Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)**
Bunaíodh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar údarás fuinnimh náisiúnta na hÉireann faoin Acht Fhuinneamh Inmharthana 2002.

**42. An tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann (SONI)**
Cinntíonn an tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann feidhmiú sábháilte, slán agus eacnamaíoch na heangaí leictreachais ardvoltais i dTuaisceart Éireann, agus i gcomhoibriú le Eirgrid, tá sé freagrach chomh maith as an margadh leictreachais mórdhíola uile-oileáin a reáchtáil.

**43. Praghas Imeallach Córais (SMP)**
An praghas mórdhíola ar leictreachas le haghaidh gach leath uair an chloig.

**44. An Bealach a nOibrímid in ESB**
Déanann An Bealach a nOibrímid in ESB cuspóir, straitéis agus luachanna ESB a chomhcheangal. In ESB, cuireann an ráiteas cuspóra in iúl do chách cén fáth a bhfuil ESB ann – an fáth arb ann dó, lasmuigh den bhrabús. Léiríonn an ráiteas sin cuspóir ESB, agus déanann luachanna ESB é a fhíorú.
Is trí luachanna a chuireann ESB an cuspóir sin i ngníomh. Cuimsíonn sé an cultúr agus cuireann sé in oiriúint é, agus is é freisin atá ina bhonn lenár n-iompraíocht.

**45. An Ríocht Aontaithe (RA)**
Sasana, an Bhreatain Bheag, Albain agus Tuaisceart Éireann.

**46. Rialtóir Fóntas (UR)**
An roinn Rialtais neamhaireachta neamhspleách a cuireadh a bun le rialú éifeachtach a chinntiú ar na tionscail leictreachais, gáis, uisce agus séarachais i dTuaisceart Éireann.

**47. Fóntas atá Comhtháite go hIngearach**
Tagraíonn an Fóntas atá Comhtháite go hIngearach (VIU) do láithreacht ESB laistigh de, agus a úinéireacht ar, shócmhainní ar fud gach ceann de mhíreanna an tslabhra breisluacha leictreachais, lena n-áirítear giniúint, trádáil, tarchur, dáileadh agus soláthar cumhachta do chustaiméirí.